



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Bealtaine 2023
(OR. en)

9596/23

**Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0156(COD)**

UD 110
CODEC 917
ENFOCUSTOM 57
ECOFIN 452
MI 429
COMER 57
TRANS 194
FISC 95

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	17 Bealtaine 2023
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2023) 258 final
Ábhar:	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear Cód Custaim an Aontais agus Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 952/2013

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 258 final.

Faoi iamh: COM(2023) 258 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 17.5.2023
COM(2023) 258 final

2023/0156 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**lena mbunaítear Cód Custaim an Aontais agus Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh,
agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 952/2013**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

{SEC(2023) 198} - {SWD(2023) 140} - {SWD(2023) 141}

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Tá aontas custaim an Aontais Eorpaigh ina léiriú ar an bhfíor- rath atá ar lánpháirtíocht agus rathúnas Eorpach. Is é bonn agus caomhnóir mhargadh aonair an Aontais é¹, a ligeann d'earraí a bheith ag gluaiseacht faoi shaoirse laistigh den Aontas. Labhraíonn an tAontas d'aon ghuth i gcaidreamh trádála mar cheann de na bloic thrádála is mó ar domhan. Tá feidhmiú rianúil an aontais custaim bunúsach do gheilleagar agus rathúnas an Aontais, agus dá iomaíochas idirnáisiúnta. Tairbhíonn saoránaigh agus cuideachtaí de thrádáil idirnáisiúnta agus, an tráth céanna, rannchuidíonn taraifí custaim, cuótaí agus bearta trádála eile le táirgeadh tionsclaíoch agus poist a chosaint san aontas agus le hioncam a sholáthar don airgeadas poiblí.

Tá geilleagar an Aontais i mbun an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh agus, dá bhrí sin, glacadh reachtaíocht uailmhianach lena socraítear caighdeáin chomhshaoil, shlándála, shóisialta agus dhigiteacha a mhúnlaíonn an chaoi a n-oibríonn gnólachtaí laistigh agus lasmuigh den mhargadh aonair. Tá an baol ann go ndéanfar dochar don chlár oibre uailmhianach sin má chuirtear allmhairí ó thríú tíortha nach gcomhlíonann na caighdeáin sin in ionad táirgeachtaí Aontais. In éagmais faireachán agus rialú ag lucht custaim ar an slabhra soláthair láir, níl léargas iomlán ag an Aontas ar na hearraí a thagann isteach ar a chríoch agus a imíonn uaithi. Lagaíonn sé sin inchreidteacht bheartais earnálacha an Aontais agus teorannaíonn sé cumhacht an Aontais mar ghníomhaire geopholaitiúil freisin.

Tá údarais chustaim faoi ualach méadaitheach ag raon cúraimí atá ag méadú de shíor a eascraíonn as an reachtaíocht an- uailmhianach thuasluaite a glacadh le blianta beaga anuas. Dá thoradh sin, sa lá atá inniu ann, tá údarais chustaim faoi bhrú ag cúraimí méadaitheacha agus castacht mhéadaithe ar thaobh amháin agus méadú géar ar lastais ar luach íseal sa ríomhthráchtáil ar an taobh eile. Thairis sin, in éagmais maoirseacht ar an slabhra soláthair láir, níl léargas ná rialú iomlán ag an Aontas ar na hearraí a thagann isteach sa mhargadh aonair agus a imíonn uaidh. Méadaíonn sé sin na dúshlán is cuid dhílis de phróisis chustaim, sonraí custaim agus TF custaim, agus de rialachas an aontais custaim. Mar a léiríonn an measúnú tionchair, bíonn údarais chustaim ag streachailt lena misean cosanta agus saincheistean ann maidir le bainistíocht riosca agus comhar le húdarais um fhaireachas margaidh, údarais agus comhlachtaí forfheidhmithe dlí, údarais chánach agus comhpháirtithe eile. Is fadhbanna freisin iad an t-ualach riaracháin ar thrádáil, na deacrachtaí maidir le rialuithe a dhéanamh ar earraí ríomhthráchtála, cáilíocht agus rochtain theoranta sonraí, chomh maith le héagsúlachtaí cur chun feidhme idir na Ballstáit.

Leis an athchóiriú seo, neartaítear cumas lucht custaim maoirseacht agus rialú a dhéanamh ar na hearraí a thagann isteach san aontas custaim agus a imíonn uaidh. Is cinneadh straitéiseach fadtéarmach é an t-athchóiriú custaim, arb é is aidhm dó oiriúnú go solúbtha d'athruithe ar shlabhraí soláthair agus leas airgeadais an Aontais agus a Bhallstát chomh maith le slándáil, sábháilteacht agus leasanna poiblí an Aontais a chosaint níos fearr.

Ina fhianaise sin, d'fhógair Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh von der Leyen ina treoirlínte polaitiúla: *'Is mithid an t-aontas custaim a thabhairt go dtí an chéad leibhéal eile, trí chreat*

¹ Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 18 Eanáir 2023 maidir le searmanas ar Chomóradh 30 bliain an Mhargaidh Aonair: a bhfuil bainte amach a cheiliúradh agus súil chun cinn ar fhorbairtí amach anseo ([P9_TA\(2023\)0007](#)).

*níos láidre a chur ar fáil dó a thabharfaidh caoi dúinn cosaint níos fearr a thabhairt dár saoránaigh agus don Mhargadh Aonair atá againn. Molfaidh mé pacáiste uailmhianach le haghaidh cur chuige comhtháite Eorpach chun bainistíocht riosca custaim a threisiú agus chun tacú leis na Ballstáit rialuithe éifeachtacha a dhéanamh*².

Mar chéad bheart leantach, chuir an Coimisiún Plean Gníomhaíochta Custaim³ i láthair lena leagtar amach gníomhaíochtaí coinchréiteacha chun an t-athchóiriú a ullmhú. Mar a fógraíodh sa phlean, agus arna iarraidh sin do Pharlaimint na hEorpa, rinne an Coimisiún meastóireacht eatramhach ar chur chun feidhme Chód Custaim an Aontais (UCC)⁴, lenar aithníodh an dul chun cinn a rinneadh ach lenar sainaithníodh freisin an gá go neartófaí an creat maidir le ríomhthrachtáil agus toirmisc agus srianta. Ina theannta sin, leagadh amach sa mheastóireacht eatramhach na dúshláin a bhaineann le 27 gcinn de chórais náisiúnta TF custaim a fhorbairt. Leis an bPlean Gníomhaíochta Custaim, fógraíodh freisin measúnú tionchair ar bhuntáistí agus míbhuntáistí an athchóirithe, agus an plé straitéiseach le riaracháin chustaim náisiúnta i meitheal mhachnaimh maidir le conas an t-aontas custaim a dhéanamh níos sofhreagrúla, níos forbartha ó thaobh na teicneolaíochta de agus athléimneach i gcás géarchéime, rud a rinneadh in 2022.

Agus an gá le hathrú struchtúrach á aithint dóibh, chuaigh an Coimisiún i mbun plé le páirtithe leasmhara, acadóirí agus comhpháirtithe idirnáisiúnta i gcleachtadh fadbhreathnaitheachta maidir le todhchaí chustam an Aontais in 2040. Moladh leis an tuarascáil fadbhreathnaitheachta ‘go dtabharfaí aghaidh ar dhúshlán rialachais an aontais custaim trí thosaíocht a thabhairt do lárstruchtúr comhpháirteach chun go mbeifear in ann labhairt d’aon ghuth, forbairtí teicneolaíochta a ghíaráil agus an úsáid is éifeachtaí a bhaint as sonraí custaim’⁵. Thairis sin, thángthas ar an gconclúid i dtuarascáil neamhspleách an Ghrúpa Ardleibhéil Saoithe maidir le dúshlán atá roimh Aontas Custaim an Aontais gur ‘ann go fóill d’éagsúlachtaí tromchúiseacha idir údarais chustaim náisiúnta i dtéarmaí rialacha agus nósanna imeachta a chur i bhfeidhm’ agus ‘go mbraitheann leibhéal cosanta saoránach agus Ballstát ar an áit a ndéantar earraí a rialú, agus go bhfuil buntáiste suntasach ísealriosca ag gnóilachtaí calaoiseacha agus faillíocha thar ghnóthais agus daoine aonair atá macánta comhlíontach’⁶.

I dtuarascálacha speisialta uaithi, shainaithin Cúirt Iniúchóirí na hEorpa dúshláin do chustam. Rinneadh amach i dtuarascáil amháin go gcuireann comhchuibhiú neamh- leordhóthanach isteach ar leasanna airgeadais an Aontais, agus moladh: ‘don Choimisiún go bhfeabhsófaí cur i bhfeidhm aonfhoirmeach rialuithe custaim agus go ndéanfaí acmhainneacht anailíse agus

² *A Union that strives for more – My agenda for Europe* [Guidelines for the next European Commission 2019-2024](#) [Aontas níos uailmhianach – An clár oibre agamsa don Eoraip: Treoirilínte maidir leis an gcéad Choimisiún Eorpach eile 2019- 2024].

³ Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions: Taking the Customs Union to the Next Level: a Plan for Action, [COM\(2020\) 581 final](#) [Teachtairacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: Plean Gníomhaíochta, COM(2020) 581 final].

⁴ Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir leis an meastóireacht eatramhach ar chur chun feidhme Chód Custaim an Aontais, [SWD\(2022\) 158 final](#).

⁵ Ghiran, A., Hakami, A., Bontoux, L. agus Scapolo, F., [The Future of Customs in the EU 2040](#) [Todhchaí Chustam an Aontais in 2040], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2020.

⁶ [Putting more Union in the European customs, Ten proposals to make the EU Customs Union fit for a Geopolitical Europe](#) [Custam Eorpach a aontú a thuilleadh, Deich gcinn de mholtaí chun Aontas Custaim an Aontais Eorpaigh a oiriúnú d’Eoraip Gheopholaitiúil - Tuarascáil ón nGrúpa Ardleibhéil Saoithe maidir leis an Athchóiriú ar Aontas Custaim an Aontais Eorpaigh], an Bhruiséil, mí an Mhárta 2022.

*comhordaithe lánfheidhme a fhorbairt agus a chur chun feidhme ar leibhéal an Aontais Eorpaigh*⁷. Tháinig an Chúirt ar an gconclúid thairis sin go raibh moilleanna ar fhorbairt TF custaim ann ‘go háirithe mar gheall ar raon feidhme an tionscadail a bheith ag athrú, gan acmhainní leordhóthanacha a bheith á leithdháileadh ag an Aontas agus na Ballstáit, agus próiseas fada cinnteoireachta mar gheall ar an struchtúr rialachais ilsrathach.’⁸ I gcás na ríomhthráchtála, chuir na hiniúcháirí i dtábhacht dúshláin a bhaineann le méideanna cearta CBL agus dleachtanna custaim a bhailiú.⁹ Cuireadh i dtábhacht i dtuarascáil eile easnaimh sa chreat dlíthiúil agus cur chun feidhme mí- éifeachtach nósanna imeachta allmhairiúcháin, lena n-áirítear ‘cineálacha éagsúla cur chuige i dtéarmaí rialuithe custaim chun dul i ngleic le gearrлуacháil, míthuairisc ar thionscnamh agus mí- aicmiú agus chun pionóis chustaim a fhorchur’, rud a imríonn tionchar ar rogha oifige custaim an trádálaí¹⁰.

Simplítear Cód Custaim an Aontais agus laghdaítear rómhaorlathas leis an athchóiriú seo, i gcomhréir le Clár an Choimisiúin um Oiriúnacht agus Feidhmíocht Rialála (REFIT). Is cuid de Chlár Oibre an Choimisiúin do 2022 é faoin tosaíocht ‘Geilleagar a Fhóireann do Dhaoine’¹¹.

Áirítear leis an athchóiriú seo dhá thogra reachtacha breise a ghlac an Coimisiún inniu mar chuid de phacáiste leathan, go háirithe chun an Treoir maidir le CBL,¹² ar thaobh amháin, agus an Rialachán maidir le Faoiseamh ó Dhleachtanna agus an Ainmníocht Chomhcheangailte,¹³ ar an taobh eile, a leasú. Comhlánaíonn an dá leasú an t-athchóiriú custaim i ndáil leis na bearta riachtanacha a bhfuil gá leo chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le ciandíol earraí (idirbhearta ríomhthráchtála), is é sin tríd an tairseach EUR 150 a bhaint, ar os a cionn a bhfuil dleachtanna custaim dlite faoi na rialacha atá i bhfeidhm faoi láthair.

• **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Is é Cód Custaim an Aontais an príomhchreat dlíthiúil agus príomhchreat TF le haghaidh próisis chustaim i gcóir chustaim an Aontais. Athbhreithnítear agus aisghairtear an bunghníomh leis an athchóiriú seo. Déanfar athbhreithniú ina dhiaidh sin ar na gníomhartha cur chun feidhme agus na gníomhartha tarmlichthe mionsonraithe.

⁷ Cúirt Iniúcháirí na hEorpa, [Tuarascáil Speisialta Uimh. 04 2021](#): Rialuithe custaim: cuireann comhchuibhiú neamh- leordhóthanach isteach ar leasanna airgeadais an Aontais.

⁸ Tuarascáil Speisialta Uimh. 26/2018 [ó Chúirt Iniúcháirí na hEorpa](#): Sraith moilleanna i gcórais TF Custaim: cad a chuaigh amú?

⁹ Tuarascáil Speisialta Uimh. 12/2019 [ó Chúirt Iniúcháirí na hEorpa](#): An ríomhthráchtáil: tá go leor de na dúshláin a bhaineann le CBL agus dleachtanna custaim a bhailiú fós le réiteach.

¹⁰ Tuarascáil Speisialta Uimh. 19/2017 [ó Chúirt Iniúcháirí na hEorpa](#): imríonn easnaimh sa chreat dlíthiúil agus cur chun feidhme mí- éifeachtach tionchar ar leasanna airgeadais an Aontais.

¹¹ [Clár Oibre an Choimisiúin do 2022](#), An Eoraip a dhéanamh níos láidre le chéile.

¹² Togra le haghaidh Togra Treorach ón gComhairle chun Treoir 2006/112/CE a leasú a mhéid a bhaineann le rialacha CBL i ndáil le daoine inchánacha a éascaíonn ciandíol earraí a allmhairítear agus cur i bhfeidhm na scéime speisialta maidir le ciandíol earraí a allmhairítear ó thríú críocha nó ó thríú tíortha agus socrúithe speisialta maidir le dearbhú agus íocaíocht CBL allmhairiúcháin (IO L).

¹³ Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1186/2009 ón gComhairle an 16 Samhain 2009 lena mbunaítear córas Comhphobail faoisimh ó dhleachtanna custaim agus staidrimh agus leis an gComhtharfa Chustaim, ar cuid d’athchóiriú leathan cuimsitheach ar an Aontas Custaim é (IO L).

Tá an t-athchóiriú comhsheasmhach leis an reachtaíocht maidir le hacmhainní dílse do bhuiséad an Aontais lena mbunaítear dleachtanna custaim mar fhoinsé dhíreach ioncaim aige¹⁴, agus leis na rialacha maidir leis an gcaoi a gcuirtear ar fáil don Aontas iad¹⁵.

Leis an togra seo, áirithítear ailíniú iomlán idir cóireáil CBL agus cóireáil chustaim ar dhíolacháin ríomhthráchtála gnólacht le tomhaltóir a bhaineann le hearraí a sheoltar ó thríú tíortha nó ó thríú críocha. Cuimsítear leis an ailíniú sin an raon feidhme, na sprioc- amanna is infheidhme maidir le dleachtanna agus cánacha a chinneadh, a bhailiú agus a íoc, na hoibleagáidí tuairiscithe gaolmhara agus comhchuibhiú dhliteanais na ndíoltóirí ar líne, go háirithe na hionaid mhargaidh. Leis na rialacha sioncronaithe, ceadófar do dhíoltóirí, i gcás ina mbeidh earraí á ndíol acu ar líne le tomhaltóirí san Aontas, fíorphraghas uilechuimsitheach ar na hearraí uile a allmhairítear ó thríú tíortha a sholáthar dóibh, ach amháin i gcás ina mbeidh na hearraí faoi réir dhleachtanna máil comhchuibhithe¹⁶ agus bhearta beartais tráchtála an Aontais.

An 27 Feabhra 2023 tháinig an Coimisiún Eorpach agus Rialtas na Ríochta Aontaithe ar chomhaontú polaitiúil i bprionsabal maidir le Creat Windsor, ar tacar cuimsitheach réiteach comhpháirteach é a fhéachann le haghaidh a thabhairt, ar bhealach cinntitheach, ar na dúshlán phraiticiúla atá roimh shaoránaigh agus gnólachtaí i dTuaisceart Éireann. Cumhdaítear leis na réitigh chomhpháirteach, i measc nithe eile, socruithe nua maidir le custaim. Ghlac Comhchoiste AE- RA um an gComhaontú um Tharraingt Siar Cinneadh Uimh. 1/2023 an 24 Márta 2023 lena leagtar síos na socruithe a bhaineann le Creat Windsor, go háirithe sa réimse custaim. Sonraítear le Cinneadh Uimh. 1/2023 go bhféadfaidh an Ríocht Aontaithe fógra a thabhairt don Aontas agus, mura dtiocfar ar aon réiteach, forálacha áirithe den Chinneadh lena leagtar amach socruithe maidir le haistriú earraí nach bhfuil i mbaol teacht isteach san Aontas ó chuid eile den Ríocht Aontaithe chuig Tuaisceart Éireann a chur ar fionraí, má scoirfidh gníomhartha an Aontais lena bhforáiltear éascuithe i dtaca leis na haistrithe earraí sin de bheith i bhfeidhm, go hiomlán nó go páirteach, ar bhealach a fhágfaidh nach ndéanfaidh siad foráil a thuilleadh maidir leis an leibhéal céanna éascuithe. An t-athbhreithniú ar reachtaíocht chustaim a leagtar amach sa Rialachán seo, ní dhéanfaidh sé difear do leibhéal na n-éascuithe dá dtagraítear i gCinneadh Uimh. 1/2023 ón gComhchoiste.

• **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tacaíonn gníomhaíocht chustaim leis an bhforfheidhmiú ar bhreis agus 350 píosa éagsúla reachtaíochta de chuid an Aontais, ar de raon leathan méadaitheach iad, i réimsí beartais amhail trádáil, tionscal, slándáil, sláinte, comhshaol agus aeráid¹⁷. Leis an athchóiriú, neartaítear cumas lucht custaim an tseirbhís sin a sholáthar, agus tugtar isteach creat comhair

¹⁴ Cinneadh (AE, Euratom) Uimh. 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/335/AE, Euratom (IO L 424, 15.12.2020, lch. 1).

¹⁵ Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014 ón gComhairle an 26 Bealtaine 2014 maidir leis na modhanna agus an nós imeachta chun acmhainní dílse traidisiúnta, bunaithe ar CBL agus bunaithe ar OIN a chur ar fáil agus maidir leis na bearta chun riachtanais airgid thirim a chomhlíonadh, (Athmhúnlú) (IO L 168, 7.6.2014, lch. 39).

¹⁶ Treoir (AE) 2017/2455 ón gComhairle an 5 Nollaig 2017 lena leasaítear Treoir 2006/112/CE agus Treoir 2009/132/CE maidir le hoibleagáidí áirithe cánach breisluacha i ndáil le soláthairtí seirbhísí agus ciandíol earraí (IO L 348, 29.12.2017, lch. 7).

¹⁷ An Coimisiún Eorpach, Ard- Stiúrthóireacht an Chánachais agus an Aontais Custaim, [Integrated EU prohibitions & restrictions list](#): indicative calendar and list as of 1.1.2022 legal notice [Liosta comhtháite toirmeasc agus srianta AE: féilire tascach agus liosta ón 1.1.2022 fógra dlíthiúil], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2022.

le húdaráis um fhaireachas margaidh, údaráis forfheidhmithe dlí agus údaráis eile, agus le gníomhaireachtaí agus comhlachtaí an Aontais, amhail Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus an Gníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex). Tá an t-athchóiriú comhsheasmhach le beartais eile de chuid an Aontais, go háirithe:

- An **Rialachán maidir le Faireachas Margaidh**,¹⁸ lena soláthraítear an creat dlíthiúil um rialuithe rioscabhunaithe ar tháirgí neamhbhíá áirithe a dhíoltar ar mhargadh an Aontais, go háirithe trí chomhar córasach agus malartú faisnéise idir Údaráis um Faireachas Margaidh agus údaráis chustaim chun táirgí neamhshábháilte nó neamhchomhlíontacha a bhrath ar theacht isteach sa mhargadh aonair dóibh. Iarrfar ar lucht custaim freisin an **Rialachán athbhreithnithe maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí**¹⁹ a chur chun feidhme chomh maith leis na rialacha nua a fhéachann le toirmeasc éifeachtach a chur ar tháirgí a dhéantar go hiomlán nó go páirteach de dhroim **saothar éignithe**²⁰ a bheith á gcur ar an margadh, nuair a bheidh na tograí faoi seach glactha.
- I réimse na **reachtaíochta comhshaoil**, bíonn baint ag údaráis chustaim le forfheidhmiú rialacha iomadúla *inter alia* maidir le ceimiceáin,²¹ maidir le speicis fauna agus flora fiáine a chosaint,²² agus maidir leis an gcomhrac in aghaidh an athraithe aeráide trí úsáid agus astaíochtaí substaintí contúirteacha a íoslaghdú²³.²⁴ Iarrfar ar údaráis chustaim freisin rialacha nua an Aontais a chur i bhfeidhm chun srian a chur leis an difhoraoisiú²⁵ agus lastais dramhaíola a chóireáil²⁶. Thairis sin, leis an togra le haghaidh Tionscnamh um Tháirgí Inbhuanaithe, iarrtar ar údaráis chustaim an dearbhú custaim a chros- seiceáil leis an bhfaisnéis maidir leis na

¹⁸ Rialachán (AE) Uimh. 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le faireachas margaidh agus comhlíontacht táirgí agus lena leasaítear Treoir 2004/42/CE agus Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 agus (AE) Uimh. 305/2011 (IO L 169, 25.6.2019).

¹⁹ Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sábháilteacht ghinearálta táirgí, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Treoir 87/357/CEE ón gComhairle agus Treoir 2001/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [COM(2021)346].

²⁰ Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí arna ndéanamh le saothar éigeantais a thoirmeasc ar mhargadh an Aontais [COM (2022) 453 final].

²¹ Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún.

²² Rialachán (CE) Uimh. 338/97 ón gComhairle an 9 Nollaig 1996 maidir le speicis fauna agus flora fiáine a chosaint trí thrádáil iontu a rialú (IO L 61, 3.3.1997, lch. 1).

²³ Rialachán (AE) Uimh. 517/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le gáis cheaptha teasa fhluarínithe agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 842/2006 (IO L 150, 20.5.2014, lch. 195).

²⁴ Rialachán (CE) Uimh. 1005/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le substaintí a ídionn an ciseal ózóin (IO L 286, 31.10.2009, lch. 1).

²⁵ Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tráchtearraí agus táirgí áirithe atá bainteach leis an difhoraoisiú agus leis an díghrádú foraoise a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais agus a onnmhairiú ón Aontas mar aon leis sin agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 995/2010 (COM (2021) 706).

²⁶ Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le loingsithe dramhaíola agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013 agus (AE) Uimh. 2020/1056 (COM/2021/709 final).

hearraí allmhairithe a fhaightear sa *phas táirge digiteach* nuachruthaithe, chun laghdú a dhéanamh ar an timthriall tionchar diúltach comhshaoil atá ag táirgí a chuirtear ar an margadh²⁷. Beidh an togra le haghaidh **Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha**²⁸ ina chuidiú chun a áirithiú nach ndéanfaidh an riosca sceite carbóin dochar do chuspóirí aeráide an Aontais agus spreagfar do tháirgeoirí i dtíortha nach de chuid an Aontais iad a bpróisis táirgthe a ghlású. Tá feidhm ag an sásra maidir le hearraí allmhairithe, agus tacaíonn lucht custaim leis an bhforfheidhmiú.

- Ar **thaobh an fhorfheidhmithe** de, déantar foráil maidir le bearta ábhartha leis an mbunús dlí le cúnamh frithpháirteach i measc údaráis náisiúnta agus leis an gCoimisiún maidir le cur i bhfeidhm reachtaíochta custaim agus talmhaíochta. Áirítear orthu sin rialacha maidir le calaois chustaim a chosc, a imscrúdú agus a ionchúiseamh²⁹ agus an creat comhar oibríochtúil idir na Ballstáit agus údaráis agus comhlachtaí forfheidhmithe dlí an Aontais a fhéachann leis an tslándáil a áirithiú laistigh den Aontas in aghaidh e.g. gáinneáil ar dhruaí agus ar airm thine aindleathach³⁰.
- Leis an **nGníomh nua um Sheirbhísí Digiteacha** leagtar oibleagáidí soiléire ar sholáthróirí seirbhísí digiteacha dul i ngleic le hinneachar neamhdhleathach, a bhfuil inrianaitheacht agus seiceálacha neartaithe ar thrádálaithe in ionaid mhargaidh ar líne mar thoradh orthu chun a áirithiú go mbeidh táirgí a chuirtear ar an Margadh Aonair sábháilte³¹.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

• Bunús dlí

Leagtar síos le hAirteagal 3(1)(a) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) gur inniúlacht eisiach de chuid an Aontais Eorpaigh é an tAontas Custaim. Dá thoradh sin, ní fhéadann ach an tAontas reachtaíocht chustaim a ghlacadh, agus tá na Ballstáit freagrach as a cur chun feidhme.

Is iad Airteagal 33, 114 agus 207 CFAE bunús dlí an tionscnaimh seo.

Le hAirteagail 33 agus 114 CFAE tugtar an ceart do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle bearta a dhéanamh chun comhar oibríochtúil idir na Ballstáit féin agus idir na Ballstáit agus an Coimisiún a neartú chun feidhmiú ceart an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú trí theorainneacha inmheánacha a dhíothú agus saorghluaiseacht earraí a bhaint amach.

²⁷ Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat chun ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh táirgí inbhuanaithe a leagan síos agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/125/CE (COM/2022/142 final).

²⁸ Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha [COM (2021) 564].

²⁹ Rialachán (CE) Uimh. 515/97 ón gComhairle an 13 Márta 1997 maidir le cúnamh frithpháirteach idir údaráis riaracháin na mBallstát agus maidir le comhar idir na Ballstáit agus an Coimisiún chun a áirithiú go gcuirtear an dlí i bhfeidhm i gceart maidir le hábhair chustaim agus ábhair thalmhaíochta (IO L 82, 22.3.1997, lch. 1).

³⁰ Tuilleadh faisnéise maidir le [comhar oibríochtúil](#).

³¹ Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha).

Le hAirteagal 207 CFAE forbraítear an coincheap gur fairsinge raon feidhme an tionscnaimh ná comhar idir údaráis chustaim agus go n-áirítear éascú trádála agus cosaint ar thrádáil aindleathach leis mar ghné thábhachtach den bheartas trádála, i gcomhréir leis an gcreat idirnáisiúnta um beartas trádála le tríú tíortha is infheidhme.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Ós rud é go dtagann an togra seo faoi inniúlacht eisiach an Aontais, níl feidhm ag prionsabal na coimhdeachta.

- **Comhréireacht**

Na rialacha agus próisis choiteanna chustaim a leagtar síos le Cód Custaim an Aontais, cuireann na Ballstáit chun feidhme iad. Tá fadhbanna leis an gcreat atá ann cheana i dtéarmaí cur chun feidhme agus comhchuibhiú aonfhoirmeach, rud a fhágann go bhfuil próisis, cleachtais agus cineálacha cur chuige ilroinnte ann a chuireann an t-aontas custaim i mbaol. Ní féidir an ilroinnt sin ná na hiarmhairtí a bhaineann léi a réiteach ar an leibhéal náisiúnta. Dá réir sin, tá gá le tacar athbhreithnithe cuimsitheach rialacha maidir le próisis chustaim, bainistíocht choiteann sonraí agus rialachas ar leibhéal an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna a shainaithnítear agus is gá iad a chur chun feidhme ar an mbealach céanna.

Ní théann an tionscnamh seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a bhaint amach. Treisíonn na heilimintí thuasluaite a chéile go frithpháirteach agus beifear in ann, dá mbarr, laghdú suntasach a dhéanamh ar an ualach ar údaráis phoiblí agus oibreoirí san earnáil phríobháideach araon, rialacha agus cleachtais a chomhchuibhiú go héifeachtach, agus cothroime iomaíochta a bhaint amach d'oibreoirí eacnamaíocha agus oibleagáidí a bhaineann le custam á gcomhlíonadh acu.

- **An rogha ionstraime**

Tá an rogha ionstraime (reachtaíochta) fíor- riachtanach toisc nach mór don aontas custaim deimhneacht dhlíthiúil a sholáthar d'údaráis trádála agus phoiblí. Is gá don aontas custaim soghluaisteacht an tsreafa trádála dlisteanáí a áirithiú agus foráil a dhéanamh an tráth céanna maidir le hidirghabhálacha éifeachtacha rioscabhunaithe ag údaráis phoiblí chun rannchuidiú le móreilimintí *acquis* an Aontais a chur chun feidhme, go háirithe an margadh aonair, slándáil an Aontais agus buiséad an Aontais, trí acmhainní dílse traidisiúnta. Is Rialachán freisin í ionstraim dlí Chód Custaim an Aontais, a aisghairfear leis an athchóiriú.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Chuir an Coimisiún meastóireacht eatramhach i láthair in 2022 ar chur chun feidhme fhorálacha dlí Chód Custaim an Aontais agus ar sholáthar a chórais TF i dtéarmaí éifeachtachta, éifeachtúlachta, ábharthachta, comhleanúnachais le beartais ghaolmhara agus breisluacha AE³². Léiríodh leis an tuarascáil mheastóireachta gur éirigh go páirteach le cur chun feidhme Chód Custaim an Aontais i dtréimhse 2016- 2020.

³² Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir leis an meastóireacht eatramhach ar chur chun feidhme Chód Custaim an Aontais, SWD/2022/0158.

Ar an gcéad dul síos, cé gur breithníodh staid cur chun feidhme na bhforálacha dlí a bheith ar an mbóthar ceart, bhí roinnt deacrachtaí fós ann le cur chun feidhme na 17 gcinn de chórais TF a bhunaítear leis an gCód. Cuireadh ocht gcóras in úsáid go rathúil faoi 2020 agus tá siad sin ag feidhmiú go sásúil de réir páirtithe leasmhara, cuireadh ceithre chóras eile in úsáid in 2021 agus tá cúig chóras eile le cur in úsáid de réir a chéile faoi dheireadh 2025.

Ar an dara dul síos, rinneadh roinnt dul chun cinn follasach chun feabhas a chur ar an timpeallacht chustaim ach ní bhaineann sé sin go cothrom leis na réimsí uile a ndearnadh anailís sa mheastóireacht orthu. Rannchuidigh Cód Custaim an Aontais le soiléiriú agus comhchuibhiú rialacha custaim, chun cineálacha éagsúla cur chuige ar fud na mBallstát a laghdú, amhail i réimsí cinntí custaim, coinníollacha chun stádas oibreora eacnamaíoch údaraithe (AEO) a dheonú agus i roinnt nósanna imeachta speisialta. Ní leordhóthanach an comhchuibhiú i réimsí áirithe eile, áfach, go háirithe bainistíocht riosca agus faireachán ar stádas AEO, agus is fadhb fós é léirmhíniú éagsúla ar rialacha a bheith ann. Thairis sin, ó tharla go bhfuil go leor de na hathruithe is suntasaí a tugadh isteach le Cód Custaim an Aontais, amhail roinnt simplithe ar an bpróiseas imréitigh custaim (e.g. imréiteach láraithe ar leibhéal an Aontais tráth an allmhairiúcháin agus éascuithe trádála gaolmhara), ag brath ar thionscadail TF leanúnacha, níor fíoraíodh go fóill go leor de na tairbhí a bhfuil coinne leo ó Chód Custaim an Aontais.

Ar an tríú dul síos, léiríodh leis an meastóireacht nár bhain Cód Custaim an Aontais leas iomlán as na sineirgí ionchasacha le beartais ghaolmhara agus gur in easnamh atá comhar ceart agus malartú faisnéise idir údarais chustaim agus riaracháin náisiúnta ábhartha eile atá i gceannas ar bheartais eile de chuid an Aontais a chur i bhfeidhm ag an teorainn, go háirithe maidir le hearraí atá faoi réir toirmeasc agus srianta. Comhar neamh-leordhóthanach chun ceanglais, caighdeáin (go háirithe maidir le bailiú agus comhroinnt sonraí) agus nósanna imeachta a ailíniú, tuairiscíodh go raibh sé ina chonstaic ar an digitiú agus gur mhoilligh sé an dul chun cinn maidir le simplithe rithabhachtacha a chur chun feidhme.

Leis an meastóireacht, breithníodh freisin ábharthacht Chód Custaim an Aontais a mhéid a bhaineann leis na dúshlán is práinní atá roimh lucht custaim inniu, amhail an cumas déileáil leis an méid ollmhór dearbhuithe agus nósanna imeachta custaim ó oibríochtaí ríomhthráchtála. Ina leith sin, aithníodh sa mheastóireacht gur ceapadh Cód Custaim an Aontais le haghaidh samhail ghnó a bhí bunaithe go príomha ar an trádáil thraidisiúnta, ina n-iompraíonn soithí lastais cainníochtaí móra earraí comhchosúla ar muir. Cé go bhfuil an tsamhail sin fós ann inniu den chuid is mó, tá údarais chustaim agus reachtaíocht chustaim faoi bhrú ag an méadú suntasach ar idirbhearta ríomhthráchtála, ina ndéantar coinsíneachtaí ar luach íseal a sheoladh ina n-aonar ó thríú tíortha chuig na tomhaltóirí deiridh san Aontas. Dearbhaíodh 890 milliún idirbheart ríomhthráchtála in 2022 le dearbhú H7, arb é atá iontu 73 % de na dearbhuithe custaim allmhairiúcháin uile, ach gan ach 0.5 % den luach allmhairiúcháin uile. Tá fadhbanna le hidirbhearta ríomhthráchtála freisin a mhéid a bhaineann le comhlíontacht le toirmisc agus srianta arna gcur i bhfeidhm san Aontas atá nasctha le rioscaí neamhairgeadais. Ar na cúiseanna sin, moladh leis na meastóireachtaí go bhfuil gá le gníomhaíocht bhreise chun aghaidh a thabhairt ar na dúshlán sin sa reachtaíocht.

- **Comhairliúcháin le páirtithe leasmhara agus bailiú saineolais**

Rinneadh comhairliúchán poiblí maidir leis an athbhreithniú ar reachtaíocht chustaim a sheoladh an 20 Iúil agus a reáchtáil go dtí an 19 Meán Fómhair 2022³³. Bhí an ceistneoir ar fáil ar ardán ‘Cloisimis uait!’ an Aontais i ngach ceann de theangacha oifigiúla an Aontais

³³ https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/13316-Revision-of-the-Union-Customs-Code_en

agus fuarthas 192 fhreagra. I measc na n-athruithe agus na sásraí beartais a d'fhéadfaí a áireamh in athchóiriú ar an aontas custaim, *aontaíonn freagróirí go láidir* go n-áireofaí na nithe seo a leanas ann, in ord tosaíochta:

1. Foirmiúlachtaí custaim a shimpliú le haghaidh trádálaithe iontaofa atá bunaithe san Aontas (69.47 %);
2. Comhar idir údaráis chustaim agus údaráis neamhchustaim a fheabhsú (55.79 %), go háirithe maidir le malartú faisnéise (65.97 %), comhordúchán oibríochtúil (59.47 %) agus forfheidhmiú feabhsaithe ar thoirmisc agus srianta (47.37 %);
3. Comhpháirtíocht nua le trádálaithe iontaofa agus le húdaráis inniúla eile le haghaidh bainistiú riosca níos fearr, lena n-áirítear réamheolas athneartaithe lastais (53.16 %);
4. Foráil a dhéanamh maidir le timpeallacht faisnéise custaim ar leibhéal an Aontais (54.21 %), inarbh iad na gnéithe ba mhó a rabhthas ina bhfabhar soláthar simplithe sonraí (athúsáid sonraí a chumasú, dubailtí a sheachaint, etc.) i gcás 73.16 % de na freagraí, cumais bainistíochta sonraí (64.21 %) agus coincheap an 'ionaid ilfhreastail' chun foirmiúlachtaí neamhchustaim a láimhseáil (63.16 %);
5. An reachtaíocht chustaim a chur in oiriúint d'idirbhearta ríomhthráchtála, mar shampla tríd an maoirseacht ar shreabha gnólacht le tomhaltóir a neartú mar aon le dliteanas gníomhaithe bainteacha maidir leis na rialacha fíoscacha agus neamhfhíoscacha uile (52.11 %);
6. Tá 35.79 % díobh a aontaíonn go láidir maidir le rialachas an aontais custaim a athchóiriú chun foráil a dhéanamh maidir le sraith AE (agus 23 % eile díobh a thagann leis an aontú sin, thart ar 4.5 % a easaontaíonn, agus níor sholáthair an chuid eile tuairim); *ach* dá mbeadh sraith AE den sórt sin ann, ba cheart go háirithe oiliúint oifigí custaim (59.47 %), bainistíocht TF (51 %), maoiniú trealaimh custaim (44.74 %) agus freagairt an Aontais i gcás géarchéime (41.5 %) a chur de chúram uirthi;
7. Ní aontaíonn ach 31 % leis an tuairim gur cheart, go deimhin, comhtháthú an chlár oibre ghlais leis an gclár oibre custaim a bheith mar chuid d'athchóiriú, agus tagann 27.8 % leis an aontú sin agus easaontaíonn 6.31 %.

I dteannta an chomhairliúcháin phoiblí, eagraíodh raon gníomhaíochtaí comhairliúcháin spriocdhírithe chun tuairimí a bhailiú ó pháirtithe leasmhara is saineolaithe, mar a leanas (féach Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Measúnú Tionchair chun mionsonraí a fháil):

- Plé le riaracháin chustaim náisiúnta i gcomhthéacs na Meithle Machnaimh³⁴ maidir leis na nithe seo a leanas: (i) na moltaí a áiríodh sa tuarascáil ón nGrúpa Ardleibhéil Saoithe, an gá atá le comhpháirtíocht nua le trádálaithe agus gnéithe na comhpháirtíochta sin, agus maoirseacht custaim agus bainistíocht riosca neartaithe; (ii) creat comhair feabhsaithe le húdaráis eile agus clár oibre glas agus (iii) paraidím nua sonraí agus rialachas.
- Plé le hionadaithe trádála i nGrúpa Teagmhála na Trádála³⁵ i gceithre chruinniú thiomnaithe maidir le (i) riachtanais ghnó agus moltaí i dtaobh athchóiriú ar Chód Custaim an Aontais, (ii) moltaí na tuarascála ón nGrúpa Ardleibhéil Saoithe, (iii)

³⁴ Is foghrúpa de Ghrúpa Saineolaithe an Choimisiúin um Beartas Custaim í an Mheitheal Machnaimh um Chustam. Féach an Clár de Ghrúpaí Saineolaithe an Choimisiúin, cód E00944.

³⁵ An Clár de Ghrúpaí Saineolaithe an Choimisiúin, cód E02134.

torthaí an chomhairliúcháin phoiblí le páirtithe leasmhara agus (iv) príomheilimintí an athchóirithe.

- Comhairliúchán le riaracháin chustaim na mBallstát i Meitheal Mhachnaimh a bhí comhdhéanta d'Ard- Stiúrthóirí údarás custaim náisiúnta, a cuireadh ar bun go sonrach ionas go mbreathnófaí ar bhloic thógála éagsúla an phacáiste um athchóiriú;
- Comhairliúchán le comhlachais trádála, cónaidhmeanna agus cuideachtaí aonair ar leibhéal an Aontais a ndéantar ionadaíocht orthu i nGrúpa Teagmhála na Trádála;
- Comhairliúchán le seirbhísí de chuid an Choimisiúin a oibríonn le ceanglais rialála éagsúla maidir le hearraí is infheidhme ag na teorainneacha;

Ina theannta sin, bailíodh fianaise a thacaíonn leis an tionscnamh seo ó fhoinsí doiciméadacha atá ann cheana lena n-áirítear reachtaíocht agus doiciméid bheartais eile, staidreamh maidir le custam agus trádáil, meastóireachtaí agus tuarascálacha maidir le beartais ábhartha agus faisnéis maidir le tionscnaimh ghaolmhara, mar a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Measúnú Tionchair. Saineolas seachtrach a úsáideadh le haghaidh an mheasúnaithe tionchair a áiríodh i dtrí staidéar maidir leis an meastóireacht ar chur chun feidhme Chód Custaim an Aontais, maidir le clár AEO agus le réitigh ar na dúshláin a bhaineann leis an ríomhthrachtáil³⁶.

Leis na gníomhaíochtaí comhairliúcháin, bhíodhas in ann sonraí cáilíochtúla agus cainníochtúla araon a bhailiú, a próiseáladh agus a ndearnadh anailís orthu go córasach trí theicnící iomchuí a úsáid. Rinneadh sonraí cáilíochtúla (lena n-áirítear ó aighneachtaí agus rannchuidithe a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin) a chódú de réir príomhthéamaí, agus rinneadh athbhreithniú agus anailís orthu ansin i gcomhthéacsanna éagsúla agus cuireadh i láthair i bhfoirm insinte iad. Próiseáladh sonraí cainníochtúla (freagraí ar shuirbhé) agus úsáid á baint as Excel agus uirlis chlár comhairliúcháin phoiblí an Choimisiúin agus úsáideadh modhanna staidrimh amhail áirimh mhinicíochta, trastábluithe agus treochtaí simplí chun anailís a dhéanamh orthu.

• Measúnú tionchair

Cuireadh an dréacht- tuarascáil ar an measúnú tionchair faoi bhráid **Bhord um Ghrinnscrúdú Rialála an Choimisiúin (RSB)** an 30 Samhain 2022. Tar éis chruinniú an 26 Deireadh Fómhair 2022, d'eisigh an Bord um Ghrinnscrúdú Rialála tuairim dhiúltach an 28 Deireadh Fómhair 2022, inar moladh roinnt réimsí ina bhféadfaí feabhas breise a dhéanamh. Cuireadh an tuarascáil athbhreithnithe isteach arís an 21 Nollaig 2022. D'eisigh an Bord tuairim dhearfach an 27 Eanáir 2023, ach bhí roinnt agús léi. Leis an athbhreithniú, tugadh aghaidh ar na hábhair uile a shainaithin an Bord lena bhfeabhsú, ar ar áiríodh údar níos fearr a thabhairt leis an bpráinn agus an réasúnaíocht atá le bheith ag gníomhú anois, na naisc le meastóireacht agus le hobair Chúirt Iniúcháirí na hEorpa, an comhleanúnachas le tionscnaimh eile, teorannú na bonnlíne dinimiciúla (lena n-áirítear an Plean Gníomhaíochta Custaim), an loighic idirghabhála, an mhapáil ar na cuspóirí, an rannchuidiú le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais, an bealach a n-oibreodh gach rogha sa chleachtas, a charnaí agus a uileghabhálaí atá roghanna agus bearta, sainaithint teaglamaí roghanna, indéantacht agus

³⁶ *Study to support the interim evaluation of the implementation of the Union Customs Code*, Oxford Research, Ipsos, CASE, Wavestone agus Economisti Associati, 2021. *Study on the Authorised Economic Operator programme*, Oxford Research, Ipsos, Wavestone, CT Strategies agus Economisti Associati, 2023. *Study on an integrated and innovative overhaul of EU rules governing e-commerce transactions from third countries from a customs and taxation perspective*, Pricewaterhouse Coopers EU Services, 2022 (ní críochnaitheach).

rioscaí cistiúcháin, cur i láthair costas agus tairbhí, an measúnú tionchair lena n-áirítear i ndáil le toimhdí costais, an léiriú ar thuairimí páirtithe leasmhara, na socruithe faireacháin agus meastóireachta, sainaitheant beart aonair sna roghanna i bpróisis chustaim agus sainaitheant trádálaithe iontaofa, míniúchán ar roghanna ríomhthráchtála lena n-áirítear an tairseach díolúine EUR 150 a bhaint, an cur chuige ‘ceann amháin isteach, ceann amháin amach’, an teorainn idir costais agus tairbhí agus idir figiúirí léiritheacha, an measúnú tionchair ar réitigh rialachais, na tionchair ar thomhaltóirí go háirithe maidir leis an díolúine ó dhleacht faoi bhun EUR 150 a bhaint, agus meastóireacht *ex-post*.

Leis an measúnú tionchair, ar de réir na tuairime ón mBord um Ghrinnscrúdú Rialála a cuireadh feabhas air, rinneadh coimriú agus achoimre ar na cúig phríomhréimse fadhbanna is bonn leis an ngá atá le hathchóiriú:

1. *Bíonn an lucht custaim ag streachailt lena mhisean cosaint a thabhairt do leasanna airgeadais an Aontais, agus do na ceanglais neamhairgeadais atá ag méadú de shíor faoi bheartais earnálacha (sábháilteacht táirgí, slándáil, cosaint shláinte an duine, cosaint sláinte ainmhithe agus plandaí, cosaint an chomhshaoil, etc.). Ós rud é nach féidir rialú fisiceach a dhéanamh ach ar sciar beag d'allmhairithe agus onnmhairithe, braitheann lucht custaim ar an mbainistíocht riosca – ach níl an bhainistíocht riosca atá ann inniu éifeachtach, aonfhoirmeach ná cuimsitheach go leordhóthanach ar leibhéal an Aontais Eorpaigh. Ina theannta sin, ní mór do lucht custaim **oibriú i gcomhar le húdaráis eile** ar réimse leathan dúshlán, ach is minic a bhíonn cáilíocht agus éifeachtacht an chomhair sin fo- optamach agus éagsúil ar fud an Aontais.*
2. *Leis na próisis chustaim atá i bhfeidhm faoi láthair, ceanglaítear ar thrádálaithe faisnéis chomhchosúil maidir le hearraí a sholáthar roinnt uaireanta sa slabhra soláthair d'údarais éagsúla trí chórais TF iomadúla nach córais idir- inoibritheacha i gcónaí iad. Cruthaíonn sé sin *ualach riaracháin d'oibreacha dlisteanacha.**
3. **Níl an tsamhail chustaim atá i bhfeidhm faoi láthair oiriúnach don ríomhthráchtáil.** Tá cineál na trádála athraithe ag an mborradh as cuimse a tháinig faoin ríomhthráchtáil, ó earraí a bheith á dtabhairt isteach go traidisiúnta san Aontas ina gcainníochtaí móra trí lastas, go dtí na milliúin coinsíneachtaí beaga a bheith á seoladh go díreach chuig tomhaltóirí aonair. Níl údarais chustaim ullmhaithe chun déileáil leis an méadú ar mhéideanna earraí agus dearbhuithe. Ina theannta sin, tá fianaise ar mhí- úsáid chórasach a bheith á baint as an tairseach €150 nach ngearrtar dleachtanna custaim faoina bun. thairis sin, tacaíonn an díolúine sin le hoibreacha ríomhthráchtála tríú tíortha thar mhiondíoltóirí trádála traidisiúnta agus miondíoltóirí den Aontas, rud a shaobhann an iomaíocht.
4. **Tá cáilíocht sonraí agus rochtain agus anailís ar shonraí teoranta.** Cé go bhfuil próisis chustaim digitithe, agus go mbraitheann anailís riosca agus rialuithe custaim ar shonraí, *tá na sonraí a theastaíonn chun maoirseacht custaim, anailís riosca agus rialuithe a dhéanamh ilroinnte agus dubailte ar fud córais iomadúla i mbonneagar TF custaim díláraithe.* Tá sé sin costasach d'údarais chustaim, níl sé solúbtha agus cuireann sé isteach ar úsáid éifeachtúil sonraí. Easpa creat dlíthiúil cuimsitheach i gCód Custaim an Aontais maidir le malartú agus úsáid sonraí, is rud é a chuireann isteach freisin ar chomhroinnt sonraí idir custaiméirí, an Coimisiún, údarais eile nó tíortha comhpháirtíochta.
5. *Tá éagsúlachtaí suntasacha i gcur chun feidhme oibriochtúil idir na Ballstáit ó thaobh cleachtais agus modhanna rialaithe, cur chun feidhme simplithe, agus pionóis maidir le sáruithe ar an reachtaíocht chustaim. Níl aon anailís riosca iomchuí ann ar leibhéal an Aontais chun maoirseacht cheart a dhéanamh ar shreafaí trádála agus*

trádáil neamhchomhlíontach a bhrath, agus is féidir le hoibreoirí neamhchomhlíontacha spriocdhíriú ar phointí dul isteach san Aontas ag a bhfuil leibhéil níos ísle rialuithe.

De dheasca na bhfadhbanna sin: (i) ní bhailítear gach **dleacht chustaim** – déanann caillteanas ioncam dochar do leasanna airgeadais an Aontais agus na mBallstát; (ii) bíonn táirgí contúirteacha, neamhchomhlíontacha nó góchumtha fós ag teacht isteach i margadh aonair an Aontais nó ag imeacht uaidh, agus (iii) déantar **earraí neamhdhleathacha** a smuigleáil isteach san Aontas, á n-oiriúnú do ghníomhaíochtaí méadaithe rialaithe lucht custaim i dtír amháin trí phointí eile dul isteach a aimsiú. Déanann na hiarmhairtí sin dochar d'iomáiochas tionscail chomhlíontaigh, fágann siad go gcailleann gnólachtaí dlisteanacha brabús, poist agus ioncaim lena n-áirítear go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) agus cuireann siad sábháilteacht agus slándáil saoránach den Aontas i mbaol.

Leis an measúnú tionchair, sainaithníodh gurb iad príomhchúiseanna na bhfadhbanna (i) neamh- leordhóthanacht agus castacht iomarcach na bpróiseas custaim; (ii) digitiú custaim a bheith ilroinnte casta, agus (iii) struchtúr rialachais ilroinnte an aontais custaim.

Chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna sin agus ar a mbunchúiseanna, sainaithníodh leis an measúnú tionchair trí mhór- rogha beartais, ar dá réir go príomha a chinnfear a mhéid a gheobhaidh an t-aontas custaim an cumas inmhianaithe feidhmiú mar údarás amháin ó thaobh cúrsaí bailithe, cosanta agus simplithe de. Seo iad:

- cá mhéad ba cheart próisis chustaim a athchóiriú?
- cá mhéad ba cheart an cur chuige bainistíochta sonraí custaim a athchóiriú?
- cá mhéad ba cheart rialachas an Aontais Custaim a athchóiriú?

Breithníodh ceithre rogha leis an measúnú tionchair, a bhfuil pacáiste comhleanúnach heart i ngach ceann díobh lena dtugtar aghaidh ar na trí rogha beartais seo:

1. **Rogha 1 – pacáiste próiseas níos simplí.** Rinneadh scrúdú léi sin ar na príomh- chomhpháirteanna idirspiléacha próisis, go háirithe na céimeanna próisis iad féin, ról na ngníomhaithe éagsúla agus a bhfreagrachtaí comhlíontachta, an úsáid a bhaintear as sonraí, an chóireáil ar oibreoirí iontaofa, an chóireáil ar shreafaí ríomhthrachtála, agus an bealach a gcuirtear pionóis i bhfeidhm ar fud an Aontais chun neamhchomhlíontacht a dhíspreagadh. Leis an bpacáiste sin, dhéanfaí céimeanna próisis allmhairiúcháin a laghdú agus a shimpliú, freagrachtaí na ngníomhaithe (go háirithe allmhairioirí agus onnmhairioirí) a shoiléiriú, an díolúine ón dleacht chustaim i gcás earraí a bhfuil luach suas le EUR 150 acu a bhaint, agus foráil a dhéanamh maidir le hardáin leictreonacha a mheas a bheith ina n-allmhairioirí agus cuntas a choinneáil ar dhleachtanna custaim ar thrácht ríomhthrachtála gnólacht le tomhaltóir, agus bheadh cur chuige ríomha dleachta ní ba shimplí ann. Thabharfadh sé cur chuige nua *Iontaoibhe agus Seiceála* isteach i leith comhpháirtíocht trádála, ina mbeadh pribhléidí breise (amhail rialuithe custaim níos lú agus níos spriocdhírithe, agus an fhéidearthacht go mbeadh ‘féinscaoileadh’ earraí ann) ar fáil do thrádálaithe trédhearcacha iontaofa. Thabharfadh sé cur chuige coiteann isteach i leith pionóis riaracháin. Chuirfeadh sé feabhas ar rochtain an Choimisiúin ar shonraí chun tacú leis an mbainistíocht riosca. Dhéanfaí na hathruithe sin faoin tsamhail digitithe atá i bhfeidhm faoi láthair agus faoin struchtúr rialachais custaim atá ann cheana, ar measúnaíodh ina leith go gcuirfidís teorainn le tionchar na n-athruithe sin.

2. Chomhlánódh **Rogha 2** Rogha 1 le **hÚdarás Custaim AE chun comhar a chomhordú** idir na Ballstáit i gcúrsaí bainistíochta riosca, cur chun feidhme aonfhoirmeach rialacha a shainiú agus bainistíocht a dhéanamh ar chláir chustaim. Bhraithfeadh an pacáiste sin ar an tsamhail digitithe atá i bhfeidhm faoi láthair.
3. Le **Rogha 3**, chruthófaí **Mol Sonraí Custaim AE**, faoi bhainistíocht an Choimisiúin, chun na próisis shimplithe a shainaithnítear i Rogha 1 a chur chun feidhme, i samhail TF láraithe. Leis an mol sonraí, d'éascófaí bailiú faisnéise ó ghníomhaithe éagsúla, á próiseáil le haghaidh bhainistíocht riosca an Aontais agus á malartú le húdaráis inniúla eile. A mhéid a bhaineann le rialachas, threiseofaí ról an Choimisiúin, go háirithe ó thaobh bainistíocht riosca a eagrú, ach faoi réir theorainneacha inniúlachtaí an Choimisiúin agus gan sainordú eagraíochtúil a bheith aige lánacmhainneacht na timpeallachta nua sonraí a sholáthar.
4. Áirítear le **Rogha 4** próisis chustaim níos simplí arna gcur chun feidhme trí **Mhol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh** faoi bhainistíocht **Údarás Custaim AE** a bheadh i gceannas (i dteannta Rogha 2) ar bhainistíocht riosca oibriúcháin, bainistíocht sonraí agus tacaíocht a thabhairt do sholáthar próiseas simplithe.

Is í rogha 4 an rogha thosaíochta. Treisíonn a thrí eilimint (próisis chustaim athchóirithe, arna gcur chun feidhme i Mol Sonraí Custaim AE lánach faoi bhainistíocht Údarás Custaim AE) a chéile chun torthaí níos fearr a bhaint amach agus sineirgí a chruthú ar fud an Aontais. Is é sin an rogha is éifeachtúla, toisc go laghdaíonn go mór an infheistíocht i struchtúir lánacha an costas ar na Ballstáit agus ar ghnólachtaí. Go sonrach, tá na tairbhí seo a leanas aige³⁷:

- **Neartaítear an mhaoirseacht custaim.** De bharr rochtain agus próiseáil níos fearr ar shonraí trí Mhol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh, beidh bainistíocht riosca an Aontais níos éifeachtúla agus méadófar cumas lucht custaim calaois a bhrath trí phróifíilí oibreoirí rioscúla a ghníomhaíonn ar leibhéal an Aontais a shainaithint. Ginfidh sé ioncaim bhreise don Aontas agus dá Bhallstáit. De bharr rochtain níos fearr ar shonraí agus comhordú níos fearr i measc údarás, méadófar cumas lucht custaim earraí nach gcomhlíonann ceanglais an Aontais a bhrath agus a stopadh chun tairbhe saoránach agus tomhaltóirí.
- **Laghdaítear an t-ualach riaracháin ar oibreoirí dlisteanacha.** Tá na próisis athbhreithnithe níos simplí agus bailítear sonraí uair amháin ón bhfoinse cheart trí chomhéadan aonair i Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh. Sa mheasúnú, measadh go bhféadfadh an coigilteas a bheith idir EUR 1.2 billiún agus EUR 2.6 billiún in aghaidh na bliana (agus an muirear dleachta custaim méadaithe ar ghnólachtaí á chur san áireamh, rud a eascraíonn as an tairseach EUR 150 ar thrácht ríomhthráchtála gnólacht le tomhaltóir a bhaint, a mheastar gur fiú thart ar EUR 1 bhilliún in aghaidh na bliana é).
- **De thoradh lárú feidhmeanna (TF, bainistíochta sonraí agus bainistíochta riosca) in Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh, tá coigilteas suntasach ann do chaiteachas TF custaim na mBallstát.** Sa mheasúnú, measadh go bhféadfadh an coigilteas a bheith ionann is thart ar EUR 194 mhilliún ag an tús agus go n-ardódh sé i gcaitheamh thréimhse 15 bliana go thart ar EUR 2.3 billiún in aghaidh na bliana. Le **hÚdarás Custaim an Aontais Eorpaigh áirithítear comhordú** idir riaracháin chustaim náisiúnta agus údaráis eile.

³⁷

Bunaithe ar na toimhdí agus ar an tráthchlár a léirítear sa mheasúnú tionchair, tráth a tiomsaíodh é.

- **Cruthaítear cothroime iomaíochta idir an ríomhthrachtáil agus an trádáil thraidisiúnta.** Leis na próisis athbhreithnithe, tugtar caoi do ghníomhairí ríomhthrachtála faisnéis airgeadais agus neamhairgeadais a sholáthar ar bhealach níos simplí agus cuirtear iad faoi dhliteanas ina leith; tairbhíonn tomhaltóirí de thrédhearcacht mhéadaithe praghsanna agus táillí.
- **Gníomhaíonn an t-aontas custaim mar údarás amháin.** Is é Údarás Custaim AE lárnach a sholáthraíonn na próisis athbhreithnithe i Mol Sonraí Custaim AE lárnach chun cur chun feidhme aonfhoirmeach i ngach Ballstát a éascú agus éagsúlachtaí a sheachaint.

A mhéid a bhaineann le **tionchar sóisialta agus comhshaoil**, tá coinne leis go mbeidh tairbhí suntasacha ann de thoradh na rogha sin a fhágfaidh go mbeidh lucht custaim in ann forfheidhmiú níos fearr a dhéanamh ar reachtaíocht lena saothraítear spriocanna sóisialta agus comhshaoil, i gcomhar leis na húdaráis ábhartha eile. Go háirithe:

- Trí shainordú comhordúcháin oibríochtúil Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh a chomhcheangal leis na huirlisí agus na próisis sonraí a sholáthraítear i Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh, is í an rogha thosaíochta is fearr a chumasóidh an comhar struchtúrtha uile- Aontais idir beartais chustaim agus beartais ábhartha shóisialta agus comhshaoil chun feabhas a chur ar thorthaí gníomhaíochta custaim ag an teorainn.
- Leis an bhfaisnéis bhreise a sholáthraíonn oibreoirí do lucht custaim, ba cheart tuilleadh feabhais a chur ar chumas lucht custaim cuidiú leis an bhforfheidhmiú ar reachtaíocht shonrach lena saothraítear spriocanna sóisialta, amhail an reachtaíocht lena dtoirmeasctar saothar éignithe, nó spriocanna comhshaoil.
- Tríd an díolúine ó dhleacht faoi bhun EUR 150 a bhaint, cuirfear deireadh leis an gcleachtas ina ndéantar ordúithe ardluacha a scoilteadh i roinnt coinsíneachtaí ar lú a luach ná EUR 150 chun brabús a dhéanamh ar an díolúine ó dhleacht, agus beidh éifeacht dhearfach chomhshaoil ar astaíochtaí iompair ann dá thoradh.
- Dá ndéanfaí forfheidhmiú níos fearr ar cheanglais táirge maidir le hearraí allmhairithe, d'fhéadfadh sé go n-athlonnófaí táirgeadh isteach san Aontas.

Na cásanna úsáide sa mheasúnú tionchair, léiríonn siad a thuilleadh conas a thacóidh an t-athchóiriú le cur chun feidhme cuspóirí beartais ábhartha atá ann faoi láthair, lena n-áirítear i réimsí na héicidhearthóireachta agus táirgí inbhuanaithe, astaíochtaí tomhaltóirí, plaistigh aon úsáide, ceimiceáin mharthanacha, agus laghdú ar iomaíocht éagórach ó allmhairí neamhchomhlíontacha a dhéanann difear do thionscail agus poist an Aontais, agus gníomhaíochtaí faireachais margaidh go ginearálta.

A mhéid a bhaineann le **Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe**, sainithníodh leis an measúnú tionchair conas a rannchuideodh an t-athchóiriú lena gcur chun feidhme trí bhearta i ndáil le trádáil idirnáisiúnta in earraí agus slabhraí soláthair a dhéanamh, lena ndéanfaí go háirithe:

- feabhas a chur ar éascú trádála dlisteanáí, i gceangal le Sprioc 8;
- feabhas a chur ar allmhairí nó onnmhairí a sháraíonn rialacha ábhartha an Aontais maidir le dramhaíl, ceimiceáin, nó dearadh táirgí sábháilte inbhuanaithe, mar shampla, a bhrath agus a chosc, i gceangal le Sprioc 12;

- an chosaint d'éiceachórais chríochacha (e.g. cosaint ar allmhairí ar táirgí de thionscnamh an dífhoraóisithe iad) agus an chosaint don bhithéagsúlacht a neartú (trína bheith ag cuidiú le trácht a sháraíonn CITES a bhrath), i gceangal le Sprioc 15.

Tá an togra go hiomlán comhsheasmhach leis an bprionsabal **gan dochar suntasach a dhéanamh**. Is éard a dhéanfar leis feabhas a chur ar fhorfheidhmiú beartas comhshaoil agus an chaoi a ndéanann oibreoirí eacnamaíocha oibríochtaí trádála idirnáisiúnta, agus an chaoi a ndéanann údarais phoiblí maoirseacht orthu, a chuíchóiriú agus a dhéanamh níos éifeachtúla. Le comhthiomsú acmhainní agus uirlisí sa timpeallacht láir, laghdófar go háirithe an dubailt ar fhorbairt córas agus gníomhaíochtaí riaracháin, rud a laghdóidh an méid foriomlán ama a chaitear ar phróisis chustaim agus, dá réir sin, an tomhaltas acmhainní.

Is é is bonn leis an togra na prionsabail **digiteach mar réamhshocrú agus príobháideachas trí réamhshocrú**. Tá sé ailínithe le tionscnaimh shuaitheanta de chuid an Choimisiúin amhail an Gníomh um an Intleacht Shaorga, an Gníomh um Rialachas Sonraí, RGCS agus EUDPR. Déantar foráil leis maidir le próisis úsáideoir- lánacha atá réidh le huathoibriú, a fhágfaidh go mbeifear in ann gach malartú oibríochtúil le lucht custaim a dhéanamh go leictreonach trí chomhéadan AE ilchuspóireach. Tacaíonn sé le prionsabal na haonuaire agus leis na prionsabail athúsáide sonraí agus íoslaghdaíthe sonraí trí fhoráil a dhéanamh maidir le sonraí a chomhtháthú le próisis eile nuair a bheidh na sonraí sin curtha isteach, agus tríd an gcur chuige i leith Timpeallacht an Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam a leabú, lena gcomhcheanglaítear foirmiúlachtaí custaim agus neamhchustaim (Rialachán (AE) 2022/2399); cumasaítear beartas sonraibhunaithe leis sin freisin. Déantar foráil leis maidir le hathrú paraidíme ó chórais náisiúnta iomadúla phiarphróisis go tacar láir solúbtha **seirbhísí agus córas** a fhágfaidh go mbeifear in ann próisis a fhorbairt agus a athrú **ar bhealach níos saoire, níos comhsheasmhaí, níos sofhreagrúla agus níos solúbtha**. Tabharfar tacaíocht leis don nuálaíocht agus do theicneolaíochtaí digiteacha trí úsáid ardteicnící anailíseacha in oibríochtaí custaim a chumasú, agus trí acmhainní a chomhthiomsú ar bhonn uile- Aontais agus forbairt foinse oscailte a dhéanamh ar chomhpháirteanna is féidir leis na Ballstáit uile a úsáid sa chomhthéacs sin. Tá an dréachtú 'réidh don digitíú', agus déantar foráil ann maidir le cumhachtuithe agus tarmligin chun aghaidh a thabhairt ar ghnéithe teicniúla amhail eilimintí agus rialacha sonraí.

• **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

De bharr próisis chustaim a laghdú agus a shimpliú, agus tairseach aonair AE a thabhairt isteach chun idirghníomhú le lucht custaim (Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh), tá coinne leis go laghdófar go suntasach an t-ualach riaracháin i gcomparáid le Cód Custaim an Aontais atá i bhfeidhm faoi láthair.

Sa mheasúnú tionchair, measadh go bhféadfadh coigilteas iomlán EUR 2.6 billiún a bheith ag oibreoirí eacnamaíocha i gcaitheamh 15 bliana sa rogha thosaíochta (agus an muirear dleachta custaim méadaithe ar ghnólachtaí á chur san áireamh, rud a eascraíonn as an tairseach EUR 150 ar thrácht ríomhthráchtála gnólacht le tomhaltóir a bhaint, a mheastar gur fiú thart ar EUR 1 bhilliún in aghaidh na bliana é).

• **Ceartha bunúsacha**

Tá taithí fhada ag lucht custaim lena bheith ag bailiú agus ag próiseáil sonraí a bhfuil faisnéis íogair ghnó, sonraí airgeadais agus sonraí pearsanta iontu. Leis an athchóiriú ar an gcód custaim, urramaítear go hiomlán an ceart bunúsach go ndéanfaí sonraí pearsanta a chosaint. Cuireann an t-athchóiriú feabhas fiú ar chosaint an chirt sin, mar a léirítear sa mheasúnú tionchair le haghaidh rogha 4. Dhéanfaí uirlisí agus rialuithe cosanta sonraí pearsanta a chomhtháthú leis an Mol Sonraí, rud a chuirfeadh ar a chumas do gach rialaitheoir sonraí

cearta cosanta sonraí a áirithiú. Beidh tionchar dearfach aige sin freisin ar ábhair sonraí a bheadh in ann a gcearta a fheidhmiú ar bhealach an- chomhchosúil ar fud na mBallstát uile.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Leis an athchóiriú, neartaítear cumas lucht custaim aghaidh a thabhairt ar bhailiú dleachtanna neamhíoctha, gearrluacháil agus calaois. Thairis sin, tríd an díolúine ó dhleacht ar earraí faoi bhun EUR 150 a bhaint, dúntar bealach éalaithe agus tugtar ioncam breise do bhuiséad an Aontais a mheastar gur fiú EUR 750 milliún in aghaidh na bliana é ar na praghsanna atá ann faoi láthair.

De réir a chéile, aistroidh bailiú dleachtanna ón áit a ndearbhaítear na hearraí go dtí an áit a bhfuil an t-allmhaireoir nó an t-onnmhaireoir bunaithe san Aontas. Leis sin, éascaítear iniúchadh agus bailiú dleachtanna agus simplítear an t-idirbheart don allmhaireoir nó don onnmhaireoir, go háirithe i gcás FBManna. Cé nach bhfuil aon tionchar díreach ag an athrú sin ar bhuiséad foriomlán an Aontais ná ar na ranníocaíochtaí náisiúnta le buiséad an Aontais, is féidir leis athrú a dhéanamh de réir a chéile ar dháileadh an sciar dleachtanna custaim arna gcoinneáil ag na Ballstáit mar chostas bailithe.

Ní bheidh gá le méadú buiséadach laistigh de thréimhse 2021- 2027 chun Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh agus Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh a fhorbairt, toisc go ndéanfar na costais de thart ar €60 milliún le linn an chéad 2 bhliain a mhaoiniú faoi Chlár Custaim 2021- 2027. Tar éis 2027, meastar go gcosnóidh an tAthchóiriú thart ar EUR 1.855 billiún san iomlán do bhuiséad an Aontais. Cumhdaítear leis sin costas na gcúraimí a chuirtear ar iontaoibh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh leis an togra seo, chomh maith le costais Mhol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh, gan bac a chur ar an gcomhaontú maidir leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) agus cláir tar éis 2027.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Le tionscadal *Feidhmíochta an Aontais Custaim (CUP)* a reáchtálann an Coimisiún go bliantúil, bailítear agus déantar anailís ar fhaisnéis chomhiomlánaithe arna soláthar ag na Ballstáit maidir le gníomhaíocht, treochtaí agus feidhmíocht san Aontas chun tacú le beartas fianaisebhunaithe. Ar cheann de phríomhthorthaí na hanailíse tá an Tuarascáil Bhliantúil maidir le Feidhmíocht an Aontais Custaim a dhírítear ar na Ballstáit amháin, lena soláthraítear conclúidí agus moltaí maidir leis na príomhfhorbairtí san Aontas Custaim, bunaithe ar an anailís ar Eochairtháscairí Feidhmíochta atá nasctha le cuspóirí straitéiseacha an Aontais: cosaint, iomaíochas, éascú, rialú agus comhar. Le táscairí CUP, díritear ar roinnt cineálacha gníomhaíochtaí, idir an méid dleachtanna custaim a bhailítear, úsáid simplithe, ról AEOnna sna próisis chustaim, agus gníomhaíochtaí i réimse rialuithe custaim agus trádáil aindleathach a bhrath.

Déantar sonraí CUP a bhailiú ar bhonn deonach faoi láthair, as a dtagann ceisteanna maidir le cáilíocht, iomláine agus comhsheasmhacht sonraí, chomh maith le saincheisteanna maidir le húinéireacht agus rúndacht sonraí. Is é is aidhm don tionscnamh seo tomhas CUP a fhorbairt a thuilleadh trí bhunús dlí a thabhairt isteach i dtaca le creat struchtúrtha chun faisnéis ábhartha maidir le feidhmíocht chustaim a sholáthar agus anailís a dhéanamh uirthi chun an tuarascáil bhliantúil a tháirgeadh. Ina theannta sin, beidh an bunús dlí le CUP ina uirlis chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar an tionscnamh seo ar deireadh, lena gcuirfear feabhas ar tháscairí i réimse na hanailíse riosca agus i réimse ionchur agus aschur rialaithe, agus ar

thorthaí i dtaca le cosaint, bailiú agus simpliú. Tabharfar aghaidh leis sin ar an easpa uirlisí éifeachtacha maoirseachta atá ar fáil don Choimisiún, mar a léirítear sa mheastóireacht ar Chód Custaim an Aontais.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Leis an athchóiriú seo, neartaítear cumas lucht custaim maoirseacht agus rialú a dhéanamh ar na hearraí a thagann isteach san Aontas Custaim agus a imíonn uaidh. Glacfaidh lucht custaim cur chuige straitéiseach nua, bunaithe ar anailís sonraí ar fhaisnéis maidir le slabhra soláthair, chun go mbeidh an ghníomhaíocht chustaim spriocdhírithe comhordaithe. Neartaítear an creat comhair idir údaráis chustaim, údaráis um fhaireachas margaidh, údaráis agus comhlachtaí forfheidhmithe dlí, údaráis chánach agus comhpháirtithe eile. I gcomhpháirtíocht nua le hoibreoirí trádála, laghdaítear an t-ualach riaracháin agus déantar próisis chustaim a chuíchóiriú. Le Mol nua Sonraí Custaim an Aontais, éascaítear malartú agus comhcheangal faisnéise i dtimpeallacht láir aonair. Déanann Údarás nua Custaim an Aontais Eorpaigh anailís riosca lárnach agus tacaíonn sé le riaracháin náisiúnta, as a dtagann gníomhaíocht chustaim chomhordaithe. Leis na bearta sin, déantar an tAontas Custaim a ullmhú le haghaidh na todhchaí, agus méideanna ríomhthráchtála agus castacht toirmeasc agus srianta ag dul i méid.

Struchtúr simplí intuigthe atá i gCód nua Custaim an Aontais. Sainítear ról agus freagracht na n-údarás custaim, an allmhaireora, an onnmhaireora agus an iompróra. Bailítear faisnéis i Mol nua Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh agus próiseáiltear le haghaidh anailís riosca í. Teideal aonair atá ann ina dhiaidh sin le haghaidh dul isteach agus imeachta faoi seach. Le teidil nua, tugtar isteach sásra géarchéime, Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh agus an comhchuibhiú íosta coiteann ar sháruithe custaim agus smachtbhannaí neamhchoiriúla.

Le Teideal I, tugtar isteach Cód nua Custaim an Aontais, lena bhforbraítear go leor eilimintí den Chód roimhe seo. Neartaítear misean na n-údarás custaim, chun léiriú a thabhairt ar an raon leathan seirbhísí a dhéanann lucht custaim, idir dleachtanna a bhailiú ar dtús agus saoránaigh, an comhshaol agus leasanna poiblí eile a chosaint, trádáil éagothrom, neamhchomhlíontach agus neamhdhleathach a chomhrac, agus an tacaíocht le sreafaí trádála dlisteanáí. Tá sainmhínithe ábhartha sa teideal ar na próisis chustaim athbhreithnithe, arb iad na cinn is tábhachtaí díobh próisis an allmhaireora agus an onnmhaireora, próisis an allmhaireora measta i gcás ciandíola agus na próisis maidir le toirmisc agus srianta.

Leis an athchóiriú, féachtar le trédhearcacht agus cuntasacht na ngníomhaithe freagracha a bhaint amach agus simplítear na próisis chustaim mar mhalairt air sin. Le Teideal II, leagtar síos freagrachtaí an allmhaireora, an allmhaireora mheasta agus an onnmhaireora i leith custaim. A mhéid a bhaineann le **ról**, tá sé níos deacra ar na daoine atá cuntasach i leith custaim faoi láthair, amhail an dearbhóir agus an t-iompróir, a bhfreagracht as comhlíontacht airgeadais agus neamhairgeadais a chomhlíonadh, agus is laige sa chóras atá i bhfeidhm faoi láthair é sin. Ina fhianaise sin, an t-athrú ar leibhéal na ról is iomchuí a dhéanamh is ea an fhreagracht as comhlíontacht a chur ar allmhaireoirí agus onnmhaireoirí. Ceanglaítear le lucht custaim go mbeidh siad bunaithe ar chríoch an Aontais (arbh amhlaidh an gás cheana i gcás an dearbhóra in Airteagal 170 (2) den Chód roimhe seo) agus go gcláróidh siad leis an mBallstát bunaíochta, cé is moite d'eisceachtaí liostaithe. Ní raibh baint go dtí seo ag díoltóirí ar líne ná ardáin ríomhthráchtála leis na foirmiúlachtaí custaim tráth an allmhairiúcháin. Agus iad ag gníomhú dóibh mar allmhaireoirí measta, beidh oibleagáid orthu na sonraí a bhfuil gá leo chun na hearraí a dhíoltar le custaiméirí san Aontas a scaoileadh i saorchúrsaíocht, chomh maith leis an bhfaisnéis nach mór dóibh a bhailiú chun críocha CBL, a sholáthar do na húdaráis chustaim. Soiléirítear ról an iompróra agus earraí á dtabhairt isteach sa chríoch chustaim aige, agus an fhaisnéis a cheanglaítear chuige sin. Leis an scéim um oibreoirí eacnamaíocha údaraithe, leantar den chomhar rathúil idir lucht gnó agus custaim. Tugtar an

chomhpháirtíocht sin go dtí an chéad leibhéal eile trí stádas nua mar thrádálaí Iontaoibhe agus Seiceála a thabhairt isteach. Deonaíonn na trádálaithe iontaofa trédhearcacha sin rochtain do na húdaráis chustaim ar a gcórais leictreonacha lena gcoimeádtar taifead ar a gcomhlíontacht agus ar ghluaiseacht a gcuid earraí. Mar mhalairt air sin, faigheann siad tairbhí áirithe, go háirithe an fhéidearthacht go ndéanfaidh siad na hearraí a scaoileadh thar ceann lucht custaim agus íocaíocht an fhéich custaim a chur siar.

Cuirtear i láthair le Teideal III paraidím nua sonraí lena gcomhtháthaítear agus lena n-ionadaítear de réir a chéile córais TF custaim atá ann faoi láthair: ag aistriú ó 27 gcinn de thimpeallachtaí TF ag a bhfuil roinnt mhaith córas i ngach Ballstát, chuig tacar láraithe córas agus seirbhísí. Tá Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh ina thacar timpeallachta córas agus seirbhísí a bhfuil a n-úsáid éigeantach, ar tacar é a forbraíodh go lárnach. Athshainítear leis conas a bhailítear sonraí custaim agus eile, a úsáidtear le haghaidh maoirseacht custaim, agus conas a roinntear le húdaráis chomhpháirtíochta iad. Is é an ‘t- inneall’ nua freisin é lena ndéantar an fhaisnéis a phróiseáil, a nascadh agus a stóráil agus lena ndéantar anailís riosca ar leibhéal an Aontais. I dteannta a chéile, tugtar léargas níos fearr ar an slabhra soláthair do lucht custaim le haghaidh a mheasúnaithe riosca agus beifear in ann gníomhaíocht chustaim níos spriocdhírithé agus níos straitéisí a dhéanamh dá bharr. Thairis sin, ceadáítear leis rialacha cosanta sonraí, rialacha maidir le rochtain a fháil ar fhaisnéis, rialacha slándála TF agus rialacha rúndachta a chur i bhfeidhm ar bhealach cothrománach comhordaithe comhsheasmhach.

Coinnítear coincheapa fíor- riachtanacha i dTeideal IV maidir le raon feidhme maoirseachta custaim ar earraí atá le tabhairt isteach i gcríoch chustaim an Aontais nó le tabhairt amach aisti, atá le cur faoi nós imeachta úsáide deiridh nó le cur faoi bhealach inmheánach. Déantar sainaitheantas oifigi custaim inniúla a choigeartú leis chun foráil a dhéanamh maidir le ról na hoifige custaim atá freagrach as áit bhunaithe an allmhaireora nó an onnmhaireora. Beidh maoirseacht, rialuithe agus bearta maolaithe custaim bunaithe ar bhainistíocht riosca an tslabhra soláthair ina iomláine i bhfíor- am, ó pheirspictíocht AE. Tá an bhainistíocht fheabhsaithe riosca, ar rioscaí airgeadais agus neamhairgeadais araon, ag croílár an athchóirithe. Le Teideal IV, tugtar tuairisc shoiléir ar an bpróiseas bainistíochta riosca, i gcás rioscaí airgeadais agus neamhairgeadais araon, agus ar ról agus freagrachtaí an Choimisiúin, Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh agus na n-údarás custaim sa réimse sin. Tugtar aghaidh leis ar úsáid Mhol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh chun tacú le bainistíocht riosca custaim agus déantar foráil leis maidir le malartú agus úsáid chuimsitheach faisnéise ábhartha le haghaidh bainistíocht riosca agus rialuithe. Bíonn údaráis chustaim náisiúnta i gceannas i gcónaí ar an mbainistíocht riosca náisiúnta agus ar na rialuithe custaim riachtanacha a dhéanamh. Bunaithe ar anailís nua riosca ar leibhéal an Aontais, eiseoidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh moltaí d’údaráis chustaim maidir le rialú an Aontais. Ní mór na moltaí sin maidir le rialuithe a chur chun feidhme, nó cúiseanna a lua maidir le cén fáth nár cuireadh i bhfeidhm iad. Bunóidh an Coimisiún critéir agus caighdeáin choiteanna riosca agus réimsí coiteanna rialaithe tosaíochta trí ghníomhartha cur chun feidhme agus féadfaidh sé réimsí sonracha a shainaithint i réimse reachtaíochta eile a fhágann go bhfuil gá le cóireáil tosaíochta le haghaidh bainistíocht riosca agus rialuithe custaim. Déantar foráil freisin le Teideal IV maidir le meastóireacht chórasach ar chur chun feidhme bainistíochta riosca chun tacú le feabhas leanúnach.

I dTeideal V tá na nósanna imeachta éagsúla custaim lena gceadaítear do thrádálaí na hearraí a stóráil go sealadach, nó iad a scaoileadh i saorchúrsaíocht ar Mhargadh Aonair an Aontais. I bprionsabal, leanann na húdaráis chustaim de bheith freagrach as na hearraí a scaoileadh agus na hearraí a chur faoi nós imeachta custaim. Beidh trádálaithe Iontaoibhe agus Seiceála údaraithe in ann a gcuid earraí a scaoileadh gan idirghabháil ghníomhach ó lucht custaim, i

gcás ina mbeidh an fhaisnéis ar fáil roimh ré agus i gcás nach mbeidh na hearraí roghnaithe le haghaidh rialuithe.Áirítear sa teideal sin freisin rialacha soiléire maidir leis an bpróiseas agus na hiarmhairtí dlíthiúla a bheidh ann i gcás inar gá d'údarais chustaim dul i gcomhairle le húdarais inniúla eile sula scaoilfear na hearraí, lena n-áirítear an fhéidearthacht go gceanglófaí ar allmhaireoirí leanúint de bheith á gcur ar an eolas maidir le dáileadh na n-earraí agus iad i saorchúrsaíocht.I ngach cás, is féidir le lucht custaim gluaiseacht earraí a stopadh, diúltú do scaoileadh earraí, agus d'fhéadfaidís na hearraí a urghabháil ar deireadh.Tá forálacha idirthréimhseacha i dTeideal V chomh maith céanna, lena ligtear do na próisis chustaim atá i bhfeidhm faoi láthair leanúint ar aghaidh faoi dheimhneacht dhlíthiúil ar fud na hidirthréimhse agus go dtí go dtiocfaidh na córais nua bainistíochta sonraí i bhfeidhm.

Cuirtear i láthair le Teideal VI an próiseas simplithe nua chun earraí a thabhairt isteach san Aontas Custaim, ar laghdú suntasach ar chastacht agus ualach riaracháin é. Bailíonn lucht custaim faisnéis le haghaidh anailís riosca, lena n-áirítear réamhfaisnéis lasta agus faisnéis réamhimeachta, agus déanann idirghabháil i gcás inar gá. Aistrítear fócas na riarachán custaim ón gcoinsíneacht aonair go dtí an mhaoirseacht ar an slabhra soláthair chun rioscaí a shainaithint. Bíonn ar a gcumas i gcónaí do lucht custaim idirghabháil a dhéanamh maidir le gach coinsíneacht aonair, bunaithe ar an bhfaisnéis i Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh. Ag brath ar an gcineál nósanna imeachta custaim, ní mór tacar íosta faisnéise a sholáthar nó a chur ar fáil do lucht custaim. I gcás ina mbeidh an fhaisnéis ábhartha ag lucht custaim roimh ré agus ina bhfeicfear dóibh nach bhfuil aon riosca nó fadhb ann a bhfuil aghaidh le tabhairt uirthi, féadfaidh na hearraí gluaiseacht i gcomhréir leis an bprionsabal go ndéanfar measúnú roimh ré agus nach ndéanfar idirghabháil ach amháin i gcás inar gá agus san áit is gá. Déantar na dearbhuithe iomadúla custaim a ionadú de réir a chéile agus úsáid á baint as sonraí gnó, tar éis idirthréimhse chun na córais is gá a fhorbairt.Is féidir faisnéis a sholáthar níos luaithe chun maoirseacht lucht custaim ar an slabhra soláthair a neartú. Mar fhorbairt ar an taithí dhearfach a bhí le 'comhaid iomadúla a chur isteach' i gcóras rialaithe allmhairiúcháin 2 (ICS2), is féidir le gníomhaithe éagsúla sa slabhra soláthair a gcuidsean den fhaisnéis ábhartha a sholáthar. Mar shampla, féadann an t-allmhaireoir an fhaisnéis ábhartha faoin táirge agus faoin idirbheart a sholáthar, agus féadann an t-iompróir an fhaisnéis faoin ródúchán agus faoin teacht a sholáthar ar leithligh.

Tá rialacha maidir le honnmhairiúchán i dTeideal VII ina léiriú scáthánach ar na próisis le haghaidh dul isteach. Tá an t-iarratasóir bunaithe san Aontas agus cláraithe. Bailíonn lucht custaim an fhaisnéis ábhartha agus déanann anailís riosca. Éascaítear sreafaí trádála dlisteanáí agus, an tráth céanna, neartaítear cumas lucht custaim maoirseacht a dhéanamh agus na rialacha a fhorfheidhmiú.

Le Teideal VIII coinnítear nósanna imeachta speisialta an Chóid roimhe seo ar bun.Bailítear faisnéis ábhartha maidir le nósanna imeachta speisialta, amhail idirthuras, próiseáil isteach agus amach, cead isteach sealadach, úsáid deiridh nó saorchriosanna custaim.I gcomhréir leis an gcur chuige ginearálta, cuirtear feabhas ar thrédhearcacht agus cuntasacht an oibreora eacnamaíoch fhreagraigh.

Le Teideal IX leagtar síos rialacha mionsonraithe i leith na dtrí eilimint is gá a chinneadh chun dleachtanna allmhairiúcháin agus onnmhairiúcháin chomh maith le bearta eile is infheidhme maidir le trádáil in earraí, amhail dleachtanna frithdhumpála, a chur i bhfeidhm: aicmiú, luach agus tionscnamh. Ní dhéantar na tosca sin a mhodhnú leis an togra seo, ar tosca iad arna gcinneadh den chuid is mó ag rialacha idirnáisiúnta san Eagraíocht Dhomhanda Trádála agus san Eagraíocht Dhomhanda Chustaim, chomh maith le comhaontuithe trádála déthaobhacha AE.Ó tharla gur sainaitníodh na rialacha sin a bheith casta go maith i gcás na ríomhthrachtála, áfach, soláthrófar dhá shimpliú leis an teideal a mbeidh sé de rogha ag an

allmhaireoir a chur i bhfeidhm i gcás ina mbeidh an dleacht custaim is infheidhme maidir le hidirbhearta gnólacht le tomhaltóir á chinneadh.

Baineann an chéad simpliú le cruthúnas tionscnaimh neamhfhabhair a fhéadtar a tharscaoileadh i gcás earraí ríomhthráchtála má roghnaigh an t-allmhaireoir an chóireáil shimplithe taraife a úsáid. Tá gá leis sin, toisc go mbíonn an t-ualach riaracháin chun an cruthúnas sin a fháil díréireach de ghnáth i gcomparáid le luach na n-earraí. Ar an dara dul síos, agus ar choinníoll freisin go n-úsáideann an t-allmhaireoir an chóireáil shimplithe taraife, tá costais iompair chomh fada le ceann scribe deiridh na n-earraí le háireamh sa luach custaim. Áirithítear leis an gcur chuige sin go mbeidh an bonn cánach le dleacht ar allmhairí agus CBL ailínithe go hiomlán a mhéid a bhaineann le hidirbhearta ríomhthráchtála gnólacht le tomhaltóir i gcás ina ndéantar costais iompair a chinneadh, de ghnáth, chomh fada le seoladh an tomhaltóra deiridh.

I gcomhréir le Teideal X tabhaítear an fiach custaim tráth an scaoilte i saorchúrsaíocht. Ós rud é go bhfuil obair na n-údarás custaim ag aistriú ó bheith ag díriú ar an gcoinsíneacht chun bheith ag díriú ar an slabhra soláthair, bíonn siad ag díriú níos mó ina gcuid oibre ar an allmhaireoir bunaithe agus ar an onnmhaireoir. Tar éis idirthréimhse, tiocfaidh an fiach custaim chun cinn san áit a bhfuil an t-allmhaireoir cláraithe, seachas a bheith ag teacht chun cinn san áit a dtaisctear an dearbhú custaim. Is simpliú tábhachtach é sin le haghaidh oibreoirí eacnamaíocha, agus le haghaidh FBManna go háirithe, faoin gcomhpháirtíocht nua le lucht trádála. Ar a seal, is fearr a bheidh údaráis chustaim in ann rialú agus iniúchadh a dhéanamh ar allmhaireoirí bunaithe. Tá dleachtanna custaim ar cheann d'acmhainní dílse traidisiúnta bhuiséad an Aontais. Coinníonn na Ballstáit sciar de na dleachtanna mar chostas bailithe, arbh fhéidir go n-athrófaí a ndáileadh de réir a chéile leis na forálacha nua. Thairis sin, is é an t-allmhaireoir nó an t-onnmhaireoir a chinneann an méid dleachtanna, agus ní dhéanann an t-údarás custaim freagrach é ach amháin i gcás nach ndearna an t-allmhaireoir é. Sa ríomhthráchtáil, tá an fiach custaim tabhaithe ag an allmhaireoir measta cheana féin tráth íocaíochta an díolacháin, ar bhealach comhchosúil leis na forálacha maidir le CBL. Ós rud é go bhféadfadh sé sin tarlú i bhfad sula dtiocfaidh na hearraí isteach san Aontas go fisiceach, áfach, is féidir na hidirghabhálaithe ríomhthráchtála a údarú chun fógra a thabhairt faoin bhfiordhleacht a thabhaítear agus íocaíochtaí tréimhsiúla, arna mbailiú ag Ballstát na bunaíochta, agus clárú a dhéanamh.

Le blianta beaga anuas, tá a n-athléimneacht ó ghéarchéimeanna agus an dóigh a bhfreagraíonn siad orthu léirithe ag riaracháin chustaim. Tá freagairtí sonracha ag teastáil i gcásanna géarchéime – d'fhéadfaidís a bheith ní ba dhéine, nó ní ba sholúbtha agus caoi á tabhairt acu d'eisceachtaí – ach ní mór iad a chur i bhfeidhm ar bhealach comhchosúil ar fud an Aontais. Le Teideal XI déantar forálacha géarchéime a áireamh go díreach i gCód Custaim an Aontais. Forbróidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh prótacail agus nósanna imeachta le haghaidh cásanna éagsúla géarchéime, amhail critéir choiteanna riosca, bearta maolaithe iomchuí agus creat um chomhar a chur i bhfeidhm, agus áiritheoidh sé go gcuirfear i bhfeidhm agus chun feidhme iad, ar chinneadh a bheidh le déanamh ag an gCoimisiún trí ghníomh cur chun feidhme a bheith déanta.

Go nuige seo, ní raibh struchtúr soiléir ag an Aontas chun bainistíocht a dhéanamh ar an Aontas Custaim go hoibríochtúil sa chaoi go mbeadh sé in ann ag dúshláin na linne seo. I dTeideal XII bunaítear Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh, a chúraimí, a fhreagrachtaí agus a rialachas. Féadfaidh an Coimisiún é a chur ar iontaoibh an Údaráis Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh a fhorbairt agus a oibriú. Déanfaidh sé bainistíocht riosca ar leibhéal an Aontais agus eiseoidh sé moltaí maidir le rialú do na húdaráis chustaim náisiúnta. Tá an dá fheidhm sin bunúsach chun cumais lucht custaim a mhéadú ar fud an Aontais, agus chun an tAontas Custaim a thabhairt go dtí an chéad leibhéal eile. Déanfaidh Údarás Custaim an

Aontais Eorpaigh gníomhaíocht chustaim a chomhordú go gníomhach ar fud an Aontais freisin agus cuirfidh sé tosaíochtaí polaitiúla i dtaca le feidhmiú an Aontais Custaim chun feidhme. Rachaidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh i gcomhar ar leibhéal an Aontais Eorpaigh le gníomhaireachtaí, comhlachtaí agus líonra eile, amhail EUROPOL, FRONTEX nó an Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA). Éascóidh sé freisin an comhar idir riaracháin, lena n-áirítear obair grúpaí saineolaithe, oiliúint foirne agus malartú foirne idir tíortha.

I gcomhréir le cásdlí na Cúirte Breithiúnais³⁸ le déanaí, is é reachtas an Aontais atá inniúil a chinneadh cén áit a bhfuil suíomh gníomhaireachta AE, nach mór gníomhú chuige sin i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar síos le forálacha na gConarthaí atá ábhartha go substainteach. Mheas an Coimisiún gurbh iomchuí ainm na cathrach óstála a fhágáil bán ina thogra. Critéir atá le cur san áireamh chun rannchuidiú leis an bpróiseas cinnteoireachta agus bunaithe ar an gCur Chuige Coiteann, soláthraítear iad in aithris lena luaitear na cúiseanna atá leis an Airteagal ábhartha. Ba cheart an roghnú suímh a bheith bunaithe ar phróiseas iarratais trédhearcach a bheidh le tabhairt i gcrích roimh dheireadh an nós imeachta reachtaigh. Is iad na Ballstáit ba cheart iarratais a chur isteach i bhfianaise go gceanglaítear gealltanais soiléir ón mBallstát i gceist chun gníomhaireacht dhíláráithe AE a óstáil. Tá an Coimisiún faoi réir le cúnamh a thabhairt leis an meastóireacht ar na critéir sin agus rachaidh sé i gcomhar leis na comhreachtóirí go gníomhach maidir le roghnú an tsuímh, i bhfianaise bhreithiúnas CBAE an 14 Iúil 2022 agus i gcomhréir lena fhreagracht institiúideach.

Chun a misean a bhaint amach, téann údaráis chustaim i ndlúthchomhar tráthrialta le húdaráis um fhaireachas margaidh, údaráis rialaithe sláintíochta agus fiteashláintíochta, údaráis agus comhlachtaí forfheidhmithe dlí, údaráis bainistithe teorainneacha, comhlachtaí cosanta comhshaoil, saineolaithe maidir le maoin chultúir agus roinnt mhaith údaráis eile atá i gceannas ar bheartais earnálacha. Soláthraítear le Teideal XIII creat nua comhair le haghaidh comhoibriú struchtúrtha idir lucht custaim agus na húdaráis sin lena gcumhdófar ceithre réimse: na rialacha agus an reachtaíocht, malartú sonraí, forbairt straitéise agus gníomhaíocht chomhordaithe. Leis an gcomhar sin, forbrófar straitéisí coiteanna maoirseachta agus rialaithe chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna sonracha. Sainítear níos fearr na gníomhaíochtaí a fhéadfaidh lucht custaim a dhéanamh chun tacú le réimsí eile beartais, rud a ligeann don reachtaíocht earnálach tagairt don Chód Custaim. Tá comhar idirnáisiúnta agus taidhleoireacht chustaim níos tábhachtaí, agus neartaítear an comhar le comhpháirtithe, ar féidir malartú sonraí custaim a áireamh ann.

Tá éagsúlachtaí suntasacha idir na Ballstáit ó thaobh a gcleachtas náisiúnta maidir le sáruithe custaim agus a smachtbhannaí, agus tá éagsúlachtaí cóireála agus saobhadh earraí ann dá ndeasca. I dTeideal XIV, tugtar isteach leis an athchóiriú croíthacar gníomhartha nó neamhghníomhartha arb é atá iontu sáruithe custaim agus croíthacar íosta smachtbhannaí neamhchoiriúla, chomh maith le prionsabail choiteanna, gan dlíchóras nós imeachta na mBallstát a athrú, agus lena dtugtar caoi dóibh foráil a dhéanamh maidir le sáruithe breise custaim agus smachtbhannaí náisiúnta a chur leo. Ceanglaítear comhar na n-údarás i gcás sáruithe custaim a bhaineann le níos mó ná Ballstát amháin. Déanfaidh Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh gach cinneadh atá nasctha le sáruithe custaim agus a smachtbhannaí a bhailiú chun críoch trédhearcachta.

Ar na forálacha críochnaitheacha i dTeideal XV áirítear amlíne maidir lena bheith ag leanúint den chleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair ó thaobh dearbhuithe custaim a dhéanamh do na

³⁸ Breithiúnas na Cúirte an 14.7.2022 C- 743/19, Parlaimint na hEorpa v Comhairle an Aontais Eorpaigh, míreanna 66 agus 74.

córais náisiúnta, agus maidir leis an aistriú chuig an gcóras nua. Déanfar Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh a fhorbairt de réir a chéile, ag tosú leis an gcur chuige nua i leith ríomhthráchtála. Féadfaidh trádálaithe tosú ag úsáid Mhol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh ó mhí Eanáir 2032 ar aghaidh, agus bheadh oibleagáid orthu déanamh amhlaidh faoi 2037, nuair a thiocfaidh sé i bhfeidhm go hiomlán. Bunófar Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh de réir a chéile agus beidh a chúraimí á ndéanamh aige ó 2028 ar aghaidh.

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**lena mbunaítear Cód Custaim an Aontais agus Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh,
agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 952/2013**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 33, Airteagal 114 agus Airteagal 207 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa¹,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Tá an tAontas agus feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh bunaithe ar an aontas custaim. Chun leasanna oibreoirí eacnamaíocha agus údarás custaim san Aontas araon, le Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle² lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais ('an Cód'), déantar reachtaíocht chustaim a bhí i roinnt píosaí éagsúla reachtaíochta roimhe sin a chur i dtoll a chéile i ngníomh aonair, ina bhfuil na rialacha agus na nósanna imeachta ginearálta chun cur chun feidhme na mbeart taraife agus na mbeart eile a thugtar isteach ar leibhéal an Aontais i dtaca le trádáil in earraí idir an tAontas agus tíortha nó críocha lasmuigh de chríoch chustaim an Aontais a áirithiú, agus na forálacha a bhaineann le muirir ar allmhairí a bhailiú. Tá údarás chustaim na mBallstát freagrach as na rialacha sin a chur chun feidhme trí bhíthin cúraimí oibríochtúla amhail nósanna imeachta custaim a chur i bhfeidhm, anailís riosca agus rialuithe a dhéanamh agus smachtbhannaí a chur i bhfeidhm i gcás sáruithe custaim.
- (2) Le cur chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 nochtheadh laigí a bheith i roinnt réimsí. Áirítear orthu sin: gníomhaíocht neamh-leordhóthanach/neamhéifeachtach chun an tAontas agus a shaoránaigh a chosaint ar rioscaí neamhairgeadais is infheidhme maidir le hearraí arna mbunú le beartais de chuid an Aontais nach reachtaíocht chustaim iad; cumas údarás custaim déileáil go héifeachtach leis an méid méadaitheach earraí a allmhairítear ó thríú tíortha trí chiandíol (idirbhearta ríomhthráchtála); cumas ailtireacht córas TF a chruthaítear le Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 próisis chustaim a dhigitiú chun coinneáil suas leis an dul chun cinn

¹ IO C [...], [...], lch. [...]

² Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (athmhúnlú) (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1).

teicneolaíoch, is é sin teicneolaíochtaí bunaithe ar shaothrú sonraí; easpa struchtúir rialachais éifeachtacha san aontas custaim, as a dtagann éagsúlachtaí cleachtas agus cur chun feidhme neamh- aonfhoirmeach na rialacha sna Ballstáit. As na laigí sin, tagann bacainní chun cinn ar fheidhmiú cuí an aontais custaim agus, dá bhrí sin, ar fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh mar gheall ar na rioscaí agus bagairtí inmheánacha agus seachtracha.

- (3) Is iomchuí go gcuirtear san áireamh sa reachtaíocht chustaim an fhorbairt thapa ar phátrúin trádála domhanda, ar an teicneolaíocht, ar shamhlacha gnó agus ar riachtanais páirtithe leasmhara, lena n-áirítear saoránaigh. Dá bhrí sin, is gá líon mór leasuithe a dhéanamh ar Rialachán (AE) Uimh. 952/2013. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Rialachán sin a aisghairm agus a ionadú.
- (4) Chun foráil a dhéanamh maidir le modh éifeachtach chun cuspóirí an aontais custaim a bhaint amach, ba cheart athbhreithniú agus simpliú a dhéanamh ar roinnt rialacha agus nósanna imeachta lena rialáiltear an chaoi a dtugtar earraí isteach i gcóir chustaim an Aontais nó amach uathí. Ba cheart tacar nua- aimseartha comhtháite seirbhísí leictreonacha idir- inoibritheacha a sholáthar chun faisnéis atá ábhartha do chur chun feidhme reachtaíochta custaim a bhailiú, a phróiseáil agus a mhalartú (Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh). Ba cheart Údarás Custaim AE ('Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh') a bhunú mar acmhainn oibríochtúil lárnach le haghaidh rialachas comhordaithe ar an aontas custaim i réimsí sonracha.
- (5) Ó glacadh Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, tá forbairt tagtha ar ról na n-údarás custaim sa chaoi gur mó a chumhdaítear leis cur i bhfeidhm reachtaíocht an Aontais agus reachtaíochta náisiúnta lena leagtar síos ceanglais maidir le hearraí atá faoi réir maoirseacht custaim, go háirithe ceanglais neamhairgeadais maidir le hearraí a bhfuil gá leo chun go rachaidh na hearraí sin isteach sa mhargadh inmheánach agus i saorchúrsaíocht ann. Tá méadú ollmhór tagtha ar na cúraimí neamhairgeadais sin in imeacht na mblianta i gcomhréir leis na hionchais mhéadaitheacha a bhíonn ag gnólachtaí an Aontais agus saoránaigh den Aontas maidir le sábháilteacht, slándáil, rochtain ag daoine faoi mhíchumas, inbhuanaitheacht, sláinte agus beatha ainmhithe agus plandaí, an comhshaol, cosaint chearta an duine agus luachanna an Aontais. Tá uirlisí nua, amhail an Pas Táirge Digiteach, le tabhairt isteach chun a áirithiú go mbeidh reachtaíocht eile a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm i ndáil le táirgí ag leanúint de bheith ag freagairt do na hionchais sin. Is gá, dá bhrí sin, an méadú ar líon agus castacht rioscaí neamhairgeadais a léiriú trína áireamh i misean na n-údarás custaim tagairt shonrach do na leasanna poiblí uile sin a chosaint agus, i gcás inarb infheidhme, trí reachtaíocht náisiúnta, i ndlúthchomhar le húdaráis eile.
- (6) I bhfianaise na forbartha ar an ról atá acu agus ar na samhlacha gnó ina n-oibríonn siad, agus chun go ngníomhóidh údaráis chustaim 'mar údarás amháin' agus go rannchuideoidh siad le feidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh, is gá tuairisc níos beaichte a thabhairt ar an misean atá le déanamh ag údaráis chustaim trína gcuspóirí agus a gcúraimí a léiriú níos cruinne.
- (7) Ba cheart sainmhínte áirithe a leagtar amach in Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 a oiriúnú chun raon feidhme níos leithne an Rialacháin seo a chur san áireamh, chun iad a ailíniú leo sin a leagtar amach i ngníomhartha eile de chuid an Aontais, agus chun téarmaíocht a bhfuil bríonna éagsúla léi in earnálacha éagsúla a shoiléiriú. Ba cheart sainmhínte nua a áireamh i reachtaíocht chustaim chun róil agus freagrachtaí gníomhaithe áirithe sna próisis chustaim a shoiléiriú. I gcás an allmhaireora agus an onnmhaireora, ba cheart sainmhínte nua a bheith ann lena gcuirfear na daoine sin

faoi dhliteanas i leith chomhlíontacht na n-earraí, lena n-áirítear i gcás rioscaí airgeadais agus neamhairgeadais, chun maoirseacht custaim a neartú. I gcás choincheap nua an allmhaireora mheasta, ba cheart a áirithiú le sainmhínithe nua go measfar gurb é an t-oibreoir eacnamaíoch, agus ní an tomhaltóir, an t-allmhaireoir i gcásanna áirithe, i gcomhthéacs díolacháin ar líne ó lasmuigh den Aontas Eorpach, agus go nglacfaidh sé na freagrachtaí comhfhreagracha. Ba cheart sainmhínithe nua a thabhairt isteach freisin i ndáil le raon feidhme níos leithne na bhforálacha maoirseachta custaim, bainistíochta riosca agus rialuithe custaim.

- (8) Lasmuigh dá ról traidisiúnta chun dleachtanna custaim, CBL agus dleachtanna máil a bhailiú agus reachtaíocht chustaim a chur i bhfeidhm, tá ról ríthábhachtach ag údarais chustaim chun forfheidhmiú a dhéanamh freisin ar reachtaíocht eile an Aontais agus, i gcás inarb infheidhme, reachtaíocht náisiúnta eile maidir le hábhair chustaim. Ba cheart sainmhíniú ar an 'reachtaíocht eile [sin] a chuireann na húdarais chustaim i bhfeidhm' a thabhairt isteach chun creat éifeachtach a fhorbairt lena ndéanfar cur i bhfeidhm agus maoirseacht na gceanglas áirithe sin maidir le hearraí a rialáil. Is féidir údar a thabhairt le toirmisc agus srianta den sórt sin ar mhaithe, *inter alia*, leis an moráltacht phoiblí, leis an mbeartas poiblí nó leis an tslándáil phoiblí; le sláinte agus beatha an duine nó ainmhithe nó plandaí a chosaint; leis an gcomhshaol a chosaint, le seoda náisiúnta atá luachmhar ó thaobh na healaíne, na staire nó na seandálaíochta a chosaint agus le réadmhaoin thionsclaíoch nó tráchtála agus leasanna poiblí eile a chosaint, lena n-áirítear rialuithe ar réamhtheachtaithe drugaí, ar earraí a sháraíonn cearta maoine intleachtúla áirithe agus ar airgead tirim. Ba cheart a áireamh freisin i gcoincheap na reachtaíochta eile a chuireann na húdarais chustaim i bhfeidhm bearta beartais tráchtála agus bearta bainistíochta agus caomhnaithe iascaigh, chomh maith le bearta sriantacha a ghlactar ar bhonn Airteagal 215 CFAE.
- (9) Chun soiléireacht dhlíthiúil a mhéadú, ba cheart rialacha áirithe maidir le cinntí custaim a leasú. Ar an gcéad dul síos, is iomchuí a shoiléiriú gurb é an t-údarás custaim atá inniúil as cinneadh custaim a dhéanamh údarás custaim na háite ina bhfuil an t-iarratasóir bunaithe, toisc gurb í an bhunaíocht an phríomhphrionsabal ar dá réir a fhéadann oibreoirí eacnamaíocha áirithe, faoi choinníollacha áirithe agus i dtráthchlár réamhchinntithe, tairbhiú de na simplithe a thugtar isteach leis an Rialachán seo agus dleachtanna custaim a íoc san áit a bhfuil siad bunaithe. Ar an dara dul síos, ar mhaithe le hiomláine agus soiléireacht dhlíthiúil, ba cheart a áireamh ann freisin an uasteorainn ama 30 lá faoina bhfuil faisnéis bhreise le soláthar ag iarratasóir d'údarais chustaim i gcásanna ina mbreithníonn na húdarais sin nach bhfuil san iarratas ar chinneadh an fhaisnéis uile a cheanglaítear.
- (10) Ba cheart a shoiléiriú cén iarmhairt a bheadh ann mura ndéanfadh údarás custaim cinneadh ar iarratas a fháil laistigh de na teorainneacha ama bunaithe. Ba cheart an prionsabal a bhunú freisin go meastar sa chás sin go bhfuil an t-iarratas faoi réir cinneadh diúltach agus go bhféadfaidh an t-iarratasóir achomharc a thaisceadh, i gcomhréir leis an riail ghinearálta maidir le cinntí custaim.
- (11) Mar a chuir Cúirt Iniúchóirí na hEorpa³ i dtábhacht agus mar a cuireadh i dtábhacht sa mheastóireacht ar chur chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, is inmhianta freisin aghaidh a thabhairt ar an easpa faireacháin aonfhoirmigh ar chomhlíonadh na gcritéar agus na n-oibleagáidí a leagtar amach i gcinntí custaim, trí fhorálacha ábhartha

³ Tuarascáil Speisialta Uimh. 4/2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: Rialuithe custaim: cuireann comhchuibhiú neamh- leordhóthanach isteach ar leasanna airgeadais an Aontais.

a threisiú. Ar thaobh amháin, ní hamháin gur cheart do shealbhóirí cinntí na hoibleagáidí a leagtar amach sa chinneadh ábhartha a chomhlíonadh, ach ba cheart dóibh freisin faireachán a dhéanamh ar a gcomhlíontacht ar bhonn leanúnach agus foráil a dhéanamh maidir le heagraíocht inmheánach ina bhféadann gníomhaíochtaí faireacháin (féinfhaireacháin) den sórt sin aon earráid a d'fhéadfadh a bheith ina bpróisis chustaim a chosc, a mhaolú nó a leigheas. Ar an taobh eile, ba cheart d'údaráis chustaim faireachán tráthrialta a dhéanamh ar chur chun feidhme cinntí custaim ag sealbhóirí na gcinntí sin, go háirithe i gcás ina mbeidh siad bunaithe ar feadh tréimhse is lú ná 3 bliana agus inar mó an seans, dá bhrí sin, go mbeidh rioscaí ag baint leo, chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an duine sin na hoibleagáidí a leagtar síos leis na cinntí custaim. Tá sé sin ábhartha go háirithe i gcás ina dtairbheoidh na daoine sin de stádas sonrach amhail stádas mar Oibreoir Eacnamaíoch Údaraithe (AEO) nó mar thrádálaí Iontaoibhe agus Seiceála, a ndéantar roinnt éascuithe dóibh i bpróisis chustaim. Ina theannta sin, chun bainistíocht riosca ar leibhéal an Aontais a neartú, ba cheart d'údaráis chustaim fógra a thabhairt d'Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh faoi gach cinneadh a dhéantar ar iarratas a fháil agus an tÚdarás sin a chur ar an eolas faoi na gníomhaíochtaí faireacháin, ionas gur féidir an fhaisnéis sin a chur san áireamh chun críocha bainistíochta riosca.

- (12) I dteannta na gcinntí a bhaineann le faisnéis taraife cheangailteach (cinntí FTC), nó cinntí a bhaineann le faisnéis cheangailteach i leith tionscnaimh (cinntí FCT) arna nglacadh ag údaráis chustaim ar iarratas a fháil agus faoi réir coinníollacha áirithe, tugadh cinntí a bhaineann le faisnéis luachála cheangailteach (cinntí FLC) isteach i reachtaíocht chustaim trí Rialachán Tarmligthe (AE) .../...⁴ ón gCoimisiún. Ar mhaithe le húsáideoirí reachtaíochta custaim, is iomchuí na rialacha maidir leis na trí chineál cinntí sin a bhaineann le faisnéis cheangailteach a leagan síos sa ghníomh dlí céanna.
- (13) Cearta agus oibleagáidí na ndaoine atá freagrach as na hearraí a bheith ag teacht isteach i gcríoch chustaim an Aontais agus ag imeacht uaithi, ba cheart iad a shainiú ní ba shoiléire. Is é an chéad oibleagáid i gcónaí ba cheart a bheith ar dhaoine a mbíonn oibríochtaí tráthrialta custaim acu a bheith cláraithe leis na húdaráis chustaim atá freagrach as an áit ina bhfuil siad bunaithe. Ba cheart clárú aonair a bheith bailí le haghaidh an aontais custaim ina iomláine ach ba cheart é a bheith cothrom le dáta. Ba cheart, dá bhrí sin, an oibleagáid a bheith ar oibreoirí eacnamaíocha na húdaráis chustaim a chur ar an eolas faoi aon athrú ar a gcuid sonraí clárúcháin. Na daoine atá freagrach as na hearraí a bheith ag teacht isteach i gcríoch chustaim an Aontais agus ag imeacht uaithi, tá siad faoi dhliteanas i leith aon riosca sábháilteachta agus slándála a bhaineann leis na hearraí do shaoránaigh, chomh maith le rioscaí do shláinte agus beatha an duine, ainmhithe nó plandaí, don chomhshaol nó do thomhaltóirí. Ba cheart oibleagáidí an allmhaireora a shainiú freisin, go háirithe an oibleagáid go mbeidh sé bunaithe i gcríoch chustaim an Aontais agus na heisceachtaí ar an oibleagáid sin. Ba cheart dóibh sin na rialacha atá ann cheana maidir leis an dearbhóir a bheith bunaithe san Aontas a leanúint. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart oibleagáidí an onnmhaireora a shainiú.

⁴ [IO: Cuir isteach sa téacs uimhir] Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/... ón gCoimisiún an 11 MM 2023 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 a mhéid a bhaineann le cinntí a bhaineann le faisnéis cheangailteach i réimse na luachála custaim agus cinntí a bhaineann le faisnéis cheangailteach i leith tionscnaimh) [agus cuir isteach uimhir, dáta, teideal agus tagairt IO an Rialacháin Tharmligthe sin san fhonóta seo].

- (14) Ba cheart oibleagáidí na n-allmhaireoirí measta, atá éagsúil leis na hoibleagáidí is infheidhme maidir le hallmhaireoirí [maidir leis an gcuid eile d'allmhaireoirí], a shoiléiriú freisin. Go sonrach, ba cheart foráil a dhéanamh maidir le go ndéanfaidh an t-allmhaireoir measta an fhaisnéis is gá chun na hearraí díolta a scaoileadh i saorchúrsaíocht, chomh maith leis an bhfaisnéis nach mór don allmhaireoir measta a bhailiú chun críocha CBL, a sholáthar do na húdaráis chustaim. Tugtar mionsonraí faoin bhfaisnéis sin i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 282/2011 ón gComhairle⁵.
- (15) Oibreoirí eacnamaíocha a chomhlíonann critéir agus coinníollacha áirithe chun go measfaidh údaráis chustaim gur trádálaithe comhlíontacha iontaofa iad, is féidir stádas AEO a dheonú dóibh agus féadfaidh siad tairbhiú dá réir sin d'éascuithe i bpróisis chustaim. Cé go n-áirithítear le scéim AEO go bhfuil na trádálaithe a bhíonn ag déileáil leis an gcuid is mó de thrádáil an Aontais ina dtrádálaithe iontaofa, tá laigí áirithe inti a cuireadh i dtábhacht sa mheastóireacht ar Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 agus i dtorthaí Chúirt Iniúchóirí na hEorpa. Chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair inní sin, go háirithe maidir le cleachtais náisiúnta éagsúla agus dúshlán maidir le faireachán ar chomhlíontacht AEO, ba cheart na rialacha a leasú chun oibleagáid a thabhairt isteach ar na húdaráis chustaim faireachán a dhéanamh ar chomhlíontacht gach 3 bliana ar a laghad.
- (16) Mar gheall ar na hathruithe ar na próisis chustaim agus ar an mbealach a n-oibrítear na húdaráis chustaim, tá comhpháirtíocht nua le hoibreoirí eacnamaíocha ag teastáil, is é sin an scéim um thrádálaithe Iontaoibhe agus Seiceála. Na critéir agus na coinníollacha chun go dtiocfaidh trádálaí chun bheith ina thrádálaí Iontaoibhe agus Seiceála, ba cheart dóibh critéir AEO a fhorbairt agus ba cheart a áirithiú leo freisin go measfar go bhfuil an trádálaí trédhearcach do na húdaráis chustaim. Dá bhrí sin, is iomchuí a chur de cheangal ar oibreoirí Iontaoibhe agus Seiceála rochtain a dheonú do na húdaráis chustaim ar a gcórais leictreonacha lena gcoimeádtar taifead ar a gcomhlíontacht agus ar ghluaiseacht a gcuid earraí. Ba cheart tairbhí áirithe a bheith ag gabháil leis an trédhearcacht, go háirithe an fhéidearthacht go scaoilfear na hearraí thar ceann lucht custaim gan gá a bheith lena n-idirghabháil ghníomhach, ach amháin i gcás ina gceanglaítear le reachtaíocht eile a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm go bhformheastar an scaoileadh roimh ré agus chun íocaíocht an fhéich custaim a chur siar. Ós rud é gur cheart an modh oibre sin a bheith ag dul in ionad an chinn atá bunaithe ar dhearbhuith custaim de réir a chéile, is iomchuí oibleagáid na n-údaráis custaim athmheasúnú a dhéanamh ar na húdaráis AEO atá ann cheana i dtaca le simplithe custaim go dtí deireadh na hidirthréimhse a bhunú.
- (17) Is gá an ról atá ag ionadaithe custaim a shoiléiriú freisin mar gheall ar na hathruithe ar na próisis chustaim. Ba cheart a bheith in ann ionadaíocht dhíreach agus indíreach araon a dhéanamh i gcónaí, ach ba cheart a shoiléiriú go nglacann ionadaí indíreach allmhaireora nó onnmhaireora na hoibleagáidí uile atá ar allmhaireoirí nó onnmhaireoirí chuige féin, ní hamháin an oibleagáid chun an fiach custaim a íoc nó a ráthú ach an oibleagáid chun reachtaíocht eile a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm a urramú freisin. Ar an gcúis sin, ní mór d'ionadaithe custaim a bheith ina gcónaí i gcríoch chustaim an Aontais ina ndéanann siad ionadaíocht d'allmhaireoirí nó onnmhaireoirí, chun cuntasacht chuí i leith gnéithe airgeadais agus neamhairgeadais a

⁵ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 282/2011 ón gComhairle an 15 Márta 2011 lena leagtar síos bearta cur chun feidhme do Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcóras comhchoiteann cánach breisluacha (IO L 077, 23.3.2011, lch. 1).

áirithiú. Úsáid a bhaint as ionadaí indíreach custaim atá bunaithe san Aontais, is rogha mhalartach chomhréireach dá bhrí sin í atá ar fáil d'allmhaireoirí agus onnmhaireoirí nach bhfuil láithreach trachtála san Aontas acu. Thairis sin, ionadaithe custaim atá bunaithe i dtírú tíortha, féadfaidh siad leanúint de bheith ag soláthar a gcuid seirbhísí san Aontas i gcás ina ndéanfaidh siad ionadaíocht do dhaoine nach gceanglaítear orthu a bheith bunaithe laistigh de chríoch chustaim an Aontais.

- (18) Chun leibhéal aonfhoirmeach digitithe a áirithiú agus chun cothroime iomaíochta d'oibreoirí eacnamaíocha sna Ballstáit uile a chruthú, ba cheart Mol Sonraí Custaim AE a bhunú mar thacar córas agus seirbhísí leictreonacha láraithe, slána agus cibear- athléimneacha chun críoch custaim. Ba cheart do Mhol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh cáilíocht, sláine, inrianaitheacht agus neamhshéanadh sonraí a phróiseáil ann a áirithiú, ionas nach mbeidh an seoltóir ná an faighteoir in ann a dhíospóid ar ball gur ann don mhalartú sonraí. Ba cheart do Mhol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh na rialacháin ábhartha maidir le próiseáil sonraí pearsanta agus cibearshlándaíl a chomhlíonadh. Ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh a dhearadh go comhpháirteach. Ba cheart a chur de chúram ar an gCoimisiún freisin Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh a rialú, a chur chun feidhme agus a choinneáil ar bun, rud a fhéadfaidh sé a tharmligean do chomhlacht eile de chuid an Aontais.
- (19) I gcomhréir le cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh⁶ le déanaí, is iomchuí a shoiléiriú nach n-eisiatar ón uathmhalartú faisnéise idir oibreoirí eacnamaíocha agus údarais chustaim ag Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh agus trína bhithin an fhreagracht atá ar na húdarais nó na hoibreoirí sin i ndáil leis na próisis chustaim lena mbaineann. Fiú i gcás inarb amhlaidh go bhfuil an bhaint ag údarais chustaim teoranta don chumarsáid leictreonach sin trí Mhol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh, ba cheart a bhreithniú go bhfuil beart arna ghlacadh ag na húdarais sin amhail agus dá ngníomhódh Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh thar a gceann.
- (20) Ba cheart do Mhol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh an malartú sonraí le córais, ardáin nó timpeallachtaí eile a chumasú chun méadú a dhéanamh ar cháilíocht na sonraí a úsáideann lucht custaim chun a gcúraimí a dhéanamh, agus chun sonraí custaim ábhartha a roinnt le húdarais eile, chun éifeachtacht rialuithe sa mhargadh inmheánach a mhéadú. I gcomhréir leis an gcur chuige a leagtar amach i Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁷ agus sa Chreat Eorpach Idir- inoibritheachta⁸, ba cheart do Mhol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh an idir- inoibritheacht trasteorann agus trasearnála san Eoraip a chothú. Ba cheart dó leas a bhaint as acmhainn foinsí faisnéise riosca atá ann cheana agus ar fáil ar leibhéal an Aontais, amhail na córais mhear- rabhaidh um bia don duine agus d'ainmhithe (RASFF) agus um tháirgí neamhbhia (Geata Sábháilteachta), an Córas Faisnéise agus Cumarsáide maidir le Faireachas Margaidh (ICSMS), an Tairseach Forfheidhmiúcháin um Maoin Intleachtúil. Ba cheart dó a bheith mar bhonn taca faoi chomhar

⁶ Cás t-81/22 (IO C 148, 4.4.2022).

⁷ [IO: Cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad COM/2022/720 final – 2022/0379 (COD) agus cuir isteach uimhir, dáta, teideal agus tagairt IO san fhonóta seo.] Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos bearta maidir le hardleibhéal idir- inoibritheachta san earnáil phoiblí ar fud an Aontais (an Gníomh um Eoraip Idir- inoibritheach) [COM/2022/720 final – 2022/0379 (COD)] (IO L ..., ..., 2023, lch.).

⁸ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún – An Creat Idir-Inoibritheachta Eorpach – Straitéis Cur Chun Feidhme, (COM/2017/0134 final).

straitéiseach agus oibríochtúil a fhorbairt, lena n-áirítear malartú faisnéise agus idir-inoibritheacht, idir lucht custaim agus údaráis, comhlachtaí agus seirbhísí eile laistigh dá n-inniúlachtaí faoi seach. Thairis sin, ba cheart do Mhol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh raon leathan ard-anailísíochta sonraí a sholáthar, lena n-áirítear freisin trí intleacht shaorga a úsáid. Leis an anailís sonraí sin, ba cheart anailís riosca, anailís eacnamaíoch agus anailís thuarthach a chumasú ionas go mbeidh coinne le rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le coinsíneachtaí a thagann isteach san Aontas nó a imíonn uaidh. Chun a áirithiú go mbeidh maoirseacht níos fearr ar shreafaí trádála agus bealach cuíchóirithe ann chun dul i gcomhar le húdaráis seachas údaráis chustaim, ba cheart Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh a bheith in ann úsáid a bhaint as creat comhair Thimpeallacht an Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam agus, i gcás nach féidir an creat sin a úsáid, ba cheart dó seirbhís shonrach a chur ar fáil do na húdaráis sin trína bhféadfaidh siad na sonraí ábhartha a fháil, faisnéis a sholáthar agus a roinnt leis na húdaráis chustaim agus a áirithiú go gcomhlíontar na ceanglais earnálacha. Ba ghá sin i gcás nach mbeadh córas leictreonach ag na húdaráis eile a d'fhéadfaí a chónascadh le Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh.

- (21) I dteannta Mhol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh, féadfaidh na Ballstáit a bhfeidhmchláir féin a fhorbairt chun sonraí ó Mhol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh a úsáid. Chun na críche sin, agus chun an tréimhse chuig an margadh a laghdú, féadfaidh na Ballstáit an t-airgeadas agus an sainordú chun feidhmchláir den sórt sin a fhorbairt a chur ar iontaoibh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh. Sa chás sin, ba cheart d'Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh na feidhmchláir a fhorbairt chun leasa na mBallstát uile. D'fhéadfaí an méid sin a dhéanamh trí fheidhmchláir cóid foinse oscailte a chruthú de réir an Chreata um Chomhroinnt agus Athúsáid.
- (22) Ba cheart do Mhol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh an sreabh sonraí seo a leanas a chumasú. Ba cheart oibreoirí eacnamaíocha a bheith in ann na sonraí ábhartha uile a cheanglaítear chun reachtaíocht chustaim a chomhlíonadh a chur faoina bhráid nó a chur ar fáil ann. Ba cheart na sonraí sin a phróiseáil ar leibhéal an Aontais agus a shuibhiú le hanailís riosca uile- Aontais. Ba cheart na sonraí a thiocfaidh as sin a chur ar fáil d'údaráis chustaim na mBallstát, a d'úsáidfadh na sonraí chun a n-oibleagáidí a chomhlíonadh. Ar deireadh, ba cheart toradh na rialuithe a dhéantar tar éis sonraí a fháil ó Mhol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh a thuairisciú ar ais don Mhol Sonraí sin.
- (23) Na sonraí a chuirtear faoi bhráid Mhol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh, is sonraí neamhphearsanta den chuid is mó iad arna gcur isteach ag oibreoirí eacnamaíocha maidir leis na hearraí atá á dtrádáil acu. Mar sin féin, áireofar ar na sonraí sin sonraí pearsanta freisin, go háirithe ainmneacha daoine aonair a ghníomhaíonn thar ceann oibreora eacnamaíoch nó údaráis. Chun a áirithiú go dtabharfar cosaint chomhionann do shonraí pearsanta agus d'fhaisnéis tráchtála, is iomchuí rialacha sonracha rochtana, rialacha maidir le rúndacht agus coinníollacha maidir le húsáid Mhol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh a bhunú leis an Rialachán seo. Go sonrach, ba cheart a bhunú cé na heintitis a fhéadfaidh sonraí atá stóráilte nó ar fáil ar bhealach eile i Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh a rochtain nó a phróiseáil, i dteannta na ndaoine, an Choimisiúin, na n-údarás custaim agus Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh, agus cothromaíocht á baint amach idir riachtanais na n-eintiteas sin agus an riachtanas go n-áiritheofar nach ndéanfar na sonraí pearsanta agus rúnda a bhailítear chun críoch custaim a úsáid chun críoch breise ach a mhéid is lú is gá.
- (24) Chun a áirithiú go mbeidh an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) in ann a cumhachtaí imscrúdúcháin a fheidhmiú i ndáil le gníomhaíochtaí calaoiseacha a

dhéanann difear do leasanna an Aontais, is iomchuí rochtain a bheith aici ar shonraí ó Mhol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh agus an rochtain sin a bheith an- chosúil leis an rochtain atá ag an gCoimisiún. Dá bhrí sin, ba cheart OLAF a bheith i dteideal na sonraí a phróiseáil i gcomhréir leis na coinníollacha a bhaineann le cosaint sonraí i reachtaíocht ábhartha an Aontais, lena n-áirítear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁹ agus Rialachán (AE) Uimh. 515/97 ón gComhairle¹⁰. Chun a áirithiú go mbeidh OIPE (Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh) in ann a himscrúduithe a dhéanamh ar ábhair a bhaineann le custaim, ba cheart í a bheith i dteideal rochtain a iarraidh ar na sonraí i Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh. Chun na feidhmeanna a dhéantar i gcórais TF náisiúnta na mBallstát a chaomhnú, ba cheart an deis a bheith ag údarais chánach na mBallstát na sonraí a phróiseáil go díreach laistigh de Mhol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh nó na sonraí a asbhaint ó Mhol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh agus iad a phróiseáil ar mhodhanna eile. Dá réir sin, údarais atá freagrach as sábháilteacht bia i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹¹ agus na húdarais atá freagrach as faireachas margaidh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/1020, ba cheart na seirbhísí agus na huirlisí cearta a sholáthar dóibh i Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh sa chaoi go n-úsáidfí siad na sonraí custaim ábhartha chun rannchuidiú le forfheidhmiú reachtaíocht ábhartha an Aontais agus dul i gcomhar le húdarais chustaim chun na rioscaí go dtiocfaidh táirgí neamhchomhlíontacha isteach san Aontas a laghdú. Arna iarraidh sin dó, is iomchuí rochtain a bheith ag Europol ar shonraí i Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh chun go mbeidh sé in ann a chúraimí a dhéanamh mar a shonraítear i Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹². Ba cheart rochtain ar shonraí neamhphearsanta i Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh a bheith ag gach comhlacht agus údarás eile an Aontais agus gach comhlacht agus údarás náisiúnta eile, lena n-áirítear an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cóstá (Frontex).

⁹ Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith- Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1).

¹⁰ Rialachán (CE) Uimh. 515/97 ón gComhairle an 13 Márta 1997 maidir le cúnamh frithpháirteach idir údarais riaracháin na mBallstát agus maidir le comhar idir na Ballstáit agus an Coimisiún chun a áirithiú go gcuirtear an dlí i bhfeidhm i gceart maidir le hábhair chustaim agus ábhair thalmhaíochta (IO L 82, 22.3.1997, lch. 1).

¹¹ Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh 1151/2012, (AE) Uimh 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 agus (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE ón gComhairle agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla)(IO L 95, 7.4.2017, lch. 1).

¹² Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus lena n-aisghairtear Cinntí 2009/371/CGB, 2009/934/CGB, 2009/935/CGB, 2009/936/CGB agus 2009/968/CGB ón gComhairle agus a ghabhann ionad na gCinntí sin (IO L 135, 24.5.2016, lch. 53).

- (25) Na rialacha agus na forálacha maidir le rochtain ar Mhol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh agus maidir le malartú faisnéise, níor cheart dóibh difear a dhéanamh don Chóras Faisnéise Custaim (CIS) a bhunaítear le Rialachán (CE) Uimh. 515/97 ná d'oibleagáidí tuairiscithe faoi Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach.
- (26) Ba cheart don Choimisiún na módúlachtaí a leagan síos maidir le rochtain na n-údarás sin ar fad agus rialacha á gcur chun feidhme aige, tar éis measúnú a dhéanamh ar na coimircí atá ann cheana atá i bhfeidhm ag gach údarás nó ag gach catagóir údarás chun a áirithiú go gcaithfear i gceart le sonraí íogaire pearsanta agus tráchtála.
- (27) Is iomchuí sonraí pearsanta a bheith á stóráil i Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh ar feadh uastréimhse 10 mbliana. Tá údar leis an tréimhse sin i bhfianaise na féidearthachta go dtabharfaidh údarais chustaim fógra faoin bhfiach custaim suas le 10 mbliana tar éis an fhaisnéis is gá a fháil maidir le coinsíneacht, agus chun a áirithiú go mbeidh an Coimisiún, Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh, OLAF, údarais chustaim agus údarais seachas údarais chustaim in ann an fhaisnéis i Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh a chros- seiceáil in aghaidh na faisnéise a stóráiltear i gcórais eile agus a mhalartaítear leo. Thairis sin, ba cheart an tréimhse ama sin a bheith ailínithe leis an tréimhse stórála a cheanglaítear le reachtaíocht eile a chuireann na húdarais chustaim i bhfeidhm, i gcás ina mbeidh an reachtaíocht sin ábhartha do rialuithe custaim. Is iomchuí freisin an tréimhse coinneála sonraí a chur ar fionraí tráth ar bith a cheanglaítear sonraí pearsanta chun críoch imeachtaí breithiúnacha agus riaracháin, imscrúduithe agus le linn rialuithe iarscaoilte, ionas nach léirsciosfar na sonraí pearsanta chun nach bhféadfaí iad a úsáid chun na gcríoch sin.
- (28) Ba cheart rialacha maidir le cearta ábhar sonraí a shrianadh a bheith san áireamh freisin i gcosaint sonraí pearsanta agus eile i Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh. Dá bhrí sin, is iomchuí go bhféadfadh na húdarais chustaim, an Coimisiún nó Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh srian a chur le ceart ábhar sonraí i gcás inar gá sin chun a áirithiú nach gcuirfear gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin, anailís riosca agus rialuithe custaim i mbaol. Thairis sin, d'fhéadfaí srianta den sórt sin a chur i bhfeidhm freisin i gcás inar gá chun imeachtaí breithiúnacha nó riaracháin a chosaint tar éis gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin. Ba cheart údar cuí a bheith leis na srianta i dtéarmaí gníomhaíochtaí agus sainphribhléidí lucht custaim agus ba cheart iad a bheith teoranta don tréimhse is gá chun na sainphribhléidí sin a chaomhnú.
- (29) Aon phróiseáil sonraí pearsanta faoin Rialachán seo, ba cheart í a dhéanamh i gcomhréir le forálacha Rialachán (AE) 2016/679, Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle nó Threoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, laistigh de raon feidhme a gcur i bhfeidhm faoi seach.
- (30) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 agus thug sé tuairim uaidh an [...].
- (31) Is rud bunúsach é sraith bainistíochta riosca custaim ar leibhéal an Aontais a bheith ann chun a áirithiú go gcuirfear rialuithe custaim i bhfeidhm go comhchuibhithe sna Ballstáit. Is ann faoi láthair do chreat coiteann bainistíochta riosca lena gcuimsítear an fhéidearthacht go ndéanfaí réimsí coiteanna rialaithe tosaíochta agus critéir agus caighdeáin choiteanna riosca a shainaithint i réimse an riosca airgeadais chun rialuithe custaim a dhéanamh, ach tá easnaimh mhóra ann. Chun aghaidh a thabhairt ar an díobháil a dhéantar do leasanna airgeadais agus neamhairgeadais an Aontais agus na mBallstát toisc nach bhfuil rialuithe custaim á gcur i bhfeidhm go comhchuibhithe

agus toisc go bhfuil easpa bainistíochta riosca comhchuibhithe ann, is iomchuí na rialacha a leasú chun cur chuige níos stóinsí i leith bainistíocht riosca a bhunú lena dtabharfar aghaidh ar rioscaí airgeadais agus neamhairgeadais araon. Áirítear leis sin dul i ngleic leis na dúshláin struchtúracha maidir leis an mbainistíocht riosca ar rioscaí airgeadais a shainaithin Cúirt Iniúchóirí na hEorpa. Go sonrach, is iomchuí tuairisc a thabhairt ar na gníomhaíochtaí a chuimsítear i mbainistíocht riosca custaim, i gcur chuige timthriallach. Tá sé tábhachtach na ról agus na freagrachtaí atá ag an gCoimisiún, ag Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh agus ag údaráis chustaim na mBallstát a shainaithint freisin. Tá sé fíor-riachtanach freisin foráil a dhéanamh maidir le go bhféadfaidh an Coimisiún réimsí coiteanna rialaithe tosaíochta agus critéir agus caighdeáin choiteanna riosca a bhunú, agus go bhféadfaidh sé réimsí sonracha a shainaithint i réimse reachtaíochta eile a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm ar fiú tosaíocht a thabhairt dóibh le haghaidh bainistíocht choiteann riosca agus rialuithe, gan an tslándáil a chur i mbaol.

- (32) Dá bhrí sin, is iomchuí gníomhaíochtaí agus forálacha bainistíochta riosca ar leibhéal an Aontais a thabhairt isteach chun a áirithiú go ndéanfar sonraí cuimsitheacha atá ábhartha don bhainistíocht riosca, lena n-áirítear torthaí na rialuithe uile agus meastóireacht orthu, a bhailiú ar leibhéal an Aontais. Déantar foráil leis maidir le hanailís choiteann riosca agus moltaí comhfhreagracha ón Aontas maidir le rialú a bheith á n-eisiúint d'údaráis chustaim. Ba cheart na moltaí sin maidir le rialú a chur chun feidhme, nó cúiseanna a lua maidir le cén fáth nár cuireadh i bhfeidhm iad. Ba cheart foráil a dhéanamh freisin maidir leis an bhféidearthacht go n-eiseofaí treoir nach bhféadfar earraí atá ceaptha don Aontas a luchtú nó a iompar. An anailís ar rioscaí agus bagairtí ar leibhéal an Aontais, ba cheart í a bheith bunaithe ar shonraí ar leibhéal an Aontais a thabharfar cothrom le dáta go leanúnach agus ba cheart na bearta agus na rialuithe atá le déanamh ag na pointí trasnaithe teorann isteach i gcríoch an Aontais agus amach uaithi a shainaithint léi. I gcomhthéacs an chomhair le húdaráis forfheidhmithe dlí agus slándála go háirithe, ba cheart an bhainistíocht riosca ar leibhéal an Aontais, i gcás inar féidir, a bheith ag rannchuidiú le hanailísí straitéiseacha agus measúnuithe ar bhagairtí arna ndéanamh ar leibhéal an Aontais agus ag tairbhiú díobh, lena n-áirítear iad siúd a dhéanann Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus an Gníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex) chun rannchuidiú leis an gcoireacht a chosc agus a chomhrac go héifeachtúil agus go héifeachtach.
- (33) Ní mór athbhreithniú a dhéanamh ar an bpróiseas ina gcuirtear earraí faoi nós imeachta custaim chun ról agus freagrachtaí nua na ndaoine a bhfuil baint acu leis an nós imeachta a léiriú. Dá réir sin, is é an duine atá freagrach as na hearraí a ghlacfaidh an fhreagracht as an bhfaisnéis a sholáthar do na húdaráis chustaim: an t-allmhaireoir, an t-onnmhaireoir nó sealbhóir an nós imeachta idirthurais, seachas an dearbhóir. Ba cheart dóibh na sonraí a sholáthar nó a chur ar fáil do lucht custaim a luaith a bheidh siad ar fáil agus in aon chás sula scaoilfear na hearraí chun nós imeachta custaim, ionas go dtabharfar caoi do na húdaráis chustaim anailís riosca agus bearta iomchuí a dhéanamh. Ós rud é go bhfuil méideanna níos mó idirbheart ag allmhaireoirí measta sa ríomhthráchtáil agus oibleagáid orthu an fiach custaim a ríomh tráth an díolacháin, seachas tráth scaoilte na n-earraí, is iomchuí uainiú a n-oibleagáide tuairiscithe a oiriúnú. Ba cheart d'allmhaireoirí measta sonraí maidir lena ndíolacháin earraí atá le hallmhairiú a sholáthar dá bhrí sin an lá a ghlactar an íocaíocht ar a dhéanaí. Os a choinne sin, in imthosca a bhfuil údar cuí leo, ba cheart na húdaráis chustaim bheith in ann trádálaithe Iontaoibhe agus Seiceála a údarú chun na sonraí maidir lena n-earraí

scaoilte a thabhairt i gcrích ag céim níos déanaí, ós rud é go mbíonn na trádálaithe sin ag roinnt sonraí maidir lena n-idirbhearta le lucht custaim go leanúnach agus gur cheart iad a mheas a bheith iontaofa. D'fhéadfaí a áireamh ar na himthosca sin é a bheith dodhéanta luach custaim deiridh na n-earraí a chinneadh tráth a scaoilte toisc go bhfuil sé nasctha le Conradh Todhchaíochtaí, nó an gá na doiciméid tacaíochta ábhartha a fháil gan tionchar a bheith acu sin ar ríomh an fhéich custaim.

- (34) Chun an próiseas custaim maidir le hearraí a bheith ag teacht isteach i gcríoch chustaim an Aontais a shimpliú agus chun a áirithiú an tráth céanna go mbeidh duine aonair amháin freagrach as na hearraí sin, ba cheart do ghníomhaithe éagsúla sa slabhra soláthair a gcuidsean den fhaisnéis ábhartha maidir leis na hearraí lena mbaineann a sholáthar agus a nascadh le coinsíneacht shonrach. Níor cheart earraí teacht isteach ach amháin má tá allmhaireoir bunaithe san Aontas ann a ghlacann freagracht as na hearraí sin. Ba cheart don allmhaireoir faisnéis maidir leis na hearraí a sholáthar do lucht custaim agus don nós imeachta custaim faoinar cheart iad a chur, a luaithe is féidir, agus sula dtiocfaidh na hearraí i láthair go fisiceach más féidir. Ba cheart soláthraí seirbhíse nó gníomhaire custaim a bheith in ann an fhaisnéis maidir le hainm an allmhaireora a sholáthar agus í a sholáthar thar a cheann, ach is é an t-allmhaireoir a bheidh freagrach i gcónaí as comhlíontacht na n-earraí leis na rioscaí airgeadais agus neamhairgeadais a áirithiú. Na hiompróirí arb iadsan go héifeachtach a thugann na hearraí leo, ba cheart dóibhsean roinnt faisnéise maidir leis na hearraí a sholáthar freisin sula luchtófar iad nó sula dtiocfaidh siad ('réamhfaisnéis lasta') agus ba cheart dóibh a gcuid faisnéise a nascadh le faisnéis an allmhaireora i gcás inar cuireadh í sin isteach cheana, gan gá a bheith le rochtain ar na sonraí uile a sholáthair an t-allmhaireoir. Ina theannta sin, chun freastal ar shlabhraí soláthair agus líonraí iompair níos casta, d'fhéadfaí a cheangal ar dhaoine eile an fhaisnéis maidir leis na hearraí atá le tabhairt chuig críoch chustaim an Aontais a líonadh isteach. Ba cheart oibleagáid a bheith ar an allmhaireoir, ar an iompróir nó ar aon duine eile a chuireann faisnéis faoi bhráid lucht custaim í a leasú i gcás inarb eol dóibh nach bhfuil an fhaisnéis ceart a thuilleadh ach sula mbraithfidh na húdaráis chustaim neamhrialtachtaí ar mhian leo a rialú.
- (35) Na húdaráis chustaim atá freagrach as an áit a dtagann earraí isteach den chéad uair, ba cheart dóibh anailís riosca a dhéanamh ar an bhfaisnéis atá ar fáil maidir leis na hearraí sin agus ba cheart iad a bheith i dteideal raon leathan beart maolaithe a dhéanamh má bhraitheann siad riosca, lena n-áirítear rialuithe a iarraidh sula luchtófar na hearraí nó sula dtiocfaidh siad chuig críoch chustaim an Aontais, ag údarás custaim eile nó ag údaráis eile. Is é an t-iompróir is fearr a mbeadh a fhios aige, go ginearálta, cén uair a tháinig na hearraí, mar sin ba cheart dósan fógra a thabhairt faoi sin do lucht custaim. Chun freastal ar shlabhraí soláthair agus líonraí iompair níos casta, áfach, d'fhéadfaí a cheangal ar dhaoine eile fógra a thabhairt do na húdaráis chustaim faoi theacht na n-earraí chun go ndéanfaidh siad a n-anailís riosca. Chun a áirithiú go mbeidh réamhfaisnéis lasta ag na húdaráis chustaim maidir leis na hearraí uile a thugtar isteach i gcríoch chustaim an Aontais, ba cheart cosc a chur ar an iompróir earraí a dhíluchtú mura bhfuil aon fhaisnéis ann lena n-aghaidh, ach amháin má d'iarr na húdaráis chustaim ar an iompróir na hearraí a thíolacadh dóibh nó má tá cás éigeandála ann inar gá na hearraí a dhíluchtú. Os a choinne sin, chun an próiseas ina dtagann earraí isteach a bhfuil an réamhfaisnéis lasta iomchuí ag na húdaráis chustaim lena n-aghaidh cheana a dhéanamh níos rianúla, níor cheart a cheangal ar an iompróir na hearraí a thíolacadh do lucht custaim i ngach cás ach, ina ionad sin, é a dhéanamh i gcás ina n-iarraídh na húdaráis chustaim amhlaidh nó i gcás ina gceanglaítear sin le

reachtaíocht eile a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm agus sna cásanna sin amháin.

- (36) Earraí nach earraí de chuid an Aontais iad a thugtar isteach i gcíoch chustaim an Aontais, ba cheart a mheas go bhfuil siad á stóráil go sealadach ón tráth a thugann an t-iompróir fógra faoina dteacht go dtí an tráth a chuirtear faoi nós imeachta custaim iad ach amháin má tá siad faoi bhealach cheana. Chun a áirithiú go ndéanfar maoirseacht custaim iomchuí, ba cheart an cás sin a bheith faoi theorainn ama. Níor cheart an tréimhse stórála a bheith ní b'fhaide ná 10 lá, ach amháin i gcásanna eisceachtúla. Más gá don iompróir na hearraí a stóráil ar feadh tréimhse níos faide ná sin, ba cheart na hearraí a bheith i stóras custaim, áit ar féidir na hearraí a stóráil gan teorainn ama. Ba cheart na húdaruithe atá ann cheana le haghaidh suíomhanna stórála sealadaí a thiontú, dá bhrí sin, ina n-údaruithe stórais custaim má chomhlíontar na ceanglais ábhartha.
- (37) Na rialacha lena gcinntear an earraí de chuid an Aontais iad nó earraí nach earraí de chuid an Aontais atá ann agus an féidir glacadh leis gur earraí de chuid an Aontais iad nó an gá an stádas sin a chruthú, is gá iad a choinneáil ar bun, go háirithe i gcás ina bhfágfaidh na hearraí cíoch chustaim an Aontais go sealadach.
- (38) Nuair a bheidh ag an húdaráis chustaim an fhaisnéis is gá le haghaidh an nós imeachta ábhartha, ba cheart dóibh a chinneadh, bunaithe ar an anailís riosca, an ndéanfaidh siad tuilleadh rialuithe ar na hearraí, an scaoilfidh siad iad, an ndiúltóidh siad dá scaoileadh nó an gcuirfidh siad a scaoileadh ar fionraí nó an ligfidh siad an t-am dul i léig ionas go measfar na hearraí a bheith scaoilte. Ba cheart do na húdaráis chustaim déanamh amhlaidh i gcomhar le húdaráis eile, i gcás inar gá. Dá réir sin, ba cheart do na húdaráis chustaim diúltú do scaoileadh na n-earraí i gcás ina mbeidh fianaise acu nach gcomhlíonann na hearraí na ceanglais dlí is infheidhme. I gcás inar gá do na húdaráis chustaim dul i gcomhairle le húdaráis eile chun a chinneadh cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann na hearraí, ba cheart dóibh an scaoileadh a chur ar fionraí go dtí go ndéanfar an comhairliúchán ar a laghad. Sna cásanna sin, ba cheart an cinneadh a dhéanfaidh na húdaráis chustaim ina dhiaidh sin a bheith ag brath ar fhreagra na n-údarás eile. Ionas nach gcuirfear bac ar thrádálaithe agus údarás araon i gcásanna ina mbeidh roinnt ama ag teastáil chun teacht ar chonclúid maidir le comhlíontacht, ba cheart an deis a bheith ag na húdaráis chustaim na hearraí a scaoileadh ar choinníoll go leanfaidh an trádálaí de bheith á gcur ar an eolas maidir le suíomh na n-earraí ar feadh 15 lá ar a mhéad. Ar deireadh, chun deimhneacht dhlíthiúil a sholáthar do na trádálaithe a sholáthair an fhaisnéis in am gan oibleagáid a chur ar na húdaráis chustaim freagairt do gach coinsíneacht, ba cheart na hearraí nár roghnaíodh lena rialú a mheas a bheith scaoilte tar éis tréimhse réasúnta. Ba cheart an Coimisiún a bheith i dteideal an tréimhse ama sin a shainiú i rialacha tarmiligthe, á hoiriúnú, i gcás inar gá, don chineál tráchta nó don chineál pointí trasnaithe teorann.
- (39) A mhéid a sholáthraíonn trádálaithe Iontaoibhe agus Seiceála rochtain iomlán do lucht custaim ar a gcórais, a dtaifid agus a n-oibríochtaí, agus a mhéid a mheastar iad a bheith iontaofa, ba cheart iad a bheith in ann a gcuid earraí a scaoileadh faoi mhaoirseacht na n-údarás custaim gan fanacht lena n-idirghabháil. Dá réir sin, ba cheart trádálaithe Iontaoibhe agus Seiceála a bheith in ann earraí a scaoileadh le haghaidh aon nós imeachta dul isteach tráth a fhaightear na hearraí ag an gceann scríbe deiridh nó le haghaidh aon nós imeachta fágála san áit a seachadtar na hearraí. Toisc go meastar na trádálaithe Iontaoibhe agus Seiceála a bheith trédhearcach, ba cheart an teacht agus/nó an seachadadh a thaifeadadh go cuí i Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh. Ba cheart oibleagáid a bheith ar na hoibreoirí sin na húdaráis chustaim a chur ar an eolas i gcás ina dtiocfaidh fadhb aníos, sa chaoi go bhféadfaidh na húdaráis

sin cinneadh críochnaitheach a dhéanamh maidir leis an scaoileadh. I gcás nach mbeidh córais rialuithe inmheánacha na dtrádálaithe Iontaoibhe agus Seiceála sách stóinseach, ba cheart na húdaráis chustaim a bheith in ann, i gcomhar le húdaráis eile, na trádálaithe a údarú chun seiceálacha áirithe a dhéanamh astu féin. Ba cheart an deis a bheith ag na húdaráis chustaim i gcónaí, áfach, na hearraí a rialú tráth ar bith.

- (40) Is iomchuí bearta a sholáthar lena rialálfar an t-aistriú ó chóras bunaithe ar dhearbhuithé custaim chuig córas bunaithe ar sholáthar faisnéise do Mhol Sonraí Custaim lárnach an Aontais Eorpaigh. Ba cheart an deis a bheith ag oibreoirí dearbhuithe custaim a thaisceadh chun a ndearbhú go bhfuil sé ar intinn acu earraí a chur faoi nós imeachta custaim le linn na hidirthréimhse. A luaithe a bheidh cumais Mhol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh ar fáil, áfach, ba cheart an deis a bheith tugtha d'oibreoirí faisnéis a sholáthar nó a chur ar fáil do na húdaráis chustaim trí Mhol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh freisin, agus níor cheart do na húdaráis chustaim aon oibreoir a údarú a thuilleadh chun cur isteach ar shimplithe i ndáil leis an dearbhú custaim. Ag deireadh na hidirthréimhse, ba cheart na húdaruithé uile scor de bheith bailí, óir ní bheidh dearbhuithe custaim ann a thuilleadh.
- (41) Ceanglaítear le hAirteagal 29 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) go bhfuil táirgí a thagann ó thríú tíortha le meas a bheith i saorchúrsaíocht más amhlaidh gur comhlíonadh na foirmiúlachtaí allmhairiúcháin agus gur gearradh dleachtanna custaim nó muirir a bhfuil éifeacht chomhionann acu. Níor cheart a thuiscint as an scaoileadh i saorchúrsaíocht, áfach, gur cruthúnas é go gcomhlíontar reachtaíocht eile a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm i gcás ina bhforchuirtear leis an reachtaíocht sin ceanglais shonracha maidir le hearraí atá le díol nó le tomhailt sa mhargadh inmheánach.
- (42) An próiseas chun earraí a thabhairt amach as críoch chustaim an Aontais, ba cheart é a chuíchóiriú agus a shimpliú, i gcomhréir leis an bpróiseas dul isteach. Dá réir sin, is iomchuí a cheangal gur cheart do dhuine bunaithe san Aontas a bheith freagrach as na hearraí, is é sin an t-onnmhaireoir. Ba cheart don onnmhaireoir an fhaisnéis ábhartha a sholáthar nó a chur ar fáil do lucht custaim sula dtabharfaidh sé na hearraí amach as an Aontas, lena sonrófar cé acu earraí de chuid an Aontais atá ann nó earraí nach earraí de chuid an Aontais iad atá le honnmhairiú, agus an fhaisnéis a oiriúnú de réir mar is gá. Chun an próiseas a shimpliú agus bealaí éalaithe ionchasacha a sheachaint, ba cheart imeacht earraí nach earraí de chuid an Aontais iad a áireamh i gcoincheap an onnmhairithe, lena gcuimseofar freisin coincheap an 'athonnmhairithe', a rialáladh roimhe seo mar choincheap ar leithligh.
- (43) Chun a áirithiú go ndéanfar bainistíocht riosca chuí ar na hearraí a thugtar amach as críoch chustaim an Aontais, ba cheart a cheangal ar an oifig custaim atá freagrach as onnmhairiú anailís riosca a dhéanamh ar an bhfaisnéis maidir leis na hearraí agus na bearta iomchuí a dhéanamh nó a iarraidh sula n-imeoidh na hearraí. Ba cheart a áireamh ar na bearta sin freisin é a iarraidh go ndéanfaidh an oifig custaim atá freagrach as áit seolta na n-earraí agus an oifig custaim imeachta agus, más gá, údaráis eile rialuithe, i dteannta na mbeart dá bhforáiltear faoin scaoileadh chun nós imeachta custaim, arb infheidhme freisin iad i gcás ina mbeidh na hearraí le cur faoi nós imeachta onnmhairithe.
- (44) Chun a áirithiú go mbeidh na nósanna imeachta fionraí dleachta trédhearcach freisin, is iomchuí cuíchóiriú a dhéanamh ar na forálacha a bhaineann le ceanglais maidir leis na húdaruithé le haghaidh nósanna imeachta speisialta. Go sonrach, ar mhaithe le soiléireacht agus deimhneacht dhlíthiúil, na coinníollacha chun a chinneadh an bhfuil

gá le tuairim ar leibhéal an Aontais chun a mheasúnú an bhféadfadh deonú údaraithe dochar a dhéanamh do leasanna tháirgeoirí an Aontais, an scrúdú ar na coinníollacha eacnamaíocha mar a thugtar air, ba cheart iad a chódú seachas iad a rialáil i rialacha tarmligthe. Thairis sin, ós rud é go bhféadfadh an éifeacht ar leasanna tháirgeoirí an Aontais a bheith ag brath ar chainníocht na n-earraí a chuirtear faoin nós imeachta speisialta, ba cheart Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh a bheith i dteideal tairseach áirithe a mholadh a meastar nach bhfuil aon éifeacht dhiúltach ar leasanna tháirgeoirí an Aontais faoina bun.

- (45) Le hAirteagal 9 den Choinbhinsiún Athbhreithnithe um Loingseoireacht na Réine, tagraítear d'Iarscríbhinn (Fardal na Réine) lenar éascaíodh gluaiseacht earraí ar an Réin agus ar a craobh- aibhneacha trína mheas gur nós imeachta idirthurais custaim thar theorainneacha náisiúnta cúig Bhallstát a bhí iontu¹³. De réir faisnéis ó riaracháin chustaim, ní úsáidtear Fardal na Réine sa chleachtas a thuilleadh mar nós imeachta idirthurais sna stáit atá tadhlach leis an Réin. Ina ionad sin, iompraítear earraí ar an Réin agus ar a craobh- aibhneacha agus úsáid á baint as an nós imeachta idirthurais san Aontas a bhunaítear leis an gCód, tríd an gCóras Nua Ríomhchuidithe Idirthurais (NCTS). Is iomchuí dá bhrí sin an tagairt d'Fhardal na Réine a bhaint de na cásanna ina meastar gur idirthuras seachtrach nó idirthuras san Aontas atá i ngluaiseacht earraí.
- (46) Chun trédhearcacht a mhéadú maidir leis an duine atá freagrach as comhlíonadh oibleagáidí an nós imeachta idirthurais san Aontas agus as inneachar na coinsíneachta agus na rioscaí a bhaineann léi, is iomchuí a cheangal ar shealbhóir an nós imeachta idirthurais an fhaisnéis maidir leis an allmhaireoir nó an onnmhaireoir a spreagann an ghluaiseacht a nochtadh chomh maith le faisnéis maidir leis an modh iompair, agus sainathint na n-earraí a chuirtear faoin nós imeachta sin, ar a laghad. Chuirfeadh an fhaisnéis sin ar a gcumas do na húdaráis chustaim maoirseacht níos éifeachtaí a dhéanamh ar an nós imeachta idirthurais san Aontas lena mbaineann agus anailís riosca a dhéanamh. Ba cheart an nós imeachta idirthurais san Aontas a bheith éigeantach ach amháin má chuirtear earraí faoi chóras custaim eile láithreach ar dhul isteach i gcríoch chustaim an Aontais dóibh nó ar imeacht dóibh uathí. Sa chás nach eol fós cé hé an t-allmhaireoir nó an t-onnmhaireoir, ba cheart a mheas gurb é sealbhóir na n-earraí allmhaireoir nó onnmhaireoir na n-earraí agus is é ba cheart a bheith faoi dhliteanas i leith dleachtanna custaim agus cánacha agus muirir eile a íoc. Ba cheart maoirseacht custaim a chur in ionad an nós imeachta idirthurais san Aontas má dhéanann trádálaí Iontaoibhe agus Seiceála earraí a allmhairiú nó a onnmhairiú.
- (47) Le leasú ar Iarscríbhinn 6 a ghabhann leis an gCoinbhinsiún Custaim um Iompar Idirnáisiúnta Earraí faoi Carnets TIR ('Coinbhinsiún TIR')¹⁴ a tháinig i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2021, modhnaíodh Nóta Míniúcháin 0.49 chun an deis a dheonú d'oibreoirí eacnamaíocha a chomhlíonann ceanglais áirithe teacht chun bheith ina 'gcoinsíneoirí údaraithe', rud atá ina léiriú scáthánach ar na héascuithe atá ann cheana a dheonaítear do na hoibreoirí eacnamaíocha a aithnítear mar 'choinsínithe údaraithe'.

¹³ Tá an nós imeachta bunaithe ar Ghníomh Mannheim um Loingseoireacht na Réine an 17 Deireadh Fómhair 1868 agus ar an bprótacal a ghlac an Lárchoimisiún um Loingseoireacht ar an Réin an 22 Samhain 1963. Déanann Coimisiún Mannheim um Loingseoireacht na Réine difear don Bheilg, don Ghearmáin, don Fhrainc, don Ísiltír agus don Eilvéis mar thiortha atá tadhlach leis an Réin, a meastar iad a bheith ina limistéar aonair chun críocha an Ghnímh.

¹⁴ Leasuithe ar an gCoinbhinsiún Custaim um Iompar Idirnáisiúnta Earraí faoi Carnets TIR (Coinbhinsiún TIR, 1975). De réir Fhógra Taisclairne C.N.85.2021.TREATIES-XI.A.16 ó na Náisiúin Aontaithe, tagann na leasuithe seo a leanas ar Choinbhinsiún TIR i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2021 le haghaidh na bPáirtithe Conarthacha uile, IO L 193/1, 1.6.2021, lch. 1.

Is gá dá bhrí sin an fhéidearthacht nua a bhunaítear le Coinbhinsiún TIR a áireamh ann chun reachtaíocht chustaim an Aontais a ailíniú leis an gcomhaontú idirnáisiúnta sin.

- (48) Dá gcuirfí na rialacha caighdeánacha maidir le ríomh dleachtanna i bhfeidhm in idirbhearta ríomhthráchtála, bheadh ualach riaracháin díreireach ar riaracháin chustaim agus oibreoirí eacnamaíocha araon, i roinnt mhaith cásanna, go háirithe i leith bailiú ioncam. Chun go bhforbrófar cóireáil fhioscach agus chustaim atá stóinseach éifeachtach le haghaidh earraí a allmhairítear ó thríú tíortha trí idirbhearta ríomhthráchtála ('ciandíol earraí allmhairithe'), tá reachtaíocht an Aontais le leasú chun an tairseach a bhaint ar faoina bun a dhéantar earraí ar luach diomaibhseach nach mó ná EUR 150 in aghaidh na coinsíneachta iad a dhíolmhú ó dhleachtanna custaim tráth an allmhairiúcháin i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1186/2009 ón gComhairle¹⁵, agus chun cóireáil shimplithe taraife a thabhairt isteach ar chiandíol earraí allmhairithe ó thríú tíortha i gcomhréir le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle¹⁶ (Ainmníocht Chomhcheangailte). I bhfianaise na leasuithe beartaithe sin, ba cheart rialacha áirithe de chuid an Chóid maidir le rangú earraí de réir taraife, tionscnamh agus luach custaim a leasú chun foráil a dhéanamh maidir leis na simplithe is infheidhme ag an allmhaireoir measta ar bhonn deonach i gcás ina mbeidh an dleacht chustaim á cinneadh in idirbheart gnólacht le tomhaltóir a cháilíonn mar chiandíol chun críocha CBL. Is éard ba cheart a bheith i gceist leis na simplithe an fhéidearthacht go ríomhfar an dleacht chustaim a bheidh dlite trí cheann de na taraifí nua buicéid san Ainmníocht Chomhcheangailte a chur i bhfeidhm maidir le luach arna ríomh ar bhealach níos simplí. Faoi na rialacha simplithe maidir le hidirbhearta ríomhthráchtála gnólacht le tomhaltóir, ba cheart a mheas gurb é an luach custaim é na costais iompair iomlána chomh fada le ceann scríbe deiridh an táirge agus níor cheart aon tionscnamh a cheangal. Más mian leis an allmhaireoir measta tairbhiú de rátaí taraife fabhracha trí stádas tionscnaimh na n-earraí a chruthú, áfach, féadfaidh an duine sin déanamh amhlaidh trí na nósanna imeachta caighdeánacha a chur i bhfeidhm.
- (49) Faoi láthair, is é an Ballstát ina dtaisctear an dearbhú custaim a bhailíonn na fiacha custaim. Tá sé de rogha an trádálaí an ndéanfaidh sé an méid sin sa chéad Bhallstát a dtéann an t-earra isteach ann, nó an n-úsáidfídh sé nós imeachta idirthurais agus dleachtanna a íoc i mBallstát eile. Tá an córas le hathrú in 2025 nuair a dhéanfar córas TF imréitigh láraithe a leathadh amach, lena dtabharfar caoi d'Oibreoirí Eacnamaíocha Údaraithe an dearbhú custaim a thaisceadh sa Bhallstát ina bhfuil siad bunaithe. I bhfianaise na forbartha sin, is iomchuí na rialacha lena sainítear an áit a dtarlaíonn an fiach custaim a leasú sa chaoi go n-íocfar na dleachtanna custaim leis an mBallstát ina bhfuil an t-allmhaireoir bunaithe, toisc gurb í sin an áit a bhfuil an méid is mó eolais ag an údarás custaim faoi thaifid, oibríochtaí agus iompraíochtaí tráchtála oibreoirí eacnamaíocha, go háirithe i gcás ina ndéonaítear stádas mar thrádálaithe Iontaoibhe agus Seiceála do na hoibreoirí eacnamaíocha sin. Is iomchuí, áfach, go dtabhaítear fiach custaim oibreoirí nach trádálaithe Iontaoibhe agus Seiceála iad san áit a bhfuil na hearraí lonnaithe go fisiceach, go dtí go ndéanfar meastóireacht ar an tsamhail mhaoirseachta ar a laghad.

¹⁵ Rialachán (CE) Uimh. 1186/2009 ón gComhairle an 16 Samhain 2009 lena mbunaítear Córas Comhphobail d'fhaoisimh ó dhleacht chustaim (IO L 324, 10.12.2009, lch. 23).

¹⁶ Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1).

- (50) I gcás idirbhearta ríomhthrachtála, tá sé fíor-riachtanach a áirithiú go mbeidh fiach custaim á íoc i gceart ag na hidirghabhálaithe ar líne, amhail ardáin idirlín, a dhéanann bainistíocht ar dhíol earraí ar líne le tomhaltóirí príobháideacha. Is iomchuí a shoiléiriú dá bhrí sin gurb é an t-allmhaireoir measta an duine atá freagrach as an bhfiach custaim, a thabhófaí tráth a íocfaidh an ceannaitheoir an t-oibreoir ríomhthrachtála, ar ardán idirlín é i bhformhór na gcásanna. Chun an t-ualach a bhaineann le hoibleagáid den sórt sin a shimpliú, féadfar an t-allmhaireoir measta a údarú chun an dleacht ar allmhairí atá dlite a chinneadh agus a fhiacha custaim a íoc go tréimhsiúil, agus ba cheart na húdaráis chustaim a bheith in ann iontráil aonair a bheith acu sna cuntais chun críocha bhuiséad an Aontais.
- (51) Is iomchuí an sásra a fheabhsú arb é is aidhm dó maoirseacht níos éifeachtúla a dhéanamh ar chur chun feidhme na mbeart sriantach maidir leis an sreabhadh earraí is féidir leis an gComhairle a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 215 CFAE. Sa chás sin, ba cheart d'Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh tacaíocht a sholáthar don Choimisiún agus do na Ballstáit chun a áirithiú nach dtiocfar timpeall ar na bearta sin. Ba cheart d'údaráis chustaim a áirithiú go nglacfaidh siad na céimeanna uile is gá chun na bearta a chomhlíonadh agus ba cheart dóibh an Coimisiún agus Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh a chur ar an eolas dá réir.
- (52) Ba cheart sásra bainistithe géarchéime a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar ghéarchéimeanna ionchasacha san aontas custaim. Cuireadh i dtábhacht sa Phlean Gníomhaíochta Custaim go bhfuil sásra den sórt sin in easnamh ar leibhéal an Aontais¹⁷. Ba cheart sásra a bhunú dá bhrí sin lena mbeidh baint ag Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh mar ghníomhaire rithábhachtach chun na bearta praiticiúla agus na socruithe a chinneann an Coimisiún a chur i bhfeidhm i gcás géarchéime a ullmhú agus a chomhordú agus chun faireachán a dhéanamh ar a gcur chun feidhme. Ba cheart d'Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh an ullmhacht freagartha ar ghéarchéimeanna a choinneáil ar bun ar feadh fhad iomlán na géarchéime.
- (53) Níl struchtúr soiléir bainistíochta oibríochtúla sa chreat rialachais atá ann cheana le haghaidh an aontais custaim, agus ní léirítear leis an fhorbairt a tháinig ar chúrsaí custaim ó cruthaíodh in 1968 é. Faoi Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, is iad údaráis chustaim náisiúnta atá freagrach as na gníomhaíochtaí a bhaineann leis an mbainistíocht rioscaí i sreafaí trádála, amhail rialuithe ar an talamh a chur chun feidhme agus cinntí a dhéanamh maidir leo. D'ainneoin comhar a bheith idir riaracháin chustaim náisiúnta ó cruthaíodh an t-aontas custaim, rud a raibh malartú dea- chleachtais agus saineolais agus forbairt treoirlínte coiteanna mar thoradh air, níor forbraíodh cur chuige comhchuibhithe agus creat oibríochtúil dá thoradh. Faoi láthair, tá éagsúlachtaí cleachtais sna Ballstáit a lagaíonn an t-aontas custaim. Níl aon chumas lárnach ann i dtaobh anailís riosca ná aon léargas coiteann ar ord tosaíochta rioscaí, tá an comhordú ar ghníomhaíochtaí agus rialuithe custaim teoranta agus níl aon chreat comhair ann idir na húdaráis éagsúla a fhreastalaíonn ar an margadh aonair. Le sraith oibríochtúil lárnach de chuid an Aontais chun saineolas agus acmhainní a thiomsú agus cinntí a dhéanamh le chéile, ba cheart aghaidh a thabhairt ar laigí den sórt sin i réimsí amhail bainistíocht sonraí, bainistíocht riosca agus oiliúint chun an

¹⁷ Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions: Taking the Customs Union to the Next Level: *a Plan for Action* [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, An tAontas Custaim a thabhairt go dtí an Chéad Leibhéal Eile: Plean Gníomhaíochta], 28.9.2020 (COM/2020/581 final).

t-aontas custaim a chur ag gníomhú ‘mar údarás amháin’. Dá bhrí sin, is iomchuí Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh a bhunú. Tá cruthú an Údaráis nua sin rithábhachtach chun feidhmiú éifeachtúil leormhaith an aontais custaim a áirithiú, chun gníomhaíocht chustaim a chomhordú go lárnach agus chun tacú le gníomhaíochtaí na n-údarás custaim.

- (54) Ba cheart Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh a rialú agus a oibriú ar bhonn phrionsabail an Ráitis Chomhpháirtigh ó Pharlaimint na hEorpa, ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ón gCoimisiún Eorpach maidir le gníomhaireachtaí díláraithe an 19 Iúil 2012¹⁸.
- (55) Na critéir atá le cur san áireamh chun rannchuidiú leis an bpróiseas cinnteoireachta maidir le suíomh a roghnú d’Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh, ba cheart a áireamh orthu an dearbhú gur féidir an tÚdarás a bhunú ar an láthair ar theacht i bhfeidhm don Rialachán seo, inrochtaineacht an tsuimh agus saoraidí leordhóthanacha oideachais a bheith ann le haghaidh leanaí na mball foirne chomh maith le rochtain iomchuí a bheith ag leanaí agus céilí na mball foirne araon ar an margadh saothair, ar an tslándáil shóisialta agus ar chúram leighis. I bhfianaise chineál comhoibritheach an chuid is mó de ghníomhaíochtaí Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an dlúthnasc a bheidh idir na córais TF a choinneoidh an Coimisiún ar bun le linn na hidirthréimhse, tráth a bheidh Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh á fhorbairt agus á oibriú ag Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh, ba cheart an tÚdarás a bheith in áit ina dtabharfar caoi don dlúthchomhar sin leis an gCoimisiún, le húdaráis réigiúin an Aontais arb iad na réigiúin is ábhartha don trádáil idirnáisiúnta iad, agus le comhlachtaí ábhartha AE agus idirnáisiúnta (mar shampla, an Eagraíocht Dhomhanda Chustaim chun malartú praiticiúil a éascú maidir le hábhair shonracha). I bhfianaise na gcritéir sin, ba cheart Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh a bheith lonnaithe in [...].
- (56) Ba cheart ionadaíocht a dhéanamh thar ceann na mBallstát agus thar ceann an Choimisiúin ar Bhord Bainistíochta chun feidhmiú éifeachtach Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh a áirithiú. Ba cheart urraim a léiriú do phrionsabail na cothromaíochta inscne, na taithí agus na gcáilíochtaí i gcomhdhéanamh an Bhoird Bainistíochta, lena n-áirítear an Cathaoirleach agus an Leas- Chathaoirleach a roghnú. Ó tharla go bhfuil inniúlacht eisiach ag an Aontas maidir leis an aontas custaim, agus go bhfuil dlúthnasc idir an réimse custaim agus réimsí eile beartais, is iomchuí a chathaoirleach a thoghadh as measc na n-ionadaithe sin de chuid an Choimisiúin. I bhfianaise fheidhmiú éifeachtach agus éifeachtúil Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh, ba cheart don Bhord Bainistíochta, go háirithe, doiciméad clársceidealaithe aonair a ghlacadh lena n-áirítear clársceidealú bliantúil agus ilbhliantúil, a fheidhmeanna maidir le buiséad an Údaráis a dhéanamh, na rialacha airgeadais is infheidhme maidir leis an Údarás a ghlacadh, Stiúrthóir Feidhmiúcháin a cheapadh, agus nósanna imeachta a bhunú maidir le cinntí a dhéanamh a bhaineann le cúraimí oibríochtúla an Údaráis arb é an Stiúrthóir Feidhmiúcháin a dhéanann iad. Tabharfaidh Bord Feidhmiúcháin cúnamh don Bhord Bainistíochta.
- (57) Chun feidhmiú éifeachtach Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh a áirithiú, ba cheart buiséad neamhspleách a dheonú dó a dtiocfaidh an t-ioncam lena aghaidh as buiséad ginearálta an Aontais agus as aon ranníocaíocht dheonach airgeadais ó na Ballstáit. In imthosca eisceachtúla a bhfuil údar cuí leo, ba cheart Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh a bheith in ann ioncaim bhreise a fháil freisin trí chomhaontuithe

¹⁸

[joint_statement_on_decentralised_agencies_en.pdf\(europa.eu\)](https://ec.europa.eu/economy_finance/joint_statement_on_decentralised_agencies_en.pdf)

ranníocaíochta nó socrúithe deontais, agus trí mhuirir as foilseacháin agus aon seirbhís eile a sholáthraíonn Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh.

- (58) Chun a misean a bhaint amach, téann údaráis chustaim i ndlúthchomhar tráthrialta le húdaráis um fhaireachas margaidh, údaráis rialaithe sláintíochta agus fiteashláintíochta, comhlachtaí forfheidhmithe dlí, údaráis bainistithe teorainneacha, comhlachtaí cosanta comhshaoil, saineolaithe maidir le maoin chultúir agus roinnt mhaith údaráis eile atá i gceannas ar bheartais earnálacha. I bhfianaise na forbartha a tháinig ar an margadh aonair agus atá ag teacht ar an ról custaim, agus i bhfianaise an mhéadaithe ar thoirmisc agus srianta agus ar an ríomhthrachtáil, is gá an comhar sin a struchtúrú agus a threisiú ar an leibhéal náisiúnta, ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal idirnáisiúnta. In ionad comhair a bhíonn dírithe ar choinsíneachtaí aonair nó teagmhais shonracha ar feadh an tslabhra soláthair, is éard ba cheart a bheith ann creat struchtúrtha um chomhar idir údaráis chustaim agus údaráis eile atá freagrach as réimsí ábhartha beartais. Ba cheart na gnéithe seo a leanas a áireamh sa chreat comhair sin: reachtaíocht agus riachtanais bheartais i réimse sonrach a fhorbairt, faisnéis a mhalartú agus anailís a dhéanamh uirthi, straitéis fhoriomlán comhair a fhorbairt i bhfoirm straitéisí maoirseachta comhpháirtí agus, ar deireadh, comhar maidir le cur chun feidhme oibriochtúil, faireachán agus rialuithe. Cuid den reachtaíocht eile a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm, ba cheart don Choimisiún a cur i bhfeidhm a éascú freisin trí liosta a dhéanamh de reachtaíocht AE lena bhforchuirtear ceanglais maidir le hearraí atá faoi réir rialuithe custaim arb é is aidhm dóibh leasanna poiblí, amhail sláinte agus beatha an duine, ainmhithe nó plandaí, na tomhaltóirí agus an comhshaoil, a chosaint.
- (59) Chun soiléireacht a mhéadú agus an creat comhair idir lucht custaim agus údaráis chomhpháirtíochta eile a dhéanamh níos éifeachtúla, ba cheart a shainiú go soiléir, le liosta de na seirbhísí a chuireann na húdaráis chustaim ar fáil, cén ról a d'fhéadfadh a bheith ag lucht custaim chun beartais ábhartha eile a chur i bhfeidhm ag teorainneacha an Aontais. Ina theannta sin, ba cheart d'Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an chreata comhair. Ba cheart d'Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh dul i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún, OLAF, agus gníomhaireachtaí agus comhlachtaí ábhartha eile an Aontais, amhail Europol agus Frontex chomh maith le gníomhaireachtaí agus líonraí speisialaithe sna réimsí beartais faoi seach, amhail Líonra an Aontais um Chomhlíonadh Táirgí.
- (60) I ndomhan atá ag éirí níos idirnasctha i gcónaí, is gnéithe tábhachtacha d'obair údarás custaim ar fud an domhain iad taidhleoireacht chustaim agus comhar idirnáisiúnta. Ba cheart a bheartú leis an gcomhar idirnáisiúnta an fhéidearthacht go malartófaí sonraí custaim, ar bhonn comhaontuithe idirnáisiúnta nó reachtaíocht neamhspleách an Aontais, trí mhodhanna iomchuí slána cumarsáide, faoi réir urraim d'fhaisnéis rúnda agus do chosaint sonraí pearsanta, amhail trí Mhol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh.
- (61) D'ainneoin go bhfuil an reachtaíocht chustaim comhchuibhithe tríd an gCód, níor áiríodh le Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ach an oibleagáid ar na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le pionóis i gcás nach gcomhlíontar an reachtaíocht chustaim agus níor ceanglaíodh leis ach go mbeadh pionóis den sórt sin éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Tá rogha pionós custaim ag na Ballstáit, dá bhrí sin, a bhfuil éagsúlacht mhór eatarthu ar fud na mBallstát agus atá faoi réir forbartha le himeacht ama. Ba cheart creat coiteann a leagan síos lena mbunaítear croíthacar íosta sárúithe custaim agus smachtbhannaí neamhchoiriúla. Tá gá le creat den sórt sin chun aghaidh a thabhairt ar an easpa cur i bhfeidhm aonfhoirmigh agus na héagsúlachtaí suntasacha

idir na Ballstáit i gcur i bhfeidhm smachtbhannaí in aghaidh sárúithe ar reachtaíocht chustaim a d'fhéadfadh saobhadh ar an iomaíocht, bealaí éalaithe agus 'siopadóireacht chustaim' a bheith mar thoradh orthu. Is éard ba cheart a bheith sa chreat liosta coiteann de ghníomhartha nó neamhghníomhartha ar cheart iad a bheith ina sárúithe custaim sna Ballstáit uile. Chun na smachtbhannaí is infheidhme a chinneadh, ba cheart d'údaráis chustaim a shainiú an ndéantar na gníomhartha nó na neamhghníomhartha sin d'aon ghnó nó trí fhaillí fhollasach.

- (62) Is gá forálacha coiteanna a bhunú i leith tosca maolaitheacha, agus i leith imthosca géaraitheacha, maidir leis na sárúithe custaim. An tréimhse theorann chun imeachtaí um shárú custaim a thionscnamh, ba cheart í a bhunú i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus ba cheart í a bheith idir 5 bliana agus 10 mbliana, sa chaoi go ndéanfar foráil maidir le riail choiteann bunaithe ar an teorainn ama chun fógra a thabhairt faoi fhiach custaim. An dlínse ina ndearnadh an sárú, is í sin an dlínse inniúil ba cheart a bheith ann. Tá gá le comhar idir na Ballstáit i gcásanna ina ndearnadh an sárú custaim i níos mó ná Ballstát amháin; sna cásanna sin, ba cheart don Bhallstát a thionscnaíonn na himeachtaí dul i gcomhar leis na húdaráis chustaim eile ar cás leo an sárú custaim céanna.
- (63) Is gá croíthacar coiteann íosta de shárúithe custaim a bhunú ach iad a shainiú bunaithe ar na hoibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán seo agus ar oibleagáidí comhionanna dá bhforáiltear i gcodanna eile den reachtaíocht chustaim.
- (64) Is gá freisin croíthacar coiteann íosta de smachtbhannaí neamhchoiriúla a bhunú lena ndéanfar foráil maidir le híosmhéideanna muirear airgid agus an fhéidearthacht go ndéanfaí údarúithe custaim a chúlghairm, a chur ar fionraí nó a leasú, lena n-áirítear i gcás Oibreoirí Eacnamaíocha Údaraithe agus trádálaithe Iontaoibhe agus Seiceála, agus maidir le coigistiú na n-earraí. Ba cheart na híosmhéideanna muirear airgid a bheith ag brath ar cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh an sárú custaim d'aon ghnó agus ar cé acu atá nó nach bhfuil tionchar aige ar an méid dleachtanna custaim agus muirear eile agus ar thoirmisc agus srianta. An croíthacar coiteann íosta de smachtbhannaí neamhchoiriúla, ba cheart feidhm a bheith aige gan dochar do dhlíchóras náisiúnta na mBallstát, lenar féidir foráil a dhéanamh maidir le smachtbhannaí coiriúla ina ionad sin.
- (65) Ba cheart meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an aontais custaim ar bhonn bliantúil ar a laghad chun caoi a thabhairt don Choimisiún, le cuidiú na mBallstát, na beartais a threoshuíomh mar is iomchuí. Ba cheart bailiú faisnéise ó údaráis chustaim a chur ar bhonn foirmiúil agus a dhoimhniú, toisc go gcuirfeadh tuilleadh tuairiscithe chuimsithigh feabhas ar an tagarmharcáil agus d'fhéadfadh sé cuidiú le cleachtais a dhéanamh aonchineálach agus le measúnú a dhéanamh ar an tionchar a imríonn cinntí beartais custaim. Is iomchuí dá bhrí sin creat dlíthiúil a thabhairt isteach le haghaidh meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an aontais custaim. Chun go mbeidh an ghráinneacht anailíse leordhóthanach, ba cheart an tomhas feidhmíochta a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an phointe trasnaithe teorann araon. Ba cheart d'Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh tacú leis an gCoimisiún sa phróiseas meastóireachta trí na sonraí a bhailiú i Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh agus anailís a dhéanamh orthu ann agus trína shainaithint conas a thacaíonn gníomhaíochtaí agus oibríochtaí custaim le gnóthú cuspóirí straitéiseacha agus tosaíochtaí an aontais custaim agus conas a rannchuidíonn siad le misean na n-údarás custaim. Go sonrach, ba cheart d'Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh príomhthreochtaí, láidreachtaí, laigí, bearnaí agus rioscaí ionchasacha a shainaithint, agus moltaí maidir le feabhas a sholáthar don Choimisiún. I gcomhthéacs an chomhair le húdaráis forfheidhmithe dlí

agus slándála go háirithe, ba cheart d'Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh a bheith rannpháirteach freisin, ó thaobh na hoibríochta de, in anailísí straitéiseacha agus measúnuithe ar bhagairtí arna ndéanamh ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear iad siúd a dhéanann Europol agus Frontex.

- (66) I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, chun go mbainfear na bunchuspóirí amach, is iad sin an t-aontas custaim a bheith in ann feidhmiú go héifeachtach agus an comhbheartas tráchtála a chur chun feidhme, is gá agus is iomchuí na rialacha agus na nósanna imeachta ginearálta is infheidhme maidir le hearraí a thugtar isteach i gcríoch chustaim an Aontais nó amach aisti a leagan síos. Ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil gá leis chun na cuspóirí arna saothrú a ghnóthú, i gcomhréir le hAirteagal 5(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach.
- (67) Chun eilimintí áirithe neamhriachtanacha den Rialachán seo a fhorlíonadh nó a leasú, ba cheart an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE i ndáil leis an méid a leanas:
- i ndáil leis na críocha fíoscacha speisialta, forálacha reachtaíochta custaim níos mionsonraithe chun aghaidh a thabhairt ar imthosca ar leith a bhaineann leis an trádáil in earraí de chuid an Aontais nach mbaineann ach le Ballstát amháin;
 - i ndáil le cinntí custaim, na coinníollacha, na teorainneacha ama, na heisceachtaí, na módúlachtaí faireacháin, an fionraí, an neamhniú agus an chúlghairm a bhaineann le cinntí den sórt sin a chur i bhfeidhm, a eisiúint agus a bhainistiú, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le faisnéis cheangailteach;
 - na híoscheanglais sonraí agus na cásanna sonracha le haghaidh oibreoirí eacnamaíocha a chlárú leis na húdaráis chustaim atá freagrach as an áit ina bhfuil siad bunaithe;
 - cineál agus minicíocht na ngníomhaíochtaí faireacháin, na simplithe agus na n-éascuithe a sholáthraítear don Oibreoir Eacnamaíoch Údaraithe;
 - cineál agus minicíocht ghníomhaíochtaí faireacháin an trádálaí Iontaoibhe agus Seiceála;
 - i ndáil leis an ionadaí custaim, na coinníollacha faoina bhféadfaidh an duine sin seirbhísí a sholáthar i gcríoch chustaim an Aontais, na cásanna ina dtarscaoiltear an ceanglas go mbeadh sé bunaithe inti agus na cásanna nach gceanglaíonn na húdaráis chustaim air fianaise ar a chumhachtú a sholáthar;
 - na catagóirí ábhar sonraí agus na catagóirí sonraí pearsanta a fhéadfar a phróiseáil i Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh;
 - rialacha níos mionsonraithe i ndáil le stádas custaim earraí;
 - an cineál sonraí agus teorainneacha ama maidir le soláthar na sonraí sin chun earraí a chur faoi nós imeachta custaim;
 - an tréimhse réasúnta ama ar ina diaidh a mheasfar go mbeidh na hearraí scaoilte ag na húdaráis chustaim i gcás nár roghnaigh siad le haghaidh aon rialú iad;
 - i ndáil le dearbhuithe custaim: na cásanna ina bhféadfar dearbhú custaim a thaisceadh agus úsáid á baint as bealaí eile seachas teicnící próiseála sonraí leictreonacha; na coinníollacha maidir le húdarú a dheonú do thaisceadh dearbhuithe simplithe; na teorainneacha ama maidir le dearbhuithe forlíontacha a thaisceadh agus na cásanna ina dtarscaoiltear an oibleagáid chun dearbhuithe

den sórt sin a thaisceadh; na cásanna ina gcuireann údaráis chustaim an dearbhú custaim ó bhail; na coinníollacha maidir le húdaruithe a dheonú d'iontráil i dtaifid an dearbhóra;

- na coinníollacha agus an nós imeachta maidir le hearraí a choigistiú;
- i ndáil le réamhfaisnéis lasta: na sonraí breise atá le soláthar, na teorainneacha ama, an cás ina dtarscaoiltear an oibleagáid chun sonraí den sórt sin a sholáthar, na cásanna sonracha inar féidir le daoine iomadúla sonraí a sholáthar, na coinníollacha faoina bhféadfaidh duine a sholáthraíonn nó a chuireann faisnéis ar fáil srian a chur le hinfheictheacht a sainaitheanta do dhuine amháin eile nó do dhaoine eile a thaisceann sonraí freisin;
- i ndáil le dul isteach na n-earraí i gcríoch chustaim an Aontais: na teorainneacha ama ar laistigh díobh a bhfuil an anailís riosca agus na bearta is gá le déanamh; na cásanna sonracha agus na daoine eile a bhféadfaí a cheangal orthu fógra a thabhairt faoi theacht na gcoinsíneachtaí d'údarás custaim na chéad iontrála, i gcás atreorú. na coinníollacha maidir le hainmniú agus formheas na n-áiteanna seachas an oifig custaim ainmnithe chun na hearraí a thíolacadh; na coinníollacha maidir le hainmniú nó formheas na n-áiteanna seachas stórais chustaim chun na hearraí a stóráil go sealadach;
- na sonraí atá le soláthar nó le cur ar fáil do na húdaráis chustaim chun earraí a scaoileadh i saorchúrsaíocht;
- ná cásanna ina meastar gur tugadh earraí ar ais sa staid chéanna inar onnmhairíodh iad agus na cásanna inar féidir faoiseamh ó dhleacht ar allmhairí a dheonú i leith earraí a thairbhígh de bhearta a leagtar síos faoin gcomhbheartas talmhaíochta;
- i ndáil leis an bhfaisnéis réamhimeachta ar imeacht ó chríoch chustaim an Aontais dóibh: an fhaisnéis réamhimeachta íosta agus na teorainneacha ama ar laistigh díobh a bhfuil an fhaisnéis réamhimeachta le soláthar nó le cur ar fáil sula dtabharfar na hearraí amach, na cásanna sonracha ina dtarscaoiltear an oibleagáid chun faisnéis réamhimeachta a sholáthar nó a chur ar fáil agus an fhaisnéis maidir le himeacht na n-earraí a bhfuil fógra le tabhairt fúithi;
- i ndáil le himeacht earraí, na teorainneacha ama ar laistigh díobh a bhfuil anailís riosca agus na bearta is gá le déanamh; na sonraí atá le soláthar nó le cur ar fáil do na húdaráis chustaim chun earraí a chur faoin nós imeachta onnmhairithe;
- i ndáil le nósanna imeachta speisialta: na sonraí atá le soláthar nó le cur ar fáil do na húdaráis chustaim chun earraí a chur faoi nósanna imeachta den sórt sin; na heisceachtaí ar na coinníollacha chun údarú a dheonú le haghaidh nósanna imeachta speisialta; na cásanna ina dtugann cineál eacnamaíoch na próiseála údar le go ndéanfaidh na húdaráis chustaim measúnú ar cé acu a dhéanfaidh nó nach ndéanfaidh deonú údaraithe le haghaidh nós imeachta próiseála isteach dochar do leas fíor- riachtanach tháirgeoirí an Aontais gan tuairim Údarás Custaim an Aontais a fháil; an liosta earraí a mheastar a bheith íogair; an teorainn ama chun nós imeachta speisialta a urscaoileadh; na cásanna agus na coinníollacha faoina bhféadfaidh allmhaireoirí agus onnmhaireoirí earraí a cuireadh faoi nós imeachta speisialta seachas nós imeachta idirthurais nó nós imeachta i saorchrios a aistriú; na gnáthfhoirmeacha láimhseála ar earraí a

chuirtear faoi nós imeachta stórasaithe custaim nó faoi nós imeachta próiseála; na rialacha níos mionsonraithe a bhaineann le hearraí coibhéiseacha;

- i ndáil le hidirthuras: na cásanna sonracha ina bhfuil earraí de chuid an Aontais le cur faoin nós imeachta idirthurais seachtrach; na coinníollacha maidir le húdairithe a dheonú don choinsíneoir údairithe agus don choinsíní údairithe chun críocha TIR; na ceanglais bhreise sonraí atá le soláthar ag sealbhóir an nós imeachta idirthurais san Aontas;
- i ndáil le stóráil: na sonraí íosta atá le soláthar ag oibreoir stórais custaim nó saorchreasa; na coinníollacha maidir le húdarú a dheonú chun stórais chustaim a oibriú;
- i ndáil le cead isteach sealadach: na rialacha maidir le faoiseamh iomlán nó faoiseamh páirteach ó dhleacht a leagtar síos sa reachtaíocht chustaim atá le comhlíonadh chun an nós imeachta um chead isteach sealadach a úsáid;
- na rialacha maidir le tionscnamh neamhfhabhair a chinneadh agus na rialacha maidir le tionscnamh fabhrach;
- na coinníollacha maidir le húdarú a dheonú chun cinneadh an luacha custaim a shimpliú i gcásanna sonracha;
- i ndáil le fiach custaim: rialacha níos mionsonraithe maidir le ríomh an mhéid dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí is infheidhme maidir le hearraí a bhfuil fiach custaim arna thabhu ina leith i gcomhthéacs nós imeachta speisialta; an teorainn ama shonrach ar laistigh di nach féidir an áit ar tabhaíodh an fiach custaim a chinneadh má cuireadh na hearraí faoi nós imeachta custaim nár urscaoileadh nó i gcás nár cuireadh deireadh mar is ceart le stóráil shealadach; rialacha níos mionsonraithe a bhaineann le fógra a thabhairt faoi fhiach custaim; rialacha maidir leis
- an teorainn ama le haghaidh íocaíocht mhéid na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí a fhreagraíonn d'fhiach custaim a chur ar fionraí agus maidir leis an tréimhse fionraí a chinneadh; na rialacha nach mór don Choimisiún a chomhlíonadh agus cinneadh á dhéanamh maidir le haisíocaíocht agus loghadh féich custaim; an liosta teipeanna nach raibh éifeacht shuntasach acu ar oibriú ceart na stórála sealadaí nó ar an nós imeachta custaim lena mbaineann, chun an fiach custaim a mhúchadh;
- i ndáil le ráthaíochtaí: na cásanna sonracha nach gceanglaítear aon ráthaíocht iontu le haghaidh earraí a chuirtear faoin nós imeachta um chead isteach sealadach, na rialacha maidir le foirm na ráthaíochta a chinneadh seachas aon mhodh íocaíochta a aithníonn na húdaráis chustaim agus gealltanais arna thabhairt ag ráthóir; na rialacha maidir leis na foirmeacha ina soláthraítear ráthaíocht agus na rialacha is infheidhme maidir leis an ráthóir; na coinníollacha chun údarú a dheonú le ráthaíocht chuimsitheach de mhéid laghdaithe a úsáid nó le tarscaoileadh ráthaíochta a fháil; na teorainneacha ama chun ráthaíocht a scaoileadh;
- i ndáil le comhar custaim, aon bheart comhlántach eile atá le glacadh ag na húdaráis chustaim chun comhlíontacht a áirithiú le reachtaíocht seachas reachtaíocht chustaim; na coinníollacha agus na nósanna imeachta ar féidir Ballstát a chumhachtú dá réir chun caibidlíocht a dhéanamh le tríú tíortha maidir le malartú sonraí chun críoch comhair custaim;

- scriosadh nó modhnú a dhéanamh ar na maoluithe chun an oifig custaim atá inniúil as maoirseacht a dhéanamh ar na hearraí a bheith á gcur faoi nós imeachta custaim agus as an áit a dtarlaíonn an fiach custaim a shainaithint, i bhfianaise an mheasúnaithe atá le déanamh ag an gCoimisiún ar éifeachtacht na maoirseachta custaim a bhunaítear leis an Rialachán seo.
- (68) Tá sé tábhachtach go háirithe go ndéanfaidh an Coimisiún comhairliúcháin iomchuí le linn na hoibre ullmhúcháin chun na gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr¹⁹.
- (69) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo, ba cheart gníomhartha cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun an méid seo a leanas a bhaint amach: rialacha nós imeachta a ghlacadh maidir le cinneadh, a bhaineann le faisnéis cheangailteach, a úsáid tar éis dó scor de bheith bailí nó tar éis a chúlghairme; rialacha nós imeachta a ghlacadh maidir le fógra a thabhairt do na húdaráis chustaim go gcuirtear déanamh cinntí den sórt sin ar fionraí agus maidir leis an bhfionraí sin a tharraingt siar; cinntí lena n-iarrtar ar Bhallstáit cinneadh a bhaineann le faisnéis cheangailteach a chúlghairm; na módúlachtaí a ghlacadh chun na critéir maidir le deonú stádais mar Oibreoir Eacnamaíoch Údaraithe agus mar thrádálaí Iontaoibhe agus Seiceála a chur i bhfeidhm; na córais leictreonacha, na hardáin nó na timpeallachtaí lena gcónasctar Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh a chinneadh; na rialacha maidir le rochtain ar sheirbhísí agus córais shonracha Mhol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh a chinneadh, lena n-áirítear na rialacha sonracha agus na coinníollacha maidir le cosaint, sábháilteacht agus slándáil sonraí pearsanta agus maidir le cásanna ina bhfuil an rochtain sin teoranta; bearta maidir le bainistíocht lucht custaim ar fhaireachas; na rialacha nós imeachta a ghlacadh maidir le freagrachtaí na rialaitheoirí comhpháirteacha as an bpróiseáil sonraí a dhéantar trí bhíthin seirbhís nó córas de chuid Mhol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh; na rialacha nós imeachta a ghlacadh maidir leis na hoifigí custaim inniúla, seachas an oifig custaim atá freagrach as an áit a bhfuil an t-allmhaireoir nó an t-onnmhaireoir bunaithe, a chinneadh; bearta a ghlacadh maidir le fíorú faisnéise, scrúdú agus sampláil ar earraí, torthaí an fhíorúcháin agus maidir le sainaithint; bearta a ghlacadh maidir le rialuithe iarscaoilte a chur i bhfeidhm i leith oibríochtaí a dhéantar i níos mó ná Ballstát amháin; an liosta de na calafoirt nó na haerfoirt a leagan síos ina bhfuil na rialuithe agus na foirmiúlachtaí custaim le déanamh ar bhagáiste cábáin agus ar bhagáiste boilg; bearta a ghlacadh chun a áirithiú go gcuirfear rialuithe custaim agus bainistíocht riosca i bhfeidhm go comhchuibhithe, lena n-áirítear faisnéis a mhalartú, critéir agus caighdeáin choiteanna riosca agus réimsí rialaithe tosaíochta coiteanna, chomh maith le gníomhaíochtaí meastóireachta sna réimsí sin, a bhunú; na rialacha nós imeachta a shonrú chun cruthúnas stádais chustaim earraí de chuid an Aontais a sholáthar agus a fhíorú; na rialacha nós imeachta maidir le faisnéis a leasú nó a chur ó bhail chun earraí a chur faoi nós imeachta custaim a shonrú; na rialacha nós imeachta a ghlacadh maidir le hoifigí custaim inniúla a chinneadh agus maidir le taisceadh an dearbhaithe custaim i gcás ina mbaintear leas as bealaí eile seachas teicnící próiseála sonraí leictreonacha; na rialacha nós imeachta maidir le dearbhú caighdeánach custaim a thaisceadh agus an fáil atá ar na doiciméid tacaíochta; na rialacha nós imeachta maidir leis an dearbhú simplithe agus an dearbhú forlíontach a thaisceadh; na rialacha

¹⁹ IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

nós imeachta maidir le dearbhú custaim a thaisceadh sula dtíolacfar na hearraí do na custaim, sula nglacfar an dearbhú custaim agus sula ndéanfar leasú ar an dearbhú custaim tar éis na hearraí a scaoileadh; na rialacha nós imeachta maidir le hiontráil i dtaifid an dearbhóra; na rialacha nós imeachta maidir le hiontráil i dtaifid an dearbhóra; na rialacha nós imeachta maidir le diúscairt earraí; na rialacha nós imeachta maidir le foráil na faisnéise lena mbunaítear gur comhlíonadh na coinníollacha le haghaidh faoisimh ó dhleachtanna ar allmhairí d'earraí a thugtar ar ais agus maidir le fianaise a chur ar fáil gur comhlíonadh na coinníollacha le haghaidh faoisimh ó dhleachtanna ar allmhairí i gcás táirgí iascaireachta mara agus táirgí eile a thógtar as an bhfarraige; na rialacha nós imeachta maidir le himeacht earraí a shonrú; na rialacha nós imeachta a ghlacadh maidir leis an bhfaisnéis réamhimeachta a sholáthar, a leasú agus a chur ó bhail agus maidir leis an dearbhú imeachta achomhair a thaisceadh, a leasú agus a chur ó bhail; rialacha nós imeachta a ghlacadh maidir le CBL a aisíoc le daoine nádúrtha nach bhfuil bunaithe san Aontas; na rialacha nós imeachta a shonrú maidir le fógra a thabhairt i ndáil le teacht soitheach farraige agus aerárthaí agus maidir le hiompar na n-earraí go dtí a n-ionad iomchuí; na rialacha nós imeachta maidir le dearbhú stórála sealadaí agus aistriú na n-earraí atá i stóráil sealadach a thaisceadh, a leasú agus a neamhbhailiú; na rialacha nós imeachta a ghlacadh maidir leis an údarú le haghaidh nósanna imeachta speisialta a dheonú, scrúdú a dhéanamh ar choinníollacha eacnamaíocha agus tuairim Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh a eisiúint lena ndéantar measúnú ar cé acu a dhéanann nó nach ndéanann deonú údaraithe le haghaidh nós imeachta próiseála isteach nó amach dochar do leasanna fíor- riachtanacha tháirgeoirí an Aontais; na rialacha nós imeachta a ghlacadh maidir le hurscaoileadh nós imeachta; na rialacha nós imeachta maidir le cearta agus oibleagáidí a aistriú agus le gluaiseacht earraí i gcomhthéacs nósanna imeachta speisialta; na rialacha nós imeachta maidir le hearraí coibhéiseacha a úsáid i gcomhthéacs nósanna imeachta speisialta; na rialacha nós imeachta maidir le cur i bhfeidhm fhorálacha na n-ionstraimí idirnáisiúnta idirthurais i gcríoch chustaim an Aontais; na rialacha nós imeachta maidir le hearraí a chur faoi nós imeachta idirthurais san Aontas agus maidir le hurscaoileadh an nós imeachta sin, oibriú simplithe an nós imeachta sin agus maoirseacht custaim na n-earraí a thaistealaíonn trí chríoch tríú tír faoi nós imeachta idirthurais seachtrach an Aontais; na rialacha nós imeachta maidir le hearraí a chur faoin nós imeachta stórasaithe custaim nó faoin nós imeachta saorchreasa agus maidir le gluaiseacht earraí a chuirtear i stóras custaim; bearta a ghlacadh maidir le bainistiú aonfhoirmeach an taraif- chuóta agus na n-uasteorainneacha taraife agus bainistiú an fhaireachais chustaim ar scaoileadh earraí i gcomhair saorchúrsaíochta nó onnmhairithe; bearta a ghlacadh chun rangú taraife earraí a chinneadh; maolú sealadach a dheonú ar rialacha maidir le tionscnamh fabhrach earraí a thairbhíonn de bhearta fabhracha a ghlac an tAontas go haontaobhach; na rialacha nós imeachta a ghlacadh chun bunú tionscnaimh fhabhraigh earraí san Aontas a éascú; na rialacha nós imeachta a shonrú maidir le cruthúnas ar thionscnamh neamhfhabhrach a sholáthar agus a fhíorú; maolú sealadach ó na rialacha maidir le tionscnamh fabhrach earraí a thairbhíonn de bhearta fabhracha arna nglacadh go haontaobhach ag an Aontas a dheonú; na rialacha nós imeachta a shonrú maidir le luach custaim na n-earraí a chinneadh; na nósanna imeachta a shonrú maidir le ráthaíochtaí a sholáthar, an méid a chinneadh, faireachán a dhéanamh orthu agus iad a scaoileadh, agus maidir le cúlghairm agus cealú gealltanais arna thabhairt ag ráthóir; na rialacha nós imeachta lena gcuirtear toirmeasc ar bhonn sealadach ar an úsáid a bhaintear as ráthaíochtaí cuimsitheacha; bearta a ghlacadh chun cúnamh frithpháirteach idir údarais chustaim i gcás ina dtabhófar fiach custaim a áirithiú; na rialacha nós imeachta a shonrú maidir le haisíocaíocht agus loghadh méid dleachta ar

allmhairí agus ar onnmhairí, maidir leis an bhfaisnéis atá le soláthar don Choimisiún, agus maidir leis na cinntí atá le glacadh ag an gCoimisiún i dtaobh aisíocaíochta nó loghtha; bearta a ghlacadh chun géarchéim a shainaithint agus an sásra bainistithe géarchéime a ghníomhachtú; na rialacha nós imeachta a ghlacadh maidir le húdarú a dheonú do Bhallstát, agus bainistíocht a dhéanamh ar an údarú sin, chun caibidlíocht a dhéanamh le tríú tír d'fhonn comhaontú déthaobhach nó socrú maidir le malartú faisnéise a dhéanamh; cinntí a ghlacadh maidir le hiarratas ó Bhallstát le haghaidh údarú chun caibidlíocht a dhéanamh le tríú tír d'fhonn comhaontú déthaobhach nó socrú maidir le malartú faisnéise a dhéanamh; an chaoi a gceaptar creat tomhais feidhmíochta an aontais custaim a shonrú chomh maith leis an bhfaisnéis ba cheart do na Ballstáit a sholáthar d'Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh chun feidhmíocht a thomhas; na rialacha maidir le comhshó airgeadra a leagan síos. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁰.

- (70) Ba cheart an nós imeachta comhairleach a úsáid chun an méid seo a leanas a ghlacadh: gníomhartha cur chun feidhme lena n-iarrtar ar Bhallstáit cinntí a bhaineann le faisnéis cheangailteach a chúlghairm, ós rud é nach ndéanfaidh na cinntí sin difear ach d'aon Bhallstát amháin agus ag díriú ar chomhlíonadh na reachtaíochta custaim a áirithiú; gníomhartha cur chun feidhme chun na mionsonraí sonracha a chinneadh maidir le rochtain ag údaráis seachas údaráis chustaim ar sheirbhísí agus córais shonracha Mhol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh; gníomhartha cur chun feidhme maidir le hiarratas ó Bhallstát le haghaidh údarú chun caibidlíocht a dhéanamh le tríú tír d'fhonn comhaontú déthaobhach nó socrú maidir le malartú faisnéise a dhéanamh, ó tharla nach ndéanann siad difear ach do Bhallstát amháin; gníomhartha cur chun feidhme maidir le méid na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí a aisíoc nó a loghadh ós rud é go ndéanfaidh na cinntí sin difear go díreach don iarratasóir i gcás na haisíocaíochta nó an loghtha sin.
- (71) I gcásanna a mbeidh call cuí leo agus ina n-éileoidh mórchúiseanna práinne é, ba cheart don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme atá infheidhme a ghlacadh gan mhoill i ndáil leis an méid seo a leanas: bearta chun a áirithiú go gcuirfear na rialuithe custaim chun feidhme go haonfhoirmeach, lena n-áirítear faisnéis agus anailís riosca a mhalartú, na critéir agus caighdeáin choiteanna riosca, bearta rialaithe agus réimsí coitianta rialaithe tosaíochta; cinntí maidir le hiarratas ó Bhallstát le haghaidh údarú chun caibidlíocht a dhéanamh le tríú tír d'fhonn comhaontú déthaobhach nó socrú maidir le malartú faisnéise a dhéanamh; bearta chun rangú earraí de réir taraife a chinneadh; bearta chun tionscnamh earraí sonracha a chinneadh; bearta lena mbunaítear an modh iomchuí luachála custaim nó na critéir a bheidh le húsáid chun luach custaim earraí a chinneadh i gcásanna sonracha; bearta lena gcuirtear toirmeasc ar bhonn sealadach ar an úsáid a bhaintear as ráthaíochtaí cuimsitheacha; géarchéim a shainaithint agus bearta iomchuí a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt uirthi nó chun a héifeachtaí diúltacha a mhaolú; cinntí chun a chumhachtú do Bhallstát dul i gcaibidlíocht chun comhaontú déthaobhach a dhéanamh le tríú tír maidir le malartú faisnéise.
- (72) Ba cheart don Choimisiún gach iarracht a dhéanamh chun a áirithiú go dtiocfaidh na gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme dá bhforáiltear sa Rialachán seo i

²⁰ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

bhfeidhm roimh dháta chur i bhfeidhm an Chóid chun go bhféadfaidh na Ballstáit iad a chur chun feidhme go tráthúil.

- (73) Na forálacha lena dtagraítear d'Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh, seachas Airteagal 238, ba cheart feidhm a bheith acu ón 1 Eanáir 2028 ar aghaidh. Go dtí an dáta sin, ba cheart d'Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh a chúraimí a dhéanamh agus úsáid á baint as na córais leictreonacha atá ann cheana le haghaidh malartú faisnéise custaim, ar córais iad a d'fhorbair an Coimisiún. Na forálacha maidir leis an gcóireáil shimplithe taraife le haghaidh ciandíola agus maidir leis an allmhaireoir measta, ba cheart feidhm a bheith acu ón 1 Eanáir 2028 ar aghaidh.
- (74) Féadfaidh oibreoirí eacnamaíocha dul i mbun cumais Mhol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh a úsáid, ar bhonn deonach, in 2032. Faoi dheireadh 2037, ba cheart Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh a bheith lánfhorbartha agus úsáidfídh gach oibreoir eacnamaíoch an tráth sin é. Déanfaidh na Ballstáit ina bhfuil trádálaithe Iontaoibhe agus Seiceála agus allmhaireoirí measta bunaithe maoirseacht orthu. De mhaolú air sin agus faoi réir athbhreithniú, leanfaidh oibreoirí nach trádálaithe Iontaoibhe agus Seiceála ná allmhaireoirí measta iad faoi mhaoirseacht údarás custaim an Bhallstáit ina bhfuil na hearraí lonnaithe go fisiceach. Faoi 31 Nollaig 2035 ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar an dá shamhail mhaoirseachta, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann lena n-éifeachtacht chun calaois a bhrath agus a chosc. Ba cheart gnéithe cánachais indíriú a bhreithniú sa mheastóireacht freisin. Bunaithe ar an meastóireacht sin, ba cheart an Coimisiún a bheith i dteideal cinneadh a dhéanamh trí ghníomh tarmlichte ar cheart leanúint den dá shamhail nó ar cheart don údarás custaim atá freagrach as áit bhunaithe an trádálaí, i ngach cás, na hearraí a scaoileadh. Ba cheart an áit a dtabhaítear fiach custaim a rialáil freisin i gcomhréir le cinneadh an údaráis custaim fhreagraigh;

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

TEIDEAL I FORÁLACHA GINEARÁLTA

Caibidil 1

Raon feidhme na reachtaíochta custaim agus misean custaim

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

1. Bunaítear Cód Custaim an Aontais ('an Cód') leis an Rialachán seo. Leagtar síos leis na rialacha agus na nósanna imeachta ginearálta is infheidhme maidir le hearraí a thugtar isteach i gcríoch chustaim an Aontais nó amach aisti.

Bunaítear leis an Rialachán seo freisin Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh ('Údarás Custaim an Aontais') agus na rialacha, caighdeáin choiteanna agus creat rialachais maidir le bunú Mhol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh ('Mol Sonraí Custaim an Aontais').
2. Gan dochar don dlí idirnáisiúnta, do choinbhinsiúin idirnáisiúnta, ná do reachtaíocht an Aontais i réimsí eile, beidh feidhm go haonfhoirmeach ag an gCód ar fud chríoch chustaim an Aontais.

3. Féadfaidh feidhm a bheith ag forálacha áirithe den reachtaíocht chustaim lasmuigh de chríoch chustaim an Aontais faoi chuimsiú na reachtaíochta lena rialaítear réimsí sonracha nó faoi chuimsiú coinbhinsiún idirnáisiúnta.
4. Beidh feidhm ag forálacha áirithe den reachtaíocht chustaim, lena n-áirítear na simplithe dá bhforáiltear léi, maidir leis an trádáil in earraí de chuid an Aontais idir chodanna de chríoch chustaim an Aontais ina bhfuil feidhm ag forálacha Threoir 2006/112/CE ón gComhairle²¹ nó forálacha Threoir 2020/262/CE ón gComhairle²² agus codanna den chríoch sin nach bhfuil feidhm ag na forálacha sin iontu, nó maidir le trádáil idir chodanna den chríoch sin nach bhfuil feidhm ag na forálacha sin iontu.

Airteagal 2

Misean na n-údarás custaim

D'fhonn cur i bhfeidhm comhchuibhithe rialuithe custaim a bhaint amach, chun an t-aontas custaim a chur ag gníomhú mar údarás amháin agus chun rannchuidiú le feidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh, beidh údaráis chustaim freagrach as leasanna airgeadais agus eacnamaíocha an Aontais agus a Bhallstát a chosaint, as sábháilteacht agus slándáil beartas eile de chuid an Aontais lena gcosnaítear saoránaigh agus cónaitheoirí, tomhaltóirí, an comhshaol agus na slabhraí soláthair foriomlána a áirithiú agus rannchuidiú leis na bearta sin, as an tAontas a chosaint ar thrádáil aindleathach, as gníomhaíocht ghnó dhlísteanach a éascú agus as maoirseacht a dhéanamh ar thrádáil idirnáisiúnta an Aontais chun rannchuidiú le trádáil chóir oscailte agus leis an gcomhbheartas tráchtála.

Cuirfidh na húdaráis chustaim bearta i bhfeidhm a bheidh dírithe go sonrach ar na nithe seo a leanas:

- (a) a áirithiú go mbaileofar dleachtanna custaim agus muirir eile go cuí;
- (b) a áirithiú nach dtiocfaidh earraí lena mbaineann riosca do shábháilteacht nó do shlándáil saoránach agus cónaitheoirí isteach i gcríoch chustaim an Aontais, trí bhearta iomchuí a chur i bhfeidhm maidir le rialuithe ar earraí agus slabhraí soláthair;
- (c) a rannchuidiú le cosaint a thabhairt do shláinte agus beatha an duine, ainmhithe nó plandaí, do chomhshaol, do thomhaltóirí agus do leasanna poiblí eile a chosnaítear le reachtaíocht eile a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm, i ndlúthchomhar le húdaráis eile trína bheith ag áirithiú nach dtiocfaidh earraí lena mbaineann rioscaí gaolmhara isteach i gcríoch chustaim an Aontais ná nach rachaidh siad amach aisti;
- (d) an tAontas a chosaint ar thrádáil éagórach, neamhchomhlíontach agus neamhdhleathach, lena n-áirítear trí dhlúthfhaireachán ar oibreoirí eacnamaíocha agus slabhraí soláthair agus trí chroíthacar íosta sáruite custaim agus pionós;

²¹ Treoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcóras comhchoiteann cánach breisluacha (IO L 347, 11.12.2006, lch. 1).

²² Treoir (AE) 2020/262 ón gComhairle an 19 Nollaig 2019 lena leagtar síos na socruithe ginearálta maidir le dleacht mháil (athmhúnlú) (IO L 58, 27.2.2020, lch. 4).

- (e) tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíocht dhlísteanaigh ghnó, trí chothromaíocht chuí idir rialuithe custaim agus éascú na trádála dlisteanáí a choinneáil ar bun agus trí phróisis agus nósanna imeachta custaim a shimpliú.

Airteagal 3

Críoch chustaim

1. Is éard é críoch chustaim an Aontais na críocha seo a leanas, lena n-áirítear a n-uisce teorann, a n-uisce inmheánacha agus a n-aerspás:
- (a) críoch Ríocht na Beilge,
 - (b) críoch Phoblacht na Bulgáire,
 - (c) críoch Phoblacht na Seice,
 - (d) críoch Ríocht na Danmhairge, cé is moite d'Oileáin Fharó agus den Ghraonlainn,
 - (e) críoch Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine, cé is moite d'Oileán Heligoland agus de chríoch Büsingen (Conradh an 23 Samhain 1964 idir Poblacht Chónaidhme na Gearmáine agus Cónaidhm na hEilvéise),
 - (f) críoch Phoblacht na hEastóine,
 - (g) críoch na hÉireann,
 - (h) críoch na Poblachta Heilléanaí,
 - (i) críoch Ríocht na Spáinne, cé is moite de Ceuta agus de Melilla,
 - (j) críoch Phoblacht na Fraince, cé is moite de thíortha agus de chríocha thar lear na Fraince a bhfuil feidhm ag forálacha Chuid a Cheathair CFAE maidir leo,
 - (k) críoch Phoblacht na Cróite,
 - (l) críoch Phoblacht na hIodáile, cé is moite de bhargas Livigno,
 - (m) críoch Phoblacht na Cipire, i gcomhréir le forálacha Ionstraim Aontachais 2003,
 - (n) críoch Phoblacht na Laitvia,
 - (o) críoch Phoblacht na Liotuáine,
 - (p) críoch Ard- Diúcacht Lucsamburg,
 - (q) críoch na hUngáire,
 - (r) críoch Phoblacht Mhálta,
 - (s) críoch Ríocht na hÍsiltíre san Eoraip,
 - (t) críoch Phoblacht na hOstaire,
 - (u) críoch Phoblacht na Polainne,
 - (v) críoch Phoblacht na Portaingéile,
 - (w) críoch na Rómáine,
 - (x) críoch Phoblacht na Slóivéine,
 - (y) críoch Phoblacht na Slóvaice,

- (z) críoch Phoblacht na Fionlainne, agus
 - (aa) críoch Ríocht na Sualainne.
2. Measfar gur cuid de chríoch chustaim an Aontais na críocha a leanas, lena n-áirítear a n-uiscí teorann, a n-uiscí inmheánacha agus a n-aerspás, atá suite taobh amuigh de chríoch na mBallstát, agus na coinbhinsiúin agus na conarthaí is infheidhme maidir leo á gcur san áireamh:
- (a) AN FHRAINIC
Críoch Mhonacó mar a shainmhínítear í sa Choinbhinsiún Custaim a síníodh i bPáras an 18 Bealtaine 1963 (Journal officiel de la République française (Iris Oifigiúil Phoblacht na Fraince) an 27 Meán Fómhair 1963, lch. 8679);
 - (b) AN CHIPIR
Críoch Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha Akrotiri agus Dhekelia de chuid na Ríochta Aontaithe mar a shainmhínítear iad sa Chonradh maidir le Bunú Phoblacht na Cipire, a síníodh sa Niocóis an 16 Lúnasa 1960 (Sraith Chonarthaí na Ríochta Aontaithe Uimh. 4 (1961) Cmnd. 1252).

Airteagal 4

Tarmligean cumhachtaí

Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal [261](#) lena bhforlíontar agus lena leasaítear an Rialachán seo trí fhorálacha na reachtaíochta custaim is infheidhme maidir leis an trádáil in earraí de chuid an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 1(4) a shonrú. Féadfaidh na gníomhartha sin a bheith dírithe ar chúinsí ar leith a bhaineann leis an trádáil in earraí de chuid an Aontais nach mbaineann ach le haon Bhallstát amháin.

Caibidil 2 Sainmhínithe

Airteagal 5

Sainmhínithe

Chun críche an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (1) ciallaíonn ‘údaráis chustaim’ riaracháin custaim na mBallstát atá freagrach as cur i bhfeidhm na reachtaíochta custaim agus aon údaráis eile a dtugtar de chumhacht dóibh faoin dlí náisiúnta reachtaíocht áirithe chustaim a chur i bhfeidhm;
- (2) ciallaíonn ‘an reachtaíocht chustaim’ corpas reachtaíochta atá comhdhéanta de na nithe uile seo leanas:
 - (a) an Cód agus na forálacha lena bhforlíontar nó lena gcuirtear chun feidhme é, arna nglacadh ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal náisiúnta;
 - (b) an Chomhtharaif Chustaim;
 - (c) an reachtaíocht lena mbunaítear córas faoiseamh de chuid an Aontais ó dhleacht custaim;
 - (d) forálacha custaim atá i gcomhaontuithe idirnáisiúnta, a mhéid atá siad infheidhme san Aontas;

- (e) Rialachán (AE) 2022/2399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²³ agus na forálacha lena leasaítear, lena bhforlíontar nó lena gcuirtear chun feidhme é;
- (3) ciallaíonn ‘reachtaíocht eile a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm’ reachtaíocht seachas reachtaíocht chustaim is infheidhme maidir leis na hearraí a thagann isteach i gcríoch chustaim an Aontais, nó a imíonn uaithi nó a théann tríthi, nó maidir le hearraí atá le cur ar mhargadh an Aontais, a bhfuil baint ag na húdaráis chustaim lena gcur chun feidhme;
- (4) ciallaíonn ‘bearta beartais tráchtála’, mar chuid de reachtaíocht eile a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm, bearta a ghlactar de bhun Airteagal 207 CFAE, seachas dleachtanna frithdhumpála, dleachtanna frithchúitimh nó bearta coimirce sealadacha nó cinntitheacha i bhfoirm taraifí méadaithe ar earraí sonracha, agus lena n-áirítear go háirithe bearta faireachais agus bearta coimirce speisialta i bhfoirm údaruithe allmhairiúcháin nó onnmhairiúcháin;
- (5) ciallaíonn ‘duine’ duine nádúrtha, duine dlítheanach agus aon chomhlachas daoine nach bhfuil ina dhuine dlítheanach ach a n-aithnítear faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta go bhfuil an inniúlacht aige gníomhartha dlíthiúla a dhéanamh;
- (6) ciallaíonn ‘oibreoir eacnamaíoch’ duine a ghabhann, le linn a ghnó, do ghníomhaíochtaí a chumhdaítear leis an reachtaíocht chustaim;
- (7) ciallaíonn ‘bunaithe i gcríoch chustaim an Aontais’:
- (a) i gcás duine nádúrtha, duine a bhfuil gnáthchónaí air i gcríoch chustaim an Aontais;
- (b) i gcás duine dhlítheanaigh nó comhlachais daoine, a bhfuil a oifig chláraithe, a cheannáras lárnach nó buanbhunaíocht ghnó aige i gcríoch chustaim an Aontais;
- (8) ciallaíonn ‘buanbhunaíocht ghnó’ áit sheasta ghnó, sa chás ina bhfuil na hacmhainní daonna agus na hacmhainní teicniúla is gá i láthair go buan, agus tríd a dhéantar oibríochtaí custaim duine ina n-iomláine nó go páirteach;
- (9) ciallaíonn ‘cinneadh custaim’ aon ghníomh na n-údarás custaim a bhaineann leis an reachtaíocht chustaim a thugann breith ar chás ar leith, agus nuair a bheidh éifeachtaí dlíthiúla ar an duine nó ar na daoine lena mbaineann;
- (10) ciallaíonn ‘nós imeachta custaim’ aon cheann de na nósanna imeachta seo a leanas faoina bhféadfar earraí a chur i gcomhréir leis an gCód:
- (a) scaoileadh i saorchúrsaíocht;
- (b) nósanna imeachta speisialta;
- (c) onnmhairiú;
- (11) ciallaíonn ‘foirmiúlachtaí custaim’ na hoibríochtaí uile nach mór do dhuine agus do na húdaráis chustaim a chur i gcrích le go gcomhlíonfar an reachtaíocht chustaim;
- (12) ciallaíonn ‘allmhaireoir’ aon duine a bhfuil sé de chumhacht aige a chinneadh, agus a chinn, go bhfuil earraí ó thríú tír le tabhairt isteach i gcríoch chustaim an Aontais nó,

²³ Rialachán (AE) 2022/2399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Samhain 2022 lena mbunaítear Timpeallacht Ionaídh Ilfhreastail an Aontais Eorpaigh maidir le Custam agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 (IO L 317, 9.12.2022, lch. 1).

ach mar a fhoráiltear a mhalairt, aon duine a bhreithnítear a bheith ina allmhaireoir measta;

- (13) ciallaíonn ‘allmhaireoir measta’ aon duine a bhfuil baint aige le ciandíol earraí le hallmhairiú ó thríú tíortha isteach i gcríoch chustaim an Aontais atá údaraithe úsáid a bhaint as an scéim speisialta a leagtar síos i dTeideal XII, Caibidil 6, Roinn 4 de Threoir 2006/112/CE;
- (14) ciallaíonn ‘onnmhaireoir’ aon duine a bhfuil sé de chumhacht aige a chinneadh, agus a chinn, go bhfuil na hearraí le tabhairt amach as críoch chustaim an Aontais;
- (15) ciallaíonn ‘ionadaí custaim’ aon duine a cheapfaidh duine eile chun na gníomhartha agus na foirmiúlachtaí a cheanglaítear faoin reachtaíocht chustaim a dhéanamh, agus an duine sin ag plé le húdaráis custaim;
- (16) ciallaíonn ‘sonraí’ aon léiriú digiteach nó neamhdhigiteach ar ghníomhartha, ar fhíorais nó ar fhaisnéis agus aon tiomsú de ghníomhartha, d’fhíorais nó d’fhaisnéis den sórt sin, lena n-áirítear i bhfoirm doiciméid, taifid fuaime, amhairc nó closamhairc;
- (17) ciallaíonn ‘faireachas custaim’ faisnéis a bhailiú agus anailís a dhéanamh uirthi, i ndáil le hearraí a thagann isteach i gcríoch chustaim an Aontais, a imíonn uaithi nó a théann tríthi chun faireachán a dhéanamh ar na gluaiseachtaí sin ar leibhéal an Aontais agus chun a áirithiú go gcuirfear rialuithe custaim i bhfeidhm go haonfhoirmeach agus go gcomhlíonfar reachtaíocht chustaim agus reachtaíocht eile a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm agus chun rannchuidiú le hanailís riosca agus bainistíocht riosca;
- (18) ciallaíonn ‘riosca’ an dóchúlacht go dtarlódh teagmhas agus an tionchar a bheadh aige, maidir le hearraí a ghluaiستear idir críoch chustaim an Aontais agus tíortha lasmuigh den chríoch sin agus maidir le hearraí nach earraí de chuid an Aontais iad a bheith i láthair laistigh de chríoch chustaim an Aontais, arb iad na nithe seo a leanas a thiofadh as:
 - (a) chuirfí leasanna airgeadais nó eacnamaíocha an Aontais agus a Bhallstát i mbaol;
 - (b) bheadh bagairt ann do shlándáil agus do shábháilteacht an Aontais agus a chuid saoránach agus cónaitheoirí; nó
 - (c) chuirfeadh sé cosc ar chur i bhfeidhm ceart beart de chuid an Aontais nó beart náisiúnta;
- (19) ciallaíonn ‘anailís eacnamaíoch’ meastóireacht nó cainníocht ar bheartas nó ar fheiniméan eacnamaíoch, chun tuiscint a fháil ar an gcaoi a ndéanann tosca eacnamaíocha difear d’fheidhmiú beartais, do limistéar geografach nó d’aon ghrúpa daoine d’fhonn cinntí níos fearr a dhéanamh le haghaidh na todhchaí;
- (20) ciallaíonn ‘bainistíocht riosca’ riosca a shainaithint go córasach, lena n-áirítear próifílí oibreoirí eacnamaíocha rioscúla a shainaithint, agus cur i bhfeidhm na mbeart uile is gá chun neamhchosaint ar riosca a laghdú;
- (21) ciallaíonn ‘maoirseacht custaim’ gníomhaíocht a dhéanann na húdaráis chustaim go ginearálta d’fhonn a áirithiú go gcomhlíonfar an reachtaíocht chustaim agus, i gcás inarb iomchuí, reachtaíocht eile a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm, nó chun rannchuidiú ar bhealach eile leis an mbainistíocht ar rioscaí a bhaineann leis na hearraí sin agus lena slabhraí soláthair;

- (22) ciallaíonn ‘rialuithe custaim’ gníomhartha sonracha a dhéanann na húdaráis chustaim chun a áirithiú go gcomhlíonfar an reachtaíocht chustaim agus reachtaíocht eile a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm, nó chun rannchuidiú ar bhealach eile leis an mbainistíocht ar rioscaí a bhaineann le hearraí agus lena slabhraí soláthair;
- (23) ciallaíonn ‘rialuithe randamacha’ rialuithe custaim bunaithe ar phrionsabail na samplála randamaí, maidir le pobal leasa;
- (24) ciallaíonn ‘sealbhóir na n-earraí’ an duine a bhfuil smacht fisiceach aige ar na hearraí;
- (25) ciallaíonn ‘iompróir’:
- (a) i gcomhthéacs iontrála, an duine a thabharfaidh na hearraí isteach i gcríoch chustaim an Aontais, nó a ghlacfaidh freagracht as na hearraí a iompar isteach i gcríoch chustaim an Aontais. Mar sin féin,
 - (i) i gcás iompair chomhcheangailte, ciallaíonn ‘iompróir’ an duine a oibreoidh an modh iompair, a ghluaiseann, agus é tugtha isteach i gcríoch chustaim an Aontais, mar mhodh gníomhach iompair é féin;
 - (ii) i gcás tráchta muirí nó aerthráchta faoi shocrú roinnte soitheach nó faoi shocrú conraitheoireachta soitheach, ciallaíonn ‘iompróir’ an duine a thugann conradh chun críche agus a eisíonn bille luchtá nó bille iompair aeir d’iompar iarbhír na n-earraí isteach i gcríoch chustaim an Aontais;
 - (b) i gcomhthéacs imeachta, an duine a thabharfaidh na hearraí amach as críoch chustaim an Aontais, nó a ghlacfaidh freagracht as na hearraí a iompar amach as críoch chustaim an Aontais. Mar sin féin:
 - (i) i gcás iompair chomhcheangailte, nuair nach bhfuil an modh gníomhach iompair a fhágann críoch chustaim an Aontais ach ag iompar modh eile iompair, a ghluaisfidh é féin mar mhodh gníomhach iompair nuair a bhaineann an modh gníomhach iompair a cheann scríbe amach, ciallaíonn ‘iompróir’ an duine a oibríonn an modh iompair, tar éis dó críoch chustaim an Aontais a fhágáil agus a cheann scríbe a bhaint amach;
 - (ii) i gcás tráchta muirí nó aerthráchta faoi shocrú roinnte soitheach nó faoi shocrú conraitheoireachta soitheach, ciallaíonn ‘iompróir’ an té a thugann conradh chun críche, agus a eisíonn bille luchtá nó bille iompair aeir d’iompar iarbhír na n-earraí amach as críoch chustaim an Aontais;
- (26) ciallaíonn ‘anailís riosca’ próiseáil sonraí, faisnéise nó doiciméad, lena n-áirítear sonraí pearsanta, d’fhonn rioscaí féideartha a shainaithint nó a chainníochtú, agus úsáid á baint, i gcás inarb ábhartha, as modhanna anailísíochta agus an intleacht shaorga mar a shainmhínítear le hAirteagal 3, pointe (1), de Rialachán (AE) /.../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁴;

²⁴ Rialachán (AE) .../20... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga (An Gníomh um an Intleacht Shaorga) agus lena leasaítear gníomhartha áirithe reachtacha de chuid an Aontais [COM(2021)206 final] [(2021/0106(COD))].

- (27) ciallaíonn ‘comhartha riosca’ an léiriú go bhféadfadh riosca a bheith ann bunaithe ar oibríochtaí próiseála uathoibrithe lena gcuirtear anailís riosca chun feidhme maidir le sonraí, faisnéis nó doiciméid;
- (28) ciallaíonn ‘toradh anailíse riosca’ an cinneadh, i gcás comhartha, go mbreithnítear nó nach mbreithnítear riosca a bheith ann, bunaithe ar phróiseas uathoibríoch nó ar mheasúnú breise ar an gcomhartha riosca arna dhéanamh ag an duine;
- (29) ciallaíonn ‘moladh maidir le rialú’ tuairim ó údarás custaim nó ó Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh, a mhéid a bhaineann le cé acu atá nó nach bhfuil rialú custaim le déanamh agus, má tá, cén uair, cén áit agus cén t-údarás custaim a dhéanfaidh é; lena n-áirítear gníomhaíochtaí breise féideartha seachas rialuithe custaim;
- (30) ciallaíonn ‘cinneadh maidir le rialú’ an gníomh aonair lena ndéanann na húdaráis chustaim an cinneadh go ndéanfar nó nach ndéanfar rialú;
- (31) ciallaíonn ‘toradh ar rialú’ an réamhthoradh agus an toradh críochnaitheach ar rialú, lena n-áirítear an ghníomhaíocht bhreise a léirítear, más ann di, agus na húdaráis inniúla lena mbaineann an toradh nó an ghníomhaíocht, más ann di;
- (32) ciallaíonn ‘limistéar rialaithe tosaíochta coiteann’ rogha nósanna imeachta custaim ar leith, cineálacha earraí, bealaí tráchta, modhanna iompair nó oibreoirí eacnamaíocha d’fhonn iad a chur faoi réir leibhéil mhéadaithe anailíse riosca agus rialuithe custaim le linn tréimhse áirithe, gan dochar do rialuithe eile a dhéanann na húdaráis chustaim de ghnáth;
- (33) ciallaíonn ‘critéir agus caighdeáin choiteanna riosca’ paraiméadair anailíse riosca le haghaidh limistéar riosca agus na caighdeáin a ghabhann leo maidir le cur i bhfeidhm praiticiúil na gcritéir;
- (34) ciallaíonn ‘straitéis mhaoirseachta’ cur chuige i leith riosca sonrach a láimhseáil, arb é is aidhm di cothromaíocht a bhaint amach idir iarrachtaí maoirseachta custaim oibríochtúla agus bearta maolaithe ar fud an tslabhra soláthair ar bhealach comhréireach éifeachtach;
- (35) ciallaíonn ‘coinsíneacht’ earraí arna n-iompar ag coinsíneoir amháin chuig coinsíní amháin, ar an modh iompair céanna lena n-áirítear iompar ilmhódach, agus a thagann as an gcríoch chéanna nó as an tríú tír chéanna, ar den chineál céanna, den aicme chéanna nó den tuairisc chéanna iad nó atá pacáilte le chéile, faoin gconradh iompair céanna;
- (36) ciallaíonn ‘stádas custaim’ stádas earraí mar earraí de chuid an Aontais nó mar earraí neamh- AE;
- (37) ciallaíonn ‘earraí de chuid an Aontais’ earraí a thagann faoi aon cheann de na catagóirí a leanas:
- (a) earraí a fuarthas go hiomlán i gcríoch chustaim an Aontais agus nach gcuimsíonn earraí a allmhairíodh ó thríú tíortha;
 - (b) earraí a thugtar isteach i gcríoch chustaim an Aontais as tríú tíortha agus a scaoiltear i saorchúrsaíocht;
 - (c) earraí a fhaightear nó a tháirgtear i gcríoch chustaim an Aontais ó earraí dá dtagraítear i bpointe (b), agus uathusan amháin, nó ó earraí dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (b);

- (38) ciallaíonn ‘earraí neamh- AE’ earraí seachas na hearraí dá dtagraítear i bpointe (46) nó earraí a bhfuil a stádas custaim mar earraí de chuid an Aontais caillte acu;
- (39) ciallaíonn ‘scaoileadh earraí’ an gníomh trína gcuireann na húdaráis chustaim, nó daoine eile thar a gceann, earraí ar fáil chun na gcríoch a shonraítear le haghaidh an nós imeachta custaim faoina bhfuil sé beartaithe iad a chur;
- (40) ciallaíonn ‘dearbhú iontrála achomair’ an gníomh trína gcuireann duine in iúl do na húdaráis chustaim san fhoirm fhorordaithe agus sa mhodh atá forordaithe agus laistigh de theorainn ama shonrach, go bhfuil earraí le tabhairt isteach i gcríoch chustaim an Aontais;
- (41) ciallaíonn ‘dearbhú imeachta achomair’ an gníomh trína gcuireann duine in iúl do na húdaráis chustaim san fhoirm fhorordaithe agus sa mhodh atá forordaithe agus laistigh de theorainn ama shonrach, go bhfuil earraí le tabhairt isteach i gcríoch chustaim an Aontais;
- (42) ciallaíonn ‘dearbhú stórála sealadaí’ an gníomh lena gcuirfidh duine in iúl, san fhoirm agus sa mhodh a bheidh forordaithe, go bhfuil earraí i stóras sealadach;
- (43) ciallaíonn ‘dearbhú custaim’ an gníomh trína gcuireann duine a mhian in iúl, ar an mbealach ar leith atá forordaithe, earraí a chur faoi nós imeachta custaim áirithe, maille le sonraí, más iomchuí, faoi cibé socruithe faoi leith a bheidh le cur i bhfeidhm;
- (44) ciallaíonn ‘dearbhóir’ an duine a thaisceann dearbhú custaim, dearbhú stórála sealadaí, dearbhú iontrála achomair, dearbhú imeachta achomair, dearbhú ath- onnmhairithe nó fógra ath- onnmhairithe in ainm an duine féin sin a ndéantar dearbhú den sórt sin ina ainm, nó ina ndéantar fógra a thaisceadh ina ainm;
- (45) ciallaíonn ‘dearbhú ath- onnmhairithe’ an gníomh trína léiríonn duine san fhoirm fhorordaithe agus sa mhodh a bheidh forordaithe, gur mian leis earraí neamh- AE, le heisceacht na hearraí sin atá faoin nós imeachta saorchreasa nó i stóráil shealadach, a thabhairt amach as críoch chustaim an Aontais;
- (46) ciallaíonn ‘fógra ath- onnmhairithe’ an gníomh, trína léiríonn duine san fhoirm fhorordaithe agus sa mhodh forordaithe, gur mian leis earraí neamh- AE atá faoin nós imeachta saorchreasa nó i stóráil shealadach a thabhairt amach as críoch chustaim an Aontais;
- (47) ciallaíonn ‘ciandíol earraí a allmhairítear ó thríú tíortha’ ciandíol earraí a allmhairítear ó thríú tíortha nó ó thríú críocha mar a shainmhínítear in Airteagal 14(4), pointe (2), de Threoir 2006/112/CE;
- (48) ciallaíonn ‘monaróir’:
- (a) monaróir an táirge de bhun na reachtaíochta eile is infheidhme maidir leis an táirge sin; nó
 - (b) an táirgeoir maidir le táirgí talmhaíochta mar a shainmhínítear in Airteagal 38(1) CFAE nó maidir le hamhábhair; nó
 - (c) mura bhfuil aon mhonaróir nó aon táirgeoir ann dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b), an duine nádúrtha nó an duine dlítheanach nó an comhlachas daoine a mhonaraigh an táirge nó ar monaraíodh an táirge dó, agus a mhargaíonn an táirge sin faoi ainm nó trádmharc an duine sin;

- (49) ciallaíonn ‘soláthróir táirge’ aon duine nádúrtha nó duine dlítheanach nó comhlachas daoine sa slabhra soláthair a mhonaraíonn táirge i bpáirt nó ina iomláine, bíodh sin mar mhonaróir nó in aon imthoisc eile;
- (50) ciallaíonn ‘stóráil shealadach’ an cás ina ndéantar earraí nach earraí de chuid an Aontais iad a stóráil go sealadach faoi mhaoirseacht custaim sa tréimhse idir an tráth a thugann an t-íompróir fógra don chríoch chustaim faoina dteacht agus an tráth a chuirtear faoi nós imeachta custaim iad;
- (51) ciallaíonn ‘táirgí próiseáilte’ earraí a chuirtear faoi nós imeachta próiseála agus a bhfuil oibriochtaí próiseála déanta orthu;
- (52) ciallaíonn ‘oibriochtaí próiseála’ aon cheann de na nithe seo a leanas:
- (a) earraí a oibriú, lena n-áirítear na hearraí sin a thógáil, a chóimeáil nó a fheistiú le hearraí eile;
 - (b) earraí a phróiseáil;
 - (c) earraí a dhíothú;
 - (d) earraí a dheisiú, lena n-áirítear na hearraí sin a athchóiriú agus a chur in ord;
 - (e) úsáid earraí nach bhfuil le fáil sna táirgí próiseáilte, ach a cheadaíonn nó a éascaíonn táirgeadh na dtáirgí sin fiú má ídítear go hiomlán nó go páirteach iad le linn na próiseála (gabhálaís táirgthe);
- (53) ciallaíonn ‘sealbhóir an nós imeachta idirthurais’ an duine a thaisceann an dearbhú idirthurais nó a sholáthraíonn an fhaisnéis a cheanglaítear chun earraí a chur faoin nós imeachta sin, nó an duine a dtaisctear an dearbhú sin nó a soláthraítear an fhaisnéis sin thar a cheann.
- (54) ciallaíonn ‘ráta toraidh’ méid nó céatadán na dtáirgí próiseáilte a fhaightear de bharr phróiseáil a déanamh ar mhéid áirithe earraí a chuirtear faoi nós imeachta próiseála;
- (55) ciallaíonn ‘tríú tír’ tír nó críoch lasmuigh de chríoch chustaim an Aontais;
- (56) ciallaíonn ‘cóireáil shimplithe taraife le haghaidh ciandíola’ an chóireáil shimplithe taraife le haghaidh ciandíola a leagtar amach in Airteagal 1, míreanna 4 agus 5, agus i gCuid a hAon, Roinn II, pointe G d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87;
- (57) ciallaíonn ‘fiach custaim’ an oibleagáid atá ar dhuine an dleacht ar allmhairí nó ar onnmhairí a bhaineann le hearraí sonracha a íoc faoin reachtaíocht chustaim atá i bhfeidhm;
- (58) ciallaíonn ‘féichiúnaí’ aon duine a dhlíonn fiach custaim a íoc;
- (59) ciallaíonn ‘dleacht ar allmhairí’ dleacht custaim is iníoctha ar allmhairiú earraí;
- (60) ciallaíonn ‘dleacht ar onnmhairí’ dleacht custaim is iníoctha ar onnmhairsiú earraí;
- (61) ciallaíonn ‘aisíocaíocht’ aisíoc méid dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí a íocadh;
- (62) ciallaíonn ‘loghadh’ tarscaoileadh na hoibleagáide méid dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí nach bhfuil íoctha a íoc;
- (63) ciallaíonn ‘coimisiún ceannaigh’ táille a d’íoc an t-allmhaireoir le gníomhaí as ionadaíocht a dhéanamh air nó uirthi agus earraí atá á luacháil á gceannach;
- (64) ciallaíonn ‘géarchéim’ teagmhas nó cás a chuireann sábháilteacht, slándáil, sláinte agus beatha saoránach, oibreoirí eacnamaíocha agus pearsanra údarás custaim i

mbaol go tobann agus a bhfuil bearta práinneacha ag teastáil lena aghaidh maidir le dul isteach, imeacht nó idirthuras earraí.

Caibidil 3

Cinntí a bhaineann leis an reachtaíocht chustaim a chur i bhfeidhm

ROINN 1

PRIONSABAIL GHINEARÁLTA

Airteagal 6

Cinntí a dhéantar ar iarratas a fháil

1. I gcás dá ndéanfaidh duine iarratas ar chinneadh a bhaineann leis an reachtaíocht chustaim a chur i bhfeidhm, soláthróidh an duine sin an fhaisnéis uile a theastóidh uathu chun go bhféadfaidís an cinneadh sin a dhéanamh do na húdaráis chustaim inniúla.

Féadfaidh líon daoine iarratas a dhéanamh ar chinneadh freisin, agus féadfar cinneadh a dhéanamh i ndáil le líon daoine, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sa reachtaíocht chustaim.

Ach amháin mar a fhoráiltear a mhalairt, is éard a bheidh san údarás custaim inniúil údarás custaim áit bhunaithe an iarratasóra.

2. Fíoróidh na húdaráis chustaim, gan mhoill agus ar a dhéanaí laistigh de 30 lá féilire ón dáta a gheofar an t-iarratas ar chinneadh, cibé an gcomhlíontar na coinníollacha maidir le glacadh an iarratais sin.

I gcás ina suíonn na húdaráis chustaim go bhfuil an fhaisnéis uile is gá chun go ndéanfaidh siad an cinneadh san iarratas, féadfaidh siad cur in iúl don iarratasóir gur glacadh leis an iarratas laistigh den tréimhse a sonraíodh sa chéad fhomhír.

I gcás ina suífidh na húdaráis chustaim nach bhfuil an fhaisnéis uile a cheanglaítear i láthair san iarratas, iarrfaidh siad ar an iarratasóir an fhaisnéis ábhartha bhreise a sholáthar laistigh de theorainn ama réasúnta nach faide ná 30 lá féilire. Fiú i gcás inar iarr na húdaráis chustaim faisnéis bhreise ar an iarratasóir, déanfaidh siad cinneadh an bhfuil an t-iarratas comhlánaithe ina iomláine agus an féidir glacadh leis nó an bhfuil sé neamhiomlán agus an ndiúltófar dó i dtréimhse nach faide ná 60 lá féilire ó dháta an chéad iarratais. Mura gcuirfidh na húdaráis chustaim in iúl go sainráite don iarratasóir laistigh den tréimhse ama sin cé acu a glacadh nó nár glacadh leis an iarratas, breithneofar an t-iarratas a bheith glactha ag deireadh na 60 lá féilire.

3. Ach amháin mar a fhoráiltear a mhalairt, déanfaidh an t-údarás custaim inniúil cinneadh dá dtagraítear i mír 1 laistigh de 120 lá ar a dhéanaí ón dáta a ghlactar an t-iarratas agus tabharfaidh sé fógra don iarratasóir faoi sin gan mhoill.

I gcás nach mbeidh na húdaráis chustaim in ann cloí leis an teorainn ama le haghaidh cinneadh a dhéanamh, cuirfidh siad an méid sin in iúl don iarratasóir sula rachaidh an teorainn ama sin in éag, ag sonrú na bhfáthanna agus an tréimhse bhreise a mheasfaidh siad a bheith is gá chun cinneadh a dhéanamh. Mura bhforáiltear a mhalairt, ní bheidh an tréimhse bhreise sin níos faide ná 30 lá féilire.

Gan dochar don dara fómhír, féadfaidh na húdaráis chustaim an teorainn ama a fhadú le haghaidh cinneadh a ghlacadh, mar a leagtar síos sa reachtaíocht chustaim, i gcás ina n-iarrann an t-iarratasóir síneadh chun coigeartuithe a dhéanamh lena áirithiú go gcomhlíonfar na coinníollacha agus na critéir is gá chun an cinneadh a dheonú. Cuirfear na coigeartuithe sin agus an tréimhse ama is gá lena gcomhlíonadh in iúl do na húdaráis chustaim, a dhéanfaidh cinneadh maidir leis an síneadh.

I gcás nach ndéanfaidh na húdaráis chustaim cinneadh laistigh de na teorainneacha ama a leagtar síos sa chéad fómhír agus sa dara agus sa tríú fómhír, féadfaidh an t-iarratasóir a mheas gur diúltaíodh don iarraidh agus féadfaidh sé achomharc a dhéanamh in aghaidh cinneadh diúltach den sórt sin. Féadfaidh an t-iarratasóir freisin Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh a chur ar an eolas faoi nach ndearna na húdaráis chustaim cinneadh laistigh de na teorainneacha ama ábhartha.

4. Seachas i gcás ina sonrófar a mhalairt sa chinneadh nó sa reachtaíocht chustaim, beidh éifeacht leis an gcinneadh ón dáta a bhfaighidh an t-iarratasóir é nó ón dáta a measfar go bhfuair sé é. Ach amháin sna cásanna dá bhforáiltear in Airteagal 17(2), beidh cinntí a ghlacfar infhorfeidhmithe ag na húdaráis chustaim ón dáta sin.
5. Seachas má fhoráiltear a mhalairt sa reachtaíocht chustaim, beidh an cinneadh bailí gan teorainn ama.
6. Sula ndéanfar cinneadh a dhéanfaidh dochar don iarratasóir, cuirfidh na húdaráis chustaim in iúl don iarratasóir na forais ar a mbeidh sé beartaithe acu a gcinneadh a bhunú, agus beidh deis ag an iarratasóir sin a thuairim nó a tuairim a chur in iúl, laistigh de thréimhse fhorordaithe ón dáta a fuair sé nó sí an teachtaireacht sin nó a mheastar go bhfuair sé nó sí é ('an ceart chun éisteachta'). Nuair a bheidh an tréimhse sin caite, cuirfear an cinneadh in iúl, san fhoirm iomchuí, don iarratasóir.

Ní bheidh feidhm ag an gcéad fómhír maidir le haon cheann de na cásanna a leanas:

 - (a) i gcás ina mbeidh baint aici le cinneadh a bhaineann le faisnéis cheangailteach dá dtagraítear in Airteagal 13(1);
 - (b) má dhiúltaítear leas cuóta taraife i gcás ina mbainfear an méid sonraithe cuóta taraife amach, dá dtagraítear in Airteagal 145(4), [an chéad](#) fómhír;
 - (c) má éilítear é mar thoradh ar chineál nó leibhéal na bagartha do shlándáil agus do shábháilteacht an Aontais agus a chuid cónaitheoirí, do shláinte an duine, do shláinte ainmhithe nó do shláinte plandaí, don chomhshaol nó do thomhaltóirí;
 - (d) i gcás inarb é is aidhm don chinneadh a áirithiú go gcuirfear cinneadh eile chun feidhme ar tugadh deis don iarratasóir a thuairim a thabhairt ina leith, gan dochar do dhlí an Bhallstáit lena mbaineann;
 - (e) i gcás ina ndéanfaí dochar leis d'inscrúduithe a tionscnófar chun críche calaois a chomhrac;
 - (f) i gcásanna sonracha eile.
7. I gcás cinnidh a dhéanfaidh dochar don iarratasóir beidh na forais ar a bhfuil sé bunaithe leagtha amach ann agus déanfar tagairt don cheart achomhairc dá bhforáiltear in Airteagal 16.
8. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun an Rialachán seo a fhorlíonadh i gcomhréir le hAirteagal 261, tríd an méid seo a leanas:

- (a) na heisceachtaí maidir le hoifig custaim inniúil a ainmniú dá dtagraítear i mír 1, an tríú fomhír, den Airteagal seo;
 - (b) na coinníollacha maidir le glacadh le hiarratas, dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo;
 - (c) na cásanna ina bhfuil an teorainn ama le haghaidh cinneadh sonrach a dhéanamh, lena n-áirítear an fhéidearthacht go gcuirfí síneadh leis an teorainn ama sin, éagsúil leis na teorainneacha ama dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo;
 - (d) na cásanna, dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo, ina dtagann an cinneadh i bhfeidhm ó dháta nach é an dáta a fhaigheann an t-iarratasóir é nó an dáta a mheastar go bhfuair an t-iarratasóir é;
 - (e) na cásanna, dá dtagraítear i mír 5 den Airteagal seo, nach bhfuil an cinneadh bailí iontu gan teorainn ama;
 - (f) fad na tréimhse dá dtagraítear i mír 6, an chéad fhomhír, den Airteagal seo;
 - (g) na cásanna sonracha, dá dtagraítear i mír 6, an dara fomhír, pointe (f) den Airteagal seo;
9. Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, an nós imeachta:
- (a) iarratas ar chinneadh a chur isteach agus a ghlacadh, dá dtagraítear in míreanna 1 agus 2;
 - (b) an cinneadh dá dtagraítear san Airteagal seo a dhéanamh, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, a mhéid a bhaineann leis an gceart chun éisteacht a fháil agus dul i gcomhairle leis na Ballstáit eile lena mbaineann.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 262(4).

Airteagal 7

Bainistiú na gcinntí a dhéantar ar iarratas a fháil

1. Comhlíonfaidh sealbhóir an chinnidh na hoibleagáidí a bheidh mar thoradh ar an gcinneadh.
2. Déanfaidh sealbhóir an chinnidh faireachán leanúnach ar chomhlíonadh na gcoinníollacha agus na gcritéar, agus ar chomhlíonadh na n-oibleagáidí, a leanann as na cinntí agus, i gcás inarb infheidhme, bunóidh sé rialuithe inmheánacha lena féidir idirbhearta neamhdhleathacha nó neamhrialta a chosc, a bhrath agus a cheartú.
3. Cuirfidh sealbhóir an chinnidh na húdaráis chustaim ar an eolas gan mhoill faoi aon toisc a thiocfaidh chun cinn tar éis an cinneadh a dhéanamh agus a bhféadfadh tionchar a bheith aige ar leanúint den chinneadh sin nó ar a inneachar.
4. Déanfaidh na húdaráis chustaim faireachán tráthrialta ar cé acu a leanann nó nach leanann sealbhóir an chinnidh de bheith ag comhlíonadh na gcritéar ábhartha agus na n-oibleagáidí ábhartha, go háirithe ar chumas shealbhóir an chinnidh earráidí a chosc, freagairt dóibh agus iad a leigheas trí rialuithe inmheánacha iomchuí. Bunaithe ar ghníomhaíocht faireacháin den sórt sin, déanfaidh lucht custaim measúnú ar phróifíl riosca shealbhóir an chinnidh, i gcás inarb ábhartha. I gcás ina bhfuil sealbhóir an chinnidh bunaithe i gcríoch chustaim an Aontais ar feadh tréimhse is lú ná 3 bliana,

déanfaidh na húdaráis chustaim dlúthfhaireachán air le linn na chéad bhliana tar éis an cinneadh a dhéanamh.

5. Na cinntí a dhéanann na húdaráis chustaim maidir le hiarratas a fháil agus na gníomhaíochtaí faireacháin uile a dhéanann siad, cuirfidh siad in iúl d'Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh iad i gcomhréir le mír 4. Cuirfidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh an fhaisnéis sin san áireamh chun críocha bainistíochta riosca.
6. Go dtí an dáta a leagtar amach in Airteagal 265(3), cuirfidh na húdaráis chustaim a gcinntí ar taifead sna córais leictreonacha atá ann cheana le haghaidh faisnéis a mhalartú, ar córais iad a d'fhorbair na Ballstáit agus an Coimisiún. Beidh rochtain ag na Ballstáit agus ag an gCoimisiún ar na cinntí sin agus ar an bhfaisnéis fholuiteach sna córais sin.
7. Gan dochar d'fhorálacha a leagtar síos i réimsí eile agus lena sonrófar na cásanna ina mbeidh cinntí neamhbhailí nó ina dtiocfaidh siad chun bheith ar neamhniú, féadfaidh na húdaráis chustaim a rinne cinneadh é a neamhniú, a chúlghairm nó a leasú tráth ar bith i gcás nach gcomhlíonfaidh sé an reachtaíocht chustaim. Cuirfidh na húdaráis chustaim Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh ar an eolas faoi chinntí custaim arna neamhniú, arna gcúlghairm nó arna leasú amhlaidh.
8. I gcásanna sonracha déanfaidh na húdaráis chustaim an méid seo a leanas:
 - (a) athmheasúnú ar chinneadh;
 - (b) cinneadh nach bhfuil le neamhniú, le cúlghairm ná le leasú a chur ar fionraí.
9. An t-údarás custaim atá inniúil chun an cinneadh a dhéanamh, cuirfidh sé an cinneadh ar fionraí seachas é a neamhniú, a chúlghairm nó a leasú i gcás inarb amhlaidh an méid seo a leanas:
 - (a) breithníonn an t-údarás custaim sin go bhféadfadh forais leordhóthanacha a bheith ann chun an cinneadh a neamhniú, a chúlghairm nó a leasú, ach nach bhfuil na heilimintí uile is gá aige go fóill chun cinneadh a dhéanamh faoin neamhniú, faoin gcúlghairm nó faoin leasú;
 - (b) i gcás ina measfaidh an t-údarás custaim nach gcomhlíontar na coinníollacha maidir leis an gcinneadh nó nach gcomhlíonann sealbhóir an chinnidh na hoibleagáidí a fhorchuirtear faoin gcinneadh sin, agus ina mbeidh sé iomchuí am a thabhairt do shealbhóir an chinnidh chun bearta a dhéanamh chun comhlíonadh na gcoinníollacha nó comhlíonadh na n-oibleagáidí a áirithiú;
 - (c) i gcás ina n-iarrfaidh sealbhóir an chinnidh fionraí den sórt sin toisc nach bhfuil an duine sin in ann, ar bhonn sealadach, na coinníollacha a leagtar síos maidir leis an gcinneadh a chomhlíonadh nó na hoibleagáidí a fhorchuirtear faoin gcinneadh sin a chomhlíonadh.

I gcásanna dá dtagraítear i mír 1, pointí (b) agus (c), tabharfaidh sealbhóir an chinnidh, don údarás custaim atá inniúil chun an cinneadh a dhéanamh, fógra faoi na bearta a dhéanfaidh an duine sin chun a áirithiú go gcomhlíonfar na coinníollacha nó na hoibleagáidí, agus faoin tréimhse ama a theastaíonn uaidh chun na bearta sin a dhéanamh.
10. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun an Rialachán seo a fhorlíonadh i gcomhréir le hAirteagal [261](#), tríd an méid seo a leanas:
 - (a) rialacha mionsonraithe maidir le faireachán a dhéanamh ar chinneadh dá dtagraítear i míreanna 2 go 4 den Airteagal seo;

- (b) na cásanna sonracha agus na rialacha maidir le hathmheasúnú a dhéanamh ar chinntí dá dtagraítear i mír 8 den Airteagal seo.

Airteagal 8

Bailíocht cinntí ar fud an Aontais

Ach amháin i gcás ina bhforálfar leis an gcinneadh go mbeidh a éifeacht teoranta do Bhallstát amháin nó do roinnt Ballstát, beidh cinntí a bhainfidh le cur i bhfeidhm na reachtaíochta custaim bailí ar fud chríoch chustaim an Aontais.

Airteagal 9

Neamhniú cinntí fabhracha

1. Déanfaidh na húdaráis chustaim cinneadh atá fabhrach do shealbhóir an chinnidh a neamhniú má chomhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas:
 - (a) rinneadh an cinneadh ar bhonn faisnéise a bhí mícheart nó neamhiomlán;
 - (b) b'eol do shealbhóir an chinnidh nó ba cheart le réasún gurbh eol dó go raibh an fhaisnéis mícheart nó neamhiomlán;
 - (c) dhéanfaí cinneadh eile dá mbeadh an fhaisnéis ceart agus iomlán.
2. Tabharfar fógra do shealbhóir an chinnidh faoi neamhniú an chinnidh.
3. Gabhfaidh éifeacht leis an neamhniú ón dáta a ghabh éifeacht leis an gcinneadh bunaidh, ach amháin i gcás ina sonrófar a mhalairt sa chinneadh i gcomhréir leis an reachtaíocht custaim.
4. Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na rialacha maidir le cinntí fabhracha a neamhniú. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 262(4).

Airteagal 10

Cinntí fabhracha a chúlghairm agus a leasú

1. Déanfar cinneadh fabhrach a chúlghairm nó a leasú i gcásanna, seachas na cásanna sin dá dtagraítear in Airteagal 9:
 - (a) nach gcomhlíontar a thuilleadh ceann amháin nó níos mó ná ceann amháin de na coinníollacha a bhaineann leis an gcinneadh sin a dhéanamh; nó
 - (b) arna iarraidh sin do shealbhóir an chinnidh.
2. Seachas i gcás ina bhforálfar a mhalairt, ní fhéadfar cinneadh a dhíreofar chuig líon daoine a chúlghairm ach amháin i leith duine a mhainneoidh oibleagáid a fhorchuirtear faoin gcinneadh sin a chomhlíonadh.
3. Cuirfear in iúl do shealbhóir an chinnidh go bhfuil sé cúlghairthe nó leasaithe.
4. Beidh feidhm ag Airteagal 6(4) maidir le cúlghairm nó leasú an chinnidh.

I gcásanna eisceachtúla, áfach, inar gá sin ar mhaithe le leasanna dlisteanacha shealbhóir an chinnidh, féadfaidh na húdaráis chustaim an dáta a dtiocfaidh an cúlghairm nó an leasú i bhfeidhm a chur siar ar feadh tréimhse nach faide ná aon bhliain amháin. Léireofar an dáta sin sa chinneadh maidir le cúlghairm nó leasú.

5. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun an Rialachán seo a fhorlíonadh i gcomhréir le hAirteagal [261](#), tríd an méid seo a leanas:
- (a) na cásanna, dá dtagraítear i mír 2, ina bhféadfar cinneadh fabhrach a dhíreofar ar roinnt daoine a chúlghairm freisin i leith daoine seachas an duine nach gcomhlíonann oibleagáid a fhorchuirtear faoin gcinneadh sin
 - (b) na cásanna eisceachtúla ina bhféadfaidh na húdaráis chustaim an dáta a dtiocfaidh an chúlghairm nó an leasú i bhfeidhm a chur siar i gcomhréir leis an dara fómhír de mhír 4.
6. Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na rialacha nós imeachta chun cinntí fabhracha a chúlghairm nó a leasú. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 262(4).

Airteagal 11

Cinntí a dhéanamh gan údarás roimh ré

Ach amháin i gcás ina ngníomhóidh údarás custaim mar údarás breithiúnach, beidh feidhm ag Airteagal [6](#)([4](#)), ([5](#)), ([6](#)), ([7](#)), Airteagal [7](#)([7](#)) agus Airteagail [8](#), [9](#) agus [10](#) freisin maidir le cinntí a dhéanfaidh na húdaráis chustaim gan iarratas roimh ré ón duine lena mbaineann.

Airteagal 12

Teorainneacha is infheidhme maidir le cinntí i ndáil le hearraí a chuirtear faoi nós imeachta custaim nó i stóráil shealadach

Ach amháin i gcás ina n-iarrfaidh an duine lena mbaineann é, ní dhéanfaidh cúlghairm, leasú ná fionraí cinnidh fhabhraigh difear d'earraí ar earraí iad, tráth a dtiocfaidh an cúlghairm, an leasú nó an fionraí i bhfeidhm, atá curtha faoi nós imeachta custaim cheana agus atá faoin nós imeachta sin i gcónaí nó i stóráil shealadach de bhua an chinnidh arna chúlghairm, arna leasú nó arna chur ar fionraí.

ROINN 2

FAISNÉIS CHEANGAILTEACH

Airteagal 13

Cinntí maidir le faisnéis cheangailteach

1. Ar iarratas a fháil, déanfaidh na húdaráis chustaim cinntí a bhaineann le faisnéis taraife cheangailteach ('cinntí FTC'), cinntí a bhaineann le faisnéis cheangailteach i leith tionscnaimh ('cinntí FCT') agus cinntí a bhaineann le faisnéis luachála cheangailteach ('cinntí FLC').

Ní ghlacfar le hiarratas den sórt sin i gceann ar bith de na cásanna seo a leanas:

- (a) i gcás ina ndéanfaidh sealbhóir cinnidh, nó duine thar a cheann, an t-iarratas, nó i gcás ina mbeidh an t-iarratas déanta cheana féin, san oifig custaim chéanna nó in oifig custaim eile:
 - (i) i gcás chinntí FTC, i leith na n-earraí céanna;
 - (ii) i gcás chinntí FCT, i leith na n-earraí céanna agus faoi na himthosca céanna lena gcinntear an éadail tionscnaimh;

- (iii) i gcás chinntí FLC, i leith earraí faoi na himthosca céanna lena gcinntear an luach custaim;
 - (b) i gcás nach mbainfidh an t-iarratas le haon úsáid a bheartaítear a bhaint as cinneadh a bhaineann le faisnéis cheangailteach ná le haon úsáid a bheartaítear a bhaint as nós imeachta custaim.
2. Cinntí a bhaineann le faisnéis cheangailteach, ní bheidh siad ceangailteach ach i leith rangú earraí de réir taraife nó i leith cinneadh tionscnaimh nó luach custaim earraí orthu seo a leanas:
- (a) na húdaráis chustaim, i leith shealbhóir an chinnidh, ach amháin i dtaca le hearraí a dtabharfar na foirmiúlachtaí custaim ina leith chun críche i ndiaidh an dáta a dtiocfaidh an cinneadh i bhfeidhm;
 - (b) ar shealbhóir an chinnidh, i leith na n-údarás custaim, ach amháin le héifeacht ón dáta a bhfaighidh sé nó sí fógra faoin gcinneadh nó an dáta a measfar an fógra sin a bheith faighte aige.
3. Cinntí a bhaineann le faisnéis cheangailteach, beidh siad bailí ar feadh tréimhse 3 bliana ó dháta theacht i bhfeidhm an chinnidh.
4. Chun cinneadh a bhaineann le faisnéis cheangailteach a chur chun feidhme i gcomhthéacs nós imeachta custaim ar leith, beidh sealbhóir an chinnidh in ann a chruthú:
- (a) i gcás cinneadh FTC, go mbeidh na hearraí i gceist comhfhreagrach ar gach uile bhealach do na hearraí a dtugtar tuairisc orthu sa chinneadh;
 - (b) i gcás chinneadh FCT, go mbeidh na hearraí lena mbaineann agus na himthosca ina gcinnfear an éadail tionscnaimh ag freagairt ar gach uile bhealach do na hearraí agus do na himthosca a mbeidh cur síos orthu sa chinneadh;
 - (c) i gcás cinneadh FLC, go mbeidh na himthosca lena gcinntear luach custaim na n-earraí i gceist comhfhreagrach ar gach uile bhealach do na himthosca a dtugtar tuairisc orthu sa chinneadh.

Airteagal 14

Bainistiú cinntí a bhaineann le faisnéis cheangailteach

1. Ní bheidh cinneadh FTC bailí a thuilleadh roimh dheireadh na tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 13(3) i gcás nach mbeidh sé i gcomhréir leis an dlí níos mó, mar thoradh ar aon cheann den mhéid seo a leanas:
- (a) leasú a ghlacadh ar na hainmníochtaí dá dtagraítear in Airteagal 145(2), pointí (a) agus (b);
 - (b) bearta dá dtagraítear in Airteagal 146(4) a ghlacadh;
- Sna cásanna sin, scoirfidh an cinneadh FTC de bheith bailí le héifeacht ó dháta chur i bhfeidhm an leasaithe sin nó na mbeart sin.
2. Scoirfidh cinneadh FCT de bheith bailí roimh dheireadh na tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 13(3) in aon cheann de na cásanna seo a leanas:
- (a) i gcás ina nglacfaidh an tAontas gníomh dá chuid atá ceangailteach ó thaobh dlí de nó ina ndéanfaidh sé comhaontú a thiocfaidh chun bheith infheidhme san

Aontas, agus i gcás nach mbeidh an cinneadh FCT i gcomhréir leis an dlí a leagtar síos leis sin a thuilleadh, le héifeacht ó dháta chur i bhfeidhm an ghnímh nó an chomhaontaithe sin;

- (b) i gcás nach mbeidh an cinneadh FCT comhoiriúnach a thuilleadh leis an gComhaontú maidir le Rialacha Tionscnaimh a bhunaítear san Eagraíocht Dhomhanda Trádála (EDT) nó le tuairimí comhairleacha, faisnéis, comhairle agus gníomhartha comhchosúla a bhaineann le tionscnamh earraí a chinneadh chun aonfhoirmeacht chur chun feidhme agus chur i bhfeidhm an Chomhaontaithe sin a áirithiú, le héifeacht ó dháta a bhfoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.
3. Scoirfidh cinneadh BVI de bheith bailí roimh dheireadh na tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 13(3) sna cásanna seo a leanas:
- (a) i gcás ina bhfághtar le glacadh gnímh de chuid an Aontais atá ceangailteach ó thaobh dlí nach gcomhlíontar cinneadh BVI leis an ngníomh sin, ó dháta chur i bhfeidhm an ghnímh sin;
 - (b) i gcás nach mbeidh an cinneadh FLC comhoiriúnach a thuilleadh le hAirteagal VII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil, nó leis an gComhaontú maidir le hAirteagal VII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil 1994 a Chur chun Feidhme (Comhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir le Luacháil Custaim), nó leis na cinntí a ghlac an Coiste um Luacháil Custaim chun an Comhaontú sin a chur chun feidhme, le héifeacht ó dháta a bhfoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.
4. Cinntí a bhaineann le faisnéis cheangailteach, ní scoirfidh siad de bheith bailí le héifeacht chúlghabhálach.
5. De mhaolú ar Airteagal 7(7) agus Airteagal 9, ní dhéanfaidh na húdaráis chustaim cinntí a bhaineann le faisnéis cheangailteach a neamhniú ach amháin i gcás ina mbeidh siad bunaithe ar fhaisnéis mhíchruinn nó neamhiomlán ó na hiarratasóirí.
6. Cúlghairfidh na húdaráis chustaim cinntí a bhaineann le faisnéis cheangailteach i gcomhréir le hAirteagal 7(7) agus Airteagal 10. Ní dhéanfar cinntí den sórt sin a cúlghairm, áfach, ar iarratas ó shealbhóir an chinnidh.
7. Ní fhéadfar cinntí a bhaineann le faisnéis cheangailteach a leasú.
8. Cúlghairfidh na húdaráis chustaim cinntí FTC i gcás nach mbeidh siad comhoiriúnach a thuilleadh leis an léirmhíniú ar aon cheann de na hainmníochtaí dá dtagraítear in Airteagal 145(2), pointí (a) agus (b) a leanann as aon cheann díobh seo a leanas:
- (a) na nótaí míniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointe (a), an dara fleasc de Rialachán (CCE) Uimh 2658/87, le héifeacht ón dáta a bhfoilseofar iad in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh;
 - (b) breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnas an Aontais Eorpaigh, le héifeacht ón dáta a bhfoilseofar an chuid oibríochtúil den bhreithiúnas seo in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh;
 - (c) cinntí maidir le rangú, tuairimí nó leasuithe maidir le rangú ar na nótaí míniúcháin a ghabhann le hAinmníocht na Tuairisce Comhchuibhithe Tráchtearra agus an Chórais um Chódú, a ghlac an Eagraíocht a bhunaigh an Coinbhinsiún lena mbunaítear Comhairle Comhair Custaim, arna ndéanamh sa

Bhruisíl an 15 Nollaig 1950, le héifeacht ón dáta a foilsíodh an Teachtaireacht ón gCoimisiún i sraith 'C' in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

9. Aisghairfear cinntí BOI agus BVI i gcás nach mbeidh siad ag luí a thuilleadh le breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnas an Aontais Eorpaigh, le héifeacht ón dáta a bhfoilseofar an chuid oibríochtúil den bhreithiúnas seo in Irish Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

10. I gcásanna ina scoirfidh cinneadh a bhaineann le faisnéis cheangailteach de bheith bailí i gcomhréir le mír 1, pointe (b) nó le mír 2 nó le mír 3, nó ina ndéanfar an cinneadh a chúlghairm i gcomhréir le mír 6, mír 8 nó mír 9, féadfar an cinneadh a úsáid fós maidir le conarthaí ceangailteacha a bhí bunaithe ar an gcinneadh sin agus a tugadh i gcrích sula scoirfidh sé de bheith bailí nó sula ndéanfar é a chúlghairm. Ní bheidh feidhm ag an úsáid bhreisithe sin i gcás ina ndéantar cinneadh FCT d'earraí atá le honnmhairiú.

Ní bheidh an úsáid bhreisithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír níos faide ná 6 mhí ón dáta a scoirfidh an cinneadh a bhaineann le faisnéis cheangailteach de bheith bailí nó a ndéanfar é a chúlghairm. Mar sin féin, d'fhéadfaí go n-eisiafaí an úsáid bhreisithe sin nó go leagfaí síos tréimhse níos giorra ama le beart dá dtagraítear in Airteagal 146(4), beart dá dtagraítear in Airteagal 151 nó beart dá dtagraítear in Airteagal 158. I gcás na dtáirgí a gcuirtear deimhniú ar allmhairí nó deimhniú ar onnmhairí isteach ina leith nuair a dhéantar na foirmiúlachtaí custaim, beidh tréimhse bhailíochta an deimhnithe i bhfeidhm in ionad na tréimhse 6 mhí.

Chun leas a bhaint as an úsáid bhreisithe a bhaintear as cinneadh a bhaineann le faisnéis cheangailteach, déanfaidh sealbhóir an chinnidh sin iarratas a thaisceadh leis an údarás custaim a rinne an cinneadh laistigh de 30 lá ón dáta a scoirfidh an cinneadh de bheith bailí nó a dhéanfar é a chúlghairm, agus na cainníochtaí a n-iarrtar tréimhse úsáide breisithe ina leith agus an Ballstát nó na Ballstáit ina ndéanfar na hearraí a réiteach faoin tréimhse úsáide breisithe á léiriú. Déanfaidh an t-údarás custaim sin cinneadh maidir leis an úsáid bhreisithe agus cuirfidh sé an sealbhóir ar an eolas faoi, gan mhoill, agus ar a dhéanaí laistigh de 30 lá ón dáta a bhfaighidh sé an fhaisnéis uile is gá chun go mbeidh sé in ann an cinneadh sin a dhéanamh.

11. Tabharfaidh an Coimisiún fógra do na húdaráis chustaim:

(a) déantar cinntí a dhéanamh a bhaineann le faisnéis cheangailteach, maidir le hearraí nach n-áirithítear aicmiú taraife ceart agus aonfhoirmeach nó cinneadh maidir le tionscnamh nó cinneadh an luacha custaim ina leith, a chur ar fionraí; nó

(b) nuair atá an fhionraí dá dtagraítear i bpointe (a) arna aistarraingt.

12. Féadfaidh an Coimisiún cinntí a ghlacadh lena n-iarrrfar ar na Ballstáit cinntí FTC, FCT nó BVI a chúlghairm chun rangú taraife ceart agus aonfhoirmeach nó cinneadh tionscnaimh ceart agus aonfhoirmeach na n-earraí, nó cinneadh i leith luach custaim na n-earraí a áirithiú. Sula nglacfar cinneadh den sórt sin, cuirfidh an Coimisiún na forais ar a mbeidh sé beartaithe acu a gcinneadh a bhunú in iúl do shealbhóir chinneadh FTC, FCT nó BVI, agus beidh deis ag an sealbhóir sin tuairim an duine sin a chur in iúl, laistigh de thréimhse fhorordaithe ón dáta a fuair an duine sin an teachtaireacht sin nó a mheastar go bhfuair an duine é.

13. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 261, chun an Rialachán seo a fhorlíonadh tríd na rialacha

maidir le cinntí a dhéanamh dá dtagraítear i mír 12 den Airteagal seo a chinneadh, go háirithe maidir leis na forais ar a bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún a chinneadh a bhunú a chur in iúl do na daoine lena mbaineann agus maidir leis an teorainn ama ar laistigh di a fhéadfaidh na daoine sin a dtuairim a chur in iúl.

14. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na rialacha nós imeachta maidir leis an méid seo leanas:

- (a) cinneadh a bhaineann le faisnéis cheangailteach a úsáid agus é scortha de bheith bailí nó cúlghairthe, i gcomhréir le mír 10;
- (b) fógra a thabhairt ag an gCoimisiún do na húdaráis chustaim i gcomhréir le mír 11, pointe (a) agus pointe (b).

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 262(4).

15. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na cinntí lena n-iarrtar ar na Ballstáit na cinntí dá dtagraítear i mír 12 a chúlghairm. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 262(2).

ROINN 3 **ACHOMHAIRC**

Airteagal 15

Cinntí arna nglacadh ag údarás breithiúnach

Ní bheidh feidhm ag Airteagal [16](#) ná ag Airteagal [17](#) maidir le hachomhairc a thaiscfear d'fhonn neamhniú, cúlghairm nó leasú cinnidh a bhainfidh le cur i bhfeidhm na reachtaíochta custaim agus a dhéanfaidh údarás breithiúnach, nó údaráis chustaim, ag gníomhú dóibh mar údaráis bhreithiúnacha.

Airteagal 16

Ceart achomhairc

1. Beidh ceart achomhairc ag duine ar bith in aghaidh cinnidh ar bith a dhéanfaidh na húdaráis chustaim maidir le cur i bhfeidhm reachtaíochta custaim a bhaineann go díreach nó ar bhonn aonair leis nó léi.

Duine ar bith a bhfuil iarratas ar chinneadh curtha chuig na húdaráis chustaim aige agus nach mbeidh an cinneadh faoin iarratas sin faighte aige laistigh de na teorainneacha ama dá dtagraítear in Airteagal [6\(3\)](#) beidh sé i dteideal ceart achomhairc a fheidhmiú freisin.

2. Féadfar ceart achomhairc a fheidhmiú in dhá chéim ar a laghad:

- (a) i dtús báire, os comhair an údaráis chustaim nó os comhair údaráis bhreithiúnaigh nó os comhair comhlachta eile a cheapfaidh na Ballstáit chun na críche sin;
- (b) ina dhiaidh sin, os comhair comhlachta neamhspleách ar airde é ná sin, a fhéadfaidh a bheith ina údarás breithiúnach nó ina choibhéis de chomhlacht speisialaithe, de réir na bhforálacha a bheidh i bhfeidhm sna Ballstáit.

3. Déanfar an t-achomharc a thaisceadh sa Bhallstát ina ndearnadh an cinneadh nó ina ndearnadh iarratas air.
4. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfar dearbhú nó ceartú pras a dhéanamh, leis an nós imeachta achomhairc, ar chinntí arna ndéanamh ag na húdaráis chustaim.

Airteagal 17

Fionraí ar chur chun feidhme

1. Ní bheidh taisceadh achomhairc ina chúis le fionraí ar chur chun feidhme an chinnidh is ábhar díospóide.
2. Cuirfidh údarais chustaim, áfach, cur chun feidhme cinnidh den sórt sin go hiomlán nó go páirteach ar fionraí i gcás ina mbeidh cúis mhaith acu le creidiúint nach bhfuil an cinneadh is ábhar díospóide ag luí leis an reachtaíocht chustaim nó go bhfuil an eagla ann go ndéanfar damáiste neamh- indeisithe don duine lena mbaineann.
3. Sna cásanna dá dtagraítear i mír 2, ina bhfuil sé d'éifeacht ag an gcinneadh is ábhar díospóide go mbeadh dleacht ar allmhairí nó ar onnmhairí iníoctha, beidh fionraí chur chun feidhme an chinnidh sin ag brath ar sholáthar ráthaíochta, mura suífear, ar bhonn meastacháin dhoiciméadaithe, gur dóigh do ráthaíocht den sórt sin a bheith ina cúis go mbeadh deacrachtaí tromchúiseacha eacnamaíocha ag an bhféichiúnaí.

ROINN 4

MUIRIR AGUS COSTAIS

Airteagal 18

Toirmeasc ar mhuirir agus ar chostais

1. Ní ghearrfaidh údarais chustaim muirir ar fheidhmiú rialuithe custaim nó ar aon chur i bhfeidhm eile reachtaíochta custaim le linn uaireanta oifigiúla oscailte a n-oifig inniúla custaim.
2. Féadfaidh na húdaráis chustaim muirear a ghearradh nó costais a aisghabháil i gcás ina bhfeidhmeofar seirbhísí sonracha, go háirithe na nithe a leanas:
 - (a) tinreamh foirne custaim, ar iarratas, lasmuigh d'uaireanta oifigiúla oscailte oifige nó ag áitreabh seachas áitreabh custaim;
 - (b) anailísí nó tuarascálacha saineolaíochta ar earraí agus táillí poist chun earraí a thabhairt ar ais d'iarratasóir, go háirithe i ndáil le cinntí a dhéanfar de bhun Airteagal [13](#) nó i ndáil le faisnéis a chur ar fáil i gcomhréir le hAirteagal [39](#);
 - (c) iniúchadh nó sampláil earraí chun críocha fíoraithe, nó díothú earraí, i gcás ina mbeidh costais i gceist seachas an costas a bhaineann le leas a bhaint as foireann custaim;
 - (d) bearta eisceachtúla rialaithe, i gcás ina mbeidh gá leo de bharr chineál na n-earraí nó de bharr riosca a d'fhéadfadh a bheith ann.

TEIDEAL II

OIBLEAGÁIDÍ AGUS CEARTA DAOINE I DTACA LEIS AN REACHTAÍOCHT CHUSTAIM

Caibidil 1

Clárú

Airteagal 19

Clárú

1. Cláróidh oibreoirí eacnamaíocha atá bunaithe i gcríoch chustaim an Aontais leis na húdaráis chustaim atá freagrach as an áit ina bhfuil siad bunaithe chun uimhir Chláraithe agus Aitheantais Oibreora Eacnamaíoch (EORI) a fháil. I gcás inarbh fhéidir, áireofar sa chlárú ríomh- shainaitheantas an oibreora sna scéimeanna ríomh- shainaitheantais náisiúnta dá dtagraítear i Rialachán (AE) Uimh. 910/2014.
2. Cuirfidh oibreoirí eacnamaíocha cláraithe na húdaráis chustaim ar an eolas faoi aon mhodhnú ar a sonraí clárúcháin, go háirithe i gcás ina mbeidh modhnú ar a n-áit bhunaíochta i gceist leis sin.
3. I gcásanna sonracha, cláróidh oibreoirí eacnamaíocha nach bhfuil bunaithe i gcríoch chustaim an Aontais leis na húdaráis chustaim atá freagrach as an áit ina ndéanfaidh siad an dearbhú a thaisceadh nó ina n-iarraidh siad cinneadh den chéad uair.
4. Ní bheidh sé de cheangal ar dhaoine, nach oibreoirí eacnamaíocha iad, clárú leis na húdaráis chustaim mura bhforáiltear lena mhalairt.

Sa chás ina bhfuil sé de cheangal ar dhaoine dá dtagraítear sa chéad fhomhír clárú, beidh feidhm ar na nithe a leanas:

 - (a) i gcás ina mbeidh siad bunaithe i gcríoch chustaim an Aontais, cláróidh siad leis na húdaráis chustaim atá freagrach as an áit ina bhfuil siad bunaithe;
 - (b) i gcás nach mbeidh siad bunaithe i gcríoch chustaim an Aontais, cláróidh siad leis na húdaráis chustaim atá freagrach atá freagrach as an áit ina ndéanfaidh siad dearbhú a thaisceadh nó ina n-iarraidh siad cinneadh den chéad uair.
5. I gcásanna sonracha, cuirfidh na húdaráis chustaim an clárú ó bhail.
6. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmlichte a ghlacadh chun an Rialachán seo a fhorlíonadh i gcomhréir le hAirteagal [261](#), tríd an méid seo a leanas:
 - (a) na híosccheanglais maidir le sonraí le haghaidh clárú dá dtagraítear i mír 1;
 - (b) na cásanna sonracha dá dtagraítear i mír 3;
 - (c) na cásanna dá dtagraítear sa chéad fhomhír de mhír 4, i gcás ina bhfuil sé de cheangal ar dhaoine seachas oibreoirí eacnamaíocha clárú leis na húdaráis chustaim;
 - (d) na cásanna sonracha dá dtagraítear i mír 5 ina gcuirfidh na húdaráis chustaim clárú ó bhail;
 - (e) an t-údarás custaim atá freagrach as an gclárú.

7. Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, an t-údarás custaim atá freagrach as an gclárú dá dtagraítear i mír 1. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 262(2).

Caibidil 2

Allmhaireoir agus allmhaireoir measta

Airteagal 20

Allmhaireoirí

1. Comhlíonfaidh an t-allmhaireoir na hoibleagáidí seo a leanas:
 - (a) an fhaisnéis uile a éilítear i leith an nós imeachta stórála nó an nós imeachta custaim faoina bhfuil na hearraí le cur i gcomhréir le hAirteagail [88](#), [118](#), [132](#) agus [135](#), a sholáthar, a choimeád agus a chur ar fáil d'údarais chustaim, a luaithe a bheidh sí ar fáil agus roimh scaoileadh na n-earraí in aon chás, nó chun an nós imeachta próiseála amach a urscaoileadh;
 - (b) ríomh agus íoc ceart dleachtanna custaim agus aon mhuirear eile is infheidhme a áirithiú;
 - (c) a áirithiú go gcomhlíonann na hearraí atá ag dul isteach ar chríoch chustaim an Aontais nó ag imeacht aisti an reachtaíocht ábhartha eile a chuireann na húdarais chustaim i bhfeidhm agus taifid iomchuí a sholáthar, a choinneáil, agus a chur ar fáil maidir leis an gcomhlíontacht sin;
 - (d) aon oibleagáid eile ar an allmhaireoir atá bunaithe sa reachtaíocht chustaim.
2. Beidh an t-allmhaireoir bunaithe laistigh de chríoch chustaim an Aontais.
3. De mhaolú ar mhír 2, ní bheidh ceanglas ar na hallmhaireoirí nó ar na daoine seo a leanas a bheith bunaithe laistigh de chríoch chustaim an Aontais:
 - (a) allmhaireoir a chuireann earraí faoi bhealach nó i gcead isteach sealadach;
 - (b) allmhaireoir a thugann earraí isteach atá á stóráil go sealadach go fóill;
 - (c) daoine a chuireann earraí faoi nósanna imeachta custaim ó am go ham, ar choinníoll go measann na húdarais chustaim go bhfuil údar leis an gcur faoi sin;
 - (d) daoine bunaithe i dtír a bhfuil a críoch tadhlach le críoch chustaim an Aontais, ag tíolacadh dóibh earraí in oifig chustaim teorann an Aontais atá tadhlach leis an tír sin ar choinníoll go gceadaíonn an tír ina bhfuil na daoine bunaithe sochar cómhálartach do dhaoine atá bunaithe i gcríoch chustaim an Aontais;
 - (e) allmhaireoir measta a bhfuil ionadaíocht á déanamh air ag ionadaí indíreach atá bunaithe i gcríoch chustaim an Aontais.

Airteagal 21

Allmhaireoirí measta

1. De mhaolú ar phointe [\(a\)](#) d'Airteagal 20(1), soláthróidh allmhaireoirí measta an fhaisnéis maidir le ciandíol earraí atá le hallmhairiú i gcríoch chustaim an Aontais,

nó cuirfidh siad ar fáil í, ar a dhéanaí an lá tar éis an dáta ar glacadh leis an íocaíocht agus ar aon chuma, roimh scaoileadh na n-earraí.

2. Gan dochar don fhaisnéis a éilítear chun na hearraí a scaoileadh i saorchúrsaíocht i gcomhréir le hAirteagal 88(3), [pointe \(a\)](#), beidh ar a laghad na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 63c(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 282/2011 san fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo.
3. I gcás ina ndéanfar earraí a d'allmhairigh allmhairí measta faoi chiandíol roimhe sin a sheoladh ar ais chuig seoladh an choinsíneora bhunaidh nó chuig seoladh eile lasmuigh de chríoch chustaim an Aontais, déanfaidh an t-allmhairí measta an fhaisnéis maidir le scaoileadh na n-earraí sin i saorchúrsaíocht a chur ó bhail agus déanfaidh sé cruthúnas a sholáthar nó a chur ar fáil gur tugadh na hearraí amach as críoch chustaim an Aontais.

Caibidil 3

Onnmhairí

Airteagal 22

Onnmhairí

1. Comhlíonfaidh an t-onnmhairí na hoibleagáidí seo a leanas:
 - (a) an fhaisnéis uile a éilítear i leith an nós imeachta custaim faoina bhfuil na hearraí le cur i gcomhréir le hAirteagal, [99](#) agus le hAirteagal [140](#), a sholáthar, a choimeád agus a chur ar fáil d'údarais chustaim, a luaithe a bheidh sí ar fáil agus roimh scaoileadh na n-earraí in aon chás, nó chun an nós imeachta um chead isteach sealadach a urscaoileadh;
 - (b) ríomh agus bailiú ceart dleachtanna custaim agus aon mhuirear eile, más infheidhme, a áirithiú;
 - (c) a áirithiú go gcomhlíonann na hearraí atá ag dul isteach ar chríoch chustaim an Aontais nó ag imeacht aisti an reachtaíocht ábhartha eile a chuireann na húdarais custaim i bhfeidhm agus taifid iomchuí a sholáthar, a choinneáil, agus a chur ar fáil maidir leis an gcomhlíontacht sin;
 - (d) aon oibleagáid eile atá bunaithe sa reachtaíocht chustaim.
2. Beidh an t-onnmhairí bunaithe laistigh de chríoch chustaim an Aontais.
3. De mhaolú ar mhír 2, ní bheidh ceanglas ar na honnmhairí seo a leanas a bheith bunaithe laistigh de chríoch chustaim an Aontais:
 - (a) onnmhairí a chuireann earraí faoi bhealach, a urscaoileann an nós imeachta um chead isteach sealadach nó a onnmhairíonn earraí a bhí á stóráil go sealadach;
 - (b) daoine, a chuireann earraí faoi nósanna imeachta custaim ó am go ham, ar choinníoll go measann na húdarais chustaim go bhfuil údar leis sin;
 - (c) daoine bunaithe i dtír a bhfuil a críoch tadhlach le críoch chustaim an Aontais, ag tíolacadh dóibh earraí in oifig chustaim teorann an Aontais atá tadhlach leis an tír sin ar choinníoll go gceadaíonn an tír ina bhfuil na daoine bunaithe sochar cómhálartach do dhaoine atá bunaithe i gcríoch chustaim an Aontais.

Caibidil 4

Oibreoir eacnamaíoch údaraithe agus trádálaithe Iontaoibhe agus Seiceála údaraithe

Airteagal 23

Iarratas ar agus údarú d'oibreoir eacnamaíoch údaraithe

1. Duine atá ina chónaí, ionchorpraithe nó cláraithe i gcríoch chustaim an Aontais agus a chomhlíonfaidh na critéir a leagtar amach in Airteagal [24](#), féadfaidh sé iarratas a dhéanamh ar stádas oibreora eacnamaíoch údaraithe.

Déanfaidh na húdaráis chustaim, tar éis dul i gcomhairle le húdaráis eile, más gá, ceann amháin de na cineálacha údaraithe seo a leanas, nó an dá cheann, a dheonú:

 - (a) údarú oibreora eacnamaíoch údaraithe i gcás simplithe custaim a chuirfidh ar chumas a sealbhóra tairbhe a bhaint as na simplithe i gcomhréir leis an reachtaíocht chustaim; nó
 - (b) údarú oibreora eacnamaíoch údaraithe i gcás slándála agus sábháilteachta a dhlífidh éascuithe don sealbhóir a bhaineann le slándáil agus le sábháilteacht.
2. Féadfar an dá chineál údaraithe dá dtagraítear i mír 1, an dara fomhír, a shealbhú an tráth céanna.
3. Comhlíonfaidh na daoine dá dtagraítear i mír 1 na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal [7\(2\)](#) agus [\(3\)](#). Déanfaidh na húdaráis chustaim faireachán ar chomhlíonadh leanúnach an oibreora leis na critéir agus leis na coinníollacha maidir le stádas an oibreora eacnamaíoch údaraithe i gcomhréir le hAirteagal [7\(4\)](#).

Déanfaidh na húdaráis chustaim faireachán domhain ar ghníomhaíochtaí agus ar thaifid inmheánacha an oibreora eacnamaíoch údaraithe, ar a laghad gach 3 bliana.
4. Aithneoidh na húdaráis chustaim sna Ballstáit uile, faoi réir mhír 5 den Airteagal seo agus faoi réir Airteagal [24](#), stádas an oibreora eacnamaíoch údaraithe.
5. Ar bhonn stádas a aithint, agus ar choinníoll go gcomhlíonfar na ceanglais maidir le cineál sonrach simplithe dá bhforáiltear sa reachtaíocht chustaim, údaróidh údaráis custaim don oibreoir tairbhiú den simpliú sin. Ní dhéanfaidh na húdaráis chustaim athscrúdú ar na critéir sin a scrúdaíodh cheana nuair a deonaíodh an stádas.
6. Bainfidh an t-oibreoir eacnamaíoch údaraithe dá dtagraítear i mír 1 tairbhe as níos mó éascuithe ná mar a bhainfidh oibreoirí eacnamaíocha eile i ndáil leis na rialuithe custaim de réir an chineáil údaraithe a dheonaítear, lena n-áirítear níos lú rialuithe fisiciúla, bunaithe ar dhoiciméid. Cuirfear stádas an oibreora eacnamaíoch údaraithe san áireamh go fabhrach chun críocha bainistíochta riosca custaim.
7. Deonóidh na húdaráis chustaim tairbhí a bheidh mar thoradh ar stádas an oibreora eacnamaíoch údaraithe ar dhaoine atá bunaithe i dtríú tíortha, a chomhlíonann na hoibleagáidí a shainmhínítear le reachtaíocht ábhartha na dtíortha nó na gcríoch sin agus a chloíonn leis na hoibleagáidí sin, a mhéid agus a thugann an tAontas aitheantas do na coinníollacha agus do na hoibleagáidí sin mar a bheith coibhéiseach leis na cinn a fhorchuirtear ar na hoibreoirí eacnamaíocha údaraithe atá bunaithe i gcríoch chustaim an Aontais. Bunófar deonú tairbhí mar sin ar phrionsabal na cómhálartacha mura gcinnfidh an tAontas a mhalairt, agus tacóidh comhaontú

idirnáisiúnta an Aontais, nó reachtaíocht Aontais i réimse an chomhbheartais tráchtála leis an deonú sin.

8. Bunófar comhshásra leanúnachais gnó chun freagairt do shuaitheadh i sreafaí trádála mar gheall ar mhéaduithe ar leibhéil foláirimh slándála, dúnadh teorainneacha agus/nó tubaistí nádúrtha, éigeandálaí guaiseacha nó mórtheagmhais eile ar choinníoll go bhféadfaidh na húdaráis chustaim lastais tosaíochta a bhaineann le hoibreacha eacnamaíocha údaraithe a éascú agus a bhrostú a mhéid is féidir.
9. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun an Rialachán seo a fhorlíonadh i gcomhréir le hAirteagal 261, tríd an méid seo a leanas:
 - (a) cineál agus minicíocht na ngníomhaíochtaí faireacháin a dhéanfaidh na daoine dá dtagraítear i mír 1 agus na húdaráis chustaim dá dtagraítear i mír 3 araon;
 - (b) na simplithe d'oibreacha eacnamaíocha údaraithe dá dtagraítear i mír 5;
 - (c) na héascuithe dá dtagraítear i mír 6.
10. Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na rialacha nós imeachta maidir leis na comhairliúcháin i ndáil le stádas oibreacha eacnamaíocha údaraithe dá dtagraítear i mír 1, an dara fómhír a chinneadh, lena n-áirítear na sprioc- amanna chun freagra a thabhairt. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 262(4).

Airteagal 24

Stádas oibreacha eacnamaíoch údaraithe a dheonú

1. Is iad seo a leanas na critéir chun stádas 'oibreacha eacnamaíoch údaraithe' a dheonú:
 - (a) easpa sárúithe tromchúiseacha nó sárúithe a ndearnadh an athuair ar reachtaíocht chustaim agus ar rialacha cánachais, agus gan aon taifead a bheidh ann maidir le cionta coiriúla tromchúiseacha; is iad na sárúithe agus na cionta a bhaineann le gníomhaíochtaí eacnamaíocha nó gnó na sárúithe agus na cionta sin atá le breithniú;
 - (b) ardleibhéal rialaithe ar a oibríochtaí nó a hoibríochtaí agus ar shreabhadh na n-earraí á léiriú ag an iarratasóir, trí bhíthin córas sásúil chun bainistiú a dhéanamh ar thaifid tráchtála agus, i gcás inarb iomchuí, ar thaifid iompair a cheadaíonn rialuithe iomchuí custaim agus fianaise gur réitíodh an neamhchomhlíonadh go héifeachtach; áiríonn an t-iarratasóir go n-ordaítear d'fhostaithe ábhartha fógra a thabhairt do na húdaráis chustaim nuair a aimsítear deacrachtaí comhlíonta agus bunaíonn an t-iarratasóir nósanna imeachta le haghaidh fógra a thabhairt do na húdaráis chustaim faoi dheacrachtaí den sórt sin;
 - (c) sócmhainneacht airgeadais, a mheasfar a bheith cruthaithe i gcás ina mbeidh seasamh maith airgeadais ag an iarratasóir lena gcumasaítear dó/di na ceangaltais atá air/uirthi a chomhlíonadh, agus aird chuí á tabhairt ar shaintréithe an chineáil ghníomhaíochta gnó lena mbaineann;
 - (d) maidir leis an údarú dá dtagraítear in Airteagal 23(1), pointe (a), caighdeán phraiticiúla inniúlachta nó cáilíochtaí gairmiúla a bhaineann go díreach leis an ngníomhaíocht a dhéantar;

- (e) maidir leis an údarú dá dtagraítear in Airteagal 23(1), pointe (b), caighdeáin iomchuí slándála, sábháilteachta agus comhlíontachta, arna gcur in oiriúint don ghníomhaíocht a dhéantar. Caighdeáin iomchuí slándála agus sábháilteachta, a mheasfar a bheith comhlíonta i gcás ina dtaispeánfaidh an t-iarratasóir go gcoinníonn sé/sí bearta iomchuí ar bun chun slándáil agus sábháilteacht an tslabhra soláthair idirnáisiúnta a áirithiú, lena n-áirítear i réimsí amhail sláine fhisiceach agus rialuithe rochtana, próisis lóistíochtúla agus láimhseáil cineálacha sonracha earraí, pearsanra, agus sainaithint a c(h)omhpháirtithe gnó.
2. Glacfaidh an Coimisiún, de bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na rialacha mionsonraithe maidir le feidhmiú na gcrítéar dá dtagraítear i mír 1. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 262(4).

Airteagal 25

Stádas thrádálaí Iontaoibhe agus Seiceála a dheonú

1. Allmhaireoir nó onnmhaireoir atá ina chónaí nó cláraithe i gcríoch chustaim an Aontais, a chomhlíonann na critéir a leagtar amach i mír 3 agus a rinne oibríochtaí tráthrialta custaim le linn ghnó an duine sin ar feadh 3 bliana ar a laghad, féadfaidh sé iarratas a dhéanamh ar stádas an thrádálaí Iontaoibhe agus Seiceála chuig údarás custaim an Bhallstáit ina bhfuil an duine sin bunaithe.
2. Deonóidh na húdaráis chustaim an stádas i ndiaidh comhairliúchán le húdaráis eile, más gá, agus tar éis rochtain a bheith acu ar shonraí ábhartha an iarratasóra le 3 bliana anuas chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht leis na critéir i mír 3.
3. Deonóidh na húdaráis chustaim stádas an thrádálaí Iontaoibhe agus Seiceála do dhuine a chomhlíonann na critéir uile seo a leanas:
 - (a) easpa sáruithe tromchúiseacha nó sáruithe a ndearnadh an athuair ar reachtaíocht chustaim agus ar rialacha cánachais, agus gan aon taifead a bheidh ann maidir le cionta coiriúla tromchúiseacha; is iad na sáruithe agus na cionta a bhaineann le gníomhaíochtaí eacnamaíocha nó gnó na sáruithe agus na cionta sin atá le breithniú;
 - (b) ardleibhéal rialaithe ar a oibríochtaí nó a hoibríochtaí agus ar shreabhadh na n-earraí á léiriú ag an iarratasóir, trí bhíthin córas sásúil chun bainistiú a dhéanamh ar thaifid tráchtála agus ar thaifid iompair a cheadaíonn rialuithe iomchuí custaim agus fianaise gur réitíodh an neamhchomhlíonadh go héifeachtach; áiríteoidh an t-iarratasóir go dtabharfaidh fostaithe ábhartha fógra do na húdaráis chustaim nuair a aimsítear deacrachtaí comhlíonta agus bunaíonn an t-iarratasóir nósanna imeachta le haghaidh fógra a thabhairt do na húdaráis chustaim faoi dheacrachtaí den sórt sin;
 - (c) sócmhainneacht airgeadais, a mheasfar a bheith cruthaithe i gcás ina mbeidh seasamh maith airgeadais ag an iarratasóir, lena gcuirfear ar a chumas nó ar a cumas a ghealltanais nó a gealltanais a chomhlíonadh, agus aird chuig á thabhairt ar shaintréithe an chineáil gníomhaíochta ghnó lena mbaineann. Go háirithe, le 3 bliana anuas roimh chur isteach an iarratais, beidh a oibleagáidí airgeadais comhlíonta ag an iarratasóir maidir le híocaíochtaí dleachtanna custaim agus gach dleacht, cáin nó muirear eile a bhailítear ar allmhairiú nó onnmhairiú earraí nó i dtaca le hallmhairiú nó onnmhairiú earraí, lena n-áirítear CBL agus dleachtanna máil atá dlite i ndáil le hoibríochtaí laistigh den Aontas;

- (d) caighdeáin choincríteacha inniúlachta nó cáilíochtaí gairmiúla a bhaineann go díreach le cineál agus méid na gníomhaíochta a dhéantar, lena n-áirítear go dtugtar treoir d'fhostaithe ábhartha maidir le conas idirghníomhú le húdaráis chustaim trí Mhol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh;
 - (e) caighdeáin iomchuí slándála, sábháilteachta agus comhlíontachta, arna gcur in oiriúint do chineál agus do mhéid na gníomhaíochta a dhéantar. Caighdeáin iomchuí slándála agus sábháilteachta, a mheasfar a bheith comhlíonta i gcás ina dtaispeánfaidh an t-iarratasóir go gcoinníonn sé/sí bearta iomchuí ar bun chun slándáil agus sábháilteacht an tslabhra soláthair idirnáisiúnta a áirithiú, lena n-áirítear i réimsí amhail sláine fhisiceach agus rialuithe rochtana, próisis lóistíochtúla agus láimhseáil cineálacha sonracha earraí, pearsanra, agus sainathint a c(h)omhpháirtithe gnó;
 - (f) córas leictreonach a bheith ann lena soláthrófar nó lena gcuirfear ar fáil i bhfíor- am do na húdaráis chustaim na sonraí uile maidir le gluaiseacht na n-earraí agus maidir le comhlíonadh an duine dá dtagraítear i mír 1 leis na ceanglais uile is infheidhme maidir leis na hearraí sin, lena n-áirítear ceanglais a bhaineann le sábháilteacht agus slándáil agus lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, comhroinnt i Mol Sonraí Custaim an Aontais:
 - (i) taifid chustaim;
 - (ii) córas cuntasáíochta;
 - (iii) taifid tráchtála agus iompair;
 - (iv) a gcórais rianaithe agus loighistice, lena sainathnítear earraí mar earraí de chuid an Aontais nó earraí nach earraí de chuid an Aontais iad agus lena léirítear, i gcás inarb iomchuí, suíomh na n-earraí sin;
 - (v) ceadúnais agus údaruithe arna ndeonú i gcomhréir le reachtaíocht eile arna cur i bhfeidhm ag na húdaráis chustaim;
 - (vi) taifid iomlána is gá chun cruinneas bhunú na bhfiach custaim a sheiceáil.
4. Comhlíonfaidh na daoine dá dtagraítear i mír 1 na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 7(2) agus (3). Déanfaidh na húdaráis chustaim faireachán ar chomhlíonadh leanúnach an oibreora leis na critéir agus leis na coinníollacha maidir le stádas an oibreora eacnamaíoch údraithe i gcomhréir le hAirteagal 7(4).
- Déanfaidh na húdaráis chustaim, gach 3 bliana ar a laghad, faireachán domhain ar ghníomhaíochtaí agus ar thaifid inmheánacha an trádálaí Iontaoibhe agus Seiceála. Cuirfidh an trádálaí Iontaoibhe agus Seiceála na húdaráis chustaim ar an eolas faoi aon athrú ar a struchtúr corparáideach, úinéireacht, staid sócmhainneachta, samhlacha trádála nó aon athrú suntasach eile ar a staid agus ar a ghníomhaíochtaí. Déanfaidh na húdaráis chustaim athmheasúnú ar stádas an trádálaí Iontaoibhe agus Seiceála má tá tionchar suntasach ag aon cheann de na hathruithe sin ar an stádas Iontaoibhe agus Seiceála. Féadfaidh na húdaráis chustaim an t-údarú sin a chur ar fionraí go dtí go ndéanfar cinneadh maidir leis an athmheasúnú.
5. I gcás ina n-athróidh trádálaí Iontaoibhe agus Seiceála Ballstát a bhunaíochta, féadfaidh údaráis chustaim an Bhallstáit is faighteoir athmheasúnú a dhéanamh ar an údarú Iontaoibhe agus Seiceála, i ndiaidh comhairliúchán leis an mBallstát a dheonaigh an stádas ar dtús agus tar éis dóibh na taifid roimhe sin faoi na hoibreoirí a fháil. Le linn an athmheasúnaithe, féadfaidh údarás custaim an Bhallstáit a dheonaigh an t-údarú tosaigh é a chur ar fionraí.

Cuirfidh an trádálaí Iontaoibhe agus Seiceála údarais chustaim an Bhallstáit is faighteoir ar an eolas faoi aon athrú ar a struchtúr corparáideach, úinéireacht, staid sócmhainneachta, samhlacha trádála nó aon athrú suntasach eile ar a staid agus ar a ghníomhaíochtaí má tá tionchar ag aon cheann de na hathruithe sin ar an stádas Iontaoibhe agus Seiceála.

6. I gcás ina bhfuil amhras ann go bhfuil trádálaí Iontaoibhe agus Seiceála rannpháirteach i ngníomhaíocht chalaioiseach i ndáil lena ghníomhaíocht eacnamaíoch nó ghnó, cuirfear a stádas ar fionraí.

I gcás ina mbeidh údarú an trádálaí Iontaoibhe agus Seiceála curtha ar fionraí, curtha ar neamhní nó cúlghairthe ag na húdarais chustaim i gcomhréir le hAirteagail [7](#), [9](#) agus [10](#) déanfaidh siad na bearta is gá chun a áirithiú go ndéanfar na húdaruithe dá dtagraítear i mír 7 den Airteagal seo agus na héascuithe dá dtagraítear i mír 8 den Airteagal seo a chur ar fionraí, a neamhniú nó a chúlghairm freisin.

7. Féadfaidh údarais chustaim trádálaithe Iontaoibhe agus Seiceála a údarú:

- (a) cuid de na sonraí ar a earraí nó ar a hearraí a sholáthar tar éis scaoileadh na n-earraí sin, i gcomhréir le hAirteagal 59([3](#));
- (b) rialuithe áirithe a dhéanamh agus na hearraí a scaoileadh ar na hearraí sin a fháil ag áit ghnó an allmhaireora, an úinéara nó an choinsíní agus/nó nuair a sheachadtar iad ó áit ghnó an onnmhaireora, an úinéara nó an choinsíneora, i gcomhréir le hAirteagal [61](#);
- (c) a mheas go dtugann sé an dearbhú is gá maidir le seoladh iomchuí na n-oibriúcháin chun críocha údaruithe a fháil le haghaidh nósanna imeachta speisialta i gcomhréir le hAirteagail [102](#), [103](#), [109](#) agus [123](#);
- (d) an fiach custaim a chomhfhreagraíonn do mhéid iomlán na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí a bhaineann leis na hearraí uile a scaoileann an trádálaí sin a chinneadh go tréimhsiúil, i gcomhréir le hAirteagal 181([4](#));
- (e) íocaíocht an fhéich custaim a chur siar i gcomhréir le hAirteagal [188](#).

8. Bainfidh trádálaithe Iontaoibhe agus Seiceála tairbhe as níos mó éascuithe ná mar a bhainfidh oibreoirí eacnamaíocha eile i ndáil leis na rialuithe custaim de réir an údaráithe a dheonaítear, lena n-áirítear níos lú rialuithe fisiciúla, bunaithe ar dhoiciméid. Cuirfear stádas an trádálaí Iontaoibhe agus Seiceála san áireamh go fabhrach chun críocha bainistíochta riosca custaim.

9. De mhaolú ar Airteagal 110, i gcás ina bhfuil stádas trádálaí Iontaoibhe agus Seiceála ag allmhaireoir nó ag onnmhaireoir na n-earraí atá ag dul isteach ar an gcríoch chustaim nó ag imeacht aisti, measfar na hearraí faoi réimeas fionraíochta dleachta agus fanfaidh siad faoi mhaoirseacht custaim go dtí a gceann scríbe deiridh gan an oibleagáid iad a chur faoi bhealach. Beidh an trádálaí Iontaoibhe agus Seiceála faoi dhliteanas maidir le dleachtanna custaim, cánacha eile agus muirir eile a íoc i mBallstát na bunaíochta agus i gcás inar deonaíodh an t-údarú.

10. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmlichte a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal [261](#), chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí chineál agus minicíocht na ngníomhaíochtaí faireacháin dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo a chinneadh.

11. Glacfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme:

- (a) na rialacha chun dul i gcomhairle le húdaráis eile maidir le stádas an trádálaí Iontaoibhe agus Seiceála dá dtagraítear i mír 2 a chinneadh;
- (b) na modúlachtaí chun na critéir dá dtagraítear i mír 3 a chur i bhfeidhm;
- (c) na rialacha chun dul i gcomhairle leis na húdaráis chustaim dá dtagraítear i mír 5.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 262(4).

Airteagal 26

Forálacha traidisiúnta maidir le hoibreoirí eacnamaíocha údaraithe le haghaidh simplithe custaim

1. Go dtí an dáta a bhunaítear in Airteagal 265(4), féadfaidh na húdaráis chustaim stádas oibreora eacnamaíoch údaraithe i gcás simplithe custaim a dheonú do dhaoine a chomhlíonann na critéir agus féadfaidh siad a údarú dóibh tairbhiú de shimplithe agus d'éascuithe áirithe i gcomhréir leis an reachtaíocht chustaim.
2. Faoi dáta a bhunaítear in Airteagal 265(3), déanfaidh na húdaráis chustaim measúnú ar údaruithe bailí na n-oibreoirí eacnamaíocha údaraithe le haghaidh simplithe custaim chun a sheiceáil cé acu an bhféadfar stádas trádálaithe Iontaoibhe agus Seiceála a dheonú dá sealbhóirí. Mura bhféadfaidh siad an stádas a dheonú, déanfar stádas na n-oibreoirí eacnamaíocha údaraithe i gcomhair simplithe custaim agus na simplithe dá dtagraítear in Airteagal 23(5) a chúlghairm.
3. Go dtí go ndéanfar athmheasúnú ar an údarú nó go dtí an dáta a bhunaítear in Airteagal 265(3), cibé acu is luaithe, beidh aitheantas stádais oibreora eacnamaíoch údaraithe le haghaidh simplithe custaim bailí fós, mura bhfuil feidhm ag Airteagail 9 agus 10 maidir le cinntí a neamhniú, a chúlghairm nó a leasú.

Caibidil 5 Ionadaíocht chustaim

Airteagal 27

Ionadaithe custaim

1. Féadfaidh duine ar bith ionadaí custaim a ainmniú.

Féadfaidh ionadaíocht den sórt sin a bheith díreach, agus sa chás sin feidhmeoidh an t-ionadaí in ainm agus thar ceann duine eile, nó féadfaidh sí a bheith indíreach agus sa chás sin feidhmeoidh an t-ionadaí custaim ina ainm nó ina hainm féin ach thar ceann duine eile.

Measfar gurb é an t-allmhaireoir nó an t-onnmhaireoir ionadaí indíreach custaim atá ag gníomhú ina ainm féin ach thar ceann allmhaireora nó onnmhaireora chun críocha Airteagail 20 agus 22, faoi seach.
2. Beidh ionadaí custaim bunaithe i gcríoch chustaim an Aontais.

Seachas má fhoráiltear a mhalairt, féadfar an ceanglas sin a tharscaoileadh nuair a ghníomhaíonn an t-ionadaí custaim thar ceann daoine nach bhfuil sé de cheangal orthu bheith bunaithe ar chríoch chustaim an Aontais.

3. Ní aithneofar ionadaí custaim a bhfuil stádas an trádálaí Iontaoibhe agus Seiceála aige ach amháin nuair atá sé ag gníomhú mar ionadaí indíreach. Agus é ag gníomhú mar ionadaí díreach, féadfar an t-ionadaí custaim a aithint mar thrádálaí Iontaoibhe agus Seiceála más rud é gur deonaíodh an stádas sin don duine a bhfuil an t-ionadaí sin ag gníomhú ina ainm agus thar a cheann.
4. Féadfaidh an Coimisiún, i gcomhréir le dlí an Aontais, na coinníollacha a chinneadh faoinar féidir le hionadaí custaim seirbhísí a sholáthar i gcóir chustaim an Aontais.
5. Déanfaidh na Ballstáit na coinníollacha a chinntear i gcomhréir le mír 4 a chur i bhfeidhm maidir le hionadaithe custaim nach bhfuil bunaithe laistigh de chóir chustaim an Aontais.
6. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun an Rialachán seo a fhorlíonadh i gcomhréir le hAirteagal [261](#) tríd an méid seo a leanas:
 - (a) na cásanna nach bhfuil feidhm ag an tarscaoileadh dá dtagraítear i mír 2, an dara fómhór;
 - (b) na coinníollacha faoinar féidir le hionadaí custaim seirbhísí a sholáthar i gcóir chustaim an Aontais dá dtagraítear i mír 4.

Airteagal 28

Cumhachtú ionadaithe

1. Agus é ag plé leis na húdaráis chustaim, sonróidh an t-ionadaí go bhfuil sé nó sí ag gníomhú thar ceann an duine a bhfuil sé ag déanamh ionadaíochta air agus sonróidh sé cé acu an bhfuil an ionadaíocht díreach nó indíreach.

Daoine a mhainneoidh a shonrú go bhfuil siad ag gníomhú mar ionadaí custaim nó a shonróidh go bhfuil siad ag gníomhú mar ionadaí custaim gan a bheith cumhachtaithe déanamh amhlaidh, measfar go bhfuil siad ag gníomhú ina n-ainm féin agus thar a gceann féin.
2. Féadfaidh na húdaráis chustaim a chur de cheangal ar daoine a dhearbhoídh go bhfuil siad ag gníomhú mar ionadaí custaim fianaise a sholáthar faoina gcumhachtú ón duine a bhfuil sé ag déanamh ionadaíochta air.

I gcásanna sonracha, ní éileoidh údaráis chustaim go gcuirfí fianaise mar sin ar fáil.
3. Ní chuirfidh na húdaráis chustaim de cheangal ar dhuine ar bith a bheidh ag gníomhú mar ionadaí custaim a mbeidh gníomhartha agus foirmiúlachtaí á gcur i gcóir aige ar bhonn tráthrialta, fianaise a sholáthar faoina chumhachtú ar gach ócáid, ar choinníoll go bhfuil duine den sórt sin in ann an fhianaise sin a sholáthar arna iarraidh sin do na húdaráis chustaim.
4. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal [261](#), chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na cásanna a chinneadh nach n-éilíonn na húdaráis chustaim fianaise an chumhachtaithe dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo.
5. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na nósanna imeachta maidir le bronnadh agus cruthúnas na teidlíochta dá dtagraítear i mír 3. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 262(4).

TEIDEAL III

MOL SONRAÍ CUSTAIM AN AONTAIS EORPAIGH

Airteagal 29

Feidhmiúlachtaí agus cuspóir Mhol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh

1. Soláthróidh Mol Sonraí Custaim an Aontais tacar slán agus cibear- athléimneach de sheirbhísí leictreonacha agus de chórais leictreonacha chun sonraí a úsáid, lena n-áirítear sonraí pearsanta chun críocha custaim. Soláthróidh sé na feidhmiúlachtaí seo a leanas:
 - (a) ceadófar cur chun feidhme leictreonach na reachtaíochta custaim;
 - (b) cáilíocht, sláine, inrianaitheacht agus neamhsheánadh na sonraí a phróiseáiltear iontu a áirithiú, lena n-áirítear na sonraí sin a leasú;
 - (c) comhlíonadh fhorálacha Rialachán (AE) 2016/679, Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁵ agus Threoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁶ a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta a áirithiú;
 - (d) anailís riosca, anailís eacnamaíoch agus anailís sonraí a chumasú, lena n-áirítear trí chórais intleachta saorga a úsáid i gcomhréir leis an n[Gníomh um an Intleacht Shaorga 2021/0106 (COD)]²⁷;
 - (e) idir- inoibritheacht na seirbhísí agus na gcóras sin le córais leictreonacha eile, le hardáin leictreonacha eile nó le timpeallachtaí leictreonacha eile a chumasú ar mhaithe le comhar i gcomhréir le Teideal XIII;
 - (f) Córas Malartaithe Deimhnithe an Ionaí Ilfhreastail AE a chomhtháthú a bunaíodh le hAirteagal 4 de Rialachán (AE) 2022/2399;
 - (g) malartú faisnéise le tríú tíortha a chumasú;
 - (h) faireachas custaim ar earraí a chumasú.
2. Maidir leis na gníomhartha a dhéanann na daoine, an Coimisiún, na húdaráis chustaim, Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh nó údaráis eile trí na feidhmiúlachtaí a liostaítear i mír 1, leanfaidh siad de bheith ina ngníomhartha de na daoine sin, den Choimisiún, de na húdaráis chustaim, d'Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh, nó d'údaráis eile, fiú más rud é go ndearnadh iad a uathoibriú.

²⁵ Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

²⁶ Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le cosaint daoine nádúrtha i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime ón gComhairle (IO L 119, 4.5.2016, lch. 89).

²⁷ Rialachán (AE) .../.. ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L...,../..., lch...). [IO: Cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad COM(2021) 206 final, 2021/0106(COD)) agus cuir isteach uimhir, dáta, teideal agus tagairt IO na Treorach sin san fhonóta.]

3. Déanfaidh an Coimisiún Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh a fhorbairt, a chur chun feidhme agus a choinneáil ar bun, lena n-áirítear na sonraíochtaí teicniúla a chur ar fáil go poiblí chun sonraí a phróiseáil laistigh de, agus bunóidh sé creat cáilíochta sonraí.
4. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 261 chun na feidhmiúlachtaí dá dtagraítear i mír 1 a leasú chun cúraimí nua a thugtar le reachtaíocht an Aontais do na húdaráis dá dtagraítear in Airteagal 31 den Rialachán seo a chur san áireamh nó chun na feidhmiúlachtaí sin a chur in oiriúint do riachtanais athraitheacha na n-údarás sin i gcur chun feidhme na reachtaíochta custaim nó na reachtaíochta eile a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm.
5. Leagfaidh an Coimisiún síos, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme:
 - (a) na socruithe teicniúla maidir leis na córais leictreonacha atá forbartha ag na Ballstáit agus ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 16(1) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 a choinneáil ar bun agus a úsáid;
 - (b) clár oibre chun deireadh a chur leis na córais sin de réir a chéile.Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 262(4).

Airteagal 30

Feidhmchláir náisiúnta chun sonraí ó Mhol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh a úsáid

1. Féadfaidh na Ballstáit na feidhmchláir is gá a fhorbairt chun nascadh le Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh chun sonraí a sholáthar do Mhol Sonraí Custaim an Aontais agus chun sonraí ó Mhol Sonraí Custaim an Aontais a phróiseáil.
2. Féadfaidh na Ballstáit a iarraidh ar Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh na hiarratais dá dtagraítear i mír 1 a fhorbairt. Sa chás sin, maoineoidh na Ballstáit sin an fhorbairt.
3. I gcás ina bhforbróidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh iarratas i gcomhréir le mír 2, cuirfidh sé ar fáil do gach Ballstát é.

Airteagal 31

Críocha na próiseála sonraí pearsanta agus sonraí eile i Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh

1. Féadfaidh rochtain a bheith ag daoine ar na sonraí, lena n-áirítear sonraí pearsanta agus sonraí atá íogair ó thaobh na tráchtála de, a stóráiltear nó atá ar fáil ar bhealach eile i Mol Sonraí Custaim an Aontais, sonraí a tharchuir an duine sin nó a tarchuireadh thar a cheann, nó a seoladh chuig an duine sin nó a beartaíodh dó. Tarlóidh rochtain den sórt sin maidir leis an méid seo a leanas go heisiach:
 - (a) oibleagáidí tuairiscithe an duine sin a chomhlíonadh faoi reachtaíocht chustaim nó faoi reachtaíocht eile a chuireann údaráis chustaim i bhfeidhm, lena n-áirítear dliteanas aon duine a chinneadh maidir le dleacht, táillí agus cánacha a d'fhéadfadh a bheith dlite san Aontas; agus

- (b) comhlíontacht an duine sin le reachtaíocht chustaim agus le reachtaíocht eile a léiriú a chuireann údaráis chustaim i bhfeidhm.
2. Féadfaidh údarás custaim sonraí a phróiseáil, lena n-áirítear sonraí pearsanta agus sonraí atá íogair ó thaobh na tráchtála de, a stóráiltear nó atá ar fáil ar bhealach eile i Mol Sonraí Custaim an Aontais, go heisiach agus a mhéid is gá chun na gcríoch seo a leanas:
- (a) a chúraimí a dhéanamh i ndáil le cur chun feidhme na reachtaíochta custaim nó na reachtaíochta eile a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm, lena n-áirítear dliteanas aon duine maidir le dleacht, táillí agus cánacha a d'fhéadfadh a bheith dlite san Aontas a chinneadh agus comhlíonadh na reachtaíochta sin a fhíorú;
 - (b) a chúraimí maidir le rialuithe agus bainistíocht riosca a dhéanamh dá bhforáiltear i dTeideal IV;
 - (c) na cúraimí atá riachtanach don chomhar a dhéanamh faoi na coinníollacha dá bhforáiltear i dTeideal [XIII](#).
- Éifeachtacht rialuithe custaim a áirithiú, féadfaidh na húdaráis chustaim uile na sonraí a eascraíonn as rialú custaim a fháil agus a phróiseáil i gcás inar braitheadh earraí neamhchomhlíontacha.
3. Féadfaidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh sonraí a phróiseáil, lena n-áirítear sonraí pearsanta agus sonraí atá íogair ó thaobh na tráchtála de, a stóráiltear nó atá ar fáil ar bhealach eile i Mol Sonraí Custaim an Aontais go heisiach agus a mhéid is gá chun na gcríoch seo a leanas:
- (a) a chúraimí maidir le bainistíocht riosca custaim a dhéanamh dá bhforáiltear i dTeideal IV, Caibidil 3;
 - (b) a chúraimí a dhéanamh dá bhforáiltear i dTeideal IV, Caibidil 2;
 - (c) na cúraimí is ábhartha don chomhar dá bhforáiltear i dTeideal XIII a dhéanamh.
4. Féadfaidh an Coimisiún sonraí, lena n-áirítear sonraí pearsanta agus sonraí atá íogair ó thaobh na tráchtála de, a stóráiltear nó atá ar fáil ar bhealach eile i Mol Sonraí Custaim an Aontais go heisiach a phróiseáil agus a mhéid is gá chun na gcríoch seo a leanas:
- (a) a chúraimí maidir le bainistíocht riosca dá bhforáiltear i dTeideal IV, Caibidil 3a dhéanamh;
 - (b) a chúraimí a dhéanamh i ndáil le rangú taraife earraí, a dtionscnamh agus a luach agus faireachas custaim a dhéanamh orthu i gcomhréir le Teidil I agus IX;
 - (c) a chúraimí a dhéanamh i ndáil le bearta sriantacha agus bainistiú géarchéime i gcomhréir le Teideal XI;
 - (d) a chúraimí a dhéanamh i ndáil le hÚdarás Custaim an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le Teideal XII;
 - (e) na cúraimí atá riachtanach don chomhar a dhéanamh faoi na coinníollacha dá bhforáiltear i dTeideal [XIII](#);
 - (f) measúnú agus meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an aontais custaim i gcomhréir le Teideal XV, Caibidil 1;

- (g) faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na reachtaíochta custaim nó na reachtaíochta eile a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm agus a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm iad go haonfhoirmeach, lena n-áirítear dliteanas aon duine maidir le dualgas, táillí agus cánacha a d'fhéadfadh a bheith dlite san Aontas a chinneadh;
- (h) staidreamh agus anailísí eile a tháirgeadh mar a fhoráiltear i reachtaíocht an Aontais dá bhfuil na sonraí i Mol Sonraí Custaim an Aontais riachtanach.
5. Féadfaidh an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise ('OLAF') sonraí, lena n-áirítear sonraí pearsanta agus sonraí atá íogair ó thaobh na tráchtála de, a stóráiltear nó atá ar fáil ar bhealach eile i Mol Sonraí Custaim an Aontais, a phróiseáil go heisiach agus a mhéid is gá chun a ghníomhaíochtaí a dhéanamh a bhaineann le cúrsaí custaim de bhun Airteagal 1 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán (CE) Uimh. 515/97 ón gComhairle, faoi na coinníollacha a bhaineann le cosaint sonraí a leagtar síos sna Rialacháin réamhluaite.
6. Féadfaidh Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE'), arna iarraidh sin, rochtain a fháil ar shonraí, lena n-áirítear sonraí pearsanta agus sonraí atá íogair ó thaobh na tráchtála de, a stóráiltear nó a chuirtear ar fáil ar bhealach eile i Mol Sonraí Custaim an Aontais, go heisiach agus a mhéid is gá chun a chúraimí a dhéanamh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2017/1939²⁸ ón gComhairle, a mhéid a bhaineann an t-iompar a bhfuil imscrúdú á dhéanamh air ag OIPE le custam agus faoi na coinníollacha a chinntear i ngníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun mhír 14 den Airteagal seo.
7. Féadfaidh údaráis chánach na mBallstát sonraí a phróiseáil, lena n-áirítear sonraí pearsanta agus sonraí atá íogair ó thaobh na tráchtála de, a stóráiltear nó a chuirtear ar fáil ar bhealach eile i Mol Sonraí Custaim an Aontais, go heisiach agus a mhéid is gá chun dliteanas aon duine maidir le dualgas, táillí agus cánacha a d'fhéadfadh a bheith dlite san Aontas i ndáil leis na hearraí ábhartha agus faoi na coinníollacha a chinntear i ngníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun mhír 14 den Airteagal seo.
8. Féadfaidh na húdaráis inniúla mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (3), de Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁹, rochtain a fháil ar shonraí, lena n-áirítear sonraí pearsanta agus sonraí atá íogair ó thaobh na tráchtála de, a stóráiltear nó chuirtear ar fáil ar bhealach eile i Mol Sonraí Custaim an Aontais a mhéid is gá chun reachtaíocht an Aontais lena rialaítear bia, beatha agus

²⁸ Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1).

²⁹ Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialacháin (CE) Uimh. 1/2005 agus (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 agus (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE ón gComhairle agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla)(IO L 95, 7.4.2017, lch. 1).

plandaí a chur ar an margadh nó sábháilteacht bia, beatha agus plandaí agus maidir le comhar le húdaráis chustaim chun na rioscaí a íoslaghdú go dtiocfadh táirgí neamhchomhlíontacha isteach san Aontas agus faoi na coinníollacha a chinntear i ngníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun mhír 14 den Airteagal seo.

9. Féadfaidh na húdaráis um fhaireachas margaidh arna n-ainmniú ag na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán (AE) 2019/1020, sonraí phróiseáil, lena n-áirítear sonraí pearsanta agus sonraí atá íogair ó thaobh na tráchtála de, a stóráiltear nó a chuirtear ar fáil ar bhealach eile i Mol Sonraí Custaim an Aontais a mhéid is gá chun reachtaíocht an Aontais lena rialaítear earraí a chur ar an margadh nó sábháilteacht earraí agus maidir le comhar le húdaráis chustaim chun na rioscaí a íoslaghdú go dtiocfadh táirgí neamhchomhlíontacha isteach san Aontas agus faoi na coinníollacha a chinntear i ngníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun mhír 14 den Airteagal seo.
10. Féadfaidh Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol), arna iarraidh sin, rochtain a fháil ar shonraí, lena n-áirítear sonraí pearsanta agus sonraí atá íogair ó thaobh na tráchtála de, a stóráiltear nó a chuirtear ar fáil ar bhealach eile i Mol Sonraí Custaim an Aontais, go heisiach agus a mhéid is gá chun a chúraimí a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle fad agus a bhaineann na cúraimí sin le hábhair a bhaineann le custam agus faoi na coinníollacha a chinntear i ngníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun mhír 14 den Airteagal seo.
11. Féadfaidh údaráis náisiúnta eile agus comhlachtaí eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex), sonraí neamhphearsanta atá stóráilte nó ar fáil ar bhealach eile i Mol Sonraí Custaim an Aontais a phróiseáil faoi na coinníollacha a chinntear i ngníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun mhír 14 den Airteagal seo:
 - (a) a gcúraimí a dhéanamh atá ábhartha maidir le foirmiúlachtaí custaim a chomhlíonadh;
 - (b) na cúraimí a dhéanamh a chuirtear ar na húdaráis sin faoi reachtaíocht an Aontais;
 - (c) a gcúraimí a dhéanamh atá ábhartha maidir le gníomhaíochtaí bainistíochta riosca ar leibhéal an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 52 a dhéanamh.
12. Go dtí an dáta a leagtar amach in Airteagal 265(3), beidh an Coimisiún, OLAF agus Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh in ann, a luaithe a bhunófar é, chun na gcríoch a luaitear i míreanna 4, 5 agus 6 agus chun na gcríoch sin amháin, sonraí, lena n-áirítear sonraí pearsanta, a phróiseáil ó na córais leictreonacha atá ann cheana chun faisnéis a mhalartú arna bhforbairt ag an gCoimisiún de bhun Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.
13. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 261 chun míreanna 2 go 4 a leasú chun na cuspóirí a leagtar síos iontu a shoiléiriú agus a chomhlánú i bhfianaise na riachtanas athraitheach maidir le reachtaíocht chustaim nó reachtaíocht eile a chur chun feidhme.
14. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, rialacha agus módúlachtaí a leagan síos maidir le rochtain a fháil ar shonraí nó iad a phróiseáil, lena n-áirítear sonraí pearsanta agus sonraí atá íogair ó thaobh na tráchtála de, a stóráiltear nó atá ar fáil ar bhealach eile i Mol Sonraí Custaim an Aontais ag na húdaráis dá dtagraítear i míreanna 6 go 11. Agus na rialacha agus na módúlachtaí sin

á gcinneadh aige, déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas maidir le gach údarás nó catagóir údarás:

- (a) measúnú a dhéanamh ar na coimircí atá ann cheana arna gcur i bhfeidhm ag an údarás lena mbaineann chun a áirithiú go bpróiseáiltear na sonraí i gcomhréir leis an gcuspóir;
- (b) comhréireacht agus riachtanas na próiseála a áirithiú i ndáil leis an gcuspóir;
- (c) na catagóirí sonracha sonraí a chinneadh, ar féidir leis an údarás rochtain a fháil orthu nó a phróiseáil;
- (d) an gá atá ann a bhreithniú go n-ainmneodh an t-údarás lena mbaineann pointe teagmhála, duine nó daoine sonracha(a) nó coimircí breise a sholáthar;
- (e) measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le srian a chur ar chomhroinnt na sonraí dá éis sin;
- (f) na coinníollacha agus na módúlachtaí a chinneadh le haghaidh iarrataí ar rochtain ar shonraí, lena n-áirítear sonraí pearsanta nó sonraí atá íogair ó thaobh na tráchtála de, agus cé acu de na rialaitheoirí comhpháirteacha a thabharfaidh rochtain ar Mhol Sonraí Custaim an Aontais.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 262(4).

Airteagal 32

Sonraí pearsanta i Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh

1. Féadfar sonraí pearsanta na gcatagóirí seo a leanas d'ábhair sonraí a phróiseáil i Mol Sonraí Custaim an Aontais go heisiach agus a mhéid is gá chun na gcríoch a leagtar síos in Airteagal 31:
 - (a) ábhair sonraí atá cláraithe nó a bhfuil iarratas á dhéanamh acu ar chlárúchán mar oibreoirí eacnamaíocha i gcomhréir le hAirteagal 19;
 - (b) ábhair sonraí a bhfuil baint acu ó am go ham le gníomhaíochtaí a chumhdaítear leis an reachtaíocht chustaim nó le reachtaíocht eile a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm;
 - (c) ábhair sonraí a bhfuil a bhfaisnéis phearsanta sna doiciméid tacaíochta dá dtagraítear in Airteagal 40, nó in aon fhianaise bhreise a éilítear chun na hoibleagáidí a fhorchuirtear leis an reachtaíocht chustaim agus leis an reachtaíocht eile a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm a chomhlíonadh;
 - (d) ábhair sonraí a bhfuil a sonraí pearsanta sna sonraí arna mbailiú chun críocha bainistíochta riosca de bhun Airteagal 50(3), pointe (a);
 - (e) foireann údaráithe na n-údarás custaim, na n-údarás seachas na húdaráis custaim nó aon údarás ábhartha eile nó aon chomhlachta údaráithe eile, a bhfuil gá lena bhfaisnéis phearsanta chun rialú agus maoirseacht iomchuí ar an rochtain ar an bhfaisnéis i Mol Sonraí Custaim an Aontais a áirithiú;
 - (f) baill foirne nó tríú páirtithe údaráithe atá ag obair thar ceann an Choimisiúin, Údarás Custaim an Aontais nó comhlachtaí eile de chuid an Aontais atá údaráithe chun rochtain a fháil ar Mhol Sonraí Custaim an Aontais.

2. Féadfar na catagóirí sonraí pearsanta seo a leanas a phróiseáil i Mol Sonraí Custaim an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 31:
 - (a) sonraí pearsanta i samhail Sonraí Custaim an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 36;
 - (b) sonraí pearsanta atá áirithe sna sonraí arna mbailiú chun críocha bainistíochta riosca de bhun Airteagal 50(3), pointe (a);
 - (c) na sonraí pearsanta is gá chun aitheantas ceart na mball foirne a áirithiú atá údaraithe chun sonraí a phróiseáil i Mol Sonraí Custaim an Aontais dá dtagraítear i mír 1, pointí (e) agus (f);
3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmlichte a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 261 chun na catagóirí ábhar sonraí agus na catagóirí sonraí pearsanta dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 den Airteagal seo a leasú nó a fhorlíonadh chun forbairtí i dteicneolaíocht faisnéise a chur san áireamh agus i bhfianaise staid an dul chun cinn sa tsochaí faisnéise.

Airteagal 33

Tréimhse choinneála sonraí pearsanta i Mol Sonraí Custaim an Aontais

1. Féadfar sonraí pearsanta i Mol Sonraí Custaim an Aontais a stóráil trí bhíthin seirbhís shonrach ar feadh uastréimhse 10 mbliana, ag tosú ón dáta a thaifeadtar na sonraí sin sa tseirbhís. Maidir leis na cásanna dá bhforáiltear in Airteagal 48 agus ag na himscrúduithe arna seoladh ag OLAF, ag OIPE nó ag údaráis na mBallstát, ag nósanna imeachta maidir le sárú arna seoladh ag an gCoimisiún agus ag imeachtaí riaracháin agus breithiúnacha a bhaineann le sonraí pearsanta, beidh éifeacht fionraíochta maidir leis an tréimhse choinneála i ndáil leis na sonraí sin.
2. Tar éis na tréimhse ama dá bhforáiltear i mír 1, déanfar sonraí pearsanta a scriosadh nó ní luafar aon ainmneacha iontu, de réir na n-imthosca.
3. Leagfaidh an Coimisiún síos, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na rialacha maidir leis na sonraí pearsanta a anaithnidiú tar éis don tréimhse choinneála dul in éag.

Airteagal 34

Róil agus freagrachtaí maidir le sonraí pearsanta a phróiseáiltear i Mol Sonraí Custaim an Aontais

1. Measfar rialaitheoirí comhpháirteacha iad údaráis chustaim na mBallstát, an Coimisiún agus Údarás Custaim an Aontais le haghaidh na próiseála sonraí pearsanta i Mol Sonraí Custaim an Aontais chun críocha bainistíochta riosca agus ar mhaithe le comhair, dá dtagraítear in Airteagal 31(2), pointí (b) agus (c), Airteagal 31(3), pointí (a) agus (c), agus Airteagal 31(4), pointí (a) agus (e).
2. Ní mheasfar ach gach údarás custaim amháin mar rialaitheoir i ndáil leis na sonraí pearsanta a phróiseálann sé chun na gcríoch dá dtagraítear in Airteagal 31(2), pointe (a).
3. Measfar gur rialaitheoir aonair an Coimisiún i ndáil leis na sonraí pearsanta a phróiseálann sé chun na gcríoch dá dtagraítear in Airteagal 31(4), pointí (c), (d) agus (f) go (g).

4. Go dtí an dáta a leagtar amach in Airteagal 265(3), measfar gur rialaitheoirí aonair iad an Coimisiún, OLAF, OIPE agus Údarás Custaim an Aontais i ndáil leis an bpróiseáil sonraí dá dtagraítear in Airteagal 31(12).
5. Déanfaidh na rialaitheoirí comhpháirteacha dá dtagraítear i mír 1 an méid seo a leanas:
 - (a) oibriú le chéile chun an iarraidh/na hiarrataí a dhéanann an t-ábhar sonraí nó na hábhair sonraí a phróiseáil go tráthúil agus chun feidhmiú chearta na n-ábhar sonraí a éascú;
 - (b) go dtabharfaidh siad cúnamh dá chéile maidir le haithint agus láimhseáil aon sárarthe ar shonraí a bhfuil baint aige leis an gcomhphróiseáil;
 - (c) an fhaisnéis ábhartha ba ghá a mhalartú chun ábhair sonraí a chur ar an eolas de bhun Chaibidil III, Roinn 2 de Rialachán (AE) 2016/679, Chaibidil III, Roinn 2 de Rialachán (AE) 2018/1725, agus Chaibidil III de Threoir (AE) 2016/680, i gcás inarb infheidhme;
 - (d) slándáil, sláine, infhaighteacht agus rúndacht na sonraí pearsanta a phróiseáiltear go comhpháirteach de bhun Airteagal 32 de Rialachán (AE) 2016/679, Airteagal 33 de Rialachán (AE) 2018/1725, agus Airteagal 25 de Threoir (AE) 2016/680, i gcás inarb infheidhme, a áirithiú agus a chosaint.
6. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, ról agus gaoil faoi seach na rialaitheoirí comhpháirteacha *vis-à-vis* na hábhair sonraí a leagan síos, i gcomhréir le hAirteagal 26 de Rialachán (AE) 2016/679 agus Airteagal 28 de Rialachán (AE) 2018/1725. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 262(4).

Airteagal 35

Cearta an ábhair sonraí a shrianadh

1. I gcás ina gcuirfeadh feidhmiú an chirt rochtana agus an chirt ar phróiseáil a shrianadh ag ábhar sonraí dá dtagraítear in Airteagail 15 agus 18 de Rialachán (AE) 2016/679 agus Airteagail 17 agus 20 de Rialachán (AE) 2018/1725, nó sárú sonraí a chur in iúl dá dtagraítear in Airteagal 34(1) de Rialachán (AE) 2016/679 agus Airteagal 35(1) de Rialachán (AE) 2018/1725, imscrúdú atá ar siúl maidir le duine nádúrtha i réimse an chustaim, feidhmiú rialuithe custaim nó bainistiú riosca shonraigh arna shainaithint i ndáil le duine nádúrtha i réimse an chustaim i mbaol, féadfaidh na húdaráis chustaim, Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 23(1), pointí (c), (e), (f) agus (h), de Rialachán (AE) 2016/679, agus féadfaidh an Coimisiún agus Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir le hAirteagal 25(1), pointí (a), (c), (e) agus (g), de Rialachán (AE) 2018/1725, srian a chur ar na cearta sin go hiomlán nó go páirteach a fhad agus atá an srian riachtanach agus comhréireach.
2. Déanfaidh na húdaráis chustaim, an Coimisiún agus Údarás Custaim an Aontais measúnú ar riachtanas agus ar chomhréireacht na srianta dá dtagraítear i mír 1 ar bhonn cás ar chás sula gcuirfear i bhfeidhm iad, agus na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann do chearta agus do shaoirsí an ábhair sonraí á gcur san áireamh.
3. Agus próiseáil á déanamh ar shonraí pearsanta a fhaightear ó eagraíochtaí eile i gcomhthéacs a chúraimí, rachaidh na húdaráis chustaim, Údarás Custaim an Aontais nó an Coimisiún, agus iad ag gníomhú mar rialaitheoir nó mar chomhrialtitheoir, i

gcomhairle leis na heagraíochtaí sin ar fhorais a d'fhéadfadh a bheith ann chun na srianta dá dtagraítear i mír 1 a fhorchur, agus ar riachtanas agus ar chomhréireacht na srianta sin sula gcuirfear srian dá dtagraítear i mír 1 i bhfeidhm.

4. I gcás ina gcuirfidh na húdaráis chustaim, an Coimisiún nó Údarás Custaim an Aontais srian, go hiomlán nó go páirteach, ar na cearta dá dtagraítear i mír 1, déanfaidh siad na bearta seo a leanas:
 - (a) an t-ábhar sonraí lena mbaineann a chur ar an eolas, ina fhreagra ar an iarraidh, faoin srian a cuireadh i bhfeidhm agus faoi na príomhchúiseanna leis sin, agus faoin bhféidearthacht gearán a thaisceadh leis na húdaráis náisiúnta cosanta sonraí nó leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí nó leigheas breithiúnach a lorg i gcúirt náisiúnta nó i gCúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh; agus
 - (b) taifead a dhéanamh ar na cúiseanna atá leis an srian, lena n-áirítear measúnú ar an ngá atá leis an srian agus ar chomhréireacht an tsriain, agus na cúiseanna lena gcuirfí bainistíocht riosca agus rialuithe custaim i mbaol dá dtabharfaí rochtain.

Féadfar soláthar faisnéise dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír a chur siar, a fhágáil ar lár nó a dhiúltú i gcomhréir le hAirteagal 25(8) de Rialachán (AE) 2018/1725, nó i gcás ina ndéanfaidh soláthar na faisnéise sin dochar do chuspóirí an tsriain.

5. Áireoidh na húdaráis chustaim, an Coimisiún nó Údarás Custaim an Aontais roinn sna fógraí cosanta sonraí a fhoilseofar ar a shuíomh gréasáin/inlín lena soláthrófar faisnéis ghinearálta d'ábhair sonraí maidir leis an bhféidearthacht go gcuirfí srian ar chearta na n-ábhar sonraí.
6. Leagfaidh an Coimisiún síos, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na coimircí chun mí- úsáid agus rochtain nó tarchur neamhdhleathach sonraí pearsanta a chosc, ar sonraí iad a bhfuil feidhm ag srianta maidir leo nó a bhféadfaí srianta a chur i bhfeidhm ina leith. Áireofar leis na coimircí sin ról, freagrachtaí agus céimeanna nós imeachta a shainmhíniú, agus faireachán cuí a dhéanamh ar shrianta agus athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar a gcur i bhfeidhm, a dhéanfar gach 6 mhí ar a laghad. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 262(4).

Airteagal 36

Samhail Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh

Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 261, chun an Rialachán seo a fhorlíonadh chun na sonraí is gá le haghaidh comhlíonadh na gcríoch dá dtagraítear in Airteagal 31(1) go (4) a chinneadh. Is éard a bheidh sna ceanglais sonraí sin Samhail Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh.

Airteagal 37

Modhanna teicniúla le haghaidh an chomhair

1. Úsáidfí an Coimisiún, Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh agus na húdaráis chustaim Mol Sonraí Custaim an Aontais agus iad ag malartú leis na húdaráis agus le comhlachtaí de chuid an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 31(6) go (11) i gcomhréir leis an Rialachán seo.

2. I gcás an Aontais, maidir leis na foirmiúlachtaí agus na córais eile a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2022/2399, áiritheoidh Mol Sonraí Custaim an Aontais idir- inoibritheacht trí Thimpeallacht an Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam arna bhunú leis an Rialachán sin.
3. I gcás ina n-úsáideann údaráis seachas údaráis chustaim nó comhlachtaí de chuid an Aontais modhanna leictreonacha arna mbunú le reachtaíocht an Aontais, nó a úsáidtear chun cuspóirí reachtaíocht an Aontais a bhaint amach, nó dá dtagraítear i reachtaíocht an Aontais, féadfar an comhar sin a dhéanamh trí bhíthin idir- inoibritheacht na modhanna leictreonacha sin le Mol Sonraí Custaim an Aontais.
4. I gcás nach n-úsáideann údaráis seachas údaráis chustaim modhanna leictreonacha arna mbunú le reachtaíocht an Aontais, a úsáidtear chun cuspóirí reachtaíocht an Aontais a bhaint amach, nó dá dtagraítear i reachtaíocht an Aontais, féadfaidh na húdaráis sin seirbhísí sonracha agus córais shonracha Mhol Sonraí Custaim an Aontais a úsáid i gcomhréir le hAirteagal 31.
5. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na rialacha maidir le modúlachtaí teicniúla i ndáil le hidir- inoibritheacht agus nasc dá dtagraítear i míreanna 3 agus 4. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 262(4).

Airteagal 38

Malartú faisnéise breise idir údaráis chustaim agus oibreoirí eacnamaíocha

1. Féadfaidh údaráis chustaim agus oibreoirí eacnamaíocha aon fhaisnéis nach n-éileofar go sonrach faoin reachtaíocht chustaim a mhalartú, go háirithe chun críche comhair fhrithpháirtigh i dtaca le riosca a aithint agus le gníomhú ina aghaidh. Féadfaidh an malartú sin tarlú faoi chomhaontú i scríbhinn agus féadfar a áireamh ann rochtain ag na húdaráis chustaim ar chórais leictreonacha oibreoirí eacnamaíocha.
2. Aon fhaisnéis a soláthróidh comhpháirtí amháin don pháirtí eile le linn an chomhair dá dtagraítear i mír 1, beidh sí faoi rún mura gcomhaontóidh an dá pháirtí a mhalairt nó mura bhforálfar a mhalairt leis na forálacha atá i bhfeidhm.

Airteagal 39

Faisnéis á cur ar fáil ag na húdaráis chustaim

1. Féadfaidh duine ar bith faisnéis a iarraidh ar na húdaráis chustaim maidir le cur i bhfeidhm na reachtaíochta custaim. Féadfaidh údaráis chustaim iarraidh den sórt sin a dhiúltú i gcás nach mbainfidh sí le gníomhaíocht a bheartófar iarbhír i leith trádála idirnáisiúnta in earraí.
2. Coimeádfaidh údaráis chustaim idirphlé go tráthrialta le hoibreoirí eacnamaíocha agus le húdaráis eile a bheidh bainteach leis an trádáil idirnáisiúnta in earraí. Cuirfidh siad an trédhearcacht chun cinn tríd féachaint chuige go mbeidh an reachtaíocht chustaim, rialuithe ginearálta riarthacha agus foirmeacha iarratais ar fáil gan bhac, saor in aisce i gcás inar féidir, agus tríd an idirlíon.

Faisnéis agus doiciméid tacaíochta

1. Agus na sonraí agus an fhaisnéis is gá le haghaidh an nós imeachta custaim shonraigh faoina gcuirtear earraí nó faoina bhfuil sé beartaithe earraí a chur á soláthar nó á gcur ar fáil, soláthróidh daoine nó cuirfidh siad ar fáil cóipeanna digiteacha de bhundoiciméid pháipéir, i gcás inarb ann do bhunchóipeanna páipéir den sórt sin, a úsáidtear chun na sonraí agus an fhaisnéis sin a fháil.
2. Go dtí an dáta a leagtar amach in Airteagal 266(3), nuair a thaiscfear dearbhú custaim, na doiciméid tacaíochta is gá chun na forálacha lena rialaítear an nós imeachta custaim dá ndearbhaítear na hearraí, beidh siad i seilbh an dearbhóra agus ar fáil do na húdaráis chustaim tráth an taiscthe.
3. Na doiciméid tacaíochta le haghaidh na bhfoirmiúlachtaí neamhchustaim is infheidhme de chuid an Aontais a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2022/2399, measfar gur soláthraíodh nó gur cuireadh ar fáil iad nó go bhfuil siad i seilbh an dearbhóra má tá na húdaráis chustaim in ann na sonraí is gá a fháil ó chórais chomhfhreagracha neamhchustaim an Aontais trí Chóras Malartaithe Deimhnithe an Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam i gcomhréir le hAirteagal 10(1), pointí (a) agus (c), den Rialachán sin.
4. Soláthróidh daoine doiciméid tacaíochta freisin i gcás inar gá le haghaidh bainistíochta riosca custaim agus rialuithe custaim.
5. Gan dochar do reachtaíocht eile a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm, féadfaidh údaráis chustaim a údarú d'oibreoirí eacnamaíocha na doiciméid tacaíochta dá dtagraítear i mír 3 a tharraingt suas.
6. Mura luaitear a mhalairt le haghaidh doiciméid shonracha, coinneoidh an duine lena mbaineann, chun críocha rialuithe custaim, na doiciméid agus an fhaisnéis ar feadh 3 bliana ar a laghad, trí mheán ar bith a mbeidh inrochtana ag na húdaráis chustaim orthu agus a bheidh inghlactha dóibh. Rithfidh an tréimhse sin:
 - (a) ó dheireadh na bliana ina scaoilfear na hearraí;
 - (b) ó dheireadh na bliana ina scoirfidh siad de bheith faoi réir maoirseachta custaim, i gcás earraí a scaoilfear i saorchúrsaíocht saor ó dhleacht nó ag ráta laghdaithe dleachta ar allmhairí de bharr a n-úsáide deiridh;
 - (c) ó dheireadh na bliana ina ndéantar an nós imeachta custaim lena mbaineann a urscaoileadh nó ina dtiocfaidh deireadh leis an stóráil sealadach, i gcás earraí a chuirfear faoi nós imeachta custaim eile nó earraí atá á stóráil go sealadach.
7. Gan dochar d'Airteagal 182(4), i gcás ina dtaispeánfaidh rialú custaim i ndáil le fiach custaim go gcaithfear an iontráil ábhartha sna cuntais a cheartú agus ina dtabharfar fógra don duine lena mbaineann ina leith sin, coinneofar na doiciméid agus an fhaisnéis ar feadh 3 bliana thar an teorainn ama dá bhforáiltear i mír 6 den Airteagal seo.
8. I gcás ina dtaiscfear achomharc, nó ina gcuirfear tús le himeachtaí riaracháin nó breithiúnais, déanfar na doiciméid agus an fhaisnéis a choinneáil ar feadh na tréimhse dá bhforáiltear i mír 1 nó go dtí go gcríochnófar an nós imeachta achomhairc nó na himeachtaí riaracháin nó breithiúnais, cibé acu is déanaí.

Teideal IV

MAOIRSEACHT CUSTAIM, RIALUITHE CUSTAIM AGUS BAINISTÍOCHT RIOSCA

Caibidil 1

Maoirseacht chustaim

Airteagal 41

Maoirseacht chustaim

1. Earraí a thabharfar isteach i nó a thabharfar amach as críoch custaim an Aontais, beidh siad faoi mhaoirseacht custaim agus féadfaidh siad a bheith faoi réir rialuithe custaim.
2. Fanfaidh earraí a thugtar isteach i gcríoch chustaim an Aontais faoi mhaoirseacht custaim fad is gá lena stádas custaim a chinneadh.
3. Fanfaidh earraí neamh- AE faoi mhaoirseacht custaim go dtí go dtiocfaidh athrú ar a stádas nó go dtógfar amach as críoch chustaim an Aontais iad nó go dtí go ndíothófar iad.
4. Ar theacht isteach i gcríoch chustaim an Aontais dóibh, beidh earraí de chuid an Aontais faoi réir maoirseachta custaim go dtí go ndeimhneofar a stádas custaim, mura gcuirfear faoin nós imeachta úsáide deiridh iad.
5. Beidh earraí de chuid an Aontais a chuirfear faoin nós imeachta úsáide deiridh faoi réir maoirseachta custaim sna cásanna seo a leanas:
 - (a) i gcás ina bhfuil na hearraí oiriúnach le húsáid an athuair ar feadh tréimhse nach mó ná 2 bhliain tar éis an dáta a mbainfear úsáid astu den chéad uair chun na gcríoch a leagtar síos maidir le feidhmiú na díolúine ó dhleacht nó feidhmiú an ráta laghdaithe dleachta;
 - (b) go dtí go mbaintear úsáid as na hearraí chun na gcríoch a leagtar síos maidir le feidhmiú na díolúine ó dhleacht nó feidhmiú an ráta laghdaithe dleachta;
 - (c) go dtí go dtugtar na hearraí amach as críoch custaim an Aontais, i gcás ina scriostar iad nó i gcás ina dtréigtear leis an Stát iad;
 - (d) go dtí go mbaintear úsáid as na hearraí chun críocha seachas na críocha a leagtar síos i leith fheidhmiú na díolúine ó dhleacht nó feidhmiú an ráta laghdaithe dleachta agus gur íocadh an dleacht ar allmhairí atá infheidhme.
6. Earraí de chuid an Aontais a scaoilfear le haghaidh onnmhairithe nó a chuirfear faoi nós imeachta próiseála amach, beidh siad faoi réir maoirseachta custaim go dtí go dtabharfar amach as críoch chustaim an Aontais iad, go dtí go dtréigfear leis an Stát iad nó go dtí go ndíothófar iad nó go dtí go neamhbhaileofar an dearbhú custaim nó sonraí ábhartha maidir leis an onnmhairiú.
7. Earraí de chuid an Aontais a cuireadh faoi idirthuras inmheánach, beidh siad faoi réir maoirseachta custaim go dtí go sroichfidh siad a gceann scríbe i gcríoch chustaim an Aontais.

8. Le cead ó na húdaráis chustaim, féadfaidh sealbhóir na n-earraí atá faoi mhaoirseacht custaim na hearraí a iniúchadh nó samplaí díobh a glacadh tráth ar bith, go háirithe chun a rangú taraife, a luach custaim nó a stádas custaim a chinneadh.

Airteagal 42

Oifigí inniúla custaim

1. Seachas i gcás ina bhforálfar a mhalairt le reachtaíocht eile a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm, cinntí na Ballstáit suíomh agus inniúlacht a n-oifigí custaim.
2. Áiríteoidh na Ballstáit go bhfuil uaireanta oscailte oifigiúla do na hoifigí sin réasúnach agus feiliúnach, agus cineál na tráchta agus na n-earraí agus na nósanna imeachta custaim faoina gcuirfear iad á gcur san áireamh, sa chaoi is nach gcuirfear bac nó saobhadh ar shreabhadh na tráchta idirnáisiúnta.
3. Beidh an oifig inniúil custaim lena ndéantar maoirseacht ar na hearraí a bheith á gcur faoi nós imeachta custaim freagrach as an áit a bhfuil an t-allmhaireoir nó an t-onnmhaireoir bunaithe.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, an oifig custaim inniúil maidir le maoirseacht a dhéanamh ar na hearraí a chur faoi nós imeachta custaim i ndáil le hallmhaireoirí agus onnmhaireoirí seachas trádálaithe Iontaoibhe agus Seiceála agus allmhaireoirí measta, is í an oifig sin an oifig custaim atá freagrach as an áit inar taisceadh an dearbhú custaim nó a thaiscfe é i gcomhréir le hAirteagal 63(4) murach an modhnú a bhaineann leis an modh chun faisnéis a sholáthar a leagtar síos in Airteagal 63(2).

4. Déanfaidh an oifig custaim atá freagrach as áit bhunaithe an trádálaí Iontaoibhe agus na Seiceála nó an allmhaireora mheasta an méid seo a leanas:
 - (a) maoirseacht a dhéanamh ar chur na n-earraí faoin nós imeachta custaim lena mbaineann;
 - (b) na rialuithe custaim a dhéanamh chun an fhaisnéis a sholáthraítear a fhíorú, agus doiciméid tacaíochta bhreise a iarraidh más gá;
 - (c) i gcás ina mbeidh údar cuí leis, iarraidh ar an oifig custaim atá freagrach as áit seolta nó ceann scríbe deiridh na n-earraí rialú custaim a dhéanamh;
 - (d) i gcás ina mbeidh riosca ann go mbeidh gá le gníomhaíocht a luaith a thiocfaidh na hearraí isteach i gcríoch chustaim an Aontais nó sula bhféadfaidh siad críoch chustaim an Aontais, iarraidh ar an oifig custaim atá freagrach as an áit a dtagann na hearraí isteach nó a imíonn na hearraí amach rialuithe custaim a dhéanamh;
 - (e) na foirmiúlachtaí custaim a dhéanamh maidir le haisghabháil mhéid na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí a bhaineann le haon fhiacha custaim a bheidh ann.
5. An oifig custaim atá freagrach as áit seolta nó as ceann scríbe deiridh na n-earraí, nó, de bhun mhír 4, pointe (d) don áit a dtagann na hearraí isteach i gcríoch chustaim an Aontais nó a n-imíonn siad amach aisti, déanfaidh sí na rialuithe custaim a d'iarr an oifig custaim atá freagrach as áit bhunaithe an allmhaireora agus soláthróidh sí torthaí na rialuithe sin ar don oifig custaim sin, gan dochar dá rialuithe féin a bhaineann le hearraí a thugtar isteach i gcríoch chustaim an Aontais nó a thugtar amach aisti.

6. Beidh rochtain ag na hoifigí inniúla custaim ar an bhfaisnéis is gá chun cur i bhfeidhm ceart na reachtaíochta a áirithiú.
8. Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na rialacha nós imeachta chun na hoifigí custaim inniúla seachas an ceann dá dtagraítear i mír 3 a chinneadh, lena n-áirítear oifigí custaim iontrála agus oifigí custaim amach agus na rialacha nós imeachta le haghaidh an chomhair idir oifigí custaim dá dtagraítear i mír 5. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 262(4).

Caibidil 2

Rialuithe custaim

Airteagal 43

Rialuithe custaim

1. Gan dochar d'fhorálacha Chaibidil 3 den Teideal seo, féadfaidh na húdaráis chustaim aon rialú custaim a dhéanamh a mheasfaidh siad a bheith riachtanach, lena n-áirítear rialuithe randamacha.
2. D'fhéadfadh a bheith i gceist le rialuithe custaim, go háirithe, earraí a scrúdú, samplaí a thógáil, barántúlacht, sláine, cruinneas agus iomláine na sonraí arna soláthar ag aon duine agus marthain, barántúlacht, cruinneas agus bailíocht doiciméad a fhíorú, scrúdú a dhéanamh ar chuntais agus ar thaifid tráchtála agus ar fhoinsí sonraí oibreoirí eacnamaíocha, cigireacht a dhéanamh ar mhodhanna iompair, iniúchadh a dhéanamh ar bhagáiste agus ar earraí eile a bheidh á n-iompar ag daoine nó orthu agus fiosrúcháin oifigiúla agus gníomhartha comhchosúla eile a dhéanamh. Nuair is gá, áirítear leis na rialuithe custaim próiseáil sonraí leictreonacha, lena n-áirítear foinse sonraí na sonraí a sholáthraítear do Mhol Sonraí Custaim an Aontais.
3. I gcás ina mbeidh rialuithe seachas rialuithe custaim le feidhmiú, i dtaca leis na hearraí céanna, ag údaráis eile, déanfaidh údaráis chustaim a ndícheall, i ndlúthchomhar leis na húdaráis eile sin, lena áirithiú go bhfeidhmeofar na rialuithe sin, a mhéid is féidir, an tráth céanna agus san áit chéanna le rialuithe custaim (ionad ilfhreastail), agus beidh an ról comhordaithe ag údaráis chustaim.

Airteagal 44

Na sonraí arna soláthar a fhíorú

1. Chun cruinneas na sonraí a sholáthróidh daoine do na húdaráis chustaim a fhíorú, féadfaidh na húdaráis chustaim an méid seo a leanas a dhéanamh:
 - (a) scrúdú a dhéanamh ar na sonraí agus ar na doiciméid tacaíochta, lena n-áirítear rochtain a fháil ar fhoinsí sonraí atá i seilbh na n-oibreoirí eacnamaíocha nó atá stóráilte thar a gceann ag soláthraithe seirbhíse;
 - (b) soláthar doiciméad nó sonraí eile a éileamh, lena n-áirítear sonraí atá i seilbh na n-oibreoirí eacnamaíocha nó atá stóráilte thar a gceann ag soláthraithe seirbhíse;
 - (c) rochtain ar thaifid leictreonacha an duine a éileamh;
 - (d) scrúdú a dhéanamh ar na hearraí;

- (e) samplaí a thógáil le haghaidh anailíse nó le haghaidh mionscrúdú a dhéanamh ar na hearraí.
2. Féadfaidh na húdaráis chustaim a éileamh tráth ar bith go ndíluchtófaí nó go ndíphacálfaí na hearraí lena n-íniúchadh, chun samplaí díobh a thógáil nó chun scrúdú a dhéanamh ar an meán iompair a bheidh á n-iompar.
 3. Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na bearta maidir le faisnéis a fhíorú dá dtagraítear i mír 1. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 262(4).

Airteagal 45

Earraí a scrúdú agus a shampláil

1. Is é an t-allmhaireoir, an t-onnmhaireoir nó an t-iompróir a chuirfidh i gcrích iompar na n-earraí go dtí na háiteanna ina ndéanfar scrúdú orthu agus ina dtógfear samplaí díobh nó a bheidh freagrach as an iompar sin, agus is é a dhéanfaidh an láimhseáil uile is gá don scrúdú sin nó don tógáil samplaí sin nó a bheidh freagrach as an láimhseáil sin. Íocfaidh an t-allmhaireoir nó an t-onnmhaireoir na costais a thabhaítear.
2. Beidh sé de cheart ag an allmhaireoir, onnmhaireoir nó iompróir a bheith i láthair nó ionadaí a bheith i láthair thar a gceann nuair a dhéanfar scrúdú ar na hearraí agus nuair a thógfear samplaí. I gcás ina mbeidh forais réasúnacha ag na húdaráis chustaim chuige, féadfaidh siad a éileamh go mbeidh an t-allmhaireoir, an t-onnmhaireoir nó an t-iompróir i láthair nó go mbeidh ionadaí i láthair thar a cheann nuair a dhéanfar scrúdú ar na hearraí nó nuair a thógfear samplaí nó go dtabharfaidh sé an cúnamh is gá dóibh chun an scrúdú sin nó an tógáil samplaí sin a éascú.
3. Ar choinníoll go dtógfear na samplaí i gcomhréir leis na forálacha atá i bhfeidhm, ní bheidh na húdaráis chustaim faoi dhliteanas aon chúiteamh a íoc ina leith ach iompróidh siad costais na hanailíse nó an scrúdaithe a rinneadh ar na samplaí.
4. I gcás nach ndéanfar scrúdú ach ar chuid de na hearraí nó i gcás ina ndéanfar samplaí a thógáil, beidh feidhm ag torthaí an pháirtscrúdaithe, nó torthaí anailíse nó scrúdú na samplaí, maidir leis na hearraí uile sa choinsíneacht chéanna.
Féadfaidh an t-allmhaireoir nó an t-onnmhaireoir a iarraidh go ndéanfaí tuilleadh scrúdaithe nó samplála ar na hearraí, áfach, má mheasann sé nó sí nach bhfuil torthaí an pháirtscrúdaithe, nó torthaí na hanailíse nó torthaí an scrúdaithe ar na samplaí a tógadh bailí maidir leis an gcuid eile de na hearraí lena mbaineann. Géillfear don iarratas ar choinníoll nár scaoileadh na hearraí fós nó, má scaoileadh iad, ar choinníoll go gcruthóidh an t-allmhaireoir nó an t-onnmhaireoir nár athraíodh ar bhealach ar bith iad.
5. Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, bearta maidir le hearraí a scrúdú agus a shampláil dá dtagraítear san Airteagal seo. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 262(4).

Airteagal 46

Torthaí an fhíoraithe

1. Úsáidfear na torthaí a thiocfaidh as na sonraí a sholáthróidh an t-allmhaireoir, an t-onnmhaireoir nó an t-iompróir a fhíorú chun na forálacha lena rialaítear an nós imeachta custaim faoina gcuirtear na hearraí a chur i bhfeidhm.
2. I gcás nach bhfíorófar na sonraí a sholáthraítear, beidh feidhm ag mír [1](#) ar bhonn na sonraí a sholáthróidh an t-allmhaireoir nó an t-onnmhaireoir.
3. Beidh ag torthaí an fhíoraithe a dhéanfaidh na húdaráis chustaim an fheidhm dhochloíte chéanna ar fud chríoch chustaim an Aontais.
4. Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, bearta maidir le torthaí an fhíoraithe dá dtagraítear san Airteagal seo. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 262(4).

Airteagal 47

Bearta um aithint

1. Déanfaidh na húdaráis chustaim, nó i gcás inarb iomchuí, oibreoirí eacnamaíocha a údaróidh na húdaráis chustaim chuige sin, na bearta is gá a ghlacadh chun na hearraí a aithint más gá iad a aithint chun a áirithiú go gcomhlíonfar na forálacha lena rialaítear an nós imeachta custaim ábhartha faoina bhfuil sé beartaithe na hearraí a chur.

Beidh an éifeacht chéanna ó thaobh dlí ag na bearta um aithint sin ar fud chríoch chustaim an Aontais.
2. Is iad na húdaráis chustaim amháin, nó daoine eile, i gcás ina n-údaróidh na húdaráis chustaim iad chuige sin, a aistreoidh nó a dhíothóidh meáin aitheantais atá greamaithe d'earraí de phacáistiú nó de mheáin iompair, ach amháin nuair is den riachtanas an t-aistriú nó an díothú, de bharr cúinsí nárbh fhéidir a thuair nó de bharr force majeure, chun na hearraí nó na meáin iompair a chosaint.
3. Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, cad iad na bearta arb ionann iad agus na bearta sainaitheantais dá dtagraítear san Airteagal seo. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 262(4).

Airteagal 48

Rialuithe iarscaoilte

1. Chun críoch rialuithe custaim, féadfaidh na húdaráis chustaim, tar éis na hearraí a scaoileadh, an méid seo a leanas a dhéanamh:
 - (a) cruinneas agus iomláine na sonraí a soláthraíodh a fhíorú agus aon doiciméid tacaíochta a bheith ann a fhíorú agus cruinneas agus bailíocht na ndoiciméad tacaíochta sin a fhíorú;
 - (b) scrúdú a dhéanamh ar chuntais an oibreora eacnamaíoch agus ar thaifid eile a bhaineann leis na hoibríochtaí i ndáil leis na hearraí atá i gceist agus ar oibríochtaí tráchtála roimhe sin nó ina dhiaidh sin a bhaineann leis na hearraí sin;
 - (c) iniúchadh a dhéanamh ar na hearraí sin agus samplaí a ghlacadh i gcás ina bhféadfaidh siad fós é sin a dhéanamh;

- (d) rochtain a fháil ar chórais oibreoirí chun comhlíontacht leis an oibleagáid sonraí a sholáthar nó a chur ar fáil do Mhol Sonraí Custaim an Aontais a fhíorú.
2. Féadfar na rialuithe sin a dhéanamh ag áitreabh an allmhaireora nó an onnmhaireora, nó shealbhóir na n-earraí, nó ag áitreabh duine ar bith eile a bheidh bainteach go díreach nó go hindíreach leis na hoibríochtaí sin i gcáil gnó nó ag áitreabh aon duine eile a mbeidh na doiciméid agus na sonraí ina sheilbh aige chun críocha gnó.
3. Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na bearta a mbeidh feidhm acu maidir leis na rialuithe dá dtagraítear i mír 1, lena n-áirítear i gcásanna ina dtarlaíonn oibríochtaí i níos mó ná Ballstát amháin, agus maidir le cur i bhfeidhm iniúchóireachta agus modheolaíochtaí iomchuí eile i gcomhthéacs rialuithe den sórt sin. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir le hAirteagal 262(4).

Airteagal 49

Eitiltí agus turais farraige laistigh den Aontas

1. Ní dhéanfar rialuithe custaim nó foirmiúlachtaí custaim a chur i gcrích i dtaca le bagáiste cábáin nó bagáiste boilg de chuid daoine atá ar eitilt laistigh den Aontas ná i dtaca le bagáiste de chuid daoine ar thuras farraige laistigh den Aontas, ach amháin i gcás ina bhforálfar do rialuithe nó d'fhoirmiúlachtaí den sórt sin sa reachtaíocht chustaim.
2. Beidh feidhm ag mír 1 gan dochar do na nithe seo a leanas:
- (a) slándáil agus sábháilteacht;
- (b) rialuithe atá nasctha le reachtaíocht eile a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm.
3. Cinnfidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, liosta de na calafoirt nó na haerfoirt ina bhfuil rialuithe custaim agus foirmiúlachtaí custaim le cur i bhfeidhm maidir leis an méid a leanas:
- (a) bagáiste cábáin agus bagáiste boilg de chuid daoine:
- (i) a bheidh ar eitilt in aerárthach a bheidh ag teacht ó aerfort nach aerfort de chuid an Aontais é agus a leanfaidh lena n-aistear, tar éis stad a dhéanamh ag aerfort de chuid an Aontais, go dtí aerfort Aontais eile;
- (ii) a bheidh ar eitilt in aerárthach a dhéanfaidh stad ag aerfort de chuid an Aontais sula rachaidh sé ar aghaidh go dtí aerfort nach de chuid an Aontais é;
- (iii) daoine a bhainfidh úsáid as seirbhís mhuirí san ártach céanna ach go ndéantar an aistear scríob i ndiaidh a chéile ag imeacht ó chalafort nach de chuid an Aontais é, ag tabhairt cuairt air, nó ag baint ceann scríbe amach ann;
- (iv) a bheidh ar bord ártach áineasa agus in aerárthach turasóireachta nó gnó;
- (b) bagáiste cábáin agus bagáiste boilg:
- (i) a thiocfaidh go dtí aerfort Aontais ar bord aerárthaigh a thiocfaidh ó aerfort nach ceann de chuid an Aontais é agus a aistreofar ag an aerfort

Aontais sin go dtí aerárthach eile a bheidh ag dul ar eitilt laistigh den Aontas;

- (ii) a bheidh luchtaithe ag aerfort Aontais ar aerárthach a bheidh ag dul ar eitilt laistigh den Aontas le haghaidh aistrithe ag aerfort Aontais eile go dtí aerárthach ag aerfort nach ceann de chuid an Aontais is ceann scribe dó.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 262(4).

Caibidil 3

Bainistíocht riosca custaim

Airteagal 50

Prionsabail ghinearálta

1. Cinnfidh na húdaráis chustaim, bunaithe ar bhainistíocht riosca agus ar anailís riosca uathoibrithe go príomha, cé acu an mbeidh nó nach mbeidh earraí, oibreoirí eacnamaíocha agus slabhraí soláthair faoi réir rialuithe custaim nó bearta maolaithe eile, agus más rud é go mbeidh, cá háit agus cathain a dhéanfar na rialuithe sin agus bearta maolaithe eile sin,
2. Úsáidfídh an Coimisiún, Údarás Custaim an Aontais agus na húdaráis chustaim bainistíocht riosca custaim chun idirdhealú a dhéanamh idir leibhéil na rioscaí uile a bhaineann le hearraí, le hoibreoirí eacnamaíocha agus le slabhraí soláthair i gcomhréir leis na forálacha sa chaibidil seo.
3. Áireofar le bainistíocht riosca custaim na gníomhaíochtaí seo a leanas ar a laghad, i gcás inarb iomchuí agus iad eagraithe ar bhonn timthriallach:
 - (a) sonraí ábhartha atá ar fáil i Mol Sonraí Custaim an Aontais agus ó fhoinsí eile, lena n-áirítear sonraí ábhartha ó údaráis seachas údaráis chustaim, a bhailiú, a phróiseáil, a mhalartú agus a anailísiú;
 - (b) measúnú a dhéanamh ar rioscaí, nó iad a shainaithint, a anailísiú, nó a thuar, lena n-áirítear bunaithe ar mhodhanna staidrimh agus tuarthacha agus ar rialuithe randamacha;
 - (c) na bearta is gá a fhorbairt chun na rioscaí a bhainistiú, lena n-áirítear réimsí coiteanna rialaithe tosaíochta, critéir agus caighdeáin choiteanna riosca, agus straitéisí maoirseachta a bhunú;
 - (d) bearta a fhorordú agus a dhéanamh, lena n-áirítear bearta maolaithe agus rialuithe custaim iomchuí a roghnú;
 - (e) aiseolas a bhailiú maidir le gníomhaíochtaí bainistíochta riosca agus rialaithe riosca a chur chun feidhme;
 - (f) faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí bainistíochta riosca agus rialaithe riosca d'fhonn iad a fheabhsú.
4. D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith san áireamh sna bearta maolaithe:
 - (a) ordú a thabhairt don iompróir nó don onnmhaireoir nach luchtófar ná nach n-iomprófar na hearraí;
 - (b) faisnéis nó gníomhaíocht bhreise a iarraidh;

- (c) cásanna ina bhféadfadh gníomhaíocht údaráis custaim eile a bheith iomchuí a shainaithint;
- (d) an áit agus na bearta is iomchuí chun rialú a dhéanamh a mholadh;
- (e) an bealach a bheidh le húsáid agus an teorainn ama a bheidh le hurramú a chinneadh nuair a bheidh earraí le tabhairt amach as críoch custaim an Aontais.

Airteagal 51

Róil agus freagrachtaí

1. Féadfaidh an Coimisiún réimsí coiteanna rialaithe tosaíochta agus critéir agus caighdeáin choiteanna riosca a bhunú maidir le haon chineál riosca, lena n-áirítear rioscaí a bhaineann le leasanna airgeadais ach gan a bheith teoranta dóibh.
2. Gan dochar do mhír 6, pointe (f) den Airteagal seo agus d’Airteagal 43, féadfaidh an Coimisiún réimsí sonracha a shainaithint i réimse na reachtaíochta eile a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm, ar réimsí iad ar fiú cóireáil tosaíochta le haghaidh bainistíocht riosca agus rialuithe custaim.
3. Féadfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:
 - (a) treoshuíomhanna beartais a sholáthar d’Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh maidir le tionscadail bainistithe riosca agus straitéisí maoirseachta;
 - (b) a iarraidh ar Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh meastóireacht thréimhsiúil nó *ad hoc* a dhéanamh ar chur chun feidhme aon ghníomhaíochtaí bainistíochta riosca;
 - (c) iarraidh ar Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh straitéis maoirseachta a ullmhú le haghaidh aon riosca agus measúnuithe ar bhagairtí a dhéanamh.
4. Chun na gcríoch dá dtagraítear i míreanna 1 go 3, féadfaidh an Coimisiún sonraí atá ar fáil i Mol Sonraí Custaim an Aontais agus ó fhoinsí eile, lena n-áirítear ó údaráis seachas údaráis chustaim, a bhailiú, a phróiseáil agus a anailísiú.
5. Déanfaidh Údarás Custaim an Aontais gníomhaíochtaí bainistíochta riosca ar leibhéal an Aontais ar bhonn na dtreoshuíomhanna beartais custaim dá dtagraítear i mír 3, pointe (a) agus ar bhonn na dtosaíochtaí dá dtagraítear i mír 2. Déanfaidh sé na nithe seo a leanas:
 - (a) sonraí atá ar fáil i Mol Sonraí Custaim an Aontais agus ó fhoinsí eile, lena n-áirítear ó údaráis seachas údaráis chustaim, a bhailiú, a phróiseáil agus a anailísiú;
 - (b) cúnamh a thabhairt don Choimisiún réimsí coiteanna rialuithe tosaíochta agus critéir agus caighdeáin choiteanna riosca a shainmhíniú, bunaithe ar eolas oibríochtúil agus ar shaineolas teicniúil ar bhainistíocht riosca;
 - (c) i gcás ina n-iarrfar sin i gcomhréir le mír 3, straitéisí maoirseachta a fhorbairt, i gcás inarb iomchuí le húdaráis seachas údaráis chustaim, agus measúnuithe ar bhagairtí a dhéanamh;
 - (d) sonraí ábhartha a mhalartú leis na húdaráis chustaim agus le húdaráis eile chun críocha an Teidil seo, i gcás inar féidir, trí Mhol Sonraí Custaim an Aontais, i gcomhréir le hAirteagal [53](#);

- (e) anailís choiteann riosca a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun comharthaí riosca, torthaí anailíse riosca agus, i gcás inarb iomchuí, moltaí maidir le rialú agus bearta maolaithe iomchuí eile a eisiúint do na húdaráis chustaim, lena n-áirítear chun na réimsí coiteanna rialaithe tosaíochta agus na critéir agus na caighdeáin choiteanna riosca arna mbunú ag an gCoimisiún a chur i bhfeidhm agus chun déileáil le géarchéimeanna;
 - (f) OLAF a chur ar an eolas i gcás ina sainaithníonn sé nó ina bhfuil amhras air go bhfuil cásanna calaoise ann agus an fhaisnéis riachtanach uile a bhaineann leis na cásanna sin a sholáthar dó.
6. Déanfaidh na húdaráis chustaim an méid seo a leanas, agus sonraí atá ar fáil i Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh agus ó fhoinsí eile á n-úsáid acu:
- (a) sonraí atá ar fáil i Mol Sonraí Custaim an Aontais agus ó fhoinsí eile, lena n-áirítear ó údaráis seachas údaráis chustaim, a bhailiú, a phróiseáil agus a anailísiú;
 - (b) gníomhaíochtaí bainistíochta riosca náisiúnta a dhéanamh, lena n-áirítear anailís riosca, comhar, agus malartú faisnéise maidir le bainistíocht riosca leis na húdaráis náisiúnta ábhartha, agus bearta maolaithe a dhéanamh;
 - (c) na próisis náisiúnta is gá a chur chun feidhme chun critéir agus caighdeáin choiteanna riosca agus réimsí coiteanna rialaithe tosaíochta a chur chun feidhme;
 - (d) na comharthaí riosca, torthaí anailíse riosca agus moltaí maidir le rialú arna nginiúint ag Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme;
 - (e) moltaí maidir le rialú a eisiúint agus bearta maolaithe iomchuí eile a chur in iúl d'údaráis chustaim na mBallstát eile;
 - (f) cinntí maidir le rialú a dhéanamh;
 - (g) rialuithe a dhéanamh i gcomhréir le Caibidil 2 den Teideal seo agus le haon chritéir agus caighdeán coiteann riosca is infheidhme;
 - (h) réasúnú a sholáthar d'Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh i gcás nach ndearnadh moladh maidir le rialú a fhorghníomhú.
7. Cuirfidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh an Coimisiún ar an eolas faoina ghníomhaíochtaí bainistíochta riosca agus a dtorthaí ar bhonn ráithiúil agus, i gcás inar gá nó má iarrann an Coimisiún é, ar bhonn *ad hoc*. Soláthróidh sé an fhaisnéis riachtanach uile don Choimisiún i ndáil leis sin.
8. Go dtí an dáta a leagtar amach in Airteagal 265(1), féadfaidh an Coimisiún cúraimí bainistíochta riosca Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh dá dtagraítear san Airteagal seo a dhéanamh.

Airteagal 52

Critéir agus caighdeáin choiteanna riosca

1. Áireofar leis na critéir agus caighdeáin choiteanna riosca an méid uile seo a leanas:
- (a) tuairisc ar na rioscaí;
 - (b) na tosca nó na táscairí riosca a úsáidfear chun earraí nó oibreoirí eacnamaíocha a roghnú i gcomhair rialuithe custaim;

- (c) an cineál rialuithe custaim atá le cur i gcrích ag na húdaráis chustaim;
 - (d) anailís riosca agus bearta maolaithe a chur i bhfeidhm sa slabhra soláthair, lena n-áirítear iarrataí ar fhaisnéis nó ar ghníomhaíocht agus treoir gan luchtú ná iompar;
 - (e) fad chur i bhfeidhm na rialuithe custaim dá dtagraítear i bpointe (c).
2. Agus critéir agus caighdeáin choiteanna riosca á mbunú, cuirfear an méid uile seo a leanas san áireamh:
- (a) comhréireacht leis an riosca;
 - (b) práinne an ghá leis na rialuithe a chur i bhfeidhm;
 - (c) an tionchar lena bhfuil coinne réasúnach ar shreabhadh trádála agus ar acmhainní rialaithe na mBallstát aonair.

Airteagal 53

Faisnéis atá ábhartha maidir le bainistíocht riosca agus rialuithe

1. Déanfar gach faisnéis riosca, gach comhartha, gach toradh anailíse riosca, gach moladh maidir le rialú, gach cinneadh maidir le rialú agus gach toradh rialaithe a thaifeadadh sa phróiseas oibríochtúil lena mbaineann siad agus i Mol Sonraí Custaim an Aontais, gan beann ar cibé an raibh siad bunaithe ar anailís riosca náisiúnta nó anailís choiteann riosca nó nach raibh, nó cibé an raibh siad bunaithe ar roghnú randamach. Roinnfidh na húdaráis chustaim faisnéis faoi riosca lena chéile, le hÚdarás Custaim an Aontais Eorpaigh agus leis an gCoimisiún.
2. Beidh sé de cheart ag na húdaráis chustaim, ag Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh agus ag an gCoimisiún na heilimintí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a phróiseáil de réir a ról agus a bhfreagrachtaí dá dtagraítear in Airteagail [51](#) agus [54](#).
3. Úsáidfídh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh Mol Sonraí Custaim an Aontais i gcás inar féidir chun aon fhoinsí eile sonraí, doiciméad nó faisnéise a bhailiú, nó chun idirbriú le haon fhoinsí eile sonraí, doiciméad nó faisnéise a shainaithníonn Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh, an Coimisiún nó údarás custaim a bheith ábhartha maidir le bainistíocht riosca.
4. Go dtí an dáta a leagtar amach in Airteagal 265(1), déanfaidh an Coimisiún cúraimí Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh dá dtagraítear san Airteagal seo.

Airteagal 54

Meastóireacht ar bhainistíocht riosca custaim

1. Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhar le hÚdarás Custaim an Aontais Eorpaigh agus leis na húdaráis chustaim, meastóireacht ar chur chun feidhme na bainistíochta riosca chun feabhas leanúnach a chur ar a éifeachtacht agus a éifeachtúlacht oibríochtúil agus straitéiseach uair amháin gach 2 bhliain ar a laghad; ina theannta sin, féadfaidh an Coimisiún gníomhaíochtaí meastóireachta a shocrú a bheidh le déanamh i gcás ina measfaidh sé go bhfuil gá leis sin, agus ar bhonn leanúnach.
2. Chun na críche sin, baileoidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh faisnéis ábhartha agus déanfaidh sé anailís uirthi agus déanfaidh sé na gníomhaíochtaí uile is gá. Féadfaidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh tuarascálacha tréimhsiúla nó *ad hoc* a iarraidh ar Bhallstát amháin nó níos mó ina leith sin.

3. Chun na críche sin, agus chun a ról agus a fhreagrachtaí faoin Teideal seo a chomhlíonadh, féadfaidh an Coimisiún aon fhaisnéis ábhartha atá ar fáil trí Mhol Sonraí Custaim an Aontais a phróiseáil agus féadfaidh sé tuilleadh faisnéise a iarraidh ar Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh agus ar na húdaráis náisiúnta.
4. Agus critéir choiteanna riosca agus réimsí coiteanna rialaithe tosaíochta á mbunú aige, déanfaidh an Coimisiún, i gcás inarb ábhartha, meastóireachtaí arna ndéanamh faoin Airteagal seo a chur san áireamh.

Airteagal 55

Bronnadh cumhachtaí cur chun feidhme

1. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, bearta chun a áirithiú go ndéanfar na rialuithe custaim a chur chun feidhme go haonfhoirmeach, lena n-áirítear faisnéis a mhalartú, critéir agus caighdeáin choiteanna riosca agus réimsí coiteanna rialaithe tosaíochta dá dtagraítear sa Teideal seo a bhunú. Rachaidh na bearta sin i ngleic leis na gnéithe seo a leanas ar a laghad:
 - (a) an fhaisnéis atá le taifeadadh i Mol Sonraí Custaim an Aontais i ndáil le bainistíocht riosca agus rialuithe, lena n-áirítear i leith faisnéise riosca, torthaí anailíse riosca, moltaí maidir le rialú, cinntí maidir le rialú agus torthaí rialaithe, agus i leith na gceart chun rochtain a fháil ar fhaisnéis den sórt sin agus í a phróiseáil;
 - (b) bearta nós imeachta maidir le húsáid idirthréimhseach na gcóras faisnéise custaim atá ann cheana nó maidir le rochtain orthu, bearta nós imeachta chun idir-inoibritheacht idir Mol Sonraí Custaim an Aontais agus córais eile a bhainistiú;
 - (c) bearta nós imeachta i ndáil le cur i bhfeidhm an cheanglais tuairiscithe i gcomhthéacs rialuithe iarscaoilte agus rialuithe randamacha;
 - (d) socruithe le haghaidh comhair, lena n-áirítear malartú faisnéise, idir Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh agus institiúidí, comhlachtaí agus oifigí sonracha eile de chuid an Aontais, agus údaráis náisiúnta inniúla eile;
 - (e) sainaithint an údaráis custaim fhreagraigh i gcás próiseas bainistíochta riosca shonraigh a d'fhéadfadh sé go mbainfeadh sé le níos mó ná Ballstát amháin;
 - (f) gnéithe nós imeachta na rialuithe, lena n-áirítear rialuithe iarscaoilte, a bhaineann le níos mó ná Ballstát amháin, agus infhaighteacht torthaí samplaí agus rialuithe eile idir na húdaráis chustaim lena mbaineann;
 - (g) socruithe chun faisnéis riosca a roinnt idir údaráis chustaim, Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh agus leis an gCoimisiún;
 - (h) réimsí coiteanna rialaithe tosaíochta agus critéir agus caighdeáin choiteanna riosca dá dtagraítear in Airteagal 51(1) agus (2) agus in Airteagal 52, lena n-áirítear na módúlachtaí dá gcur i bhfeidhm ar bhonn práinneach i gcás inar ghá sin.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 262(4).
2. Ar mhórchúiseanna práinne a bhaineann le bearta den sórt sin, lena n-áirítear na módúlachtaí dá gcur i bhfeidhm ar bhonn práinneach chun freagairt go héifeachtach do ghéarchéimeanna nó do theagmhais a d'fhéadfadh gar-riosca sábháilteachta nó

slándála a bheith ag baint leo, agus a bhfuil údar cuí leo de bharr an ghá le bainistíocht riosca choitinn a thabhairt cothrom le dáta go tapa agus malartú faisnéise, critéir agus caighdeáin choiteanna riosca, agus réimsí coiteanna rialaithe tosaíochta a oiriúnú d'fhorbairt na rioscaí, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a bheidh infheidhme láithreach i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 262(5).

Teideal V

EARRAÍ A CHUR FAOI NÓS IMEACHTA CUSTAIM

Caibidil 1

Stádas custaim earraí

Airteagal 56

Toimhde maidir le stádas custaim earraí de chuid an Aontais

1. Toimhdeofar go mbeidh stádas custaim earraí de chuid an Aontais ag na hearraí uile i gcríoch chustaim an Aontais, mura ndeimhneofar nach earraí de chuid an Aontais iad.
2. I gcásanna sonracha, nuair nach bhfuil feidhm ag an toimhde atá leagtha síos i mír 1, ní mór stádas custaim na n-earraí de chuid an Aontais a chruthú.
3. I gcásanna sonracha, ní bheidh stádas custaim earraí de chuid an Aontais ag earraí a fuarthas go huile i gcríoch chustaim an Aontais má fhaightear iad ó earraí atá i stóráil shealadach nó a cuireadh faoin nós imeachta idirthurais sheachtraigh, faoi nós imeachta stórála, faoin nós imeachta admhála sealadaí nó faoin nós imeachta próiseála isteach.
4. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun an Rialachán seo a fhorlíonadh i gcomhréir le hAirteagal 261, tríd an méid seo a leanas:
 - (a) na cásanna sonracha nach mbeidh feidhm ag an toimhde a leagtar síos i mír 1;
 - (b) na coinníollacha chun éascú a dheonú agus cruthúnas stádais chustaim earraí de chuid an Aontais á suí;
 - (c) na cásanna sonracha nach mbeidh stádas custaim earraí de chuid an Aontais ag na hearraí dá dtagraítear i mír 3.
5. Sonróidh an Coimisiún trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na rialacha nós imeachta maidir le cruthúnas stádas custaim na n-earraí de chuid an Aontais a sholáthair agus a fhíorú. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 262(4).

Airteagal 57

Cailliúint stádais chustaim i leith earraí de chuid an Aontais

Beidh earraí de chuid an Aontais ina n-earraí neamh- AE sna cásanna a leanas:

- (a) i gcás ina dtabharfar amach as críoch chustaim an Aontais iad, sa mhéid is nach mbeidh feidhm ag na rialacha maidir le hidirthuras inmheánach;

- (b) i gcás inar cuireadh faoin nós imeachta idirthurais sheachtraigh, nó faoi nós imeachta stórála nó faoin nós imeachta próiseála isteach iad, sa mhéid is a cheadaíonn an reachtaíocht chustaim amhlaidh;
- (c) i gcás inar cuireadh faoin nós imeachta um úsáid deiridh iad agus ina dtréigfear ina dhiaidh sin iad leis an Stát, nó ina ndíothófar agus gur dramhaíl atá fágtha;
- (d) i gcás ina neamhbhaileofar an dearbhú um scaoileadh i saorchúrsaíocht tar éis scaoileadh na n-earraí.

Airteagal 58

Earraí de chuid an Aontais a fhágann críoch chustaim an Aontais ar bhonn sealadach

1. Sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 112(2), pointí [\(b\)](#), [\(c\)](#), [\(d\)](#) agus [\(e\)](#), ní choinneoidh earraí a stádas custaim mar earraí de chuid an Aontais ach sa chás go ndeimhnítear an stádas sin faoi na coinníollacha áirithe agus trí na modhanna a leagtar síos sa reachtaíocht chustaim.
2. I gcásanna sonracha, féadfaidh earraí de chuid an Aontais gluaiseacht gan a bheith faoi réir nós imeachta custaim, ó phointe go chéile laistigh de chríoch chustaim an Aontais agus amach as an gcríoch sin ar bhonn sealadach gan a stádas custaim a athrú.
3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmhligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal [261](#), chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na cásanna sonracha a chinneadh nach n-athraítear stádas custaim na n-earraí dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo.

Caibidil 2

Earraí a chur faoi nós imeachta custaim agus scaoileadh

Airteagal 59

Earraí a chur faoi nós imeachta custaim

1. Déanfaidh allmhaireoirí, onnmhaireoirí agus sealbhóirí an nós imeachta a bhfuil sé beartaithe aige earraí a chur faoi nós imeachta custaim na sonraí is gá le haghaidh an nós imeachta lena mbaineann a sholáthar nó a chur ar fáil a luaithe a bheidh fáil orthu agus in aon chás sula scaoilfear na hearraí.
2. Soláthróidh allmhaireoirí measta an fhaisnéis maidir le ciandíol earraí atá le hallmhairiú i gcríoch chustaim an Aontais, nó cuirfidh siad ar fáil í, ar a dhéanaí an lá tar éis an dáta ar glacadh leis an íocaíocht agus in aon chás, roimh scaoileadh na n-earraí.
3. De mhaolú ar mhír 1, in imthosca a bhfuil údar cuí leo agus a bhaineann le doiciméadacht tacaíochta nó le luach deiridh na n-earraí a chinneadh, féadfaidh na húdaráis chustaim a údarú do thrádálaithe Iontaoibhe agus Seiceála cuid de na sonraí a sholáthar seachas réamhfhaisnéis lasta tar éis scaoileadh na n-earraí. Soláthróidh an t-allmhaireoir nó an t-onnmhaireoir an fhaisnéis a fágadh ar lár laistigh de theorainn ama shonrach.
4. Cuirfear na hearraí faoin nós imeachta custaim tráth a scaoilfear iad. Mura bhforálfar a mhalairt, is é dáta an scaoilte an dáta a úsáidfear do chur i bhfeidhm na bhforálacha

lena rialófar an nós imeachta custaim ina gcuirtear na hearraí agus le haghaidh na bhfoirmiúlachtaí allmhairí nó onnmhairí eile uile.

5. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal [261](#), chun an Rialachán seo a fhorlónadh trí na sonraí agus tríd an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 den Airteagal seo a chinneadh, mar aon leis na sonraí sonracha is féidir a sholáthar tar éis scaoileadh na n-earraí agus na teorainneacha ama chun na sonraí sin dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo a sholáthar.

Airteagal 60

Scaoileadh na n-earraí

1. Na húdaráis chustaim atá freagrach as na hearraí a chur i nós imeachta custaim i gcomhréir le hAirteagal 42(3), déanfaidh siad cinneadh maidir le scaoileadh na n-earraí agus toradh na hanailíse riosca ar na sonraí a sholáthair an t-allmhaireoir nó an t-onnmhaireoir agus, i gcás inarb infheidhme, torthaí aon rialaithe á gcur san áireamh.
2. Scaoilfear earraí má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:
 - (a) is allmhaireoir nó onnmhaireoir atá freagrach as na hearraí;
 - (b) rinneadh aon fhaisnéis a d'iarr údaráis chustaim agus an fhaisnéis íosta is gá le haghaidh an nós imeachta áirithe sin a sholáthar nó a chur ar fáil d'údaráis chustaim;
 - (c) comhlíontar na coinníollacha chun na hearraí a chur faoin nós imeachta lena mbaineann de bhun Airteagail [88](#), [118](#), [132](#) agus [135](#);
 - (d) níor roghnaíodh na hearraí le haghaidh aon rialaithe.
3. Diúltóidh na húdaráis chustaim don scaoileadh in aon cheann de na cásanna seo a leanas:
 - (a) i gcás nach gcomhlíontar na coinníollacha maidir leis na hearraí a chur faoin nós imeachta lena mbaineann, lena n-áirítear aon fhoirmiúlacht neamhchustaim de chuid an Aontais mar a shainmhínítear i bpointe 11 d'Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2022/2399 atá ábhartha maidir leis na hearraí;
 - (b) i gcás ina mbeidh aon fhianaise acu nach gcomhlíonann na hearraí an reachtaíocht ábhartha eile a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm, mura gceanglaítear leis an reachtaíocht sin dul i gcomhairle le húdaráis eile roimh ré;
 - (c) i gcás ina bhfuil fianaise acu nach bhfuil na sonraí a soláthraíodh cruinn.
4. Cuirfidh na húdaráis chustaim an scaoileadh ar fionraí in aon cheann de na cásanna seo a leanas:
 - (a) i gcás ina mbeidh cúis acu a chreidiúint nach gcomhlíonann na hearraí an reachtaíocht ábhartha eile a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm nó gurb ionann iad agus riosca tromchúiseach do shláinte an duine, ainmhithe nó plandaí, nó don chomhshaol, nó d'aon leas poiblí eile, lena n-áirítear leas airgeadais; nó
 - (b) i gcás ina n-iarrann na húdaráis eile amhlaidh de réir reachtaíochta eile a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm.

5. I gcás ina gcuirfear an scaoileadh ar fionraí i gcomhréir le mír 4, rachaidh na húdaráis chustaim i gcomhairle leis na húdaráis eile má cheanglaítear amhlaidh leis an reachtaíocht ábhartha eile a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm, agus:
 - (a) an scaoileadh a dhiúltú má d'iarr na húdaráis eile amhlaidh i gcomhréir le reachtaíocht eile a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm; nó
 - (b) na hearraí a scaoileadh mura bhfuil aon chúis ann lena chreidiúint nár comhlíonadh na ceanglais agus na foirmiúlachtaí eile a cheanglaítear leis an reachtaíocht eile a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm maidir le scaoileadh den sórt sin agus:
 - (i) d'fhormheas na húdaráis eile an scaoileadh, nó
 - (ii) nár thug na húdaráis eile freagra laistigh den teorainn ama a socraíodh sa reachtaíocht ábhartha eile a chuir na húdaráis chustaim i bhfeidhm, nó
 - (iii) tugann na húdaráis eile fógra do na húdaráis chustaim go bhfuil tuilleadh ama ag teastáil chun a mheas cé acu an gcomhlíonann na hearraí an reachtaíocht ábhartha eile a chuir na húdaráis chustaim i bhfeidhm, ar choinníoll nár iarr siad an fionraí a choinneáil ar bun, agus go gcuireann an t-allmhaireoir nó an t-onnmhaireoir inrianaitheacht iomlán na n-earraí sin ar fáil do na húdaráis chustaim ar feadh 15 lá ag tosú ar fhógra a thabhairt do na húdaráis eile nó go dtí go mbeidh toradh a rialuithe measúnaithe agus curtha in iúl ag na húdaráis eile don allmhaireoir nó don onnmhaireoir, pé ceann a tharlaíonn ar dtús. Cuirfidh na húdaráis chustaim an inrianaitheacht ar fáil do na húdaráis eile.
6. Gan dochar don reachtaíocht ábhartha eile a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm, measfar gur scaoil na húdaráis chustaim na hearraí i gcás nach mbeidh siad roghnaithe acu le haghaidh aon rialaithe laistigh de thréimhse réasúnta ama tar éis:
 - (a) go bhfuil earraí na n-allmhaireoirí measta tagtha chuig críoch chustaim an Aontais; nó
 - (b) go bhfuil earraí na n-allmhaireoirí tagtha chuig a gceann scríbe deiridh; nó
 - (c) go bhfuil an fhaisnéis réamhimeachta seolta ag an onnmhaireoir.
7. I gcás ina mbeidh scaoileadh na n-earraí curtha ar fionraí ag na húdaráis chustaim i gcomhréir le mír 4, nó ina dhiúltóidh siad scaoileadh na n-earraí de réir mhír 3 nó mhír 5, pointe (a), déanfaidh siad a gcinneadh agus aon fhaisnéis eile, más infheidhme, a cheanglaítear le dlí an Aontais i Mol Sonraí Custaim an Aontais a thaifeadadh. Cuirfear an fhaisnéis sin ar fáil do na húdaráis chustaim eile.
8. I gcás inar dhiúltaigh na húdaráis chustaim scaoileadh na n-earraí i gcomhréir le mír 3 nó le mír 5:
 - (a) mura chuir na húdaráis eile in aghaidh, féadfar na hearraí a chur i nós imeachta custaim eile ina dhiaidh sin le tásca gur diúltaíodh na hearraí roimhe sin le haghaidh nós imeachta custaim eile;
 - (b) má chuir na húdaráis eile i gcoinne na hearraí a chur le haghaidh nós imeachta custaim amháin nó níos mó, déanfaidh na húdaráis chustaim an fhaisnéis sin a thaifeadadh i Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh agus gníomhóidh siad dá réir sin.

9. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 261, chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na tréimhsí réasúnta ama dá dtagraítear i mír 6 den Airteagal seo a chinneadh.

Airteagal 61

Na hearraí a scaoileadh thar ceann na n-údarás custaim ag trádálaithe Iontaoibhe agus Seiceála

1. De mhaolú ar Airteagal 60(1), féadfaidh na húdarás chustaim a údarú do thrádálaithe Iontaoibhe agus Seiceála na hearraí a scaoileadh thar a gceann ar na hearraí sin a fháil ag áit ghnó an allmhaireora, an úinéara nó an choinsíní nó ar iad a sheoladh ó áit ghnó an onnmhaireora, an úinéara nó an choinsíneora, ar choinníoll go ndéanfar na sonraí is gá le haghaidh an nós imeachta ábhartha agus na faisnéise fíor- ama maidir le teacht nó seoladh na n-earraí a sholáthar nó a chur ar fáil do na húdarás chustaim.
2. Gan dochar d'Airteagal 43, féadfaidh na húdarás chustaim a údarú do thrádálaithe Iontaoibhe agus Seiceála rialuithe áirithe a dhéanamh ar earraí faoi mhaoirseacht custaim. Sna cásanna sin, ina mbeidh na hearraí faoi réir reachtaíochta eile a chuireann na húdarás chustaim i bhfeidhm, rachaidh na húdarás chustaim i gcomhairle leis na húdarás eile sula ndeonófar údarú den sórt sin agus féadfaidh siad plean rialaithe a chomhaontú leo.
3. I gcás ina mbeidh cúis ag trádálaí Iontaoibhe agus Seiceála dá dtagraítear i mír 2 a chreidiúint nach gcomhlíonann na hearraí an reachtaíocht ábhartha eile arna cur i bhfeidhm ag na húdarás chustaim, tabharfaidh sé fógra do na húdarás chustaim láithreach agus, i gcás inarb infheidhme, do na húdarás eile. Sa chás sin, déanfaidh na húdarás chustaim cinneadh maidir leis an scaoileadh.
4. Féadfaidh na húdarás chustaim a cheangal ar thrádálaí Iontaoibhe agus Seiceála tráth ar bith na hearraí a chur i láthair le haghaidh rialaithe in oifig custaim nó ag an áit a raibh sé beartaithe na hearraí a scaoileadh.
5. I gcás ina mbeidh riosca airgeadais tromchúiseach nua nó cás sonrach eile sainaitheanta ag na húdarás chustaim i ndáil le húdarú le haghaidh scaoileadh thar a gceann, féadfaidh siad an cumas chun earraí a scaoileadh thar a gceann a chur ar fionraí ar feadh tréimhse shonrach ama agus an trádálaí Iontaoibhe agus Seiceála a chur ar an eolas. Sna cásanna sin, déanfaidh na húdarás chustaim cinneadh maidir le scaoileadh na n-earraí.

Airteagal 62

Faisnéis a mhodhnú agus neamhbhailiú chun earraí a chur faoi nós imeachta custaim

1. Leasóidh an t-allmhaireoir agus an t-onnmhaireoir ceann amháin nó níos mó de na sonraí a sholáthraítear chun na hearraí a chur faoi nós imeachta custaim, i gcás ina bhfaighidh siad amach go bhfuil an fhaisnéis ábhartha athraithe ina dtaifid, nó nuair a threoraíonn an t-údarás custaim dóibh é sin a dhéanamh nó nuair a thugann sé fógra dóibh faoi chruinneas, iomláine nó shaincheist cháilíochta sonraí, ach amháin má tá sé curtha in iúl ag na húdarás chustaim go bhfuil sé beartaithe acu scrúdú a dhéanamh ar na hearraí nó gur shuigh siad go bhfuil na sonraí a soláthraíodh mícheart, nó gur cuireadh na hearraí i láthair do lucht custaim cheana féin.

2. Déanfaidh an t-allmhaireoir agus an t-onnmhaireoir na sonraí a soláthraíodh chun earraí a chur faoi nós imeachta custaim a chur ó bhail a luaithe a thiocfaidh siad ar an eolas nach dtabharfar na hearraí isteach i gcríoch chustaim an Aontais nó nach dtabharfar amach as críoch chustaim an Aontais iad. Déanfaidh na húdaráis chustaim na sonraí a soláthraíodh chun earraí a chur faoi nós imeachta custaim a chur ó bhail, mura mbeidh na hearraí tugtha isteach i gcríoch chustaim an Aontais nó mura mbeidh siad tugtha amach as críoch chustaim an Aontais, tar éis 200 lá ón dáta a soláthraíodh an fhaisnéis nó a cuireadh ar fáil í.
3. Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na rialacha nós imeachta maidir leis an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 den Airteagal seo a leasú agus a chur ó bhail. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 262(4).

Caibidil 3

Forálacha idirthréimhseacha

Airteagal 63

Dearbhú custaim maidir le hearraí

1. Go dtí an dáta a leagtar amach in Airteagal 265(4), clúdófar na hearraí uile a bheartaítear a chur faoi nós imeachta custaim le dearbhú custaim a bheidh iomchuí le haghaidh an nós imeachta áirithe sin.
2. Ón dáta a leagtar amach in Airteagal 265(4), féadfaidh allmhaireoirí, onnmhaireoirí agus sealbhóirí an nós imeachta idirthurais, chun earraí a chur faoi nós imeachta custaim, dearbhú custaim a thaisceadh nó an fhaisnéis ábhartha is iomchuí le haghaidh an nós imeachta ábhartha a sholáthar nó a chur ar fáil agus Mol Sonraí Custaim an Aontais á úsáid. Ón dáta a leagtar amach in Airteagal 265(3), déanfaidh allmhaireoirí, onnmhaireoirí agus sealbhóirí an nós imeachta idirthurais, chun earraí a chur faoi nós imeachta custaim nó an fhaisnéis is iomchuí le haghaidh an nós imeachta ábhartha a sholáthar nó a chur ar fáil agus Mol Sonraí Custaim an Aontais á úsáid.
3. I gcásanna sonracha, féadfar dearbhú custaim a thaisceadh agus úsáid á baint as bealaí eile seachas teicnící próiseála sonraí leictreonacha.
4. Taiscfear an dearbhú custaim ag ceann díobh seo a leanas, ag brath ar na himthosca:
 - (a) an oifig custaim atá freagrach as áit chéad teacht isteach na n-earraí go dtí críoch chustaim an Aontais; nó
 - (b) an oifig custaim atá freagrach as áit díluachtaithe na n-earraí a thagann isteach ar muir nó d'aer;
 - (c) oifig custaim chinn scríbe an nós imeachta idirthurais má cuireadh na hearraí a tháinig isteach i gcríoch chustaim an Aontais faoi nós imeachta idirthurais;
 - (d) an oifig custaim atá freagrach as an áit ina bhfuil na hearraí lonnaithe atá le cur faoi nós imeachta idirthurais;
 - (e) an oifig custaim atá freagrach as áit bhunaithe an oibreora eacnamaíoch údaráithe le haghaidh simplithe custaim a údaraítear chun imréiteach láraithe a chur i bhfeidhm;

- (f) an oifig custaim atá freagrach as an áit ina bhfuil na hearraí lonnaithe a bhfuil sé beartaithe iad a thabhairt amach as críoch chustaim an Aontais.
5. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal [261](#), chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na cásanna sonracha a chinneadh inar féidir dearbhú custaim a thaisceadh trí mhodhanna eile seachas teicnící próiseála sonraí leictreonacha a úsáid i gcomhréir le mír 2 den Airteagal seo.
6. Déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas a shonrú trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme:
- (a) an nós imeachta maidir leis an dearbhú custaim a thaisceadh sna cásanna dá dtagraítear i mír 3;
- (b) na rialacha maidir le hoifigí inniúla custaim a chinneadh seachas an ceann dá dtagraítear i mír 4, lena n-áirítear oifigí custaim iontrála agus fágála.
- Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 262(4).

Airteagal 64

Dearbhú custaim caighdeánach

1. Sna dearbhuithe custaim caighdeánacha beidh na sonraí uile is gá chun na forálacha a chur i bhfeidhm lena rialaítear an nós imeachta custaim a ndearbhaítear na hearraí ina leith.
2. Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, an nós imeachta maidir leis an dearbhú custaim caighdeánach dá dtagraítear i mír 1 a thaisceadh. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 262(4).

Airteagal 65

Dearbhú simplithe

1. Go dtí an dáta a leagtar amach in Airteagal 265(3), féadfaidh na húdaráis chustaim glacadh leis go bhfuil earraí curtha faoi nós imeachta custaim ag duine ar bhonn dearbhaithe shimplithe a bhféadfadh cuid de na sonraí nó de na doiciméid tacaíochta dá dtagraítear in Airteagal [40](#) a bheith in easnamh air.
2. Go dtí an dáta a leagtar amach in Airteagal 265(4), féadfaidh na húdaráis chustaim úsáid tráthrialta dearbhaithe shimplithe a údarú.
3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal [261](#), chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na coinníollacha a chinneadh i ndáil leis an údarú a dheonú dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal.
4. Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, an nós imeachta chun an dearbhú simplithe a thaisceadh. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 262(4).

Dearbhú forlíontach

1. I gcás dearbhaithe shimplithe de bhun Airteagal [65](#) nó i gcás iontrála i dtaifid an dearbhóra de bhun Airteagal [73](#), taiscfidh an dearbhóir dearbhú forlíontach ina mbeidh na sonraí a mbeidh gá leo don nós imeachta custaim lena mbaineann san oifig custaim inniúil laistigh de theorainn ama shonrach.

I gcás dearbhaithe shimplithe de bhun Airteagal [65](#), beidh na doiciméid tacaíochta is gá i seilbh an dearbhóra agus ar fáil do na húdaráis chustaim laistigh de theorainn ama shonrach.

Féadfaidh an dearbhú breise seo a bheith de chineál ginearálta, tréimhsiúil nó achoimreach.
2. Sna cásanna a leanas, tarscaoilfear an oibleagáid dearbhú forlíontach a thaisceadh:
 - (a) i gcás go gcuirfear na hearraí faoin nós imeachta stórála custaim;
 - (b) i gcásanna sonracha eile.
3. Féadfaidh na húdaráis chustaim an ceangal maidir le dearbhú forlíontach a thaisceadh a tharscaoileadh i gcás ina mbeadh feidhm ag na coinníollacha a leanas:
 - (a) baineann an dearbhú simplithe le hearraí a bhfuil a luach agus a méid níos lú ná an tairseach staitistiúil;
 - (b) tá an fhaisnéis uile is gá sa dearbhú simplithe cheana don nós imeachta custaim lena mbaineann;
 - (c) nach ndéantar an dearbhú simplithe trí iontráil i dtaifid an dearbhóra.
4. Measfar gur ionstraim dhoroinnte, aonair a rachaidh i bhfeidhm, faoi seach, ón dáta a nglacfar leis an dearbhú simplithe i gcomhréir le hAirteagal [69](#) iad an dearbhú simplithe dá dtagraítear in Airteagal [65](#) nó an iontráil i dtaifid an dearbhóra dá dtagraítear in Airteagal [73](#), agus an dearbhú forlíontach.
5. Chun críocha Airteagal [169](#), measfar gur san áit a taisceadh an dearbhú custaim a dhéanfar an dearbhú forlíontach a thaisceadh.
6. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun an Rialachán seo a fhorlíonadh i gcomhréir le hAirteagal [261](#), tríd an méid seo a leanas:
 - (a) an teorainn ama shonrach dá dtagraítear i mír 1, an chéad fhomhír, a bhfuil an dearbhú custaim le taisceadh laistigh di;
 - (b) an teorainn ama shonrach dá dtagraítear i mír 1, an dara fhomhír, ina mbeidh na doiciméid tacaíochta i seilbh an dearbhóra agus ar fáil do na húdaráis chustaim;
 - (c) na cásanna sonracha eile ina dtarscaoilfear an oibleagáid dearbhú forlíontach a thaisceadh i gcomhréir le mír 2, pointe (b).
7. Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na rialacha nós imeachta chun an dearbhú forlíontach a thaisceadh. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal [262](#)(4).

Airteagal 67

Dearbhú custaim a thaisceadh

1. Go dtí an dáta a leagtar amach in Airteagal 265(3), gan dochar d'Airteagal 66(1), duine ar bith a bheidh in ann an fhaisnéis uile a sholáthar a theastaíonn chun na forálacha lena rialaítear an nós imeachta custaim a ndearbhaítear na hearraí ina leith, féadfaidh sé dearbhú custaim a thaisceadh. Féadfaidh an duine sin na hearraí a bheidh i gceist a thíolacadh freisin don chustam nó iad a chur á dtíolacadh don chustam.

I gcás áfach ina gcuirfear oibleagáidí ar leith ar dhuine sonrach de bharr gur glacadh le dearbhú custaim, is é an duine sin nó a ionadaí nó a hionadaí a thaiscfidh an dearbhú sin.

2. De mhaolú ar mhír 1, an chéad fhomhír, taiscfidh an t-allmhaireoir measta an dearbhú custaim maidir le scaoileadh i saorchúrsaíocht i gcás earraí atá le hallmhairiú i gcríoch chustaim an Aontais faoin scéim speisialta le haghaidh ciandíola a leagtar amach i dTeideal XII, Caibidil 6, Roinn 4 de Threoir 2006/112/CE le haghaidh ciandíola.
3. Beidh an dearbhóir bunaithe laistigh de chríoch chustaim an Aontais.
4. De mhaolú ar mhír 3, ní bheidh ceanglas ar na dealbhóirí seo a leanas a bheith bunaithe laistigh de chríoch chustaim an Aontais:
 - (a) daoine a thaisceann dearbhú custaim maidir le hidirthuras nó maidir le cead isteach sealadach;
 - (b) daoine a thaisceann dearbhú custaim ó am go ham, lena n-áirítear d'úsáid deiridh nó do phróiseáil isteach, ar choinníoll go measann na húdaráis chustaim go bhfuil údar leis;
 - (c) daoine bunaithe i dtír a bhfuil a críoch tadhlach le críoch chustaim an Aontais, ag tíolacadh dóibh earraí dá dtagraítear sa dearbhú custaim in oifig chustaim teorann an Aontais atá tadhlach leis an tír sin ar choinníoll go gceadaíonn an tír ina bhfuil na daoine bunaithe sochar cómhalartach do dhaoine atá bunaithe i gcríoch chustaim an Aontais;
 - (d) allmhaireoirí measta a bhfuil baint acu le ciandíol earraí faoin scéim speisialta a leagtar amach i dTeideal XII, Caibidil 6, Roinn 4 de Threoir 2006/112/CE atá le hallmhairiú i gcríoch chustaim an Aontais ar choinníoll go gceapfaidh siad ionadaí indíreach.
5. Déanfar dearbhuithe custaim a fhíordheimhniú.

Airteagal 68

Dearbhú custaim a thaisceadh roimh thíolacadh na n-earraí

1. Féadfar dearbhú custaim a thaisceadh roimh thíolacadh ionchasach na n-earraí don chustam. Mura dtíolacfar na hearraí laistigh 30 lá ó dháta thaiscthe an dearbhaithe custaim, measfar nár taisceadh an dearbhú custaim.
2. Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na rialacha nós imeachta chun an dearbhú custaim dá dtagraítear i mír 1 a thaisceadh. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 262(4).

Airteagal 69

Dearbhú custaim a ghlacadh

1. Glacfaidh na húdaráis chustaim le dearbhuithe custaim a chomhlíonfaidh na coinníollacha a leagtar síos sa Chaibidil seo agus le hAirteagal 40 gan mhoill, ar choinníoll gur tíolacadh na hearraí dá dtagraíonn siad don chustam.
2. Mura bhforálfar a mhalairt, is é an dáta a nglacfaidh na húdaráis chustaim leis an dearbhú custaim an dáta a úsáidfear do chur i bhfeidhm na bhforálacha lena rialófar an nós imeachta custaim a ndearbhaítear na hearraí ina leith agus le haghaidh na bhfoirmiúlachtaí allmhairí nó onnmhairí eile uile.
3. Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na rialacha nós imeachta maidir le dearbhú custaim a ghlacadh, lena n-áirítear na rialacha sin a chur i bhfeidhm sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 72. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 262(4).

Airteagal 70

Dearbhú custaim a leasú

1. Ceadófar don dearbhóir, ar iarratas a dhéanamh, le leasú a dhéanamh ar cheann amháin nó níos mó de shonraí an dearbhaithe chustaim tar éis don dearbhú sin a bheith glactha ag an gcustam. Ní fhágfaidh an leasúchán go mbeidh an dearbhú custaim infheidhme maidir le hearraí seachas na hearraí a d'fholaigh sé ó thús.
2. Ní cheadófar leasúchán den sórt seo i gcás ina ndéanfar iarratas air tar éis aon cheann de na teagmhais seo a leanas:
 - (a) gur chuir na húdaráis chustaim in iúl don dearbhóir go bhfuil rún acu na hearraí a iniúchadh;
 - (b) gur shuigh na húdaráis chustaim go bhfuil sonraí an dearbhaithe chustaim mícheart;
 - (c) gur scaoil na húdaráis chustaim na hearraí.
3. Ar iarratas ón dearbhóir, laistigh de 3 bliana ón dáta a glacadh leis an dearbhú custaim, féadfar an leasú ar an dearbhú custaim a cheadú tar éis na hearraí a scaoileadh chun go gcomhlíonfaidh an dearbhóir a chuid nó a cuid oibleagáidí a bhaineann leis na hearraí a chur faoin nós imeachta custaim lena mbaineann.
4. Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, an nós imeachta chun an dearbhú custaim a leasú tar éis na hearraí a scaoileadh i gcomhréir le mír 3. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 262(4).

Airteagal 71

Dearbhú custaim a neamhbhailiú

1. Neamhbhailioidh na húdaráis chustaim, ar iarratas ón dearbhóir, dearbhú custaim ar glacadh leis cheana féin in aon cheann de na cásanna a leanas:
 - (a) i gcás ina gcreidfídh siad go mbeidh na hearraí á gcur faoi nós imeachta custaim láithreach;

- (b) i gcás ina gcreidfidh siad nach bhfuil bonn cirt níos mó, de thoradh imthosca speisialta, leis na hearraí a chur faoin nós imeachta custaim dár dearbhaíodh iad.

I gcás inar chuir na húdaráis chustaim in iúl don dearbhóir, áfach, go bhfuil siad chun na hearraí a iniúchadh, ní ghlacfar le hiarratas chun an dearbhú custaim a neamhbhailiú go dtí go mbeidh an t-iniúchadh curtha i gcrích.

2. De mhaolú ar mhír 1, i gcásanna sonracha, féadfaidh na húdaráis chustaim an dearbhú custaim a chur ó bhail gan iarratas roimh ré ón dearbhóir.
3. Ní neamhbhaileofar an dearbhú custaim tar éis do na hearraí a bheith scaoilte ach amháin i gcás ina bhforálfar a mhalairt.
4. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal [261](#), chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na cásanna sonracha a chinneadh ina gcuirfidh údaráis chustaim an dearbhú custaim ó bhail dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo agus tar éis scaoileadh na n-earraí dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo.
5. Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, an nós imeachta chun an dearbhú custaim a chur ó bhail tar éis scaoileadh na n-earraí dá dtagraítear i mír 3. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 262(4).

Airteagal 72

Imréiteach láraithe

1. Go dtí an dáta a leagtar amach in Airteagal 265(4), féadfaidh na húdaráis chustaim, arna iarraidh sin dóibh, duine a údarú chun dearbhú custaim le haghaidh earraí a thíolactar do chustam in oifig chustaim eile a thaisceadh san oifig chustaim atá freagrach as an áit a bhfuil duine den sórt sin lonnaithe.

Féadfar an ceanglas don údarú dá dtagraítear sa chéad fhomhír a tharscaoileadh áit a thaisctear an dearbhú custaim, agus a thíolactar na hearraí do na hoifigí custaim atá faoi chúram údaráis chustaim amháin.
2. Beidh an t-iarratasóir ar an údarú dá dtagraítear i mír 1 ina oibreoir eacnamaíoch údraithe le haghaidh simplithe custaim dá dtagraítear in Airteagal 23(1), pointe [\(a\)](#).
3. Déanfaidh an oifig chustaim inar taisceadh an dearbhú custaim an méid a leanas:
 - (a) maoirseacht a dhéanamh ar chur na n-earraí faoin nós imeachta custaim lena mbaineann;
 - (b) na rialuithe custaim i ndáil leis an dearbhú custaim a fhíorú;
 - (c) i gcás go mbeidh údar leis, iarr ar an oifig chustaim inar tíolacadh na hearraí rialuithe custaim áirithe a dhéanamh i ndáil leis an dearbhú custaim a fhíorú; agus
 - (d) na foirmiúlachtaí custaim a dhéanamh maidir le haisghabháil mhéid na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí a bhaineann le haon fhiacha custaim a bheidh ann.
4. Déanfaidh an oifig chustaim ina dtaiscfear an dearbhú custaim agus an oifig chustaim ina dtíolacfar na hearraí an fhianaise is gá a roinnt maidir leis an dearbhú custaim a fhíorú agus maidir leis na hearraí a scaoileadh.

5. Déanfaidh an oifig chustaim inar tíolacadh na hearraí, gan dochar dá gcuid rialuithe féin a bhaineann leis na hearraí a tugadh isteach i gcríoch chustaim an Aontais nó a tugadh amach as, na rialuithe custaim dá dtagraítear i bpointe (c) de mhír 3 a chur i gcrích agus soláthróidh sí don oifig chustaim inar taisceadh an dearbhú custaim torthaí na rialuithe sin.
6. Déanfaidh an oifig custaim inar taisceadh an dearbhú custaim na hearraí a scaoileadh, agus an méid seo a leanas á chur san áireamh:
 - (a) torthaí a rialuithe féin maidir leis an dearbhú custaim a fhíorú;
 - (b) torthaí na rialuithe a rinneadh an oifig chustaim inar tíolacadh na hearraí chun an dearbhú custaim a fhíorú agus torthaí na rialuithe a bhaineann leis na hearraí a tugadh isteach i gcríoch chustaim an Aontais nó a tugadh amach as.
7. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal [261](#), chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na coinníollacha maidir leis an údarú a dheonú dá dtagraítear i mír 1, an chéad fhomhír, den Airteagal seo a chinneadh.
8. Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, an nós imeachta maidir leis an imréiteach láraithe dá dtagraítear san Airteagal seo, lena n-áirítear na foirmiúlachtaí agus na rialuithe custaim ábhartha. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 262(4).

Airteagal 73

Iontráil i dtaifid an dearbhóra

1. Go dtí an dáta a leagtar amach in Airteagal 265(4), féadfaidh na húdaráis chustaim, arna iarraidh sin dóibh, duine a údarú chun dearbhú custaim a thaisceadh, lena n-áirítear dearbhú simplithe, i bhfoirm iontrála i dtaifid an dearbhóra, ar an gcoinníoll go bhfuil na mionsonraithe den dearbhú sin ar fáil do na húdaráis chustaim, i gcóras leictreonach an dearbhóra, tráth a thaisctear an dearbhú custaim i bhfoirm iontrála i dtaifid an dearbhóra.
2. Measfar gur glacadh leis an dearbhú custaim tráth a iontrálfar na hearraí sna taifid.
3. Féadfaidh na húdaráis chustaim, ar iarratas a dhéanamh chucu, an oibleagáid a tharscaoileadh na hearraí a thíolacadh. Sa chás sin, measfar go mbeidh na hearraí scaoilte tráth a n-iontrála i dtaifid an dearbhóra.
Féadfar an tarscaoileadh a dheonú má chomhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas:
 - (a) tá an dearbhóir ina oibreoir eacnamaíoch údaraithe le haghaidh simplithe custaim dá dtagraítear in Airteagal 23(1), pointe [\(a\)](#);
 - (b) gur gá sin de bharr chineál agus shreabhadh na n-earraí lena mbaineann agus go bhfuil a fhios sin ag an údarás custaim;
 - (c) go bhfuil rochtain ag an oifig chustaim mhaoirseachta ar an bhfaisnéis uile a measann sí a bhfuil gá léi chun cur ar a chumas dí a ceart a fheidhmiú na hearraí a scrúdú más gá sin;

- (d) tráth a chuirtear isteach sna taifid iad, ní bheidh na hearraí faoi réir na reachtaíochta eile a chuirfidh na húdaráis chustaim i bhfeidhm a thuilleadh, mura bhforáiltear a mhalairt san údarú.

Féadfaidh an oifig chustaim mhaoirseachta, i gcásanna sonracha, a iarraidh go dtíolacfaí na hearraí.

4. Déanfar na coinníollacha faoina gceadófar scaoileadh na n-earraí a leagan amach san údarú.
5. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmhligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal [261](#), chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na coinníollacha a chinneadh maidir leis an údarú a dheonú dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo.
6. Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, rialacha maidir leis an nós imeachta i ndáil le hiontráil a dhéanamh i dtaifid an dearbhóra, lena n-áirítear na foirmiúlachtaí custaim agus na rialuithe ábhartha custaim, agus an tarscaoileadh ón oibleagáid chun na hearraí dá dtagraítear i mír 3 a chur i láthair. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal [262](#)(4).

Airteagal 74

Scor de bhailíocht

Rachaidh na húdaruí le haghaidh dearbhuithe simplithe, imréiteach láraithe agus iontráil i dtaifid an dearbhóra in éag ar an dáta a leagtar amach in Airteagal [265](#)(3).

Caibidil 4

Diúscairt earraí

Airteagal 75

Diúscairt earraí

I gcás nach féidir, ar aon chúis, earraí a choinneáil i stóráil go sealadach, glacfaidh na húdaráis chustaim gan mhoill na bearta uile is gá chun na hearraí a dhiúscairt i gcomhréir le hAirteagail [76](#), [77](#) agus [78](#).

Airteagal 76

Earraí a scriosadh

1. I gcás ina mbeidh forais réasúnacha ag na húdaráis chustaim chuige, féadfaidh siad a éileamh go scriosfar earraí a cuireadh os a gcomhair agus cuirfidh siad an t-allmhaireoir, an t-onnmhaireoir agus sealbhóir na n-earraí ar an eolas dá réir. Is é an t-allmhaireoir nó an t-onnmhaireoir a íocfaidh costais an scriosta.
2. I gcás ina mbeidh an scriosadh le déanamh faoi fhreagracht sealbhóra cinnidh maidir le ceart maoine intleachtúla, mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (13), de Rialachán (AE) Uimh. 608/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³⁰, ní

³⁰ Rialachán (AE) Uimh. 608/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus Rialachán (AE) Uimh. 608/2013 ón gComhairle an 12 Meitheamh 2013 maidir leis an bhforghníomhú a dhéanann údaráis chustaim ar

mór do na húdaráis chustaim é a dhéanamh, nó ní mór é a dhéanamh faoi mhaoirseacht na n-údarás custaim.

3. Má mheasann siad gur gá agus gur comhréireach é sin a dhéanamh, féadfaidh na húdaráis chustaim táirge nár cuireadh ina láthair a urghabháil agus a scriosadh nó é a fhágáil do-oibrithe ar shlí eile agus ar riosca é do shláinte agus do shábháilteacht na n-úsáideoirí deiridh. Is é an t-allmhaireoir nó an t-onnmhaireoir a íocfaidh costas an bhirt sin.
4. Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, an nós imeachta maidir le hearraí a scriosadh. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 262(4).

Airteagal 77

Bearta a ghlacfaidh na húdaráis chustaim

1. Glacfaidh na húdaráis chustaim aon bheart is gá, lena n-áirítear coigistiú, díol, deonú chun críche daonnúla nó scriosta, chun earraí a dhiúscairt sna cásanna seo a leanas:
 - (a) i gcás nár comhlíonadh ceann de na hoibleagáidí a leagadh síos sa reachtaíocht chustaim maidir le hearraí neamh- AE a thabhairt isteach i geríoch custaim an Aontais nó i gcás inar coinníodh na hearraí siar ó mhaoirseacht chustaim;
 - (b) i gcás nach féidir na hearraí a scaoileadh ar cheann de na cúiseanna a leanas:
 - (i) i gcás nárbh fhéidir, ar chúiseanna atá inchurtha i leith an oibreora, tabhairt faoi na hearraí a scrúdú nó faoi leanúint lena scrúdú laistigh den tréimhse a leag na húdaráis chustaim síos;
 - (ii) i gcás nár soláthraíodh na doiciméid a chaithfear a sholáthar sular féidir na hearraí a chur faoin nós imeachta a iarradh nó iad a scaoileadh le haghaidh an nós imeachta sin;
 - (iii) i gcás nár cuireadh ar fáil laistigh den tréimhse a leagtar síos íocaíochtaí nó ráthaíocht ba chearta a bheith déanta nó curtha ar fáil maidir le dleacht ar allmhairí nó ar onnmhairí;
 - (iv) ní chomhlíonann na hearraí na coinníollacha maidir le scaoileadh a leagtar síos in Airteagal 60;
 - (c) i gcás nach n-aistreofar na hearraí laistigh de thréimhse réasúnta i ndiaidh a scaoilte;
 - (d) i gcás ina bhfaighfear amach i ndiaidh a scaoilte nár chomhlíon na hearraí na coinníollacha le haghaidh an scaoilte sin; nó
 - (e) i gcás ina dtréigfear earraí leis an Stát i gcomhréir le hAirteagal 78.
2. Earraí neamh- AE agus a tréigeadh leis an Stát, a urghabhadh nó a coigistíodh, measfar gur cuireadh faoin nós imeachta stórála custaim iad. Déanfar iad a iontráil i dtaifid an oibreora stórála custaim, nó, i gcás go mbeidh siad á gcoinníoll ag na húdaráis chustaim, i dtaifid na n-údarás sin.

chearta maoine intleachtúla agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1383/2003 ón gComhairle (IO L 181, 29.6.2013, lgh. 15–34).

I gcás ina mbeidh sonraí maidir leis na hearraí atá le scriosadh, le tréigean leis an Stát, le hurghabháil nó le coigistiú faighte ag údaráis chustaim cheana féin, áireofar sna taifid tagairt do na sonraí sin.

3. Beidh costais na mbeart dá dtagraítear i mír 1 ar na daoine a leanas:
 - (a) sa chás dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 1, an t-iompróir, an t-allmhaireoir nó sealbhóir an nós imeachta idirthurais nó an té a choinnigh na hearraí siar ó mhaoirseacht chustaim;
 - (b) sna cásanna dá dtagraítear i bpointí (b), (c) agus (d) de mhír 1, an t-allmhaireoir, an t-onnmhaireoir nó sealbhóir an nós imeachta idirthurais;
 - (c) sa chás dá dtagraítear i bpointe (e) de mhír 1, an duine a thréigean na hearraí leis an Stát.
4. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal [261](#), chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na coinníollacha agus an nós imeachta maidir le hearraí a choigistiú a chinneadh.
5. Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, an nós imeachta maidir leis na hearraí a dhíol ag na húdaráis chustaim dá dtagraítear i mír 1. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 262(4).

Airteagal 78

Tréigean

1. Le réamhchead ó na húdaráis chustaim, féadfaidh sealbhóir an nós imeachta, nó, i gcás inarb infheidhme, sealbhóir na n-earraí, earraí neamh-AE agus earraí a cuireadh faoin nós imeachta úsáide deiridh a thréigean leis an Stát.
2. Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, an nós imeachta maidir le hearraí a thréigean leis an Stát. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 262(4).

Teideal VI

EARRAÍ A THUGTAR ISTEACH I gCRÍOCH CHUSTAIM AN AONTAIS

Caibidil 1

Réamhfhaisnéis lasta

Airteagal 79

Teacht isteach earraí

Ní fhéadfaidh earraí teacht isteach i gcríoch chustaim an Aontais ach amháin má tá an réamhfhaisnéis lasta dá dtagraítear in Airteagal [80](#) soláthartha nó curtha ar fáil ag an iompróir nó daoine eile do na húdaráis chustaim inniúla.

Réamhfhaisnéis lasta

1. Déanfaidh iompróirí a bheidh ag tabhairt earraí isteach i gcríoch chustaim an Aontais réamhfhaisnéis faoi gach coinsíneacht a sholáthar nó a chur ar fáil d'oifig custaim na céadiontrála a bhfuiltear ag súil léi laistigh de teorainneacha ama sonraithe.
2. Áireofar sa réamhfhaisnéis lasta ar a laghad an t-allmhaireoir atá freagrach as na hearraí, an tagairt uathúil don choinsíneacht, an coinsíneoir, an coinsíní, tuairisc ar na hearraí, an rangú taraife, an luach, na sonraí ar an mbealach agus cineál agus sainaithint an mhodha iompair lena dtugtar na hearraí agus an costas iompair. Soláthrófar an réamhfhaisnéis lasta sula sroichfidh na hearraí críoch chustaim an Aontais.
3. Féadfaidh an t-allmhaireoir cuid den réamhfhaisnéis lasta a sholáthar laistigh de na teorainneacha ama a shonraítear i gcomhréir le mír 1. I gcás ina ndearna an t-allmhaireoir cuid den réamhfhaisnéis lasta a sholáthar nó a chur ar fáil cheana féin, déanfaidh an t-iompróir a fhaisnéis bhreise féin a nascadh le faisnéis an allmhaireora.
4. Tabharfar fógra don allmhaireoir i gcás ina ndéanfaidh iompróir faisnéis faoi choinsíneacht a nascadh lena fhaisnéis nó lena faisnéis roimhe sin.
5. I gcásanna sonracha, nuair nach féidir an réamhfhaisnéis lasta uile dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 a fháil ón iompróir nó ón allmhaireoir, d'fhéadfadh sé go n-iarrfaí ar dhaoine eile í a sholáthar, a bhfuil an fhaisnéis sin acu agus na cearta iomchuí chun í a sholáthar.
6. Tarscaoilfear an oibleagáid a leagtar síos i mír 1:
 - (a) i gcás meán iompair agus na hearraí a iompraítear leo nach mbeidh ach ag imeacht trí uiscí teorann nó trí aerspás chríoch custaim an Aontais gan stopadh laistigh den chríoch sin;
 - (b) le haghaidh earraí a thugtar isteach i gcríoch chustaim an Aontais tar éis dóibh an chríoch sin a fhágáil go sealadach ar muir nó san aer agus tar éis a n-iompair ar chonair dhíreach gan aon stad lasmuigh de chríoch chustaim an Aontais; agus
 - (c) i gcásanna eile ina mbeidh call cuí leis de bharr an chineáil earraí nó tráchta nó ina mbeidh sé ceangailte i gcomhaontuithe idirnáisiúnta.
7. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun an Rialachán seo a fhorlíonadh i gcomhréir le hAirteagal [261](#), tríd an méid seo a leanas:
 - (a) oifig na chéad iontrála lena bhfuil coinne dá dtagraítear i mír 1;
 - (b) na sonraí breise atá le soláthar mar réamhfhaisnéis lasta dá dtagraítear i mír 2;
 - (c) na teorainneacha ama dá dtagraítear i míreanna 1 agus 3;
 - (d) na cásanna sonracha agus na daoine eile a bhféadfaí a cheangal orthu réamhfhaisnéis lasta a sholáthar dá dtagraítear i mír 5;
 - (e) na cásanna ina dtarscaoilfear an oibleagáid réamhfhaisnéis lasta a sholáthar nó a chur ar fáil ar an gcúis go bhfuil údar cuí leis an tarscaoileadh sin de bharr an chineáil earraí nó tráchta, dá dtagraítear i mír 6, pointe (c);
 - (f) na coinníollacha faoina bhféadfaidh duine a chuireann faisnéis ar fáil nó a chuireann faisnéis ar fáil infheictheacht a chéannachta a shrianadh do dhuine

amháin eile nó níos mó a thaisceann sonraí freisin, gan dochar d'úsáid na sonraí uile le haghaidh maoirseachta custaim.

8. Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, an nós imeachta chun an réamhfhaisnéis lasta dá dtagraítear i mír 1 go mír 5 a sholáthar agus a fháil. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 262(4).
9. Go dtí an dáta in Airteagal 265(3), measfar gurb é an réamhfhaisnéis lasta an dearbhú iontrála achomair.

Airteagal 81

Anailís riosca ar réamhfhaisnéis lasta

1. Gan dochar do ghníomhaíochtaí Údarás Custaim an Aontais a leagtar amach i dTeideal [XII](#), áiríteoidh oifig custaim na céadiontrála, laistigh de teorainneacha ama sonracha, go ndéantar anailís riosca, chun críocha slándála agus sábháilteachta go príomha agus, i gcás inar féidir, chun críocha eile, ar bhonn na réamhfhaisnéise lasta agus faisnéise eile a sholáthraítear nó a chuirtear ar fáil di trí Mhol Sonraí Custaim an Aontais agus déanfaidh sí na bearta is gá bunaithe ar thorthaí na hanailíse riosca sin.
2. Féadfaidh oifig custaim na céadiontrála bearta maolaithe iomchuí a dhéanamh, lena n-áirítear:
 - (a) ordú a thabhairt don iompróir nach luchtófar ná nach n-iomprófar na hearraí;
 - (b) faisnéis nó gníomhaíocht bhreise a iarraidh;
 - (c) cásanna a shainaithint ina bhféadfadh gníomhaíocht údaráis chustaim eile a bheith iomchuí;
 - (d) an áit agus na bearta is iomchuí chun rialú a dhéanamh a mholadh.
3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal [261](#), chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí chinneadh a dhéanamh maidir leis na teorainneacha ama ina bhfuil an anailís riosca le déanamh agus na bearta is gá le déanamh, dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, agus na bearta maolaithe dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo.
4. Go dtí an dáta a leagtar amach in Airteagal 265(3), déanfar an anailís riosca bunaithe ar an dearbhú iontrála achomair.

Airteagal 82

Réamhfhaisnéis lasta a mhodhnú agus a neamhbhailíochtú

1. Cuirfidh an t-iompróir na húdaráis chustaim lena mbaineann ar an eolas maidir le malairtí slí a dhéanann difear do bhealach an lastais mar a fógraíodh sa réamhfhaisnéis lasta.
2. Leasóidh an t-allmhaireoir agus an t-iompróir ceann amháin nó níos mó de shonraí na réamhfhaisnéise lasta i gcás ina bhfaighidh siad amach gur athraíodh an fhaisnéis ábhartha ina dtaifid, nó nuair a iarrfaidh údarás custaim orthu nó a threoróidh sé dóibh a leithéid a dhéanamh de bharr cruinneas, iomláine nó saincheiste cáilíochta sonraí, mura rud é gur chuir na húdaráis chustaim in iúl don iompróir go bhfuil sé beartaithe acu scrúdú a dhéanamh ar na hearraí nó go bhfuil sé deimhnithe acu go

bhfuil an réamhfhaisnéis lasta mícheart, nó gur cuireadh na hearraí i láthair do lucht custaim cheana féin.

3. Cuirfidh an t-iompróir an réamhfhaisnéis lasta maidir le hearraí nach dtugtar isteach i gcríoch chustaim an Aontais ó bhail a luaithe is féidir. Cuirfidh na húdaráis chustaim réamhfhaisnéis lasta ar na hearraí sin ó bhail tar éis 200 lá ón dáta a soláthraíodh an fhaisnéis nó a cuireadh ar fáil í.
4. Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, an nós imeachta chun an réamhfhaisnéis lasta dá dtagraítear i mír 2 a leasú agus chun an réamhfhaisnéis lasta dá dtagraítear i mír 3 a chur ó bhail. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 262(4).

Airteagal 83

Fógra teachta

1. Tabharfaidh an t-iompróir fógra d'oifig chustaim iarbhrí na céadiontrála maidir le teacht an mhodha iompair a thagann isteach i gcríoch chustaim an Aontais agus maidir leis na coinsíneachtaí ann.
2. I gcásanna sonracha, nuair nach féidir na sonraí uile ar na coinsíneachtaí a fháil ón iompróir, ó iompróir ina dhiaidh sin nó ó dhaoine eile a bhfuil na sonraí sin acu agus na cearta iomchuí chun iad a sholáthar, féadfar a cheangal orthu fógra a thabhairt faoi theacht na gcoinsíneachtaí d'oifig chustaim iarbhrí na céadiontrála.
3. Féadfar an fhaisnéis faoi theacht an mhodha iompair agus na gcoinsíneachtaí a sholáthar nó a chur ar fáil do na húdaráis chustaim trí mhodhanna eile seachas Mol Sonraí Custaim an Aontais. Sna cásanna sin, déanfar an fhaisnéis a sholáthrófar nó a chuirfear ar fáil trí na modhanna eile sin a aistriú chuig Mol Sonraí Custaim an Aontais.
4. I gcás nach gcumhdaítear teacht an mhodha iompair ná na gcoinsíneachtaí leis an bhfógra dá dtagraítear i mír 1, tabharfaidh an t-iompróir fógra faoi theacht na n-earraí a thabharfar isteach i gcríoch chustaim an Aontais ar muir nó san aer ag an gcalafort nó ag an aerfort ina ndíluchtófar nó ina dtrasloingseofar iad.
5. De mhaolú ar mhír 4, ní thabharfaidh an t-iompróir fógra maidir le hearraí a thabharfar isteach i gcríoch chustaim an Aontais agus a dhíluchtófar agus a athluchtófar ar an modh iompair céanna le linn a thurais chun go bhféadfar earraí eile a dhíluchtú nó a luchtú ag an gcalafort céanna nó ag an aerfort céanna.
6. Ní dhíluchtóidh an t-iompróir, i gcríoch chustaim an Aontais, na hearraí nár soláthraíodh réamhfhaisnéis lasta íosta ina leith nó nár cuireadh ar fáil do lucht custaim iad, mura d'iarr na húdaráis chustaim ar an iompróir iad a chur i láthair i gcomhréir le hAirteagal 85.
7. De mhaolú ar mhír 6, i gcás garchontúirt a bheith ann gur gá na hearraí uile nó cuid díobh a dhíluchtú láithreach, féadfaidh na húdaráis chustaim a cheadú don iompróir na hearraí a dhíluchtú.
8. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 261, chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na cásanna sonracha dá dtagraítear i mír 2 agus na daoine eile a bhféadfaí a cheangal orthu fógra

a thabhairt faoi theacht na gcoinsíneachtaí do chustaim iarbhír na céadiontrála a chinneadh.

9. Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, an nós imeachta maidir le fógra a thabhairt maidir faoin teacht dá dtagraítear san Airteagal seo. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 262(4).

Airteagal 84

Iompar go dtí an t-ionad iomchuí

1. An t-iompróir a thugann earraí isteach i gcríoch chustaim an Aontais, iompróidh sé iad gan mhoill, ar an gconair a shonróidh na húdaráis chustaim agus i gcomhréir lena dtreoracha, más ann, go dtí oifig custaim a ainmneoidh a húdaráis chustaim, nó go dtí aon ionad eile a ainmneoidh nó a cheadóidh na húdaráis sin.
2. I gcás nach féidir leis na hiompróirí, mar gheall ar chúinsí nárbh fhéidir a thuar nó *force majeure*, an oibleagáid i mír 1 a chomhlíonadh, cuirfidh siad na húdaráis chustaim ar an eolas gan mhoill maidir leis an staid agus maidir le suíomh beacht na n-earraí.
3. Cinnfidh na húdaráis chustaim na bearta is gá a ghlacadh chun maoirseacht chustaim a cheadú maidir leis na hearraí dá dtagraítear i mír 1, nó maidir leis an ártach nó leis an aerártach agus le aon earraí a bheidh iontu sna cúinsí dá dtagraítear i mír 2, agus chun a áirithiú, más cuí, go dtabharfar iad ina dhiaidh sin chuig oifig custaim nó chuig áit eile a ainmneoidh nó a cheadóidh na húdaráis nó isteach i saorchrios.
4. Earraí a thabharfar isteach i saorchrios, tabharfar isteach go díreach sa saorchrios sin iad, ar muir nó san aer nó, más ar tír, gan dul trí aon chuid eile de chríoch chustaim an Aontais, i gcás ina bhfuil an saorchrios ag síneadh leis an teorainn talún idir Ballstát agus tríú tír.
5. Féadfaidh an t-údarás custaim a bheith faoi réir rialuithe custaim earraí atá fós lasmuigh de chríoch chustaim an Aontais, mar thoradh ar chomhaontú arna thabhairt i gcrích leis an tríú tír ábhartha. Déileálfaidh na húdaráis chustaim leis na hearraí sin ar an mbealach céanna a chaithfí le hearraí a thabharfaí isteach i gcríoch chustaim an Aontais.
6. De mhaolú ar mhír 1 agus ar mhír 2, féadfaidh feidhm a bheith ag rialacha speisialta maidir le hearraí a iompraítear laistigh de chríosanna teorann nó i bpíblínte nó sreanga, maidir le trácht ar beag a thábhacht nó maidir le hearraí atá á n-iompar ag taistealaithe, ar choinníoll nach gcuirfear na féidearthachtaí maidir le maoirseacht chustaim agus maidir le rialú custaim i mbaol dá bharr sin.
7. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir le meán iompair agus maidir le hearraí a iompraítear leo nach mbeidh ach ag imeacht trí uiscí teorann nó trí aerspás chríoch chustaim an Aontais gan stopadh laistigh den chríoch sin.
8. Ní bheidh feidhm ag Airteagail [83](#) agus [85](#) i gcásanna ina dtabharfar earraí de chuid an Aontais isteach i gcríoch chustaim an Aontais, earraí a aistreofar gan aon athrú ar a stádas custaim i gcomhréir le hAirteagal 58(2), tar éis dóibh an chríoch sin a fhágáil go sealadach ar muir nó san aer agus tar éis a n-iompair ar chonair dhíreach gan stopadh lasmuigh de chríoch chustaim an Aontais.

Airteagal 85

Earraí a chur i láthair do lucht custaim

1. I gcás ina n-éileoidh na húdaráis chustaim nó an reachtaíocht eile a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm é, déanfaidh an t-iompróir na hearraí a tugadh isteach i gcríoch chustaim an Aontais a chur i láthair don lucht custaim ar theacht dóibh go dtí an oifig custaim ainmnithe nó go dtí aon áit eile a ainmneoidh nó a cheadóidh na húdaráis custaim nó sa saorchrios.
2. Cuirfidh na húdaráis chustaim de cheangal ar an iompróir na hearraí a chur i láthair agus an réamhfhaisnéis lasta dá dtagraítear in Airteagal [80](#) a chur ar fáil, i gcás nár soláthraíodh an fhaisnéis sin ag céim níos luaithe.
3. Ní dhéanfar earraí a tíolacadh do lucht custaim a aistriú ón áit ar tíolacadh iad gan cead ó na húdaráis chustaim.
3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal [\(261\)](#) chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na coinníollacha maidir le hainmniú agus formheas na n-áiteanna seachas an oifig custaim ainmnithe, dá dtagraítear i mír 1, a chinneadh.
4. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, an nós imeachta maidir leis na hearraí a chur i láthair do lucht custaim dá dtagraítear san Airteagal seo. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 262(4).

Airteagal 86

Earraí a stóráil go sealadach

1. Beidh earraí nach earraí de chuid an Aontais iad á stóráil go sealadach ón uair a thabharfaidh an t-iompróir fógra faoina dteacht go críoch chustaim an Aontais, go dtí go gcuirfear faoi nós imeachta custaim iad, nó go ndéanfaidh na húdaráis chustaim a staid a thabhairt chun rialtachta i gcomhréir le mír 6.
2. Earraí a thiocfaidh isteach sa chríoch chustaim faoi bhealach, beidh siad i stóráil shealadach tar éis iad a bheith curtha i láthair don oifig custaim chinn scríbe i gcríoch custaim an Aontais i gcomhréir leis na rialacha a rialaíonn an nós imeachta idirthurais i dTeideal VIII, Caibidil 2, go dtí go gcuirfear faoi nós imeachta custaim eile iad nó go ndéanfaidh na húdaráis chustaim a staid a thabhairt chun rialtachta i gcomhréir le mír 6.
3. Ní stórálfar earraí atá á stóráil go sealadach ach i stórais chustaim nó, i gcás ina bhfuil údar cuí leis, in áiteanna eile a ainmneoidh nó a fhormheasfaidh na húdaráis chustaim.
4. Caomhnóidh an t-oibreoir stórála sealadaí nó an t-oibreoir stórais custaim na hearraí atá á stóráil go sealadach ach ní athróidh sé iad ná ní mhodhnóidh sé a gcuma ná a saintréithe teicniúla.
5. Cuirfear earraí nach earraí de chuid an Aontais iad atá á stóráil go sealadach faoi nós imeachta custaim tráth nach déanaí ná 3 lá tar éis fógra a thabhairt maidir lena dteacht nó tráth nach déanaí ná 6 lá tar éis fógra a thabhairt faoina dteacht i gcás coinsíní údraithe dá dtagraítear in Airteagal 116(4), pointe [\(b\)](#), mura gceanglaíonn na húdaráis chustaim na hearraí a chur i láthair. I gcásanna eisceachtúla, féadfar síneadh a chur leis an teorainn ama sin.

6. I gcás, a bhfuil údar cuí leis an gcúis, nach féidir earraí a choinneáil ar bun á stóráil go sealadach, glacfaidh na húdaráis chustaim gan mhoill na bearta uile is gá chun staid na n-earraí a thabhairt chun rialtacha i gcomhréir le Caibidil 4 den Teideal seo.
7. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal (261), chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na coinníollacha a chinneadh maidir leis na háiteanna dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo a ainmniú nó a fhorpheas agus na cásanna inar féidir síneadh a chur leis an teorainn ama dá dtagraítear i mír 5 den Airteagal seo.

Airteagal 87

Foráil idirthréimhseach maidir le húdaruíthe chun saoráidí stórála sealadaí a oibriú

Faoin dáta a bhunaítear in Airteagal 265(3), déanfaidh na húdaráis chustaim athmheasúnú ar na húdaruíthe le haghaidh oibriú na n-áiseanna stórála sealadaí chun a sheiceáil cé acu an bhféadfaí údarú a thabhairt dá sealbhóirí le haghaidh nós imeachta stórasaíthe custaim nó nach bhféadfaí. Mura bhféadfaidh siad, déanfar na húdaruíthe chun saoráidí stórála sealadaí a oibriú a chúlghairm.

Caibidil 2

Scaoileadh i saorchúrsaíocht

Airteagal 88

Raon feidhme agus éifeacht

1. Earraí neamh- AE a bheartaítear a chur ar mhargadh an Aontais nó a bheartaítear d'úsáid phríobháideach nó do thomhailt phríobháideach laistigh de chríoch custaim an Aontais, scaoilfear i saorchúrsaíocht iad.
2. Ní mheasfar scaoileadh i saorchúrsaíocht mar chruthúnas de bheith i gcomhréir leis an reachtaíocht ábhartha eile a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm.
3. An méid seo a leanas a bheidh sna coinníollacha maidir le hearraí a scaoileadh i saorchúrsaíocht:
 - (a) beidh na sonraí is gá soláthartha nó curtha ar fáil do na húdaráis chustaim, agus ní mór a áirithiú ar na sonraí sin, ar a laghad, an t-allmhaireoir atá freagrach as na hearraí, an díoltóir, an ceannaitheoir, an monaróir, soláthróir an táirge i gcás ina bhfuil sé sin difriúil leis an monaróir, an t-oibreoir eacnamaíoch freagrach san Aontas de bhun Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2019/1020 agus Airt. 16 de Rialachán (AE) 2023/XXXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³¹, luach, tionscnamh, agus rangú taraife na n-earraí, chomh maith le tuairisc ar na hearraí, tagairt uathúil na coinsíneachta agus a suíomh, agus an liosta de reachtaíocht ábhartha eile atá curtha i bhfeidhm ag na húdaráis chustaim;
 - (b) beidh aon dleacht ar allmhairí nó aon mhuirear eile atá dlite, lena n-áirítear dleachtanna frithdhumpála, dleachtanna frithchúitimh nó bearta coimirce, íoctha nó ráthaithe, mura bhfuil na hearraí faoi réir iarratais ar tharraingt i ndáil

³¹ Rialachán (AE) Uimh. 2023/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an .../2023 maidir le sábháilteacht ghinearálta táirgí, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Treoir 87/357/CEE ón gComhairle agus Treoir 2001/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L...).

le cuóta taraife, nó i gcás ina bhfuil an t-allmhaireoir ina thrádálaí Iontaoibhe agus Seiceála;

- (c) beidh na hearraí tagtha chuig críoch chustaim an Aontais; agus
 - (d) comhlíonfaidh na hearraí an reachtaíocht ábhartha eile a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm.
4. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 261, chun an Rialachán seo a fhorlíonadh agus a leasú trí na sonraí, a sholáthraítear nó a chuirtear ar fáil do na húdaráis chustaim maidir le hearraí a scaoileadh i saorchúrsaíocht, dá dtagraítear i mír 3, pointe (a) den Airteagal seo, a chinneadh.

Airteagal 89

Bearta beartais tráchtála maidir le próiseáil isteach agus próiseáil amach a chur i bhfeidhm

- 1. I gcás go scaoiltear le haghaidh saorchúrsaíochta táirgí próiseáilte a fhaightear faoi phróiseáil isteach agus go ndéantar ríomh mhéid an dleachta ar allmhairiú i gcomhréir le hAirteagal 168(3), is iad na bearta beartais tráchtála a bheidh le cur i bhfeidhm iad siúd is infheidhme maidir le scaoileadh le haghaidh saorchúrsaíochta na n-earraí a cuireadh faoi phróiseáil isteach.
- 2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir le dramhaíl agus fuíoll.
- 3. I gcás go scaoiltear le haghaidh saorchúrsaíochta táirgí próiseáilte a fhaightear faoi phróiseáil isteach agus go ndéantar ríomh mhéid an dleachta ar allmhairiú i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 167(1), ní chuirfear na bearta beartais tráchtála i bhfeidhm ach amháin i chás go mbeidh na hearraí a cuireadh faoi phróiseáil isteach faoi réir bearta den sórt sin.
- 4. Ní bheidh feidhm ag bearta beartais tráchtála maidir le táirgí próiseáilte a scaoiltear le haghaidh saorchúrsaíochta tar éis próiseáil amach i gceann ar bith de na cásanna seo a leanas:
 - (a) áit a gcoinníonn na táirgí próiseáilte a dtionscnamh Aontais de réir bhrí Airteagal 148;
 - (b) áit a mbaineann deisiú leis an bpróiseáil amach, lena n-áirítear an córas malartaithe caighdeánach dá dtagraítear in Airteagal 143; nó
 - (c) áit a dtarlaíonn an phróiseáil amach tar éis tuilleadh oibríochtaí próiseála a bheith déanta i gcomhréir le hAirteagal 139.

Caibidil 3

Faoiseamh ó dhleachtanna ar allmhairí

Airteagal 90

Raon feidhme agus éifeacht

- 1. Ar iarratas ón duine lena mbaineann, tabharfar faoiseamh ó dhleacht ar allmhairí d'earraí neamh-AE a onnmhairíodh i gcéaduaire mar earraí de chuid an Aontais ó chríoch custaim an Aontais agus a tugadh ar ais go dtí an chríoch sin laistigh de thréimhse 3 bliana agus ar dearbhaíodh go scaoilfí i saorchúrsaíocht iad.

Beidh feidhm ag an gcéad fhomhír fiú mura bhfuil i gceist leis na hearraí arna dtabhairt ar ais ach cuid de na hearraí arna n-onnmhairiú roimhe sin ó chríoch custaim an Aontais.

2. Féadfar dul thar an tréimhse 3 bliana dá dtagraítear i mír 1 chun imthosca speisialta a chur san áireamh.
3. Na hearraí a tugadh ar ais, i gcás inar scaoileadh i saorchúrsaíocht saor ó dhleacht iad, nó ag ráta laghdaithe dleachta ar allmhairí mar gheall ar úsáid deiridh shonrach, sular onnmhairíodh iad ó chríoch custaim an Aontais, ní thabharfar faoiseamh ó dhleacht faoi mhír 1 ach amháin más le haghaidh na húsáide deiridh céanna atá siad le scaoileadh i saorchúrsaíocht.

I gcás nach ionann níos mó an úsáid deiridh a bhfuil na hearraí le scaoileadh i saorchúrsaíocht di, laghdófar méid na dleachta ar allmhairí den mhéid a bailíodh ar na hearraí nuair a scaoileadh i saorchúrsaíocht iad den chéad uair. Más mó é an méid sin ná an méid a toibhíodh ar na hearraí a tugadh ar ais agus iad á scaoileadh i saorchúrsaíocht, ní dheonófar aon aisíocaíocht.
4. I gcás ina mbeidh a stádas custaim caillte ag earraí de chuid an Aontais de bhun Airteagal [57](#) agus ina scaoilfear i saorchúrsaíocht iad ina dhiaidh sin, beidh feidhm ag míreanna 1, 2 agus 3 den Airteagal seo.
5. Ní dheonófar an faoiseamh ó dhleacht ar allmhairí ach amháin má thugtar earraí ar ais sa riocht inar onnmhairíodh iad.
6. Beidh faisnéis ann lena suífeá go bhfuil na coinníollacha i gcomhair an fhaoisimh á gcomhlíonadh chun tacú leis an bhfaoiseamh ó dhleacht ar allmhairí.
7. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal [261](#), chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na cásanna a chinneadh ina meastar go dtugtar na hearraí ar ais agus iad sa riocht céanna ina raibh siad nuair a onnmhairíodh iad, dá dtagraítear i mír 5 den Airteagal seo.
8. Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, an nós imeachta maidir le soláthar faisnéise dá dtagraítear i mír 6 den Airteagal seo. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 262([4](#)).

Airteagal 91

Earraí a thairbhíonn de na bearta a leagtar síos faoin gcomhbheartas talmhaíochta

1. Ní dheonófar faoiseamh ó dhleacht ar allmhairí dá dtagraítear in Airteagal [90](#) d'earraí a thairbhígh de bhearta atá leagtha síos faoin gcomhbheartas talmhaíochta lena mbaineann a n-onnmhairiú amach as críoch custaim an Aontais, ach amháin i gcás ina bhforálfar a mhalairt i gcásanna sonracha.
2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal [261](#), chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na cásanna sonracha dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a chinneadh.

Airteagal 92

Earraí a cuireadh faoin nós imeachta próiseála isteach cheana

1. Beidh feidhm ag Airteagal [90](#) maidir le táirgí próiseáilte a ath- onnmhairíodh i dtosach ó chríoch custaim an Aontais tar éis nós imeachta próiseála isteach.
2. Ar iarratas ón allmhaireoir agus ar sholáthar na faisnéise is gá, cinnfear suim na dleachta ar allmhairí ar earraí a chumhdaítear faoi mhír 1 i gcomhréir le hAirteagal 168([3](#)). Measfar gurb é an dáta ath- onnmhairithe dáta scaoilte na n-earraí i saorchúrsaíocht.
3. Ní dheonófar an faoiseamh ó dhleacht ar allmhairí dá bhforáiltear in Airteagal [90](#) do tháirgí próiseáilte a onnmhairíodh i gcomhréir le hAirteagal 109(2), pointe ([c](#)), mura n-áirithítear nach gcuirfear aon earra faoin nós imeachta próiseála isteach.

Airteagal 93

Táirgí iascaireachta mara agus táirgí eile a thógtar as an bhfarraige

1. Gan dochar d'Airteagal 148([1](#)), deonófar faoiseamh ó dhleacht ar allmhairí do na táirgí a leanas nuair a scaoilfear i saorchúrsaíocht iad:
 - (a) táirgí iascaireachta mara agus táirgí eile a thógtar as farraige theorann tríú tír ag soithí atá cláraithe nó taifeadta go heisiatach i mBallstát agus a bhfuil bratach an Stáit sin ar foluain orthu;
 - (b) táirgí a fhaightear ó tháirgí dá dtagraítear i bpointe (a) ar bord long próiseála a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos sa phointe sin.
2. Beidh tacaíocht ó fhianaise ag teastáil i gcás an fhaoisimh ó dhleachtanna dá dtagraítear i mír 1 ar allmhairí go bhfuil na coinníollacha a leagtar síos sa mhír sin á gcomhlíonadh.
3. Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, an nós imeachta maidir le soláthar na fianaise dá dtagraítear i mír 2. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 262([4](#)).

Teideal VII

EARRAÍ A THUGTAR AMACH AS CRÍOCH CUSTAIM AN AONTAIS

Caibidil 1

Imeacht earraí agus nós imeachta onnmhairithe

Airteagal 94

Imeacht earraí

1. Ní fhéadfaidh earraí imeacht ó chríoch chustaim an Aontais ach amháin má tá an fhaisnéis réamhimeachta dá dtagraítear in Airteagal [95](#) soláthartha nó curtha ar fáil ag an onnmhaireoir nó daoine eile do na húdaráis chustaim inniúla.
2. Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na rialacha maidir leis na foirmiúlachtaí atá le déanamh roimh imeacht na n-earraí agus ar imeacht na

n-earraí. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 262(4).

Airteagal 95

Faisnéis réamhimeachta

1. Onnmhaireoirí ar mian leo earraí a thabhairt amach as críoch chustaim an Aontais, soláthróidh siad íosfhaisnéis réamhimeachta laistigh de theorainn ama shonrach sula dtabharfar na hearraí amach as críoch chustaim an Aontais.
2. Tarscaoilfear an oibleagáid dá dtagraítear i mír 1 i gceann amháin de na cásanna seo a leanas:
 - (a) i gcás meán iompair agus na hearraí a iompraítear leo nach mbeidh ach ag imeacht trí uisce teorann nó trí aerspás chríoch custaim an Aontais gan stopadh laistigh den chríoch sin;
 - (b) i gcásanna sonracha eile ina mbeidh call cuí leis de bharr an chineáil earraí nó an chineáil tráchta nó ina mbeidh sé ceangailte i gcomhaontuithe idirnáisiúnta;
 - (c) maidir le hearraí a aistrítear go sealadach amach as críoch custaim an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 58.
3. An íosfhaisnéis réamhimeachta dá dtagraítear i mír 1, cuirfear in iúl léi an méid seo a leanas maidir leis na hearraí:
 - (a) más earraí de chuid an Aontais iad atá le cur faoin nós imeachta onnmhairithe;
 - (b) más earraí de chuid an Aontais iad atá le cur faoin nós imeachta próiseála amach;
 - (c) más earraí de chuid an Aontais iad atá le tabhairt amach as críoch chustaim an Aontais tar éis dóibh a bheith faoin nós imeachta úsáide deiridh;
 - (d) Earraí Aontais le seachadadh, agus a dhíolmhaítear ó CBL nó ó dhleacht máil, mar sholáthairtí aerárthach nó long, beag beann ar cheann scríbe an aerárthaigh nó na loinge, agus a bhfuil cruthúnas ag teastáil maidir leis an soláthar sin;
 - (e) más earraí de chuid an Aontais iad atá le cur faoin nós imeachta idirthurais inmheánaigh; nó
 - (f) más earraí iad nach earraí de chuid an Aontais iad atá le honnmhairiú tar éis dóibh a bheith faoi stóráil shealadach nó tar éis dóibh a bheith curtha faoi nós imeachta custaim.
4. Ní fhéadfaidh an t-iompróir ach na hearraí dar soláthraíodh nó dar cuireadh íosfhaisnéis réamhimeachta ar fáil don oifig custaim imeachta a luchtú, i gcríoch chustaim an Aontais.
5. Tabharfaidh an t-iompróir earraí amach as críoch chustaim an Aontais agus iad sa riocht céanna ina raibh siad nuair a soláthraíodh nó nuair a cuireadh ar fáil an fhaisnéis réamhimeachta.
6. I gcás nach bhfuil an fhaisnéis réamhimeachta soláthartha ag an onnmhaireoir nó i gcás nach gcomhfhreagraíonn an fhaisnéis réamhimeachta do na hearraí ábhartha, soláthróidh an t-iompróir í ag an oifig custaim imeachta laistigh de theorainn ama shonrach, sula dtabharfar na hearraí amach as críoch chustaim an Aontais.

7. Déanfar na sonraí is gá ón bhfaisnéis réamhimeachta a sholáthar nó a chur ar fáil don oifig custaim imeachta láithreach.
9. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun an Rialachán seo a fhorlíonadh nó a leasú i gcomhréir le hAirteagal [261](#), tríd an méid seo a leanas a chinneadh:
 - (a) an íosfhaisnéis réamhimeachta atá le soláthar agus an nós imeachta faoina gcuirfear na hearraí á chur san áireamh agus cé acu earraí de chuid an Aontais nó earraí nach earraí de chuid an Aontais iad na hearraí;
 - (b) an teorainn ama shonrach dá dtagraítear i míreanna 1 agus 6, faoina gcaithfear an fhaisnéis réamhimeachta a sholáthar nó a chur ar fáil sula dtabharfar na hearraí amach as críoch chustaim an Aontais agus an cineál tráchta agus an modh iompair;
 - (c) na cásanna sonracha ina dtarscaoiltear an oibleagáid chun faisnéis réamhimeachta a sholáthar nó a chur ar fáil, dá dtagraítear i mír 2, pointe (b);
 - (d) an fhaisnéis atá le tabhairt ar imeacht do na hearraí dá dtagraítear i mír 8.
10. Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, an nós imeachta maidir leis an bhfaisnéis réamhimeachta agus an dearbhú imeachta a sholáthar agus a fháil, dá dtagraítear san Airteagal seo. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 262(4).
11. Go dtí an dáta deiridh a bhunaítear in Airteagal 265([3](#)), measfar gurb ionann an fhaisnéis réamhimeachta agus an dearbhú imeachta achomhair, an dearbhú onnmhairíochta, an dearbhú ath- onnmhairithe agus an fógra ath- onnmhairithe.

Airteagal 96

Leasú agus neamhbhailíochtú na faisnéise réamhimeachta

1. Féadfaidh an t-onnmhaireoir nó an t-iompróir ceann amháin nó níos mó de shonraí na faisnéise réamhimeachta a leasú tar éis dó í a sholáthar nó a chur ar fáil.
Ní fhéadfar leasú ar bith a dhéanamh i ndiaidh aon cheann de na teagmhais a leanas:
 - (a) tá curtha in iúl ag na húdaráis chustaim go bhfuil sé beartaithe acu na hearraí a iniúchadh;
 - (b) tá deimhnithe ag na húdaráis chustaim go bhfuil ceann amháin nó níos mó de shonraí na faisnéise míchruinn nó neamhiomlán;
 - (c) gur dheonaigh na húdaráis chustaim cheana féin scaoileadh na n-earraí chun imeachta.
2. Maidir leis an bhfaisnéis réamhimeachta i gcás earraí nach dtugtar amach as críoch chustaim an Aontais a luaithe is féidir, déanfaidh an t-onnmhaireoir nó an t-iompróir neamhbhailí í. Maidir le faisnéis réamhimeachta na n-earraí, déanfaidh na húdaráis chustaim neamhbhailí í tar éis do 150 lá imeacht ón dáta a soláthraíodh an fhaisnéis nó a cuireadh an fhaisnéis ar fáil.
3. Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, an nós imeachta maidir le faisnéis réamhimeachta a leasú dá dtagraítear i mír 1, an chéad fhomhír agus an nós imeachta maidir leis an bhfaisnéis réamhimeachta a dhéanamh neamhbhailí dá dtagraítear i mír 2. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a

ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 262(4).

Airteagal 97

Anailís riosca ar an bhfaisnéis réamhimeachta

1. Gan dochar do ghníomhaíochtaí Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh a leagtar amach i dTeideal IV, áiríteoidh an oifig custaim, laistigh de teorainn ama shonrach, go ndéantar anailís riosca, chun críocha slándála agus sábháilteachta go príomha agus, i gcás inar féidir, chun críocha eile, ar bhonn na faisnéise réamhimeachta agus faisnéis eile a sholáthraítear nó a chuirtear ar fáil di trí Mhol Sonraí Custaim an Aontais agus déanfaidh sí na bearta is gá bunaithe ar thorthaí na hanailíse riosca sin.
2. Féadfaidh an oifig custaim atá freagrach as an áit a bhfuil an t-onnmhaireoir bunaithe bearta maolaithe iomchuí a dhéanamh, lena n-áirítear:
 - (a) ordú a thabhairt don onnmhaireoir nó don iompróir nach luchtófar ná nach n-iomprófar na hearraí;
 - (b) faisnéis nó gníomhaíocht bhreise a iarraidh;
 - (c) cásanna a shainaithint ina bhféadfadh gníomhaíocht údaráis eile a bheith iomchuí;
 - (d) an áit agus na bearta is iomchuí chun rialú a dhéanamh a mholadh;
 - (e) an bealach a bheidh le húsáid agus an teorainn ama a bheidh le hurramú a chinneadh nuair a bheidh earraí le tabhairt amach as críoch custaim an Aontais.
3. Chomh maith leis sin, déanfaidh an oifig custaim imeachta anailís riosca i gcás ina soláthraíonn an t-iompróir an fhaisnéis maidir leis na hearraí atá ann de bhun Airteagal 95(6).
4. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 261, chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí chinneadh a dhéanamh maidir leis na teorainneacha ama ina bhfuil an anailís riosca le déanamh agus na bearta is gá atá le déanamh bunaithe ar thorthaí na hanailíse riosca, dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, agus na bearta maolaithe dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo.

Airteagal 98

Cur i láthair agus dearbhú imeachta

1. I gcás nár soláthraíodh an fhaisnéis réamhimeachta laistigh den teorainn ama shonrach nó i gcás ina gceanglaíonn na húdaráis chustaim, nó an reachtaíocht eile a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm, a leithéid, cuirfidh an t-iompróir na hearraí atá le tabhairt amach as críoch chustaim an Aontais i láthair na hoifige custaim imeachta roimh dóibh imeacht.
2. Deimhneoidh an t-iompróir imeacht na n-earraí ó chríoch chustaim an Aontais do na húdaráis chustaim.

Airteagal 99

An nós imeachta onnmhairithe

1. Earraí de chuid an Aontais agus earraí nach earraí de chuid an Aontais iad, a bhfuil sé beartaithe iad a thabhairt amach as críoch chustaim an Aontais, cuirfear iad faoin nós imeachta onnmhairithe.
2. An méid seo a leanas a bheidh sna coinníollacha maidir le hearraí a chur faoin nós imeachta onnmhairithe:
 - (a) beidh an íosfhaisnéis soláthartha nó curtha ar fáil do na húdaráis chustaim, agus ní mór a áirithiú ar na sonraí sin, ar a laghad, an t-onnmhaireoir atá freagrach as na hearraí, an díoltóir, an ceannaitheoir, an monaróir, luach, tionscnamh, agus rangú taraife na n-earraí, chomh maith le tuairisc ar na hearraí, agus a suíomh;
 - (b) beidh aon dleacht ar onnmhairí nó aon mhuirear eile atá dlite íoctha nó ráthaithe; agus
 - (c) comhlíonfaidh na hearraí an reachtaíocht ábhartha eile a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm.
3. Earraí a bheidh le tabhairt amach as críoch custaim an Aontais, beidh siad faoi réir na nithe a leanas, de réir mar is iomchuí:
 - (a) athíocaíocht nó loghadh dleachta;
 - (b) aisíocaí onnmhairíochta a íoc;
 - (c) na foirmiúlachtaí a éilítear faoi na forálacha atá i bhfeidhm i ndáil le muirir eile.
4. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 261, chun an Rialachán seo a fhorlíonadh agus a leasú trí na sonraí a chinneadh a sholáthraítear nó a chuirtear ar fáil do na húdaráis chustaim maidir le hearraí a chur faoi onnmhairiú dá dtagraítear i mír 2, pointe (a).
5. Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, an nós imeachta maidir le CBL a aisíoc le daoine nádúrtha nach bhfuil bunaithe san Aontas dá dtagraítear i mír 3, pointe (b). Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 262(4).

Airteagal 100

Faoiseamh ó dhleacht onnmhairithe d'earraí Aontais arna n-onnmhairiú go sealadach

Gan dochar d'Airteagal [140](#), tairbheoidh earraí Aontais arna n-onnmhairiú go sealadach ó chríoch chustaim an Aontais d'fhaoiseamh ó dhleacht ar onnmhairí, ar choinníoll a n-ath- allmhairithe.

Teideal VIII

NÓSANNA IMEACHTA SPEISIALTA

Caibidil 1

Forálacha ginearálta

Airteagal 101

Raon feidhme

1. Féadfár earraí a chur faoi aon cheann de na catagóirí nósanna imeachta a leanas:
 - (a) idirthuras, lena gcuimseofar idirthuras seachtrach agus idirthuras inmheánach;
 - (b) stóráil, lena gcuimseofar stórasú ag custam agus saorchriosanna;
 - (c) úsáid shonrach, lena gcuimseofar cead isteach sealadach agus úsáid deiridh;
 - (d) próiseáil, lena gcuimseofar próiseáil isteach agus próiseáil amach.
2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmlichte a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 261, chun an Rialachán seo a fhorlíonadh agus a leasú trí na sonraí a chinneadh a sholáthraítear nó a chuirtear ar fáil do na húdaráis chustaim maidir le hearraí a chur faoi nósanna imeachta speisialta.

Airteagal 102

Údarú

1. Allmhaireoirí nó onnmhaireoirí a bhfuil sé beartaithe acu earraí a chur faoi nós imeachta custaim speisialta, beidh údarú acu ó na húdaráis chustaim don mhéid a seo a leanas:
 - (a) an nós imeachta próiseála isteach nó amach, an nós imeachta um chead isteach sealadach nó an nós imeachta úsáide deiridh a úsáid;
 - (b) áiseanna stórála a oibriú stórasú earraí ag custam, ach amháin i gcás inarb é an t-údarás custaim féin an t-oibreoir.

Leagfar amach san údarú na coinníollacha le haghaidh úsáid na nósanna imeachta sin nó na coinníollacha le haghaidh oibriú na n-áiseanna stórála.
2. Ach amháin i gcás ina bhforálfar a mhalairt, ní dheonóidh na húdaráis chustaim an t-údarú dá dtagraítear i mír 1 ach amháin i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:
 - (a) tá sealbhóir an údaráithe bunaithe i gcóir chustaim an Aontais, ach amháin i gcás ina bhforáiltear a mhalairt le haghaidh cead isteach sealadach nó, i gcásanna eisceachtúla, le haghaidh na húsáide deiridh nó nósanna imeachta próiseála isteach;
 - (b) soláthraíonn sealbhóir an údaráithe an dearbhú is gá go ndéanfaidh siad na hoibríochtaí mar is ceart; measfar go gcomhlíonann trádálaí Iontaoibhe agus Seiceála an coinníoll sin, a mhéid gur cuireadh san áireamh an ghníomhaíocht is ábhartha don nós imeachta speisialta lena mbaineann maidir leis an údarú dá dtagraítear in Airteagal [25](#);

- (c) mheas na húdaráis chustaim gur ghá i gcás nach trádálaí Iontaoibhe agus Seiceála é sealbhóir an údaraithe, go soláthraítear ráthaíocht i leith fiach poitéinsiúil custaim nó i leith muirear eile a bhaineann leis na hearraí a chuirtear faoin nós imeachta speisialta;
 - (d) i gcás ina mbeidh na húdaráis chustaim in ann maoirseacht chustaim a fheidhmiú gan ghá le socruithe riaracháin atá neamh- chomhréireach leis na riachtanais eacnamaíocha lena mbaineann;
 - (e) má bhaineann an t-údarú le cead isteach sealadach, úsáideann sealbhóir an údaraithe na hearraí nó socraíonn sé go n-úsáidfear iad;
 - (f) má bhaineann an t-údarú le nós imeachta próiseála, déanann sealbhóir an údaraithe na hoibríochtaí próiseála ar na hearraí nó socraíonn sé go ndéanfar na hoibríochtaí próiseála;
 - (g) ní dhéanfadh údarú ar nós imeachta próiseála dochar do leasanna fíor-riachtanacha tháirgeoirí an Aontais ('scrúdú ar na coinníollacha eacnamaíocha').
3. Mura bhfuil bonn cirt eile leis de bharr cineál eacnamaíoch na próiseála, agus measúnú á dhéanamh ar cé acu a dhéanann nó nach ndéanann deonú údarúcháin le haghaidh nós imeachta próiseála isteach dochar do leas fíor-riachtanach tháirgeoirí an Aontais, déanfaidh na húdaráis chustaim a eisiúint an t-údarú, sula nglacfaidh siad a gcinneadh maidir le húdarú, tuairim a iarraidh ar Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh:
- (a) i gcás ina gcinntear an dleacht is infheidhme ar allmhairí, nuair a scaoiltear i saorchúrsaíocht na táirgí próiseáilte, ar bhonn rangú taraife, luach custaim, cainníocht, cineál agus tionscnamh na n-earraí a chuirtear faoin nós imeachta próiseála isteach i gcomhréir le hAirteagal 168(3) agus (4); agus
 - (b) i gcás ina bhfuil fianaise ann gur dóigh go ndéanfar dochar do leasanna fíor-riachtanacha tháirgeoirí an Aontais. Measfar gur ann don fhianaise sin i gcás ina mbeadh na hearraí, a bheadh le cur faoi phróiseáil isteach, faoi réir beart beartais talmhaíochta, dleacht frithdhumpála shealadach nó chinntitheach, dleacht frithchúitimh, beart coimirce nó dleacht bhreise a eascródh as fionraí lamháiltais dá scaoilfí i saorchúrsaíocht iad.
4. Maidir le measúnú a dhéanamh ar cé acu a dhéanann nó nach ndéanann nós imeachta próiseála amach dochar do leas sár-riachtanach tháirgeoirí an Aontais, déanfaidh na húdaráis chustaim, sula nglacfaidh siad a gcinneadh maidir le húdarú, tuairim a iarraidh ar Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh i gcás inar ann d'fhianaise gur dócha go ndéanfaí dochar do leasanna fíor-riachtanacha tháirgeoirí earraí, a meastar a bheith íogair, ar tháirgeoirí an Aontais iad, agus i gcás nach bhfuil sé beartaithe na hearraí a dheisiú.
5. Nuair a iarrtar ar Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh tuairim a thabhairt, i gcomhréir le míreanna 3 agus 4, féadfaidh sé teacht ar cheann de na tuairimí seo a leanas:
- (a) ní dhéanann deonú an údaraithe dochar do leasanna fíor-riachtanacha tháirgeoirí an Aontais;
 - (b) déanann deonú an údaraithe dochar do leasanna fíor-riachtanacha tháirgeoirí an Aontais;

- (c) ní dhéanann deonú an údaraithe, le haghaidh cainníocht chuí- réasúnaithe earraí a ndéantar faireachán uirthi agus a shainítear sa tuairim, dochar do leasanna fíor- riachtanacha tháirgeoirí an Aontais.

Cuirfidh na húdaráis chustaim a eisíonn na údaruithe chomh maith le haon údarás custaim eile a phléann le húdaruithe den chineál céanna tuairim Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh san áireamh. Féadfaidh na húdaráis chustaim a eisíonn an t-údarú neamhaird a dhéanamh den tuairim a ghlac Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh ar choinníoll go dtugann siad cúiseanna a gcinnidh ina leith sin.

6. Na húdaráis chustaim a dheonaíonn an t-údarú, soláthróidh siad na húdaruithe nó cuirfidh siad ar fáil iad i Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh. I gcás ina bhfuil faisnéis íogair tráchtála sna húdaruithe le haghaidh nósanna imeachta speisialta, cuirfear srian ar rochtain ar na sonraí atá iontu.
7. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal [261](#), lena bhforlíontar an Rialachán seo chun an méid seo a leanas a chinneadh:
- (a) na heisceachtaí ar na coinníollacha dá dtagraítear i mír 2;
- (b) na cásanna dá dtagraítear i mír 3 ina dtugann cineál eacnamaíoch na próiseála bonn cirt go ndéanfaidh na húdaráis chustaim measúnú ar cé acu a dhéanfaidh nó nach ndéanfaidh deonú an údaraithe le haghaidh nós imeachta próiseála isteach dochar do leas fíor- riachtanach tháirgeoirí an Aontais gan tuairim Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh a fháil;
- (c) liosta na n-earraí a meastar a bheith íogair dá dtagraítear i mír 4.
8. Déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas a shonrú trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme:
- (a) na rialacha nós imeachta maidir le deonú an údaraithe le haghaidh na nósanna imeachta dá dtagraítear i mír 1;
- (b) na rialacha nós imeachta faoina soláthróidh Údarás Custaim an Aontais a thuairim; agus
- (c) an chainníocht agus na rialacha chun faireachán a dhéanamh ar an tairseach dá dtagraítear i mír 5.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal [262\(4\)](#).

9. Go dtí an dáta a leagtar amach in Airteagal [265\(1\)](#), déanfar scrúdú ar na coinníollacha eacnamaíocha dá dtagraítear i mír 2, pointe (f), ar leibhéal an Aontais agus é á óstáil ag an gCoimisiún. Go dtí an dáta sin, i gcás ina ndéantar tagairt do thuairim Údarás Custaim an Aontais faoin gCaibidil seo, ba cheart a thuiscint leis go ndéanann sé tagairt don scrúdú ar leibhéal an Aontais dá bhforáiltear faoi mhír 5 den Airteagal seo.

Airteagal 103

Údaruithe lena mbaineann éifeacht chúlghabhálach

1. Deonóidh na húdaráis chustaim údarú le héifeacht chúlghabhálach, i gcás go gcomhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas:
- (a) is ann do ghá eacnamaíoch atá cruthaithe;

- (b) níl aon bhaint ag an iarratas le hiarracht ar mheabhlaireacht;
 - (c) tá an méid seo a leanas cruthaithe ag an iarratasóir ar bhonn cuntas nó taifead:
 - (i) comhlíontar ceanglais uile an nós imeachta;
 - (ii) i gcás inarb iomchuí, is féidir na hearraí a shainaitheint don tréimhse lena mbaineann;
 - (iii) le cuntais nó taifid den sórt sin éascaítear rialú a dhéanamh ar an nós imeachta;
 - (d) is féidir na foirmiúlachtaí uile a dhéanamh ar gá iad chun staid na n-earraí a chur ina ceart agus áirítear leo, i gcás go mbeidh gá leis, na taifid roimhe sin lena mbaineann a dhéanamh neamhbhailí;
 - (e) níor tugadh aon údarú le héifeacht chúlghabhálach don iarratasóir laistigh de 3 bliana ón dáta ar a glacadh an t-iarratas;
 - (f) ní éilítear tuairim Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh chun measúnú a dhéanamh ar cé acu a dhéanfadh nó nach ndéanfadh deonú an údaraithe dochar do leasanna fíor-riachtanacha tháirgeoirí an Aontais, ach amháin i gcás ina mbaineann iarratas le húdarú a athnuachan i leith an chineáil céanna oibríochta agus earraí;
 - (g) ní bhaineann an t-iarratas le hoibriú áiseanna stórála i ndáil le stóráil earraí ag custam;
 - (h) i gcás go mbaineann iarratas le húdarú a athnuachan do na cineálacha céanna oibríochta agus earraí, cuirtear an t-iarratas isteach laistigh de 3 bliana tar éis dul in éag bhailíocht an údaraithe thionscnaimh.
2. Féadfaidh údaráis chustaim údarú le héifeacht chúlghabhálach a thabhairt freisin i gcás nach raibh na hearraí a cuireadh faoi nós imeachta custaim ar fáil a thuilleadh tráth a glacadh iarratas ar údarú den sórt sin.

Airteagal 104

Taifid

1. Coinneoidh sealbhóir an údaraithe, an t-allmhaireoir nó an t-onnmhaireoir, agus na daoine uile atá i mbun gníomhaíochta a bhaineann le stóráil, le hoibriú nó le próiseáil earraí, nó le díol nó ceannach earraí i saorchriosanna, taifid iomchuí i bhfoirm arna formheas ag na húdaráis chustaim agus soláthróidh siad na taifid nó cuirfidh siad na taifid sin ar fáil i Mol Sonraí Custaim an Aontais.

Sna taifid beidh faisnéis agus sonraí a chuireann ar chumas na n-údarás custaim maoirseacht a dhéanamh ar an nós imeachta lena mbaineann, go háirithe i dtaca le sainaitheint na n-earraí a chuirfear faoin nós imeachta sin, a stádas custaim agus a ngluaiseachtaí.
2. Measfar go gcomhlíonann trádálaí Iontaoibhe agus Seiceála an oibleagáid a leagtar síos i mír 1.

Airteagal 105

Urscaoileadh nós imeachta speisialta

1. I gcásanna seachas an nós imeachta idirthurais agus gan dochar don mhaoirseacht custaim i ndáil le húsáid deiridh dá ndéantar foráil in Airteagal [135](#), urscaoilfear nós imeachta speisialta nuair a chuirfear na hearraí a cuireadh faoin nós imeachta, nó na táirgí próiseáilte, faoi nós imeachta custaim ina dhiaidh sin, nó nuair a bheidh siad tógtha amach as críoch custaim an Aontais, nó nuair a bheidh siad scríosta agus gan aon dramhaíl fágtha ina ndiaidh, nó nuair a thréigfear leis an Stát iad i gcomhréir le hAirteagal [78](#).
2. Urscaoilfidh na húdaráis chustaim an nós imeachta idirthurais nuair a bheidh siad in ann a dheimhniú, ar bhonn comparáide idir na sonraí a sholáthraítear nó a chuirtear ar fáil d'oifig custaim na háite fágála agus na sonraí a sholáthraítear nó a chuirtear ar fáil don oifig custaim chinn scríbe, go bhfuil críoch mar is ceart leis an nós imeachta.
3. Na hearraí nár urscaoileadh nós imeachta ina leith faoi na coinníollacha a leagtar amach, glacfaidh na húdaráis chustaim na bearta uile is gá chun a n-imthosca a thabhairt chun rialtacha.
4. Tarlóidh urscaoileadh an nós imeachta laistigh de theorainn ama áirithe, mura bhforáiltear a mhalairt.
5. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmhligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 261, chun an Rialachán seo a fhorlíonadh tríd an teorainn ama dá dtagraítear i mír 4 a chinneadh.
6. Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na rialacha nós imeachta maidir le nós imeachta speisialta a urscaoileadh dá dtagraítear san Airteagal seo. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 262(4).

Airteagal 106

Ceartha agus oibleagáidí a aistriú

1. Féadfaidh na húdaráis chustaim údarú a thabhairt do shealbhóir údarú le haghaidh nós imeachta speisialta seachas idirthuras chun a chearta agus oibleagáidí i ndáil le hearraí a cuireadh faoin nós imeachta speisialta sin a aistriú go hiomlán nó go páirteach chuig allmhaireoir nó onnmhaireoir a chomhlíonann coinníollacha an nós imeachta lena mbaineann freisin.
2. Sealbhóir an údaraíthe a aistríonn a chearta agus oibleagáidí, chuirfidh sé na húdaráis chustaim ar an eolas maidir leis an aistriú agus urscaoileadh an nós imeachta mura bhfuil údarú tugtha ag na húdaráis chustaim freisin don allmhaireoir nó onnmhaireoir dá n-aistrítear na ceartha agus oibleagáidí.
3. I gcás ina mbaineann aistriú ceart agus oibleagáidí le níos mó ná Ballstát amháin, rachaidh na húdaráis chustaim a údaraíonn an t-aistriú i gcomhairle leis an mBallstát eile lena mbaineann.
4. Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na rialacha nós imeachta maidir le haistriú ceartha agus oibleagáidí sealbhóir an údaraíthe i ndáil le hearraí a cuireadh faoi nós imeachta speisialta seachas nós imeachta idirthurais. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin in Airteagal 262(4).

Airteagal 107

Gluaiseacht earraí

1. I gcásanna sonracha, féadfaidh allmhaireoirí agus onnmhaireoirí earraí a cuireadh faoi nós imeachta speisialta seachas nós imeachta idirthurais nó nós imeachta i saorchrios a aistriú idir áiteanna éagsúla i gcríoch chustaim an Aontais.
2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 261, chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na cásanna agus na coinníollacha a chinneadh faoina bhféadfaidh allmhaireoirí agus onnmhaireoirí earraí a aistriú dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo.
3. Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na rialacha nós imeachta maidir le haistriú earraí a chuirtear faoi nós imeachta speisialta seachas nós imeachta idirthurais nó nós imeachta i saorchrios dá dtagraítear i mír 1. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 262(4).

Airteagal 108

Na gnáthchineálacha láimhseála

1. Féadfar earraí a cuireadh faoi nós imeachta stórasaithe custaim nó faoi nós imeachta próiseála nó i saorchrios a láimhseáil sna gnáthfhoirmeacha a cheapfar chun iad a chaomhnú, chun a gcuma nó a gcáilíocht margaíochta a fheabhsú nó chun iad a ullmhú le haghaidh a ndáilte nó a n-athdhíolta.
2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 261 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh, trí na gnáthbhealaí láimhseála earraí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a chinneadh.

Airteagal 109

Earraí coibhéiseacha

1. Is éard is earraí coibhéiseacha ann earraí Aontais a stóráiltear, a úsáidtear nó a phróiseáiltear in ionad na n-earraí a cuireadh faoi nós imeachta speisialta.
Faoin nós imeachta próiseála amach, is éard is earraí coibhéiseacha ann earraí neamh-AE a phróiseáiltear in ionad earraí Aontais atá faoin nós imeachta próiseála amach.
Ach amháin i gcás ina bhforáiltear a mhalairt beidh an cód Ainmníochta Comhcheangailte ocht ndigit céanna, an cháilíocht tráchtála chéanna agus na saintréithe teicniúla céanna ag na hearraí agus atá ag na hearraí a ngabhfaidh siad a n-ionad.
2. Údaróidh na húdaráis chustaim, arna iarraidh sin orthu an méid a liostaítear thíos, ar choinníoll go n-áiríteofar iompar ceart an nós imeachta, go háirithe maidir le maoirseacht chustaim:
 - (a) úsáid earraí coibhéiseacha faoi nósanna imeachta stórasaithe custaim, saorchriosanna, úsáide deiridh agus próiseála;
 - (b) úsáid earraí coibhéiseacha faoin nós imeachta um chead isteach sealadach, i gcásanna sonracha;

- (c) i gcás an nós imeachta próiseála isteach, go n-onnmhaireofar táirgí próiseáilte a fhaightear ó earraí coibhéiseacha sula n-allmhairítear na hearraí a bhfuil a n-ionaid á ngabháil acu;
- (d) i gcás an nós imeachta próiseála amach, go n-allmhaireofar táirgí próiseáilte a fhaightear ó earraí coibhéiseacha roimh onnmhairiú na n-earraí a bhfuil a n-ionaid á ngabháil acu.

Measfar go gcomhlíonann trádálaí Iontaoibhe agus Seiceála an coinníoll go n-áirithítear stiúradh ceart an nós imeachta, a mhéid is gur cuireadh san áireamh an ghníomhaíocht a bhaineann le húsáid na n-earraí coibhéiseacha don nós imeachta lena mbaineann maidir leis an údarú dá dtagraítear in Airteagal [25](#).

3. Ní údarófar earraí coibhéiseacha a úsáid ina aon cheann de na cásanna seo a leanas:
 - (a) i gcás nach ndéantar ach na gnáthfhoirmeacha láimhseála a shainmhínítear in Airteagal [108](#) a chur i gcrích faoin nós imeachta próiseála isteach;
 - (b) i gcás ina mbeidh feidhm ag toirmeasc ar aisíocaíocht dleachta ar allmhairí, nó ag díolúine ó dhleacht ar allmhairí maidir le hearraí neamhthionscnaimh a mbainfear úsáid astu i monarú táirgí, faoin nós imeachta próiseála isteach, a ndéanfar cruthúnas tionscnaimh a eisiúint nó a scríobh amach ina leith i gcreat socraithe fhabhraigh idir an tAontas agus trí áirithe nó grúpaí tíortha den sórt sin;
 - (c) i gcás ina dtiocfadh buntáiste gan údar cuí maidir le dleacht ar allmhairí as nó ina bhforáiltear ina leith i reachtaíocht an Aontais.
4. Sa chás dá dtagraítear i mír 2, pointe (c), agus i gcás ina mbeadh dleacht ar onnmhairí le híoc ar na táirgí próiseáilte mura n-onnmhaireofaí iad i gcomhthéacs an nós imeachta próiseála isteach, cuirfidh sealbhóir an údaráithe ráthaíocht ar fáil chun íocaíocht na dleachta ar onnmhairí a áirithiú mura n-allmhaireofar na hearraí neamh- AE laistigh den tréimhse ama dá dtagraítear in Airteagal [138\(3\)](#).
5. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal [261](#), chun an Rialachán seo a fhorlíonadh chun an méid seo a leanas a chinneadh:
 - (a) na heisceachtaí dá dtagraítear i mír 1, an tríú fomhír;
 - (b) na coinníollacha faoina n-úsáidtear earraí coibhéiseacha i gcomhréir le mír 2;
 - (c) na cásanna sonracha ina n-úsáidtear earraí coibhéiseacha faoin nós imeachta um chead isteach sealadach, dá dtagraítear i mír 2, pointe (b);
 - (d) na cásanna nach n-údaraítear úsáid earraí coibhéiseacha iontu i gcomhréir le fomhír 3, pointe (c).
6. Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na rialacha nós imeachta maidir le hearraí coibhéiseacha a údaraítear i gcomhréir le mír 2. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal [262\(4\)](#).

Caibidil 2 Idirthuras

ROINN 1 RIALACHA GINEARÁLTA

Airteagal 110

Raon feidhme

1. Cuirfear earraí faoi nós imeachta idirthurais ar theacht isteach dóibh chuig an gcríoch chustaim, murar cuireadh iad faoi nós imeachta idirthurais a shonraítear in Airteagail [111](#) agus [112](#) cheana nó murar cuireadh iad faoi aon nós imeachta custaim eile laistigh den teorainn ama a leagtar amach in Airteagal 86(4).
2. Measfar gurb é sealbhóir na n-earraí allmhaireoir nó onnmhaireoir na n-earraí agus beidh sé faoi dhliteanas i leith íoc na ndleachtanna custaim agus cánacha agus muirir eile mura bhfuil sonraí ag na húdaráis chustaim i ndáil le hallmhaireoir nó onnmhaireoir eile.
3. Earraí a chuirfear faoi nós imeachta idirthurais an Aontais, fanfaidh siad faoin nós imeachta sin go dtí go gcuirfear faoi nós imeachta custaim eile iad.

Airteagal 111

Idirthuras Seachtrach

1. Faoin nós imeachta idirthurais sheachtraigh, féadfar earraí neamh- AE a aistriú ó áit amháin go háit eile laistigh de chríoch chustaim an Aontais gan iad a bheith faoi réir aon cheann díobh seo a leanas:
 - (a) dleacht ar allmhairí nó muirir eile, lena n-áirítear dleachtanna frithdhumpála, dleachtanna frithchúitimh nó bearta coimirce;
 - (b) bearta beartais tráchtála, a mhéid nach gcuireann siad bac ar earraí a thabhairt isteach i gcríoch custaim an Aontais nó ar iad a thabhairt amach aisti.
2. I gcásanna sonracha, cuirfear earraí Aontais faoin nós imeachta idirthurais sheachtraigh.
3. Déanfar an t-aistriú amhail dá dtagraítear i mír 1 a dhéanamh ar cheann de na bealaí seo a leanas:
 - (a) faoi nós imeachta idirthurais sheachtraigh an Aontais;
 - (b) i gcomhréir le Coinbhinsiún TIR ar choinníoll;
 - (i) gur tosaíodh nó go gcríochnófar an t-aistriú lasmuigh de chríoch custaim an Aontais;
 - (ii) go ndéantar an t-aistriú sin idir dhá phointe i gcríoch chustaim an Aontais trí chríoch tríú tír;
 - (c) i gcomhréir le ATA nó Coinbhinsiún Iostanbúl i gcás ina dtarlóidh aistriú idirthurais;

- (d) faoi chumhdach fhoirm 302 dá bhforáiltear sa Chomhaontas idir na Páirtithe i gConradh an Atlantaigh Thuaidh maidir le Stádas a gcuid Fórsaí, a síníodh i Londain an 19 Meitheamh 1951 agus foirm 302 an Aontais;
 - (e) faoin gcóras poist, i gcomhréir le hachtanna an Aontais Phoist Uilechoitinn, nuair a iompraíonn sealbhóirí ceart agus oibleagáidí faoi na hachtanna sin na hearraí nó nuair a iompraítear iad ar a son.
4. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 261, chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na cásanna sonracha ina bhfuil earraí de chuid an Aontais le cur faoi nós imeachta idirthurais sheachtraigh a chinneadh.
 5. Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na rialacha nós imeachta chun mír 3, pointí (b) go (e) a chur i bhfeidhm, i gcríoch chustaim an Aontais, agus riachtanais an Aontais á gcur san áireamh. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 262(4).

Airteagal 112

Idirthuras Inmheánach

1. Faoin nós imeachta idirthurais inmheánaigh agus faoi na coinníollacha a leagtar síos i mír 2, féadfar earraí de chuid an Aontais a aistriú ó phointe amháin go pointe eile laistigh de chríoch chustaim an Aontais agus gabháil trí thríú tír, gan aon athrú a bheith ar a stádas custaim.
2. Tarlóidh an t-aistriú dá dtagraítear i mír 1 ar cheann de na bealaí seo a leanas:
 - (a) faoi nós imeachta idirthurais inmheánaigh an Aontais, ar choinníoll go bhforáiltear d'fhéidearthacht den sórt sin i gcomhaontas idirnáisiúnta;
 - (b) i gcomhréir le Coinbhinsiún TIR;
 - (c) i gcomhréir le ATA nó Coinbhinsiún Iostanbúl i gcás ina dtarlóidh aistriú idirthurais;
 - (d) faoi chumhdach fhoirm 302 dá bhforáiltear sa Chomhaontas idir na Páirtithe i gConradh an Atlantaigh Thuaidh maidir le Stádas a gcuid Fórsaí, a síníodh i Londain an 19 Meitheamh 1951 agus foirm 302 an Aontais;
 - (e) faoin gcóras poist, i gcomhréir le hachtanna an Aontais Phoist Uilechoitinn, nuair a iompraíonn sealbhóirí ceart agus oibleagáidí faoi na hachtanna sin na hearraí nó nuair a iompraítear iad ar a son.
3. Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme na rialacha nós imeachta chun mír 2, pointí (b) go (e) a chur i bhfeidhm, i gcríoch chustaim an Aontais, agus riachtanais an Aontais á gcur san áireamh. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 262(4).

Airteagal 113

Críoch aonair chun críche idirthurais

Sa chás ina mbogtar earraí ó phointe amháin i gcríoch chustaim an Aontais go pointe eile i gcomhréir le Coinbhinsiún TIR, Coinbhinsiún ATA nó Iostanbúl, faoi chumhdach

fhoirmeacha 302, fhoirm 302 an Aontais nó faoin gcóras poist, measfar go mbeidh críoch chustaim an Aontais mar chríoch aonair, chun críocha iompair den sórt sin.

Airteagal 114

Daoine a eisiamh ó oibríochtaí TIR

1. Má chinneann na húdaráis chustaim de chuid Ballstáit duine a eisiamh ó oibríochtaí TIR faoi Airteagal 38 de Choinbhinsiún TIR, beidh feidhm ag an gcinneadh sin ar fud chríoch chustaim an Aontais agus ní ghlacfaidh aon oifig custaim carnet TIR arna dtaisceadh ag an duine sin.
2. Cuirfidh an Ballstát a chinneadh dá dtagraítear i mír 1 in iúl, le chéile leis an dáta a gcuirfear i bhfeidhm é, do na Ballstáit eile agus don Choimisiún agus Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh.

Airteagal 115

Coinsíneoir údaráithe agus coinsíní údaráithe chun críocha TIR

1. Féadfaidh na húdaráis chustaim, arna iarraidh sin orthu, duine, dá ngairfear ‘coinsíní údaráithe’ air/uirthi, a údarú chun earraí a fháil a bhogtar i gcomhréir le Coinbhinsiún TIR ag áit údaráithe, i dtreo is go gcuirfear deireadh leis an nós imeachta i gcomhréir le hAirteagal 1, pointe (d), de Choinbhinsiún TIR.
2. Féadfaidh na húdaráis chustaim, arna iarraidh sin orthu, duine, dá ngairfear ‘coinsíneoir údaráithe’, a údarú chun earraí atá le haistriú a sheoladh i gcomhréir le Coinbhinsiún TIR ag áit údaráithe, ionas go dtosófar an nós imeachta i gcomhréir le hAirteagal 1, pointe (c) de Choinbhinsiún TIR.

Chun críoch na chéad fhomhíre, údarófar an coinsíneoir údaráithe chun séalaí de chineál speisialta a úsáid i gcomhréir le hAirteagal 116(4), pointe (c).

3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 261, chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na coinníollacha maidir le deonú údaruithe dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 a chinneadh.

ROINN 3

IDIRTHURAS AONTAIS

Airteagal 116

Oibleagáidí shealbhóir nós imeachta idirthurais an Aontais agus iompróir agus fhaighteoir na n-earraí a aistrítear faoi nós imeachta idirthurais an Aontais

1. Beidh sealbhóir nós imeachta idirthurais an Aontais freagrach as gach ceann de na hoibleagáidí seo a leanas:
 - (a) soláthar na sonraí lena gcuirtear ar a gcumas do na húdaráis chustaim maoirsiú a dhéanamh ar na hearraí, lena n-áirítear, ar a laghad, sainaithint na n-earraí a chuirtear faoin nós imeachta sin, an modh iompair, an t-allmhaireoir nó an t-onnmhaireoir, an stádas custaim agus na gluaiseachtaí;
 - (b) na hearraí a thíolacadh slán mar aon leis na sonraí, a cheanglaítear ag an oifig custaim chinn scribe laistigh den teorainn ama a leagadh síos agus i

- gcomhlíonadh na mbeart a ghlac na húdaráis custaim chun a sainaitheint a áirithiú;
- (c) na forálacha custaim maidir leis an nós imeachta a chomhlíonadh;
- (d) ráthaíocht a sholáthar, mura bhforáiltear a mhalairt sa reachtaíocht chustaim, chun a áirithiú go n-íocfar suim na dleachta ar allmhairí nó suim na dleachta ar onnmhairí a bheidh i gcomhréir le haon fhiach custaim nó le haon mhuirear eile a d'fhéadfaí a thabhtú i ndáil leis na hearraí.
2. Comhlíonfar oibleagáid shealbhóir an nós imeachta agus cuirfear deireadh leis an nós imeachta idirthurais nuair a bheidh na hearraí a cuireadh faoi nós imeachta agus an fhaisnéis a éilítear ar fáil san oifig custaim chinn scríbe i gcomhréir leis an reachtaíocht chustaim.
3. Iompróir nó faighteoir earraí a ghlacann le hearraí arb eol dó iad a bheith á n-aistriú faoi nós imeachta idirthurais an Aontais, beidh sé freagrach freisin as na hearraí a thíolacadh slán ag oifig custaim chinn scríbe laistigh den teorainn ama forordaithe agus i gcomhréir leis na bearta a ghlac na húdaráis chustaim chun a sainaitheint a áirithiú.
4. Má iarrrtar sin orthu, féadfaidh na húdaráis chustaim aon cheann de na simpliúcháin seo a leanas a údarú maidir le hearraí a chur faoi nós imeachta idirthurais an Aontais nó maidir le hurscaoileadh an nós imeachta sin:
- (a) stádas coinsíneoir údaraithe, lena cheadaítear do shealbhóir an údaraithe na hearraí a chur faoi nós imeachta idirthurais an Aontais gan iad a chur faoi bhráid custaim;
- (b) stádas coinsíní údaraithe, lena gceadaítear do shealbhóir an údaraithe, maidir le glacadh le hearraí a aistrítear faoi nós imeachta idirthurais an Aontais ag áit údaraithe, an nós imeachta a urscaoileadh i gcomhréir le mír 2;
- (c) séalaí de chineál speisialta a úsáid, i gcás go gceanglaítear séalú chun sainaitheint na n-earraí a chuirtear faoi nós imeachta idirthurais an Aontais a áirithiú;
- (d) doiciméad leictreonach maidir le hiompair a úsáid chun earraí a chur faoi nós imeachta idirthurais an Aontais, ar choinníoll go mbeidh an fhaisnéis is gá sa doiciméad agus go mbeidh sí ar fáil d'údaráis chustaim na háite fágála agus an chinn scríbe d'fhonn ligean do mhaoirseacht custaim a dhéanamh ar na hearraí agus an nós imeachta a urscaoileadh.
5. Gach 3 bliana ar a laghad déanfaidh na húdaráis chustaim dlúthfhaireachán ar ghníomhaíochtaí coinsíneoirí agus coinsínithe údaraithe chun measúnú a dhéanamh ar a gcomhlíontacht i ndáil le ceanglais údarúcháin.
6. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal [261](#), chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na ceanglais sonraí a leagtar síos i mír 1, pointí (a) agus (b) agus na coinníollacha maidir le deonú údaruithe dá dtagraítear i mír 4 a shonrú tuilleadh.
7. Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na rialacha nós imeachta maidir leis an méid a leanas:
- (a) earraí a chur faoi nós imeachta idirthurais an Aontais agus urscaoileadh an nós imeachta sin;

(b) oibriú na simpliúchán dá dtagraítear i mír 4.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 262(4).

Airteagal 117

Earraí a théann trí chríoch tríú tír faoi nós imeachta idirthurais sheachtraigh an Aontais

1. Beidh feidhm ag nós imeachta idirthurais sheachtraigh an Aontais maidir le hearraí a théann trí thríú tír má chomhlíontar ceann de na coinníollacha seo a leanas:
 - (a) go bhforáiltear dó sin faoi chomhaontú idirnáisiúnta;
 - (b) faoi chumhdach doiciméid aonair iompair arna dhréachtú i gcríoch chustaim an Aontais a dhéantar iompar sa tríú tír sin.
2. Sa chás dá dtagraítear i mír 1, pointe (b), fionrófar oibriú nós imeachta idirthurais sheachtraigh an Chomhphobail le linn do na hearraí a bheith lasmuigh de chríoch custaim an Chomhphobail.
3. Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na rialacha nós imeachta maidir le maoirseacht custaim earraí a théann trí chríoch tríú tír faoi nós imeachta idirthurais sheachtraigh an Aontais. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 262(4).

Caibidil 3 Stóráil

ROINN 1 FORÁLACHA COITEANNA

Airteagal 118

Raon feidhme

1. Faoi nós imeachta stórála, féadfar earraí neamh- AE a stóráil i gcríoch chustaim an Aontais gan a bheith faoi réir aon cheann díobh seo a leanas:
 - (a) dleacht ar allmhairí;
 - (b) muirir eile dá bhforáiltear faoi fhorálacha ábhartha eile atá i bhfeidhm;
 - (c) bearta beartais tráchtála, a mhéid nach gcuireann siad bac ar earraí a thabhairt isteach i gcríoch custaim an Aontais nó ar iad a thabhairt amach aisti.
2. An méid seo a leanas a bheidh sna coinníollacha maidir le hearraí a chur faoi stóráil:
 - (a) beidh na sonraí íosta soláthartha nó curtha ar fáil don lucht custaim, agus ní mór a áirithiú ar na sonraí sin, ar a laghad, an t-allmhaireoir atá freagrach as na hearraí, an monaróir, luach, tionscnamh, agus rangú taraife na n-earraí, chomh maith le tuairisc ar na hearraí agus an liosta de reachtaíocht ábhartha eile atá curtha i bhfeidhm ag na húdaráis chustaim maidir leis na hearraí sin, mura bhforáiltear a mhalairt; agus

- (b) comhlíonfaidh na hearraí an reachtaíocht eile a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm.
3. Féadfar earraí de chuid an Aontais a chur faoin nós imeachta stórála custaim nó faoin nós imeachta saorchreasa i gcomhréir leis an reachtaíocht eile atá curtha i bhfeidhm ag na húdaráis chustaim nó d'fhonn leas a bhaint as cinneadh lena gceadaítear aisíocaíocht nó loghadh dleacht ar allmhairí. Féadfar earraí de chuid an Aontais a thabhairt isteach i saorchrios agus stóras custaim agus iad a stóráil, a aistriú, a úsáid, a phróiseáil nó a thomhailt i stóras custaim nó saorchrios. I gcásanna den sórt sin ní mheasfar na hearraí a bheith faoi nós imeachta stórála.
 4. Cuirfidh an t-allmhaireoir earraí nach earraí de chuid an Aontais iad, a thugtar isteach i stóras custaim nó saorchrios, faoin nós imeachta stórála iomchuí.
 5. Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, ab nós imeachta maidir le hearraí an Aontais a chur faoi nós imeachta um stórasú custaim nó faoin nós imeachta saorchreasa amhail dá dtagraítear i mír 2. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 262(4).

Airteagal 119

Faisnéis stórála

1. Oibreoir stórais custaim nó saorchreasa, soláthróidh sé nó cuirfidh sé ar fáil do na húdaráis chustaim na sonraí íosta is gá le haghaidh chur i bhfeidhm na bhforálacha lena rialaítear stóráil na n-earraí atá ann, go háirithe na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 118(2), pointe (a), stádas custaim na n-earraí a chuirtear faoin nós imeachta stórála agus gluaiseachtaí na n-earraí sin ina dhiaidh sin.
2. I gcás ina mbeidh an fhaisnéis uile, nó cuid den fhaisnéis, dá dtagraítear i mír 1, soláthartha nó curtha ar fáil ag an allmhaireoir nó ag an iompróir cheana féin, nascfaidh oibreoir an stórais custaim nó an tsaorchreasa a fhaisnéis bhreise féin le faisnéis an allmhaireora nó an iompróra.
3. Níor cheart don oibreoir glacadh le hearraí nach bhfuil an íosfhaisnéis soláthartha nó curtha ar fáil don lucht custaim ina leith.
4. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 261, chun an Rialachán seo a fhorlíonadh tríd an íosfhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a chinneadh.

Airteagal 120

Leasú agus neamhbhailiú na faisnéise stórála

1. Féadfaidh oibreoir stórais custaim nó saorchreasa sonra amháin nó níos mó san fhaisnéis maidir leis na hearraí ina áis a leasú tar éis don fhaisnéis a bheith soláthartha nó curtha ar fáil, mura bhfuil na húdaráis chustaim tar éis an t-oibreoir a chur ar an eolas go bhfuil sé beartaithe acu scrúdú a dhéanamh ar na hearraí nó go bhfuil sé suite acu go bhfuil an fhaisnéis maidir leis na hearraí mícheart.
2. Maidir leis an bhfaisnéis réamhimeachta i gcás earraí nach dtugtar isteach i gcríoch custaim an Aontais a luaithe is féidir, déanfaidh an t-allmhaireoir, an t-iompróir nó oibreoir an stórais nó an tsaorchreasa neamhbhailí í. Maidir le faisnéis i ndáil leis na

hearraí sin, déanfaidh na húdaráis chustaim neamhbhailí í tar éis 30 lá ón dáta a soláthraíodh an fhaisnéis nó a cuireadh ar fáil í.

Airteagal 121

Ré nós imeachta stórála

1. Ní bheidh teorainn leis an tréimhse ama ar féidir earraí a choinneáil faoi nós imeachta stórála.
2. In imthosca eisceachtúla, féadfaidh na húdaráis chustaim teorainn ama a leagan síos faoina chaithfear nós imeachta stóráil ag custaim a leagan síos go háirithe i gcás ina bhféadfaidh cineál agus nádúr na n-earraí, i gcás stórála fadtéarmaí, sláinte agus beatha an duine, sláinte agus beatha ainmhithe, sláinte agus beatha plandaí nó an comhshaol a chur i mbaol.

ROINN 2

STÓRASÚ CUSTAIM

Airteagal 122

Stóráil i stórais de chuid custaim

1. Faoin nós imeachta stórasaithe custaim féadfar earraí neamh- AE a stóráil in áitreabh nó in aon láthair eile atá údaraithe don nós imeachta sin ag na húdaráis chustaim agus faoi mhaoirseacht chustaim, ('stórais chustaim').
2. Féadfar stórais chustaim a chur ar fáil d'aon allmhaireoir chun stórasú custaim a dhéanamh ar earraí ('stóras custaim poiblí'), nó do shealbhóir an údaraithe stórála custaim chun earraí a d'allmhairigh sé a stóráil ('stóras custaim príobháideach').

Airteagal 123

Údarú chun stórais chustaim a oibriú

1. Maidir le hoibriú stórais custaim, éilítear údarú ó na húdaráis chustaim ina leith sin, ach amháin más é an t-údarás custaim féin oibreoir an stórais custaim. Leagfar amach san údarú na coinníollacha le haghaidh oibriú an stórais custaim.
2. Ní thabharfar an t-údarú dá dtagraítear i mír 1 ach do dhaoine a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas:
 - (a) tá siad bunaithe i gcríoch chustaim an Aontais;
 - (b) tugann siad an ráthaíocht is gá go ndéanfaidh siad na hoibríochtaí mar is ceart;
 - (c) measfar go gcomhlíonann trádálaí Iontaoibhe agus Seiceála an coinníoll sin, a mhéid is gur cuireadh san áireamh oibriú an stórais custaim san údarú dá dtagraítear in Airteagal [25](#);
 - (d) soláthraíonn siad ráthaíocht don fhiach poitéinsiúil custaim.
3. Ní dheonófar an t-údarú dá dtagraítear i mír 1 ach amháin i gcás ina mbeidh na húdaráis chustaim in ann maoirseacht chustaim a fheidhmiú gan ghá le socrúithe riaracháin a bheadh díréireach leis na riachtanais eacnamaíocha lena mbaineann.
4. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 261, chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na

coinníollacha a chinneadh maidir leis an údarú a dheonú dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo.

Airteagal 124

Gluaiseacht earraí i stóras custaim

1. Féadfaidh na húdaráis chustaim oibreoir stórais custaim a údarú chun earraí a aistriú faoi na coinníollacha seo a leanas:
 - (a) déantar foráil maidir leis an bhféidearthacht de na hearraí a aistriú san údarú stórais custaim;
 - (b) tá oibreoir an stórais custaim ina oibreoir eacnamaíoch údaraithe Iontaoibhe agus Seiceála;
 - (c) coimeádtar taifead ar an bhfaisnéis maidir leis na gluaiseachtaí i dtaifid an oibreora agus soláthraítear nó cuirtear ar fáil í d'údaráis chustaim na háite fágála agus an chinn scríbe.
2. Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, an nós imeachta maidir le gluaiseacht earraí i stóras custaim dá dtagraítear i mír 1. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 262(4).

Airteagal 125

Próiseáil i stóras custaim

Féadfaidh na húdaráis chustaim, i gcás ina mbeidh riachtanas eacnamaíoch ann agus nach ndéantar dochar do mhaoirseacht chustaim, údarú a thabhairt go gcuirfí earraí atá i stórasú custaim faoin nós imeachta próiseála isteach nó faoin nós imeachta úsáide deiridh chun iad a phróiseáil sa stóras chustaim, faoi réir na gcoinníollacha dá bhforáiltear leis na nósanna imeachta sin.

Airteagal 126

Maoirseacht chustaim

Beidh sealbhóir an údaraithe freagrach as a áirithiú nach dtógfar earraí atá faoin nós imeachta stórasaithe custaim amach as maoirseacht custaim.

ROINN 3

SAORCHRÍOSANNA

Airteagal 127

Saorchriosanna a ainmniú

1. Féadfaidh na Ballstáit codanna de chríoch custaim an Aontais a ainmniú mar shaorchriosanna.

Maidir le gach saorchrios, cinnfidh an Ballstát an limistéar a chumhdaítear agus tabharfaidh sé sainmhíniú ar na pointí iontrála agus fágála.
2. Cuirfidh na Ballstáit faisnéis faoi na saorchriosanna atá ag oibriú i bhfios don Choimisiún.

3. Beidh saorchriosanna iata.
Beidh an imlíne agus na pointí isteach i limistéar na saorchriosanna agus na pointí amach as faoi réir maoirseachta custaim.
4. Féadfaidh daoine, earraí agus modhanna iompair a thagann isteach i saorchrios nó a théann amach as a bheith faoi réir rialuithe custaim.

Airteagal 128

Foirgnimh agus gníomhaíochtaí i saorchriosanna

1. Ní mór cead a fháil roimh ré ó na húdaráis chustaim chun aon fhoirgneamh a thógáil laistigh de shaorchrios.
2. Faoi réir na reachtaíochta custaim, ceadófar aon ghníomhaíocht thionsclaíoch, tráchtála nó seirbhíse laistigh de shaorchrios. Beidh cur i gcrích gníomhaíochtaí den sórt sin faoi réir fógra a thabhairt fóthu, roimh ré, do na húdaráis chustaim.
3. Féadfaidh na húdaráis chustaim toirmisc nó srianta a chur i bhfeidhm maidir leis na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 2, ag féachaint do chineál na n-earraí lena mbaineann, nó do riachtanais maoirseachta custaim, nó do riachtanais slándála agus sábháilteachta.
4. Daoine nach gcuireann an deimhniú is gá go bhfuiltear ag comhlíonadh na bhforálacha custaim ar fáil, féadfaidh na húdaráis chustaim bac a chur orthu dul i mbun gníomhaíochta i saorchrios.

Airteagal 129

Earraí neamh- AE i saorchriosanna

1. Fad a bheidh siad i saorchrios, féadfar earraí neamh- AE a scaoileadh i saorchúrsaíocht nó a chur faoin nós imeachta próiseála isteach, faoin nós imeachta um chead isteach sealadach nó faoin nós imeachta úsáide deiridh, faoi na coinníollacha a leagtar síos le haghaidh na nósanna sin.
I gcásanna den sórt sin ní mheasfar na hearraí a bheith faoin nós imeachta saorchreasa.
2. Gan dochar do na forálacha is infheidhme maidir le soláthairtí nó bia- earraí a stóráil, i gcás ina bhforálfar amhlaidh sa nós imeachta lena mbaineann, ní chuirfidh mír 1 bac ar úsáid ná ar thomhailt earraí nach ndéanfaí dleacht ar allmhairí ná bearta a leagtar síos faoi na comhbheartais talmhaíochta agus tráchtála nó bearta lena gcoiscítear úsáid na n-earraí sin san Aontas a chur i bhfeidhm de thoradh a scaoilte i saorchúrsaíocht ná cead isteach sealadach a thabhairt dóibh.
Éilítear le húsáid nó tomhailt den sórt sin go soláthrófaí nó go gcuirfí ar fáil an fhaisnéis iomchuí don lucht custaim.

Airteagal 130

Earraí a thabhairt amach as saorchrios

Ní fhéadfar earraí a thabhairt amach as saorchrios ach amháin má tá siad curtha faoi nós imeachta custaim eile.

Stádas Custaim

1. Ar iarratas ón duine lena mbaineann, deimhneoidh na húdaráis chustaim stádas custaim mar earraí Aontais i gcás na n-earraí seo a leanas:
 - (a) earraí Aontais a thagann isteach i saorchrios;
 - (b) earraí Aontais a ndearnadh oibríochtaí próiseála orthu laistigh de shaorchrios;
 - (c) earraí a scaoiltear i saorchúrsaíocht laistigh de shaorchrios.
2. I gcás ina dtabharfar earraí amach as saorchrios agus isteach i gcuid eile de chríoch custaim an Aontais nó má chuirtear faoi nós imeachta custaim iad, measfar iad a bheith ina n-earraí neamh- AE mura mbeidh a stádas custaim mar earraí Aontais á chruthú.
3. Ar a shon sin, d'fhonn dleacht ar onnmhairí agus ceadúnais onnmhairíochta nó bearta rialaithe onnmhairí a leagtar síos faoi chomhbheartais tráchtála nó talmhaíochta a chur i bhfeidhm, measfar gur earraí Aontais iad earraí den sórt sin mura suitear nach bhfuil stádas custaim earraí Aontais acu.

Caibidil 4 Úsáid shonrach

ROINN 1

CEAD ISTEACH SEALADACH

Raon feidhme

1. Faoi nós imeachta um chead isteach sealadach, féadfar earraí neamh- AE a bheartaítear a onnmhairiú a bheith faoi réir úsáide sonraí laistigh de chríoch custaim an Aontais, agus faoiseamh páirteach nó faoiseamh iomlán acu ó dhleacht ar allmhairí, agus gan a bheith faoi réir aon cheann díobh seo a leanas:
 - (a) muirir eile dá bhforáiltear faoi fhorálacha ábhartha eile atá i bhfeidhm;
 - (b) bearta beartais tráchtála, a mhéid nach gcuireann siad bac ar earraí a thabhairt isteach i gcríoch custaim an Aontais nó ar iad a thabhairt amach aisti.
2. Ní fhéadfar an nós imeachta um chead isteach sealadach a úsáid ach amháin ar an gcoinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha a leanas:
 - (a) nach mbeartaítear aon athrú a dhéanamh ar na hearraí, seachas an gnáth- dhíluachadh de bharr na húsáide a bhaintear astu;
 - (b) gur féidir a áirithiú gur féidir na hearraí a cuireadh faoin nós imeachta a shainaithint, ach amháin i gcás nach dóigh, ag féachaint do chineál na n-earraí nó don úsáid a bheartaítear a bhaint astu, go n-eascróidh aon mhí-úsáid as an nós imeachta d'uireasa na mbeart sainaitheanta nó, sa chás dá dtagraítear in Airteagal 109, i gcás inar féidir a fhíorú gur comhlíonadh na coinníollacha atá leagtha síos maidir le hearraí coibhéiseacha;
 - (c) i gcás ina n-éilítear é, beidh an t-údarú deonaithe i gcomhréir le hAirteagal 102 agus beidh na sonraí íosta soláthartha nó curtha ar fáil don lucht custaim sula

scaoilfear na hearraí, agus ní mór a áirithiú ar na sonraí sin, ar a laghad, i measc na sonraí sin an t-allmhaireoir atá freagrach as na hearraí, luach, tionscnamh, agus rangú taraife na n-earraí, chomh maith le tuairisc ar na hearraí agus ar úsáid bheartaithe na n-earraí;

- (d) go gcomhlíontar na ceanglais maidir le faoiseamh iomlán nó faoiseamh páirteach ó dhleacht a leagtar síos i reachtaíocht chustaim an Aontais;
 - (e) beidh na hearraí tagtha chuig críoch chustaim an Aontais;
 - (f) comhlíonfaidh na hearraí an reachtaíocht ábhartha eile a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm.
3. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun an Rialachán seo a fhorlíonadh i gcomhréir le hAirteagal 261, tríd an méid seo a leanas:
- (a) an úsáid shonrach dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo;
 - (b) na ceanglais le haghaidh faoiseamh iomlán ó dhleacht ar allmhairí dá dtagraítear i mír 2, pointe (d), den Airteagal seo.

Airteagal 133

Tréimhse ina bhféadfaidh earraí fanacht faoin nós imeachta um chead isteach sealadach

1. Cinnfidh na húdaráis chustaim an tréimhse ina gcaithfear earraí a cuireadh faoin nós imeachta um chead isteach sealadach a chur faoi nós imeachta custaim eile. Ba cheart go mbeadh an tréimhse sin fada go leor chun go bhféadfaí an cuspóir maidir le húsáid údaráithe a bhaint amach.
2. 24 mhí an tréimhse uasta ina bhféadfaidh earraí fanacht faoin nós imeachta um chead isteach sealadach chun na críche céanna agus faoi fhreagracht an tsealbhóra chéanna, fiú má urscaoileadh an nós imeachta trí na hearraí a chur faoi nós imeachta speisialta eile agus trína gcur faoin nós imeachta um chead isteach sealadach arís ina dhiaidh sin.
3. I gcás, in imthosca eisceachtúla, nach féidir an úsáid údaráithe a bhaint amach laistigh den tréimhse dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2, féadfaidh na húdaráis chustaim, síneadh a dheonú, de ré réasúnta ar an tréimhse sin ar iarratas a bhfuil call leis ón allmhaireoir.
4. Tréimhse nach mó ná 10 mbliana a bheidh sa tréimhse fhoriomlán ina bhféadfaidh earraí fanacht faoin nós imeachta um chead isteach sealadach, ach amháin i gcás nárbh fhéidir a thuar.

Airteagal 134

Méid an dleachta ar allmhairí i gcás cead isteach sealadach atá faoi fhaoiseamh páirteach ó dhleacht ar allmhairí

1. Socrófar méid na dleachta ar allmhairí maidir le hearraí a chuirfear faoin nós imeachta um chead isteach sealadach faoi fhaoiseamh páirteach ó dhleacht ar allmhairí ag 3 % de mhéid na dleachta ar allmhairí a bheadh iníoctha maidir leis na hearraí sin dá mba ar an dáta ar cuireadh faoin nós imeachta um chead isteach sealadach iad a scaoileadh i saorchúrsaíocht iad.

Beidh an méid sin iníoctha i leith gach míosa nó gach codáin de mhí inar cuireadh na hearraí faoin nós imeachta um chead isteach sealadach, le faoiseamh páirteach ó dhleacht ar allmhairí.

2. Ní rachaidh méid na dleachta ar allmhairí thar an méid a bheadh le híoc dá mba ar an dáta a cuireadh faoin nós imeachta um chead isteach sealadach iad a scaoileadh na hearraí atá i gceist i saorchúrsaíocht.

ROINN 2

ÚSÁID DEIRIDH

Airteagal 135

Nós imeachta úsáide deiridh

1. Faoin nós imeachta úsáide deiridh, féadfar earraí a scaoileadh i saorchúrsaíocht faoi dhíolúine ó dhleacht nó faoi ráta laghdaithe dleachta a fhoráiltear i reachtaíocht an Aontais ar choinníoll go sannann an t-allmhaireoir na hearraí d'úsáid shonrach.
2. An méid seo a leanas a bheidh sna coinníollacha maidir le hearraí a chur faoin nós imeachta úsáide deiridh:
 - (a) i gcás ina n-éilítear é, beidh an t-údarú deonaithe i gcomhréir le hAirteagal [102](#);
 - (b) beidh na sonraí íosta soláthartha nó curtha ar fáil don lucht custaim, agus ní mór a áirithiú ar na sonraí sin, ar a laghad, an t-allmhaireoir atá freagrach as na hearraí, an díoltóir, an ceannaitheoir, an monaróir, soláthróir an táirge i gcás ina bhfuil sé sin difriúil leis an monaróir, an t-oibreoir eacnamaíoch freagrach san Aontas de bhun Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2019/1020 agus Airt. 16 de Rialachán (AE) 2023/XXXX³², luach, tionscnamh, agus rangú taraife na n-earraí, chomh maith le tuairisc ar na hearraí, tagairt uathúil na coinsíneachta agus a suíomh, agus an liosta de reachtaíocht ábhartha eile atá curtha i bhfeidhm ag na húdaráis chustaim maidir leis na hearraí sin;
 - (c) beidh aon dleacht ar allmhairí nó aon mhuirear eile atá dlite, lena n-áirítear dleachtanna frithdhumpála, dleachtanna frithchúitimh nó bearta coimirce, íoctha nó ráthaithe, mura bhfuil na hearraí faoi réir iarratais ar tharraingt i ndáil le cuóta taraife;
 - (d) beidh na hearraí tagtha chuig críoch chustaim an Aontais;
 - (e) comhlíonfaidh na hearraí an reachtaíocht ábhartha eile a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm.
3. I gcás ina bhfuil na hearraí ag céim táirgthe a fhágann nach bhféadfaí, ar bhonn eacnamaíoch, ach an úsáid deiridh fhorordaithe a bhaint astu, féadfaidh na húdaráis chustaim na coinníollacha a shuíomh faoina bhféadfar a mheas gur baineadh úsáid astu chun na gcríoch a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais lena bhforáiltear an díolúine ó dhleacht nó an ráta laghdaithe dleachta.
4. I gcás ina bhfuil earraí oiriúnach le húsáid an athuair agus i gcás ina measann na húdaráis chustaim gur iomchuí é chun mí-úsáid a sheachaint, leanfaidh an mhaoirseacht custaim ar feadh tréimhse nach mó ná 2 bhliain tar éis an dáta a

³² [OP: cuir isteach an tagairt deiridh sa téacs – féach fonóta 19]

mbainfear úsáid astu den chéad uair chun na gcríoch a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais lena bhforáiltear an díolúine ó dhleacht nó an ráta laghdaithe dleachta.

5. Tiocfaidh deireadh le maoirseacht chustaim faoin nós imeachta úsáide deiridh in aon cheann de na cásanna seo a leanas:
 - (a) i gcás inar baineadh úsáid as na hearraí chun na gcríoch a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais lena bhforáiltear an díolúine ó dhleacht nó an ráta laghdaithe dleachta;
 - (b) i gcás ina dtugtar na hearraí amach as críoch custaim an Aontais, i gcás ina scriostar iad nó i gcás ina dtréigtear leis an Stát iad;
 - (c) i gcás inar baineadh úsáid as na hearraí chun críocha seachas na críocha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais lena bhforáiltear an díolúine ó dhleacht nó an ráta laghdaithe dleachta agus gur íocadh an dleacht ar allmhairí atá infheidhme.
6. I gcás ina dteastóidh ráta brabaigh, beidh feidhm ag Airteagal [136](#) mutatis mutandis maidir leis an nós imeachta úsáide deiridh.
7. Measfar fuíoll agus dramhaíl a thig as earraí a oibriú nó a phróiseáil i gcomhréir leis an úsáid deiridh fhorordaithe agus as cailleanais i ngeall ar dhiomailt nádúrtha, measfar iad mar earraí a shanntar don úsáid deiridh fhorordaithe.
8. Measfar fuíoll agus dramhaíl a thig as díothú earraí a chuirtear faoin nós imeachta úsáide deiridh, measfar iad mar earraí a chuirtear faoin nós imeachta stórasaithe custaim.

Caibidil 5

Próiseáil

ROINN 1

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 136

Ráta brabaigh

Seachas i gcás ina sonrófar ráta brabaigh sa reachtaíocht Aontais lena rialaítear réimsí sonracha, socróidh na húdaráis chustaim ráta brabaigh nó meánráta brabaigh na hoibríochta próiseála nó, más iomchuí, an modh trína gcinnfear an ráta sin.

Cinnfear an ráta brabaigh nó an meánráta brabaigh ar bhonn na gcúinsí iarbhir ina gcuirfear na hoibríochtaí próiseála i gcrích, nó, ina mbeidh siad le cur i gcrích. Féadfar coigeartú a dhéanamh ar an ráta sin, más iomchuí, i gcomhréir le hAirteagal [10](#).

ROINN 2

PRÓISEÁIL ISTEACH

Airteagal 137

Raon feidhme

1. Gan dochar d’Airteagal [109](#), faoin nós imeachta próiseála isteach, féadfar earraí neamh- AE a úsáid i gcríoch custaim an Aontais in oibríocht próiseála amháin nó níos mó ná sin gan a bheith faoi réir aon cheann díobh seo a leanas:
 - (a) dleacht ar allmhairí nó muirir eile, lena n-áirítear dleachtanna frithdhumpála, dleachtanna frithchúitimh nó bearta coimirce;
 - (b) bearta beartais tráchtála, a mhéid nach gcuireann siad bac ar earraí a thabhairt isteach i gcríoch custaim an Aontais nó ar iad a thabhairt amach aisti.
2. An méid seo a leanas a bheidh sna coinníollacha maidir le hearraí a chur faoin nós imeachta próiseála isteach:
 - (a) i gcás ina n-éilítear é, beidh an t-údarú deonaithe i gcomhréir le hAirteagal [102](#), le haghaidh ceann de na húsáidí dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo;
 - (b) beidh na sonraí íosta soláthartha nó curtha ar fáil don lucht custaim, agus ní mór a áirithiú ar na sonraí sin, ar a laghad, an t-allmhaireoir atá freagrach as na hearraí, an monaróir, luach, tionscnamh, agus rangú taraife na n-earraí, chomh maith le tuairisc ar na hearraí agus an liosta den reachtaíocht ábhartha eile atá curtha i bhfeidhm ag na húdaráis chustaim maidir leis na hearraí sin, mura bhforáiltear a mhalairt;
 - (c) beidh na hearraí tagtha chuig críoch chustaim an Aontais.
3. Féadfaidh na hallmhaireoirí an nós imeachta próiseála isteach a úsáid le haghaidh aon cheann de na nithe seo a leanas:
 - (a) na hearraí, a bhfuil sé beartaithe iad a chur faoi nós imeachta próiseála isteach, a dheisiú;
 - (b) na hearraí, a bhfuil sé beartaithe iad a chur faoi nós imeachta próiseála isteach, a scriosadh;
 - (c) táirgí próiseáilte a tháirgeadh, inar féidir na hearraí a chuirtear faoi nós imeachta próiseála isteach a shainaithint, gan dochar d’úsáid comhghabhálas táirgthe;
 - (d) oibríochtaí a bhfuiltear ina mbun ar na hearraí a chuirtear faoi nós imeachta próiseála isteach chun a áirithiú go gcomhlíonann siad na ceanglais theicniúla maidir lena scaoileadh i saorchúrsaíocht;
 - (e) na hearraí a chuirtear faoi nós imeachta próiseála isteach a láimhseáil ar na gnáthbhealaí i gcomhréir le hAirteagal 108;
 - (f) táirgí próiseáilte a tháirgeadh lena mbaineann earraí atá coibhéiseach leis na hearraí a chuirtear faoin nós imeachta próiseála isteach i gcomhréir le hAirteagal 109.

Airteagal 138

Tréimhse don urscaoileadh

1. Sonróidh na húdaráis chustaim an tréimhse inar gá an nós imeachta próiseála isteach a urscaoileadh, i gcomhréir le hAirteagal [105](#).
Rithfidh an tréimhse sin ón dáta a gcuirfear na hearraí neamh- AE faoin nós imeachta agus cuirfear san áireamh an méid ama is gá chun na hoibríochtaí próiseála a thabhairt chun críche agus an nós imeachta a urscaoileadh.
2. Féadfaidh na húdaráis chustaim síneadh a dheonú, ar feadh ré réasúnta, leis an tréimhse a shonraítear de bhun mhír 1 ach ar iarratas a bhfuil call leis a bheith taiscthe ag sealbhóir an údaráithe chuige sin.
Féadfar a shonrú san údarú go gcríochnóidh tréimhse a thosaíonn le linn míosa, ráithe nó seimeastair ar an lá deireanach de mhí, de ráithe nó de sheimeastar ina dhiaidh sin, faoi seach.
3. I gcás réamh- onnmhairithe i gcomhréir le hAirteagal 109(2), pointe [\(c\)](#), sonróidh an t-údarú an tréimhse inar gá na hearraí neamh- AE a dhearbhu le haghaidh an nós imeachta próiseála isteach, agus an t-am is gá lena soláthar agus lena n-iompar go críoch custaim an Aontais á chur san áireamh.
Is i míonna a bheidh an tréimhse dá dtagraítear sa chéad fhomhír agus ní rachaidh sé thar 6 mhí. Mairfidh an tréimhse sin ón dáta ar glacadh leis an dearbhú onnmhairíochta a bhaineann leis na táirgí próiseáilte a fhaightear ó na hearraí coibhéiseacha comhfhreagracha.
4. Arna iarraidh sin do shealbhóir an údaráithe, féadfar an tréimhse 6 mhí dá dtagraítear i mír 3 a fhadú, fiú amháin tar éis di dul in éag, ar choinníoll nach rachaidh an tréimhse iomlán thar 12 mhí.

Airteagal 139

Onnmhairiú sealadach le haghaidh próiseála breise

Ar iarratas a fháil, féadfaidh na húdaráis chustaim, údarú a thabhairt go bhféadfar roinnt de na hearraí nó na hearraí uile a cuireadh faoin nós imeachta próiseála isteach, nó na táirgí próiseáilte, a onnmhairiú chun críocha próiseála breise lasmuigh de chríoch custaim an Aontais, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos le haghaidh an nós imeachta próiseála amach.

ROINN 3

PRÓISEÁIL AMACH

Airteagal 140

Raon feidhme

1. Faoin nós imeachta próiseála amach, féadfar earraí Aontais a onnmhairiú ar bhonn sealadach ó chríoch custaim an Aontais chun go ndéanfaí oibríochtaí próiseála orthu. Féadfar na táirgí próiseáilte a dhéanfar as na hearraí sin a scaoileadh i saorchúrsaíocht faoi fhaoiseamh iomlán nó faoi fhaoiseamh páirteach ó dhleacht ar allmhairí ar iarratas ó shealbhóir an údaráithe nó ó aon duine eile atá bunaithe i gcíoch custaim an Aontais, ar choinníoll go bhfuarthas toiliú shealbhóir an údaráithe agus go gcomhlíonfar coinníollacha an údaráithe.

2. An méid seo a leanas a bheidh sna coinníollacha maidir le hearraí a chur faoi phróiseáil amach:
 - (a) i gcás ina n-éilítear é, beidh an t-údarú deonaithe i gcomhréir le hAirteagal [102](#) agus leis an Airteagal seo;
 - (b) beidh na sonraí íosta soláthartha nó curtha ar fáil don lucht custaim, agus ní mór a áirithiú ar na sonraí sin, ar a laghad, an t-onnmhaireoir atá freagrach as na hearraí, an díoltóir, an ceannaitheoir, an monaróir, luach, tionscnamh, agus rangú taraife na n-earraí, agus tuairisc ar na hearraí;
 - (c) beidh aon dleacht ar onnmhairí nó aon mhuirear eile atá dlite íoctha nó ráthaithe;
 - (d) comhlíonfaidh na hearraí an reachtaíocht ábhartha eile a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm;
3. Ní dheonóidh na húdaráis chustaim údarú le haghaidh nós imeachta próiseála amach i gcás aon cheann de na hearraí Aontais seo a leanas:
 - (a) earraí a mbeadh aisíocaíocht nó loghadh dleachta ar allmhairí mar thoradh ar a n-onnmhairiú;
 - (b) earraí a scaoileadh i saorchúrsaíocht faoi dhíolúine ó dhleacht nó faoi ráta laghdaithe dleachta de bhua a n-úsáide deiridh, sular onnmhairíodh iad, fad nach mbeidh cuspóirí na húsáide deiridh sin comhlíonta, seachas má dhéantar oibríochtaí deisiúcháin ar na hearraí sin;
 - (c) earraí a mbeadh deonú aisíocaí ar onnmhairí mar thoradh ar a n-onnmhairiú;
 - (d) earraí a ndéanfaítear buntáiste airgeadais seachas na haisíocaí dá dtagraítear i bpointe (c) ina leith faoin gcomhbheartas talmhaíochta de bhua onnmhairiú na n-earraí sin.
4. Sonróidh na húdaráis chustaim an tréimhse ar laistigh di is gá earraí a onnmhairítear ar bhonn sealadach a ath- allmhairiú i gcríoch custaim an Aontais i bhfoirm táirgí próiseáilte, agus a scaoileadh i saorchúrsaíocht, chun leas a bhaint as faoiseamh iomlán nó faoiseamh páirteach ó dhleacht ar allmhairí. Féadfaidh siad, síneadh a dheonú de ré réasúnta, den tréimhse sin, ar iarratas a bhfuil call leis ó shealbhóir an údaráithe.

Airteagal 141

Earraí a deisíodh nó earraí ar cuireadh earraí nua ina n-ionad saor in aisce

1. I gcás ina ndeimhneofar chun sástacht na n-údarás custaim gur deisíodh earraí saor in aisce nó gur cuireadh earraí nua ar fáil in ionad na n-earraí bunaidh saor in aisce, de bharr oibleagáid chonarthach nó de bharr oibleagáid reachtúil a d'eascair as ráthaíocht nó de bharr fabht déantúsaíochta nó fabht san ábhar, nó toisc nár chomhlíon na hearraí na sonraíochtaí a d'iarr an ceannaitheoir ar dhíoltóir na n-earraí, deonófar faoiseamh iomlán ina leith ó dhleacht ar allmhairí.
2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 i gcás inar cuireadh an fabht monaraíochta nó an fabht san ábhar san áireamh tráth ar scaoileadh na hearraí lena mbaineann i saorchúrsaíocht den chéad uair.

Airteagal 142

Earraí arna ndeisiú nó arna n-athrú i gcomhthéacs comhaontuithe idirnáisiúnta

1. Deonófar faoiseamh iomlán ó dhleacht ar allmhairí do tháirgí próiseáilte de thoradh ar earraí atá faoin nós imeachta próiseála amach i gcás ina ndeimhneofar an méid seo a leanas chun sástacht na n-údarás custaim:
 - (a) deisíodh nó athraíodh na hearraí i dtríú tír a bhfuil comhaontú idirnáisiúnta tugtha i gcrích ag an Aontas léi lena bhforáiltear an faoiseamh sin; agus
 - (b) tá na coinníollacha le haghaidh an fhaoisimh ó dhleacht ar allmhairí a leagtar síos sa chomhaontú dá dtagraítear i bpointe (a) comhlíonta.
2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir le táirgí próiseáilte de thoradh ar earraí combhionanna dá dtagraítear in Airteagal [109](#) ná maidir le táirgí athsholáthair dá dtagraítear in Airteagal [143](#) agus Airteagal [144](#).

Airteagal 143

Córas malartaithe caighdeánach

1. Faoin gcóras malartaithe caighdeánach, féadfaidh táirge allmhairithe ('táirge athsholáthair') ionad táirge phróiseáilte a ghabháil i gcomhréir le mír 2 go mír 5.
2. Údaróidh na húdaráis chustaim, ar iarratas a fháil, an córas malartaithe caighdeánach a úsáidfear nuair a bhainfidh an oibríocht próiseála le deisiúchán earraí fabhtacha Aontais seachas na hearraí atá faoi réir beart a leagtar síos faoin gcomhbheartas talmhaíochta nó faoi réir na socruithe sonracha atá infheidhme maidir le hearraí áirithe a eascraíonn as próiseáil táirgí talmhaíochta.
3. Beidh an cód Ainmníochta Comhcheangailte ocht ndigit céanna, an cháilíocht tráchtála chéanna agus na tréithe teicniúla céanna ag na táirgí athsholáthair agus a bheadh ag na hearraí fabhtacha dá ndéanfaí deisiúchán orthu.
4. I gcás inar baineadh úsáid as na hearraí fabhtacha sular onnmhairíodh iad, ní mór úsáid a bheith bainte as na táirgí athsholáthair freisin.

Tarscaoilfidh na húdaráis chustaim an ceanglas a leagtar síos sa chéad fhomhír, áfach, más rud é gur cuireadh an táirge athsholáthair ar fáil saor in aisce, de bharr oibleagáide conarthaí nó de bharr oibleagáide reachtúla mar chuid de ráthaíocht nó de bharr fabht sa mhonaraíocht nó san ábhar.
5. Na forálacha a bheadh infheidhme maidir leis na táirgí próiseáilte, beidh feidhm acu freisin maidir leis na táirgí athsholáthair.

Airteagal 144

Réamh- allmhairiú táirgí athsholáthair

1. Údaróidh na húdaráis chustaim, faoi na coinníollacha a leagann siad síos, ar iarratas ón duine lena mbaineann, táirgí athsholáthair a allmhairiú sula n-onnmhaireofar na hearraí fabhtacha.

I gcás ina ndéanfar réamh- allmhairiú den sórt seo ar tháirge athsholáthair, cuirfear ráthaíocht ar fáil lena gcumhdófar méid na dleachta ar allmhairí a bheadh le híoc i gcás nach n-onnmhaireofaí na hearraí fabhtacha i gcomhréir le mír 2.

2. Onnmhaireofar na hearraí fabhtacha laistigh de thréimhse 2 mhí ón dáta a nglacfaidh na húdaráis chustaim leis an dearbhú chun na táirgí athsholáthair a scaoileadh i saorchúrsaíocht.
3. I gcás, in imthosca eisceachtúla, nach féidir an úsáid údaráithe a bhaint amach laistigh den thréimhse dá dtagraítear i mír 2, féadfaidh na húdaráis chustaim, síneadh a bhronnadh, de ré réasúnta ar an thréimhse sin, ar iarratas a bhfuil call leis ó shealbhóir an údaráithe.

Teideal IX

RANGÚ TARAIFE, TIONSCNAMH AGUS LUACH EARRAÍ

Caibidil 1

Comhtharaif Custaim agus rangú earraí de réir taraife

Airteagal 145

Comhtharaif Chustaim agus faireachas custaim

1. Beidh dleacht a dhlitear ar allmhairí agus ar onnmhairí bunaithe ar an gComhtharaif Custaim.
Déanfar bearta eile a fhorordóidh forálacha an Aontais lena rialófar réimsí sonracha i ndáil le trádáil in earraí a chur i bhfeidhm, i gcás inarb iomchuí sin, i gcomhréir le rangú taraife na n-earraí sin.
2. Cuimseofar na nithe uile seo a leanas sa Chomhtharaif Custaim:
 - (a) Ainmníocht Chomhcheangailte na n-earraí mar a leagtar síos í i Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87;
 - (b) aon ainmníocht eile bunaithe go hiomlán nó go páirteach ar an Ainmníocht Chomhcheangailte, nó a fhorálann do bhreis foranna léi, agus a bhunaítear le forálacha de chuid an Aontais lena rialaítear réimsí sonracha d'fhonn bearta taraife i ndáil le trádáil in earraí a chur i bhfeidhm;
 - (c) an dleacht uathrialach traidisiúnta nó an gnáthdhleacht uathrialach custaim is infheidhme maidir le hearraí a fholaítear leis an Ainmníocht Chomhcheangailte;
 - (d) na bearta fabhracha taraife atá i gcomhaontuithe a thug an tAontas i gcrích le tríú tíortha áirithe nó le grúpaí tríú tíortha;
 - (e) na bearta fabhracha taraife a ghlac an tAontas go haontaobhach i ndáil le tríú tíortha áirithe le grúpaí tríú tíortha;
 - (f) bearta uathrialacha lena bhforáiltear do laghdú nó do dhíolúine ó dhleacht custaim i leith earraí áirithe;
 - (g) cóireáil fhabhrach taraife a shonraítear le haghaidh earraí áirithe mar gheall ar a gcineál nó ar a n-úsáid deiridh, faoi chuimse na mbeart dá dtagraítear faoi phointí (c) go (f) nó (h);
 - (h) bearta eile dá bhforáiltear sa reachtaíocht talmhaíochta, nó sa reachtaíocht tráchtála nó i reachtaíocht eile de chuid an Aontais atá bunaithe ar rangú taraife na n-earraí, go háirithe, dleacht frithdhumpála shealadach nó chinntitheach, dleacht frithchúitimh nó beart coimirce.

3. I gcás ina gcomhlíonfaidh na hearraí lena mbaineann na coinníollacha a bheidh sna bearta a leagtar síos i mír 2, pointí (d) go (g), féadfaidh feidhm a bheith ag na bearta sin in ionad na mbeart dá bhforáiltear i bpointe (c) den mhír sin. Féadfar na bearta sin a chur i bhfeidhm go cúlghabhálach, ar choinníoll go gcloífear leis na teorainneacha ama agus leis na coinníollacha a leagtar síos sa bheart ábhartha nó sa Rialachán seo agus:
 - (a) a mhéid a bhaineann leis na bearta a leagtar síos i bpointí (d) agus (e), déanfaidh siad foráil maidir le cur i bhfeidhm cúlghabhálach den sórt sin;
 - (b) a mhéid a bhaineann leis na bearta a leagtar síos i bpointe (d), ceadóidh an tríú tír nó an grúpa tríú tíortha cur i bhfeidhm cúlghabhálach den sórt sin.
4. I gcás ina ndéanfar cur i bhfeidhm na mbeart dá dtagraítear i mír 2, pointí (d) go (g), nó an díolúine ó bhearta dá dtagraítear i bpointe (h) di, a theorannú d'oiread áirithe allmhairí nó onnmhairí, scoirfidh an cur i bhfeidhm sin nó an díolúine sin, i gcás cuótaí taraife nó cuótaí eile, a luaithe a ghnóthófar an méid sonraithe allmhairí nó onnmhairí.
 I gcás uasteorainneacha taraife scoirfidh an cur i bhfeidhm sin de bhua gnímh dhlíthiúil ón Aontas.
5. Diúltóidh na húdaráis chustaim do chur i bhfeidhm na taraife simplithe le haghaidh ciandíolachán i gcás ina suífidh siad, bunaithe ar shonraí ábhartha oibiachtúla, go raibh ciandíol earraí a allmhairíodh ó thríú tíortha beartaithe do dhaoine nárbh iad na daoine céanna iad dar tagraíodh in Airteagal 14(2)(a) den Treoir CBL.
6. Féadfaidh an Coimisiún a cheadú go ndéanfaí faireachas custaim ar scaoileadh i saorchúrsaíocht na n-earraí, a n-onnmhairiú agus ar an bpróiseas lena gcuirfear na hearraí faoi nósanna imeachta speisialta áirithe, chun na gcríoch dá dtagraítear in Airteagal 31(4).
7. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na bearta maidir le bainistiú aonfhoirmeach na gcuótaí taraife agus cuótaí eile agus na n-uasteorainneacha taraife agus uasteorainneacha eile dá dtagraítear i mír 4 agus bainistiú an fhaireachais custaim dá dtagraítear i mír 6. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 262(4).

Airteagal 146

Rangú earraí de réir taraife

1. Chun an Chomhtharaif Custaim a chur i bhfeidhm, is éard é rangú taraife earraí ceann d'fho- cheannteidil nó d'fhoranna breise na hAinmníochta Comhcheangailte faoina mbeidh na hearraí sin le rangú a chinneadh.
2. Chun na bearta neamhtharaife a chur i bhfeidhm, is éard é rangú taraife earraí ceann d'fho- cheannteidil nó d'fhoranna breise na hAinmníochta Comhcheangailte faoina mbeidh na hearraí sin le rangú, nó ceann d'fho- cheannteidil nó d'fhoranna breise aon ainmníochta eile a shocrófar le forálacha de chuid an Aontais agus a bhunófar go hiomlán nó go páirteach ar an Ainmníocht Chomhcheangailte nó a fhorálfaidh do bhreis foranna a chur léi, faoina mbeidh na hearraí sin le rangú a chinneadh.

3. Bainfear úsáid as an bhfo- cheannteideal nó as an bhforoinn bhreise a chinnfear i gcomhréir le mír 1 agus le mír 2 chun na bearta a bhfuil ceangal idir iad agus an fo- cheannteideal sin a chur i bhfeidhm.
4. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, rangú taraife na n-earraí a chinneadh i gcomhréir le míreanna 1 agus 2. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 262(4).

Ar mhórchúiseanna práinne a bhfuil call cuí leo a bhaineann leis an ngá a áirithiú go mear go gcuirfear an Ainmníocht Chomhcheangailte i bhfeidhm i gceart agus go haonfhoirmeach, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme is infheidhme gan mhoill i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 262(5).

Caibidil 2

Tionscnamh earraí

Airteagal 147

Tionscnamh neamhfhabhrach

Úsáidfear na rialacha d'fhonn tionscnamh neamhfhabhrach earraí a chinneadh a leagtar síos in Airteagail [148](#) agus [149](#) chun na nithe a leanas a chur i bhfeidhm:

- (a) an Chomhtharaif Chustaim, ach amháin na bearta dá dtagraítear in Airteagail 145(2), pointí [\(d\)](#) agus [\(e\)](#);
- (b) bearta, seachas bearta taraife, a bhunaítear le forálacha de chuid an Aontais lena rialaítear réimsí sonracha a bhaineann le trádáil in earraí; agus
- (c) bearta eile de chuid an Aontais a bhaineann le tionscnamh earraí.

Airteagal 148

Éadáil tionscnaimh

1. Earraí a fhaightear go hiomlán i dtír amháin nó i gcríoch amháin, measfar go bhfuil a n-áit tionscnaimh sa tír sin nó sa chríoch sin.
2. Earraí a bhfuil níos mó ná tír nó críoch amháin bainteach lena dtáirgeadh, measfar gur de thionscnamh na tíre nó na críche ina ndearnadh an phróiseáil shubstainteach dheireanach nó an t-oibriú substainteach deireanach orthu, a raibh bunús leis an bpróiseáil nó an oibriú sin ó thaobh na heacnamaíochta, i ngnóthas a fheistítear chun na críche sin, a mbeidh monarú táirge nua mar thoradh air nó ar chéim thábhachtach sa mhonarú í.
3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 261 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí bhíthin rialacha a leagan síos faoina measfar go bhfuarthas earraí, a bhfuil cinneadh maidir le tionscnamh neamhfhabhrach ag teastáil ina leith chun bearta an Aontais dá dtagraítear in Airteagal [147](#) a chur i bhfeidhm, go huile i dtír nó i gcríoch amháin nó a meastar go ndearnadh an phróiseáil shubstainteach dheireanach nó an t-oibriú substainteach deireanach orthu, a raibh bunús leis an bpróiseáil nó an oibriú sin ó thaobh na heacnamaíochta de, i ngnóthas a fheistítear chun na críche sin, a bhfuil

monarú táirge nua mar thoradh air nó ar céim thábhachtach sa mhonarú í, i dtír nó i gcúroch, i gcomhréir le míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo.

Airteagal 149

Cruthúnas ar thionscnamh neamhfhabhrach

1. I gcás ina bhfuil tionscnamh na n-earraí curtha in iúl ag an allmhaireoir de bhun na reachtaíochta custaim, féadfaidh na húdaráis chustaim cruthúnas ar thionscnamh na n-earraí a éileamh.
2. I gcás ina ndéanfar cruthúnas ar thionscnamh earraí a chur ar fáil de bhun na reachtaíochta custaim nó de bhun reachtaíochta eile de chuid an Aontais lena rialaítear réimsí áirithe, féadfaidh na húdaráis chustaim, i gcás amhrais réasúnaigh, aon fhianaise bhreise a éileamh a theastaíonn lena áirithiú go gcomhlíonfaidh sonrú an tionscnaimh na rialacha a leagfar síos leis an reachtaíocht ábhartha de chuid an Aontais.
3. I gcás ina n-éileoidh riachtanais trádála amhlaidh, féadfar doiciméad lena gcruthófar tionscnamh a eisiúint san Aontas, i gcomhréir leis na rialacha tionscnaimh atá i bhfeidhm sa tír nó sa chúroch chinn scribe nó le haon mhodh eile lena n-aithnítear an tír ina bhfuarthas na hearraí go huile nó ina ndearnadh an claochlú substainteach deireanach orthu.
4. I gcás ina bhfuil roghnaithe ag an allmhaireoir an chóireáil shimplithe taraife a chur i bhfeidhm maidir le ciandíolacháin dá dtagraítear in Airteagal 156(2), ní cheanglóidh na húdaráis chustaim ar an allmhaireoir cruthúnas ar thionscnamh na n-earraí a thabhairt.
5. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na rialacha nós imeachta maidir le cruthúnas ar thionscnamh a sholáthar agus a fhíorú. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 262(4).

Airteagal 150

Tionscnamh fabhrach earraí

1. Le go dtairbheoidh siad de na bearta dá dtagraítear in Airteagal 145(2), pointí (d) agus (e), nó de bhearta fabhracha neamhtharaife, comhlíonfaidh earraí na rialacha maidir le tionscnamh fabhrach dá dtagraítear i mír 2 go 5 den Airteagal seo.
2. I gcás earraí a thairbhíonn de bhearta fabhracha atá i gcomhaontuithe, a thug an tAontas i gcúroch le tríú tíortha áirithe nó le grúpaí tíortha den sórt, leagfar síos na rialacha maidir le tionscnamh fabhrach sna comhaontuithe sin.
3. I gcás earraí a thairbhíonn de bhearta fabhracha a ghlac an tAontas go haontaobhach i ndáil le tríú tíortha áirithe nó le grúpaí tíortha den sórt sin, seachas na tíortha dá dtagraítear i mír 5, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmlichte i gcomhréir le hAirteagal 261 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí bhíthin rialacha maidir le tionscnamh fabhrach a leagan síos. Bunófar na rialacha sin ar an gcritéar go bhfaightear na hearraí go huile as próiseáil nó as oibriú leordhóthanach nó ar an gcritéar go bhfuil na hearraí mar thoradh ar phróiseáil nó ar oibriú leordhóthanach
4. I gcás earraí a thairbhíonn de bhearta fabhracha is infheidhme sa trádáil idir críoch chustaim an Aontais agus Ceuta agus Melilla mar atá i bPrótacal 2 atá i gceangal le

hIonstraim Aontachais 1985, glacfar na rialacha maidir le tionscnamh fabhrach i gcomhréir le hAirteagal 9 den Phrótacal sin.

5. I gcás earraí a thairbhíonn de bhearta fabhracha atá i socruithe fabhracha i bhfabhar na dtíortha agus na gcríocha thar lear atá comhlachaithe leis an Aontas, glacfar na rialacha maidir le tionscnamh fabhrach i gcomhréir le hAirteagal 203 CFAE.
6. Ar a thionscnamh féin nó arna iarraidh sin do thír is tairbhí nó do chríoch is tairbhí, féadfaidh an Coimisiún, le haghaidh earraí áirithe, maolú sealadach ó na rialacha maidir le tionscnamh fabhrach dá dtagraítear i mír 3 a dheonú ar an tír nó ar an gcríoch sin.

Tabharfar údar leis an maolú sealadach ag féachaint do cheann amháin de na cúiseanna seo a leanas:

- (a) le gnéithe inmheánacha nó seachtracha, baintear an cumas na rialacha maidir le tionscnamh fabhrach a chomhlíonadh den tír is tairbhí nó den chríoch is tairbhí go sealadach;
 - (b) teastaíonn am ón tír is tairbhí nó ón gcríoch is tairbhí chun í féin a ullmhú chun na rialacha sin a chomhlíonadh.
7. Cuirfidh an tír is tairbhí nó an chríoch is tairbhí lena mbaineann iarratas ar mhaolú faoi bhráid an Choimisiúin. Luafar san iarratas, mar a chuirtear in iúl sa dara fhomhír, cén fáth go bhfuil gá leis an maolú agus beidh doiciméid tacaíochta iomchuí ann.
 8. Beidh an maolú sealadach teoranta do thréimhse éifeachtaí na ngnéithe inmheánacha nó seachtracha arbh iad ba chúis leis an maolú nó an tréimhse ama a bheidh ag teastáil ón tír is tairbhí nó ón gcríoch is tairbhí chun comhlíonadh na rialacha a bhaint amach.
 9. I gcás ina dheonófar maolú, comhlíonfaidh an tír is tairbhí nó an chríoch is tairbhí lena mbaineann aon cheanglas a leagtar síos maidir leis an bhfaisnéis atá le cur ar fáil don Choimisiún i ndáil le húsáid an mhaolaithe agus le bainistiú na gcainníochtaí a dheonaítear an maolú ina leith.
 10. I gcás ina bhfuil roghnaithe ag an allmhaireoir an chóireáil shimplithe taraife a chur i bhfeidhm maidir le ciandíolacháin, ní fhéadfaidh an t-allmhaireoir tairbhiú de na bearta dá dtagraítear in Airteagal 145(2), pointí [\(d\)](#) agus [\(e\)](#), nó de bhearta fabhracha neamhtharaife.
 11. Glacfaidh an Coimisiún an méid a leanas trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme:
 - (a) na rialacha nós imeachta maidir le tionscnamh fabhrach earraí chun críocha na mbeart dá dtagraítear i mír 1;
 - (b) beart lena ndeonaítear an maolú sealadach, dá dtagraítear i mír 6 do thír thairbhíoch nó do chríoch thairbhíoch.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 262(4).

Airteagal 151

Cinneadh maidir le tionscnamh earraí sonracha

Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, bearta a ghlacadh chun tionscnamh earraí sonracha a chinneadh i gcomhréir leis na rialacha tionscnaimh is

infheidhme maidir leis na hearraí sin. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 262(4).

Ar mhórchúiseanna práinne i ndáil le bearta den sórt sin, a mbeidh call cuí leo de bharr an ghá a áirithiú go mear go gcuirfear rialacha maidir le tionscnamh i bhfeidhm i gceart agus go haonfhoirmeach, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme is infheidhme gan mhoill i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 262(5).

Caibidil 3

Luach earraí chun críocha custaim

Airteagal 152

Raon feidhme

Cinnfear, i gcomhréir le hAirteagail [153](#) agus [157](#), luach custaim earraí chun críocha chur i bhfeidhm na Comhtharaise Custaim agus na mbeart neamhtharaise a leagfar síos le forálacha de chuid an Aontais lena rialaítear réimsí sonracha a bhaineann le trádáil in earraí.

Airteagal 153

Modh luachála custaim bunaithe ar luach an idirbhirt

1. Is é príomhbhunús luach custaim earraí luach an idirbhirt, eadhon an praghas iarbhír a íocadh nó a bheidh iníoctha i leith earraí nuair a dhíoltar iad lena n-onnmhairiú go dtí críoch chustaim an Aontais, agus é oiriúnaithe, i gcomhréir le hAirteagail 154 agus 155.
2. An praghas a íocadh iarbhír nó atá iníoctha iarbhír, is éard a bheidh ann an íocaíocht iomlán a dhéanann nó a dhéanfaidh an ceannaitheoir leis an díoltóir nó a dhéanann nó a dhéanfaidh an ceannaitheoir le tríú páirtí chun leasa an díoltóra ar na hearraí allmhairithe é agus cuimsíonn sé na híocaíochtaí uile a rinneadh nó a bheidh le déanamh mar choinníoll a ghabhann le díol na n-earraí allmhairithe.
3. Beidh feidhm ag an luach idirbhirt ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha uile seo a leanas:
 - (a) nach mbeidh aon srianta ar an díoltóir maidir le diúscairt nó le húsáid na n-earraí, seachas ceann ar bith de na srianta seo a leanas:
 - (i) srianta a fhorchuirtear nó a cheanglaítear le dlí nó a fhorchuireann nó a cheanglaíonn údaráis phoiblí san Aontas;
 - (ii) teorainneacha an limistéir gheografaigh ina bhféadfar na hearraí a dhíol an athuair;
 - (iii) srianta nach ndéanfaidh difear substainteach do luach custaim na n-earraí;
 - (b) nach mbeidh an díol nó an praghas faoi réir aon choinníll nó aon toisce nach féidir a luach a chinneadh i ndáil leis na hearraí a bheidh á luacháil;
 - (c) nach bhfabhróidh aon chuid d'fháltas aon athdhíola, ná aon diúscairthe ná aon athúsáide earraí ag an díoltóir ina dhiaidh sin, go díreach nó go hindíreach don díoltóir, murar féidir coigeartú iomchuí a dhéanamh;
 - (d) nach mbeidh gaol ag an díoltóir leis an gceannaitheoir nó nach mbeidh tionchar ag an ngaol ar an bpraghas.

4. Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na rialacha nós imeachta maidir le cinneadh an luacha custaim i gcomhréir le míreanna 1 agus 2, lena n-áirítear na rialacha siúd maidir leis an bpraghas iarbhír a íocadh nó atá le híoc a choigeartú, agus maidir le cur i bhfeidhm na gcoinníollacha dá dtagraítear i mír 3. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 262(4).

Airteagal 154

Gnéithe de luach an idirbhirt

1. Agus an luach custaim á chinneadh faoi Airteagal [153](#), déanfar an praghas iarbhír a íocadh nó an praghas iarbhír a bheidh le híoc ar na hearraí allmhairithe a fhorlíonadh leis an méid seo a leanas:
- (a) na nithe seo a leanas, a mhéid a dtabhaíonn an ceannaitheoir iad ach nach n-áirítear iad sa phraghas iarbhír a íocadh nó sa phraghas iarbhír a bheidh le híoc ar na hearraí:
 - (i) coimisiún agus bróicéireacht, ach amháin coimisiún ceannaigh;
 - (ii) costas na ngabhdán a mbreathnaítear orthu, chun críocha custaim, bheith mar chuid de na hearraí atá i gceist; agus
 - (iii) costas an phacáistiú, bíodh le haghaidh saothair nó ábhar;
 - (b) luach na n-earraí agus na seirbhísí a leanas, cionroinnte de réir mar is iomchuí, i gcás ina soláthraíonn an ceannaitheoir iad go díreach nó go hindíreach saor in aisce nó ar chostas laghdaithe chun leas a bhaint astu i dtaca leis na hearraí allmhairithe a tháirgeadh nó a dhíol le haghaidh onnmhairiú, a mhéid nach n-áiríodh an luach sin sa phraghas iarbhír a íocadh nó sa phraghas iarbhír a bheidh le híoc:
 - (i) ábhair, comhpháirteanna, codanna agus ítimí comhchosúla a chorpraítear sna hearraí allmhairithe;
 - (ii) uirlisí, ruaimeanna, múnlaí agus ítimí comhchosúla a úsáidtear chun táirgí allmhairithe a phróiseáil;
 - (iii) ábhair a caitheadh chun táirgí allmhairithe a phróiseáil; agus
 - (iv) innealtóireacht, forbairt, obair ealaíne, dearthóireacht, agus bonnchlónna agus sceitsí a rinneadh in áit éigin eile lasmuigh den Aontas agus is gá chun na táirgí allmhairithe a phróiseáil;
 - (c) ríchíosanna agus táillí ceadúnais a bhaineann leis na hearraí atá á luacháil a gcaithfidh an ceannaitheoir íoc astu, go díreach nó go hindíreach, mar choinníoll a ghabhann le díol na n-earraí atá á luacháil, a mhéid nach n-áirítear na ríchíosanna ná na táillí sin sa phraghas iarbhír a íocadh nó sa phraghas iarbhír a bheidh le híoc;
 - (d) luach aon chuid d'fháltas aon athdhíola, aon diúscartha nó aon athúsáide earraí a fhabhróidh go díreach nó go hindíreach don díoltóir; agus
 - (e) na costais seo a leanas go dtí an áit a dtabharfar na hearraí isteach i gcríoch chustaim an Aontais:
 - (i) an costas a ghabhann leis na hearraí allmhairithe a iompar agus a árachú; agus

- (ii) muirir luchtaithe agus láimhseála a bhaineann leis na hearraí allmhairithe a iompar.
- 2. Is ar bhonn sonraí oibiachtúla, inchainníochtaithe amháin a chuirfear leis an bpraghas iarbhír a íocadh nó leis an bpraghas iarbhír a bheidh le híoc de bhun mhír 1.
- 3. Ní chuirfear suimeanna breise leis an bpraghas iarbhír a íocadh ná leis an bpraghas iarbhír a bheidh le híoc agus an luach custaim á chinneadh ach amháin mar a fhoráiltear san Airteagal seo.
- 4. Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na rialacha nós imeachta maidir le cinneadh an luacha custaim i gcomhréir leis an Airteagal seo, lena n-áirítear na rialacha siúd maidir leis an bpraghas iarbhír a íocadh nó atá le híoc a choigeartú. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 262(4).

Airteagal 155

Gnéithe nach n-áireofar leis an luach custaim

1. Agus an luach custaim á chinneadh faoi Airteagal [153](#), ní áireofar aon cheann de na nithe seo a leanas:
 - (a) costas na hearraí allmhairithe a iompar tar éis dóibh iontráil isteach i gcórch custaim an Aontais;
 - (b) muirir ar na hearraí allmhairithe amhail gléasra, innealra nó trealamh tionsclaíoch a thógáil, a chur in airde, a chur le chéile, a chothabháil nó cúnamh teicniúil a thabhairt dóibh, agus a dhéanfar tar éis iontráil na n-earraí isteach i gcórch custaim an Aontais;
 - (c) muirir ar ús faoi shocrú maoiniúcháin a rinne an ceannaitheoir agus a bhaineann leis na hearraí allmhairithe a cheannach, beag beann ar an é an díoltóir nó duine eile a chuir an maoiniú sin ar fáil, ar choinníoll go ndearnadh an socrú maoiniúcháin i scríbhinn agus má éilítear sin, go bhféadfaidh an díoltóir a léiriú go bhfuil na coinníollacha seo a leanas á gcomhlíonadh:
 - (i) gur díoladh na hearraí i ndáiríre ar an bpraghas a dhearbhaítear gurb é an praghas iarbhír é a íocadh nó an praghas iarbhír a bheidh le híoc;
 - (ii) nach sáraíonn an ráta úis a éilítear an leibhéal a bheidh i réim do na hidirbhearta sin sa tír ina gcuirtear an maoiniú ar fáil, ag an am sin;
 - (d) muirir ar an gceart na hearraí allmhairithe a atáirgeadh san Aontas; coimisiún ceannaigh;
 - (e) dleachta ar allmhairí nó muirir eile atá iníoctha san Aontas mar gheall ar na hearraí a allmhairiú nó a dhíol;
 - (f) d'ainneoin Airteagal 154(1), pointe (c), íocaíochtaí a rinne an ceannaitheoir ionas go mbeadh sé de cheart aige na hearraí allmhairithe a dháileadh nó a dhíol an athuair, murar coinníoll iad na híocaíochtaí sin a ghabhann le díol na n-earraí le haghaidh onnmhairiú leis an Aontas.
2. Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na rialacha nós imeachta maidir le cinneadh an luacha custaim i gcomhréir leis an Airteagal seo, lena n-áirítear na rialacha siúd maidir leis an bpraghas iarbhír a íocadh nó atá le híoc a

choigeartú. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 262(4).

Airteagal 156

Simplithe

1. Féadfaidh na húdaráis chustaim, ar iarratas a fháil, údarú a thabhairt na méideanna a leanas a chinneadh bunaithe ar chritéir shonracha, i gcás nach mbeidh na méideanna sin inchainníochtaithe an dáta a nglacfar leis an dearbhú custaim:
 - (a) méideanna a áireofar sa luach custaim i gcomhréir le hAirteagal 153(2); agus
 - (b) na méideanna dá dtagraítear in Airteagal 154 agus in Airteagal 155.
2. I gcás ina bhfuil roghnaithe ag an allmhaireoir an chóireáil shimplithe taraife a chur i bhfeidhm maidir le ciandíolacháin, ní bheidh feidhm ag Airteagal 155(1), pointe [\(a\)](#), agus áireofar sa luach custaim costais iompair na n-earraí allmhairithe chuig an áit a dtugtar na hearraí isteach i gcríoch chustaim an Aontais agus na costais iompair tar éis dóibh teacht isteach sa chríoch sin.
3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmlichte a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 261, chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na coinníollacha maidir leis an údarú a dheonú dá dtagraítear i mír 1 a chinneadh.

Airteagal 157

Modhanna tánaisteacha luachála custaim

1. I gcás nach bhféadfadh luach custaim earraí a chinneadh faoi Airteagal [153](#), cinnfear é trí dhul go seicheamhach ó phointe (a) go dtí pointe (d) de mhír 2, go dtí go sroichfear an chéad phointe faoinar féidir luach custaim earraí a chinneadh.

Déanfar ord chur i bhfeidhm phointí (c) agus (d) de mhír 2 a mhalartú má éilíonn an t-allmhaireoir, an t-onnmhaireoir, nó i gcás inarb infheidhme, an dearbhóir é sin.
2. Is éard a bheidh sa luach custaim, de bhun mhír 1:
 - (a) luach idirbhirt earraí comhionanna a dhíolfar lena n-onnmhairiú go dtí críoch chustaim an Aontais agus a onnmhaireofar an tráth céanna nó thart ar an tráth céanna leis na hearraí a bheidh á luacháil;
 - (b) luach idirbhirt earraí dá macasamhail a dhíolfar lena n-onnmhairiú go dtí críoch chustaim an Aontais agus a onnmhaireofar an tráth céanna nó thart ar an tráth céanna leis na hearraí a bheidh á luacháil;
 - (c) an luach a bheidh bunaithe ar an bpraghas aonaid ar a ndéanfar na hearraí allmhairithe, nó earraí is ionann leo nó earraí allmhairithe dá macasamhail a dhíol laistigh de chríoch chustaim an Aontais sa mhéid comhiomlán is mó le daoine nach bhfuil gaol acu leis na díoltóirí; nó
 - (d) an luach ríofa, ar a mbeidh suim na nithe seo a leanas:
 - (i) costas nó luach na n-ábhar agus an mhonaraithe nó próiseála eile a mbaintear leas as chun na hearraí allmhairithe a tháirgeadh;
 - (ii) méid an bhrabúis agus an chostais ghinearálta atá comhionann leis an méid a léirítear de ghnáth i ndíolachán earraí den aicme chéanna nó den

chineál céanna is atá na hearraí atá á luacháil agus a tháirgeann táirgeoirí sa tír onnmhairiúcháin lena n-onnmhairiú leis an Aontas;

(iii) costas nó luach na n-ítimí dá dtagraítear in Airteagal 154(1), pointe [\(e\)](#).

3. I gcás nach bhféadfar an luach custaim a chinneadh faoi mhír 1, cinnfear é ar bhonn sonraí a bheidh ar fáil i gcríoch chustaim an Aontais, ag baint úsáide as meáin réasúnacha a bheidh ag luí le prionsabail agus le forálacha ginearálta an méid uile seo a leanas:
 - (a) an comhaontú maidir le cur chun feidhme Airteagal VII den Chomhaontú Ginearálta ar Tharaifi agus Thrádáil;
 - (b) Airteagal VII den Chomhaontú Ginearálta ar Tharaifi agus Thrádáil;
 - (c) an Chaibidil seo.
4. Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na rialacha nós imeachta maidir leis an luach custaim dá dtagraítear san Airteagal seo a chinneadh. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 262(4).

Airteagal 158

Cinneadh luach na n-earraí i gcásanna sonracha

Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, bearta a ghlacadh lena suitear an modh iomchuí luachála custaim nó na critéir a bheidh le húsáid chun luach custaim earraí a chinneadh i gcásanna sonracha. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 262(4).

Ar mhórchúiseanna práinne i ndáil le bearta den sórt sin, a mbeidh call cuí leo de bharr an ghá a áirithiú go mear go gcuirfear rialacha maidir le cinneadh luacha custaim earraí i bhfeidhm i gceart agus go haonfhoirmeach, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme is infheidhme gan mhoill i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 262(5).

Teideal X

FIACHA CUSTAIM AGUS RÁTHAÍOCHTAÍ

Caibidil 1

Fiach custaim a thabhú

ROINN 1

FIACH CUSTAIM I DTACA LE hALLMHAIRIÚ

Airteagal 159

Scaoileadh i saorchúrsaíocht agus ligean isteach sealadach

1. Tabhóidh an t-allmhaireoir fiach custaim tráth scaoileadh na n-earraí i saorchúrsaíocht, as an nós imeachta úsáide deiridh, nó as an nós imeachta um chead isteach sealadach le faoiseamh páirteach ó dhleacht ar allmhairí.
2. Is é an t-allmhaireoir a bheidh ina fhéichiúnaí. I gcás ionadaíochta indíri, beidh an t-allmhaireoir agus an duine, a ngníomhaíonn an t-allmhaireoir thar a cheann, ina

bhféichiúnaithe agus beidh siad beirt faoi dhliteanas an fhéich custaim i gcomhpháirt agus go leithleach.

Maidir leis an bhfaisnéis a sholáthraítear nó a chuirtear ar fáil chun críoch na nósanna imeachta dá dtagraítear i mír 1, i gcás inarb é toradh na gníomhaíochta sin nár bailíodh an dleacht ar allmhairí go hiomlán nó go páirteach, is féichiúnaí freisin an duine a sholáthair an fhaisnéis sin agus arbh eol dó, nó ar cheart go réasúnach gurbh eol dó, go raibh an fhaisnéis sin bréagach.

3. I gcás ina bhfuil feidhm ag Teideal XII, Caibidil 6, Roinn 4 de Threoir 2006/112/CE maidir le ciandíol earraí atá le hallmhairiú ó thríú tíortha nó críocha chuig custaiméir i gcríoch chustaim an Aontais, tabhóidh an duine, a meastar é a bheith ina allmhaireoir, fiach custaim nuair a ghlacfar le híocaíocht an chiandíolacháin agus eisean a bheidh san fhéichiúnaí freisin.

Airteagal 160

Forálacha speisialta a bhaineann le hearraí neamhthionscnaimh

1. Tabhóidh an t-onnmhaireoir fiach custaim tráth scaoileadh na dtáirgí lena n-onnmhairiú sna cásanna seo a leanas:
 - (a) foráiltear le comhaontú fabhrach idir an tAontas agus tríú tíortha áirithe nó grúpaí tíortha den sórt sin go n-éilítear le cóireáil fhabhrach taraife táirgí de thionscnamh an Aontais go mbeadh táirgí neamhthionscnaimh a úsáidtear ina monarú faoi réir íocaíocht na ndleachtanna ar allmhairí; agus
 - (b) eisíodh nó tarraingíodh suas cruthúnas ar thionscnamh i leith na dtáirgí sin.
2. Ríomhfaidh an t-onnmhaireoir suim na dleachta ar allmhairí a chomhfhreagraíonn don fhiach amhail is gur scaoileadh na hearraí neamhthionscnaimh, a úsáideadh i monarú na dtáirgí a bheidh le honnmhairiú, i saorchúrsaíocht an dáta céanna.
3. I gcás ionadaíochta indírí, beidh an t-onnmhaireoir agus an duine, a ngníomhaíonn an t-onnmhaireoir thar a cheann, ina bhféichiúnaithe agus beidh siad beirt faoi dhliteanas an fhéich custaim i gcomhpháirt agus go leithleach.

Airteagal 161

Fiach Custaim a thabhaítear trí neamhchomhlíonadh

1. Maidir le hearraí ar a ndlítear dleacht ar allmhairí, tabhófar fiach custaim i dtaca le hallmhairiú trí neamhchomhlíonadh aon cheann de na nithe seo a leanas:
 - (a) ceann de na hoibleagáidí a leagtar síos sa reachtaíocht chustaim i ndáil le tabhairt isteach earraí neamh- AE i gcríoch chustaim an Aontais, i ndáil le maoirseacht chustaim a bhaint díobh nó i ndáil le gluaiseacht, próiseáil, stóráil, stóráil shealadach, ligean isteach sealadach nó diúscairt earraí den sórt sin laistigh den chríoch sin;
 - (b) ceann de na hoibleagáidí a leagtar síos sa reachtaíocht chustaim i ndáil le húsáid deiridh earraí laistigh de chríoch chustaim an Aontais;
 - (c) coinníoll a rialaíonn earraí neamh- AE a chur faoi nós imeachta custaim nó a rialaíonn deonú, de bhua úsáid deiridh na n-earraí, díolúine ó dhleacht nó ráta laghdaithe dleachta custaim.
2. Is ag ceachtar den dá thráth seo a leanas a thabhófar an fiach custaim:

- (a) ag an tráth nach gcomhlíonfar an oibleagáid ar as a neamhchomhlíonadh a eascróidh an fiach custaim nó ag an tráth a scoirfidh sí de bheith comhlíonta;
 - (b) an tráth a gcuirfear earraí faoi nós imeachta custaim i gcás ina suítear ina dhiaidh sin nár comhlíonadh sa deireadh coinníoll lena rialaítear earraí a chur faoin nós imeachta sin nó deonú díolúine ó dhleacht nó ráta laghdaithe dleachta ar allmhairiú de bhua úsáide deiridh earraí.
3. I gcásanna dá dtagraítear faoi mhír 1, pointí (a) agus (b), is duine díobh seo a leanas a bheidh ina féichiúnaí:
- (a) aon duine a gceanglófar air na hoibleagáidí lena mbaineann a chomhlíonadh;
 - (b) aon duine arbh fheasach dó nó ar cheart go réasúnach gurbh fheasach dó go raibh oibleagáid faoin reachtaíocht chustaim gan chomhlíonadh agus a ghníomhaigh thar ceann an duine a raibh sé de cheangal air an oibleagáid a chomhlíonadh, nó a bhí rannpháirteach sa ghníomh a raibh neamhchomhlíonadh na hoibleagáide de thoradh air;
 - (c) aon duine a fuair nó a choinnigh na hearraí lena mbaineann agus arbh fheasach dó nó ar cheart go réasúnach gurbh fheasach dó tráth a bhfuair sé na hearraí nó tráth ar glacadh iad go raibh oibleagáid faoin reachtaíocht chustaim gan chomhlíonadh.
4. I gcásanna dá dtagraítear faoi mhír 1, pointe (c), is é an féichiúnaí an duine a gceanglófar air na coinníollacha a chomhlíonadh lena rialaítear na hearraí a chur faoi nós imeachta custaim nó díolúine ó dhleacht nó ráta laghdaithe dleachta ar allmhairí a dheonú de bhua úsáide deiridh na n-earraí.

I gcás ina soláthraítear aon fhaisnéis, a éilítear faoin reachtaíocht chustaim, a bhaineann leis na coinníollacha lena rialaítear na hearraí a chur faoin nós imeachta custaim sin, agus arb é an toradh a bheidh ar an bhfaisnéis sin nach ndéanfar an dleacht ar allmhairí a bhailiú go hiomlán nó go páirteach, is féichiúnaí freisin a bheidh sa duine a sholáthair an fhaisnéis agus arbh eol dó, nó ar cheart go réasúnach gurbh eol dó, go raibh an fhaisnéis sin bréagach.

Airteagal 162

Méid dleachta ar allmhairí a íocadh cheana féin a asbhaint

1. I gcás ina dtabhófar fiach custaim de bhun Airteagal 161(1) i ndáil le hearraí a scaoiltear i saorchúrsaíocht ag ráta laghdaithe dleachta ar allmhairí de bharr a n-úsáide deiridh, déanfar méid na dleachta ar allmhairí a íocadh nuair a scaoileadh na hearraí i saorchúrsaíocht a asbhaint ó mhéid na dleachta ar allmhairí a fhreagraíonn don fhiach custaim.

Beidh feidhm ag an gcéad fhomhír i gcás ina dtabhófar fiach custaim i ndáil le fuíoll agus le dramhaíl a bheidh mar thoradh ar dhíothú na n-earraí sin.
2. I gcás ina dtabhófar fiach custaim, de bhun Airteagal 159(1) nó Airteagal 161(1) i ndáil le hearraí a chuirtear faoi ordú ligin isteach shealadaigh le faoiseamh páirteach ó dhleacht custaim, déanfar méid na dleachta ar allmhairí a íocadh faoin bhfaoiseamh páirteach a asbhaint ó mhéid na dleachta ar allmhairí a fhreagraíonn don fhiach custaim.

ROINN 2

FIACH CUSTAIM I DTACA LE hONNMHAIRIÚ

Airteagal 163

Próiseáil onnmhairithe agus próiseáil amach

1. Tabhóidh an t-onnmhaireoir fiach custaim tráth scaoileadh na n-earraí ar a ndlitear dleacht ar onnmhairí faoin nós imeachta onnmhairithe nó faoin nós imeachta próiseála amach.
2. Is é an t-onnmhaireoir a bheidh ina fhéichiúnaí. I gcás ionadaíochta indírlí, beidh an t-onnmhaireoir agus an duine, a ngníomhaíonn an t-onnmhaireoir thar a cheann, ina bhféichiúnaithe agus beidh siad beirt faoi dhliteanas an fhéich custaim i gcomhpháirt agus go leithleach.
3. Maidir leis an bhfaisnéis a sholáthraítear chun na hearraí a chur faoin nós imeachta onnmhairithe, i gcás arb é toradh na gníomhaíochta sin nach mbaileofar an dleacht ar onnmhairí go hiomlán nó go páirteach, is féichiúnaí freisin a bheidh sa duine a sholáthair an fhaisnéis agus arbh eol dó, nó ar cheart go réasúnach gurbh eol dó, go raibh an fhaisnéis sin bréagach.

Airteagal 164

Fiach Custaim a thabhaítear trí neamhchomhlíonadh

1. Maidir le hearraí ar a ndlitear dleacht ar allmhairí, tabhófar fiach custaim ar onnmhairiú i gcás nach gcomhlíonfar ceachtar de na nithe seo a leanas:
 - (a) ceann de na hoibleagáidí a leagtar síos sa reachtaíocht chustaim i ndáil le himeacht na n-earraí;
 - (b) na coinníollacha faoinar ligeadh do na hearraí a bheith tabhartha amach as críoch chustaim an Aontais le faoiseamh iomlán nó le faoiseamh páirteach ó dhleacht ar onnmhairí.
2. Is tráth de na tráthanna seo a leanas a thabhófar an fiach custaim:
 - (a) an tráth a thabharfar na hearraí amach as críoch chustaim an Aontais gan faisnéis a sholáthar do na húdaráis chustaim maidir leis an onnmhairiú sin;
 - (b) an tráth a shroichfidh na hearraí ceann scríbe seachas an ceann scríbe a ceadáíodh dóibh tráth ar tugadh amach as críoch chustaim an Aontais iad le faoiseamh iomlán nó le faoiseamh páirteach ó dhleacht ar onnmhairí;
 - (c) mura mbeidh na húdaráis chustaim in ann an tráth dá dtagraítear i bpointe (b) a chinneadh, dáta éaga na teorann ama arna leagan síos le haghaidh fianaise a thabhairt ar aird gur comhlíonadh na coinníollacha a chuireann na hearraí i dteideal faoisimh dá leithéid.
3. I gcásanna dá dtagraítear faoi mhír 1, pointe (a), is duine díobh seo a leanas a bheidh ina fhéichiúnaí:
 - (a) aon duine ar ceanglaíodh air an oibleagáid lena mbaineann a chomhlíonadh;
 - (b) aon duine arbh fheasach dó nó ar cheart go réasúnach gurbh fheasach dó go raibh an oibleagáid lena mbaineann gan chomhlíonadh agus a ghníomhaigh thar ceann duine a raibh sé de cheangal air an oibleagáid a chomhlíonadh;

- (c) aon duine a bhí rannpháirteach sa ghníomh arbh é an toradh a bhí air neamhchomhlíonadh na hoibleagáide agus arbh fheasach dó nó ar cheart go réasúnach gurbh fheasach dó nár soláthraíodh an fhaisnéis a éilíodh nó, i gcás inarb infheidhme, nár taisceadh dearbhú custaim ba cheart a thaisceadh.
4. I gcásanna dá dtagraítear faoi mhír 1, pointe (b), is é an féichiúnaí aon duine ar a gceanglaítear na coinníollacha a chomhlíonadh faoinar ceadáíodh na hearraí a thabhairt amach as críoch chustaim an Aontais le faoiseamh iomlán nó páirteach ó dhleacht ar onnmhairí.

ROINN 3

FORÁLACHA IS COITEANN D’FHIACH CUSTAIM A THABHAÍTEAR I DTACA LE hALLMHAIRIÚ AGUS LE hONNMHAIRIÚ

Airteagal 165

Fiach custaim i gcás toirmeasc agus srianta

1. Tabhófar an fiach custaim i dtaca le hallmhairiú nó le honnmhairiú fiú má bhaineann sé le hearraí atá faoi réir reachtaíocht eile atá curtha i bhfeidhm ag na húdaráis chustaim ar allmhairiú nó ar onnmhairiú d’aon chineál.
2. Ní thabhófar fiach custaim, áfach, ar cheachtar de na nithe seo a leanas:
 - (a) airgeadra góchumtha a thabhairt isteach go mídhleathach i gcríoch chustaim an Aontais;
 - (b) drugaí támhshuanacha agus substaintí síceatrópacha a thabhairt isteach i gcríoch chustaim an Aontais seachas i gcás ina mbeidh siad faoi dhianmhaoirseacht ag na húdaráis inniúla d’fhonn iad a úsáid chun críocha leighis agus eolaíocha.
3. Chun críocha smachtbhannaí is infheidhme i leith sáruithe custaim, measfar, áfach, gur tabhaíodh fiach custaim i gcás ina gcuirfidh dleacht ar allmhairí nó onnmhairí, nó ina gcuirfidh marthain féich custaim, an bonn ar fáil ar a gcinnfear smachtbhannaí faoin Rialachán seo nó faoi dhlí Ballstáit.

Airteagal 166

Féichiúnaithe leithleacha

I gcás ina ndlífidh roinnt daoine leithleacha méid na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí a fhreagraíonn d’fhiach custaim amháin a íoc, beidh siad faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach an méid sin a íoc.

Airteagal 167

Rialacha ginearálta chun méid na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí a ríomh

1. Cinnfear suim na dleachta ar allmhairí nó onnmhairí bunaithe ar rangú taraife, luach custaim, cainníocht, cineál agus tionscnamh na n-earraí. Na rialacha atá infheidhme maidir leis na hearraí lena mbaineann tráth a tabhaíodh an fiach custaim ina leith a bheidh sna rialacha maidir le ríomh na dleachta.

2. I gcás nach féidir tráth tabhaithe an fhéich chustaim a chinneadh go beacht, measfar gurb é an tráth a dtiocfaidh na húdaráis chustaim ar an tuairim go bhfuil na hearraí i staid inar tabhaíodh fiach custaim.

Ar a shon sin, i gcás ina gcuirfidh an fhaisnéis atá ar fáil do na húdaráis chustaim ar a gcumas a dheimhniú gur tabhaíodh an fiach custaim sular tháinig siad ar an tuairim sin, measfar gur tabhaíodh an fiach custaim an tráth is túisce arbh fhéidir an staid sin a shuíomh.

3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 261, chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na rialacha dá dtagraítear san Airteagal seo a chinneadh, is é sin na rialacha maidir leis an tsuim dleachta ar allmhairí nó onnmhairí is infheidhme maidir le hearraí a ríomh, ar earraí iad a bhfuil fiach custaim arna thabhtú ina leith i gcomhthéacs nós imeachta speisialta.

Airteagal 168

Rialacha speisialta chun méid na dleachta ar allmhairí a ríomh

1. I gcás inar tabhaíodh costais stórála nó costais gnáthfhoirmeacha láimhseála laistigh de chríoch chustaim an Aontais i ndáil le hearraí a cuireadh faoi nós imeachta custaim nó atá á stóráil go sealadach, ní chuirfear na costais sin ná an méadú ar luach san áireamh agus méid na dleachta custaim ar allmhairí á ríomh i gcás ina gcuirfidh an t-allmhaireoir nó an t-onnmhaireoir nó, i gcás inarb infheidhme, an dearbhóir cruthúnas sásúil ar na costais sin ar fáil.

Ar a shon sin, cuirfear luach custaim, cainníocht, cineál agus thionscnamh earraí neamh- AE a mbaintear úsáid astu sna hoibríochtaí san áireamh agus méid na dleachta ar allmhairí á ríomh.

2. I gcás ina dtiocfaidh athrú ar rangú taraife earraí a cuireadh faoi nós imeachta custaim de bharr na ngnáthfhoirmeacha láimhseála laistigh de chríoch chustaim an Aontais, is é an rangú taraife bunaidh le haghaidh na n-earraí a cuireadh faoin nós imeachta a chuirfear i bhfeidhm arna iarraidh sin ag an allmhaireoir nó, i gcás inarb infheidhme, an dearbhóir.
3. I gcás ina dtabhófar fiach custaim i ndáil le táirgí próiseáilte de thoradh ar an nós imeachta próiseála isteach, is ar bhonn rangú taraife, luach custaim, chainníocht, chineál agus thionscnamh na n-earraí, a chuirfear faoin nós imeachta isteach, a chinnfear suim na dleachta ar allmhairí a bhaineann leis an bhfiach sin, arna iarraidh sin don allmhaireoir.
4. I gcás ina mbaineann na táirgí próiseáilte le nósanna imeachta próiseála isteach ina dhiaidh sin, is ar bhonn rangú taraife, luach custaim, chainníocht, chineál agus thionscnamh na n-earraí a cuireadh faoin gcéad nós imeachta próiseála isteach amháin a fhéadfaidh an t-allmhaireoir a iarraidh an fiach a chinneadh ina leith, agus ar bhonn an nós imeachta sin amháin.
5. I gcásanna sonracha, cinnfear suim na dleachta ar allmhairí i gcomhréir le míreanna 2, 3 agus 4 den Airteagal seo gan iarraidh ón allmhaireoir nó ón onnmhaireoir nó, i gcás inarb infheidhme, ón dearbhóir chun imchéimniú ar na bearta taraife dá dtagraítear in Airteagal 145(2), pointe [\(h\)](#) a sheachaint.
6. I gcás ina dtabhófar fiach custaim le haghaidh táirgí próiseáilte ar toradh an nós imeachta próiseála amach iad nó le haghaidh táirgí athsholáthair amhail dá

dtagraítear in Airteagal 143(1), ríomhfar an méid dleachta ar allmhairí ar bhonn chostas na hoibríochta próiseála arna déanamh lasmuigh de chríoch chustaim an Aontais.

7. I gcás ina dtabhófar fiach custaim de bhun Airteagal 161 nó Airteagal 164 den Rialachán seo, agus i gcás nárbh iarracht ar mheabhlaireacht a bhí sa mhainneachtain as ar eascair tabhú an fhéich custaim, beidh feidhm ag an méid seo a leanas freisin:
 - (a) cóireáil fhabhrach taraife earraí de bhun na reachtaíochta custaim; nó
 - (b) faoiseamh nó díolúine iomlán nó díolúine pháirteach ó dhleacht ar allmhairí nó onnmhairí de bhun Airteagal 145(2), pointí (d), (e), (f) agus (g) nó Airteagail 90, 91, 92 agus 93 nó Airteagail 140, 141, 142, 143 agus 144; nó
 - (c) an faoiseamh de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1186/2009.
8. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 261, chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na rialacha dá dtagraítear san Airteagal seo a chinneadh, is é sin na rialacha maidir leis an tsuim dleachta ar allmhairí nó onnmhairí is infheidhme maidir le hearraí a ríomh, ar earraí iad a bhfuil fiach custaim arna thabhú ina leith i gcomhthéacs nós imeachta speisialta, agus na cásanna sonracha dá dtagraítear i mír 5.

Airteagal 169

An áit a dtabhaítear an fiach custaim

1. Tabhófar fiach custaim san áit a bhfuil an t-allmhaireoir nó an t-onnmhaireoir bunaithe.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, i ndáil le hallmhaireoirí agus onnmhaireoirí seachas trádálaithe Iontaoibhe agus Seiceála agus daoine, a meastar iad a bheith ina n-allmhaireoirí, tabhófar an fiach custaim san áit ar taisceadh an dearbhú custaim nó san áit a dtaiscfe an dearbhú custaim i gcomhréir le hAirteagal 63(4) seachas an modhnú maidir leis an modh soláthartha faisnéise a leagtar síos in Airteagal 63(2).

I ngach cás eile, tabhófar an fiach custaim san áit a dtarlaíonn na teagmhais a n-eascaíonn as.

I gcás nach féidir an áit sin a chinneadh, tabhófar an fiach custaim ag an áit a dtiocfaidh na húdaráis chustaim ar an tuairim maidir léi go bhfuil na hearraí i staid inar tabhaíodh fiach custaim.
2. Más rud é gur cuireadh na hearraí faoi nós imeachta custaim nár urscaoileadh nó i gcás nach raibh deireadh mar is ceart ar stóráil shealadach, agus mura féidir an áit ina dtabhaítear an fiachas custaim a chinneadh de bhun na dara fomhíre agus na tríú fomhíre de mhír 1, laistigh de theorainn ama shonrach, tabhófar an fiach custaim ag an áit ar cuireadh na hearraí faoin nós imeachta lena mbaineann nó ag an áit ar tugadh isteach i gcríoch chustaim an Aontais iad faoin nós imeachta sin nó ag an áit a raibh siad á stóráil go sealadach.
3. I gcás ina gcuirfidh an fhaisnéis atá ar fáil do na húdaráis chustaim ar a gcumas a shuíomh go bhféadfaí an fiach custaim a thabhú in áiteanna leithleacha, measfar an fiach custaim a bheith tabhaithe ag an áit ar tabhaíodh den chéad uair é.
4. Má shuíonn údarás custaim gur tabhaíodh fiach custaim faoi Airteagal 161 nó faoi Airteagal 164 i mBallstát eile agus más lú méid na dleachta ar allmhairí nó ar

onnmhairí a fhreagraíonn don fhiach sin ná EUR 10 000, measfar an fiach custaim a bheith tabhaithe sa Bhallstát inar suíodh amhlaidh.

5. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal [261](#), chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na teorainneacha ama dá dtagraítear i mír 2 a chinneadh.

Caibidil 2

Ráthaíocht i dtaca le fiach poitéinsiúil custaim nó le fiach custaim atá ann

Airteagal 170

Forálacha ginearálta

1. Mura sonraítear a mhalairt, beidh feidhm ag an gCaibidil seo i ndáil le ráthaíochtaí i leith fiach custaim a tabhaíodh ach ar cuireadh siar a n-íocaíocht ('fiacha custaim atá ann cheana') agus i leith ráthaíochtaí a éilítear i gcás ina bhféadfar fiach custaim a thabhu ('fiacha poitéinsiúla custaim').
2. I gcás ina n-éileoidh údarais chustaim ráthaíocht i dtaca le fiach poitéinsiúil custaim nó le fiach custaim atá ann, cumhdófar leis an ráthaíocht sin méid na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí agus na muirir eile atá dlite i dtaca leis na hearraí a allmhairiú nó a onnmhairiú i gcás:

- (a) ina n-úsáidtear an ráthaíocht chun na hearraí a chur faoi nós imeachta idirthurais an Aontais; nó
- (b) ina bhféadtar an ráthaíocht a úsáid i níos mó ná Ballstát amháin.

Beidh ráthaíocht arna glacadh nó arna húdarú ag na húdarais custaim bailí ar fud chríoch custaim an Aontais chun na gcríoch ar chucu a thugtar í.

3. Is é an féichiúnaí nó an duine a d'fhéadfadh a bheith ina fhéichiúnaí nó, i gcás ina gceadaíonn na húdarais chustaim amhlaidh, aon duine eile a sholáthróidh an ráthaíocht.
4. Gan dochar d'Airteagal [178](#), ní éileoidh na húdarais chustaim go gcuirfear ach ráthaíocht amháin ar fáil i ndáil le hearraí sonracha.

Beidh feidhm ag an ráthaíocht a sholáthraítear le haghaidh earraí sonracha maidir le suim na dleachta ar allmhairí nó onnmhairí a fhreagraíonn don fhiach custaim agus do mhuirir eile i ndáil leis na hearraí sin, cibé acu an ceart nó mícheart an fhaisnéis a sholáthraítear nó a chuirtear ar fáil i ndáil leis na hearraí sin.

Murar scaoileadh an ráthaíocht, féadfar í a úsáid chomh maith, laistigh de theorainneacha na méide atá urraithe, chun méideanna dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí agus muirir eile atá iníoctha i ndiaidh rialú iarscaoilte na n-earraí sin a aisghabháil.

5. Ar iarratas ón duine dá dtagraítear i mír 3, féadfaidh na húdarais chustaim, i gcomhréir le hAirteagal [176\(1\)](#) agus [\(2\)](#), soláthar ráthaíochta cuimsithí a údarú a chlúdóidh méid na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí a fhreagraíonn don fhiach custaim i ndáil le dhá cheann nó níos mó d'oibríochtaí nó de nósanna imeachta custaim.
6. Déanfaidh na húdarais chustaim faireachán ar an ráthaíocht.

7. Ní éileofar aon ráthaíocht in aon cheann de na cásanna seo a leanas:
 - (a) ó údaráis Stáit, réigiúnacha agus rialtais áitiúla nó comhlachtaí eile atá faoi rialú an dlí poiblí, i leith gníomhaíochtaí a dhéanann siad mar údaráis phoiblí;
 - (b) maidir le hearraí a iompraítear ar an Réin agus ar uiscebhealaí na Réine agus ar an Danóib agus ar uiscebhealaí na Danóibe;
 - (c) maidir le hearraí a iompraítear le suiteáil seasta iompair;
 - (d) i gcásanna sonracha ina gcuirtear earraí faoin nós imeachta cead isteach sealadach;
 - (e) earraí a iompraítear ar muir nó d'aer idir calafoirt den Aontas nó idir aerfoirt den Aontas.
8. Féadfaidh na húdaráis chustaim an ceanglas maidir le soláthar ráthaíochta a tharscaoileadh i gcás nach rachaidh suim na dleachta ar allmhairí nó onnmhairí a bheidh le hurrú thar an luach staidrimh de EUR 1 000.
9. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal [261](#), chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na cásanna sonracha a chinneadh nach n-éilítear aon ráthaíocht iontu maidir le hearraí a chuirtear faoin nós imeachta um chead isteach sealadach, dá dtagraítear i mír 7, pointe (d).
10. Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na rialacha nós imeachta maidir le faisnéis a sholáthar agus faireachán a dhéanamh ar an ráthaíocht dá dtagraítear san Airteagal seo. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 262(4).

Airteagal 171

Suim thagartha ráthaíochta éigeantaí

1. I gcás nach mór do na húdaráis chustaim ráthaíocht a éileamh agus i gcás inar féidir leo suim bheacht na dleachta ar allmhairí nó onnmhairí, a fhreagraíonn don fhiach custaim, agus suim bheacht muirear eile a shuí tráth a n-éileofar an ráthaíocht, cumhdófar sa ráthaíocht an tsuim bheacht sin.

I gcás nach féidir an méid beacht a shuíomh, socrófar an ráthaíocht ag méid uasta na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí a fhreagraíonn don fhiach custaim agus do na muirear eile a thabhófar nó a fhéadfar a thabhu, is méid a mheasfaidh na húdaráis chustaim.
2. Gan dochar d'Airteagal [176](#), i gcás ina gcuirfear ráthaíocht chuimsitheach ar fáil le haghaidh na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí a fhreagraíonn d'fhiacha custaim agus do mhuirir eile a n-athróidh a méid thar am, socrófar méid na ráthaíochta sin ar leibhéal a chumasóidh méid na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí a fhreagraíonn d'fhiacha custaim agus do mhuirir eile a chumhdach tráth ar bith.

Airteagal 172

Suim thagartha ráthaíochta réamhchúramaí

I gcás nach bhfuil sé éigeantach ráthaíocht a sholáthar ach mura bhfuil na húdaráis chustaim cinnte go n-íocfar suim na dleachta ar allmhairí nó onnmhairí, a fhreagraíonn don fhiach

custaim, nó na muirir eile laistigh den tréimhse shainordaithe, éileoidh siad ráthaíocht i leith suim nach bhféadfaidh a bheith níos mó ná an leibhéal dá dtagraítear in Airteagal 171.

Airteagal 173

Ráthaíocht a chur ar fáil

1. Féadfar ráthaíocht a chur ar fáil i gceann de na foirmeacha seo a leanas:
 - (a) trí aon mhodh íocaíochta a aithneoidh na húdaráis chustaim, a íocfar in euro nó in airgeadra an Bhallstáit ina n-éilítear an ráthaíocht;
 - (b) trí ghealltanas a thabharfaidh ráthóir;
 - (c) trí aon fhoirm eile ráthaíochta a chuireann áirithiú coibhéiseach ar fáil go n-íocfar méid na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí a fhreagraíonn don fhiach custaim agus do mhuirir eile.
2. Tabharfar ráthaíocht i bhfoirm éarlaise in airgead tirim nó aon mhodh eile íocaíochta, de réir na bhforálacha a bheidh i bhfeidhm sa Bhallstát ina n-éilítear an ráthaíocht.

I gcás ina dtabharfar ráthaíocht trí aon mhodh eile íocaíochta a aithneoidh na húdaráis chustaim, ní bheidh aon ús air sin iníoctha ag na húdaráis chustaim.
3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal [261](#), chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí fhoirm na ráthaíochta dá dtagraítear i mír 1, pointe (c) a chinneadh.

Airteagal 174

Rogha ráthaíochta

Féadfaidh an duine ar a n-éilítear ráthaíocht a chur ar fáil roghnú idir na foirmeacha ráthaíochta a leagtar síos in Airteagal 173(1).

Féadfaidh na húdaráis chustaim, áfach, diúltú don fhoirm ráthaíochta a roghnaítear i gcás ina mbeidh sí ar neamhréir le feidhmiú cuí an nós imeachta custaim lena mbaineann.

Féadfaidh na húdaráis a éileamh go gcoinneofar le foirm na ráthaíochta a roghnaítear ar feadh tréimhse sonraí.

Airteagal 175

Ráthóir

1. Beidh an ráthóir dá dtagraítear in Airteagal 173(1), pointe (b) ina thríú duine a bhfuil cónaí air, nó atá cláraithe nó bunaithe i gcríoch chustaim an Aontais. Beidh an ráthóir formheasta ag na húdaráis chustaim a éilíonn an ráthaíocht murar institiúid creidmheasa nó airgeadais nó cuideachta árachais é atá creidiúnaithe san Aontas i gcomhréir leis na forálacha de chuid an Aontais atá i bhfeidhm.
2. Geallfaidh an ráthóir i scríbhinn méid na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí atá urraithe agus a fhreagraíonn d'fhiach custaim agus do mhuirir eile a íoc.
3. Féadfaidh na húdaráis chustaim diúltú an ráthóir nó an cineál ráthaíochta a thairgtear a fhormheas i gcás nach deimhin gur léir go n-áiritheoidh ceachtar acu go n-íocfar méid na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí a fhreagraíonn don fhiach custaim agus na muirir eile laistigh den tréimhse fhorordaithe.

4. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal [261](#), chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na rialacha a chinneadh a bhaineann leis na foirmeacha i ndáil le soláthar ráthaíochta mar aon leis na rialacha is infheidhme maidir leis an ráthóir dá dtagraítear san Airteagal seo.
5. Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na rialacha nós imeachta a bhaineann le cúlghairm agus cealú an ghealltanais arna thabhairt ag an ráthóir dá dtagraítear san Airteagal seo. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 262(4).

Airteagal 176

Ráthaíocht chuimsitheach

1. Ní fhéadfaidh na húdaráis chustaim an t-údarú dá dtagraítear in Airteagal 170([5](#)) a dheonú ach amháin do dhaoine a shásaíonn na coinníollacha seo a leanas:
 - (a) tá siad bunaithe i gcríoch chustaim an Aontais;
 - (b) comhlíonann siad na critéir a leagtar síos in Airteagal 24(1), pointe (a);
 - (c) úsáideann siad na nósanna imeachta custaim atá i gceist go rialta nó oibreoirí áiseanna stórála sealadaí nó comhlíonann siad na critéir a leagtar síos in Airteagal 24(1), pointe (d).
2. I gcás ina bhféadfaidh na húdaráis chustaim údarú a thabhairt d'oibreoir eacnamaíoch a chomhlíonann na critéir a leagtar síos in Airteagal 24(1), pointí ([b](#)) agus ([c](#)) agus trádálaithe Iontaoibhe agus Seiceála ráthaíocht chuimsitheach a sholáthar maidir le fiacha poitéinsiúla custaim agus muirir eile lena mbaineann suim laghdaithe nó tarscaoileadh ráthaíochta a bheith acu.
3. I gcás ina bhféadfaidh na húdaráis chustaim údarú a thabhairt d'oibreoir eacnamaíoch atá údaraithe le haghaidh simplithe custaim agus trádalaí Iontaoibhe agus Seiceála ráthaíocht chuimsitheach a sholáthar maidir le fiacha custaim atá ann cheana agus muirir eile, ar iarratas, lena mbaineann suim laghdaithe nó tarscaoileadh ráthaíochta a bheith acu.
4. Is ionann an ráthaíocht chuimsitheach a bhfuil a méid laghdaithe dá dtagraítear i mír 3 agus ráthaíocht a chur ar fáil.
5. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal [261](#), chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na coinníollacha maidir le deonú údarú chun ráthaíocht chuimsitheach, lena mbaineann suim laghdaithe, a úsáid nó tarscaoileadh ráthaíochta a bheith acu, dá dtagraítear i mír 2.
6. Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na rialacha nós imeachta maidir le suim na ráthaíochta a chinneadh, lena n-áirítear an tsuim laghdaithe dá dtagraítear i mír 2. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 262(4).

Airteagal 177

Toirmisc shealadacha a bhaineann le húsáid ráthaíochtaí cuimsitheacha

1. I gcomhthéacs nósanna imeachta speisialta nó stórála sealadaí, féadfaidh an Coimisiún toirmeasc ar bhonn sealadach a chur ar úsáid aon cheann daoibh seo a leanas:
 - (a) an ráthaíocht chuimsitheach i gcomhair méid laghdaithe nó tarscaoilte ráthaíochta dá dtagraítear in Airteagal 176(2);
 - (b) an ráthaíocht chuimsitheach dá dtagraítear in Airteagal 176, i ndáil le hearraí a bheidh sainithe mar nithe atá ina n-ábhar do chalaois ar mhórsála.
 2. I gcás ina bhfuil feidhm ag pointe (a) nó (b) de mhír 1, féadfar a cheadú leas a bhaint as an ráthaíocht chuimsitheach i gcomhair méid laghdaithe nó tarscaoilte ráthaíochta nó leas a bhaint as an ráthaíocht chuimsitheach dá dtagraítear in Airteagal 176, i gcás ina gcomhlíonann an duine lena mbaineann ceachtar de na coinníollacha seo a leanas:
 - (a) gur féidir leis an duine sin a thaispeáint nár tháinig aon fhiach custaim aníos i ndáil leis na hearraí a bhí i gceist le linn na n-oibríochtaí a thug an duine sin fúthu sa 2 bhliain roimh an gcinneadh dá dtagraítear i mír 1;
 - (b) i gcás inar eascraíodh fiachais chustaim sa 2 bhliain roimh an cinneadh dá dtagraítear i mír 1, gur féidir leis an duine lena mbaineann a thaispeáint gur íoc an féichiúnaí nó na féichiúnaithe nó an ráthóir na fiachais sin ina n-iomlán laistigh den teorainn ama forordaithe.

D'fhonn údarú a fháil chun úsáid a bhaint as ráthaíocht chuimsitheach atá toirmiscthe go sealadach, ní mór don duine lena mbaineann na critéir a leagtar síos in Airteagal 24(1), pointí (b) agus (c).
 3. Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na rialacha maidir leis na toirmisc shealadacha a bhaineann le húsáid ráthaíochtaí cuimsitheacha dá dtagraítear i mír 1. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 262(4).
- Ar mhórchúiseanna práinne i ndáil le bearta den sórt sin, a mbeidh call cuí leo de bharr an ghá feabhas mear a dhéanamh ar chosaint leasanna airgeadais an Aontais agus a Bhallstát, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme is infheidhme gan mhoill i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 262(5).

Airteagal 178

Ráthaíocht bhreise nó ráthaíocht athsholáthair

I gcás ina ndeimhneoidh na húdaráis chustaim nach n-áiritheoidh an ráthaíocht a bheidh curtha ar fáil, nó nach bhfuil sé cinnte go n-áiritheoidh sí a thuilleadh, go n-íocfar méid na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí a fhreagraíonn don fhiach custaim agus do na muirir eile laistigh den tréimhse fhorordaithe, nó nach leor í lena áirithiú amhlaidh, éileoidh siad ar dhuine de na daoine dá dtagraítear in Airteagal 170(3) ráthaíocht bhreise a chur ar fáil nó ráthaíocht nua a chur in ionad na ráthaíochta bunaidh, de réir rogha an duine sin.

An ráthaíocht a scaoileadh

1. Scaoilfidh na húdaráis chustaim an ráthaíocht láithreach nuair a mhúchfar an fiach custaim nó an dliteanas i leith muirear eile nó nuair nach féidir go n-eascróidh sé a thuilleadh.
2. I gcás ina múchfar an fiach custaim nó an dliteanas i leith muirear eile go páirteach nó i gcás nach féidir go n-eascróidh sé ach amháin i ndáil le páirt den mhéid atá urraithe, scaoilfear páirt chomhfhreagrach den ráthaíocht dá réir sin ar iarraidh ón duine lena mbaineann ach amháin sa chás nach mbeidh bonn cirt faoi dhéanamh amhlaidh mar gheall ar an méid atá i gceist.
3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmlichte a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 261, chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na teorainneacha ama a chinneadh i ndáil le scaoileadh ráthaíochta.
4. Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na rialacha nós imeachta maidir le ráthaíocht a scaoileadh dá dtagraítear san Airteagal seo. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 262(4).

Caibidil 3

Aisghabháil, íocaíocht, aisíocaíocht agus loghadh mhéid na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí

ROINN 1

MÉID NA DLEACHTA AR ALLMHAIRÍ NÓ AR ONNMHAIRÍ A CHINNEADH, FÓGRA A THABHAIRT FAOIN bhFIACH CUSTAIM AGUS IONTRÁIL SNA CUNTAIS

Méid na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí a chinneadh

1. Ríomhfaidh an t-allmhaireoir agus an t-onnmhaireoir suim na dleachta ar allmhairí nó onnmhairí is iníoctha. Ar scaoileadh na n-earraí, meastar go nglacann na húdaráis chustaim le suim na dleachta ar allmhairí nó onnmhairí is infheidhme, mar atá ríofa ag an allmhaireoir agus onnmhaireoir, gan dochar do rialuithe iarscaoilte. Mura ríomhfaidh an duine sin an tsuim nó má easaontaíonn na húdaráis chustaim leis an tsuim atá ríofa ag an duine sin, is iad na húdaráis chustaim atá freagrach as an áit a dtabhaítear an fiach custaim, nó a mheasfar é a bheith tabhaithe i gcomhréir le hAirteagal [169](#) a chinneadh suim na dleachta ar allmhairí nó onnmhairí is iníoctha a luaithé a bheidh an fhaisnéis is gá acu.
2. De mhaolú ar mhír 1, go dtí an dáta a leagtar amach in Airteagal 265(3), i gcás inar taisceadh dearbhú custaim, féadfaidh na húdaráis chustaim glacadh le suim na dleachta ar allmhairí nó onnmhairí is iníoctha a cinneadh sa dearbhú custaim, gan dochar do rialuithe iarscaoilte. Má easaontaíonn na húdaráis chustaim leis an tsuim sin, cinneadh siad suim na dleachta ar allmhairí nó onnmhairí is iníoctha, a luaithé is a bheidh an fhaisnéis riachtanach acu.
3. Sa chás nach mbeidh uimhir iomlán mar thoradh ar mhéid na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí is iníoctha, féadfar an méid sin a shlánú.

I gcás ina léirítear an méid dá dtagraítear sa chéad fomhír i euro, ní fhéadfadh slánú na huimhreach a bheith níos mó ná slánú aníos nó anuas go dtí an uimhir iomlán is gaire.

Féadfaidh allmhaireoirí agus onnmhaireoirí atá bunaithe i mBallstát nach bhfuil an euro mar airgeadra aige forálacha an dara fomhír a chur i bhfeidhm mutatis mutandis nó féadfaidh sé maolú ón bhfomhír sin, ar an gcoinníoll nach bhfuil tionchar airgeadais níos mó ag na rialacha atá leagtha amach sa dara fomhír.

Airteagal 181

Fógra a thabhairt maidir leis an bhfiach custaim

1. Ar scaoileadh na n-earraí, meastar go bhfuil fógra tugtha ag na húdaráis chustaim don allmhaireoir nó onnmhaireoir maidir leis an bhfiach custaim.
2. I gcás ina mbeidh suim na dleachta ar allmhairí nó onnmhairí is iníoctha cinnte ag na húdaráis chustaim, tabharfaidh siad fógra don fhéichiúnaí maidir leis an bhfiach custaim san fhoirm a leagtar síos ag an áit a dtabhófar an fiach custaim, nó a measfar é a bheith tabhaithe i gcomhréir le hAirteagal [169](#).

Ní thabharfar an fógra dá dtagraítear sa chéad fhomhír sna cásanna seo a leanas:

- (a) i gcás ina bhforchuirfear dleacht frithdhumpála shealadach nó dleacht frithchúitimh shealadach nó beart coimirce sealadach, go dtí go ndéanfar cinneadh críochnaitheach maidir le suim na dleachta ar allmhairí nó onnmhairí;
 - (b) i gcás ina rachaidh méid na dleachta is iníoctha ar allmhairí nó ar onnmhairí thar an méid a cinneadh ar bhonn cinnidh a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 13;
 - (c) i gcás inarb ar bhonn forálacha ginearálta a neamhbhailíodh ag dáta níos deireanaí le cinneadh cúirte, a rinneadh an cinneadh bunaidh nach dtabharfaí fógra faoin bhfiach custaim nó go dtabharfaí fógra faoi mhéid dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí ba lú ná an méid ab iníoctha;
 - (d) i gcás ina ndíolmhaítear na húdaráis chustaim ó fhógra a thabhairt faoin bhfiach custaim faoin reachtaíocht chustaim.
3. I gcás nach mór do na húdaráis chustaim fógra a thabhairt faoi shuim na dleachta ar allmhairí nó onnmhairí is iníoctha, i gcomhréir le mír 2, tabharfaidh na húdaráis chustaim fógra don fhéichiúnaí maidir leis an bhfiach custaim nuair atá siad in ann an tsuim sin a chinneadh agus cinneadh a dhéanamh ina leith.

I gcás ina bhféadfaí dochar a dhéanamh don imscrúdú coiriúil leis an bhfógra maidir leis an bhfiach custaim, féadfaidh na húdaráis chustaim an fógra sin a chur siar go dtí nach ndéanfar dochar d'imscrúduithe coiriúla leis a thuilleadh.

4. Féadfaidh na húdaráis chustaim cead a thabhairt do thrádálaí Iontaoibhe agus Seiceála an fiach custaim, a fhreagraíonn do shuim iomlán na dleachta ar allmhairí nó onnmhairí a bhaineann leis na hearraí uile atá scaoilte ag an oibreoir sin thar ceann na n-údarás custaim le linn tréimhse nach mó ná 31 lá féilire, a ríomh agus é sin a chur in iúl do na húdaráis chustaim i miondealú ar shuimeanna a bhaineann le gach ceann de na coinsíneachtaí sonracha earraí. Má easaontaíonn na húdaráis chustaim leis an tsuim atá ríofa agus curtha in iúl, cinnfidh siad suim na dleachta ar allmhairí nó onnmhairí is iníoctha.

5. De mhaolú ar mhír 1, i gcás ina bhfuil feidhm ag Teideal XII, Caibidil 6, Roinn 4 de Threoir 2006/112/CE maidir le ciandíol earraí atá le hallmhairiú ó thríú tíortha do chustaiméir i gcríoch chustaim an Aontais, féadfaidh na húdaráis chustaim údarú a thabhairt do dhuine, a meastar é a bheith ina allmhaireoir, an fiach custaim, a fhreagraíonn do shuim iomlán na dleachta ar allmhairí a bhaineann leis na hearraí uile a scaoileadh don duine sin, a meastar é a bheith ina allmhaireoir, le linn mí amháin faoi dheireadh na míosa dar gcionn, a ríomh agus a chur in iúl in éineacht le miondealú ar na suimeanna a bhaineann le gach coinsíneacht shonrach earraí. Leis an teachtaireacht sin, féadfaidh go ndéanfaí leasú ar an bhfaisnéis a sholáthair an duine, a meastar é a bheith ina allmhaireoir, i gcomhréir le hAirteagal 59(2), nó féadfar an fhaisnéis sin a dhéanamh neamhbhailí leis an teachtaireacht sin. Má easaontaíonn na húdaráis chustaim leis an tsuim atá ríofa agus curtha in iúl, cinntídh siad suim na dleachta ar allmhairí nó onnmhairí is iníoctha. Measfar go mbeidh fógra tugtha ag na húdaráis chustaim faoin bhfiach custaim i gcás nár easaontaigh siad leis an teachtaireacht laistigh de thréimhse réasúnta ama tar éis don trádálaí í a chur isteach.
6. Go dtí an dáta a leagtar amach in Airteagal 265(3), i gcás inar taisceadh dearbhú custaim, ar choinníoll go bhfuil an íocaíocht sin ráthaithe, féadfaidh na húdaráis chustaim a cheadú, maidir le fiach custaim a fhreagraíonn do shuim iomlán na dleachta ar allmhairí nó onnmhairí a bhaineann leis na hearraí uile a scaoiltear d'aon duine amháin le linn tréimhse shocráithe, go féadfar fógra a thabhairt ina leith ag deireadh na tréimhse sin. Ní bheidh an tréimhse a shocróidh na húdaráis chustaim níos faide ná 31 lá.
7. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun an Rialachán seo a fhorlíonadh i gcomhréir le hAirteagal 261, tríd an méid seo a leanas:
 - (a) na cásanna dá dtagraítear i mír 2, an dara fómhír, pointe (d), ina ndíolmhaítear na húdaráis chustaim ó fhógra a thabhairt faoin bhfiach custaim;
 - (b) an tréimhse réasúnta ama chun easpa easaontaithe a bhreithniú dá dtagraítear i mír 5;
 - (c) an fhaisnéis atá le soláthar sa teachtaireacht ón duine, a meastar é a bheith ina allmhaireoir, i mír 5.

Airteagal 182

Tréimhse teorann maidir leis an bhfiach custaim

1. Ní thabharfaidh na húdaráis chustaim fógra don fhéichiúnaí maidir le fiach custaim tar éis dul in éag do thréimhse 3 bliana ón dáta ar tabhaíodh an fiach custaim.
2. I gcás ina dtabhófar an fiach custaim de bharr gnímh a d'fhéadfadh a bheith, tráth a ndearnadh é, ina chúis d'imeachtaí coiriúla cúirte a thionscnamh, déanfar an tréimhse 3 bliana atá leagtha síos i mír 1 a fhadú go tréimhse 5 bliana ar a laghad agus tréimhse 10 mbliana ar a mhéid i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.
3. Déanfar na tréimhsí a leagtar síos i mír 1 agus i mír 2 a fhionraí sna cásanna seo a leanas:
 - (a) i gcás ina dtaiscfear achomharc i gcomhréir le hAirteagal 16;
 - (b) beidh feidhm ag fionraí den sórt sin ón dáta a thaiscfear an t-achomharc agus mairfidh sé ar feadh ré na n-imeachtaí achomhairc; nó

- (c) i gcás ina gcuirfidh na húdaráis chustaim na forais ar a mbeidh sé beartaithe acu fógra a thabhairt faoin bhfiach custaim in iúl don fhéichiúnaí, i gcomhréir le hAirteagal 6(6); beidh feidhm ag fionraí den sórt sin ón dáta ar cuireadh na forais sin in iúl go dtí deireadh na tréimhse ina dtugtar deis don fhéichiúnaí a thuairim a chur in iúl.
4. I gcás ina n-aischuirfear fiach custaim de bhun Airteagal 193(7), measfar na tréimhsí a leagtar síos i mír 1 agus i mír 2 a bheith curtha ar fionraí ón dáta a chuirfear isteach an t-iarratas ar aisíocaíocht nó ar loghadh i gcomhréir le hAirteagal 198, go dtí an dáta a glacadh an cinneadh maidir le haisíocaíocht nó le loghadh.

Airteagal 183

Iontráil sna cuntais

1. Iontrálfaidh na húdaráis chustaim dá dtagraítear in Airteagal 180 ina gcuntais, i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta, suim na dleachta ar allmhairí nó onnmhairí is iníoctha mar a cuireadh in iúl i gcomhréir le hAirteagal 181.

Ní bheidh feidhm ag oibleagáid na n-údarás custaim sa chéad fhomhír i gcásanna dá dtagraítear in Airteagal 181(2), [an dara](#) fhomhír.

2. Ní gá go n-iontrálfadh na húdaráis chustaim sna cuntais suimeanna dleachta ar allmhairí nó onnmhairí, de bhun Airteagal 182, a fhreagraíonn d'fhiach custaim nárbh fhéidir fógra ina leith a thabhairt don fhéichiúnaí a thuilleadh.
3. Cinnfidh Ballstáit na nósanna imeachta praiticiúla chun méideanna na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí a iontráil sna cuntais. Féadfaidh difríocht a bheith idir na nósanna imeachta sin, ag brath ar cibé an mbeidh na húdaráis chustaim sásta, i bhfianaise na gcúinsí inar tabhaíodh an fiach, go n-íocfar na méideanna sin.

Airteagal 184

Tráth iontrála sna cuntais

1. Iontrálfaidh na húdaráis chustaim suim na dleachta ar allmhairí nó onnmhairí is iníoctha sna cuntais laistigh de 14 lá ó thráth scaoilte na n-earraí ach amháin i gcás ina gcuirtear na hearraí i gcead isteach sealadach le faoiseamh páirteach ó dhleacht ar allmhairí.
2. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh na húdaráis chustaim suim na dleachta ar allmhairí nó onnmhairí a bhaineann leis na hearraí a scaoiltear do thrádálalí Iontaoibhe agus Seiceála le linn tréimhse shocraithe, i gcomhréir le hAirteagal 181(4), a chumhdach le hiontráil amháin sna cuntais ag deireadh na tréimhse sin.

Déanfar iontráil den sórt sin laistigh de cheithre lá dhéag ó dháta éaga na tréimhse lena mbaineann.

3. De mhaolú ar mhír 1, féadfar suim iomlán na dleachta ar allmhairí a bhaineann leis na hearraí uile a scaoiltear do dhuine, a meastar é a bheith ina allmhaireoir, le linn 1 mhí amháin, i gcomhréir le hAirteagal 181(5), a chumhdach le hiontráil amháin sna cuntais faoi dheireadh na míosa dár gcionn, iontráil ina mbeidh miondealú ar na suimeanna a bhaineann le gach coinsíneacht shonrach earraí.
4. Go dtí an dáta a leagtar amach in Airteagal 265(3), i gcás inar taisceadh dearbhú custaim, ar choinníoll go bhfuil an íocaíocht sin ráthaithe, féadfaidh na húdaráis chustaim a cheadú, maidir le fiach custaim a fhreagraíonn do shuim iomlán na

dleachta ar allmhairí nó onnmhairí a bhaineann leis na hearraí uile a scaoiltear d'aon duine amháin le linn tréimhse shocraithe, nach féidir a bheith níos faide ná 31 lá, go bhféadfar fógra a thabhairt ina leith ag deireadh na tréimhse sin.

Déanfar iontráil den sórt sin laistigh de cheithre lá dhéag ó dháta éaga na tréimhse lena mbaineann.

5. I gcás inar féidir earraí a scaoileadh faoi réir coinníollacha áirithe a rialaíonn méid na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí is iníoctha a chinneadh nó a bhailiú, déanfar an iontráil sna cuntais laistigh de cheithre lá dhéag ón lá a gcinnfear méid na dleachta is iníoctha ar allmhairí nó ar onnmhairí nó laistigh de cheithre lá dhéag ón lá a shocrófar an oibleagáid maidir leis an dleacht sin a íoc.

Mar sin féin, i gcás ina mbainfidh an fiach custaim le dleacht frithdhumpála shealadach, dleacht frithchúitimh shealadach nó beart coimirce sealadach, iontrálfar suim na dleachta ar allmhairí nó onnmhairí is iníoctha sna cuntais laistigh de 2 mhí ón dáta a bhfoilseofar in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh an Rialachán lena mbunaítear an dleacht chinntitheach.

6. I gcás ina dtabhófar fiach custaim i gcúinsí nach bhfoláítear le mír 1, iontrálfar méid na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí is iníoctha sna cuntais laistigh de cheithre lá dhéag ón dáta a mbeidh na húdaráis chustaim in ann méid na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí atá i gceist a chinneadh agus cinneadh a dhéanamh.
7. Beidh feidhm ag mír 6 i ndáil le méid na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí a bheidh le haisghabháil nó a bheidh fós le haisghabháil i gcás nach n-iontrálfar méid na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí is iníoctha sna cuntais i gcomhréir le míreanna 1 go 6 nó i gcás ina gcinnfear agus ina n-iontrálfar í sna cuntais ar leibhéal níos ísle ná an méid is iníoctha.
8. Ní bheidh feidhm ag na teorainneacha ama le haghaidh iontrála sna cuntais a leagtar síos i míreanna 1 go 6 i gcúinsí neamh- intuartha nó i gcásanna *force majeure*.
9. Féadfar an iontráil sna cuntais a chur siar sa chás dá dtagraítear in Airteagal 181(3), [an dara](#) fomhír, go dtí nach ndéanfar dochar a thuilleadh d'imscrúdú coiriúil leis an bhfógra sin faoin bhfiach custaim.

Airteagal 185

Bronnadh cumhachtaí cur chun feidhme

Glacfaidh an Coimisiún bearta, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, chun cúnamh frithpháirteach idir na húdaráis chustaim a áirithiú i gcás ina dtabhófar fiach custaim.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 262(4).

ROINN 2

MÉID NA DLEACHTA AR ALLMHAIRÍ NÓ AR ONNMHAIRÍ A ÍOC

Airteagal 186

Teorainneacha ama ginearálta le haghaidh íocaíochta agus an teorainn ama le haghaidh íocaíochta a chur ar fionraí

1. Íocfaidh an féichiúnaí suimeanna na dleachta ar allmhairí nó onnmhairí a fhreagraíonn don fhiach custaim ar tugadh fógra ina leith i gcomhréir le hAirteagal [181](#) laistigh den tréimhse a fhorordóidh na húdaráis chustaim.

Gan dochar d'Airteagal [17\(2\)](#), ní rachaidh an tréimhse sin thar 10 lá tar éis fógra maidir leis an bhfiach custaim a bheith tugtha don fhéichiúnaí.

Féadfaidh na húdaráis chustaim an tréimhse sin a fhadú ar iarratas ón bhféichiúnaí I gcás ina gcinnfear méid na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí is iníoctha i gcúrsa na rialuithe iarscaoilte amhail dá dtagraítear in Airteagal [48](#). Gan dochar d'Airteagal [190\(2\)](#), ní rachaidh síntí den sórt sin thar an tréimhse is gá don fhéichiúnaí chun na bearta iomchuí a dhéanamh lena oibleagáid a chomhlíonadh.
2. De mhaolú ar mhír 1, íocfaidh an féichiúnaí méid na dleachta ar allmhairí a chomhfhreagraíonn d'fhiach custaim dá dtugtar fógra i gcomhréir le hAirteagal [181\(5\)](#); ar dháta éaga an sprioc- ama ar a dhéanaí nach mór fógra a thabhairt faoin bhfiach custaim faoin dáta sin.
3. Má tá an féichiúnaí i dteideal aon cheann de na háiseanna íocaíochta a leagtar síos in Airteagal [188](#) go hAirteagal [190](#), déanfar an íocaíocht laistigh den tréimhse nó laistigh de na tréimhsí a shonraítear i ndáil leis na háiseanna sin.
4. An teorainn ama le haghaidh íocaíochta mhéid na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí a fhreagraíonn d'fhiach custaim, cuirfear ar fionraí í in aon cheann de na cásanna seo a leanas:
 - (a) i gcás ina ndéanfar iarratas ar loghadh dleachta i gcomhréir le hAirteagal [198](#);
 - (b) i gcás ina bhfuiltear chun earraí a choigistiú, a dhíothú nó a thréigean leis an Stát;
 - (c) i gcás inar tabhaíodh an fiach custaim de bhun Airteagal 161 agus ina mbeidh níos mó ná féichiúnaí amháin i gceist.
5. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal [\(261\)](#); chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na rialacha maidir le fionraí na teorann ama le haghaidh íocaíochta mhéid na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí a chomhfhreagraíonn d'fhiach custaim dá dtagraítear i mír 3 a chinneadh, agus tríd an tréimhse fionraíochta a chinneadh.

Airteagal 187

Íocaíocht

1. Déanfar an íocaíocht in airgead tirim nó ar aon slí eile lena mhacasamhail d'éifeacht comhlíonta, lena n-áirítear coigeartú comhardú creidmheasa, i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta.
2. Féadfaidh tríú duine an íocaíocht a dhéanamh in ionad an fhéichiúnaí.

3. Féadfaidh an féichiúnaí ar aon chuma méid iomlán na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí nó páirt de a íoc gan fanacht go mbeidh an tréimhse a tugadh dó nó di le haghaidh íocaíochta caite.

Airteagal 188

Iarchur íocaíochta

Déanfaidh na húdaráis chustaim, ar iarratas ón duine lena mbaineann agus ar ráthaíocht a bheith curtha ar fáil dóibh, údarú a thabhairt chun íocaíocht na dleachta is iníoctha a chur siar ar aon cheann de na bealaí seo a leanas:

- (a) go leithleach i ndáil le gach méid dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí a iontrálfar sna cuntais i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d’Airteagal 184(1), nó le hAirteagal 184(7);
- (b) ar dhóigh fhoriomlán i ndáil leis na méideanna dleachta uile ar allmhairí nó ar onnmhairí a iontrálfar sna cuntais i gcomhréir le hAirteagal 184(1) le linn tréimhse a shocróidh na húdaráis chustaim agus nach rachaidh thar 31 lá;
- (c) ar dhóigh fhoriomlán i ndáil leis na méideanna dleachta uile ar allmhairí nó ar onnmhairí a ndéanfar iontráil amháin ina leith i gcomhréir le hAirteagal(184)(2), (3) agus (4).

Airteagal 189

Tréimhsí a bhfuil íocaíocht curtha siar dóibh

- 1. Tríocha lá a bheidh sa tréimhse a gcuirtear íocaíocht siar ar a feadh faoi Airteagal 188.
- 2. I gcás ina gcuirfear íocaíocht siar i gcomhréir le hAirteagal 188, pointe (a) tosóidh an tréimhse ar an lá i ndiaidh an lae a dtabharfar fógra don fhéichiúnaí maidir leis an bhfiach custaim.
- 3. I gcás ina gcuirfear íocaíocht siar i gcomhréir le hAirteagal 188, pointe (b) tosóidh an tréimhse ar an lá i ndiaidh an lae a dtiocfaidh deireadh leis an tréimhse chomhshuimithe. Laghdófar é líon na laethanta a chomhfhreagraíonn do leath líon na laethanta a fholáitear leis an tréimhse chomhshuimithe.
- 4. I gcás ina gcuirfear íocaíocht siar i gcomhréir le hAirteagal 188, pointe (c), tosóidh an tréimhse ar an lá i ndiaidh dheireadh na tréimhse a bheidh socraithe le haghaidh scaoileadh na n-earraí atá i gceist. Laghdófar é líon na laethanta a chomhfhreagraíonn do leath líon na laethanta a fholáitear leis an tréimhse atá i dtrácht.
- 5. I gcás inar corruimhir líon na laethanta sna tréimhsí dá dtagraítear i mír 3 agus i mír 4, beidh líon na laethanta a chaithfear a asbhaint ón tréimhse 30 lá de bhun na míreanna sin cothrom le leath na chéad ré-uimhreach eile is ísle.
- 6. I gcás inar seachtainí iad na tréimhsí dá dtagraítear i mír 3 agus i mír 4, féadfaidh na Ballstáit a fhoráil go mbeidh méid na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí ar cuireadh siar an íocaíocht ina leith le híoc ar an Aoine den cheathrú seachtain i ndiaidh na seachtaine atá i gceist ar a dhéanaí.

Más míonna atá sna tréimhsí sin, féadfaidh na Ballstáit a fhoráil go mbeidh méid na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí ar cuireadh siar an íocaíocht ina leith le híoc ar

an séú lá déag den mhí i ndiaidh na míosa atá i gceist. Ní fhéadfar síneadh a chur leis na tréimhsí sin fiú má thiteann deireadh na tréimhse ar shaoire phoiblí.

Airteagal 190

Saoráidí eile íocaíochta

1. Féadfaidh na húdaráis chustaim saoráidí íocaíochta seachas iarchur íocaíochta a dheonú don fhéichiúnaí ar choinníoll go gcuirfear ráthaíocht ar fáil.
2. I gcás ina ndeonófar saoráidí de bhun mhír 1, déanfar ús creidmheasa a mhuirearú ar mhéid na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí.

I gcás Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra aige, beidh an ráta creidmheasa úis comhionann leis an ráta úis arna fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, sraith C, ar ráta úis é a chuir an Banc Ceannais Eorpach i bhfeidhm ar na príomhoibríochtaí athairgeadaithe ar an gcéad lá den mhí ina raibh an dáta dlite, méadaithe faoi aon phointe céatadáin amháin.

I gcás Ballstáit nach bhfuil an euro mar airgeadra aige, beidh an ráta úis chreidmheasa comhionann leis an ráta arna chur i bhfeidhm ar an gcéad lá den mhí a bheidh i gceist ag an mBanc Ceannais Náisiúnta i gcás a phríomhghníomhaíochtaí athairgeadaithe, méadaithe faoi aon phointe céatadáin, nó, maidir le Ballstát nach bhfuil fáil ar ráta an Bhainc Cheannais Náisiúnta ina chás, an ráta is coibhéisí arna chur i bhfeidhm ar an gcéad lá den mhí i gceist ar mhargadh airgid an Bhallstáit, méadaithe faoi aon phointe céatadáin.

3. Féadfaidh na húdaráis chustaim staonadh ó ráthaíocht a éileamh nó ó ús creidmheasa a mhuirearú i gcás ina suífead ar bhonn measúnaithe dhoiciméadaithe ar staid an fhéichiúnaí, go gcothódh sé sin deacrachtaí tromchúiseacha eacnamaíocha nó sóisialta.
4. Staonfaidh na húdaráis chustaim d'ús creidmheasa a ghearradh i gcásanna ina mbeidh an tsuim in aghaidh gach gníomhaíochta aisghabhála níos lú ná EUR 10.

Airteagal 191

Forfheidhmiú íocaíochta

I gcás nach n-íocfar méid na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí is iníoctha laistigh den tréimhse fhorordaithe, áiritheoidh na húdaráis chustaim ar gach uile bhealach a bheidh ar fáil dóibh faoi dhlí an Bhallstáit lena mbaineann go bhfaighfear íocaíocht ar an méid sin.

Airteagal 192

Ús ar riaráistí

1. Déanfar ús a mhuirearú ar mhéid na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí ón dáta a rachaidh an tréimhse fhorordaithe in éag go dtí an dáta a ndéanfar an íocaíocht.

I gcás Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra aige, beidh an ráta creidmheasa úis comhionann leis an ráta úis arna fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, sraith C, ar ráta úis é a chuir an Banc Ceannais Eorpach i bhfeidhm ar na príomhoibríochtaí athairgeadaithe ar an gcéad lá den mhí ina raibh an dáta dlite, méadaithe faoi dhá phointe céatadáin amháin.

I gcás Ballstáit nach bhfuil an euro mar airgeadra aige, beidh an ráta úis ar riaráistí comhionann leis an ráta arna chur i bhfeidhm ar an gcéad lá den mhí a bheidh i gceist ag an mBanc Ceannais Náisiúnta i gcás a phríomhghníomhaíochtaí athairgeadaithe, méadaithe faoi dhá phointe céatadáin, nó, maidir le Ballstát nach bhfuil fáil ar ráta an Bhainc Cheannais Náisiúnta ina chás, an ráta is coibhéisí arna chur i bhfeidhm ar an gcéad lá den mhí i gceist ar mhargadh airgid an Bhallstáit, méadaithe faoi dhá phointe céatadáin.

2. I gcás ina dtabhaítear an fiachas custaim ar bhonn Airteagal [161](#) nó Airteagal [164](#), nó i gcás ina bhfuil an fógra faoin bhfiachas custaim mar thoradh ar rialú iarscaoilte, déanfar ús a mhuirearú de bhreis ar mhéid na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí, ón dáta a dtabhófar an fiach custaim go dtí an dáta a dtabharfar an fógra faoi.

Leagfar síos an ráta úis ar riaráistí i gcomhréir le mír 1.

3. Féadfaidh na húdaráis chustaim staonadh ó ús a mhuirearú ar riaráistí i gcás ina suítear ar bhonn measúnaithe dhoiciméadaithe ar staid an fhéichiúnaí, go gcothófaí deacrachtaí tromchúiseacha eacnamaíocha nó sóisialta dá ndéanfaí é a mhuirearú.
4. Staonfaidh na húdaráis chustaim d'ús a ghearradh ar riaráistí i gcásanna ina mbeidh an tsuim in aghaidh gach gníomhaíochta aisghabhála níos lú ná EUR 10.

ROINN 3

AISIÓCAÍOCHT AGUS LOGHADH

Airteagal 193

Aisíocaíocht agus loghadh

1. Faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos sa Roinn seo, déanfaidh na húdaráis chustaim méideanna dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí a aisíoc nó a íoc amach ar aon cheann de na forais seo a leanas:
 - (a) méideanna na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí a rómhuirearaíodh;
 - (b) earraí lochtacha nó earraí nach gcomhlíonann téarmaí an chonartha;
 - (c) earráid a rinne na húdaráis inniúla;
 - (d) cothromas;
 - (e) neamhbhailíochtú na sonraí ar ar a mbonn a bunaíodh an fiach custaim le haghaidh na n-earraí comhfhreagracha nó, i gcás inarb infheidhme, don dearbhú custaim comhfhreagrach.
2. Déanfaidh na húdaráis chustaim méid na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí dá dtagraítear i mír 1 a aisíoc nó a loghadh i gcás inar fiú EUR 10 nó níos mó é, ach amháin i gcás ina n-iarrann an duine lena mbaineann go n-íocfaí nó go loghfaí méid níos lú ná sin.
3. I gcás ina measfaidh an t-údarás custaim gur cheart an aisíocaíocht nó an loghadh a dheonú ar bhonn Airteagal [196](#) agus Airteagal [197](#), cuirfidh an Ballstát lena mbaineann an comhad ar aghaidh chuig an gCoimisiún i gcomhair cinnidh in aon cheann de na cásanna seo:
 - (a) i gcás ina measann an t-údarás custaim go bhfuil na cúinsí speisialta mar thoradh ar mhainneachtain an Choimisiúin a oibleagáidí a chomhlíonadh;

- (b) i gcás ina measann an t-údarás custaim go ndearna an Coimisiún earráid de réir bhrí Airteagal 196;
- (c) i gcás ina mbaineann cúinsí an cháis leis an méid a aimsíodh le linn imscrúdú de chuid an Aontais a rinneadh faoi Rialachán (CE) Uimh 515/97, nó faoi aon reachtaíocht eile de chuid an Aontais nó aon chomhaontú a thug an tAontas chun críche le tíortha nó le grúpa tíortha ina ndéantar foráil chun imscrúduithe Aontais mar sin a dhéanamh;
- (d) i gcás ina mbeidh an tsuim a bhféadfadh an duine lena mbaineann a bheith faoi dhliteanas i leith oibríochta allmhairithe nó onnmhairithe amháin nó níos mó ná sin ach gurb ionann é agus EUR 500 000 nó go bhfuil sé os cionn EUR 500 000 mar thoradh ar earráid nó ar chúinsí speisialta.

D'ainneoin na chéad fhomhíre, ní tharchuirfear na comhaid i gceachtar ceann de na cásanna seo a leanas:

- (a) i gcás ina bhfuil cinneadh glactha ag an gCoimisiún cheana maidir le cás a bhaineann le saincheistanna inchomparáide faoi fhíorais agus dlí;
 - (b) i gcás ina bhfuil cás á mheas ag an gCoimisiún cheana a bhaineann le saincheistanna inchomparáide faoi fhíorais agus dlí.
4. Faoi réir na rialacha um inniúlacht i leith cinnidh, i gcás ina bhfaighidh na húdaráis chustaim féin amach laistigh de na tréimhsí dá dtagraítear in Airteagal 198(1) go bhfuil méid dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí in- aisíochta nó in-loghtha de bhun Airteagail [194](#), [196](#) agus [197](#), déanfaidh siad é a aisíoc nó a loghadh as a stuaim féin.
 5. Ní dheonófar aon aisíoc ná aon loghadh nuair is de bharr go ndearna an féichiúnaí calaois a d'eascair an staid arbh é an fógra faoin bhfiach custaim an deireadh a bhí léi.
 6. Ní eascróidh íocaíocht úis ag na húdaráis lena mbaineann as aisíoc, seachas i gcásanna dá dtagraítear i mír 1, pointí (a) agus (c).

Mar sin féin, sna cásanna sin ní eascróidh íocaíocht úis ag na húdaráis lena mbaineann as aisíoc, má aisíocann na húdaráis chustaim méid dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí gan mhoill mhíchui tar éis dóibh a fháil amach go bhfuil an méid inaisíochta. I gcás nach n-aisíocann na húdaráis chustaim an méid sin gan moill mhíchui agus go dtionscnóidh an féichiúnaí imeachtaí d'fhonn aisíocaíocht a fháil, íocfar an t-ús ar feadh na tréimhse ó dháta íocaíochta na ndleachtanna sin go dtí dáta a ndéanfar a n-aisíocaíochtaí.

Ina theannta sin, íocfar ús, áfach, i gcás nach ndéanfar cinneadh lena ndeonaítear aisíoc a chur chun feidhme laistigh de 3 mhí ón dáta a ndearnadh an cinneadh sin, mura taobh amuigh de rialú na n-údarás custaim a tharla an teip cloí leis an sprioc- am.

I gcásanna den sórt sin, íocfar an t-ús ón dáta a rachaidh an tréimhse trí mhí in éag go dtí an dáta a ndéanfar an t-aisíoc. Socrófar an ráta úis i gcomhréir le hAirteagal [190](#).

7. I gcás inar trí earráid a dheonóidh na húdaráis chustaim an t-aisíoc nó an loghadh, déanfar an fiach custaim bunaidh a athshuíomh sa mhéid nach bhfuil cosc ama air sin faoi Airteagal [182](#).

I gcásanna den sórt sin, déanfar aon ús a íocadh faoin dara fomhír de mhír 6 a aisíoc.

8. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal [261](#), chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na rialacha a leagan síos nach mór dó a chomhlíonadh agus cinneadh á dhéanamh aige dá dtagraítear i mír 3 agus go háirithe maidir leis an méid seo a leanas:
- (a) na coinníollacha faoina nglacfar leis an gcomhad;
 - (b) an teorainn ama chun cinneadh a ghlacadh agus fionraí na teorann ama sin;
 - (c) an teachtaireacht a bheidh mar bhunús ag an gcinneadh a ghlacfaidh an Coimisiún, sula nglacfar cinneadh a dhéanfaidh dochar don duine lena mbaineann;
 - (d) an fógra faoin gcinneadh;
 - (e) na hiarmhairtí maidir le mainneachtain cinneadh a dhéanamh nó mainneachtain fógra a thabhairt ina leith.
9. Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na rialacha nós imeachta maidir le haisíocaíocht agus loghadh agus maidir leis an gcinneadh dá dtagraítear i mír 3. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 262(2).
- I gcás ina mbeidh tuairim an choiste dá dtagraítear in Airteagal 262(1) le fáil trí nós imeachta scríofa, beidh feidhm ag Airteagal 262(6).

Airteagal 194

Méideanna dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí a ró- mhuirearaíodh

1. Déanfar méid dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí a aisíoc nó a loghadh a mhéid a rachaidh an méid a chomhfhreagraíonn don bhunfhiach custaim thar an méid is iníoctha, nó a mhéid gur tugadh fógra don fhéichiúnaí maidir leis an bhfiach custaim ar mhodh a bhí contrártha d'Airteagal 181(1), pointí [\(c\)](#) agus [\(d\)](#).
2. I gcás ina mbunaítear an t-iarratas ar aisíocaíocht nó loghadh, tráth ar scaoileadh na hearraí le haghaidh saorchúrsaíochta, ar ráta laghdaithe nó nialasach dleachta ar allmhairí a bheith ann i ndáil leis na hearraí faoi thairif- chuóta, uasteorainn taraife nó bearta fabhracha taraife eile, deonófar aisíocaíocht nó loghadh ar choinníoll go raibh na doiciméid riachtanacha ag gabháil leis an iarratas tráth a dtaiscfear an t-iarratas agus go gcomhlíonfar ceachtar de na coinníollacha seo a leanas:
- (a) i gcás taraif- chuóta, nach mbeidh an méid ídithe;
 - (b) i gcásanna eile, nár athbhunaíodh an ráta dleachta a bhíonn dlite de ghnáth.

Airteagal 195

Earraí lochtacha nó earraí nach gcomhlíonann téarmaí an chonartha

1. Déanfaidh na húdaráis chustaim méid dleachta ar allmhairí a aisíoc nó a loghadh i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:
- (a) baineann an fógra faoin bhfiach custaim le hearraí ar dhiúltaigh an t-allmhaireoir dóibh toisc go raibh siad lochtach tráth ar scaoileadh iad nó nár chomhlíon siad téarmaí an chonartha ar ar bhonn a allmhairíodh iad;

- (b) níor baineadh úsáid as na hearraí, ach amháin cibé úsáid a baineadh astu i dtosach agus a bhféadfadh sé go raibh gá léi chun a dheimhniú go raibh siad lochtach nó nár chomhlíon siad téarmaí an chonartha;
 - (c) tabharfar na hearraí amach as críoch chustaim an Aontais nó, ar iarratas ón duine lena mbaineann, go n-údaróidh na húdaráis chustaim go gcuirfear na hearraí faoin nós imeachta próiseála isteach, lena n-áirítear chun iad a dhíothú, nó faoin nós imeachta idirthurais sheachtraigh, faoin nós imeachta stórála custaim nó faoin nós imeachta saorchreasa.
2. Ní dhéanfaidh na húdaráis chustaim méid dleachta ar allmhairí a aisíoc nó a loghadh i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:
- (a) i gcás gur cuireadh na hearraí, sular scaoileadh iad le haghaidh saorchúrsaíochta, faoi nós imeachta speisialta i gcomhair tástála, mura suitear nach bhféadfaí a bhrath de ghnáth le linn na dtástálacha sin go raibh na hearraí lochtach nó nár comhlíonadh leo téarmaí an chonartha;
 - (b) i gcás inar cuireadh cineál lochtach na n-earraí san áireamh agus téarmaí an chonartha á ndréachtú, go háirithe an praghas, sular cuireadh na hearraí faoi nós imeachta custaim ina dtabhaítear fiach custaim;
 - (c) i gcás ina ndíolfaidh an t-iarratasóir na hearraí nuair a fhionntar go bhfuil siad lochtach nó nach gcomhlíontar téarmaí an chonartha leo.
3. Measfar go bhfolaíonn earraí lochtacha earraí a ndearnadh damáiste dóibh sular scaoileadh iad.

Airteagal 196

Earráid a rinne na húdaráis chustaim

1. I gcásanna seachas na cásanna dá dtagraítear in Airteagal 193(1), pointe (e) agus in Airteagail [194](#), [195](#) agus [197](#), déanfaidh na húdaráis chustaim méid dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí a aisíoc nó a loghadh i gcás ina mbeidh méid a chomhfhreagraíonn don fhiach custaim níos ísle ná an méid is iníoctha curtha in iúl acu, mar thoradh ar earráid a rinne na húdaráis chustaim, ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:
- (a) nach bhféadfadh an féichiúnaí go réasúnach an earráid a bhrath;
 - (b) go raibh an féichiúnaí ag gníomhú de mheon macánta.
2. I gcás nach gcomhlíonfar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 194(2), déanfaidh na húdaráis chustaim na sonraí uile a aisíoc nó a loghadh i gcás ina mbeidh an mhainneachtain ráta laghdaithe nó nialasach dleachta a fheidhmiú mar thoradh ar earráid a rinne na húdaráis chustaim agus i gcás ina raibh na sonraí uile is gá chun an ráta laghdaithe nó nialasach a chur i bhfeidhm ag gabháil leis na sonraí ar scaoileadh na hearraí dá réir, nó i gcás inarb infheidhme, sa dearbhú custaim maidir le scaoileadh le haghaidh saorchúrsaíochta, agus ina raibh na doiciméid uile is gá le hiarratas a dhéanamh ar an ráta laghdaithe nó nialasach ag gabháil leis.
3. I gcás ina ndeonaítear cóireáil fhabhrach na n-earraí ar bhonn córais comhair riaracháin a bhfuil baint ag údaráis tríú tír leis, beidh eisiúint deimhnithe ag na húdaráis sin, má tharlaíonn sé go bhfuil sé mícheart, ina earráid nach bhféadfaí a bhrath go réasúnach de réir bhrí mhír 1, pointe (a).

Ní earráid a bheidh in eisiúint deimhnithe mhíchirt áfach, i gcás ina mbeidh an deimhniú bunaithe ar chuntas mícheart ar na fórais a chuir an t-onnmhaireoir ar fáil, ach amháin i gcás inar léir gurbh eol do na húdaráis eisiúna nó gur cheart gurbh eol dóibh nár chomhlíon na hearraí na coinníollacha a leagadh síos le haghaidh teidil chuig an gcóireáil fhabhrach.

Measfar gur ghníomhaigh an féichiúnaí de mheon macánta, más féidir leis nó léi a thaispeáint gur ghníomhaigh sé nó sí, le linn thréimhse na n-oibríochtaí trádála lena mbaineann, le dúthracht chuí lena áirithiú gur comhlíonadh na coinníollacha uile maidir le cóireáil fhabhrach.

Ní fhéadfaidh an féichiúnaí a bheith ag brath ar phléadáil gur ghníomhaigh sé de mheon macánta má d'fhoilsigh an Coimisiún fógra in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, inar sonraíodh go raibh fórais amhrais ann maidir le feidhmiú cuí na socruithe fhabhracha ag an tír is tairbhí nó ag an gcríoch is tairbhí.

Airteagal 197

Cothromas

1. I gcásanna seachas na cinn dá dtagraítear in Airteagal 193(1), pointe (e) agus in Airteagail [194](#), [195](#) agus [196](#), déanfaidh na húdaráis chustaim méid dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí a aisíoc nó a loghadh ar mhaithe le cothromas, nuair is i gcúinsí speisialta a tabhaíodh an fiach custaim agus nach féidir a chur i leith an fhéichiúnaí gur meabhlaireacht nó faillí shoiléir a bhí i gceist aige.
2. Suitear go bhfuil cúinsí speisialta ann dá dtagraítear i mír 1 i gcás inar léir ó chúinsí an cháis go mbaineann cás eisceachtúil leis an bhféichiúnaí i gcomparáid le hoibreoírí eile atá ag gabháil don ghnó céanna, agus in éagmais cúinsí mar sin, nach mbeadh sé nó sí faoin míbhuntáiste céanna atá mar thoradh ar bhailiú mhéid na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí is iníoctha.

Airteagal 198

Nós imeachta um aisíoc agus loghadh

1. Cuirfear iarratais ar aisíoc nó ar loghadh i gcomhréir le hAirteagal [193](#) chuig na húdaráis chustaim chuí laistigh de na tréimhsí seo a leanas:
 - (a) i gcás méideanna dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí a ró- mhuirearaíodh, i gcás earráide a rinne na húdaráis inniúla, nó i gcás cothromais, laistigh de 3 bliana ón dáta a dtabharfar fógra faoin bhfiach custaim;
 - (b) i gcás earraí lochtacha nó earraí nach gcomhlíonann téarmaí an chonartha, laistigh d'aon bhliain amháin ón dáta a dtabharfar fógra faoin bhfiach custaim;
 - (c) i gcás ina neamhbhaileofar na sonraí nó, i gcás inarb infheidhme, dearbhú custaim, ar scaoileadh na hearraí ar a mbonn, laistigh de 1 bhliain amháin ó dháta neamhbhailíochta na sonraí sin nó an dearbhaithe custaim sin mura sonraítear a mhalairt sna rialacha is infheidhme maidir le neamhbhailíochtú.

Cuirfear fadú leis an tréimhse a shonraítear sa chéad fhomhír, pointí (a) agus (b), i gcás ina gcuirfidh an t-iarratasóir fianaise ar fáil gur cuireadh bac air a iarratas a chur isteach laistigh den tréimhse a forordaíodh de bharr cúinsí neamh- intuatha nó de bharr *force majeure*.

2. I gcás nach bhfuil na húdaráis chustaim in ann, ar bhonn na bhforas a tugadh ar aird, aisíocaíocht nó loghadh a dheonú i ndáil le méid na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí, éileofar go ndéanfaidh siad scrúdú ar fhiúntas iarratais ar aisíocaíocht nó ar loghadh i bhfianaise na bhforas eile d'aisíocaíocht nó loghadh dá dtagraítear in Airteagal [193](#).
3. I gcás inar taisceadh achomharc faoi Airteagal [16](#) in aghaidh fhógra an fhéich custaim, déanfar an tréimhse ábhartha a shonraítear sa chéad fhómhír de mhír 1 chomh maith le scrúdú a dhéanamh ar na hiarratais ar loghadh agus ar aisíocaíocht agus ar na teorainneacha ama a bhaineann leo a chur ar fionraí, ón dáta a thaiscfear an t-achomharc, ar feadh ré na n-imeachtaí achomhairc.
4. I gcás ina ndeonóidh údarás custaim aisíocaíocht nó loghadh i gcomhréir le hAirteagal [196](#) agus [197](#), cuirfidh an Ballstát lena mbaineann an méid sin in iúl don Choimisiún.
5. Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na rialacha nós imeachta maidir leis an gCoimisiún a chur ar an eolas de bhun mhír 4 agus an fhaisnéis atá le soláthar. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 262(4).

Caibidil 4

Fiach custaim a mhúchadh

Airteagal 199

Múchadh

1. Gan dochar do na forálacha atá i bhfeidhm maidir le neamh- aisghabháil mhéid na dleachta a fhreagraíonn d'fhiach custaim i gcás dhócmhainneacht an fhéichiúnaí a deimhníodh go breithiúnach, déanfar fiach custaim maidir le hallmhairiú nó le honnmhairiú a mhúchadh ar aon cheann de na bealaí seo a leanas:
 - (a) i gcás nach bhféadfár fógra a thabhairt a thuilleadh don fhéichiúnaí i dtaobh an fhéich custaim, i gcomhréir le hAirteagal [181](#);
 - (b) trí mhéid na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí a íoc;
 - (c) faoi réir mhír 5, trí mhéid na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí a loghadh;
 - (d) i gcás, i leith earraí a scaoiltear le haghaidh nós imeachta custaim a bhéarfaidh oibleagáid dleacht ar allmhairí nó ar onnmhairí a íoc, na sonraí ar ar a mbonn a rinneadh an scaoileadh nó a neamhbhaileofar an dearbhú custaim;
 - (e) i gcás ina gcoigistítear earraí atá inchurtha faoi dhleachtanna ar allmhairí nó ar onnmhairí agus i gcás ina nglactar seilbh orthu agus ina gcoigistítear ag an am céanna iad nó ina dhiaidh sin;
 - (f) i gcás ina ndéanfar earraí ar a ndlitear dleacht ar allmhairí nó ar onnmhairí a dhíothú faoi mhaoirseacht custaim nó ina dtréigfear leis an Stát iad;
 - (g) i gcás ina n-imeoidh na hearraí as amharc nó nach gcomhlíonfar na hoibleagáidí a eascraíonn ón reachtaíocht chustaim de bharr dhíothú iomlán na n-earraí sin nó de bharr iad a bheith imithe ó mhaith ar fad mar gheall ar chineál iarbhír na n-earraí, nó ar chúinsí neamh-intuartha nó force majeure, nó de thoradh ar theagasc ó na húdaráis chustaim; chun críocha an phointe seo,

measfar go bhfuil earraí cailte ar fad nuair a bheidh siad curtha ó mhaith ag aon duine;

- (h) i gcás inar tabhaíodh an fiach custaim de bhun Airteagal 161 nó Airteagal 164 agus inar comhlíonadh na coinníollacha seo a leanas:
 - (i) ní raibh éifeacht shuntasach ag an teip as ar eascair tabhú an fhéich custaim ar oibriú ceart na stórála shealadaí nó an nós imeachta custaim lena mbaineann agus ní iarracht ar mheabhlaireacht a bhí inti;
 - (ii) go ndearnadh ina dhiaidh sin na foirmiúlachtaí uile ba ghá chun staid na n-earraí a chur ina ceart;
 - (i) i gcás inar onnmhairíodh, le cead ó na húdaráis chustaim, earraí a scaoileadh i saorchúrsaíocht saor ó dhleacht, nó ar ráta laghdaithe dleachta ar allmhairí, de bhua a n-úsáide deiridh;
 - (j) i gcás inar de bhun Airteagal 160 a tabhaíodh é agus i gcás ina gcuirtear ar ceal na foirmiúlachtaí a cuireadh i gcrích chun go bhféadfaí an chóireáil fhabhrach taraife dá dtagraítear san Airteagal sin a dheonú;
 - (k) i gcás, faoi réir mhír 6, gur de bhun Airteagal 161 a tabhaíodh an fiach custaim agus i gcás ina gcuirtear fianaise ar fáil chun sástacht na n-údarás custaim nár úsáideadh na hearraí ná nár caitheadh iad agus gur tugadh amach as críoch chustaim an Aontais iad.
2. Sna cásanna dá dtagraítear i mír 1, pointe (e), measfar mar sin féin, chun críocha na smachtbhannaí is infheidhme maidir le sáruithe custaim, nach mbeidh an fiach custaim múchta i gcás, faoin Rialachán seo nó faoi dhlí Ballstáit, inarb é dleacht ar allmhairí nó ar onnmhairí nó fiach custaim an bunús ar a gcinntear pionóis.
 3. I gcás ina múchfar fiach custaim i gcomhréir le mír 1, pointe (g), i ndáil le hearraí a urscaoiltear i saorchúrsaíocht saor ó dhleacht nó a scaoiltear ag ráta laghdaithe dleachta ar allmhairí mar gheall ar an úsáid deiridh atá beartaithe dóibh, measfar gur earraí neamh- AE aon fhuíoll nó aon dramhaíl a bheidh mar thoradh ar a ndíothú.
 4. Na forálacha atá i bhfeidhm a bhaineann le rátaí caighdeánacha i gcás ina n-imeoidh earraí ó mhaith ar fad de dheasca a gcineáil, beidh feidhm acu i gcás ina mainneoidh ar an duine i dtrácht a léiriú go bhfuil an fíorchailteanas níos mó ná an cailteanas arna ríomh tríd an ráta caighdeánach a chur i bhfeidhm maidir leis na hearraí i gceist.
 5. I gcás ina ndlífidh líon daoine méid na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí a fhreagraíonn don fhiach custaim a íoc agus go ndeonaítear loghadh, ní mhúchfar an fiach custaim ach amháin i ndáil leis an duine nó leis na daoine a ndeonaítear an loghadh dóibh.
 6. Sa chás dá dtagraítear i mír 1, pointe (k), ní mhúchfar an fiach custaim i ndáil le duine nó le daoine a rinne iarracht ar mheabhlaireacht.
 7. I gcás inar de bhun Airteagal [161](#) a tabhaíodh an fiach custaim, múchfar é i ndáil leis an duine nár bhain aon iarracht ar mheabhlaireacht lena iompar agus a chuidigh leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise.
 8. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal [\(261\)](#), chun an Rialachán seo a fhorlíonadh, trí liosta na dteipeanna a chinneadh nach raibh éifeacht shuntasach acu ar oibriú ceart na stórála sealadaí nó ar an nós imeachta custaim lena mbaineann dá dtagraítear i mír 1, pointe (h)(i).

Smachtbhannaí a chur i bhfeidhm

I gcás ina múchfar an fiach custaim ar bhonn phointe Airteagal 199(1), pointe (h), ní chuirfear bac ar Bhallstáit smachtbhannaí a chur i bhfeidhm mar gheall ar mhainneachtain an reachtaíocht chustaim a chomhlíonadh.

Teideal XI
BEARTA SRIANTACHA AGUS SÁSRA BAINISTITHE
GÉARCHÉIME

Caibidil 1
Bearta sriantacha

Ról Údaráis Chustaim an Aontais agus na n-údarás custaim

1. Rannchuideoidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh le cur i bhfeidhm ceart na mbeart sriantach a glacadh i gcomhréir le hAirteagal 215 CFAE trí fhaireachán a dhéanamh ar a gcur chun feidhme atá faoi réir a inniúlachta agus, faoi réir athbhreithnithe agus údaraithe ag an gCoimisiún, trí threoraíocht iomchuí a sholáthar do na húdaráis chustaim.
2. Déanfaidh na húdaráis chustaim gach beart is gá chun na bearta sriantacha a chomhlíonadh, agus treoraíocht Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh á cur san áireamh.

Tuairisciú

1. Seolfaidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh tuarascáil chuig an gCoimisiún go tráthrialta agus nuair is gá maidir le cur chun feidhme na mbeart sriantach ag na húdaráis chustaim agus i gcás aon sárú orthu.
2. Cuirfidh na húdaráis chustaim Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh, an Coimisiún agus údaráis náisiúnta na mBallstát atá inniúil ar smachtbhannaí ar an eolas faoi aon amhras agus aon chás ina bhfuiltear ag dul timpeall ar bhearta sriantacha agus faoina mbearta maolaithe ina leith sin.

Caibidil 2
Sásra bainistithe géarchéime

Ullmhú prótacal agus nósanna imeachta

1. Ullmhóidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh nósanna imeachta agus prótacail is féidir a ghníomhachtú i gcomhréir le hAirteagal 204(1) i gcás an mhéid seo a leanas:
 - (a) géarchéim ag teorainn Ballstáit amháin nó níos mó a bhfuil tionchar aici ar na próisis chustaim;

- (b) géarchéim in earnáil eile lena n-éilítear gníomhaíocht ó na húdaráis chustaim i gcomhar leis na húdaráis ábhartha,
 - (c) d'fhonn freagairt mhear, éifeachtach agus chomhréireach ar an staid lena mbaineann a áirithiú.
2. Féadfaidh prótacail agus nósanna imeachta an méid seo a leanas a chumhdach go háirithe:
- (a) critéir choiteanna riosca, réimsí coiteanna rialaithe tosaíochta agus próifílí riosca, bearta maolaithe iomchuí, agus rialuithe custaim a chur i bhfeidhm;
 - (b) creat um chomhar lena gcumasaítear oifigigh chustaim agus trealamh rialúcháin custaim a chur ar fáil go sealadach ó Bhallstát amháin go Ballstát eile.

Airteagal 204

Gníomhachtú an tsásra bainistithe géarchéime

1. Féadfaidh an Coimisiún, ar a thionscnamh féin nó bunaithe ar iarraidh ó Bhallstát amháin nó níos mó nó ó Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh, gníomh cur chun feidhme a ghlacadh, i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 262 (4) agus (5) den Rialachán seo, agus na prótacail agus na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagal 203, na bearta agus na socruithe is iomchuí agus is gá ar cheart feidhm a bheith acu chun aghaidh a thabhairt ar ghéarchéim nó chun a héifeachtaí diúltacha a mhaolú á gcur san áireamh.
2. Déanfaidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh maoirseacht ar chur i bhfeidhm agus ar chur chun feidhme na mbearta agus na socruithe iomchuí ag na húdaráis chustaim agus déanfaidh sé iad a chomhordú agus tuairisceoidh sé torthaí an chur chun feidhme sin don Choimisiún.
3. Bunóidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh cill freagartha i gcás géarchéime a bheidh ar fáil go buan le linn na géarchéime.
4. Déanfaidh na húdaráis chustaim na bearta agus na socruithe a ghlacfar de bhun an Airteagail seo a chur chun feidhme agus a chur i bhfeidhm agus tuairisceoidh siad d'Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh maidir lena gcur chun feidhme agus lena gcur i bhfeidhm.

Teideal XII

ÚDARÁS CUSTAIM AN AONTAIS EORPAIGH

Caibidil 1

Prionsabail

Airteagal 205

Stádas dlíthiúil

1. Beidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh ina chomhlacht de chuid an Aontais agus beidh pearsantacht dhlítheanach aige.
2. I ngach ceann de na Ballstáit, beidh an inniúlacht dhlíthiúil is fairsinge a thugtar do dhaoine dlítheanacha faoina ndlíthe ag Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh.

Féadfaidh sé, go háirithe, maoin shochorraithe agus maoin dhochorraithe a fháil nó a dhiúscairt agus féadfaidh sé a bheith ina pháirtí in imeachtaí dlíthiúla.

3. Déanfaidh a Stiúrthóir Feidhmiúcháin ionadaíocht ar Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh.

Airteagal 206

Suíomh

Beidh ceanncheathrú Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh san áit seo a leanas [...].

Airteagal 207

Misean agus cuspóirí Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh

1. Rannchuideoidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh le misean na n-údarás custaim a bhaint amach mar a leagtar amach in Airteagal [2](#).
2. Gan dochar do fhreagrachtaí an Choimisiúin, OLAF agus na mBallstát faoi seach, saothróidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh na cuspóirí seo a leanas:
 - (a) rannchuideoidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh le bainistíocht oibríochtúil an aontais custaim, agus leis sin déanfaidh sé comhar oibríochtúil idir údaráis chustaim a chomhordú agus a mhaoirsiú agus soláthróidh sé saineolas teicniúil chun éifeachtúlacht agus seachadadh torthaí a mhéadú;
 - (b) déanfaidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh teicneolaíochtaí faisnéise a fhorbairt, a oibriú agus a choinneáil ar bun chun na nósanna imeachta a leagtar síos sa Rialachán seo a chur chun feidhme agus rannchuideoidh sé leis an úsáid is fearr is féidir a bhaint as na sonraí atá ar fáil chun críocha maoirseachta custaim, rialaithe custaim agus bainistíochta riosca;
 - (c) tacóidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh le húdaráis chustaim cur chun feidhme aonfhoirmeach na reachtaíochta custaim a bhaint amach, go háirithe d'fhonn a áirithiú go ndéanfar rialuithe custaim agus bainistíocht riosca ar bhealach comhchuibhithe;
 - (d) rannchuideoidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh le forfheidhmiú reachtaíocht eile an Aontais a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm.

Caibidil 2

Cúraimí

Airteagal 208

Príomhchúraimí

1. Déanfaidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh cúraimí bainistíochta riosca, i gcomhréir le Teideal IV, Caibidil [3](#).
2. Déanfaidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh a chúraimí i ndáil le bearta sriantacha agus sásra bainistithe géarchéime i gcomhréir le Teideal XI.
3. Déanfaidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh gníomhaíochtaí chun acmhainní a fhorbairt agus soláthróidh sé tacaíocht oibríochtúil agus comhordú oibríochtúil d'údaráis chustaim. Go háirithe, déanfar inti an méid seo a leanas:

- (a) diagnóisic a dhéanamh agus faireachán a dhéanamh ar phointí trasnaithe teorann agus ar shuíomhanna rialaithe eile, caighdeáin choiteanna a fhorbairt agus moltaí maidir le dea- chleachtais a eisiúint;
 - (b) tomhas feidhmíochta a dhéanamh don aontas custaim, agus tacú leis an gCoimisiún ina mheastóireacht ar fheidhmíocht an aontais custaim, i gcomhréir le Teideal XV, Caibidil 1;
 - (c) inneachar íosta na hoiliúna coitinne a ullmhú d'oifigigh chustaim san Aontas agus faireachán a dhéanamh ar an úsáid a bhaineann údaráis chustaim as;
 - (d) rannchuidiú le Córas aitheantais an Aontais d'ollscoileanna agus do scoileanna eile a thairgeann cláir oiliúna agus oideachais i réimse an chustaim;
 - (e) comhordú a dhéanamh agus tacú le cruthú lárionad speisialaithe barrfheabhais ag na Ballstáit chun críocha uile- Aontais i réimsí ábhartha custaim, go háirithe saotharlanna oiliúna agus custaim;
 - (f) gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta i réimse an chustaim a éascú agus a chomhordú;
 - (g) lámhleabhair oibríochtúla a fhormhíniú agus a scaipeadh chun próisis chustaim agus modhanna oibre a chur i bhfeidhm go praiticiúil agus caighdeáin choiteanna a fhorbairt i ndáil leis sin;
 - (h) tuairim a eisiúint cé acu an ndéanfaidh nó nach ndéanfaidh deonú údaraithe le haghaidh nósanna imeachta speisialta dochar do leas tháirgeoirí an Aontais, i gcomhréir le hAirteagal 102(3), (4) agus (5);
 - (i) comhar le comhlachtaí de chuid an Aontais agus le húdaráis náisiúnta seachas údaráis chustaim i gcomhréir le hAirteagal 240(9);
 - (j) comhar oibríochtúil a chomhordú agus tacaíocht a thabhairt dó idir údaráis chustaim agus idir údaráis chustaim agus údaráis eile ar an leibhéal náisiúnta i gcomhréir le Teideal XIII;
 - (k) na rialuithe comhpháirteacha dá dtagraítear in Airteagal 241 a eagrú agus a chomhordú;
 - (l) tacaíocht agus saineolas a sholáthar don Choimisiún chun rangú casta, luacháil agus cásanna tionscnaimh a réiteach, agus chun faireachán a dhéanamh ar chinntí agus ar chur i bhfeidhm na gcinntí i ndáil leis sin.
4. Déanfaidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh na gníomhaíochtaí bainistithe agus próiseála sonraí is gá chun a chúraimí a chomhlíonadh agus chun na hiarratais náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 30 den Rialachán seo a fhorbairt.

Airteagal 209

Cúraimí eile

Féadfaidh an Coimisiún na cúraimí seo a leanas a chur ar iontaoibh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh chun na cláir chistiúcháin a bhaineann le custam a chur chun feidhme:

- (a) gníomhaíochtaí a bhaineann le forbairt, oibriú agus cothabháil na gcóras teicneolaíochta faisnéise a úsáidtear chun an tAontas Custaim a chur chun feidhme, amhail Mol Sonraí Custaim an Aontais, mar a leagtar síos i dTeideal [III](#);

- (b) tacaíocht a sholáthar don Choimisiún chun straitéis oibríochtúil a fhorbairt agus a chur chun feidhme le haghaidh gníomhaíochtaí a bhaineann le leithdháileadh, cistiú agus soláthar trealamh rialaithe, lena n-áirítear measúnú ar riachtanais, soláthar comhpháirteach agus comhroinnt trealamh.

Airteagal 210

Cúraimí breise

Féadfar cúraimí breise a shannadh d'Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh i réimse shaorghluaiseacht, allmhairiú agus onnmhairiú earraí tríú tír, má fhoráiltear amhlaidh i ngníomhartha dlí ábhartha de chuid an Aontais. I gcás ina ndéanfar cúraimí den sórt sin a shannadh d'Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh nó a chur ar iontaoibh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh, áiríteofar acmhainní iomchuí airgeadais agus daonna chun iad a chur chun feidhme.

Caibidil 3

Eagrú Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh

Airteagal 211

Struchtúr riaracháin agus bainistíochta

Is éard a bheidh i struchtúr riaracháin agus bainistíochta Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh:

- (a) Bord Bainistíochta a fheidhmeoidh na feidhmeanna a leagtar amach in Airteagal [215](#);
- (b) Bord Feidhmiúcháin a fheidhmeoidh na feidhmeanna a leagtar amach in Airteagal 217;
- (c) Stiúirthóir Feidhmiúcháin a fheidhmeoidh na freagrachtaí a leagtar amach in Airteagal 219;
- (d) Leas- Stiúirthóir Feidhmiúcháin a fheidhmeoidh na freagrachtaí a leagtar amach in Airteagal 221, má chinnfidh an Bord Bainistíochta feidhm den sórt sin a chruthú.

ROINN 1

AN BORD BAINISTÍOCHTA

Airteagal 212

Comhdhéanamh an Bhoird Bainistíochta

1. Ar an mBord Bainistíochta beidh ionadaí amháin ó gach Ballstát agus beirt ionadaithe ón gCoimisiún, agus cearta vótála acu uile.
2. Áireofar ar an mBord Bainistíochta freisin comhalta amháin arna ainmniú ag Parlaimint na hEorpa, gan ceart vótála.
3. Beidh comhalta malartach ag gach comhalta den Bhord Bainistíochta. Déanfaidh an comhalta malartach ionadaíocht ar an gcomhalta nuair a bheidh sé as láthair.
4. Ceapfar comhaltaí an Bhoird agus a gcomhaltaí malartacha i bhfianaise a gcuid eolais ar réimse na gcustam, agus a gcuid scileanna ábhartha bainistíochta, riaracháin

agus buiséadacha á gcur san áireamh. Déanfaidh na páirtithe uile a mbeidh ionadaíocht acu ar an mBord Bainistíochta iarracht ráta athrúcháin a n-ionadaithe a theorannú, chun leanúnachas obair an bhoird a áirithiú. Díreoidh na páirtithe uile ar ionadaíocht atá cothrom ó thaobh inscne de a bhaint amach ar an mBord Bainistíochta.

5. 4 bliana a bheidh i dtéarma oifige na gcomhaltaí agus a gcomhaltaí malartacha. Féadfar an tréimhse sin a fhadú.

Airteagal 213

Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta

1. Toghfaidh an Bord Bainistíochta Cathaoirleach as measc ionadaithe an Choimisiúin agus Leas- Chathaoirleach as measc a chomhaltaí eile a bhfuil cearta vótála acu.
2. Glacfaidh an Leaschathaoirleach ionad an Chathaoirligh, go huathoibríoch, má tharlaíonn sé nach féidir leis an gCathaoirleach a chuid dualgas a chomhlíonadh.
3. 4 bliana a bheidh i dtéarma oifige an Chathaoirligh agus an Leaschathaoirligh. Féadfar a dtéarma oifige a athnuachan aon uair amháin. Más rud é, áfach, go dtiocfaidh deireadh lena mballraíocht sa Bhord Bainistíochta tráth ar bith le linn a dtéarma oifige, rachaidh a dtéarma oifige in éag go huathoibríoch ar an dáta sin.

Airteagal 214

Cruinnithe an Bhoird Bainistíochta

1. Déanfaidh an Cathaoirleach cruinnithe an Bhoird Bainistíochta a chomóradh.
2. Glacfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin páirt sa phlé, ach ní bheidh ceart vótála ag an té sin.
3. Tionólfar ar a laghad dhá ghnáthchruinniú den Bhoird Bainistíochta gach bliain. Ina theannta sin, tionólfar cruinniú de chuid an Bhoird Bainistíochta ar thionscnamh a Chathaoirligh, arna iarraidh sin don Choimisiún nó do thrían dá chomhaltaí ar a laghad.
4. Féadfaidh an Bord Bainistíochta a iarraidh ar aon duine ar díol spéise a thuairim freastal ar a chruinnithe i gcáil breathnóra.
5. Faoi réir rialacha nós imeachta an Bhoird Bainistíochta, féadfaidh comhairleoirí nó saineolaithe a bheith de chúnamh ag comhaltaí an Bhoird Bainistíochta nó ag a gcomhaltaí malartacha ag na cruinnithe.
6. Nuair a bheidh ábhar rúndachta nó coinbhleachta leasa ar an gclár oibre, déanfaidh an Bord Bainistíochta an t-ábhar sin a phlé agus a chinneadh gan an comhalta lena mbaineann a bheith i láthair. Féadtar rialacha mionsonraithe a leagan síos maidir le cur i bhfeidhm na forála seo i rialacha an nós imeachta.
7. Soláthróidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh an rúnaíocht don Bhord Bainistíochta.

Airteagal 215

Feidhmeanna an Bhoird Bainistíochta

1. Déanfaidh an Bord Bainistíochta an méid a leanas:

- (a) treoshuíomhanna ginearálta ghníomhaíochtaí Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh a thabhairt;
- (b) buiséad bliantúil Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh a ghlacadh, le tromlach dhá thrian de na comhaltaí ag a bhfuil cearta vótála, agus feidhmeanna eile a dhéanamh i leith bhuiséad Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh de bhun Chaibidil 4;
- (c) measúnú a dhéanamh ar an tuarascáil chomhdhlúite ar ghníomhaíochtaí Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh agus í a ghlacadh, lena n-áirítear forbhreathnú ar chomhlíonadh a chúraimí agus ar a fheidhmíocht fhoriomlán maidir le cuspóirí beartais custaim a bhaint amach, agus an tuarascáil agus an measúnú uirthi a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, an Choimisiúin agus na Cúirte Iniúcháirí faoin 1 Iúil gach bliain. Cuirfear an tuarascáil bhliantúil chomhdhlúite ar ghníomhaíochtaí ar fáil don phobal;
- (d) na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le hÚdarás Custaim an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le hAirteagal 222a ghlacadh;
- (e) straitéis frithchhalaoise a ghlacadh a bheidh ar comhréir le riosca calaoise ag cur san áireamh costais agus tairbhí na mbeart atá le cur chun feidhme;
- (f) rialacha a ghlacadh lena ndéanfar cosc agus bainistiú ar choinbhleachtaí leasanna i gcás a chomhaltaí; agus foilseoidh sé go bliantúil ar a shuíomh gréasáin dearbhú leasanna chomhaltaí an bhoird bainistíochta;
- (g) na pleananna cumarsáide agus scaipthe dá dtagraítear in Airteagal 232 a ghlacadh agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn rialta, bunaithe ar anailís ar na riachtanais;
- (h) a rialacha nós imeachta a ghlacadh;
- (i) i gcomhréir le mír (2), maidir le foireann Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh, na cumhachtaí a fheidhmiú a thugtar sna Rialacháin Foirne don Údarás Ceapacháin agus i gCoinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile don Údarás atá Cumhachtaithe chun Conradh Fostaíochta a Thabhairt i gCrích³³ ('cumhachtaí an údaráis ceapacháin');
- (j) rialacha cur chun feidhme a ghlacadh chun feidhm a thabhairt do na Rialacháin Foirne Oifigeach agus do Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile i gcomhréir le hAirteagal 110(2) de na Rialacháin Foirne;
- (k) acmhainn iniúcháireachta inmheánaí a bhunú, i gcás inarb iomchuí;
- (l) rialacha slándála Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh a ghlacadh de réir bhrí Airteagal 233;
- (m) an Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus an Leas- Stiúrthóir Feidhmiúcháin a cheapadh, má chruthaítear post den sórt sin, agus, i gcás inarb ábhartha, síneadh a chur lena dtéarmaí oifige nó iad a chur as oifig i gcomhréir le hAirteagal 217;

³³

Rialachán (CEE, Euratom, CEEG) Uimh. 259/68 ón gComhairle an 29 Feabhra 1968 lena leagtar síos Rialacháin Foirne Oifigeach na gComhphobal Eorpach agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhíseach eile na gComhphobal Eorpach agus lena dtionscnaítear bearta speisialta is infheidhme ar bhonn sealadach maidir le hoifigigh an Choimisiúin (IO L 56, 4.3.1968, lch. 1).

- (n) oifigeach cuntasáíochta a cheapadh, faoi réir na Rialachán Foirne Oifigeach agus na gCoinníollacha Fostaíochta, a bheidh neamhspleách ar fad i gcomhlíonadh a chuid dualgas, agus féadfaidh sé gurb é oifigeach cuntasáíochta an Choimisiúin a bheidh ann;
 - (o) gach cinneadh a dhéanamh maidir le struchtúir inmheánacha Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh a chur ar bun agus, i gcás inar gá, maidir le modhnú na struchtúir sin, ag cur san áireamh riachtanais gníomhaíochtaí Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh chomh maith le féachaint do bhainistiú fóna buiséadach.
 - (p) tabhairt i gcrích socruithe oibre a údarú i gcomhréir le hAirteagal 240(9).
 - (q) meithleacha agus painéil saineolaithe a bhunú agus a rialacha nós imeachta a ghlacadh;
 - (r) dréachtdoiciméad clársceidealaithe aonair dá dtagraítear in Airteagal 223 a ghlacadh sula gcuirfear faoi bhráid an Choimisiúin é chun a thuairim a fháil ina leith;
 - (s) agus an tuairim ón gCoimisiún á cur san áireamh, doiciméad clársceidealaithe aonair Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh a ghlacadh trí thromlach dhá thrian de chomhaltaí a bhfuil cearta vótála acu agus i gcomhréir le hAirteagal 216;
 - (t) straitéis um ghnóthachain éifeachtúlachta agus sineirgí a ghlacadh;
 - (u) straitéis a ghlacadh maidir le comhar le tríú tíortha agus/nó le heagraíochtaí idirnáisiúnta;
 - (v) straitéis a ghlacadh maidir leis an mbainistíocht eagraíochtúil agus na córais rialaithe inmheánaigh;
2. Glacfaidh an Bord Bainistíochta, i gcomhréir le hAirteagal 110 de na Rialacháin Foirne, cinneadh bunaithe ar Airteagal 2(1) de na Rialacháin Foirne agus ar Airteagal 6 de Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile, lena ndéantar cumhachtaí ábhartha an údaráis ceapacháin a tharmligean chuig an Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus lena leagtar amach na coinníollacha faoinar féidir an tarmligean cumhachtaí sin a chur ar fionraí. Beidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin údaraithe na cumhachtaí sin a fho- tharmligean.
3. I gcás inar gá sin in imthosca eisceachtúla, féadfaidh an Bord Bainistíochta, trí bhíthin cinnidh, tarmligean chumhachtaí an údaráis ceapacháin chuig an Stiúrthóir Feidhmiúcháin a chur ar fionraí go sealadach, chomh maith leis na cumhachtaí arna bhfo- tharmligean ag an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, agus iad a fheidhmiú é féin nó iad a tharmligean chuig duine dá chomhaltaí nó do bhall foirne eile seachas an Stiúrthóir Feidhmiúcháin.

Airteagal 216

Rialacha vótála an Bhoird Bainistíochta

1. Gan dochar d'Airteagal 215(1), pointí (b), (m) agus (s), déanfaidh an Bord Bainistíochta cinntí de réir thromlach a chuid comhaltaí a bhfuil sé de cheart acu vótáil.
2. Ní féidir an cinneadh dá dtagraítear in Airteagal 215(1), pointí (b), (c), (e), (f), (j), (m), (n), (o) agus (s) a dhéanamh ach amháin má chaitheann na hionadaithe ón gCoimisiún vóta deimhneach. Chun críche an cinneadh a dhéanamh dá dtagraítear in

Airteagal 215(1), pointe (s), ní bheidh toiliú na n-ionadaithe ón gCoimisiún de dhíth ach amháin i leith na ngnéithe den chinneadh nach mbaineann le clár oibre bliantúil agus ilbhliantúil Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh.

3. Beidh aon vóta amháin ag gach comhalta a bhfuil cearta vótála aige. In éagmais comhalta a bhfuil ceart vótála aige, beidh a chomhalta malartach i dteideal a cheart vótála a fheidhmiú.
4. Glacfaidh an Cathaoirleach páirt sa vótáil.
5. Ní ghlacfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin páirt sa vótáil.
6. Bunófar socruithe vótála níos sonraí le rialacha nós imeachta an Bhoird Bainistíochta, go háirithe na cúinsí ina bhféadfaidh comhalta gníomhú thar ceann comhalta eile.

ROINN 2

AN BORD FEIDHMIÚCHÁIN

Airteagal 217

An Bord Feidhmiúcháin

1. Tabharfaidh Bord Feidhmiúcháin cúnamh don Bhord Bainistíochta.
2. Déanfaidh an Bord Feidhmiúcháin an méid seo a leanas:
 - (a) maoirsiú a dhéanamh ar an obair ullmhúcháin le haghaidh cinntí atá le glacadh ag an mBord Bainistíochta;
 - (b) a áirithiú, i gcomhar leis an mBord Bainistíochta, go ndéantar obair leantach leordhóthanach ar na torthaí agus ar mholtaí na dtuarascálacha agus na meastóireachtaí iniúcháireachta inmheánacha nó seachtracha, agus imscrúduithe OLAF agus OIPE;
 - (c) maoirsiú a dhéanamh ar chur chun feidhme chinntí an Bhoird Bainistíochta, d'fhonn maoirseacht ar bhainistiú riaracháin agus buiséadach a threisiú.
3. Nuair is gá, ar chúiseanna práinne, féadfaidh an Bord Feidhmiúcháin cinntí sealadacha áirithe a dhéanamh thar ceann an Bhoird Bainistíochta, go háirithe a mhéid a bhaineann leis na hábhair seo a leanas:
 - (a) maidir le cúrsaí bainistíochta riaracháin, lena n-áirítear tarmligean chumhachtaí an údaráis ceapacháin agus cúrsaí buiséadacha a chur ar fionraí.
 - (b) i gcás inar sainaithníodh géarchéim mar a leagtar síos i dTeideal XI, agus lena n-éilítear beart nó coigeartú a dhéanamh láithreach ar ghníomhaíochtaí Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh.
5. Beidh an Bord Feidhmiúcháin comhdhéanta de bheirt ionadaithe ón gCoimisiún agus seisear comhalta eile a cheapfaidh an Bord Bainistíochta as measc a chuid comhaltaí a bhfuil sé de cheart acu vótáil. Beidh Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta ina Chathaoirleach ar an mBord Feidhmiúcháin freisin. Glacfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin páirt i gcruinnithe an Bhoird Feidhmiúcháin, ach ní bheidh ceart vótála aige. Déanfar cinntí an Bhoird Feidhmiúcháin a ghlacadh trí thromlach simplí. Ní féidir na cinntí maidir le mír (2), pointe (b) a dhéanamh ach amháin má chaitheann ionadaí amháin ón gCoimisiún vóta deimhneach.

6. 4 bliana a bheidh i dtéarma oifige chomhaltaí an Bhoird Feidhmiúcháin, agus beidh sé inathnuaite. Tiocfaidh deireadh le tréimhse oifige chomhaltaí an Bhoird Feidhmiúcháin nuair a thiocfaidh deireadh lena gcomhaltacht ar an mBord Bainistíochta.
7. Reáchtálfaidh an Bord Feidhmiúcháin gnáthchruinniú amháin ar a laghad gach 3 mhí. Ina theannta sin, reáchtálfaidh sé cruinnithe ar thionscnamh an Chathaoirligh nó arna n-iarraidh sin dá chuid comhaltaí.
8. Leagfaidh an Bord Bainistíochta síos rialacha nós imeachta an Bhoird Feidhmiúcháin.

ROINN 3

AN STIÚRTHÓIR FEIDHMIÚCHÁIN

Airteagal 218

Ceapachán, dífhostú agus síneadh a chur leis an téarma oifige

1. Ceapfar an Stiúrthóir Feidhmiúcháin mar ghníomhaire sealadach de chuid Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le hAirteagal 2(a) de na Coinníollacha Fostaíochta seirbhíseach eile.

Ceapfaidh an Bord Bainistíochta an Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar fhorais tuillteanais agus scileanna riaracháin agus bainistíochta doiciméadaithe, chomh maith le forais inniúlachta agus taithí ábhartha, as liosta de thriúr iarrthóirí ar a laghad a mholfaidh an Coimisiún, tar éis nós imeachta roghnúcháin oscailte agus trédhearcach.

Ar mhaithe le conradh an Stiúrthóra Feidhmiúcháin a thabhairt i gcrích, déanfaidh Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta ionadaíocht ar Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh.
2. 5 bliana a mhairfidh téarma oifige an Stiúrthóra Feidhmiúcháin. In am trátha roimh dheireadh na tréimhse sin, déanfaidh an Coimisiún measúnú ina gcuirfear san áireamh meastóireacht ar fheidhmíocht an Stiúrthóra Feidhmiúcháin agus ar chúraimí agus dúshláin Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh amach anseo.
3. Féadfaidh an Bord Bainistíochta, ag gníomhú dó ar thogra ón gCoimisiún, agus an measúnú dá dtagraítear i mír 2 á chur san áireamh, téarma oifige an Stiúrthóra Feidhmiúcháin a shíneadh uair amháin, ar feadh 5 bliana ar a mhéid.
4. Ní féidir le Stiúrthóir Feidhmiúcháin, ar fadaíodh a théarma oifige, páirt a ghlacadh i nós imeachta roghnúcháin eile don phost céanna ag deireadh na tréimhse foriomláine.
5. Ní fhéadfar an Stiúrthóir Feidhmiúcháin a chur as oifig ach amháin ar chinneadh ón mBord Bainistíochta ag gníomhú dó ar thogra ón gCoimisiún.
6. Tiocfaidh an Bord Bainistíochta ar chinntí maidir le ceapachán, le síneadh téarma oifige nó le cur as oifig an Stiúrthóra Feidhmiúcháin agus an Leas- Stiúrthóra Feidhmiúcháin ar bhonn tromlach dhá thrian dá chuid comhaltaí a bhfuil ceart vótála acu.

Cúraimí agus freagrachtaí an Stiúrthóra Feidhmiúcháin

1. Bainisteoidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh. Beidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin cuntasach don Bhord Bainistíochta.
2. Gan dochar do chumhachtaí an Choimisiúin, agus an Bhoird Bainistíochta, beidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin neamhspleách i bhfeidhmiú a chúraimí agus ní iarrfaidh sé ná ní thógfaidh sé treoracha ó aon rialtas ná ó aon chomhlacht eile.
3. Tuairisceoidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le feidhmiú a dhualgas nó a dualgas agus maidir le feidhmíocht fhoriomlán Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh nuair a iarrfar sin air.
4. Beidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin ina ionadaí dlíthiúil ar Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh.
5. Is é an Stiúrthóir Feidhmiúcháin a bheidh freagrach as cur chun feidhme na gcúraimí a shanntar d'Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh leis an Rialachán seo. Go háirithe, déanfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin na nithe seo a leanas:
 - (a) riar laethúil Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh a áirithiú;
 - (b) cinntí arna nglacadh ag an mBord Bainistíochta a chur chun feidhme;
 - (c) an dréachtdoiciméad clársceidealaithe aonair dá dtagraítear in Airteagal 223 a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún;
 - (d) an doiciméad clársceidealaithe aonair dá dtagraítear in Airteagal 223 a chur chun feidhme agus tuairisc a thabhairt don Bhord Feidhmiúcháin agus don Bhord Bainistíochta maidir lena chur chun feidhme;
 - (e) an tuarascáil bhliantúil chomhdhlúite ar ghníomhaíochtaí Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh a ullmhú agus í a chur faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta lena measúnú agus lena glacadh;
 - (f) plean gníomhaíochta a ullmhú a leanfaidh ó chonclúidí na dtuarascálacha iniúchóireachta agus na meastóireachtaí inmheánacha nó seachtracha, agus ó imscrúduithe de chuid na hOifige Eorpaí Frith- Chalaoise (OLAF) agus ag OIPE, agus tuairisciú chuig an gCoimisiún dhá uair sa bhliain, agus chuig an mBord Feidhmiúcháin agus chuig an mBord Bainistíochta ar bhonn rialta, maidir leis an dul chun cinn a bheidh déanta;
 - (g) gan dochar d'inniúlacht imscrúdaitheach EPPO agus OLAF, leasanna airgeadais an Aontais a chosaint trí bhearta coisctheacha inmheánacha in aghaidh calaoise, éillithe agus aon ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile a chur i bhfeidhm, trí sheiceálacha éifeachtacha agus, i gcás ina n-aimsítear neamhrialtachtaí, trí mhéideanna á íocadh go mícheart a aisghabháil agus, más iomchuí, trí phionóis riaracháin agus airgeadais a bheidh éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach a chur i bhfeidhm;
 - (h) straitéis frithchalaoise inmheánach a ullmhú, in éineacht le straitéis um ghnóthachain éifeachtúlachta agus sineirgí, straitéis le haghaidh comhair le tríú tíortha agus/nó eagraíochtaí idirnáisiúnta, nó an dá cheann díobh, agus straitéis le haghaidh na gcóras bainistíochta eagraíochtúla agus rialaithe inmheánaigh le

haghaidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh agus iad a chur faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta lena bhformheas;

- (i) dréachtrialacha airgeadais is infheidhme maidir le hÚdarás Custaim an Aontais Eorpaigh a ullmhú agus iad a chur faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta lena nglacadh tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún;
- (j) dréachtráitis shealadacha ar mheastacháin ioncaim agus caiteachais Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh a ullmhú i gcomhréir le hAirteagal 224, agus a bhuiséad a chur chun feidhme;
- (k) maidir le foireann Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh, cumhachtaí an údaráis ceapacháin dá dtagraítear in Airteagal 215(1), pointe (i) a fheidhmiú, a mhéid gur tarmligeadh na cumhachtaí sin dó nó di i gcomhréir le hAirteagal 215(2);
- (l) cinntí a dhéanamh maidir le struchtúir inmheánacha Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear, i gcás inar gá, gabháil, mar ionadaí, d'fheidhmeanna a bhféadfaí bainistíocht Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh ó lá go lá a chumhdach leo, agus, i gcás inar gá, maidir lena leasú, agus na riachtanais a bhaineann le gníomhaíochtaí Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh agus le bainistíocht fhónta airgeadais á gcur san áireamh;
- (m) caibidlíocht a dhéanamh agus, tar éis don Bhord Bainistíochta é a fhorghnó, comhaontú maidir le Ceannteacht a shíniú i dtaca le suíomh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh, agus, i gcás inarb infheidhme, comhaontuithe comhchosúla leis na Ballstáit óstacha ina bhfuil na hoifigí áitiúla lonnaithe;
- (n) na socruithe praiticiúla a ullmhú chun Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³⁴ a chur chun feidhme agus iad a chur faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta lena nglacadh;
- (o) éagsúlacht a chur chun cinn agus díriú ar chothromaíocht inscne a áirithiú a mhéid a bhaineann le foireann Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh a earcú;
- (p) dírithe ar fhoireann a earcú ar an mbonn geografach is leithne is féidir, gan dearmad a dhéanamh nach mór na critéir earcaíochta a bheith bunaithe ar fhiúntas amháin.

Airteagal 220

Leas- Stiúrthóir Feidhmiúcháin

1. Féadfaidh an Bord Bainistíochta cinneadh a dhéanamh feidhm Leas- Stiúrthóra Feidhmiúcháin a chruthú chun cúnamh a thabhairt don Stiúrthóir Feidhmiúcháin.
2. I gcás ina gcinntí an Bord Bainistíochta feidhm Leas- Stiúrthóra Feidhmiúcháin a chruthú, beidh feidhm ag forálacha Airteagal 217 maidir leis an Leas- Stiúrthóir Feidhmiúcháin dá réir.

³⁴ Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún (IO L 145, 31.5.2001, lch. 43).

Cúraimí agus Freagrachtaí an Leas- Stiúrtóra Feidhmiúcháin

Má chruthaítear feidhm an Leas- Stiúrtóra Feidhmiúcháin, tabharfaidh an Leas-Stiúrtóir Feidhmiúcháin cúnamh don Stiúrtóir Feidhmiúcháin i mbainistíocht na Gníomhaireachta agus i bhfeidhmiú na gcúraimí dá dtagraítear in Airteagal 218. Má bhíonn an Stiúrtóir Feidhmiúcháin as láthair nó má bhíonn an post folamh, glacfaidh an Leas- Stiúrtóir Feidhmiúcháin a ionad nó a hionad.

Caibidil 4

Bunú agus struchtúr bhuiséad Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh

Forálacha ginearálta

Déanfaidh an Bord Bainistíochta na rialacha airgeadais a mbeidh feidhm acu maidir le hÚdarás Custaim an Aontais Eorpaigh a ghlacadh tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoimisiún. Ní imeoidh siad ó Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2019/715³⁵ ón gCoimisiún mura mbeidh gá leis an imeacht sin go sonrach d'oibriú Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh agus mura mbeidh an Coimisiún tar éis toiliú don imeacht sin roimh ré.

Doiciméad clársceidealaithe aonair

1. Gach bliain, déanfaidh an Stiúrtóir Feidhmiúcháin dréachtdoiciméad clársceidealaithe aonair a tharraingt suas ina mbeidh, go háirithe, clársceidealú ilbhliantúil agus bliantúil i gcomhréir leis na forálacha a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/715 ón gCoimisiún, agus i gcomhréir leis an bhforáil ábhartha de rialacha airgeadais Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh arna nglacadh de bhun Airteagal 222 den Rialachán seo agus treoirlínte arna leagan síos ag an gCoimisiún á gcur san áireamh. Beidh an clársceidealú bliantúil agus ilbhliantúil i gcomhréir le beartas custaim agus le tosaíochtaí foriomlána an aontais chustaim.
2. Tarchuirfidh an Bord Bainistíochta an dréachtdoiciméad clársceidealaithe aonair chuig an gCoimisiún, chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle agus chuig Cúirt Iniúcháirí na hEorpa faoin 31 Eanáir den bhliain roimh an gclárthréimhse.
3. Faoi 30 Samhain gach bliain, glacfaidh an Bord Bainistíochta an doiciméad clársceidealaithe aonair. Cuirfidh sé an doiciméad clársceidealaithe aonair ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún, chomh maith le haon leagan den doiciméad sin a tugadh cothrom le dáta níos déanaí. Tiocfaidh an doiciméad clársceidealaithe aonair chun bheith cinntitheach tar éis

³⁵ Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún (AE) 2019/715 an 18 Nollaig 2018 maidir leis an rialachán réime airgeadais le haghaidh na gcomhlachtaí arna gcur ar bun faoi CFAE agus faoi Chonradh Euratom agus dá dtagraítear in Airteagal 70 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 122, 10.5.2019, lch. 1).

buiséad ginearálta an Aontais a ghlacadh go críochnaitheach agus déanfar coigeartú air dá réir, más gá sin.

4. Leagfar amach sa chlár oibre bliantúil cuspóirí mionsonraithe chomh maith leis na torthaí a bhfuiltear ag súil leo, lena n-áirítear táscairí feidhmíochta. Beidh tuairisc ann freisin ar na gníomhaíochtaí atá le maoiniú agus léiriú ar na hacmhainní airgeadais agus daonna a bheidh leithdháilte do gach gníomhaíocht. Beidh an clár oibre bliantúil comhsheasmhach leis an gclár oibre ilbhliantúil dá dtagraítear i mír 5. Sonrófar go soiléir ann na cúraimí a cuireadh leis, a athraíodh nó a scriosadh i gcomparáid leis an mbliain airgeadais roimhe. Déanfaidh an Bord Bainistíochta an clár oibre bliantúil atá glactha a leasú nuair a thabharfar cúram nua d'Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh faoi chuimsiú raon feidhme an Rialacháin seo. Is i gcomhréir leis an nós imeachta céanna a úsáideadh don chlár oibre bliantúil tosaigh a ghlacfar aon leasú substaintiúil ar an gclár oibre bliantúil. Féadfaidh an Bord Bainistíochta an chumhacht chun leasuithe neamhshubstaintiúla a dhéanamh ar an gclár oibre bliantúil a tharmligean chuig an Stiúrthóir Feidhmiúcháin.
5. Leagfar amach sa chlár oibre ilbhliantúil an clársceidealú straitéiseach foriomlán lena n-áirítear cuspóirí, torthaí a bhfuiltear ag súil leo agus táscairí feidhmíochta. Maidir leis na cuspóirí a leagtar síos, léireofar sa chlár oibre ilbhliantúil freisin, i gcás gach gníomhaíochta, na hacmhainní táscacha airgeadais agus daonna a mheastar is gá chun na cuspóirí sin a bhaint amach. Tabharfar an clársceidealú straitéiseach cothrom le dáta i gcás inarb iomchuí, agus léireofar leis rannchuidiú Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh le tosaíochtaí polaitiúla an Aontais a bhaint amach.

Airteagal 224

An buiséad a Bhunú

1. Déanfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin dréachtráiteas sealadach a tharraingt suas uair sa bhliain ar mheastacháin ar ioncam agus caiteachas Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais dár gcionn, lena n-áirítear an plean bunaíochta, agus cuirfidh sé chuig an mBord Bainistíochta é. Beidh an fhaisnéis a bheidh sa dréachtráiteas sealadach ar mheastacháin i gcomhréir leis an dréachtdoiciméad clársceidealaithe aonair dá dtagraítear in Airteagal 223(1).
2. Ar bhonn an dréachtráitis shealadaigh sin ar mheastacháin dá dtagraítear i mír 1, glacfaidh an Bord Bainistíochta dréachtráiteas ar mheastacháin ar ioncam agus caiteachas Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais dár gcionn.
3. Cuirfidh an Bord Bainistíochta an dréachtráiteas ar mheastacháin ioncaim agus caiteachais Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh chuig an gCoimisiún faoin 31 Eanáir gach bliain.
4. Cuirfidh an Coimisiún an dréachtráiteas ar mheastacháin mar aon le dréachtbhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh chuig an údarás buiséadach.
5. Ar bhonn an dréachtráitis ar mheastacháin, cuirfidh an Coimisiún i ndréachtbhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh na meastacháin sin a mheasann sé is gá don phlean bunaíochta agus do mhéid na ranníocaíochta a bhainfear as an mbuiséad ginearálta, agus cuirfidh sé faoi bhráid an údarais bhuiséadaigh é i gcomhréir le hAirteagal 313 agus le hAirteagal 314 CFAE.
6. Údaróidh an t-údarás buiséadach na leithreasuithe don ranníocaíocht ó bhuiséad ginearálta an Aontais d'Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh.

7. Glacfaidh an t-údarás buiséadach plean bunaíochta Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh.
8. Glacfaidh an Bord Bainistíochta buiséad Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh. Beidh an buiséad sin críochnaitheach nuair a bheidh glactha go críochnaitheach le buiséad ginearálta an Aontais, i gcás inar gá, déanfar buiséad Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh a choigeartú dá réir.

Airteagal 225

Struchtúr an bhuiséid

1. Ullmhófar meastacháin ar ioncam agus ar chaiteachas Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh gach bliain airgeadais agus léireofar i mbuiséad Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh iad. Comhfhreagróidh an bhliain airgeadais don bhliain féilire.
2. Beidh buiséad Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh comhardaithe i dtéarmaí ioncaim agus caiteachais.
3. Gan dochar d'acmhainní eile, cuimseofar in ioncam Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh na nithe seo a leanas:
 - (a) ranníocaíocht ón Aontas a chuirfear isteach i mbuiséad ginearálta an Aontais;
 - (b) aon ranníocaíocht airgeadais dheonach ó na Ballstáit;
 - (c) cistiú féideartha ón Aontas i bhfoirm comhaontuithe ranníocaíochta nó deontais i gcomhréir le rialacha airgeadais Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh dá dtagraítear in Airteagal 222 agus le forálacha na n-ionstraimí ábhartha a thacaíonn le beartais an Aontais;
 - (d) táillí ar fhoilseacháin agus aon seirbhís eile a sholáthróidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh.
4. Cuirfear luach saothair foirne, costas riaracháin agus bonneagair, agus caiteachas oibríochtúil san áireamh i gcaiteachas Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh.
5. D'fhéadfaí gealltanais bhuiséadacha maidir le tionscadail mhórsála a shíneann thar bhreis agus aon bhliain airgeadais amháin a mhiondealú i roinnt tráthchodanna bliantúla.

Airteagal 226

Cur chun feidhme bhuiséad Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh

1. Is é an Stiúrthóir Feidhmiúcháin a chuirfidh buiséad Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh chun feidhme.
2. Gach bliain, cuirfidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin an fhaisnéis uile is gá chuig an údarás buiséadach chun a dhualgais mheastóireachta a chomhlíonadh.

Airteagal 227

Na cuntais a thíolacadh agus a urscaoileadh

1. An bhliain airgeadais dár gcionn (bliain N+1), cuirfidh oifigeach cuntasaíochta Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh na cuntais shealadacha don bhliain airgeadais (bliain N) chuig Oifigeach Cuntasaíochta an Choimisiúin agus chuig an gCúirt Iniúchóirí faoin 1 Márta den bhliain airgeadais dár gcionn (bliain N+1).

2. Faoi 31 Márta de bhliain N+1, seolfaidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh an tuarascáil faoi mbainistíocht bhuiséadach agus airgeadais le haghaidh bhliain N chuig Pharlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig an gCúirt Iniúchóirí.
3. Faoi 31 Márta de bhliain N+1, seolfaidh oifigeach cuntasáochta an Choimisiúin cuntais shealadacha na Gníomhaireachta, arna gcomhdhlúthú le cuntais an Choimisiúin, chuig an gCúirt Iniúchóirí.
4. Ar bharúlacha na Cúirte Iniúchóirí a fháil maidir le cuntais shealadacha Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh, de bhun Airteagal 246 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046³⁶ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, déanfaidh oifigeach cuntasáochta Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh cuntais chríochnaitheacha Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh don bhliain sin a tharraingt suas. Seolfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin chuig an mBord Feidhmiúcháin iad chun tuairim a fháil. Is é an Bord Bainistíochta a ghlacfaidh an tuairim.
5. Faoi 1 Iúil sa bhliain N+1, déanfaidh oifigeach cuntasáochta Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh na cuntais chríochnaitheacha do bhliain N, in éineacht leis an tuairim a ghlac an Bord Bainistíochta, a chur ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig an gCúirt Iniúchóirí.
6. Foilseofar na cuntais chríochnaitheacha do bhliain N in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh faoi 15 Samhain de bhliain N+1.
7. Seolfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin freagra ar bharúlacha na Cúirte Iniúchóirí faoi 30 Meán Fómhair sa bhliain N+1. Cuirfidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin an freagra sin chuig an mBord Bainistíochta freisin.
8. Cuirfidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, ar iarraidh ó Pharlaimint na hEorpa, aon fhaisnéis is gá faoina bráid chun an nós imeachta urscaoilte a chur i bhfeidhm go rianúil do bhliain airgeadais N, i gcomhréir le hAirteagal 261(3) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046.
9. Déanfaidh Parlaimint na hEorpa, ar mholadh ón gComhairle ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, urscaoileadh a thabhairt don Stiúrthóir Feidhmiúcháin roimh an 15 Bealtaine de bhliain N+2 i dtaca le cur chun feidhme an bhuiséid do bhliain N.

Airteagal 228

Calaois a chomhrac

1. Chun calaois, éilliú agus gníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile laistigh d'Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh a chomhrac, beidh feidhm gan srian ag forálacha Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013.
2. Aontóidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh don Chomhaontú Idirinstitiúideach an 25 Bealtaine 1999 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Coimisiún na gComhphobal Eorpach maidir le himscrúduithe inmheánacha ag

³⁶ Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

OLAF³⁷ laistigh de 6 mhí ó [XXX] agus glacfaidh sé na forálacha iomchuí is infheidhme maidir lena fhoireann, agus an teimpléad a leagtar síos san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gComhaontú sin á úsáid aige chuige sin.

3. Beidh cumhacht iniúcháireachta ag Cúirt Iniúcháirí na hEorpa, ar bhonn doiciméad agus ar an láthair, i gcás gach faighteora deontais, gach conraitheora agus gach fochonraitheora a fuair cistí Aontais ó Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh.
4. Féadfaidh OLAF imscrúduithe a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair d'fhonn a shuí ar tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a mbeadh tionchar aige ar leas an Aontais i ndáil le deontas nó conradh arna mhaoiniú ag Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir leis na forálacha agus na nósanna imeachta a leagtar síos i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 agus i Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle³⁸.
5. Gan dochar do mhíreanna 1, 2, 3 ná 4, maidir le conarthaí, comhaontuithe deontais agus cinntí deontais Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh, cuimseofar leo forálacha a thugann cumhacht go sainráite do Chúirt Iniúcháirí na hEorpa agus do OLAF chun iniúchtaí agus imscrúduithe den sórt sin a dhéanamh, de réir a n-inniúlachtaí faoi seach. Cumhdófar le socruithe oibre le húdaráis inniúla tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta cúnamh agus comhar na n-údarás sin agus na heagraíochta idirnáisiúnta sin maidir le hiniúchtaí agus imscrúduithe arna ndéanamh ag an gCúirt Iniúcháirí agus ag OLAF.
6. I gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1939, féadfaidh EPPO imscrúdú agus ionchúiseamh a dhéanamh ar chalaois agus ar ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais mar a fhoráiltear i dTreoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³⁹.

Caibidil 5

Forálacha maidir le foireann

Airteagal 229

Foráil ghinearálta

Maidir le Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh agus na rialacha arna nglacadh trí chomhaontú idir institiúidí an Aontais chun éifeacht a thabhairt do na Rialacháin Foirne agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhíseach Eile, beidh feidhm acu maidir le foireann Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh.

³⁷ IO L 136, 31.5.1999, lch. 15.

³⁸ Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha ar an láthair agus cigireachtaí arna ndéanamh ag an gCoimisiún d'fhonn cosaint a thabhairt do leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach in aghaidh calaoise agus neamhrialtachtaí eile (IO L 292, 15.11.1996, lch. 2).

³⁹ Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil (IO L 198, 28.7.2017, lch. 29).

Airteagal 230

Saineolaithe náisiúnta ar iasacht agus baill foirne eile

1. Féadfaidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh úsáid a bhaint as saineolaithe náisiúnta ar iasacht nó as foireann eile nach bhfuil fostaithe ag Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh.
2. Glacfaidh an Bord Bainistíochta cinneadh lena leagfar síos rialacha maidir le saineolaithe náisiúnta a thabhairt ar iasacht d'Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh.

Airteagal 231

Pribhléidí agus díolúintí

Beidh feidhm ag Prótacal Uimh. 7 maidir le Pribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh, atá i gceangal leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, maidir le hÚdarás Custaim an Aontais Eorpaigh agus a fhoireann.

Caibidil 6

Forálacha ginearálta agus deiridh

Airteagal 232

Trédhearcacht agus Cumarsáid

1. Beidh feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 maidir le doiciméid atá i seilbh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh. Laistigh de 6 mhí tar éis dháta a chéad chruinnithe, glacfaidh an Bord Bainistíochta na rialacha mionsonraithe chun Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 a chur i bhfeidhm.
2. Beidh an phróiseáil a dhéanfaidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh ar shonraí pearsanta faoi réir Rialachán (AE) 2018/1725. Laistigh de 6 mhí tar éis dháta a chéad chruinnithe, leagfaidh an Bord Bainistíochta síos bearta le haghaidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh chun Rialachán (AE) 2018/1725 a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear bearta a bhaineann le hOifigeach Cosanta Sonraí a cheapadh d'Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh. Déanfar na bearta sin a shuí tar éis dul i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí.
3. Féadfaidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh tabhairt faoi ghníomhaíochtaí cumarsáide ar a thionscnamh féin laistigh dá réimse inniúlachta. Ní dhéanfaidh leithdháileadh acmhainní ar ghníomhaíochtaí cumarsáide dochar d'fheidhmiú éifeachtach chúraimí Údaráis Chustaim an Aontais Eorpaigh. Déanfar gníomhaíochtaí cumarsáide i gcomhréir le pleananna ábhartha maidir le cumarsáid agus scaipeadh arna nglacadh ag an mBord Bainistíochta.

Airteagal 233

Rialacha slándála maidir le faisnéis rúnaicmithe agus faisnéis neamh- rúnaicmithe íogair a chosaint

1. Glacfaidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh a cuid rialacha slándála féin a bheidh bunaithe ar na prionsabail agus na rialacha atá leagtha síos i rialacha slándála an Choimisiúin chun faisnéis rúnaicmithe an Aontais Eorpaigh (FRAE) agus faisnéis íogair neamh-rúnaicmithe a chosaint, lena n-áirítear, inter alia, forálacha maidir le faisnéis den sórt sin a mhalartú le tríú tíortha, agus próiseáil agus stóráil faisnéise den

sórt sin mar a leagtar amach i gCinntí (AE, Euratom) 2015/443⁴⁰ agus (AE, Euratom) 2015/444 ón gCoimisiún⁴¹. Aon socrú riaracháin maidir le malartú faisnéise rúnaicmithe le húdaráis ábhartha tríú tír nó, in éagmais socrú den sórt sin, aon eisiúint *ad hoc* FRAE chuig na húdaráis sin, beidh sé nó sí faoi réir formheas a fháil roimh ré ón gCoimisiún.

2. Glacfaidh an Bord Bainistíochta rialacha slándála Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh tar éis formheas a fháil ón gCoimisiún. Agus measúnú á dhéanamh aige ar na rialacha slándála atá beartaithe, áiríteoidh an Coimisiún go mbeidh siad ar comhréir le Cinntí (AE, Euratom) 2015/443 agus (AE, Euratom) 2015/444.
3. Comhaltaí an Bhoird Rialaithe, an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, saineolaithe seachtracha atá páirteach sna meithleacha *ad hoc*, agus baill foirne Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh, comhlíonfaidh siad uile na ceanglais rúndachta faoi Airteagal 339 CFAE, fiú amháin nuair a bheidh deireadh lena gcuid dualgas.
4. Féadfaidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh na bearta is gá a dhéanamh chun gurb éasca an fhaisnéis is ábhartha maidir lena chúraimí a mhalartú leis an gCoimisiún agus leis na Ballstáit agus, i gcás inarb iomchuí, leis na hinstiúidí, na comhlachtaí, na hoifigí agus na gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais. Beidh formheas an Choimisiúin roimh ré ag aon socrú riaracháin a dhéanfar chun na críche sin maidir le faisnéis rúnaicmithe AE (FRAE) a chomhroinnt, nó, murab ann do shocrúithe den sórt sin, ag aon socrú eisceachtúil *ad hoc* lena scaoilfear FRAE.

Airteagal 234

Socrúithe teanga

1. Na forálacha a leagtar síos i Rialachán Uimh. 1⁴² ón gComhairle, beidh feidhm acu maidir le hÚdarás Custaim an Aontais Eorpaigh.
2. Déanfaidh an Bord Bainistíochta cinneadh maidir le socrúithe inmheánacha teanga Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh.
3. Soláthróidh Lárionad Aistriúcháin Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh na seirbhísí aistriúcháin a theastóidh i ndáil le feidhmiú Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh.

Airteagal 235

Meastóireacht

1. Tráth nach déanaí ná [Oifig na bhFoilseachán cuir isteach an dáta = 5 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, áiríteoidh an Coimisiún go ndéanfar meastóireacht i gcomhréir le treoirlínte an Choimisiúin ar fheidhmíocht Údarás Custaim an Aontais maidir lena chuspóirí, lena shainordú, lena chúraimí agus lena rialachas agus lena shuíomh nó lena shuíomhanna.

⁴⁰ Cinneadh (AE, Euratom) 2015/443 ón gCoimisiún an 13 Márta 2015 maidir le Slándáil sa Choimisiún (IO L 72, 17.3.2015, lch. 41).

⁴¹ Cinneadh (AE, Euratom) 2015/444 ón gCoimisiún an 13 Márta 2015 maidir leis na rialacha slándála chun faisnéis rúnaicmithe an Aontais Eorpaigh a chosaint (IO L 72, 17.3.2015, lch. 53).

⁴² Rialachán Uimh. 1 ón gComhairle an 15 Aibreán 1958 lena gcinntear na teangacha a úsáidfear i gComhphobal Eacnamaíochta na hEorpa, (IO 17, 6.10.1958, lch. 385).

2. Sa mheastóireacht, féachfar, go háirithe, air ar gá sainordú Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh a mhodhnú, agus féachfar ar na himpleachtaí airgeadais a bheadh ag aon mhodhnú den sórt sin.
3. Tráth gach dara meastóireachta dá dtagraítear i mír 1, déanfar measúnú ar na torthaí a bhain Údarás Custaim an Aontais amach, ag féachaint dá chuspóirí agus dá chúraimí, lena n-áirítear meastóireacht ina bpléifear an bhfuil údar cuí fós leis ó thaobh na gcuspóirí agus na gcúraimí sin go leanfaí ar aghaidh le hÚdarás Custaim an Aontais.
4. Tuairisceoidh an Coimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le torthaí na meastóireachta dá dtagraítear i mír 2. Poibleofar torthaí na meastóireachta.

Airteagal 236

Dliteanas Údaráis Chustaim an Aontais

1. Beidh dliteanas conarthach Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh faoi rialú ag an dlí is infheidhme maidir leis an gconradh atá i gceist.
2. Beidh dlínse ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh breithiúnas a thabhairt de bhun aon chlásal eadrána atá i gconradh arna thabhairt i gcrích ag Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh.
3. I gcás dliteanais neamhchonarthaigh, déanfaidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta is coiteann do dhlíthe na mBallstát, aon damáiste a shlánú arb iad a ranna nó a baill foirne féin is cúis leis agus iad i mbun a ndualgas.
4. Beidh dlínse ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i ndíospóidí a bhaineann leis an gcúiteamh as an damáiste dá dtagraítear i mír 3.
5. Beidh dliteanas pearsanta a fhoirne i leith Údarás Custaim an Aontais faoi rialú ag na forálacha a leagtar síos i Rialacháin Foirne na nOifigeach nó i gCoinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile is infheidhme maidir leo.
6. Beidh dliteanas airgeadais an Aontais agus na mBallstát i leith fhiacha Údarás Custaim an Aontais teoranta don ranníocaíocht a rinne siad cheana i leith na gcostas riaracháin.

Airteagal 237

Comhaontú maidir le ceanncheathrú agus coinníollacha oibríochta

1. Na socruithe riachtanacha maidir leis an gcóiríocht atá le cur ar fáil d'Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh sa Bhallstát óstach agus na saoráidí atá le cur ar fáil ag an mBallstát sin mar aon leis na rialacha sonracha is infheidhme sa Bhallstát óstach maidir leis an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, comhaltaí an Bhoird Bainistíochta, foireann Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh agus baill dá dteaghlaigh, leagfar síos iad i gComhaontú Ceanncheathrún idir Údarás Custaim an Aontais agus an Ballstát ina bhfuil an suíomh lonnaithe, a thabharfar i gcrích tar éis formheas a fháil ón mBord Bainistíochta agus tráth nach déanaí ná...[OP cuir isteach an dáta = 2 bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].
2. Soláthróidh Ballstát óstach Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh na coinníollacha is fearr is féidir chun a áirithiú go bhfeidhmeoidh an tÚdarás mar is cuí, lena n-áirítear scolaíocht ilteangach atá dírithe ar an Eoraip agus naisc iompair iomchuí.

3. I gcás inar gá mar gheall ar chúinsí eisceachtúla, d'fhéadfadh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin cinneadh a dhéanamh ball foirne amháin nó níos mó a bheith lonnaithe i mBallstát eile chun cúraimí an Údaráis a dhéanamh ar bhealach níos éifeachtúla, níos éifeachtaí agus níos comhleanúnaí.

Sula gcinnfidh sé oifig áitiúil a bhunú, gheobhaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin toiliú roimh ré ón gCoimisiún, ón mBord Bainistíochta agus ón mBallstát lena mbaineann. Bunófar an cinneadh ar anailís costais is tairbhe iomchuí a léiríonn go háirithe breisluach cinneadh den sórt sin. Sonrófar sa chinneadh raon feidhme na ngníomhaíochtaí a bheidh le déanamh san oifig áitiúil ar bhealach lena seachnófar costais gan ghá agus dubailt feidhmeanna riaracháin Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh.

Airteagal 238

Tús ghníomhaíochtaí Údarás Custaim an Aontais

1. Bunaíodh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh ó 2026 ar aghaidh agus beidh sé ag feidhmiú go hiomlán faoi 2028.
2. Beidh an Coimisiún freagrach as bunú agus as oibriú tosaigh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh go dtí go mbeidh an cumas oibríochtúil ag an Údarás a bhuiséad féin a chur chun feidhme. Chun na críche sin:
 - (a) go dtí go rachaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin i mbun dualgas tar éis don Bhord Bainistíochta é a cheapadh i gcomhréir le hAirteagal [218](#), féadfaidh an Coimisiún oifigeach ón gCoimisiún a ainmniú le gníomhú mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin eatramhach agus na dualgaí a shanntar don Stiúrthóir Feidhmiúcháin a fheidhmiú;
 - (b) de mhaolú ó Airteagal 215(1), pointe (i) agus go dtí go nglacfar cinneadh dá dtagraítear in Airteagal 215(2), feidhmeoidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin eatramhach cumhachtaí an údaráis cheapacháin;
 - (c) féadfaidh an Coimisiún cúnamh a thairiscint d'Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh, go háirithe trí oifigigh ón gCoimisiún a thabhairt ar iasacht chun gníomhaíochtaí Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh a chur i gcrích faoi fhreagracht an Stiúrthóra Feidhmiúcháin eatramhaigh nó an Stiúrthóra Feidhmiúcháin;
 - (d) féadfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin eatramhach na híocaíochtaí uile a chumhdófar le leithreasuithe a iontráladh i mbuiséad Údaráis Chustaim an Aontais Eorpaigh a údarú tar éis formheas a fháil ón mBord Feidhmiúcháin agus féadfaidh an duine sin conarthaí a thabhairt i gcrích, lena n-áirítear conarthaí foirne, tar éis plean bunaíochta an Údaráis a ghlacadh.

Teideal XIII COMHAR CUSTAIM

Airteagal 239

Comhar inmheánach custaim

1. Gan dochar d'fhorálacha Rialachán (CE) Uimh. 515/97, comhoibreoidh na húdaráis chustaim le chéile, leis an gCoimisiún agus le hÚdarás Custaim an Aontais Eorpaigh

i gcomhréir leis an reachtaíocht chustaim agus le haon reachtaíocht eile de chuid an Aontais lena bhforáiltear don chomhar sin, d'fhonn cur i bhfeidhm ceart agus aonfhoirmeach na reachtaíochta sin a áirithiú agus d'fhonn tacú lena misean a bhaint amach, mar a leagtar amach in Airteagal 2.

2. Féadfaidh údaráis chustaim oifigigh chustaim a chur ar fáil go sealadach chun obair a dhéanamh in údaráis chustaim Ballstáit eile. Cuirfear Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh ar an eolas agus féadfaidh sé na tascanna sin a chomhordú.
3. Féadfaidh údaráis chustaim comhriailithe a dhéanamh mar aon leis na cinn dá bhforáiltear in Airteagal 241. Cuirfidh na húdaráis chustaim Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh ar an eolas faoi rialuithe comhpháirteacha den sórt sin.
4. Féadfaidh an Coimisiún, OLAF agus Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh sonraí a mhalartú atá ábhartha don chomhar dá dtagraítear sa Teideal seo, lena n-áirítear faisnéis faoi riosca. Áiritheoidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh go mbainfear úsáid éifeachtach as an bhfaisnéis sin ina ghníomhaíochtaí bainistithe riosca i gcomhréir leis an Teideal seo agus le Teideal [XII](#).

Airteagal 240

Creat le haghaidh comhair le húdaráis eile

1. Comhoibreoidh údaráis chustaim le húdaráis eile ar an leibhéal náisiúnta, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh, údaráis faireachais margaidh, údaráis sláintíochta agus fiteashláintíochta, údaráis forfheidhmithe dlí agus údaráis chánach, i réimse na reachtaíochta eile a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm, bailiú dleachtanna agus cánacha agus réimsí ábhartha eile comhair. I gcás inarb iomchuí, comhoibreoidh na húdaráis chustaim freisin le comhlachtaí ábhartha, le grúpaí saineolaithe, le gníomhaireachtaí, le hoifigí nó le líonraí a dhéanann comhordú ar ghníomhaíochtaí údarás eile ar leibhéal an Aontais. I gcás inarb iomchuí, comhoibreoidh údaráis chustaim freisin le páirtithe ábhartha eile ar leibhéal an Aontais, dá dtagraítear i mír 9, agus tabharfaidh na húdaráis chustaim lena mbaineann fógra d'Údarás Custaim an Aontais.
2. Déanfar an comhar dá dtagraítear i mír 1 go tráthrialta agus ar bhealach struchtúrtha. Saothrófar leis, go háirithe, na cuspóirí seo a leanas:
 - (a) rannchuidiú le forbairtí reachtacha i réimsí beartais atá ábhartha maidir le custam agus leanúint na bhforbairtí sin;
 - (b) malartú sonraí, go háirithe sonraí atá ábhartha do bhainistiú riosca i gcomhréir le Teideal IV, Caibidil 3;
 - (c) straitéisí maoirseachta comhleanúnacha agus comhordaithe a fhorbairt maidir le bainistiú riosca earraí faoi réimsí freagrachtaí na n-údarás custaim agus na n-údarás eile araon, i gcomhréir le Teideal IV, Caibidil 3;
 - (d) cur chun feidhme oibríochtúil, lena n-áirítear rialuithe comhpháirteacha a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 241.
3. Déanfaidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh, gan dochar do chumhachtaí an Choimisiúin agus faoi réir a fhormheasta roimh ré, socruithe oibre a thabhairt i gcrích chun creat don chomhar dá dtagraítear i mír 1 a fhorbairt agus a thabhairt cothrom le dáta, lena mbeidh baint ag páirtithe ábhartha eile, dá dtagraítear i mír 9, lena soláthrófar treoshuíomhanna maidir lena chur chun feidhme praiticiúil, a

chuspóirí agus a phríomhréimsí comhair, i gcomhréir le mír 2 den Airteagal seo agus le Teideal III den Rialachán seo.

4. I gcás ina gcomhoibreoidh údarás custaim le húdarás eile i mBallstát eile, tabharfaidh sé fógra d'údarás custaim an Bhallstáit sin. I gcás ina mbeidh níos mó ná dhá Bhallstát i gceist leis an gcomhar, tabharfaidh na húdaráis chustaim lena mbaineann fógra d'Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh, a fhéadfaidh tacaíocht oibríochtúil agus chomhordaithe a chur ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 208.
5. Tuairisceoidh na Ballstáit d'Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh ar bhonn bliantúil maidir le cur i bhfeidhm an chreata comhair. Cuirfidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh torthaí an tuairiscithe sin san áireamh ina ghníomhaíochtaí faireacháin dá dtagraítear in Airteagal 208(3), pointe (a), agus na cúraimí tomhaiste feidhmíochta dá dtagraítear in Airteagal 208(3), pointe (b).
6. Go dtí an dáta a leagtar amach in Airteagal 238(1), féadfaidh an Coimisiún cúraimí Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh a chur i gcrích, dá dtagraítear i mír 3.
7. Féadfaidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh comhoibriú le húdaráis eile ar an leibhéal náisiúnta, agus leis an gCoimisiún agus le hinstiitúidí, oifigí, gníomhaireachtaí, líonraí agus comhlachtaí eile de chuid an Aontais, chun cur leis na cuspóirí dá dtagraítear i mír 2, agus leis an gcreat comhair dá dtagraítear i mír 3.

Chuige sin, féadfaidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh, faoi réir údarú a Bhoird Bainistíochta agus tar éis formheas a fháil ón gCoimisiún, socruithe oibre a bhunú le comhlachtaí an Aontais nó le húdaráis eile ar an leibhéal náisiúnta. Ní chruthófar oibleagáidí dlíthiúla leis na socruithe riaracháin sin agus saineofar leo cineál, méid agus modh an chomhair atá beartaithe.
8. Comhoibreoidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh go dlúth le OLAF i gcás ina dtarlaíonn calaois nó amhras calaoise in aon cheann dá ghníomhaíochtaí comhair.
9. Féadfaidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh creat a fhorbairt le haghaidh comhair oibríochtúil le comhlachtaí eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear Europol agus Frontex, i gcomhréir le mír 2, mír 4 agus mír 5, agus féadfaidh sé páirt a ghlacadh in anailísí straitéiseacha agus measúnuithe ar bhagairtí, timthriallta beartais, cláir nuálaíochta, gníomhaíochtaí oiliúna, líonraí agus gníomhaíochtaí eile atá ábhartha maidir lena chúraimí a chur chun feidhme, agus féadfaidh comhlachtaí eile den sórt sin iad a eagrú.

Airteagal 241

Comhrialuithe

1. Déanfaidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh comhrialuithe a dhéanann údaráis chustaim a phleanáil, a eagrú agus a chomhordú, i gcás inarb ábhartha i gcomhar le húdaráis, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí eile i gcomhréir le hAirteagal 240(9).
2. Chun na críche sin, leanfaidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh na tosaíochtaí beartais custaim agus áiritheoidh sé na naisc agus an comhordú is gá le gníomhaíochtaí frithchalaoise de chuid OLAF agus OIPE agus imscrúduithe custaim náisiúnta.
3. Cuirfidh na húdaráis chustaim aiseolas ar fáil d'Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh maidir leis na gníomhaíochtaí agus na rialuithe atá déanta acu i gcomhthéacs

comhrialuithe ionas go mbeidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh in ann tuarascáil a tharraingt suas agus meastóireacht a dhéanamh.

Airteagal 242

Gníomhaíochtaí a ghlacfaidh na húdaráis chustaim

1. I gcomhréir leis an reachtaíocht eile a chuirfidh na húdaráis chustaim i bhfeidhm, féadfaidh na húdaráis chustaim aon cheann de na bearta seo a leanas a ghlacadh:
 - (a) sonraí sonracha a bhailiú le haghaidh na gcoinsíneachtaí ar fad, lena n-áirítear seiceálacha uathoibrithe ar fhoirmiúlachtaí neamhchustaim an Aontais, ar choinníoll go stóráiltear i gclárlann lárnach de chuid an Aontais iad;
 - (b) staidreamh, anailísíocht agus treochtaí a sholáthar, go háirithe i réimse na rioscaí;
 - (c) rialuithe údarás eile a éascú agus a chomhordú;
 - (d) rialuithe a dhéanamh ar choinsíneachtaí áirithe, arna roghnú ar bhonn bainistiú riosca i gcomhréir le Teideal IV agus an anailís dá dtagraítear i bpointe (b) á cur san áireamh;
 - (e) dul i gcomhairle le húdaráis eile sula scaoilfear na hearraí i gcomhréir le hAirteagal 60;
 - (f) aon bheart is gá a dhéanamh maidir le hearraí neamhchomhlíontacha, lena n-áirítear na hearraí sin a choigistiú, a dhíol nó a dhíothú;
 - (g) lena gcuirtear chun feidhme an creat comhair dá dtagraítear in Airteagal 240;
 - (h) údaráis eile a chur ar an eolas faoi rioscaí atá ábhartha dá gcuid oibre;
 - (i) obair leantach a dhéanamh i gcás ina sáraíonn gluaiseacht earraí reachtaíocht eile a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm;
 - (j) aon ghníomhaíocht chomhlántach eile.
2. Féadfaidh Ballstát pointe trasnaithe teorann custaim speisialaithe a ainmniú, maidir le reachtaíocht áirithe eile a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm. Níor cheart na srianta a eascraíonn as ainmniú den sórt sin dul trí phointí trasnaithe teorann custaim speisialaithe a bheith díréireach, a mhéid a bhaineann le hoibreoirí eacnamaíocha, leis an gcuspóir atá i gceist, agus aird chuí á tabhairt ar na cúinsí a d'fhéadfadh údar a thabhairt leis an oibleagáid sin.
3. Tabharfaidh an Ballstát fógra d'Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh faoin ainmniú dá dtagraítear i mír 2 agus coinneoidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh cothrom le dáta agus foilseoidh sé liosta de na pointí trasnaithe teorann speisialaithe custaim sin.
4. Chun sainaithint, cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú reachtaíochta eile a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm a éascú, tarraingeoidh an Coimisiún suas liosta comhtháite de reachtaíocht an Aontais lena leagfar síos ceanglais is infheidhme maidir le hearraí atá faoi réir rialuithe custaim a bhfuil sé mar aidhm leo leasanna an phobail a chosaint agus foilseoidh sé ar a shuíomh gréasáin é.
5. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 261, chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí aon ghníomhaíocht chomhlántach eile dá dtagraítear i mír (1), pointe (j) a chinneadh.

Airteagal 243

Comhar idirnáisiúnta custaim

Féadfaidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh, gan dochar do chumhachtaí an Choimisiúin agus faoi réir a fhortheasta roimh ré, socruithe oibre a thabhairt i gcrích le húdaráis tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta. Ní chruthóidh na socruithe sin oibleagáidí dlíthiúla ar an Aontas.

Airteagal 244

Malartú sonraí le tríú tíortha

1. Féadfaidh an Coimisiún, na húdaráis chustaim agus Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh sonraí a mhalartú agus a chomhroinnt le húdaráis chustaim agus le húdaráis eile de chuid tríú tíortha chun críche comhair chustaim, i gcás ina ndéantar foráil i gcomhaontú idirnáisiúnta de chuid an Aontais, i reachtaíocht chustaim, i reachtaíocht an Aontais i réimse an chomhbheartais tráchtála nó i réimse an chomhbheartais eachtraigh agus slándála, chomh maith le reachtaíocht eile de chuid an Aontais a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm, maidir le malartú den sórt sin agus lena n-áirithítear go bhfuil an t-aistriú sonraí pearsanta i gcomhréir le forálacha Chaibidil V de Rialachán (AE) 2018/1725 nó Chaibidil V de Rialachán (AE) 2016/679 faoi seach.

Cuirfear an Coimisiún ar an eolas faoi mhalartú sonraí idir údaráis chustaim agus Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh le húdaráis chustaim agus le húdaráis eile tríú tíortha.
2. Féadfaidh baint a bheith ag an malartú dá dtagraítear i mír 1, go háirithe, leis na catagóirí sonraí seo a leanas:
 - (a) eilimintí sonraí a áirítear i gcinntí arna ndéanamh ag na húdaráis chustaim nó i gcinntí comhchosúla a rinneadh i dtríú tíortha, a bhaineann le faisnéis cheangailteach, stádas oibreora eacnamaíoch údaráithe, luacháil chustaim, stádas custaim earraí nó nósanna imeachta speisialta;
 - (b) eilimintí sonraí a áirítear i ndearbhuithe, i bhfógraí agus i gcruthúnas maidir le stádas custaim na n-earraí agus i ndoiciméid tacaíochta, arna dtaisceadh le húdaráis chustaim na mBallstát nó leis an gCoimisiún, nó le húdaráis tríú tíortha atá inniúil i gcúrsaí custaim, ar an taobh eile, nó arna n-eisiúint ag na húdaráis sin;
 - (c) sonraí faoi rioscaí arna sainaithint, sonraí nua arna bhfáil agus torthaí arna bhfáil ag údaráis chustaim na mBallstát nó an Choimisiúin, ar thaobh amháin, agus údaráis tríú tíortha atá inniúil i gcúrsaí custaim, ar an taobh eile, agus iad i mbun anailísiú riosca agus rialú.
3. Déanfar an malartú dá dtagraítear i mír 1 trí mhodhanna slána cumarsáide iomchuí, arna iarraidh sin nó ar a thionscnamh féin, agus tá sé faoi réir urraim do shonraí rúnda agus do chosaint sonraí pearsanta i gcomhréir le hAirteagal 31, [35 agus mír 1 den Airteagal seo](#).
4. Tá an malartú dá dtagraítear i mír 1 gan dochar do mhalartuithe faisnéise a dhéantar faoi na forálacha maidir le cúnamh riaracháin frithpháirteach atá i gcomhaontuithe idir an tAontas agus tríú tíortha agus d'fhorálacha Rialachán (CE) Uimh. 517/97.

5. Féadfar an chumhacht a thabhairt do Bhallstát, i gcomhréir leis na nósanna imeachta agus leis na coinníollacha a leagtar síos i ngníomh tarmligthe arna ghlacadh i gcomhréir le mír 6, dul i mbun caibidlíochta le tríú tír d'fhonn comhaontú déthaobhach a thabhairt i gcrích maidir leis an malartú dá dtagraítear i mír 1 nó d'fhonn comhaontú atá ann cheana a choimeád. Scoirfidh comhaontú déthaobhach den sórt sin d'fheidhm a bheith aige ar theacht i bhfeidhm comhaontaithe lena bhforáiltear do mhalartú faisnéise custaim idir an tAontas agus an tríú tír lena mbaineann.
6. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 261 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na coinníollacha agus na nósanna imeachta a chinneadh lena bhféadfaí an chumhacht a thabhairt do Bhallstát dul i mbun caibidlíochta dá dtagraítear i mír 5. Áireofar orthu sin fógra ón mBallstát lena mbaineann chuig an gCoimisiún agus chuig gach Ballstát eile maidir le hinneachar féideartha an chomhaontaithe dhéthaobhaigh agus measúnú arna dhéanamh ag an gCoimisiún ar a thionchar ar dhlí an Aontais agus ar chaibidlíochtaí amach anseo ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear an bhfuil a inneachar teoranta d'oibleagáidí an Aontais nó d'oibleagáidí an dlí idirnáisiúnta a chur chun feidhme. Forálfar sa ghníomh tarmligthe freisin d'fhaireachán ar chur chun feidhme na gcomhaontuithe sin.
8. Cinnfidh an Coimisiún, laistigh de 90 lá ón bhfógra a fháil, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, cé acu an n-údarófar don Bhallstát an comhaontú déthaobhach a dhéanamh nó nach n-údarófar. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 262(2).

Ar mhórchúiseanna práinne i ndáil le húdarú den sórt sin, a mbeidh call cuí leo de bharr an ghá a cheadú go mear faisnéis a mhalartú arna iarraidh, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme is infheidhme gan mhoill i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 262(5).

Teideal XIV

FORÁLACHA COITEANNA MAIDIR LE SÁRUITHE CUSTAIM AGUS MAIDIR LE SMACHTBHANNAÍ NEAMHCHOIRIÚLA

Caibidil 1

Forálacha ginearálta

Airteagal 245

Ábhar

Bunaítear leis an Teideal seo liosta de sháruithe custaim agus de smachtbhannaí neamhchoiriúla i leith na sáruithe sin. Ní chuireann sé cosc ar na Ballstáit bearta níos déine a dhéanamh trí fhoráil a dhéanamh maidir le smachtbhannaí riaracháin nó coiriúla i gcomhréir lena ndlí náisiúnta. Ní dhéanann sé difear ach oiread do sháruithe eile dá bhforáiltear faoi reachtaíocht an Aontais.

Airteagal 246

Ceanglais ghinearálta

1. Is sárúithe custaim iad gníomhartha nó neamhghníomhartha dá dtagraítear in Airteagal [252](#).
2. Sárú custaim is ea gníomh nó neamhghníomh dá dtagraítear in Airteagal [252](#) a ghríosú nó cabhrú agus neartú leis.
Is sárú custaim é iarracht a dhéanamh gníomh nó neamhghníomh dá dtagraítear in Airteagal 252 a dhéanamh.
3. Cinnfidh na Ballstáit an d'aon ghnó nó trí fhaillí fhollasach nó trí earráid fhollasach a rinneadh na sárúithe dá dtagraítear in Airteagal [252](#).
4. Ní sárú custaim a bheidh i gceist le hearráidí cléireachais nó mionearráidí ach amháin más féidir leis an údarás custaim a shuí go ndearnadh iad d'aon ghnó, nó go ndearnadh iad mar thoradh ar fhaillí fhollasach nó ar earráid fhollasach.
5. I gcás gnímh nó neamhghnímh a bhfuil mar thoradh air sárú custaim dá dtagraítear in Airteagal [252](#) agus a rinneadh mar fhreagairt ar imthosca neamhghnácha agus neamh-intuartha atá coimhthíoch leis an duine lena mbaineann, nárbh fhéidir a n-iarbhairtí a sheachaint, d'ainneoin gach cúram cuí a bheith á dhéanamh, go n-eisiafar freagracht an duine a rinne é.

Airteagal 247

Imthosca maolaitheacha

1. Duine atá freagrach as gníomh nó neamhghníomh as a n-eascaíonn sárú custaim dá dtagraítear in Airteagal [252](#), nuair a chuireann an duine sin an fhianaise ar fáil gur de mheon macánta a ghníomhaigh sé/sí, cuirfear san áireamh í agus an smachtbhanna dá dtagraítear in Airteagal 254 á chinneadh.
2. Cuirfear na cúinsí seo a leanas san áireamh maidir leis an smachtbhanna a bheidh le cur i bhfeidhm ar an sárú custaim a laghdú:
 - (a) nach bhfuil na hearraí lena mbaineann faoi réir na reachtaíochta eile a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm;
 - (b) níl aon tionchar ag an sárú custaim ar mhéid na ndleachtanna custaim agus na gcánacha eile atá le híoc a chinneadh;
 - (c) go gcomhoibreoidh an duine atá freagrach as an sárú custaim go héifeachtach leis an údarás custaim.

Airteagal 248

Imthosca géaraitheacha

Cuirfear na cúinsí seo a leanas san áireamh maidir le géarú an smachtbhanna dá dtagraítear in Airteagal 254 a bheidh le cur i bhfeidhm maidir le sárúithe custaim:

- (a) gur gearradh smachtbhanna cheana ar an duine atá freagrach as an sárú custaim, mar gheall ar shárú custaim roimhe sin, nó go ndearna sé sárúithe custaim leanúnacha;
- (b) tá tionchar suntasach ag an sárú custaim ar reachtaíocht eile a chuireann na húdaráis chustaim i bhfeidhm;

- (c) tá tionchar suntasach airgeadais ag an sárú custaim ar dhleachtanna custaim nó muirir eile a bhailiú;
- (d) is bagairt é an sárú custaim do shlándáil agus do shábháilteacht an Aontais agus a chónaitheoirí.

Airteagal 249

Teorainn

1. Bunóidh na Ballstáit an tréimhse teorann chun imeachtaí a thionscnamh a bhaineann le sárú custaim dá dtagraítear in Airteagal [252](#) idir 5 bliana agus 10 mbliana ón dáta a rinneadh an gníomh nó an neamhghníomh.
2. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás sáruithe leanúnacha nó sáruithe leanúnacha custaim, go dtosóidh an tréimhse teorann ar an lá a dtiocfaidh deireadh leis an ngníomh nó leis an neamhghníomh arb é an sárú custaim é.
3. Áiritheoidh na Ballstáit go mbrisfear an tréimhse teorann le haon ghníomh ón údarás inniúil, a dtabharfár fógra ina leith don duine lena mbaineann, a bhaineann le himscrúdú nó le himeachtaí dlíthiúla a bhaineann leis an sárú custaim céanna. Cuirfear tús leis an tréimhse teorann ar lá an ghnímh idirbhriste.
4. Áiritheoidh na Ballstáit go gcoiscfear aon imeacht a bhaineann le sárú custaim dá dtagraítear in Airteagal 252 a thionscnamh nó leanúint leo tar éis tréimhse 8 mbliana ón lá dá dtagraítear i mír 1 nó mír 2 a dhul in éag.
5. Áiritheoidh na Ballstáit gur trí bliana a bheidh sa tréimhse teorann chun cinneadh lena bhforchuirtear smachtbhanna a fhorfheidhmiú. Cuirfear tús leis an tréimhse ar an lá a mbeidh an cinneadh sin críochnaitheach.
6. Leagfaidh na Ballstáit síos na cásanna ina gcuirfear na tréimhsí teorann a leagtar amach i míreanna 1, 4 agus 5 ar fionraí.

Airteagal 250

Dlínse

Beidh dlínse ag na Ballstáit maidir leis na sáruithe custaim dá dtagraítear in Airteagal [252](#) i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus i gcás ina ndéanfar an sárú sin ina iomláine nó i bpáirt laistigh de chríoch an Bhallstáit sin.

Airteagal 251

Comhar idir na Ballstáit

1. I gcás ina dtionscnóidh údarás inniúil de chuid Ballstáit in Airteagal [252](#) imeachtaí maidir leis an sárú sin ar dtús, comhoibreoidh an t-údarás inniúil sin le húdaráis inniúla na mBallstát lena mbaineann an sárú custaim céanna i gcoinne an duine chéanna maidir leis na fíorais chéanna.
2. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar an gcomhar idir na Ballstáit i gcomhréir le mír 1.

Caibidil 2

Sáruithe custaim an Aontais agus smachtbhannaí neamhchoiriúla

Airteagal 252

Sáruithe custaim an Aontais

1. Beidh na gníomhartha nó na neamhghníomhartha seo a leanas ina sáruithe custaim:
 - (a) má mhainníonn sealbhóir cinnidh a bhaineann le cur i bhfeidhm na reachtaíochta custaim na hoibleagáidí a eascraíonn as an gcinneadh sin a chomhlíonadh agus na húdaráis chustaim a chur ar an eolas gan mhoill faoi aon toisc a thiocfaidh chun cinn tar éis do na húdaráis sin cinneadh a ghlacadh a mbeidh tionchar aige ar leanúnachas nó ar ábhar an chinnidh, i gcomhréir le Teideal I agus Teideal II;
 - (b) mainneachtain maidir leis an oibleagáid faisnéis a chur ar fáil do lucht custaim i gcomhréir leis an Rialachán seo a chomhlíonadh, lena n-áirítear mainneachtain dearbhú custaim a thaisceadh;
 - (c) faisnéis nó doiciméid atá neamhiomlán, míchruinn, neamhbhailí, neamhdhlisteanach, bréagach nó falsaithe a sholáthar do lucht custaim;
 - (d) mainneachtain an duine atá freagrach chun na doiciméid agus an fhaisnéis a bhaineann le foirmiúlachtaí custaim a thabhairt chun críche a choinneáil;
 - (e) earraí a aistriú ó mhaoirseacht chustaim;
 - (f) mainneachtain an duine atá freagrach na hoibleagáidí a bhaineann le nósanna imeachta custaim a chomhlíonadh;
 - (g) an duine nach n-íocann dleachtanna ar allmhairí nó ar onnmhairí laistigh den tréimhse a fhorordaítear i gcomhréir le Teideal X, Caibidil 3.
2. Gan dochar do mhír 1, féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le gníomhartha agus neamhghníomhartha breise ar sáruithe custaim iad.
3. Laistigh de 180 lá ó dháta chur i bhfeidhm an Airteagail seo, tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na forálacha náisiúnta a bheidh i bhfeidhm mar a bheartaítear i mír 2 den Airteagal seo iad agus tabharfaidh siad fógra dó gan mhoill faoi aon leasú ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear do na forálacha sin.

Airteagal 253

Ceanglais ghinearálta maidir le smachtbhannaí

1. Gan dochar do na smachtbhannaí a leagtar síos in Airteagal 254, féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh do smachtbhannaí breise i leith sáruithe custaim dá dtagraítear in Airteagal 252 agus do gach beart is gá chun a áirithiú go gcuirfear na smachtbhannaí sin chun feidhme. Beidh na smachtbhannaí sin éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.
2. Laistigh de 180 lá ó dháta chur i bhfeidhm an Airteagail seo tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na forálacha náisiúnta a bheidh i bhfeidhm mar a bheartaítear i mír 1 den Airteagal seo iad agus tabharfaidh siad fógra dó gan mhoill faoi aon leasú ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear do na forálacha sin.

Smachtbhannaí neamhchoiriúla íosta

I gcás ina gcuirfear smachtbhannaí i bhfeidhm maidir le sáruithe custaim dá dtagraítear in Airteagal [252](#) is i bhfoirm amháin nó níos mó de na foirmeacha seo a leanas a bheidh siad, agus é á áirithiú acu go bhfuil na smachtbhannaí éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach agus na himthosca maolaitheacha dá dtagraítear in Airteagal 247 agus na himthosca géaraitheacha dá dtagraítear in Airteagal 248 á gcur san áireamh:

- (a) muirear airgid a ghearrfaidh na húdaráis chustaim, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, socraíocht a chuirfear i bhfeidhm in áit agus in ionad pionóis choiriúil agus a ríomhfar ar na híosmhéideanna nó ar na híoschéatadáin seo a leanas:
 - (i) i gcás ina mbeidh tionchar ag an sárú custaim ar dhleachtanna custaim agus ar mhuirir eile, déanfar an muirear airgid a ríomh bunaithe ar mhéid na ndleachtanna custaim agus na muirear eile a áirítear, mar seo a leanas:
 - (1) i gcás ina ndearnadh an sárú d'aon ghnó, is é a bheidh sa mhuirear airgid méid is ionann agus idir 100 % agus 200 % de mhéid na ndleachtanna custaim agus na muirear eile a áirítear;
 - (2) i gcásanna eile, is é a bheidh sa mhuirear airgid méid is ionann agus idir 30 % agus 100 % de mhéid na ndleachtanna custaim agus na muirear eile a áirítear;
 - (ii) i gcás nach féidir an muirear airgid a ríomh i gcomhréir le pointe (i), déanfar an muirear airgid a ríomh bunaithe ar luach custaim na n-earraí, mar a leanas:
 - (1) i gcás ina ndéanfar an sárú d'aon ghnó, is é a bheidh sa mhuirear airgid méid is ionann agus idir 100 % agus 200 % de mhéid luach custaim na n-earraí;
 - (2) i gcásanna eile, is é a bheidh sa mhuirear airgid méid a bheidh comhionann le idir 30 % agus 100 % de mhéid luach custaim na n-earraí;
 - (iii) i gcás nach mbaineann an sárú custaim le hearraí sonracha, is é a bheidh sa mhuirear airgid méid idir EUR 150 agus EUR 150 000;
- (b) cúlghairm, fionraí nó leasú cinntí custaim a bheidh i seilbh an duine lena mbaineann, nuair a dhéanfaidh an sárú difear don chinneadh sin;
- (c) na hearraí agus modhanna iompair a choigistiú.

Déanfar na gníomhartha nó na cinntí maidir le smachtbhannaí a chuirtear i bhfeidhm i leith aon sárú custaim a thaifeadadh i Mol Sonraí Custaim an Aontais in éineacht le toradh na rialuithe custaim.

Teideal XV FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Caibidil 1 Feidhmíocht an aontais custaim a thomhas

Airteagal 255

Raon feidhme agus cuspóirí

1. Déanfaidh an Coimisiún measúnú agus meastóireacht ar fheidhmíocht an Aontais ar bhonn bliantúil ar a laghad. Áirítear leis sin gníomhaíochtaí custaim a dhéanann údaráis chustaim na mBallstát agus, i gcás inar féidir, tíortha is iarrthóirí ag leibhéal pointí trasnaithe náisiúnta agus teorann a thomhas. D'fhéadfadh tomhas den sórt sin cur leis na huirlisí atá ann cheana agus a d'fhorbair an Coimisiún agus na Ballstáit chun na críche sin.
2. Tabharfaidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh cúnamh don Choimisiún maidir leis an gcúram sin. Chun tacú leis an gCoimisiún ina mheastóireacht ar an aontas custaim, sainaithneoidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh conas a thacaíonn gníomhaíochtaí agus oibríochtaí custaim le gnóthú cuspóirí straitéiseacha agus tosaíochtaí an aontais custaim agus conas a rannchuidíonn siad le misean na n-údarás custaim a leagtar síos in Airteagal 2. Go sonrach, déanfaidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh príomhthreochtaí, láidreachtaí, laigí, bearnaí agus rioscaí féideartha a shainaithint, agus moltaí maidir le feabhas a sholáthar don Choimisiún.

Airteagal 256

Sainiú creata agus tuairisciú bliantúil

1. Déanfaidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh, i gcomhar leis na húdaráis chustaim, tuarascálacha agus cineálacha eile doiciméid a tháirgeadh chun na cuspóirí a leagtar síos in Airteagal 255 a bhaint amach.
2. Soláthróidh na Ballstáit sonraí d'Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh ina mbeidh faisnéis ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an phointe trasnaithe teorann araon. Bunaithe ar na sonraí a fhaightear ó na húdaráis chustaim, táirgfídh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh tuarascáil bhliantúil ina mbeidh fíorais agus figiúirí maidir leis an mbliain a chuaigh thart le haghaidh gach údaráis custaim ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an phointe trasnaithe teorann.
3. Tarchuirfidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh an dréacht-tuarascáil bhliantúil chuig an gCoimisiún lena formheas.
4. Fíoróidh an Coimisiún an tuarascáil agus tarchuirfidh sé í ina dhiaidh sin chuig na Ballstáit mar fhaisnéis.
5. Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na sonraí dá dtagraítear i mír 2 chomh maith lena leibhéal rúndachta, agus dearadh an chreata tomhais feidhmíochta. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 262(4).

Caibidil 2

Faireachán, meastóireacht agus tuairisciú

Airteagal 257

Faireachán

Déanfaidh an Coimisiún faireachán tráthrialta ar chur chun feidhme an Rialacháin seo, agus cuirfidh sé san áireamh, *inter alia*, faisnéis agus anailís atá ábhartha chun críoch faireacháin arna soláthar nó arna cur ar fáil ag údaráis chustaim agus ag Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh i Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh.

Airteagal 258

Meastóireacht agus tuairisciú

1. Faoin ... [Oifig na bhFoilseachán cuir isteach an dáta = 5 bliana i ndiaidh an teachta i bhfeidhm], agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán seo i bhfianaise na gcuaspóirí a shaothraíonn sé agus cuirfidh sé tuarascáil faoin meastóireacht sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa.
Áireofar na nithe seo a leanas sa tuarascáil sin:
 - (a) forbhreathnú ar staid an dul chun cinn a bhain na Ballstáit amach i ndáil le cur chun feidhme an Rialacháin seo;
 - (b) measúnú ar éifeachtacht, éifeachtúlacht, comhleanúnachas, ábharthacht agus breisluach Aontais an Rialacháin seo, go háirithe maidir leis na cuaspóirí dá dtagraítear in Airteagal 2.
2. Arna iarraidh sin don Choimisiún agus i gcomhréir le Caibidil 1 den Teidil seo, soláthróidh na Ballstáit faisnéis ar chur chun feidhme an Rialacháin seo a bhfuil gá léi chun an tuarascáil dá dtagraítear i mír 2 a ullmhú.

Caibidil 3

Comhshó Airgeadra agus teorainneacha ama

Airteagal 259

Comhshó airgeadra

1. Foilseoidh na húdaráis inniúla an ráta malairte infheidhme agus/nó cuirfidh siad ar fáil ar an idirlíon é, i gcás inar gá airgeadra a chomhshó ar cheann de na cúiseanna a leanas:
 - (a) de bhrí go ndéantar tosca a mbainfear úsáid astu chun luach custaim na n-earraí a chur in iúl in airgeadra seachas airgeadra an Bhallstáit ina gcinntear an luach custaim;
 - (b) de bhrí go bhfuil luach an euro in airgeadraí náisiúnta ag teastáil chun rangú taraife earraí agus méid na dleachta ar allmhairí agus ar onnmhairí, lena n-áirítear tairseacha luacha sa Chomhtharaif Custaim, a chinneadh.
2. I gcás inar gá airgeadra a chomhshó ar chúiseanna seachas na cúiseanna dá dtagraítear i mír 1, déanfar luach an euro in airgeadraí náisiúnta a bheidh le cur i

bhfeidhm faoi chuimse na reachtaíochta custaim a shocrú uair in aghaidh na bliana ar a laghad.

3. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, rialacha maidir le comhshó airgeadra a leagan síos chun na gcríoch dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 262(4).

Airteagal 260

Tréimhsí, dátaí agus teorainneacha ama

1. Mura bhforáiltear a mhalairt, i gcás ina ndéanfar tréimhse, dáta nó teorainn ama a leagan síos sa reachtaíocht chustaim, ní chuirfear fadú leis an tréimhse sin ná ní laghdófar í ná ní chuirfear siar ná ní chuirfear chun cinn an dáta sin nó an teorainn ama sin.
2. Beidh feidhm ag na rialacha is infheidhme maidir le tréimhsí ama, dátaí agus teorainneacha ama a leagtar amach i Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 1182/71 ón gComhairle⁴³, seachas i gcás ina bhforálfar a mhalairt sa reachtaíocht chustaim.

Caibidil 4

Tarmligean cumhachta agus nós imeachta Coiste

Airteagal 261

An tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
2. Tabharfar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail 4, 6, 7, 10, 14, 19, 23, 25, 27, 28, 29, 31, 32, 56, 58, 59, 60, 63, 65, 66, 71, 72, 73, 77, 80, 81, 83, 85, 86, 88, 90, 91, 95, 97, 99, 101, 102, 105, 107, 108, 109, 111, 115, 116, 119, 123, 132, 148, 150, 156, 167, 168, 169, 170, 173, 175, 176, 179, 181, 186, 193, 199, 242, 244, 265.
3. An tarmligean cumhachta dá dtagraítear in Airteagail 4, 6, 7, 10, 14, 19, 23, 25, 27, 28, 29, 31, 32, 56, 58, 59, 60, 63, 65, 66, 71, 72, 73, 77, 80, 81, 83, 85, 86, 88, 90, 91, 95, 97, 99, 101, 102, 105, 107, 108, 109, 111, 115, 116, 119, 123, 132, 148, 150, 156, 167, 168, 169, 170, 173, 175, 176, 179, 181, 186, 193, 199, 242, 244, 265, féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle é a chúlghairm tráth ar bith. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh*. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.
4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a

⁴³ Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 1182/71 ón gComhairle an 3 Meitheamh 1971 lena gcinntear na rialacha is infheidhme maidir le tréimhsí, dátaí agus teorainneacha ama (IO L 124, 8.6.1971, lch. 1).

leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.
6. Gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail 4, 6, 7, 10, 14, 19, 23, 25, 27, 28, 29, 31, 32, 56, 58, 59, 60, 63, 65, 66, 71, 72, 73, 77, 80, 81, 83, 85, 86, 88, 90, 91, 95, 97, 99, 101, 102, 105, 107, 108, 109, 111, 115, 116, 119, 123, 132, 148, 150, 156, 167, 168, 169, 170, 173, 175, 176, 179, 181, 186, 193, 199, 242, 244, 265, ní thiocfaidh sé i bhfeidhm ach amháin más rud é nár chuir Parlaimint na hEorpa ná an Chomhairle ina choinne laistigh de thréimhse 2 mhí ó tugadh fógra do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoin ngníomh sin nó, sula dtéann an tréimhse sin in éag, má tá sé curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle araon don Choimisiún nach gcuirfidh siad ina choinne. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 262

Nós imeachta coiste

1. Tabharfaidh an Coiste um an gCód Custaim cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
3. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 i gcomhar le hAirteagal 4 de.
4. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
5. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 i gcomhar le hAirteagal 5 de.
6. I gcás ina bhfuil tuairim an choiste le fáil trí nós imeachta scríofa agus ina ndéantar tagairt don mhír seo, ní chríochnófar an nós imeachta sin gan toradh ach amháin sa chás, laistigh den teorainn ama do sheachadadh na tuairime, ina gcinneann cathaoirleach an choiste amhlaidh.

Caibidil 5

Forálacha críochnaitheacha

Airteagal 263

Aisghairm

1. Aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.
2. Déanfar tagairtí don Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil san Iarscríbhinn.
3. Ón dáta a leagtar amach in Airteagal 265(4), déanfar tagairtí don dearbhú custaim a fhorléiriú mar thagairtí lena gcumhdaítear soláthar na sonraí is gá chun earraí a chur faoi nós imeachta custaim agus cumais Mhol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh á n-úsáid.

4. Ón dáta a leagtar amach in Airteagal 265(4), déanfar tagairtí don dearbhóir a fhorléiriú mar thagairtí lena gcumhdaítear an t-iompróir, an t-allmhaireoir, an t-onnmhaireoir nó sealbhóir an nós imeachta idirthurais, de réir mar is iomchuí.

Airteagal 264

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 265

Iarratas

1. Beidh feidhm ag Airteagail 205 go 237 ón 1 Eanáir 2028.
2. Beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas ón 1 Márta 2028:
 - (a) na forálacha maidir leis an gcóireáil shimplithe taraife a leagtar síos in Airteagal 145(5), (6) agus (7) agus Airteagal 147, pointe (a)(ii);
 - (b) na forálacha maidir leis an gcóireáil shimplithe taraife i ndáil le ciandíol a leagtar síos in Airteagal 149(4), 150(10) agus 156(2);
 - (c) na forálacha maidir le hallmhaireoirí measta a leagtar síos in Airteagal 20(3), pointe (e), Airteagal 21, Airteagal 59(2), Airteagal 60(6), pointe (a), Airteagal 67(2), Airteagal 67(4), pointe (d), agus Airteagail 159(2), 181(5) agus 184(3).
3. Beidh feidhmiúlachtaí Mhol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh a leagtar síos in Airteagal 29 i ngníomh go hiomlán faoin 31 Nollaig 2037.
4. Féadfaidh oibreoirí eacnamaíocha tosú ar a n-oibleagáidí tuairiscithe faoin Rialachán seo a chomhlíonadh trí úsáid a bhaint as Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh ón 1 Márta 2032 ar aghaidh.
5. Déanfaidh na húdaráis chustaim athmheasúnú ar na húdaruithe arna ndeonú de bhun Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ón 1 Eanáir 2035 go dtí an 31 Nollaig 2037.
6. Roimh an 31 Nollaig 2027, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina soláthrófar measúnú ar an imréiteach láraithe dá dtagraítear in Airteagal 72. Más iomchuí, féadfaidh an Coimisiún togra reachtach a chur i láthair d'fhonn dáileadh cothrom chearta agus oibleagáidí na mBallstát a áirithiú i ndáil leis an measúnú ar an bhfiach custaim tráth an allmhairithe agus ar an dliteanas ina leith.
7. Faoin 31 Nollaig 2035, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil i láthair Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle chun measúnú a dhéanamh ar na nithe seo a leanas go háirithe:
 - (a) éifeachtacht na maoirseachta custaim ar thrádálaithe Iontaoibhe agus Seiceála arna déanamh ag údaráis chustaim Bhallstát na bunaíochta agus éifeachtacht chur chun feidhme na bhforálacha lena rialaítear áit tabhaithe an fhéich custaim;
 - (b) éifeachtacht na maoirseachta custaim ar oibreoirí eacnamaíocha nach trádálaithe Iontaoibhe agus Seiceála iad;

(c) tionchar féideartha na modhnuithe dá bhforáiltear i mír 8.

8. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 261, chun an Rialachán seo a leasú, más iomchuí i bhfianaise na tuarascála dá dtagraítear i mír 7, trí na maoluithe dá bhforáiltear in Airteagal 42(3), an dara fomhír, agus in Airteagal 169(1), an dara fomhír, a scriosadh nó a mhodhnú.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán

[...]

[...]

RÁITEAS AIRGEADAIS REACTACH

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Cód Custaim an Aontais agus Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

Réimse beartais: An Margadh Aonair, an Nuálaíocht agus Cúrsaí Digiteacha – Ceannteideal 1

Gníomhaíocht:

Comhar i réimse an chustaim (Custaim) – fo- cheannteideal 03 05 01

Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh (fo- cheannteideal nua – 03 05 XX)

1.3. Baineann an togra le

X beart nua

☐ beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart¹

X síneadh ar bheart atá ann cheana

☐ beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua

1.4. Cuspóirí

1.4.1. Cuspóirí ginearálta

É a chur ar a gcumas d'údaráis chustaim **gníomhú mar údarás amháin** ar fud an Aontais, chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- (a) an Margadh Aonair, saoránaigh, agus luachanna an Aontais a chosaint go héifeachtúil agus go héifeachtach trí chomhlíontacht sraithe níos mó ceanglas neamhairgeadais a áirithiú;
- (b) bailiú iomchuí, éifeachtach agus tráthúil na ndleachtanna custaim agus na gcánacha atá dlite a áirithiú, lena n-áirítear imghabháil dleachta custaim a dhíspreagadh agus ar an gcaoi sin cosc a chur ar an gcaillteanas ioncaim le haghaidh bhuiséad an Aontais agus na mBallstát araon;
- (c) an trádáil dhlisteanach a éascú, leis an gcothromaíocht cheart idir éascú agus rialuithe éifeachtacha a áirithiú ar fud na gcineálacha éagsúla rioscaí, ar an gcostas agus leis an ualach riaracháin is lú agus is féidir.

1.4.2. Cuspóirí sonracha

1. **Bainistíocht riosca custaim an Aontais a neartú.**
2. **An t-ualach riaracháin a laghdú** agus na nósanna imeachta a shimpliú do thrádálaithe, tomhaltóirí agus údaráis chustaim, gan maoirseacht custaim éifeachtach a chur i mbaol.

¹ Dá dtagraítear in Airteagal 58(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

3. **Cothroime iomaíochta idir an ríomhthrachtáil agus an trádáil thraidisiúnta** a áirithiú a mhéid a bhaineann le custam, i gcomhréir le rialacha CBL.
4. **Feabhas a chur ar rochtain ar shonraí agus ar úsáid sonraí** le haghaidh gníomhaíocht chustaim shonrach chun tacú níos fearr le bainistíocht riosca níos fearr, freagairt ar ghéarchéimeanna, tomhas fheidhmíocht an Aontais Custaim, agus rialacha níos simplí le haghaidh na trádála.
5. **É a chur ar a chumas don Aontas Custaim** gníomhú mar údarás amháin chun cosaint uile- Aontais éifeachtach a áirithiú, gan beann ar an áit a dtrasnaíonn na hearraí an teorainn, lena n-áirítear i gcásanna géarchéime.

Ó thaobh an chaiteachais de, baintear amach na cuspóirí sin tríd an athchóiriú ar phróisis chustaim a bhfuil an dá mhór-aschur seo a leanas mar bhonn taca faoi: **Mol Sonraí Custaim nua an Aontais Eorpaigh** agus **Údarás Custaim nua an Aontais Eorpaigh (EUCA)**.

1.4.3. *An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann*

Seirbhísí an Aontais:

Mar chuid den athchóiriú, thiocfadh athrú mór ar an gcaoi a láimhseáiltear TF custaim an Choimisiúin Eorpaigh. Déanfaidh an Coimisiún Mol Sonraí Custaim nua an Aontais Eorpaigh a fhorbairt, a chur chun feidhme agus a choinneáil ar bun, agus féadfaidh an Coimisiún a chinneadh an Mol Sonraí Custaim a tharmligean chuig Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh. Ina theannta sin, glacfaidh an tÚdarás ar láimh ón gCoimisiún formhór na forbartha agus na hoibríochta gnó de chórais TF uile-Aontais atá ann cheana². Maidir leis an ról atá ag an gCoimisiún faoi láthair i ndáil le tacú le comhar idir údaráis chustaim agus tras-údaráis, tacaíocht oibríochtúil agus comhordú agus fothú acmhainneachta oibríochtúla, chuirfí Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh in ionad an ról sin agus neartóidh an tÚdarás an ról sin. Choinneodh an Coimisiún a ról i ndáil le beartas agus reachtaíocht.

Chabhródh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh le straitéisí (tras-údaráis) a fhorbairt agus a chuíchóiriú, lena n-áirítear faisnéis a neartú, nuáil, ullmhú do ghéarchéim, anailísíocht AE a chur chun feidhme agus oibríochtaí sioncronaithe. D'úsáidfadh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh an Mol Sonraí nua chun iarrachtaí breise ar leibhéal an Aontais a sholáthar i bpríomhréimsí lena n-áirítear bainistíocht riosca, oiliúint, faireachán agus meastóireacht ar fheidhmíocht, agus thabharfadh sé leis a mhais chriticiúil, a fhócas agus a shainordú maidir le heagrú/comhordú chuig na príomhchúraimí is gá a dhéanamh 'mar údarás amháin'. Dhéanfaidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh faireachán freisin ar chur chun feidhme coiteann na simplithe le haghaidh trádálaithe, lena n-áirítear iad siúd ar ceadaíodh an cur chuige *Iontaoibhe agus Seiceála* dóibh, agus d'ullmhódh sé mion-fheidhmchláir chun tacú le seirbhísí éascaithe trádála, chomh maith leis an gcomhéadan trádála foriomlán a bhainistiú leis an aontas custaim.

Dá bhrí sin, bheadh príomhról ní ba dhoimhne ag Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh chun cur chun feidhme ní b'éifeachtaí agus ní b'aonfhoirmí a bhaint amach ó thaobh na rialacha agus na bpróiseas custaim. Bheadh fíorchumas straitéiseach ag

² As measc breis is 120 córas custaim atá á oibriú ag AS an Chánachais agus an Aontais Chustaim, tabharfár a bhformhór ar láimh d'Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh ina n-iomláine; is éard atá iontu sin i bprionsabal iad sin lena gcuirtear chun feidhme gníomhaíochtaí nós imeachta agus oibríochtúla custaim nó lena dtacaítear leo (mar shampla: Cinntí Custaim, ICS2, NCTS, NCTS, EBTI, SMS, etc.). Ar an taobh eile, feidhmchláir lena dtacaítear le beartas nó le bainistíocht cláir, fanfaidh siad faoi fhreagracht TAXUD (TARIC, ART, CN, Faireachas 3, etc.).

baint leis. Chabhródh sé sin le cosaintí agus éascaithe ó Aontas a sholáthar go córasach ar mhaithe le saoránaigh, gnólachtaí, agus beartais agus seirbhísí uile an Aontais lena mbaineann. Thairbheodh an tAontas de chosc níos fearr ar chaillteanas ioncaim, agus de bhailiú níos fearr dleachtanna custaim ag eascairt as deireadh a chur leis an tairseach EUR 150.

Riaracháin chustaim na mBallstát:

I ngeall ar pharaidím nua Mhol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh, thiocfadh laghdú mór ar ualach oibre TF ó thaobh custaim de sna Ballstáit in imeacht na mblianta, mar ní bheadh ceangal ar na Ballstáit na croí-chórais TF custaim a choinneáil ar bun. Ní choinneofar ar bun ar bhonn náisiúnta ach na córais TF inar gá oiriúnú de bharr sainiúlachtaí nó comhtháthú náisiúnta agus fiú sna cásanna sin dhéanfaí a leithéid trí úsáid a bhaint as cumais Mhol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh, rud a d'éascódh an cúram.

Thairbheodh na Ballstáit de shraith nua ar leibhéal an Aontais d'anailísíocht sonraí custaim agus d'anailís riosca arna déanamh ar leibhéal lárnach in Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh, agus beadh idirghníomhú acu leis an tsraith nua sin.

Thairbheodh na Ballstáit de laghdú ar cheanglais coibhéise foirne lánaimseartha i ngeall ar fheidhmiú coiteann cúraimí in Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh, go háirithe i réimsí na bainistíochta riosca, TF, agus na bhfeidhmeanna bainistíochta custaim foriomlána. Ní cheanglaítear leis sin laghdú ar a líon i ndáiríre, ach bheadh sé ar a gcumas ag údaráis chustaim náisiúnta úsáid níos éifeachtúla a bhaint as a n-acmhainní.

Thairbheodh na Ballstáit de sheachadadh níos fearr custaim agus luach beartais an Aontais. Na comhleasanna i gcosaint saoránach, tomhaltóirí, trádála agus gnó a léirítear i mbeartais choiteanna maidir le caighdeáin táirge, slándáil, sábháilteacht, sláinte, etc., bhainfí amach iad ar bhealach ní b'éifeachtaí, ní b'éifeachtúla agus ní ba chórasaí ar fud gach pointe iontrála, rud a laghdódh na féidearthachtaí le haghaidh trádáil aindleathach chun dul timpeall ar an bhforfeidhmiú i mBallstát amháin trí theacht ar iontráil trí theorainn sheachtrach eile.

Thairbheodh na Ballstáit freisin de chosc níos fearr ar chaillteanas ioncaim (imghabháil dleachta custaim) agus de bhailiú níos fearr dleachtanna custaim ag eascairt as deireadh a chur leis an tairseach EUR 150.

Gnólachtaí agus Trádáil:

Thairbheodh Oibreoirí Eacnamaíocha go mór d'athrú bunúsach sna próisis chustaim, a sholáthrófaí go díreach trí Mhol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh.

Thairbheodh gach trádálaí de shimpliú agus de chuíchóiriú na gcéimeanna sna próisis chustaim. Laghdaítear an líon pointí soláthair sonraí agus soláthraítear na sonraí do chomhéadan aonair AE amháin in ionad trí 27 gcomhéadan agus bpróiseas náisiúnta. Is féidir sonraí a sholáthar roimh ré agus a athúsáid, seachas iad a sholáthar arís agus arís eile. Déantar na ceanglais ó thaobh sonraí de a athchothromú chun bheith níos oiriúnaí do chleachtais tráchtála: éilítear sonraí i bprionsabal uathu siúd is fearr atá in ann iad a sholáthar, glactar le sonraí i bhformáidí éagsúla, agus cuirtear deireadh le ról an dearbhóra. Treisíonn Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh comhar idir údaráis chustaim náisiúnta freisin ag an teorainn, ar an láthair, agus tacaíonn le cur chun feidhme aonfhoirmeach próiseas níos simplí.

Sholáthrófaí roinnt faisnéis bhreise (go sonrach monaróir na n-earraí). Mar sin féin, is mó a chúiteofaí an iarracht is gá chun faisnéis bhreise a sholáthar leis an simpliú agus leis an laghdú ar phróisis chustaim.

Le feabhas ar spriocdhíriú custaim, chuirfí feabhas ar chosaint gnólachtaí dlisteanacha in aghaidh slabhraí soláthair neamhchomhlíontacha agus bagairtí do shlándáil slabhraí soláthair, agus laghdófaí an iomaíocht éagórach, trí fhorfheidhmiú níos fearr ar bhearta rialála. Ar an gcaoi sin, cuirtear feabhas ar chosaint na fostaíochta, na nuálaíochta agus na hinfheistíochta. Thairis sin, maidir le hathléimneacht slabhraí soláthair i gcásanna géarchéime, amhail ráigeanna galair nó teagmhais éigeandála, neartófaí go mór iad trí fhoráil a dhéanamh maidir le spriocdhíriú láithreach sonrach aonfhoirmeach ar shreabha a bhfuil riosca ag baint leo, agus raon agus scála an chur isteach á íoslaghdú, agus trí ullmhacht do ghéarchéimeanna a choinneáil ar bun ar bhonn 24/7/365, bunaithe ar chomhar fadtéarmach le húdaráis ábhartha eile.

Thairbheodh trádálaithe *Iontaoibhe agus Seiceála* de chomhpháirtíocht níos fearr leis an lucht custaim. Chomhlíonfadh na trádálaithe sin coinníollacha a bheadh cosúil le ceanglais AEO atá i bhfeidhm faoi láthair agus sholáthródís trédhearcacht níos mó freisin trí shonraí a chur ar fáil go córasach do chórais chustaim. D'fhéadfadh iompróirí na sonraí sin a athúsáid ansin i bpróisis réamhfhaisnéise lasta, agus d'fhéadfaí na sreabha earraí a 'fhéinscaoileadh' ag an gceann scríbe (leanfadh na hearraí de ghluaiseacht i bprionsabal, agus chuirfeadh na próisis réamhfhaisnéise lasta ar a gcumas don lucht custaim idirghabháil a dhéanamh dá mbeadh gá leis). Thairbheodh trádálaithe *Iontaoibhe agus Seiceála* de níos lú rialuithe custaim agus rialuithe custaim níos spriocdhírithé, gheobhaidís rabhaidh roimh ré go ginearálta agus a mhéid is féidir chuirfí siar seiceálacha agus foirmiúlachtaí go suíomhanna áisiúla. A mhéid a chomhaontaítear le húdaráis eile, d'fhéadfaí roinnt seiceálacha neamhairgeadais a bhogadh ón teorainn agus d'fhéadfadh an trádálaí *Iontaoibhe agus Seiceála* iad a dhéanamh. Laghdófaí na ceanglais maidir le ráthaíocht.

Maidir leis an ríomhthráchtáil, dá gcuirfí deireadh leis an tairseach díolúine ón dleacht chustaim, ba ghá faisnéis chustaim sa bhreis a sholáthar, agus á chur san áireamh go soláthraítear sonraí cheana féin ar gach earra a allmhairítear i gcomhréir leis na rialacha nua CBL i ndáil le ríomhthráchtáil ó mhí Iúil 2021. Sholáthrófaí le Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh comhéadan aonair lena n-éascófaí idir sholáthar na faisnéise ó na hidirghabhálaithe ríomhthráchtála agus phróiseáil na faisnéise sin le haghaidh na n-údarás custaim.

Ach déileáil go díreach le comhlíontacht chustaim, tairbheoidh ardáin ríomhthráchtála de phraghas deiridh a bheith á sholáthar dá gcliaint acu agus is dócha go bhfeicfidís laghdú ar an líon gearán agus ar an líon earraí a sheoltar ar ais de dheasca costais chomhlíontachta gan choinne ag an teorainn, rud a laghdóidh fadhbanna a bhíonn le sonrú ina slabhraí soláthair faoi láthair. Ar an bhforiomlán, ba cheart a bheith ina dtoradh ar an rogha thosaíochta costais chomhlíontachta níos ísle le haghaidh oibreoirí eacnamaíocha, go háirithe ó thaobh an allmhairiúcháin de. Chuirfí deireadh nach mór leis an ngá le seoladh an nós imeachta idirthurais inmheánaigh atá i bhfeidhm faoi láthair agus na ndearbhuithe a bhaineann leis i gcásanna ina mbogtar earraí ón mBallstát iontrála go dtí an Ballstát ina scaoilfear na hearraí.

Saoránaigh – Tomhaltóirí:

Dá gcuirfí deireadh leis an tairseach dleachta custaim EUR 150, d'fhéadfaí beagán brú aníos ó thaobh praghsanna de a chruthú do thomhaltóirí earraí atá ar luach níos ísle ná an méid sin; mar sin féin, chuirfí le héifeachtúlacht an tslabhra soláthair leis an simpliú agus leis an gcobhsú próiseas, agus cinnfear an tionchar ar chostais agus ar phraghsanna de réir tosca iomaíocha.

Tairbheoidh saoránaigh agus tomhaltóirí de phróisis níos trédhearcaí agus níos intuartha maidir le ceannacháin ríomhthrachtála ó lasmuigh den Aontas Eorpach agus de líon níos lú iarrataí gan choinne ar íoc dleachta agus ar mhuirir seirbhísí lóistíochta as na dleachtanna a láimhseáil chomh maith le líon níos lú cuairteanna ar oifig an phoist i gcomparáid leis an mbonnlíne, rud a mhaolóidh na muirir agus na moilleanna gan choinne atá ann faoi láthair. Thairbheoidh saoránaigh agus tomhaltóirí go mór de chosaint níos fearr agus níos feiceálaí faoi bheartais an Aontais ar iarmhairtí táirgí díobhálacha agus calaoiseacha mar thoradh ar fheabhas córasach ar fud an Aontais ar bhrath slabhraí soláthair díobhálacha.

1.4.4. Táscairí feidhmíochta

Déantar foráil maidir le táscairí faoi na ceannuideil thíos. Ina theannta sin, neartóidh an t-athchóiriú an bonn le haghaidh meastóireacht ar Fheidhmíocht an Aontais Custaim mar atá trí phróiseáil sonraí oibríochtúla ar fud an Aontais a chumasú chun na críche sin.

1. Feabhas a chur ar bhailiú ioncaim trí bhainistíocht riosca oibriúcháin ar leibhéal an Aontais Eorpaigh:

- Bailiú ioncaim ar earraí ar luach os cionn EUR 150
- Ráta dleachtanna neamhíochta
- Líon straitéisí bainistíochta riosca i gcomhar le húdaráis eile (e.g. i gceannas ar chúrsaí cánach agus frithchalaoise)
- Urghabhálacha

2. Feabhas a chur ar bhrath táirgí allmhairithe neamhchomhlíontacha trí bhainistíocht riosca oibriúcháin ar leibhéal an Aontais Eorpaigh:

- Líon straitéisí maoirseachta i gcomhar le húdaráis eile (e.g. i gceannas ar chúrsaí frithchalaoise, faireachas margaidh, cosaint bia, ainmhithe agus sláinte, sábháilteacht táirgí)
- Urghabhálacha

3. Sreabha trádála a dhéanamh níos éasca le haghaidh oibreoirí iontaofa:

- Líon trádálaithe *Iontaoibhe agus Seiceála*
- Céatadán na trádála arna láimhseáil ag trádálaithe *Iontaoibhe agus Seiceála*
- An líon próiseas is gá chun earraí a thrádáil
- An líon iniúchtaí a dhéantar ar thrádálaithe *Iontaoibhe agus Seiceála*

- Líon na n-údaruithe de chuid trádálaithe *Iontaoibhe agus Seiceála* arna gcur ar fionraí
- 4. Ioncam a bhailiú ón ríomhthrachtáil:**
- Bailiú ioncaim ar choinsíneachtaí ar luach suas le EUR 150
 - Líon coinsíneachtaí ar luach suas le EUR 150
- 5. Leas a bhaint as sonraí le haghaidh gníomhaíocht chustaim shonrach:**
- Líon agus cineál na sonraí atá ar fáil
 - Líon earráidí sonraí agus idirghabhálacha
 - Idir- inoibritheacht le foinsí sonraí eile (am agus raon feidhme)
- 6. (Mar aon údarás amháin) Feabhas a chur ar chur chun feidhme aonfhoirmeach agus ar chleachtais ('siopadóireacht calafort a sheachaint'):**
- An líon rialuithe agus aiseolais ar rialuithe
 - Caighdeán íosta le haghaidh na bainistíochta riosca
 - Líon próifílí riosca san Aontas agus torthaí rialuithe
 - Líon moltaí maidir le rialuithe
- 7. (Mar aon údarás amháin) É a chur ar a gcumas d'údaráis chustaim gníomhú mar an gcéanna:**
- Líon agus cáilíocht na seisiún oiliúna
 - An líon gníomhaíochtaí, tionscadal, ceardlann comhpháirteach

1.5. Forais an togra/tionscnaimh

1.5.1. *Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

Cuimsítear leis an moladh athchóiriú ar phróisis chustaim, agus go háirithe:

- ullmhú agus cur in úsáid timpeallacht choiteann bainistíochta sonraí (Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh) le haghaidh oibríochtaí custaim ar leibhéal an Aontais Eorpaigh;
- bunú Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh ag a bhfuil sainordú oibríochtúil chun príomhchúraimí a dhéanamh ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, go háirithe forbairt agus bainistíocht leanúnach an Mhoil Sonraí, bainistíocht riosca choiteann, bainistiú géarchéime agus gníomhaíochtaí comhair chun é a chur ar a chumas don aontas custaim a fheidhmeanna agus a luach comhbheartais a sheachadadh go haonfhoirmeach, gan beann ar an áit a dtrasnaíonn earraí teorainneacha seachtracha an Aontais.

Tá sé beartaithe rolladh amach an athchóirithe a dhéanamh mar a leanas:

An chéad chéim, 2024-2027:

TF/Mol Sonraí an Aontais

- ullmhú comhpháirteanna tosaigh struchtúr an Mhoil Sonraí, lena n-áirítear ullmhú le haghaidh bailiú sonraí ríomhthrachtála agus idir-inoibritheacht tosaigh cásanna úsáide;
- fis, treochlár, costáil agus straitéis soláthair chun cumais an Mhoil Sonraí agus feidhmchláir ghnó a thabhairt chun críche;
- leanúnachas chóras TF Chód Custaim an Aontais atá ann cheana agus pleanáil an aistrithe.

Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh

- bunú an Údaráis in 2026, le bheith oibríochtúil ó 2028 ar aghaidh; earcú Stiúrthóra Feidhmiúcháin Eatramhaigh agus líon beag foirne chun earcaíocht a dhéanamh, socruithe óstála agus cóiríochta, chomh maith le nósanna imeachta riaracháin a bhfuil gá leo le haghaidh ullmhacht oibríochtúil in 2028;
- ullmhú gníomhaíochtaí tosaigh le haghaidh aistriú ó thascfhórsa den Choimisiún a ullmhóidh líonraí agus próisis bainistíochta riosca le bheith réidh le dul i mbun oibre ar raon feidhme shonraí an Aontais a luaite a bheidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh i mbun oibríochtaí.

An dara céim, 2028-2034:

TF/Mol Sonraí an Aontais

- d'fhéadfaí tosú ar aistriú chomhpháirteanna tosaigh an Mhoil Sonraí agus na gcóras lárnach gaolmhar (e.g. ICS2, ríomhthrachtáil, Ionad Ilfhreastail) ón gCoimisiún chuig Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh, aistriú atá le críochnú faoi 2030; glacann Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh inniúlacht ar láimh, agus aistríonn an Coimisiún inniúlacht le haghaidh soláthar agus bainistíocht TF, i gcaitheamh thréimhse 3 bliana;
- cumais maidir le bonneagar agus an Mol Sonraí a chríochnú faoi 2031;
- aistriú córas custaim (córais lárnacha agus náisiúnta) chuig an Mol Sonraí.

Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh

- aistriú céimnitheach gníomhaíochtaí áirithe ón gCoimisiún chuig Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh; forbairt gníomhaíochtaí nua dá dtagraítear sa togra seo ag Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh de réir a chéile;
- tarmligean cúraimí cur chun feidhme áirithe ón gCoimisiún chuig Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh trí chomhaontuithe ranníocaíochta.

1.5.2. Breisluach rannpháirtíocht an Aontais.

Cúiseanna le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (ex ante):

Mar a dhéantar anailís orthu sa mheasúnú tionchair a ghabhann leis an togra reachtach seo, is é atá sna fadhbanna a dtugtar aghaidh orthu deacrachtaí a bhíonn roimh údaráis chustaim chun a misean a bhaint amach chun an tAontas a chosaint (le haghaidh rioscaí airgeadais agus neamhairgeadais araon); nádúr ródhian foirmiúlachtaí custaim le haghaidh na trádála dlisteanáí; an neamhréir idir an tsamhail chustaim agus na samhlacha gnó ríomhthrachtála nua; infhaighteacht

theoranta agus úsáid theoranta sonraí le haghaidh próisis chustaim (lena n-áirítear bainistíocht riosca éifeachtach); agus an dibhéirseacht ó Bhallstát go chéile maidir le cur chun feidhme rialacha custaim. Ar iarmhairtí na bhfadhbanna sin tá caillteanas ioncaim le haghaidh na mBallstát agus an Aontais; iontráil táirgí neamhchomhlíontacha contúirteacha sa Mhargadh Aonair agus díobháil ghaolmhar do thomhaltóirí agus do ghnólachtaí an Aontais agus don chomhshaol; agus úsáid a bheith á baint as slabhraí soláthair le haghaidh gníomhaíochtaí coiriúla.

Leis an athchóiriú, téitear i ngleic le fadhbanna nach féidir leis na Ballstáit iad a réiteach astu féin. Tá gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais fíor-riachtanach chun próisis, bainistíocht sonraí agus rialachas an Aontais Custaim a athchóiriú d'fhonn dul i ngleic leis na fadhbanna a sainaithníodh. Is fíor-riachtanach rogha na hionstraime (Rialachán) mar ní mór don Aontas Custaim deimhneacht dhlíthiúil a sholáthar le haghaidh na trádála agus údaráis phoiblí, chun soghluaisteacht an tsreafa trádála dlisteanáí a áirithiú agus foráil a dhéanamh an tráth céanna maidir le hidirghabháil éifeachtach rioscabhunaithe ó údaráis phoiblí chun móreilimintí de *acquis* an Aontais a chur chun feidhme i réimse an Mhargaidh Aonair, na Slándála agus na n-acmhainní dílse.

An breisluach Eorpach a mheastar a ghinfear (ex post):

Tugtar aghaidh leis an togra ar bhunchúiseanna na bhfadhbanna: neamhleordhóthanacht agus castacht iomarcach na bpróiseas custaim, lena n-áirítear le haghaidh trácht ríomhthráchtála, digitíú custaim a bheith ilroinnte casta, agus struchtúr rialachais ilroinnte an aontais custaim. Tá foráil ann maidir le hathchóiriú próiseas custaim, lena n-áirítear le haghaidh láimhseáil tráchta ríomhthráchtála, i gcomhar le timpeallacht choiteann bainistíochta sonraí (Spás Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh) agus bunú Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh lena soláthraítear sraith rialachais oibríochtúil. Neartaíonn na gnéithe sin a chéile, rud a chumasaíonn laghdú nach beag ar an ualach ar údaráis phoiblí agus ar oibreoirí na hearnála príobháide araon agus feabhas nach beag ar sheachadadh aonfhoirmeach bheartais an Aontais tríd an Aontas Custaim, mar a dhéantar anailís orthu sa mheasúnú tionchair.

1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart

Baintear de thátal as [meastóireacht Chustam 2020](#) gur rannchuidigh an clár go mór le feabhas a chur ar fheidhmiú an Aontais Custaim agus lena nuachóiriú. Cothaíodh comhar agus malartú faisnéise leis, idir cóineasú a éascú ar an leibhéal straitéiseach agus chomhfhogasú cur chuige, léirmhíniú, nósanna imeachta riaracháin, dea- chleachtais agus rialacha ar an leibhéal oibríochtúil. Bhí an clár an-tábhachtach ar fad san aistriú chuig timpeallacht chustaim gan pháipéar. Mar sin féin, sainaithníodh sa mheastóireacht réimsí inar gá feabhas a dhéanamh, go háirithe (i) na héagsúlachtaí i gcur chun feidhme rialuithe custaim, (ii) calaois ríomhthráchtála, (iii) oibreoirí eacnamaíocha nach n-airíonn tairbhí Chód Custaim an Aontais agus a léiríonn ábhair inní maidir le (iv) castacht na timpeallachta TF custaim, na reachtaíochta custaim agus na bpróiseas. Léiríodh sa mheastóireacht ar an gclár gurbh fhiú don Choimisiún agus do na Ballstáit níos mó sonraí custaim a roinnt. Chabhródh sé sin chun costais agus tairbhí na n-infheistíochtaí a dhéantar a thomhas ar bhealach níos fearr.

Tá fianaise bhreise ina leith sin le fáil sa [mheastóireacht eatramhach ar Chód Custaim an Aontais](#), ina sonraítear solúbthachtaí i ndáil leis na modhanna agus na pionóis chun dul i ngleic le neamhchomhlíontacht na reachtaíochta custaim agus

maidir le faireachán a dhéanamh ar oibreoirí eacnamaíocha a mheastar a bheith iontaofa (Oibreoirí Eacnamaíocha Údaraithe, AEO).

Deimhníonn gnólachtaí cur i bhfeidhm éagsúil an Chóid Chustaim freisin. I suirbhé mór le haghaidh staidéar seachtrach ar AEO (beagnach 2000 freagra), measann 28 % de na 900 oibreoir iontaofa atá gníomhach i mbreis is aon Bhallstát amháin go mbíonn éagsúlachtaí móra i gcuid de na tairbhí ó Bhallstát go chéile³.

Maidir le rioscaí airgeadais, shainaithin Cúirt Iniúchóirí na hEorpa dúshlán struchtúracha maidir le bainistíocht riosca ar rioscaí airgeadais, agus fuarthas amach go gcuirtear isteach ar leasanna airgeadais an Aontais mar thoradh ar an easpa cur i bhfeidhm aonfhoirmeach ar rialuithe custaim agus ar bhainistíocht riosca comhchuibhithe agus anailís, agus tugadh rabhadh go bhféadfadh oibreoirí neamhchomhlíontacha díriú ar phointí iontrála san Aontas lena mbaineann leibhéal níos ísle rialuithe mar thoradh ar laguithe atá ann faoi láthair.(Féach freisin: [*Special Report 04/2021: Rialuithe custaim: insufficient harmonisation hampers EU financial interests*](#) [Tuarascáil Speisialta 04/2021: Rialuithe Custaim: cur isteach ar leasanna airgeadais an Aontais mar thoradh ar chomhchuibhiú neamh- leordhóthanach]).

Maidir le rioscaí neamhairgeadais, ní théann an creat bainistíochta riosca atá i bhfeidhm faoi láthair i ngleic go leormhaith le rannchuidiú féideartha na gcustam le cur chun feidhme ceanglas a bhaineann leis an líon ábhar imní neamhairgeadais ag saoránaigh den Aontas, líon atá ag dul i méid, lena n-áirítear cearta daonna, cearta oibrithe, inbhuanaitheacht, cosaint an chomhshaoil, sláinte, sábháilteacht, agus slándáil.

Ba dhearfach an taithí ar dhigitiú na bpróiseas custaim agus na malartuithe faisnéise – ach is ann do dhúshlán i gcónaí maidir le bailiú agus comhroinnt sonraí agus anailís orthu. Faoi na próisis chustaim atá ann faoi láthair, ní mór na sonraí a chur faoi bhráid córais éagsúla náisiúnta agus choiteanna agus faoi bhráid na mBallstát lena mbaineann. Shonraigh an *Grúpa Ardleibhéil Saoithe* freisin gur minic nach mbíonn córais TF éagsúla nasctha le chéile (féach freisin : [*Report by the Wise Persons Group on the Reform of the EU Customs Union*](#) [Tuarascáil leis an nGrúpa Ardleibhéil Saoithe maidir le hAontas Custaim an Aontais a athchóiriú]). Ní aistrítear sonraí ó chóras dearbhaithe go chéile. Tá an fhaisnéis ilroinnte thar bhunachair sonraí agus córais éagsúla, rud a fhágann gur deacair comhleanúnachas agus sláine sonraí a áirithiú, rud atá fíor-riachtanach i mbainistíocht riosca custaim, go háirithe le haghaidh anailís riosca ar leibhéal an Aontais Eorpaigh. Ar an gcaoi sin, laghdaítear cumas an lucht custaim dul i ngleic le gearrluacháil, neamhchomhlíontacht, nó rioscaí slándála ar bhonn aonfhoirmeach. Shainaithin Cúirt Iniúchóirí na hEorpa roinnt cúiseanna leis an gcostas breise agus leis an am breise is gá chun córais Chód Chustaim an Aontais a thógáil (féach freisin: [*Tuarascáil Speisialta Uimh. 26/2018: A series of delays in Customs IT systems: what went wrong? \[Sraith moilleanna i gcórais TF Custaim: cad a chuaigh amú?\]*](#)). Pictiúr measctha atá i meastóireacht Chód Custaim an Aontais ar chur chun feidhme TF, agus gnéithe dearfacha maidir leis na comhpháirteanna a forbraíodh go lárnach.

Taithí a fuarthas agus iarracht á déanamh an comhar custaim a eagrú ar bhonn níos buaine faoin gclár custaim, bhí an taithí sin luachmhar freisin chun tuiscint ar bheartas a fhorbairt agus dul chun cinn a dhéanamh ar na téamaí sonracha thuas, ach

³

Study on the Authorised Economic Operator programme, Oxford Research, Ipsos, Wavestone, CT Strategies agus Economisti Associati, 2022.

ní féidir cumas ó thaobh bonneagair de ná carachtar rialachais a bheith ag comhar deonach den sórt sin chun cur chun feidhme aonfhoirmeach den aontas custaim a bhaint amach.

Cuireadh san áireamh freisin taithí i ndáil le bunú agus le feidhmiú Gníomhaireachtaí agus comhlachtaí eile den Aontas.

Cloíonn an togra cuid mhór leis an tsamhail atá i bhfeidhm faoi láthair le haghaidh gníomhaireachtaí díláraithe, agus téitear i ngleic le formhór na bhfadhbanna de réir forálacha caighdeánacha.

Ó pheirspictíocht phraiticiúil de, sonraítear an gá le hacmhainní laistigh den Choimisiún chun Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh a ullmhú sula mbeidh sé oibríochtúil. Na gníomhartha is gá chun Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh a bhunú, amhail ullmhú nósanna imeachta riaracháin, struchtúr rialachais agus struchtúir eagraíochtúil, chomh maith le hearcaíocht tosaigh, d'fhéadfadh foireann thiomnaithe de bhaill foirne an Choimisiúin na gníomhartha sin a dhéanamh roimh thús ghníomhaíochtaí Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh. Agus taithí gníomhaireachtaí eile a bunaíodh le déanaí á cur san áireamh, ba cheart tuairim is 10 FTE a bheartú le haghaidh na gníomhaíochta sin.

Maidir le hullmhú ghníomhaíochtaí oibríochtúla Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh, tá taithí nach beag ag an gCoimisiún ar fhorbairt beartas i ndáil leis na cúraimí agus ar thionscadail choiteanna a stiúradh ar bhonn deonach (féach [*tuarascálacha bliantúla ríomhchustaim*](#)). Cuimsítear leis sin forbairt córas TF thras-Eorpacha a bhainistiú, lena n-áirítear tairseacha aonair an Aontais le haghaidh idirghníomhaíocht trádálaí (córas rialaithe allmhairí – ICS2), oibríochtaí comhoibríocha anailíse riosca a eagrú, cur chuige comhchoiteann a fhorbairt i leith na meastóireachta ar fheidhmíocht an aontais custaim, oiliúint chomhchoiteann custaim a fhorbairt, comhar a eagrú idir lucht custaim agus údaráis earnála eile ar leibhéal an Aontais Eorpaigh ar théamaí sonracha (amhail slándáil aerlasta), freagairt an lucht custaim ar ghéarchéimeanna a láimhseáil, agus dul i mbun oibre go dlúth agus ar bhealach struchtúrtha le húdaráis chustaim náisiúnta sna réimsí sin uile. Cabhróidh an taithí sin go léir chun struchtúr tosaigh agus oibríochtaí Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh a ullmhú agus chun monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar a fheidhmíocht.

1.5.4. Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile

Ní mór líne bhuiséid nua a chruthú, a thiocfaidh le bunú Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh, sa Chreat Airgeadais Ilbhliantúil atá i bhfeidhm faoi láthair. Ní mór an Creat Ilbhliantúil ina dhiaidh sin a chlárú freisin chun na hacmhainní a bhfuil gá leo a sholáthar le haghaidh chur chun feidhme na reachtaíochta seo.

A mhéid a bhaineann le **sineirgí le hionstraimí eile** is é is aidhm don athchóiriú inniúlacht straitéiseach a chur i bhfeidhm chun go dtacódh an tAontas le cur chun feidhme agus forfheidhmiúchán níos fearr ar bheartais thábhachtacha den Aontas a bhaineann leis an trádáil in earraí agus tríd an trádáil sin, chomh maith le dul i ngleic le húsáid slabhraí soláthair ag an gcoireacht eagraithe agus ag an sceimhlitheoireacht. Rannchuideoidh an t-athchóiriú go díreach leis na nithe seo a leanas:

- bailiú níos fearr ioncaim, lena n-áirítear Acmhainní Dílse Traidisiúnta trí ioncam breise a bhailiú – a meastar é ar luach EUR 6.035 billiún don tréimhse 2028-2034

sa Mheasúnú Tionchair a ghabhann leis an togra seo⁴ agus trí chosc níos fearr ar chaillteanas ioncaim trí neamhchomhlíontacht;

- cosaint níos fearr do shaoránaigh agus do ghnóthais an Aontais mar a bheartaítear i mbeartais den Aontas a bhraitheann go pointe áirithe ar obair forfheidhmithe custaim, lena n-áirítear toirmisc agus srianta, an Margadh Aonair agus slándáil; cé nach féidir é sin a chainníochtú i dtéarmaí airgeadais, léirítear leis an Measúnú Tionchair conas a d'fhéadfadh coigilteas os cionn EUR 7.7 billiún sa tréimhse 2028-2034 a bhaint amach do thomhaltóirí mar thoradh ar chás úsáide léirithe amháin le haghaidh forfheidhmiú níos fearr ar cheanglais éicidhearthóireachta agus sábháilteachta táirge.
- laghdú ar an ualach riaracháin, tacú leis an iomaíochas – sainaitheann sa Mheasúnú Tionchair freisin coigilteas féideartha EUR 11.6 billiún le haghaidh trádálaithe, a bhaineann go príomha le laghdú comhiomlán foriomlán ar an am is gá chun próisis allmhairiúcháin a chríochnú.

Sa Mheasúnú Tionchair a ghabhann leis an togra seo, úsáideadh sampla ionadaíoch de chásanna úsáide chun meastóireacht a dhéanamh ar an gcaoi a bhfeidhmeodh gach rogha athchóirithe, ag díriú ar an mbreisluach a thiofadh ó bhainistíocht fheabhsaithe rioscaí sa slabhra soláthair. Léiríodh leo sin comhleanúnachas le réimsí beartais sonracha eile lena n-áirítear an Treoir maidir le plaistigh aon úsáide, beartais chomhshaoil lena dtéitear i ngleic le ceimiceáin bhuanseasmhacha agus astaíochtaí tomhaltóirí, Measúnú AE ar Bhagairt na Coireachta Tromchúisí Eagraithe (SOCTA), réamhtheachtaithe druga⁵, Slándáil na hEitlíochta Sibhialta⁶, Smugláil tobac, Sábháilteacht Bréagán, an Rialachán maidir le Faireachas Margaidh, an Treoir maidir le hÉicidhearthóireacht agus an Rialachán beartaithe maidir leis an Éicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe, agus an Rialachán beartaithe maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí.

Tá athruithe á ndéanamh ar fhorghór na réimsí beartais sin agus tá gníomhaíocht chustaim á cur san áireamh trí Thimpeallacht an Ionaid Ilfhreastail AE le haghaidh Custaim. Mar sin féin, ní théann an tIonad Ilfhreastail i ngleic ach ar bhealach indíreach leis an malartú faisnéise maidir le riosca, mar is é an príomhchuspóir atá leis éascaíocht a dhéanamh an malartú faisnéise is gá chun na hearraí a imríteach. Cuirfidh an t-athchóiriú feabhas ar éifeachtacht an Ionaid Ilfhreastail, agus neartóidh sé é, trína chur ar a chumas don lucht custaim na sonraí uile is gá a aisghabháil de réir fhoirmiúlacht neamhchustaim an Aontais ar leibhéal lárnach, agus úsáid a bhaint astu le haghaidh bainistíocht riosca ar fud an Aontais.

Ar bhonn níos leithne, soláthrófar leis an athchóiriú cumas aontais custaim straitéisigh chun creat comhair a ullmhú agus a sheachadadh i gcomhar le beartais eile chun tacú lena seachadadh in oibríochtaí teorann; chun infheictheacht oibríochtúil a fháil ar shreabha trádála ar fud an Aontais; chun feidhmíocht beartais ar fud an Aontais a fheiceáil agus amharc gráinneach a fháil ar an gcaoi a gcuirtear rialuithe agus simplithe i bhfeidhm; chun oiriúnú do riachtanais agus do shamhlacha

⁴ Na toimhdí a úsáidtear chun na meastacháin sin a ullmhú, sonraítear iad sa Mheasúnú Tionchair agus ina larscríbhinní.

⁵ Rialachán (CE) Uimh. 111/2005 ón gComhairle an 22 Nollaig 2004 lena leagtar síos rialacha chun faireachán a dhéanamh ar an trádáil i réamhtheachtaithe drugaí idir an Comhphobal agus tríú tíortha (IO L 22, 26.1.2005, lch. 1).

⁶ Rialachán (CE) Uimh. 300/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2008 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse slándála na heitlíochta sibhialta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2320/2002 (IO L 97, 9.4.2008, lch. 72).

athraitheacha gnó amach anseo, go háirithe ullmhacht thimpeallacht faisnéise an aontais custaim chun foinsí éagsúla faisnéise a chomhtháthú, agus tacú le gníomhaíocht sholúbtha in aghaidh rioscaí; am go dtí an margadh. Ina theannta sin, soláthrófar leis an athchóiriú an ‘mhais chriticiúil’ atá in easnamh faoi láthair chun roinnt mhaith tosaíochtaí a láimhseáil ag an am céanna agus ullmhú le haghaidh géarchéime.

Cuirfidh an cumas straitéiseach sin ar a chumas don aontas custaim tacú le cúraimí eile a bhféadfaí a iarraidh air rannchuidiú leo, lena n-áirítear mar shampla i réimsí an tsásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha, nó rialuithe trádála straitéiseacha agus smachtbhannaí nó bearta sriantacha eile.

A mhéid a bhaineann leis na sineirgí níos forleithne, beidh mar thoradh ar an togra freisin coigilteas riaracháin le haghaidh údaráis náisiúnta custaim, trí na próisis a shimpliú agus trí chomhéadain choiteanna lárnacha agus uirlisí a sholáthar lena laghdófaí na costais a bhaineann le comhlíontacht agus riarachán custaim ar bhealach buan. Sa Mheasúnú Tionchair a ghabhann leis an togra seo, meastar gurb é EUR 7.9 billiún luach an choigiltis sin do na Ballstáit, a eascraíonn go príomha as coigilteas in TF ach a eascraíonn freisin as laghdú ar an iarracht riaracháin is gá le haghaidh cúraimí tábhachtacha áirithe, rud a chuirfidh cumas riaracháin ar fáil.

1.5.5 Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh

Laistigh den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) reatha, is féidir na riachtanais a chomhlíonadh le hathdháileadh laistigh den líne bhuiséid atá ann faoi láthair le haghaidh *Comhar i réimse an chustaim (Custam) – fo-cheannteideal 03 05 01 agus chuig líne bhuiséid nua le haghaidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh – fo-cheannteideal 03 05 XX*. Is é sin, ní dhéantar foráil maidir le haon chostas breise laistigh den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil atá ann faoi láthair.

Sa Chreat Airgeadais Ilbhliantúil tar éis 2027, moltar go ndéanfaí an costas ar an Mol Sonraí agus ar an Údarás Custaim a mhaoiniú trí CAA ina dhiaidh sin, gan teacht roimh an gcomhaontú maidir le CAI agus leis na cláir.

1.6. Fad an togra/tionscnaimh agus an tionchar airgeadais a mheastar a bheidh aige

☐ **tréimhse theoranta**

- ☐ Togra/tionscnamh a bheidh i bhfeidhm ón [DD/MM]YYYY go dtí an [DD/MM]YYYY
- ☐ Tionchar airgeadais ó BBBB go BBBB

X tréimhse neamhtheoranta

- Cur chun feidhme le tréimhse tosaithe ó 2026-2027,
- agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

1.7. Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme

X Bainistíocht dhíreach a dhéanann an Coimisiún

- ☐ na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin
- **X** ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;
- ☐ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

X Bainistíocht indíreach trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);

☐ BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;

X comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 70;

☐ comhlachtaí dlí phoiblí;

☐ comhlachtaí a rialaítear le dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais dóibh;

☐ comhlachtaí a rialaítear le dlí príobháideach Ballstáit, ar comhlachtaí iad a bhfuil sé de chúram orthu comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí a chur chun feidhme agus dá soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;

☐ comhlachtaí nó daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V de CAE, ar daoine iad a shainaithnítear sa bhunghníomh ábhartha.

Barúlacha:

Tráth an teachta i bhfeidhm, is é an Coimisiún a bheidh ag bainistiú fhorbairt agus chothabháil chóras reatha Chód Custaim an Aontais i gcónaí, agus beidh ar an gCoimisiún ullmhúchán na n-eilimintí tosaigh den Mhol Sonraí a thabhairt chun cinn le linn an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil atá i bhfeidhm faoi láthair.

Sa tréimhse a leanann an CAI atá i bhfeidhm faoi láthair, maidir le cúraimí áirithe, go háirithe soláthar an Mhoil Sonraí, coinneoidh an Coimisiún cistiú agus déanfaidh sé cúraimí a tharmligean faoi chomhaontú ranníocaíochta d'Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh. Trí bhainistíocht dhíreach cistí le haghaidh chórais an Chóid Chustaim atá i bhfeidhm faoi láthair, agus bainistíocht indíreach chistí an Mhoil Sonraí trí chomhaontuithe ranníocaíochta le hÚdarás Custaim an Aontais Eorpaigh, cabhrófar leis an leanúnachas idirthréimhseach agus le seachadadh beartais éifeachtach i dtimpeallacht sonraí custaim an Aontais amach anseo a áirithiú, nuair a bheidh an tÚdarás ag cur lena chumais tar éis a bhunaithe in 2028.

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

Maidir leis an athchóiriú foriomlán:

Déanfaidh an Coimisiún faireachán tráthrialta ar chur chun feidhme an rialacháin atá beartaithe. Chun na críche sin, beartaítear sa togra faisnéis agus uirlisí anailíse a chur ar fáil don Choimisiún trí Mhol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh, lena gcumhdófar gach próiseas sonraí i raon feidhme an athchóirithe.

Le cabhair ó Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh, déanfaidh an Coimisiún measúnú agus meastóireacht freisin ar fheidhmíocht an Aontais Custaim mar sin ar bhonn bliantúil ar a laghad. Áireofar leis sin gníomhaíochtaí custaim a dhéanfaidh údaráis chustaim na mBallstát. Chuige sin, déanfaidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh príomhthreochtaí, láidreachtaí, laigí, bearnaí agus rioscaí féideartha a shainaithint, agus moltaí maidir le feabhas a sholáthar don Choimisiún.

Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhar le hÚdarás Custaim an Aontais Eorpaigh agus leis na húdaráis chustaim náisiúnta, meastóireacht freisin ar chur chun feidhme na **bainistíochta riosca** chun feabhas leanúnach a chur ar a éifeachtacht agus a éifeachtúlacht oibríochtúil agus straitéiseach. Ina theannta sin, úsáidfídh an Coimisiún an fhaisnéis atá le fáil sa Mhol Sonraí chun na críche sin, agus féadfaidh sé tuilleadh faisnéise a iarraidh ar Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh agus ar údaráis chustaim náisiúnta agus ar údaráis eile. Úsáidfídh an Coimisiún an obair mheastóireachta sin chun forálacha coiteanna maidir le bainistíocht riosca a bhunú, go háirithe critéir choiteanna maidir le riosca agus réimsí rialaithe tosaíochta coiteanna.

Maidir le hÚdarás Custaim an Aontais Eorpaigh go sonrach:

Oibríonn gach gníomhaireacht den Aontas faoi chóras faireacháin docht lena mbaineann comhordaitheoir rialaithe inmheánaigh, an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach den Choimisiún, an Bord Bainistíochta, an Coimisiún, an Chúirt Iniúcháirí agus an tÚdarás Buiséadach. Déantar an córas sin a léiriú agus a leagan síos i dTEIDEAL XII. I gcomhréir leis an gCur Chuige Comhchoiteann maidir le gníomhaireachtaí dláraithe an Aontais Eorpaigh, is é a bheidh i gclár oibre bliantúil Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh cuspóirí mionsonraithe agus na torthaí a bhfuil coinne leo, táscairí feidhmíochta san áireamh. Déanfar gníomhaíochtaí Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh a thomhas de réir na dtáscairí sin sa Tuarascáil Bhliantúil ar Ghníomhaíochtaí. Beidh an clár oibre bliantúil ag teacht leis an gclár oibre ilbhliantúil agus áireofar an dá chlár oibre i ndoiciméad clársceidealaithe bliantúil amháin, doiciméad a chuirfear faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiún.

Beidh Bord Bainistíochta Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar bhainistíocht éifeachtúil riaracháin, oibríochtúil agus bhuiséadach Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh. Gheobhaidh sé cúnamh ó Bhord Feidhmiúcháin a bheidh freagrach as cinntí an Bhoird Bainistíochta a ullmhú.

Áiríteoidh an Coimisiún go ndéanfar meastóireachtaí tráthrialta ar fheidhmíocht Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh maidir lena chuspóirí, lena shainordú, lena chúraimí agus lena rialachas agus lena shuíomh nó lena shuíomhanna. Sna meastóireachtaí, féachfar, go háirithe, ar an ngá a d'fhéadfadh a bheith ann sainordú Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh a mhodhnú, agus féachfar ar na himpleachtaí airgeadais a bheadh ag aon mhodhnú den sórt sin. Tráth gach dara meastóireacht, déanfar measúnú ar na torthaí a bhain Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh amach, ag féachaint dá chuspóirí, dá shainordú, dá chúraimí agus dá rialachas, lena n-áirítear measúnú ar cé acu atá nó nach bhfuil údar cuí fós le leanúint ar aghaidh le hÚdarás Custaim an Aontais Eorpaigh maidir leis na cuspóirí, an sainordú, an rialachas agus na cúraimí sin. Tuairisceoidh an Coimisiún torthaí na meastóireachta do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle. Poibleofar torthaí na meastóireachta.

2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

2.2.1. *An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an mhaoinithe, leis na coinníollacha iocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

Áiríteoidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh go gcomhlíonfar caighdeáin iomchuí le haghaidh rialú inmheánach.

Maidir le rialuithe *ex post*, tá Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh, mar ghníomhaireacht dhíláráithe, faoi réir an mhéid a leanas: (i) iniúchadh inmheánach arna dhéanamh ag an tSeirbhís um Iniúcháireacht Inmheánach den Choimisiún; (ii) tuarascálacha bliantúla ón gCúirt Iniúcháirí, lena dtugtar ráiteas dearbhaithe maidir le hiontaofacht na gcuntas bliantúil agus dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leo; (iii) urscaoileadh bliantúil arna dheonú ag Parlaimint na hEorpa; (iv) imscrúduithe féideartha arna ndéanamh ag OLAF chun a áirithiú, go háirithe, go mbainfear úsáid cheart as na hacmhainní a leithdháiltear ar ghníomhaireachtaí.

Beidh gníomhaíochtaí Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh faoi réir mhaoirseacht an Ombudsman freisin i gcomhréir le hAirteagal 228 CFAE.

I bhfianaise inniúlacht eisiach an Aontais i réimse an chustaim agus ós rud é go gcumhdaítear leis an togra infheistíochtaí móra le haghaidh forbairt, oibriú, cothabháil agus úsáid Moil Sonraí, dealraíonn sé gurb iomchuí an fhreagracht bhuiséadach a choinneáil ag an gCoimisiún as gníomhaíochtaí áirithe agus cúraimí áirithe cur chun feidhme a chur ar iontaoibh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh faoi chomhaontuithe ranníocaíochta. Ba cheart a áireamh iontu sin forálacha lena gcuirtear ar a chumas don Choimisiún leibhéal ard rialaithe ar na gníomhaíochtaí tarmligthe a choinneáil ar bun, mar a fhoráiltear sa togra seo.

Thairis sin, is iomchuí go bhfuil ról tábhachtach ag an gCoimisiún i ngníomhaíochtaí cláráithe agus faireacháin Bhord Bainistíochta agus Bhord Feidhmiúcháin Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh.

2.2.2. *Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

Ós rud é gur comhlacht nua a bheidh in Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh, tá baol ann nach mbeidh nósanna imeachta earcaíochta agus riaracháin de réir an sceidil, agus go mbeidh tionchar aige sin ar acmhainn oibríochtúil Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh tráth tosaíthe a oibríochtaí. Tá sé rithábhachtach, dá bhrí sin, go n-ullmhaíonn an Ard-Stiúrthóireacht is comhpháirtí tús na n-oibríochtaí trí nósanna imeachta riaracháin, struchtúir rialachais, agus cláir oibre tosaigh a bhunú agus go ndéanann an Ard-Stiúrthóireacht roinnt gníomhaíochtaí earcaíochta tosaigh le go bhféadfaidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh neamhspleáchas riaracháin iomlán a bhaint amach go luath. Moltar go mbeadh na Ballstáit páirteach i ngníomhaíochtaí ullmhúcháin den sórt sin trí mhalartuithe tráthrialta tuairimí.

Beidh gá le cruinnithe minice agus teagmhálacha tráthrialta idir an Ard-Stiúrthóireacht is comhpháirtí agus Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh i rith bhlianta tosaigh oibríochtaí Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh chun cabhrú lena bhorradh. D'fhéadfaí iasacht ball foirne den Choimisiún a bhfuil taithí acu a shamhlú.

Ceanglófar ar Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh Creat Rialaithe Inmheánach a chur chun feidhme i gcomhréir le Creat Rialaithe Inmheánach an Choimisiúin Eorpaigh. Áireofar faisnéis maidir le rialuithe inmheánacha Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh i dtuarascálacha bliantúla Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh.

Bunófar cumas Iniúcháireachta Inmheánaí chun cuntas a choinneáil ar rioscaí sonracha d'oibriú Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh, agus chun cur chuige córasach agus críochnúil a thabhairt isteach chun meastóireacht a dhéanamh ar

éifeachtacht na bpróiseas bainistíochta riosca, rialaithe, agus rialachais, agus trí mholtaí a eisiúint maidir le feabhas a chur orthu.

A mhéid a bhaineann le Cistí TAXUD: Tá cosc agus brath na calaoise ar cheann de na cuspóirí atá ag an rialú inmheánach mar atá leagtha síos sa Rialachán Airgeadais agus is saincheist mhór rialachais freisin é, nach mór don Choimisiún déileáil leis feadh thimthriall an chaiteachais ina iomláine. Ina theannta sin, is é príomhaidhm straitéis frithchalaoise TAXUD calaois a chosc, a bhrath agus a leigheas, ag áirithiú, inter alia, go bhfuil a rialuithe inmheánacha frithchalaoise ailínithe go hiomlán le straitéis frithchalaoise an Choimisiúin agus go bhfuil a chur chuige bainistíochta riosca calaoise dírithe ar réimsí riosca calaoise agus freagairtí leordhóthanacha a aithint.

2.2.3. Meastachán ar chost- éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leo

Féadfar costais na hArd-Stiúrthóireachta is comhpháirtí ar mhaoirseacht fhoriomlán ar Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh a mheas mar a bheith cothrom le 0.5 % den bhuiséad bliantúil a chuirtear ar iontaoibh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear cistí tarmhligthe. Áirítear ar chostais den sórt sin, mar shampla ach ní go heisiach, na costais a bhaineann le measúnú a dhéanamh ar chlársceidealú agus ar bhuiséad bliantúil, rannpháirtíocht ionadaithe an Choimisiúin ar an mBord Bainistíochta agus ar an mBord Feidhmiúcháin, agus an obair ullmhúcháin lena mbaineann.

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

Sonraigh na bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe, e.g. ón Straitéis Frithchalaoise.

Déantar foráil maidir le bearta frith-chalaoise sna forálacha maidir le hÚdarás Custaim an Aontais Eorpaigh. I gcomhréir leis an gCur Chuige Comhchoiteann maidir le gníomhaireachtaí díláraithe, glacfaidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh straitéis frith-chalaoise.

Glacfaidh sé rialacha freisin maidir le coinbhleachtaí chomhaltaí an Bhoird Bainistíochta agus an Bhoird Feidhmiúcháin a chosc agus a bhainistiú.

Thairis sin, glacfaidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh rialacha slándála a bheidh bunaithe ar na prionsabail agus na rialacha a leagtar síos i rialacha slándála an Choimisiúin chun faisnéis rúnaicmithe an Aontais Eorpaigh (FRAE) agus faisnéis íogair neamh-rúnaicmithe a chosaint.

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana

In ord ceannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteideal an chreata	Líne buiséid	Saghas caiteachais	Ranníocaíocht
-------------------------	--------------	--------------------	---------------

airgeadais ilbhliantúil	Uimhir 1	LD/LN ⁷	ó thíortha de chuid CSTE ⁸	ó thíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasach a ⁹	Ó thíortha eile	ioncam sannta eile
01	An Margadh Aonair Comhar i réimse an chustaim (Custaim) – fo- cheannteideal 03 05 01	LD	NÍL	NÍL	NÍL	NÍL

D'fhéadfaí a thuar go soláthrófaí ranníocaíochtaí ó thíortha áirithe i ndáil le forbairt agus oibriú Mhol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh; déantar ranníocaíochtaí den sórt sin faoi láthair i ndáil le rannpháirtíocht sa Chóras Rialaithe Allmhairí nua (ICS2). Mar sin féin, ní dhéantar aon fhoráil maidir leo sa Ráiteas seo mar ní cuid den togra dlí iad comhaontuithe den sórt sin.

- Línte nua buiséid atá á n-iarraidh

In ord cheanteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne buiséid	An cineál caiteachas	Ranníocaíocht			
	Uimhir 1	LD/LN	ó thíortha de chuid CSTE	ó thíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha	ó thíortha eile	ioncam sannta eile
	03 XX XX Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh	LD	NÍL	NÍL	NÍL	NÍL

⁷ LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

⁸ CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

⁹ Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí.

3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas

3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas

Foláirimh ghinearálta: tar éis ghlacadh na reachtaíochta, sa nós imeachta buiséid bhliantúil, d'fhéadfaí an buiséad a oiriúnú ag brath ar chomhéifeacht oiriúnaithe tuarastail iarbhir. Déantar na figiúirí thíos a innéacsú ó luachanna 2025 ag 2 %. I gcás inar lú an cistiú a bheadh ar fáil i dtréimhse 2028-2034, laghdófar na cúraimí chun iad a oiriúnú laistigh den chistiú ar fáil faoi CAT tar éis 2027 agus faoi chlár custaim tar éis 2027. Má tharmlichtear níos lú cúraimí d'Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh ná mar a fhoráiltear, ansin laghdófar na leibhéil foirne dá réir sin (agus ní bhainfear amach líon 250 ball foirne).

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	Uimhir	[Ceannteideal 1 – An Margadh Aonair, an Nuálaíocht agus Cúrsaí Digiteacha 03 XX XX Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh]
---	--------	---

Meastachán le haghaidh thréimhse 2026-2034:

Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh			2026	2027	2028	2029	2030	2031	2032	2033	2034	IOMLÁ N
Teideal 1: (costais riaracháin lena n-áirítear tuarastail)	Gealltanais	(1)	0.494	1,392	4,078	7,270	12,641	20,493	29,748	38,237	44,365	158,718
	Íocaíochtaí	(2)	0.494	1,392	4,078	7,270	12,641	20,493	29,748	38,237	44,365	158,718
Teideal 2: (costais riaracháin eile lena n-áirítear bonneagar)	Gealltanais	(1a)	0,434	0,662	4,416	3,235	3,469	4,365	4,681	5,396	5,516	32,173
	Íocaíochtaí	(2a)	0,434	0,662	4,416	3,235	3,469	4,365	4,681	5,396	5,516	32,173
Teideal 3: (costais oibriúcháin lena n-áirítear comhar custaim)	Gealltanais	(3 a)	0	0	9,742	11,041	11,262	12,636	14,060	15,536	18,285	92,561
	Íocaíochtaí	(3b)	0	0	9,742	11,041	11,262	12,636	14,060	15,536	18,285	92,561
IOMLÁN leithreasuithe le haghaidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh	Gealltanais	=1+1a +3a	0,928	2,054	18,236	21,546	27,371	37,493	48,489	59,169	68,166	283,452
	Íocaíochtaí	=2+2a +3b	0,928	2,054	18,236	21,546	27,371	37,493	48,489	59,169	68,166	283,452

Tréimhse 2026-2027 – athdháileadh:

03 XX XX								2026	2027	IOMLÁN
Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh	Gealltanais	(1)						0,928	2,054	2,981
	Íocaíochtaí	(2)						0,928	2,054	2,981
IOMLÁN leithreasuithe le haghaidh 03 XX XX	Gealltanais	=1+1a +3a						0,928	2,054	2,981
	Íocaíochtaí	=2+2a +3b						0,928	2,054	2,981

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	Uimhir	Ceannteideal 1 – An Margadh Aonair, an Nuálaíocht agus Cúrsaí Digiteacha
---	--------	--

03 05 01			2026	2027	2028	2029	2030	2031	2032	2033	2034	IOMLÁN
Comhar sa réimse custaim (Mol Sonraí – An Coimisiún)	Gealltanais	(1)	23,072	31,946	101,682	127,015	50,817	0	0	0	0	334,533
	Íocaíochtaí	(2)	23,072	31,946	101,682	127,015	50,817	0	0	0	0	334,533
Comhar i réimse an chustaim (Mol Sonraí -socrú ranníocaíochta le hÚdarás Custaim an	Gealltanais	(1a)			25,420	84,677	203,268	268,580	227,785	237,611	247,739	1 295.080
	Íocaíochtaí	(2a)			19,065	82,564	211,736	268,580	227,785	237,611	247,739	1 295.080
IOMLÁN leithreasuithe le haghaidh 03 05 01	Gealltanais	=1+1a +3a	23,072	31,946	127,102	211,692	254,085	268,580	227,785	237,611	247,739	1 629.613
	Íocaíochtaí	=2+2a +3b	23,072	31,946	120,747	209,579	262,553	268,580	227,785	237,611	247,739	1 629.613

I gcás Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh, glactar leis go bhfuil íocaíochtaí ag 75 % de ghealltanais in 2028 agus ag 90 % de ghealltanais in 2029. I gcás an Choimisiúin, glactar leis go bhfuil na híocaíochtaí agus na gealltanais ag an leibhéal céanna toisc gur ann do leanúnachas ó chláir atá ann cheana.

Tréimhse 2026-2027 – athdháileadh:

03 05 01								2026	2027	IOMLÁN
Comhar i réimse an chustaim (custaim) – fo- cheanteideal 03 05 01	Gealltanais	(1)						23,072	31,946	55,019
	Íocaíochtaí	(2)						23,072	31,946	55,019
IOMLÁN leithreasuithe le haghaidh 03 05 01	Gealltanais	=1+1a						23,072	31,946	55,019
	Íocaíochtaí	=2+2a						23,072	31,946	55,019

Sa CAI atá i bhfeidhm faoi láthair, cuimsítear leis an athchóiriú caiteachas EUR 60 165 000 ón Aontas, idir chaiteachas oibríochtúil agus riaracháin le chéile. As sin, tugtar EUR 55 019 milliún de **caiteachas oibríochtúil** a shonraítear thuas chun na chéad chumais struchtúracha de Mhol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh a fhorbairt agus do thús Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh.

Tiocfaidh an caiteachas sin ó bhuiséad reatha an Chláir Custaim. Ar na haschuir, áirítear ullmhacht chun dleachtanna ríomhthráchtála nua a bhailiú ó 2028 ar aghaidh, obair phíolótach faoi stiúir an Choimisiúin ar roinnt tionscadal bainistíochta rioscaí airgeadais agus neamhairgeadais, agus an t-ullmhúchán le haghaidh oibríochtaí Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh.

Gan dochar don chéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile, cuirtear anailís i láthair ina dtéitear i ngleic le tréimhse 2028-2034 thuas, ina dtéitear i ngleic le costais a bhfuil coinne leo ar bhuiséad an Aontais chun caiteachas ar Mhol Sonraí an Aontais agus buiséad Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh a chumhdach.

A mhéid a bhaineann le **caiteachas oibríochtúil**:

- Baineann an ráiteas seo leis na riachtanais bhuiséadacha nua a eascraíonn as an togra seo maidir le hathchóiriú. Ní bhaineann sé le tacaíocht leanúnach an Choimisiúin le comhar custaim agus córais Chód Chustaim an Aontais atá ann cheana faoi 03 05 01, ná leis an ionstraim le haghaidh tacaíocht airgeadais i ndáil le trealamh rialaithe custaim faoi 11 01 02. Leanfaidh an Coimisiún de bhainistíocht a dhéanamh ar chórais Chód Custaim atá ann cheana agus laghdóidh sé a chaiteachas oibríochtúil ar na córais sin le

himeacht ama. Déanfaidh an Coimisiún roinnt gníomhaíochtaí comhair custaim freisin, ach beidh laghdú ar na gníomhaíochtaí sin i bhfianaise ghníomhaíochtaí nua EUCA sa réimse sin. Ní áirítear na costais sin sa Ráiteas Airgeadais Reachtach seo mar ní hiad na costais a bhaineann leis an togra seo iad.

- Maidir leis na costais TF faoi raon feidhme an togra seo, baineann siad le forbairt an Mhoil Sonraí. Cumhdaítear leis an líne chistiúcháin thuas tuairim is EUR 1.63 billiún tar éis innéacsú ag 2 % de réir an tábla thuas.
- Leithdháilfeadh an Coimisiún cúramaí an Mhoil Sonraí ar EUCA trí shocruithe ranníocaíochta. Dá bhrí sin, áirítear na costais ábhartha leis an gcomharbas le haghaidh an Chláir Custaim in CAI tar éis 2027.
- Tugtar tuairisc bhreise san Iarscríbhinn ar chaiteachas oibríochtúil EUCA ar caiteachas é a bhaineann le comhar custaim a sheachadadh go príomha. Glactar leis go gcuirfear tús le céim thosaithe EUCA in 2026 agus seachtar ball foirne ann (cúigear gníomhaire ar conradh agus beirt ghníomhairí shealadacha), agus go mbeidh seachtar ball foirne eile fostaithe in 2027, agus go gcuirfear tús le hoibríochtaí in 2028 (tiocfaidh méadú ar an líon ball foirne go dtí 30 sa bhliain sin).
- Áirítear le Teideal I soláthar foirne le haghaidh EUCA de 250 ball foirne in 2034, a mbainfeadh thart ar 115 díobh le TF agus feidhmeanna bainistíochta sonraí. Leis na poist sin i réimse TF agus réimse na bainistíochta sonraí, rachfaí i ngleic le forbairt ardán an Mhoil Sonraí agus feidhmchlár mar a shannfaí faoi chomhaontú ranníocaíochta, agus le bainistíocht theicniúil an Mhoil Sonraí le haghaidh tionscadail sonraí, anailísíochta, agus bainistíocht ar an tsamhail sonraí custaim.
-

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	7	"Caiteachas riaracháin"
--	----------	-------------------------

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

								2026	2027	IOMLÁN
ARD- STIÚRTHÓIREAC HT: An Cánachas agus an tAontas Custaim										
• Oifigigh								0,513	1,197	1,710
• Baill foirne ar conradh								0,182	0,273	0.455
FORIOMLÁN AS AN CHÁNACHAIS AGUS	Leithreasuithe							0,695	1.470	2,165

AN AONTAIS CHUSTAIM										
------------------------	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--

A mhéid a bhaineann le **caiteachas riaracháin**: Sa CAI reatha, bheadh gá le 5 FTE bhreise ó TAXUD in 2026 agus 5 FTE bhreise in 2027 chun an tÚdarás a ullmhú.

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil	Iomlán glan 2026-2027 (Iomlán gealltanais = Iomlán iocaíochtaí)	0,695	1.470	
--	--	-------	-------	--

Tá achoimre thíos ar na hiomláin mheasta **faoi gach Ceannteideal** do thréimhse 2026-2034:

		2026	2027	2028	2029	2030	2031	2032	2033	2034	IOMLÁN N
IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANTEIDIL 1 go 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil	Gealltanais	24,695	35,470	145,338	233,238	281,456	306,073	276,274	296,780	315,905	1 915.230
	Íocaíochtaí	24,695	35,470	138,983	231,125	289,924	306,073	276,274	296,780	315,905	1 915.230

3.2.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe

- ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí
- ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí, mar a mhínítear thíos:

Níl an togra teoranta do bhunú Gníomhaireachta. Déantar athchóiriú cuimsitheach ar an Aontas Custaim leis. Soláthraítear leis cumas straitéiseach nua (i dtéarmaí Rialachais, Údarás Custaim nua an Aontais Eorpaigh, agus i dtéarmaí cumas, Mol Sonraí Custaim nua an Aontais Eorpaigh), i gcomhar le leasú agus simpliú ar phróisis oibriúcháin le haghaidh údaráis náisiúnta agus oibreoirí trádála. Ós rud é go gcuirtear feabhas leis ar an gcomhar chun an tAontas Custaim a sheachadadh ‘*mar aon údarás amháin*’ agus go gcruthaítear éifeachtaí leis a soláthraíonn údaráis náisiúnta iad (seachas an tÚdarás amháin), níorbh iomchuí na haschuir a mhapáil chuig táscairí gníomhaíochta an Údaráis. Is iomchuí an dá mhór-aschur (agus catagóirí caiteachais) a oibríonn le chéile chun cuspóir an athchóirithe a bhaint amach – Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh agus Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh – a mhapáil de réir na dtáblaí thíos.

Na figiúirí le haghaidh an **CAI reatha** thíos, ní bhaineann siad ach le costais oibriúcháin an Choimisiúin agus leo sin amháin. Baineann siad sin leis an Mol Sonraí.

Méideanna in EUR milliúin (go dtí an 3ú deachúil)

Sonraigh cuspóirí agus aschuir ↓									2024		2025			2026			2027		IOMLÁN
	ASCHUIR																		
	Cineál 1	Meán chostas s	Líon -----	Costas -----	Líon -----	Costas -----	Líon -----	Costas -----	Líon -----	Costas	Líon -----	Costas	Líon -----	Costas	Líon -----	Costas	Líon -----	Costas	Líon iomlán -----
CUSPÓIR GINEARÁLTA																			

¹ Is éard is aschuir ann táirgí agus seirbhísí atá le soláthar (e.g.: líon na malartuithe mac léinn a maoiníodh, iomlán km de bhóithre a rinneadh, etc.).

– Mol Sonraí Custaim an Aontais														23,072		31,496		55,018
Fo-iomlán														23,072		31,496		55,018
COSTAS IOMLÁN														23,072		31,496		55,018

Na figiúirí do thréimhse 2028-2034 thíos, baineann siad le costais forbartha Mhol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh, agus le hoibriú Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh. Is costais oibriúcháin iad sin, innéacsaithe ó 2025 ag 2 %.

Sonraigh cuspóirí agus aschuir			2028		2029		2030		2031		2032		2033		2034		IOMLÁN	
	ASCHUIR																	
	↓	Cineál ²	Meánchos	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon
CUSPÓIR GINEARÁLTA																		
– Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh																		
Caiteachas caipitiúil spás				47,424		60,465		61,674		50,326		0		0		0		219,889
Caiteachas oibriúcháin spás				47,857		113,900		149,371		169,288		172,673		176,127		179,649		1 008.865
Caiteachas caipitiúil an chláir aistrithe				31,822		32,458		33,107		33,770		34,445		35,134		35,837		236,573
Caiteachas oibriochtúil an chláir aistrithe				0		4,869		9,932		15,196		20,667		26,350		32,253		109,268
Fo-iomlán				127,102		211,692		254,085		268,580		227,785		237,622		247,739		1 574.594

² Is éard is aschuir ann táirgí agus seirbhísí atá le soláthar (e.g.: líon na malartuithe mac léinn a maoiníodh, iomlán km de bhóithre a rinneadh, etc.).

- Údarás Custaim an		18,235	21,546	27,371	37,943	48,489	59,169	68,166	280,471
Fo-iomlán		18,235	21,546	27,371	37,943	48,489	59,169	68,166	280,471
COSTAS IOMLÁN		145,338	233,238	281,457	306,073	276,274	296,780	315,905	1 855.065

Méideanna in EUR milliúin (go dtí an 3ú deachúil). I gcás inarb infheidhme, léirítear leis na figiúir suim ranníocaíocht an Aontais leis an ngníomhaireacht agus ioncam eile na gníomhaireachta (táillí agus muirir).

Mínithe breise le haghaidh chostais Mhol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh:

Caiteachas caipitiúil spás sonraí an Aontais:

Cumhdaítear leis an líne bhuiséid dearadh agus cur chun feidhme ardán an Mhoil Sonraí lena n-áirítear forbairt (nó ceadúnú/ceannach) agus comhtháthú na gcomhpháirteanna éagsúla lena gcumhdaítear na cumais malartaithe sonraí, próiseála sonraí, bainistíochta feidhmchláir agus catalóige sonraí.

Caiteachas oibriúcháin spás sonraí an Aontais:

Áirítear ar an líne sin soláthar an bhonneagair is gá (cíos ar ionaid sonraí, crua-earraí, néalseirbhísí, ceadúnú bogearraí etc.) agus na gcumas oibríochtúil (deasc seirbhísí, tacaíocht theicniúil, tacaíocht oibriúcháin, etc.) chun leibhéal agus cumas leordhóthanach na seirbhíse a áirithiú. Cumhdaítear leis an líne sin freisin cothabháil fhéideartha ar an Mol Sonraí tar éis a sheachadta agus nuair a bheidh sé i mód seirbhíse.

Caiteachas caipitiúil an chláir aistrithe:

Cumhdaítear leis an líne sin forbairt agus cur chun feidhme in ardán an Mhoil Sonraí de na feidhmeanna a bhaineann leis na córais custaim náisiúnta a aistriú chuig an gcur chun feidhme lárnach de réir na reachtaíochta um athchóiriú.

Caiteachas oibríochtúil an chláir aistrithe:

Cumhdaítear leis an líne sin na costais oibriúcháin agus chothabhála in ardán an Mhoil Sonraí den eilimint lena gcuirtear chun feidhme na feidhmeanna a bhaineann leis na córais custaim náisiúnta a aistriú chuig an gcur chun feidhme lárnach de réir na reachtaíochta um athchóiriú.

3.2.3. An tionchar measta ar acmhainní daonna Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh

3.2.3.1. Achoimre

- ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin
- ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

Bunaítear na figiúirí thíos ar luas cúrsála a bheith bainte amach ag Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh faoi 2034 agus ar leibhéal acmhainní daonna a bheith seasmhach ón bpointe sin ar aghaidh. Glactar le toimhde maidir le cóimheas 2:1 idir an plean bunaíochta agus baill foirne sheachtracha. Cé nach féidir an líon grád AST ná AD, ná an líon SNI a d'fhéadfadh riaracháin náisiúnta a sholáthar, a chainníochtú ag an gcéim seo, déantar meastachán. Déantar na costais a innéacsú ag 2 %.

Méideanna in EUR milliún (go dtí an 3ú deachúil) I gcás inarb infheidhme, léirítear leis na figiúirí suim ranníocaíocht an Aontais leis an ngníomhaireacht agus ioncam eile na gníomhaireachta (táillí agus muirir).

	2026	2027	2028	2029	2030	2031	2032	2033	2034	IOMLÁN
Foirne sealadacha (Gráid AD)	0,119	0,423	1,542	3,335	5,970	10,018	14,693	19,073	22,234	77,408
Foirne sealadacha (gráid AST)	0,059	0,212	0,771	1,668	2,985	5,009	7,346	9,537	11,117	38,704
Baill foirne ar conradh (CA)	0,237	0,676	0,749	1,085	1,927	3,220	4,691	6,090	7,099	25,773
Saineolaithe Náisiúnta ar Iasacht (SNI)			0,187	0,271	0,482	0,805	1,173	1,523	1,775	6,215
IOMLÁN	0,415	1,311	3,249	6,360	11,363	19,051	27,903	36,223	42,226	148,101

A mhéid a bhaineann leis an dáileadh costas idir na gráid thuas, glactar leis go sanntar poist an phlean bunaíochta ar cóimheas 2:1, AD:AST, agus glactar leis go sanntar na poist sheachtracha ar cóimheas 4:1 CA/SNI ón tús oibríochtúil in 2028¹. Tá na meastacháin sin gan dochar don dáileadh earcaíochta féideartha.

Riachtanais foirne (FTE):

	2026	2027	2028	2029	2030	2031	2032	2033	2034	Iomlán
Foirne sealadacha (Gráid AD)	2	5	14	22	40	62	91	122	111	111
Foirne sealadacha (gráid AST)			6	11	20	31	46	31	56	56

¹ D'fhéadfadh sé go mbeadh poist rúnaíochta áirithe i gcatagóirí TA (AST/SC); mar sin féin, ullmhaítear an ráiteas airgeadais reachtach seo ar an mbonn gurbh i gcatagóirí CA a bheadh na poist sin.

Baill foirne ar conradh	5	9	8	16	24	39	50	62	66	66
Saineolaithe Náisiúnta ar Iasacht			2	3	6	8	13	15	17	17
IOMLÁN	7	14	30	50	90	140	190	230	250	250

Glactar leis go n-oibríonn gach ball foirne nua ar feadh 6 mhí i mbliain a n-earcaíochta.

Cé nach féidir an leithdháileadh beacht figiúirí foirne a shainaithint go cinntitheach faoi láthair, tá achomharc ginearálta sa tábla seo a leanas ar a bhféadfadh coinne a bheith leis:

	2026	2027	2028	2029	2030	2031	2032	2033	2034
Iomlán	7	14	30	50	90	140	190	230	250
Riarthach	6	8	12	20	22	22	22	22	22
Sonraí agus TF	1	4	10	18	40	65	90	105	115
Comhordú/Forbairt acmhainne		2	8	12	28	53	78	103	113

Dhéileálfadh próifílí **riaracháin** le saincheistanna amhail acmhainní daonna, airgeadas, cuntasaíocht, cúrsaí dlí, cumarsáid, rialú cáilíochta agus iniúchóireacht, tacaíocht riaracháin leis an mbainistíocht shinsearach, TF dílis EUCA, agus lóistíocht.

Dhéileálfadh próifílí **sonraí agus TF** le Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh lena n-áirítear bainistíocht ar fhorbairt TF, oibríochtaí agus bonneagar, tionscadail sonraí agus a mbainistíocht agus rialachas sonraí).

Dhéileálfadh próifílí **comhordaithe agus forbartha acmhainne** leis an gcomhordú oibriúcháin oibre lena mbaineann custaim na mBallstát agus comhar le saineolaithe seachtracha eile, i réimsí ar a n-áirítear bainistíocht riosca, bainistíocht géarchéime, comhar le húdaráis neamhchustaim eile, oiliúint agus treoraíocht maidir le modhanna agus próisis oibre choiteanna, agus comhordú oibre oibriúcháin chomh maith le tomhas feidhmíochta, faireachán, taighde agus nuálaíocht, comhrialtithe agus tacaíocht trealaimh rialála.

Slánaítear FTE go dtí an tslánuimhir is gaire.

3.2.3.2. Ceanglais mheasta na n-acmhainní daonna a mheastar don (mháthair)- Ard- Stiúrthóireacht

- ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna.
- ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

Sloinnfear an meastachán i méideanna iomlána (nó go dtí ionad deachúlach amháin ar a mhéad)

		2026	2027
• Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)			
20 01 02 01 agus 20 01 02 02 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin)		+3	+7
20 01 02 03 (Toscaireachtaí)			
01 01 01 01 (Taighde indíreach)			
10 01 05 01 (Taighde díreach)			
• Foireann sheachtrach (i gcoibhéis lánaimseartha: FTE)¹			
20 02 01 (CA, SNE, INT ón 'imchlúdach iomlánaíoch')		+2	+3
20 02 03 (CA, LA, SNE, INT agus JPD sna toscaireachtaí)			
Líne/línte buiséid (sonraigh) ²	- sa cheanncheathrú ³		
	- i dtoscaireachtaí		
01 01 01 02 (CA, SNE, INT – Taighde indíreach)			
10 01 05 02 (CA, INT, SNE – Taighde díreach)			
Línte buiséid eile (sonraigh)			
IOMLÁN		+5	+10

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó ar athshannadh a gcúraimí laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

¹ AC = Foireann ar Conradh; AL = Ball foirne áitiúil; END = Saineolaí náisiúnta ar iasacht; INT= Ball foirne gníomhaireachta; JPD = Saineolaithe sóisearacha i dtoscaireachtaí.

² Fo-uasteorainn d'fhoireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte "BA").

³ Le haghaidh Chistí Bheartas Comhtháthaithe an Aontais Eorpaigh, an Chiste Eorpaigh Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus an Chiste Eorpaigh Mhuirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe go príomha.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

Oifigigh agus pearsanra sealadach	Thosódh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh ar a oibríochtaí in 2028, rud a d'fhágfadh tréimhse thart ar 2 bhliain idir glacadh an ghnímh bunaithe agus tús na n-oibríochtaí, agus d'fhéadfaí an tréimhse sin a shannadh do na gníomhaíochtaí is gá chun an comhlacht nua a thosú. Ba cheart don Choimisiún a bheith i gceannas ar bhunú Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh. Dá bhrí sin, is gá acmhainní a shamhlú le haghaidh an phróisis sin. Léirítear FTE breise in 2026 agus 2027 sa tábla thuas; ina dhiaidh sin is laghdú atá sa ghlanéifeacht ar bhaill foirne an Choimisiúin. Le go mbeidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh réidh le haghaidh thús a oibríochtaí, dhéanfaidh an FTE breise na gníomhaíochtaí ullmhúcháin seo a leanas: 1. Ullmhú an chéad bhuiséid, lena n-áirítear ullmhacht uirlisí (córais chuntasaíochta/bainistíochta buiséid) agus nósanna imeachta cur chun feidhme. 2. Nós imeachta roghnúcháin le haghaidh an Stiúrthóra Feidhmiúcháin (ag tosú le stiúrthóir feidhmiúcháin eatramhach ón gCoimisiún le haghaidh 2026/2027 sula mbeidh EUCA i mbun oibríochtaí). 3. Comhaltaí an Bhoird Bainistíochta agus an Bhoird Feidhmiúcháin a ainmniú. 4. Ullmhú na chéad chruinnithe agus na chéad chinntí. 5. Ullmhú fhoirgneamh na ceanncheathrún i gcomhar leis an stát óstach; comhaontú óstála a chaibidlíú; trealamh a cheannach; TF; an tslándáil; cothabháil. 6. Earcaíocht le haghaidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh, agus coinne le riachtanais tosaigh an-ghéara. Tosaíocht ar dtús maidir le feidhmeanna a bhfuil gá leo le haghaidh bunfheidhmithe (cumas tuarastal a íoc, bainistíocht ama a eagrú, oiliúint, etc.). 7. Sainiú ar struchtúr eagraíochtúil, eagrú inmheánach agus nósanna imeachta 8. Féidearthacht maidir le haistriú sealadach ball foirne den Choimisiún chuig Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh a shainaithint. 9. Leathanach gréasáin agus sainaitheantas físeach bunúsach a chruthú. 10. An chéad Chlár Oibre Bliantúil agus/nó Doiciméad Clársceidealaithe Aonair a ullmhú. 11. Comhaontú nó comhaontuithe ranníocaíochta a ullmhú má choinnítear é. 12. Tacaíocht le clár custaim a sholáthar do na chéad chruinnithe saineolaithe de EUCA in 2026/2027 Léirítear leis an taithí ó ghníomhaireachtaí eile a bunaíodh le déanaí go bhfuil
-----------------------------------	---

	gá le foireann de thart ar 10 mball foirne san Ard-Stiúrthóireacht is comhpháirtí chun na cúraimí tosaithe sin a dhéanamh. Cúraimí riaracháin agus cúraimí a bhaineann le próiseas go príomha atá sna cúraimí thuas. Cé is moite de mhír 12, ní bhaineann siad le bunús obair amach anseo Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh.
Pearsanra seachtrach	Obair i ndáil leis na cúraimí thuas, go háirithe 1, 4, 5, 9, 12.

3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha

X Tá an togra/tionscnamh comhoiriúnach leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil reatha. An EUR 58 milliún a theastaíonn in 2026 agus 2027, leithdháilfear é sin laistigh den fhoráil atá ann cheana faoi líne bhuiséid an Mhargaidh Aonair: *Comhar i réimse an chustaim (Custaim) – fo- cheannteideal 03 05 01*

– ☐ Beidh athchlárú an cheannteidil ábhartha sa chreat airgeadais ilbhliantúil ag gabháil leis an togra/tionscnamh seo.

– ☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go gcuirfear an ionstraim sholúbthachta i bhfeidhm nó go ndéanfar athbhreithniú ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil⁴.

–

3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe

X Ní dhéantar foráil sa togra/tionscnamh maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe.

– Déantar foráil sa togra/tionscnamh maidir le cómhaoiniú atá réamh-mheasta thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

	Bliain N	Bliain N+1	Bliain N+2	Bliain N+3	Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)			Ioml án
Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe								
IOMLÁN leithreasuithe cómhaoinithe								

⁴ Féach Airteagail 12 agus 13 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2093/2020 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 ina leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil i gcomhair na mblianta 2021 go 2027

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

- ☐ Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra ar ioncam.
- ☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:
 - ☒ ar acmhainní dílse
 - ☐ ar ioncam eile
 - má tá an t-ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin ☐

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Líne buiséid ioncam:	Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha	Tionchar an togra/tionscnaimh ⁵							Iomlán
		2028	2029	2030	2031	2032	2033	2034	
Airteagal		812	828	845	862	879	896	914	6 035

I gcás ioncam ilghnéitheach atá 'sannta', sonraigh na línte buiséid a n-imreofar tionchar orthu.

Sonraigh an modh chun an tionchar ar ioncam a ríomh.

I dtréimhse 2028-2034, beidh ioncam breise ann ó dhleachtanna ríomhthráchtála mar thoradh ar an athchóiriú lúide 25 % le haghaidh na gcostas bailithe náisiúnta (glan ar ADT). Meastar é sin ar EUR 750 milliún in aghaidh na bliana, innéacsaithe ag 2 %, as a dtiocfadh thart ar EUR 6.035 billiún sa tréimhse sin.

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

⁵ Maidir le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna custaim, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána tar éis do 20 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.

IARSCRÍBHINN – TOIMHDÍ:

Éabhlóid an tsoláthair foirne san Údarás:

Déantar éabhlóid fhoriomlán FTE a réamh- mheas mar a leanas.

	2026	2027	2028	2029	2030	2031	2032	2033	2034
Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh	7	14	30	50	90	140	190	230	250

Cé nach dtagann sé faoi raon feidhme an Ráitis seo, tá sé úsáideach a shonrú go bhfuil meastachán sa Mheasúnú Tionchair a ghabhann leis an togra seo chun iarracht riaracháin a shaoradh ar an leibhéal náisiúnta a eascraíonn as simpliú agus athchothromú próiseas custaim. Faoi 2034, i gcomparáid leis an mbonnlíne, ba ghá do na Ballstáit iarrachtaí ní ba lú a chaitheamh ar na cúraimí áirithe lena mbaineann, agus meastar gur thart ar 2000 FTE a bheadh i gceist⁶. Ní thuigtear leis sin ná ní cheanglaítear leis sin go gcinnfeadh na Ballstáit an líon foirne custaim a laghdú dá réir sin.

Ó 2028 ar aghaidh, shaorfaí baill foirne sa mháthair-Ard-Stiúrthóireacht de réir a chéile mar thiocfadh gníomhaíochtaí an Údaráis in ionad gníomhaíochtaí áirithe a dhéantaí faoin gclár custaim roimhe agus faoi bhainistíocht TAXUD roimhe sin.

⁶ Na toimhdí a úsáidtear chun na meastacháin sin a ullmhú, sonraítear iad sa Mheasúnú Tionchair agus ina Iarscríbhinní.

Teideal III:

TEIDEAL III	2028	2029	2030	2031	2032	2033	2034	Iomláin
Comhar custaim	9 000 000	10 000 000	10 000 000	11 000 000	12 000 000	13 000 000	15 000 000	80 000 000
Innéacsaithe ag 2 %	9 741 889	11 040 808	11 261 624	12 635 542	14 059 913	15 536 203	18 284 916	92 560 896

Baineann caiteachas oibríochtúil Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh le comhar custaim oibriúcháin.

Déanfaidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh costais a bhainistiú faoi shocrú rannfocaíochta freisin le haghaidh Mhol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh.

Cumhdaítear le líne an **Chomhair Custaim** thuas na costais ar mheithleacha de shaineolaithe custaim na mBallstát a thionól chun dul i gcomhar go dian ar théamaí faoi raon feidhme an togra, lena n-áirítear bainistíocht riosca, cur chun feidhme agus meastóireacht ar chritéir riosca choiteanna agus réimsí rialála tosaíochta coiteanna, oiliúint, forbairt modhanna oibre agus treoraíochta i ndáil le saincheisteanna teicniúla, cur chun feidhme *Iontaoibhe agus Seiceála*, forbairt próiseas coiteann gnó agus idir-inoibritheachta a bhaineann le Spás Sonraí Custaim an Aontais agus a nasc le córais eile, etc. Áirítear leis freisin grúpaí ildisciplíneacha saineolaithe a thionól ar leibhéal éagsúla (leibhéal earnála, náisiúnta, idirnáisiúnta) ar théamaí faoi raon feidhme an togra, lena n-áirítear ullmhú agus freagairt do ghéarchéimeanna, cur chun feidhme tosaíochtaí comhbheartais, forbairt agus cur chun feidhme creataí comhair agus a n-eilimintí (lena n-áirítear straitéisí maoirseachta). Na grúpaí a eagróidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh, beidh siad fíor-riachtanach le haghaidh sheachadadh aonfhoirmeach éifeachtach an aontais custaim, mar is iad na húdaráis náisiúnta a dhéanann formhór na hoibre oibriúcháin sa ghort.

